

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe  
2015 » 2021



## Clár na nÁbhar

### Leathanach

<b>Caibidil 1</b>	<b>Réamhrá</b>	
1.1	Cúlra	1
1.2	An Comhthéacs Reachtach	1
1.3	Faisnéiseoirí an Phlean	4
1.4	Próifíl Chontae na Gaillimhe	8
1.5	Saincheisteanna Pleanála i gContae na Gaillimhe	10
1.6	Fís do Chontae na Gaillimhe	10
1.7	Aidhmeanna Straitéiseacha an Phlean	10
1.8	Monatóireacht agus Feidhmiú	11
1.9	Ráiteas a Léiríonn go bhfuil Cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae ag teacht le Caomhnú an Chomhshaoil	12
1.10	Leagan Amach an Phlean	13
<b>Caibidil 2</b>	<b>An Straitéis Spáis, An Croí-Straitéis agus An Straitéis Lonnaíochta</b>	
2.1	Cúlra	16
2.2	An Straitéis Spáis	16
2.3	Cuspóirí na Straitéise Forbartha	19
2.4	An Croí-Straitéis	21
2.5	Cuspóirí na Croí-Straitéise	31
2.6	An Straitéis Lonnaíochta	31
2.7	Cuspóirí na Straitéise Lonnaíochta	39
<b>Caibidil 3</b>	<b>Tithíocht Uirbeach agus Tuaithe</b>	
3.1	Réamhrá	41
3.2	Aidhmeanna Straitéiseacha	41
3.3	Suíomh/Dearadh agus Díús Tithíochta i gCeantair Uirbeacha	43
3.4	Suímh atá oiriúnach d'Fhorbairt Chónaithe Nua i gCeantair Uirbeacha	45
3.5	Suíomh d'fhorbairt Chónaithe i gCeantair Uirbeacha Comhthógtha	46
3.6	Polasaithe agus Cuspóirí Tithíocht Uirbeach	47
3.7	Tithe Cónaithe Aonair faoin Tuath	49
3.8	Cineálacha Ceantair Tuaithe a Aithint	50
3.9	Polasaithe agus Cuspóirí Tithíocht Tuaithe	55
<b>Caibidil 4</b>	<b>Forbairt Gheilleagrach, Turasóireachta agus Miondíola</b>	
4.1	Réamhrá	59
4.2	Aidhmeanna Straitéiseacha	59
4.3	Comhthéacs	61
4.4	Fostaíocht, Geilleagar agus Fiontar – Forbairt agus Cur Chun Cinn	62
4.5	Institiúidí Tríú Leibhéil agus Geilleagar an Eolais	63
4.6	Talamh agus Infrastruchtúr le Seirbhísí a chur ar fáil	63
4.7	Bealach Geilleagrach Straitéiseach	63
4.8	Láithreán Iar-Aerfort Réigiúnach na Gaillimhe	63
4.9	Fiontar Tuaithe	64
4.10	Éagsúlú Feirme	64

4.11	Láithreáin Mhór-Thaismí agus Seveso	64
4.12	Turasóireacht	64
4.13	Bia agus Ceardaíocht ,Turasóireacht, Chultúir agus Oidhreachta	66
4.14	Polasaithe agus Cuspóirí – Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireachta	67
4.15	Treoirlínte Pleanála Miondíola agus Lámhleabhar Deartha do na hÚdaráis Phleanála DoECLG (2012)	72
4.16	Croí-Cheantair Siopadóireachta	72
4.17	Lár Bhailte a Fheabhsú	72
4.18	Éagsúlacht Miondíola	73
4.19	Siopaí agus Seirbhísí Áitiúla	73
4.20	Úsáidí Tráthnóna agus go Déanach san Oíche	73
4.21	Stáisiúin Breosla Peitрил	73
4.22	Comharthaíocht Miondíola	73
4.23	Polasaithe agus Cuspóirí Miondíola	73

### **Caibidil 5 Bóithre agus Iompair**

5.1	Lánpháirtíú Úsáid na Talún agus an Straitéis Iompair Inbhuanaithe	76
5.2	Polasaithe agus Cuspóirí um Lánpháirtíú Úsáid na Talún agus Iompair Inbhuanaithe	80
5.3	Infrastruchtúr Iompair – Líonraí Bóthair agus Iompair	81
5.4	Polasaithe agus Cuspóirí Bóithre agus Iompair	82

### **Caibidil 6 Uisce, Fuíolluisce, Bainistiú Dramhaíola agus An Tionscal Eastóscach**

6.1	Réamhrá	88
6.2	Aidhmeanna Straitéiseacha	88
6.3	Clár Infheistíochta na Seirbhíse Uisce	88
6.4	Uisce Éireann	89
6.5	Seirbhísí Uisce	89
6.6	Soláthar Uisce	89
6.7	Cáilíocht Uisce agus Scéim Cosanta Screamhuisce	90
6.8	An Soláthar Uisce a Chaomhnú	91
6.9	Méadrú Baile	91
6.10	Polasaithe agus Cuspóirí Uisce	91
6.11	Fuíolluisce	93
6.12	Cineálacha Soláthairtí Fuíolluisce i gContae na Gaillimhe	93
6.13	Scéimeanna Fuíolluisce Poiblí i gContae na Gaillimhe	94
6.14	Príomhscéim Draenála Oirthear na Gaillimhe	94
6.15	Plean um Bhainistiú Sloda	95
6.16	Uisce Dromchla agus Uisce Stoirme / Córais Draenála Inbhuanaithe	95
6.17	Polasaithe agus Cuspóirí Fuíolluisce	95
6.18	Bainistiú Dramhaíola	97
6.19	Polasaithe agus Cuspóirí Bhainistiú Dramhaíola	97
6.20	Eastóscadh Mianraí agus Cairéil	98
6.21	Polasaithe agus Cuspóirí Eastóscadh Mianraí agus Cairéil	98

### **Caibidil 7 Fuinneamh /Fuinnimh In-Athnuaite agus Teicneolaíocht Cumarsáide**

7.1	Réamhrá	100
7.2	Aidhmeanna Straitéiseacha	100

7.3	Fuinneamh agus Fuinnimh In-Athnuaite	100
7.4	Fuinneamh In-Athnuaite	101
7.5	Polasaithe agus Cuspóirí Fuinnimh agus Fuinnimh In-Athnuaite	104
7.6	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	108
7.7	Polasaithe agus Cuspóirí na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide	108

### **Caibidil 8 Athrú Aeráide agus Tuilte**

8.1	Réamhrá	110
8.2	Aidhmeanna Straitéiseacha	110
8.3	Oiriúnú agus Maolú Athrú Aeráide	110
8.4	Measúnuithe Riosca	111
8.5	Polasaithe agus Cuspóirí Athrú Aeráide, Chaighdeán an Aeir agus Radóin	114
8.6	Tuilte	116
8.7	Polasaithe agus Cuspóirí Bainistíochta Riosca Tuilte	119

### **Caibidil 9 Bainistiú Oidhreachta, Tírdhreacha agus Comhshaoil**

9.1	Réamhrá	121
9.2	An Comhthéacs Straitéiseach	121
9.3	Polasaithe Ginearálta Oidhreachta	121
9.4	An Oidhreacht Thógtha	122
9.5	Polasaithe agus Cuspóirí na hOidhreachta Ailtireachta	123
9.6	An Oidhreacht Seandálaíochta	125
9.7	Polasaithe agus Cuspóirí na hOidhreachta Seandálaíochta	125
9.8	Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht	128
9.9	Polasaithe agus Cuspóirí na hOidhreachta Nádúrtha agus Bithéagsúlachta	130
9.10	Caomhnú agus Bainistiú an Tírdhreacha	136
9.11	Polasaithe agus Cuspóirí Chaomhnú agus Bhainistiú an Tírdhreacha	137
9.12	Pointe Fócasach agus Radhairc	140
9.13	Cuspóir an Phointe Fhócasach agus Radhairc	140
9.14	Láithreáin Oidhreachta Domhanda	142
9.15	Cuspóir na hOidhreachta Domhanda	142

### **Caibidil 10 Forbairt Cultúir, Sóisialta agus Pobail**

10.1	Réamhrá	143
10.2	Aidhmeanna Straitéiseacha	143
10.3	Oidhreacht Chultúir agus Céannacht an Phobail	143
10.4	An Ghaeltacht	143
10.5	Polasaithe agus Cuspóirí na Gaeltachta	144
10.6	Na hOileáin	145
10.7	Polasaithe agus Cuspóirí na nOileán	145
10.8	Saoráidí agus Seirbhísí Pobail	146
10.9	Polasaithe agus Cuspóirí Saoráidí agus Seirbhísí Pobail	146
10.10	Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht	148
10.11	Polasaithe agus Cuspóirí Chaitheamh Aimsire agus Taitneamhachta	148
10.12	Ceartha Slí Poiblí	149
10.13	Polasaí agus Cuspóir Chearta Slí Poiblí	149
10.14	Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Rochtain Uilíoch	150
10.15	Polasaithe agus Cuspóirí Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Rochtain Uilíoch	150

## **Caibidil 11 Talmhaíocht, Iascach, Acmhainní Mara agus Foraoiseacht**

11.1	Réamhrá	152
11.2	Aidhmeanna Straitéiseacha	152
11.3	Talmhaíocht agus Bia	153
11.4	Polasaithe Talmhaíochta, Acmhainní Iascaigh/ Mara agus Foraoiseachta	155
11.5	Polasaithe agus Cuspóirí Talmhaíochta	155
11.6	Acmhainní Iascaigh agus Mara	156
11.7	Polasaithe agus Cuspóirí Acmhainní Iascaigh agus Mara	158
11.8	Foraoiseacht	159
11.9	Polasaithe agus Cuspóirí Foraoiseachta	162

## **Caibidil 12 Feidhmiú agus Monatóireacht**

12.1	Réamhrá	164
12.2	Feidhmiú	164
12.3	Monatóireacht	164
12.4	Comhoibriú	165

## **Caibidil 13 Caighdeáin agus Treoirínte do Bhainistíocht Forbartha**

13.1	Réamhrá - Aidhmeanna	167
13.2	Treoirínte Bhainistiú Ginearálta	168
13.3	Treoirínte maidir le Forbairt Chónaithe (Ceantair Uirbeacha agus Tuaithe)	169
13.4	Breithnithe Cónaithe Tuaithe	174
13.5	Treoirínte maidir le hÚsáidí Fostaíochta	175
13.6	Treoirínte maidir le Fiontar Tuaithe agus Turasóireacht Tuaithe	177
13.7	Treoirínte maidir le Saoráidí Pobail	179
13.8	Treoirínte maidir le hIompar, Bóithre, Páirceáil, Lódáil agus Stóráil	180
13.9	Treoirínte maidir le hInfrastruchtúr agus Seirbhísí	187
13.10	Treoirínte maidir le Talmhaíocht, Muirshaothrú, Foraoiseacht agus Forbairt Eastóscach	191
13.11	Treoirínte maidir le Bainistiú Oidhreachta, Tírdhreacha agus Comhshaoil	195

## **Liosta Léarscáileanna**

Léarscáil GH	Geataí agus Moil	9
Léarscáil OSS	Léarscáil Straiteis Spais Forlómán agus an Rogha Forbartha Molta	18
Léarscáil CSM	Léarscáil den Chroí-Straitéis	30
Léarscáil SS2	Léarscáil den Ordthas Lonnaíochta	38
Léarscáil RHO1	Na Cineálacha Ceantair Tuaithe	51
Léarscáil RHO2	Polasaí Tithíochta Tuaithe	54
Léarscáil EDT1	Inneall/Bealaí Geilleagracha	71
Léarscáil TI 1	Líonra Iompair Straitéiseach	87
Léarscáil ER1	Infrastruchtúr Tarchuir Fuinnimh	107
Léarscáil AH1	Ceantair Caomhnaithe Ailtireachta	127
Léarscáil NHB1	Láithreáin Comhshaoil Ainmnithe	134
Léarscáil HL5	Léarscáil EcoNet	135
Léarscáil LCM1	Rátáil Luach Tírdhreacha	138
Léarscáil LCM 2	Íogaireacht an Tírdhreacha agus Ceantair Carachtair	139

Léarscáil FPV1	Pointí Fócasacha/Radhairc	141
Léarscáil AFFI	Oiriúnacht Foraoiseachta	163

### Liosta Táblaí

Tábla 1.1	Faisnéiseoirí an Phlean	4
Tábla 2.1	Spríocanna Daonra Réigiún an Iarthair	23
Tábla 2.2	Figiúirí Daonra an Daonáirimh	23
Tábla 2.3	Figiúirí Daonra an Daonáirimh agus Spríocanna Daonra	24
Tábla 2.4	Áirimh Leithroinnt Daonra na Croí-straitéise 2015-2021	25
Tábla 2.5	Líon Aonad a bhaineann le Ceadúnais ar Marthain i Lonnaíochtaí Plean Limistéir Áitiúil	26
Tábla 2.6	Sceideal de Stádas na bPlean Limistéir Áitiúil do Chontae na Gaillimhe	33
Tábla 4.1	Buanna agus Deiseanna Chontae na Gaillimhe	60
Tábla 4.2	Cúig Chuspóirí Phríomhphrionsabal don Earnáil Miondíola	62
Tábla 4.3	Liosta de na láithreáin Seveso i gContae na Gaillimhe	64
Tábla 4.4	Éagsúlacht úsáidí Miondíola i gceantair Chroí-Bhaile Thuama, Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach	72
Tábla 5.1	Tionscadail Infrastruchtúir Iompair Tosaíochta do Chontae na Gaillimhe 2015-2021	77
Tábla 5.2	Tionscadail Réigiúnacha/Áitiúla atá molta do 2015-2021	79
Tábla 6.1	Na hoibreacha atá críochnaithe go dtí seo i gContae na Gaillimhe faoi WSIP 2010-2013	88
Tábla 6.2	Tionscadail Soláthair Uisce a bheidh le tabhairt chun críche i gContae na Gaillimhe faoi WSIP (2014-2016)	90
Tábla 6.3	Mionsonraí a bhaineann le Clár Caomhnaithe Uisce Chomhairle Chontae na Gaillimhe	91
Tábla 6.4	Tionscadail Fuíolluisce a bheidh le tabhairt chun críche i gContae na Gaillimhe	94
Tábla 6.5	Scéimeanna Fuíolluisce Chontae na Gaillimhe	94
Tábla 6.6	Toilleadh Infrastruchtúir Táscaigh maidir le Lonnaíochtaí Croí-Straitéise	96
Tábla 8.1	Criosanna Tuilte agus Úsáidí Talún Cuí	118
Tábla 11.1	Fostaíocht de réir Catagóire	154
Tábla 13.1	Dlúislaistigh de Lonnaíochtaí	174
Tábla 13.2	Bóithre Réigiúnacha Srianta	181
Tábla 13.3	Radhairc Faid teastáil le haghaidh Rochtain ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Grád	182
Tábla 13.4	Radhairc Faid teastáil le haghaidh Rochtain ar Bhóithre Réigiúnacha	182
Tábla 13.5	Caighdeáin Páirceála Carranna	184

### Liosta na bhFíoranna

Fíor 6.1	Na Cineálacha Soláthairtí Uisce i gContae na Gaillimhe	89
Fíor 6.2	Na Cineálacha Córais Fuíolluisce i gContae na Gaillimhe	93

### Notá

**Féach freisin ar an Aguisíní neamhspleácha (agus Tuarascálacha Timpeallachta/Doiciméid Tacaíocht) chuimsíonn cuid de agus a cheart a léamh in éineacht leis an bplean seo.**

### Aguisíní

Aguisín I	Ráiteas Comhlíonta
Aguisín II	Straitéis Tithíochta Chontae na Gaillimhe

Aguisín III	Limistéir Caomhantais Ailtireachta LCA
Aguisín IV	Straitéis Fuinnimh Ghaoithe Chontae na Gaillimhe
Aguisín V	Taifead na Struchtúr Cosanta

### **Tuarascálacha Timpeallachta/Doiciméid Tacaíochta**

- Ráiteas SEA (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021
- Aguisín I – Achoimre Neamhtheicniúil do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021
- Tuarascáil Comhshaoil do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021
- Tuarascáil Tionchair Natura mar thacaíocht don Mheasúnú Cuí ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021
- Aguisín II den Tuarascáil Tionchair Natura mar thacaíocht don Mheasúnú Cuí ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021
- Céim 1 Measúnú Baol Tuilte Straitéiseach do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe
- Tírdhreach agus Measúnú ar Charachtar an Tírdhreacha

Is é seo an t-aistriúchán Gaeilge de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 - 2021 (agus Aguisíní) mar a comhaontaíodh agus a glacadh leis ar an 26 Eanáir 2015.

Straiteis Spais Forlamlán agus an Rogha Forbartha Molta

# Caibidil 1 - Réamhrá

---

## 1.1 Cúlra

Leagtar amach le *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021* straitéis foriomlán do phleanáil chúí agus d'fhorbairt inbhuanaithe i gceantar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Áirítear leis an bplean seo an ceantar riaracháin ar a dtugtaí *Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe* roimhe seo. I bhfianaise leasú le déanaí ar an *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* ag *Toghthóirí, an tAcht Rialtais Áitiúil um Pleanáil agus Forbairt, 2013*, fanfaidh forálacha agus criosanna phlean Forbartha Bhéal Átha na Sluaighe i bhfeidhm an méid agus a sholáthraítear sin sa Phlean Forbartha nó go dtí go mbeidh Plean Limistéir Áitiúil ullmhaithe do Bhéal Átha na Sluaighe, cibé acu is luaithe. Cuirtear i láthair sa Phlean, dearcadh Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar fhorbairt an Chontae as seo go dtí 2021. Leagtar amach an fhís fhadtéarmach d'fhorbairt an Chontae, agus tugtar cosaint agus cuirtear feabhas ar an gcomhshaol trí leas a bhaint as na prionsabail d'fhorbairt inbhuanaithe sna polasaithe agus sna cuspóirí atá leagtha amach ann. Tá Pleananna Ceantair Áitiúla ullmhaithe nó ullmhófar iad do bhailte/cheantair ina bhfuil daonra os cionn 1,500 duine, mar sin féin, is é an Plean Forbartha Contae an Plean Uileghabhálach don Chontae.

Is féidir cur síos a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe mar phatrún d'úsáid acmhainní a bhfuil sé mar aidhm leis freastal ar riachtanais daonna agus meas a bheith ar an gcomhshaol chun go bhféadfar freastal ar na riachtanais sin san am i láthair agus sa todhchaí freisin. Tá forbairt inbhuanaithe bunaithe ar “na trí philéar neamhspleách agus iad sin ag treisiú a chéile” d'fhorbairt gheilleagrach, forbairt shóisialta agus cosaint don chomhshaol. Is príomhbhlocanna tógála iad faisnéis, lánpháirtiú agus rannpháirtíocht chun cuidiú forbairt a chinntiú ina n-aithnítear na piléir neamhspleácha sin. Ba chóir go mbeadh aon imní maidir le cúrsaí comhshaoil agus sóisialta lánpháirtithe sna próisis forbartha go léir agus go mbeadh rannpháirtíocht phoiblí leathan mar réamhriachtanas chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

Tógtar sa phlean seo ar na straitéisí, na polasaithe agus na cuspóirí i b*Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2009-2015*, agus cuirtear san áireamh príomhthreochtaí forbartha le déanaí agus forbairtí polasaí náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Go háirithe, cuirtear san áireamh béim níos mó ar thuilte, ar athrú aeráide, ar fhuinneamh in-athnuaite agus an gá atá ann tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt gheilleagrach. Tógtar san áireamh freisin ceanglais an Aontais Eorpaigh (AE) lena n-áirítear feidhmiú Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Mheasúnacht Treoir na nGnáthóg leis an bplean.

## 1.2 An Comhthéacs Reachtach

### 1.2.1 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

Ullmhaíodh *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021* de réir Ailt 11 agus 12 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú). Tá gá le Plean Forbartha chun straitéis foriomlán a leagan amach maidir le pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe cheantar de chuid an Phlean Forbartha agus áireofar ann ráiteas i scríbhinn agus plean nó pleananna ina léireofar na cuspóirí forbartha don cheantar atá i gceist.

Áireofar leis an ráiteas i scríbhinn, Croí-Straitéis ina léirítear go bhfuil na cuspóirí forbartha sa Phlean Forbartha ag teacht, an méid agus is féidir sin, le cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha arna leagan amach sa *Straitéis Náisiúnta Spáis (NSS)*, agus na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair 2010-2022 (RPGanna)*. Is ionann an NSS agus an creat pleanála náisiúnta d'Éirinn agus cuirtear chun cinn fás féin-inbhuanaithe ann trí scála agus mais chriticiúil dhóthanach a thógáil trí líonra geataí agus moil. Tá na geataí agus na moil i gcomhar leis na bailte contae agus bailte eile níos mó a thacaíonn le ról bhailte beaga, shráidbhailte agus cheantair thuaithe mar fhócas do ghnó, d'áiteanna cónaithe, do sheirbhísí agus d'fheidhmeanna taitneamhachta. Soláthraítear leis na RPGanna creat d'fhorbairt straitéiseach fhadtéarmach Réigiún an Iarthair trí spriocanna, polasaithe agus cuspóirí a leagan amach i ndáil le spriocanna daonra, tithíocht, infrastruchtúr, forbairt gheilleagrach, an comhshaol, taitneamhachtaí, infrastruchtúr sóisialta agus forbairt pobail, lena chinntiú go bhfeidhmeofar mar is ceart an NSS ag an leibhéal réigiúnach, contae agus áitiúil.



Tá gá le ráiteas ar leithligh leis an ráiteas i scríbhinn freisin ina léirítear go bhfuil na cuspóirí forbartha sa Phlean Forbartha ag teacht, an méid agus is féidir sin, le caomhnú agus cosaint an chomhshaoil.

Ní mór don Phlean Forbartha roinnt cuspóirí sainordaitheacha a chur san áireamh freisin agus tá siad sin léirithe anseo thíos:

- criosú talún chun ceantair áirithe agus sin amháin a úsáid nó ceantair áirithe a úsáid do chuspóirí áirithe (bíodh sin mar áit chónaithe, tráchtáil, tionscail, talmhaíocht, caitheamh aimsire, mar spás oscailte nó eile, nó meascán de na húsáidí sin), agus nuair a éilíonn i dtuairim an údaráis phleanála go mbeadh na húsáidí sin léirithe an méid agus is féidir ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair;
- soláthar nó éascú soláthar infrastruchtúr lena n-áirítear soláthairtí iompair, fuinnimh agus cumarsáide, soláthairtí uisce agus seirbhísí fuíolluisce, aisghabháil dramhaíola agus saoráidí diúscartha (agus aird déanta do phlean bhainistiú dramhaíola an cheantair de réir an Achta um Bhainistiú Dramhaíola 1996) agus aon saoráidí coimhdeacha nó seirbhísí eile;
- caomhnú agus cosaint an chomhshaoil lena n-áirítear, go háirithe, an oidhreacht seandálaíochta agus nádúrtha agus caomhnú agus cosaint láithreáin Eorpaigh agus aon láithreáin eile a bhféadfaí a fhorordú d'fhonn na míre seo;
- spreagadh, d'fhonn Airteagal 10 de Threoir na nGnáthóg, do bhainistiú gnéithe den tírdhreach, mar theorainneacha páirce traidisiúnta, tábhachtach do chomhleanúnachas líonra Natura 2000 agus riachtanach d'imirce, scaipeadh agus malartú géiniteach speicis fhiáine;
- comhlíonadh le caighdeáin agus cuspóirí comhshaoil atá seanbhunaithe a chur chun cinn –  
(i) maidir le coirp uisce dromchla, le Rialachán na gComhphobal Eorpach (Uisce Dromchla) 2009;  
(ii) maidir le screamhuisce, le Rialachán na gComhphobal Eorpach (Screamhuisce) 2010; agus tá a gcaighdeáin agus a gcuspóirí sin san áireamh sna pleananna um bhainistiú abhantraí (laistigh de mhíniú de Rialachán 13 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Polasaí Uisce) 2003);
- Lánpháirtiú phleanáil agus forbairt inbhuanaithe an cheantair le riachtanais shóisialta, phobail agus chultúir an cheantair agus an daonra atá ann;
- caomhnú carachtar an tírdhreacha, nuair i dtuairim an údaráis phleanála, agus an mhéid agus is féidir sin, nuair a éilíonn pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair é sin, lena n-áirítear caomhnú radhairc agus ionchais agus taitneamhachtaí áiteanna agus na gnéithe d'áilleacht nádúrtha nó leas nádúrtha;
- cosaint struchtúir, nó codanna de struchtúir, lena mbaineann leas speisialta ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, cultúir, eolaíoch, sóisialta nó teicniúil;
- caomhnú carachtar cheantair chaomhnaithe ailtireachta;
- forbairt agus athnuachan ar cheantair a bhfuil gá le hathnuachan iontu;
- soláthar cóiríocht don Lucht Siúil, agus úsáid áiteanna áirithe d'fhonn sin;
- caomhnú, feabhsú agus síneadh ar thaitneamhachtaí agus ar thaitneamhachtaí caitheamh aimsire;
- rialú, agus aird ar fhorálacha na Treorach “Rialú Guaiseacha Mórthaismí a mbíonn Substaintí Contúirteacha i gCeist” agus aon rialachán eile, faoi aon achtú, a thugann éifeacht don Treoir sin, ar (i) shuíomh fhorais nua, (ii) modhnú fhorais atá ann cheana féin,

agus (iii) forbairt in aice leis na forais sin, d'fhonn an baol a bheadh le mór-thaisme a laghdú, nó na hiarmhairtí a theorannú;

- soláthar, nó éascú le soláthar seirbhísí don phobal lena n-áirítear, go háirithe, scoileanna, crèche, agus saoráidí eile oideachais agus cúraim leanaí;
- cosaint d'oidhreacht teangeolaíochta agus cultúir na Gaeltachta lena n-áirítear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga pobail, nuair atá ceantar Gaeltachta i gceantar an Phlean Forbartha;
- cur chun cinn straitéisí lonnaithe agus iompair inbhunaithe i gceantair uirbeach agus tuaithe lena n-áirítear bearta a chur chun cinn chun na nithe seo a leanas a chinntiú -

(i) éileamh ar fhuinneamh a laghdú toisc go bhfuil gach uile dóigh ann go mbeidh ardú ar chostais fuinnimh agus ar chostais eile mar gheall ar laghdú san fhadtéarma ar acmhainní neamh-in-athnuaite,

(ii) astuithe gáis cheaptha teasa antrapaigineacha a laghdú, agus

(iii) aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le dul in oiriúint d'athrú aeráide; go háirithe, le haird ar shuíomh, leagan amach agus dearadh aon fhorbairt nua;

- caomhnú cearta slí poiblí a thugann rochtain ar an gcladach, ar shléibhte, ar lochanna, ar bhruacha abhann nó ar áiteanna eile a bhfuil áilleacht nádúrtha nó áis caitheamh aimsire, ba chóir na cearta slí poiblí a aithint trí iad a mharcáil ar cheann amháin ar a laghad de na léarscáileanna atá mar chuid den Phlean Forbartha agus trína suíomh a léiriú araon ar liosta a bheadh ceangailte leis an bPlean Forbartha, agus
- an tírdhreach, de réir polasaithe nó cuspóirí cuí de chuid an Rialtais faoi láthair nó de chuid aon Aire Rialtais a bhaineann le creat a sholáthar a bheadh in ann tírdhreacha a aithint, a mheasúnú, a chosaint, a bhainistiú agus a phleanáil agus iad a fhorbairt le haird ar Chomhthionól Tírdhreacha na hEorpa a bhí ann i Florence an 20 Deireadh Fómhair 2000.

Tá an Plean Forbartha bunaithe freisin ar raon leathan reachtaíocht eile agus go háirithe roinnt Treoracha ón Eoraip agus an reachtaíocht a bhaineann leo.

## 1.2.2 Treoir Eorpach

### 1.2.2.1. Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/AE)

Éilítear an plean a bheith faoi réir Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) de réir *Na Treorach maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/AE)*, agus is é sin an próiseas a ndéantar breithnithe comhshaoil a lánpháirtiú go hiomlán in ullmhú agus i nglacadh pleananna/cláir. Ina thaobh sin, tá Tuarascáil maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta mar cháipéis tacaíochta, agus aithnítear ann na tionchair comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann le feidhmiú an Phlean agus mionsonraí mar atá na breithnithe comhshaoil lánpháirtithe in iomlán ann. Ullmhaíodh an SEA de réir *Threoir SEA an AE (2001/42/AE)*, na *Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004* (I.R. Uimh. 436 de 2004), arna leasú ag na *Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) (Leasú) 2011* (I.R. Uimh. 201 de 2011), treoirlínte náisiúnta 2004 *Feidhmiú Threoir SEA (2001/42/AE): Measúnacht ar Éifeachtaí Phleananna agus Chláir Éagsúla ar an gComhshaoil* arna eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tugtar aird sa Phlean freisin ar Chiorclán PSSP 6/2011 '*Further Transposition of the EU Directive 2001/42/EC on Strategic Environmental Assessment*'. Tá na moltaí cuí agus na bearta maolaithe ón bpróiseas maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus an Tuarascáil Comhshaoil ionchorpraithe sa Phlean.

### 1.2.2.2. Treoir maidir le Measúnú Treoir na nGnáthóg (92/43/EEC)

Tá Measúnacht Treoir na nGnáthóg ullmhaithe de réir Airteagal 6(3) de *Threoir Gnáthóg an AE (92/43/EEC)*, *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011* (I.R. Uimh. 477 de 2011), an Mheasúnacht Chúí ar *Phleananna agus ar Thionscadail in Éirinn-Treoir d'Údarais Phleanála (2010)* arna eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an *tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000*, (arna leasú). Is ionann Measúnacht Treoir na nGnáthóg (ar a dtugtar 'Measúnacht Chúí' freisin) agus measúnacht ar impleachtaí phlean nó

thionscadal, ann féin agus/nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar ionracas láithreán Natura 2000, i bhfianaise na gcuaspóirí caomhnaithe. Bhí an plean faoi réir Scagadh Measúnachta Cuí agus breithníodh go raibh gá le Measúnacht Chuí iomlán den Phlean. Tugadh an próiseas sin chun críche le Measúnú Chéim 2 agus tá sé sin mionsonraithe sa cháipéis tacaíochta dar teideal Tuarascáil Tionchair Natura. Tá na moltaí iomchuí agus na bearta maolaithe a thagann ón bpróiseas ionchorpraithe sa Phlean, mar is cuí.

### 1.2.2.3. Treoir Tuilte an AE (2007/60/AE)

Tá *Measúnacht Baol Tuilte Straitéiseach, Céim 1* ullmhaithe freisin do Chontae na Gaillimhe, agus is cáipéis tacaíochta í seo ina mbreithnítear na saincheisteanna baol tuilte a bhaineann leis an gContae. Aithnítear ann saincheisteanna bhainistiú tuilte nó uisce dromchla a bhféadfadh gá a bheith lena thuilleadh imscrúdaithe, mar is cuí, ag leibhéal an phlean nó ag céim an iarratais phleanála agus moltar bearta freisin le lánpháirtiú sa Phlean Forbartha a chuideoidh i dtreo bhainistiú baol tuilte agus comhlíonadh le treoirlínte náisiúnta baol tuilte araon. Tá an Mheasúnacht Baol Tuilte Straitéiseach ullmhaithe le haird ar *Treoir Tuilte an AE (2007/60/AE), Rialachán na gComhphobal Eorpach (Measúnacht agus Bainistiú ar Bhaol Tuilte) 2010 (I.R. Uimh. 122 de 2010)*, lena n-áirítear leasuithe agus *An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bhainistiú Baol Tuilte d'Údarás Phleanála (2009)* arna eisiúint ag an DoEHLG agus ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

## 1.3 Faisnéiseoirí an Phlean

Ullmhaíodh an Plean Forbartha Contae de réir na reachtaíochta agus na dTeoracha Eorpach atá léirithe thuas agus bunaíodh freisin é ar raon leathan reachtaíocht eile, Teoracha AE, cáipéisí polasaí, treoirlínte agus comhchomhairle poiblí lena n-áirítear iad seo atá léirithe thíos:

<p><b>Comhchomhairle Phoiblí</b></p>	<p>Saincheisteanna ardaithe ag an bpobal áitiúil agus ag geallsealbhóirí eile trí fhoilsiú Réamh-Dhréacht de Pháipéar Saincheisteanna, éascú le comhchomhairlí poiblí maidir leis an réamhdhréacht ar fud an chontae agus aighneachtaí i scríbhinn maidir leis an Réamhdhréacht agus Dréacht den Phlean agus le hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar Dhréacht-Phlean.</p>
<p><b>An Comhthéacs Reachtach</b></p>	<p>Gach reachtaíocht um pleanáil agus comhshaoil de chuid na hÉireann agus na hEorpa, iad seo a leanas go háirithe: <i>An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú); Teoracha AE, lena n-áirítear an Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/EEC), Treoir na nGnáthóg (92/43/EEC), Treoir na nÉan (2009/147/EEC), Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (IR Uimh. 477 de 2011) An Creat-Treoir Uisce (2000/60/AE), Treoir maidir le Measúnacht Tionchar Timpeallachta (85/337/EEC) agus arna leasú/códú ag (Treoir 2011/92/AE), An Treoir Fuíolluisce Uirbeach (91/271/EEC), An Creat-Treoir Uisce (2008/98/AE), An Treoir Uisce Óil (98/83/AE), An Treoir Torann Comhshaoil (2002/49/AE), An Treoir Dílteanaís Comhshaoil (2004/35/AE). An Treoir Screamhuisce (2006/118/AE), An Treoir Uisce Snámh (2006/7/AE), An Treoir Tuilte (2007/60/AE), An Treoir Fuinneamh In-Athnuaite (2009/28/AE), Treoir an AE 2001/77/CE – leictreachas a ghintear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, Léarscáil Bóthair Fuinnimh In-Athnuaite an AE, Fuinnimh In-Athnuaite san 21ú hAois: Todhchaí níos Inbhuanaithe a Thógáil', Treoir an AE 2009/28/CE – úsáid fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn. An Treoir um Níotrátí an AE; Treoir Sliogéisc an AE (2006/113/CE); Creat-Treoir Straitéise Mara an AE 2008/56/CE; Treoir ón gComhairle 66/404/EEC ar</i></p>

	<p>mhargaíocht ábhar atáirgthe foraoise; <i>Rialachán na gComhphobal Eorpach (Comhthoilíú agus Measúnacht Foraoise) 2010 (I.R Uimh. 558 de 2010)</i>; Comhbheartas lascaigh an AE (agus an t-athchóiriú a rinneadh air), <i>An Bille um Athrú Aeráide</i> (arna thionscnamh i mí Dheireadh Fómhair 2013) lena n-áirítear glacadh an Bhille agus tús feidhme ailt éagsúla laistigh d'aon <i>Acht um Athrú Aeráide</i> sa toadhchá a d'fhéadfadh tarlú laistigh de shaolré <i>Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021</i>, <i>Na Rialachán Náisiúnta um Athrú Aeráide</i> i ndiaidh teacht i bhfeidhm an <i>Achta um Athrú Aeráide, Treoir na Comhairle maidir le hUiscí Mara 2008/56/CE</i> agus <i>Rialachán AE Uimh. 1255/2011</i>; <i>Rialachán Foraoise (CE) 2152/2003</i>; <i>Cinneadh Iompair 661/2010/CE</i>; <i>Treoir Scéim Trádála Astuithe 2009/29/CE</i> (a dhéanann leasú ar <i>Threoir 2003/87/CE</i>); An tAcht um Bhainistiú Dramhaíola 1996-2007, <i>An tAcht um Seirbhísí Uisce, 2007 &amp; 2013</i>; <i>Na Rialachán um Scardadh Fuíolluisce 2007</i> agus údarú arna eisiúint faoi na rialachán seo, <i>Na Rialachán um Uisce Óil 2007</i>, <i>An tAcht um Thruailliú Uisce 1977-2007</i>. <i>Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004</i>; <i>Achtanna Fiadhúlra 1976-2000</i>, <i>Rialachán na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta do Chosaint Uiscí)</i>, 2006 agus 2007 agus na rialachán gaolmhara iomchuí go léir.</p>
<p><b>An Comhthéacs Pleanála Straitéiseach</b></p>	<p>Cáipéisí agus treoirlínte polasaí náisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe iad seo a leanas:</p> <p><i>Ár dToghcháí Inbhuanaithe-Creat d'Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn</i> (2012), <i>An Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) (2007-2013)</i> agus <i>Iompar 21</i> agus cáipéis de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teacht ina n-áit dár teideal <i>"Infrastruchtúr agus Infheistiú Caipitil 2012-2016</i>, <i>An Plean Náisiúnta Spáis 2002-2022</i>, <i>An Straitéis Náisiúnta Spáis a Fheidhmiú 2010-Eolas Nuashonraithe agus Dearcadh</i>, <i>An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012</i> agus cáipéis leantach <i>"An Oibre Náisiúnta Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide, Ag Cur le Teacht Aniar don Athrú Aeráide 2012"</i>, <i>An Plean Gnímh Náisiúnta maidir le Fuinneamh In-Athnuaite</i> (2010), <i>Tionscnamh Geataí an Atlantaigh Mais Chriticiúil a Chinntiú</i> (2006) agus tuarascáil leantach <i>Creat Forbartha Bealaigh Gheataí an Atlantaigh-Tuarascáil Forbhreathnaithe</i> (2009), <i>Toghcháí Inbhuanaithe Iompair-Polasaí Iompair Nua d'Éirinn 2009-2020</i>, <i>An Chéad Chreat Oibre Polasaí Rothaíochta Náisiúnta d'Éirinn</i> (2009), <i>Gníomhartha do Bhithéagsúlacht-Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta na hÉireann 2011-2016</i>, <i>An Plean Oidhreachta Náisiúnta</i> (2002), an Páipéar Bán ar <i>Réiteach Fuinnimh Inbhuanaithe a Sheachadadh d'Éirinn 2007-2020</i>, <i>Cur an Méid agus is féidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh na hÉireann: An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha</i>, <i>"Ráiteas Beartais an Rialtais ar Thábhacht Straitéiseach Tarchuir agus Infreastruchtúr Fuinnimh eile"</i> (Iúil 2012), <i>'An Plean Gnímh Éifeachtúlacht Fuinnimh Náisiúnta 2009-2020'</i>, <i>'Straitéis AE agus Oiriúnú d'Athrú Aeráide' EC 2013</i> <i>An Straitéis d'Fhuinneamh In-Athnuaite 2012-2020</i>, <i>Tionscnamh Eangach Eischósta sa Mhuir Thuaidh – comhaontú a rinne Éire le 9 Stát eile</i>, <i>Coimisiún an Aontais Eorpaigh, ACER</i>, <i>An Plean Náisiúnta um Bhainistiú Dramhaíl Ghuaiseach 2008 - 2012</i> (agus aon leagan nuashonraithe ina dhiaidh sin), <i>An Straitéis Náisiúnta Digiteach d'Éirinn 2013 - 'Ag Baint Níos Mó Amach le bheith Digiteach – Céim 1 Rannghníomhú</i></p>

	<p><i>Digiteach</i>, An Plean Leathanbhanda Náisiúnta d'Éirinn 2012- 'Sochaí atá ceangailte a Sheachadadh', CAP i dtreo 2020: Ag freastal ar Dhúshláin maidir le Bia, Acmhainní Nádúrtha agus Teorainneacha an Todhchaí (COM (2010) 672; Polasaí Mara Lánpháirtithe an AE; Iascach agus Uisceshaothrú AE den Chaighdeán Domhanda a bhaint amach 2010; Fás Gorm an AE, Deiseanna d'Fhás Inbhuanaithe Mara agus Muirí (COM (2012) 494; Comhbheartas Iascaigh an AE agus an tAthchóiriú atá le déanamh air; <i>Infrastructúr Glas – Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Fheabhsú</i> (SWD (2013)155, Páipéar Bán an Rialtais <i>An Todhchaí a Chinntiú – Straitéis d'Fhorbairt Tuaithe in Éirinn 1999; Fómhair Bia: Fís d'Agraibhia agus Iascaigh 2020 Tuarascáil 2013; Soláthrófar leis an mBille um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013; 'Origin Green' clár forbartha inbhuanaitheachta náisiúnta arna sheoladh ag Bord Bia; <i>Plean Mara Lánpháirtithe d'Éirinn ag baint Leasa as Saibhreas na Farraige 2012; An Bille um Limistéar Mara agus Urthrá (arna Leasú) 2013; An Bille Foraoise 2013; Straitéis do Chrainn Leathanduilleach; Cáipéis IFFPA 'Forbhreathnú ar Fhoraoiseacht na hÉireann agus ar an Earnáil Táirgí Foraoise' 2012; I.R. Uimh. 442/2012; I.R. Uimh. 477 de 2011, <i>Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Droichid an NRA (2000), Dearadh Naisc Bóithre imleabhar 6, alt 1, cuid 1, NRA TD9/12, Feabhra 2012; Dearadh Geoiméadrach ar Mhór/Mhion-Acomhail Tosaíochta agus Rochtain Feithiclí ar Bhóithre Náisiúnta, imleabhar 6, alt 2, cuid 6, NRA td 41-42/11, Samhain 2011; Treoir ar Mhionobreacha ar na Bóithre Náisiúnta, Imleabhar 6, Alt 1, Cuid 1, NRA TA 85/11; Iniúchadh ar Shábháilteacht ar Bhóithre, Imleabhar 5, Alt 2, Cuid 2, NRA HD 19/12; <i>Pleanáil agus Dearadh Sonraí Lámhleabhar Méadrach An 3<sup>ú</sup> Eagrán. An Suirbhé Náisiúnta Forbartha Tithíochta 2013.</i></i></i></i></p>
<p><b>An Comhthéacs Pleanála Reachtach</b></p>	<p>Pleananna Reachtúla, go háirithe na <i>Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair 2010-2022, Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2009-2015, Plean Forbartha Bhaile Bhéal Átha na Sluaighe 2009-2015, Comhstraitéis Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe 2009-2015, Plean um Bhainistiú Dramhaíola Réigiún Chonnacht 2006-2011 agus an Plean Athsholáthair um Bhainistiú Dramhaíola Athsholáthair do Réigiún Chonnacht 2006-2011, agus Pleananna Forbartha Údaráis Áitiúla eile in aice láimhe agus aon Dréacht-Phleananna a foilsíodh lena n-áirítear: <i>Plean Forbartha Chontae an Chláir 2011-2017, Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2011-2017, Plean Forbartha Chontae Ros Comáin 2008-2014, Plean Forbartha Chontae Uíbh Fhailí 2009-2015, Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2008- 2014 agus na Pleananna Ceantair Áitiúla reachtúla do bhailte ina bhfuil daonra os cionn 5,000 agus áirítear orthu Tuaim, agus Baile Locha Riach. Áirítear leis an gcomhthéacs pleanála reachtúil na treoirlínte pleanála náisiúnta d'Údaráis Phleanála lena n-áirítear: <i>Pleanáil Miondíola (2012), Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta (2012), An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte (2009), Measúnú Cuí ar Phleananna agus ar Thionscadail in Éirinn (2009), Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeach (Cathracha, Bailte &amp; Sráidbhailte)(2009), Pleananna Forbartha: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2007), Feidhmiú Threoir SEA (2001/42/CE): Measúnú ar Éifeachtaí Phleananna agus</i></i></i></p>

*Chláir áirithe maidir leis an gComhshaol (2004) agus 'Nóta Treorach ar Chroí-Straitéisí' de chuid na Roinne (Arna eisiúint i mí na Samhna 2010). Lámhleabhar Deartha do Bhóithre Uirbeach agus Sráideanna 2013; Treoirínte maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta 2012; Treoirínte um Bhainistiú Tráchta 2003; Treoirínte um Mheasúnú Tráchta agus Iompair 2007 agus aon cháipéisí nuashonraithe/dímholta agus aon treoirínte a thiocfaidh chun cinn i ndáil le dearadh sráide agus saoráidí rothaíochta; 'Cairéil agus Gníomhaíochta Coimhdeacha: Treoirínte d'Údaráis Phleanála' 2004, (EPA) Treoirínte 'Bainistiú Comhshaoil sa Tionscail Eastóscaigh: Mianraí Neamhsceidealaithe 2006', Treoirínte Pleanála d'Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe d'Údaráis Phleanála 2006, Aeróga Teileachumarsáide & Struchtúir Tacaíochta (1996) -) agus Ciorclán PL 07/12, Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeach–Treoirínte d'Údaráis Phleanála 2009 lena n-áirítear an cháipéis a théann leis An Lámhleabhar Dearadh Uirbeach – Treoir Sárchleachtais 2009; Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Deartha d'Árasáin Nua 2007; Tithíocht Cáilíochta DoEHLG do Phobail Inbhuanaithe – Treoirínte Sárchleachtais chun Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Chothú 2007; Treoirínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe 2005; Treoirínte um Chosaint Oidhreacht Ailtireachta d'Údaráis Phleanála 2011, Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála (2008) An Roinn Oideachais agus Scileanna, Saoráidí Cúraim Leanaí: Treoirínte d'Údaráis Phleanála (2001), Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha – Treoirínte d'Údaráis Phleanála (2013) lena n-áirítear aon leaganacha nuashonraithe nó dímholta de na cáipéisí sin a d'fhéadfaí a fhoilsiú i rith shaolré an phlean seo.*

**An Comhthéacs Pleanála Áitiúil**

*Pleananna Áitiúla, straitéisí agus staidéir, lena n-áirítear: an Plean Gnímh Bithéagsúlachta do Chontae na Gaillimhe 2008-2013; Plean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2009-2014; Staidéar Iompair agus Phleanála na Gaillimhe 1999 agus 2003; Treoirínte Cnuas-Thithíochta na Gaillimhe de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Treoirínte Deartha don Teach Tuaithe Aonair de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe (2005), Turasóireacht Inbhuanaithe a Fhorbairt i nGaillimh: Creat do Ghníomh 2003-2012; Turasóireacht Uisce-Bhunaithe – Fís Straitéiseach do Ghailimh 2002; Ag Obair le Chéile: Ár dTodhchaí a Mhúnlú: Straitéis Chontae na Gaillimhe maidir le Forbairt gheilleagrach, Shóisialta, agus Chultúir 2002-2012, An Plean um Bhainistiú Abhantraí do Cheantar Abhantraí Iarthar na hÉireann (2009-2015)., Plean um Bhainistiú Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne (2009-2015), Tuarascáil Straitéise Siúlóide agus Rothaíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe (2013) agus Pleananna Ceantair Áitiúla do roinnt bailte/sráidbhailte laistigh den Chontae lena n-áirítear Órán Mór, Baile Átha an Rí, an Gort, Maigh Cuilinn, Bearna, an Ghaeltacht, agus Creachmhaoil. Tírdhreacha Cónaithe na Gaillimhe de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe – Cuid 1: Eascracha. Tuarascáil Straitéise um Athrú Aeráide na Gaillimhe 2001, arna choimisiúnú ag Galway Energy Agency Limited (GEAL); Scéim um Chosaint Screamhuisce do Chontae na Gaillimhe de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Suirbhé Ailtireachta agus Treoir Sárchleachtais Measúnaithe de*

	<i>chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe.</i>
<b>Measúnacht Comhshaoil</b>	Measúnacht ar thionchair a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaoil ag Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chúí, Measúnú Baol Tuilte Straitéiseach Céim 1 do Chontae na Gaillimhe agus Réamhmheasúnaithe Baol Tuilte de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí agus Ceantair Mheasúnaithe eile a dhéanfar sa Chontae.


**Tábla 1.1 Faisnéiseoirí an Phlean**

## **1.4 Próifíl Chontae na Gaillimhe**

Tá Contae na Gaillimhe lonnaithe ar chósta thiar na hÉireann i gCúige Chonnacht agus tá achar talún 6,148km<sup>2</sup> ann. Tá Contae Mhaigh Eo lonnaithe ó thuaidh, tá Contaetha Ros Comáin agus Uíbh Fhailí taobh thoir, tá Contae Thiobraid Árann soir ó dheas agus tá Contae an Chláir lonnaithe ó dheas. Ar theorainneacha nádúrtha an chontae, tá Cuan na Gaillimhe taobh thiar, tá Abhainn na Sionainne taobh thoir agus tá Loch Deirgeirt san oirdheisceart. Tá Cathair na Gaillimhe, Ros Comáin, Maigh Eo agus Gaillimh le chéile mar chuid de réigiún an Iarthair in Éirinn, agus is í Cathair na Gaillimhe an geata ainmnithe is gaire agus is é baile Thuama molbhaile an chontae, arna ainmniú faoin NSS.

Tá tírdhreach nádúrtha éagsúil sa chontae agus áirítear leis réigiún sléibhtiúil áille Chonamara taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe, talamh talmhaíochta shaibhir taobh thoir agus ceantar aolchloiche éagsúla ó dheas. Nuair a chuirtear na tréithe topagrafacha sin le chéile is léir go bhfuil tírdhreach fíor éagsúil sárailleachta i gcontae na Gaillimhe.

Tá daonra fuinniúil éagsúil i nGaillimh d'os cionn 175,124 duine, agus tá an líon sin ag dul i méid ag ráta seasmhach le deich mbliana anuas agus tá an líon sin ag teacht le sprioc daonra RPG 2022 de 198,500 duine. Tharla an fás sa daonra den chuid sna ceantair is gaire do Chathair na Gaillimhe agus sa cheantar den chontae a aithnítear mar theorainn Staidéir Iompair agus Pleanála na Gaillimhe. Tharla fás measctha i bhformhór codanna tuaithe de Chontae na Gaillimhe ach tá an daonra ag dul in éag i roinnt toghranna i gceantair in oirthuaisceart, in oirdheisceart, in iarthar an chontae agus sna ceantair shléibhtiúla araon. Léiríodh i nDaonáireamh 2011 go raibh 75.6% de líonta tí príobháideacha lonnaithe i gceantair faoin tuath, go raibh an meánlíon tí is airde sa Stát sa Chontae ag 2.9 agus go raibh an cion is mó de na daoine sa Chontae san aoisghrúpa 35-39 agus tháinig an t-ardú is mó san aoisghrúpa 60-64 ó Dhaonáireamh 2006. Beidh tionchar ag na déimeagrafaice sin ar sholáthar tithíochta, ar infrastruchtúr agus ar sheirbhísí fud fad an Chontae amach anseo.



**Léarscáil 1: Geataí agus Moil (Foinse: An Straitéis Náisiúnta Spáis d'Éirinn 2002-2020)**

Tá na tionscail déantúsaíochta, mórdhíola agus miondhíola, sláinte agus obair shóisialta agus oideachas ar na grúpaí tionscail leathana arb iad na foinsí is mó fostaíochta sa Chontae iad, agus tá saoráidí oideachais tríú leibhéal lonnaithe go maith agus leis sin bíonn deiseanna maithe ann an geilleagar eolais a sholáthar agus a fheabhsú sa Chontae.

Tá buntáiste faighte ag Gaillimh as an líonra infrastructúir bóthair atá á fhorbairt agus á leathnú, agus tá mótarbhealach an M6 as Gaillimh go Baile Átha Cliath críochnaithe agus is gearr anois go mbeidh mótarbhealach an M17 ó Ghort go Tuam á sheachadadh. Ar an tsli chéanna, athosclaíodh Bealach Iarnróid an Iarthair idir Gort agus Órán Mór (vis Baile Átha an Rí) ón bPlean Forbartha Contae deireanach agus cuireadh feabhas ar naisc iompair phoiblí ó dheas sa chontae. Tá teacht gan stró ar aerfoirt idirnáisiúnta in aice láimhe i gContaetha Mhaigh Eo agus an Chláir agus is é calafort Ros an Mhíl an príomhchalafort farantóireachta go dtí Oileáin Árann agus is calafort iascaigh mara tábhachtach é Ros an Mhíl don réigiún agus don chontae freisin.

Sa Chontae, tá roinnt seirbhísí infrastructúir teoranta agus tá a gcumas sáraithe i roinnt cásanna, mar sin féin leantar ag infheistiú iontu agus á bhfeabhsú ar bhonn leanúnach agus mar a cheadaíonn acmhainní sin a dhéanamh, chun go bhfreastalófar ar rialacháin comhshaoil, sláinte poiblí a chinntiú agus chun feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála lucht cónaithe agus lucht gnó an Chontae. Tá sé mar aidhm le bunú Uisce Éireann, go mbeifear freagrach go hiomlán as



gach gné den seirbhís uisce, ó thaobh pleanála, seachadta agus feidhmithe, feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí, cur le héifeachtúlacht costais, rochtain a sholáthair ar fhoinsí maoinithe nua, agus luas a chur leis an tréimhse ama a sheachadtar infheistíochtaí pleanála a bheidh riachtanach chun líonraí uisce agus séarachais a uasghrádú sa cheantar.

Tá céannacht pobail láidir i gContae na Gaillimhe agus tá oidhreacht chultúir shaibhir agus éagsúil ann. Leantar ag déanamh dul chun cinn suntasach ó thaobh fheabhas a chur ar infrastruchtúr fisiciúil, sóisialta agus pobail sna bailte agus sna sráidbhailte ar fud an chontae mar aithnítear go dtacaíonn infrastruchtúr sóisialta agus forbairt pobail fás geilleagrach, go soláthraítear deiseanna fostaíochta agus go bhfeabhsaítear leas agus caighdeán saoil shaoránaigh an Chontae. Tá an Ghaeltacht is mó sa tír ina bhfuil an líon is mó daoine ina gcónaí ann i nGaillimh freisin. Is oidhreacht uathúil agus fíor luachmhar í teanga agus cultúr na Gaeltachta agus tá tábhacht ollmhór le caomhnú agus cosaint a thabhairt don Ghaeltacht agus is léir sin sna polasaithe agus cuspóirí atá sa Phlean seo.

## 1.5 Saincheisteanna Pleanála i gContae na Gaillimhe

Dréachtaíodh an Plean Forbartha Contae deireanach i rith thréimhse gheilleagrach a raibh ag éirí go maith leo ach tá an plean reatha á ullmhú i dtréimhse ina bhfuil lagtrá geilleagrach, agus tá roinnt dúshlán a chaithfear a mheas mar thoradh air sin. Ina theannta sin, léiríonn forbairtí polasaí nua, athruithe reachtaíochta, níos mó feasachta ar shaincheisteanna comhshaoil, baol tuilte, fás ar an daonra, lagtrá geilleagrach agus treochothaí eile na saincheisteanna a chaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa Phlean Forbartha Contae seo. Áirítear ar na saincheisteanna seo inter alia:

- Forbairtí polasaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;
- Coinníollacha comhshaoil athraitheacha agus rialacháin lena n-áirítear an gá atá le Measúnacht ar Threoir na nGnáthóg, Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnachtaí Baol Tuilte mar is gá;
- Spriocanna daonra a bhaint amach mar atá leagtha amach sa Chroí-Straitéis;
- Déimeagrafaíochtaí athraitheacha ar an daonra, go háirithe daonra atá ag dul in aois;
- Eastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe ag teacht chun cinn agus ardleibhéil áiteanna cónaithe folmha;
- Athruithe ar mar a chuirtear tithíocht shóisialta agus inacmhainne ar fail;
- Forbairtí infrastruchtúir nua agus pleanáilte;
- Soláthar acmhainní fuinnimh in-athnuaite a chothromú in aghaidh chosaint a thabhairt don chomhshaoil;
- Neamhchinnteacht an gheilleagair;
- Dífhostaíocht níos airde agus forbairt gheilleagrach agus éagsúlú geilleagrach tuaithe a chur chun cinn;
- Leibhéil gníomhaíochta miondíola a bheith ag laghdú;
- Folúntais miondíola a theorannú agus lárionaid bríomhara i mbailte agus i sráidbhailte a choimeád;
- Baol ó thuilte a bhainistiú;
- Ag dul in oiriúint d'athrú aeráide;
- An creimeadh teanga i gceantair Ghaeltachta a laghdú.

## 1.6 Fís do Chontae na Gaillimhe

*“Caighdeán maireachtála mhuintir na Gaillimhe a fheabhsú agus an Contae a choimeád mar áit tharraingteach uathúil le maireachtáil ann, le bheith ag obair ann agus le cuairt a thabhairt uirthi, ag baint leasa as an bpoitéinseal atá ag buntáistí iomaíochta an chontae ar bhealach inbhuanaithe agus a bhreathnaíonn amach don chomhshaoil.”*

## 1.7 Aidhmeanna Straitéiseacha an Phlean

### Aidhmeanna Straitéiseacha

#### Aidhm Straitéiseach 1 – Forbairt Réigiúnach a Chur Chun Cinn

Forbairt réigiúnach agus fás a chur chun cinn trí leas a bhaint as poitéinseal geilleagrach agus

fostaíochta na mbuntáistí iomaíocha atá ag Contae na Gaillimhe mar iad seo a leanas, suíomh straitéiseach, an caighdeán maireachtála, an tírdhreach, an oidhreacht agus acmhainní nádúrtha ar bhealach inbhuanaithe agus a bhreathnaíonn amach don chomhshaol.

#### **Aidhm Straitéiseach 2 – Cosaint don Chomhshaol**

Cosaint oiriúnach a thabhairt don chomhshaol agus d'acmhainní nádúrtha an Chontae agus a chinntiú go gcomhlíontar freagrachtaí don chomhshaol.

#### **Aidhm Straitéiseach 3 – Tírdhreacha Beo**

An tábhacht atá le tírdhreacha beo a aithint ina mbíonn daoine ina gcónaí, ag obair, ag tabhairt cuairt orthu agus ag baint sult astu agus a chinntiú ag an am céanna go mbainistítear iad ar bhealach inbhuanaithe agus cuí.

#### **Aidhm Straitéiseach 4 – Ceantair Uirbeach agus Tuaithe Cothromaithe**

Tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt laistigh de mholbhaile Thuama, i gCeantar Cathrach na Gaillimhe, i mBéal Átha na Sluaighe, sna príomhbhaile agus sna bailte níos lú, i sráidbhailte agus i lonnaíochtaí laistigh den Chontae, agus tacaíocht a thabhairt freisin do ról na gceantar tuaithe chun geilleagar tuaithebhunaithe a chothú.

#### **Aidhm Straitéiseach 5 – Pobail Uileghabhálacha**

Forbairt pobail uileghabhálacha a spreagadh agus tacú leo, pobail ina mbíonn gach duine sa tsochaí gníomhach agus rannpháirteach agus cuidiú le rochtain chothrom ar chúrsaí fisiciúla, sóisialta agus cultúir.

#### **Aidhm Straitéiseach 6 – Forbairt Lánpháirtithe**

Coincheap forbartha níos inbhuanaithe agus níos lánpháirtithe a chinntiú maidir le húsáid talún, iompar, seirbhísí uisce, soláthar fuinnimh agus bainistiú dramhaíola thar shaolré an Phlean.

#### **Aidhm Straitéiseach 7 – Iompar Inbhuanaithe**

Éileamh ar thaisteal a íoslaghdu agus ardú ar shoghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an Chontae.

#### **Aidhm Straitéiseach 8 – An Ghaeltacht**

An Ghaeltacht a chur chun cinn mar phobal a labhraíonn Gaeilge, an tábhacht atá leis an nGaeilge go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a aithint agus nuair is féidir, féachaint leis na pobail Ghaeltachta atá fanta a neartú, a chothabháil agus a chosaint.

#### **Aidhm Straitéiseach 9 – Tionscadail Infrastruchtúir**

Forbairt tionscadail infrastruchtúir a éascú, a bheidh mar bhonn d'fhorbairt inbhuanaithe ar fud an Chontae agus an Réigiúin i rith thréimhse an Phlean.

#### **Aidhm Straitéiseach 10 - Oidhreacht**

An oidhreacht thógtha agus an timpeallacht nádúrtha a fheabhsú agus a chosaint, lena n-áirítear foirgnimh, seandálaíocht, tírdhreach agus bithéagsúlacht, laistigh den Chontae.

#### **Aidhm Straitéiseach 11 – Ag Dul in Oiriúint d'Athrú Aeráide**

A bheith rannpháirteach in iarrachtaí chun athrú aeráide a mhaolú agus dul oiriúint dó agus cúrsaí athrú aeráide a lánpháirtiú i bpleanáil agus seachadadh chláir oibre.

## **1.8 Monatóireacht agus Feidhmiú**

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí monatóireacht ar Phlean chun a éifeachtacht a mheas agus chun a chinntiú go bhfeidhmeofar na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Contae. Soláthraítear le hAlt 15 (1) agus (2) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú) ceanglas reachtúil don Údarás Pleanála na céimeanna faoina chumhacht a ghlacadh, mar is cuí, chun cuspóirí an Phlean Forbartha a chinntiú. Maidir les sin, caithfidh an Bainisteoir, nach mó ná 2 bhliain i ndiaidh dhéanamh an Phlean Forbartha, tuarascáil a thabhairt do chomhaltaí an údaráis ar an dul chun cinn atá bainte amach chun cuspóirí an Phlean Forbartha a chinntiú. Déileáiltear le monatóireacht agus le feidhmiú Phlean Forbartha an Chontae i gCaibidil 12 den Phlean seo.

## **1.9 Ráiteas a Léiríonn go bhfuil Cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae ag teacht le Caomhnú an Chomhshaoil**

Éilítear le hAlt 10 (1D) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), go n-áireofar leis an ráiteas i scríbhinn de Phlean Forbartha an Chontae ráiteas ar leithligh a léiríonn go bhfuil na cuspóirí forbartha sa phlean forbartha ag teacht an méid agus atá sin indéanta, le cosaint agus le caomhnú an chomhshaoil.

Leagtar amach fíis don Chontae i *bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021* agus is é sin chun “caighdeán maireachtála mhuintir na Gaillimhe a fheabhsú agus an Contae a choimeád mar áit tharraingteach uathúil le maireachtáil ann, le bheith ag obair ann, le hinfheistiú ann agus le cuairt a thabhairt uirthi, ag baint leasa as an bpoitéinseal atá ag buntáistí iomaíocha an chontae ar bhealach inbhuanaithe agus a bhreathnaíonn amach don chomhshaoil”. Leagtar amach le hAlt 1.7 den phlean aon aidhm straitéiseach déag den phlean chun cuidiú leis an bhfíis a bhaint amach agus a bheidh mar bhonn do na cuspóirí ar fud an phlean. Áirítear orthu:

- Forbairt réigiúnach a chur chun cinn
- An comhshaoil a chosaint
- An tábhacht atá le tírdhreacha cónaithe a aithint
- Forbairt uirbeach agus tuaithe a chothromú
- Pobail uilechuimsitheacha a spreagadh agus tacú leo
- Coincheap forbartha níos inbhuanaithe agus lánpháirtithe a chinntiú
- Éileamh ar thaisteal a íoslaghdú agus an t-ardú ar shoghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn
- An Ghaeltacht mar phobal labhartha na Gaeilge a chur chun cinn
- Forbairt tionscail infrastruchtúir aitheanta a éascú
- An oidhreacht thógtha agus an timpeallacht nádúrtha a fheabhsú agus a chosaint, lena n-áirítear foirgnimh, seandálaíocht, tírdhreach agus bithéagsúlacht
- A bheith gníomhach in iarrachtaí teorainn a chur le cúiseanna daonna leis an athrú aeráide agus oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair agus ar dheiseanna atá mar thoradh ar athrú aeráide.

Is cuid ollmhór den phlean é prionsabal na forbartha inbhuanaithe agus léirítear sin trí na polasaithe agus na cuspóirí sa cháipéis seo, agus déantar cur síos ar fhorbairt inbhuanaithe mar phatrún úsáide acmhainní a bhfuil sé mar aidhm leo freastal ar riachtanais daonna agus meas ar an gcomhshaoil, chun go bhféadfar freastal ar na riachtanais sin, ní hamháin san am i láthair, ach go ceann tréimhse éiginnte. Áirítear ar na príomhbhreithnithe sa phlean atá mar bhonn do phrionsabal na forbartha inbhuanaithe cosaint a thabhairt don chomhshaoil nádúrtha, caomhnú acmhainní nádúrtha, fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn, mar a bhítear ag brath ar bhreosla iontaise a laghdú, laghdú ar éileamh taistil a spreagadh, patrúin forbartha a chuidíonn leis an gcomhshaoil a éascú, éifeachtúlacht fuinnimh agus dearthaí ardcháilíochta. Bunaítear tuilleadh leis an gCroí-Straitéis straitéis fianaisebhunaithe trédhearcach maidir le forbairt spáis inbhuanaithe den chontae, agus lorgaítear leis an Rogha Forbartha is Fearr don Chontae caighdeán maireachtála níos fearr a sholáthar do gach saoránach i gContae na Gaillimhe, bunaithe ar phobail chontaetha inbhuanaithe ar ardchaighdeán, forbartha i gcomhar le hinfrastruchtúr sóisialta agus soláthar timpeallacht oibre agus caitheamh aimsire sásúil do chách.

Áirítear sa phlean freisin codanna mionsonraithe ina bhfuil polasaithe agus cuspóirí gaolmhara le haird ar athrú aeráide agus tuilte (Caibidil 8), iompar inbhuanaithe (Caibidil 5), uisce/fuíolluisce agus bainistiú dramhaíola (Caibidil 6), bainistiú comhshaoil, oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht (Caibidil 8 agus 9). Tá cuspóirí an phlean leagtha amach freisin chun comhlíonadh a chur chun cinn maidir leis an gCreat-Treoir Uisce (agus Pleananna um Bhainistiú Abhantraí gaolmhara), an Treoir Screamhuisce, Treoir na nGnáthóg, An Treoir um Uisce Sliogéisc, An Creat-Treoir Straitéise Mara agus an Treoir Níotráití, le polasaithe cuspóirí eile an Phlean atá le chéile chun caomhnú an chomhshaoil a chinntiú.

Ina theannta sin, tá an plean faoi réir Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Mheasúnacht Chúil iomlán, agus breithníodh sa chás go bhfeidhmeofaí an plean nach mbeadh tionchar suntasach ar an gcomhshaoil ná ar láithreán ainmnithe. Is próisis atriallach iad an SEA agus an AA agus tá na torthaí ó na próisis sin lánpháirtithe go hiomlán i gcuspóirí agus i bpolasaithe an phlean, agus is é an toradh atá leis sin polasaithe agus cuspóirí a thugann leibhéal ard cosanta don chomhshaoil agus do láithreán Natura 2000.

Le haird ar an méid atá roimhe seo, breithnítear go bhfuil cuspóirí *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe* ag teacht an méid agus atá sin indéanta, le cosaint agus le caomhnú an chomhshaoil.

## 1.10 Leagan Amach an Phlean

Tá an Plean Forbartha Contae leagtha amach i dtrí phríomhchaibidil déag mar atá léirithe thíos:

<b>Caibidil 1</b>	Leagtar amach sa chaibidil seo réamhrá ar an bPlean Forbartha Contae, mionsonraítear an cúlra reachtach agus na ceanglais, scrúdaítear na polasaithe agus an treoir a bhí mar bhonn don phlean agus léirítear leagan amach na cáipéise. Soláthraítear ann freisin próifíl thuairisciúil ar an gContae, tugtar le fios na príomhshaincheisteanna pleanála agus leagtar amach fíis agus aidhmeanna straitéiseacha an Phlean, agus tagraítear freisin don chlár monatóireachta agus feidhmithe ba chóir a dhéanamh.
<b>Caibidil 2</b>	Leagtar amach sa chaibidil seo an Straitéis Spáis uileghabhálach don Chontae, tagraítear do na roghanna forbartha a breithníodh maidir le fás agus mionsonraítear an rogha forbartha is fearr a thángthas air. Mionsonraítear an Croí-Straitéis ann, lena n-áirítear an Léarscáil agus Tábla na Croí-Straitéise a éilítear ó thaobh reachtaíochta agus leagtar amach feidhmiú na spriocanna daonra réigiúnacha leis an gCroí-Straitéis agus an t-ordlathas lonnaithe a breithníodh mar chuid den Straitéis Spáis. Ar deireadh, leagtar amach freisin na polasaithe agus na cuspóirí i ndáil leis an gCroí-Straitéis agus an Straitéis Lonnaithe don Chontae.
<b>Caibidil 3</b>	Leagtar amach sa chaibidil seo anailís chomhthéacsúil ar Thithíocht Uirbeach agus Tuaithe. Tá dé-ról ag an gComhairle i ndáil le tithíocht sa Chontae, trína cumhachtaí reachtúla mar Údarás Pleanála cinntítear go bhfuil talamh dóthanach criosaithe chun freastal ar na riachtanais tithíochta fortheilgthe agus trína ról Tithíochta, soláthraítear aonaid chónaithe do líonta tí a bhfuil riachtanas cóiríochta acu nach bhfuil in ann cóiríocht den sórt sin a sholáthar lena n-acmhainní féin. Léirítear sa chaibidil seo na cineálacha éagsúla tithíochta atá riachtanach do riachtanais athraitheacha dhaoine aonair, le cuspóirí a chinnteoidh go dtabharfar aird ar sholáthar tithíocht shóisialta agus speisialach do dhaoine aonair/ghrúpaí. I ndáil le ceantair uirbeach déantar anailís ar na láithreáin chúil d'fhorbairtí cónaithe nua a fhreagraíonn do chomhthéacs a láithreáin agus atá ag teacht le carachtar, taitneamhachta, oidhreacht agus tírdhreacha an cheantair. I ndáil le ceantair thuaithe déantar anailís ar na cineálacha ceantair tuaithe éagsúla atá sa chontae agus mar thoradh air sin tá freagraí cuspóra sonracha ann chun éascú agus bainistiú a dhéanamh ar thithe aonair faoin tuath agus tugtar tacaíocht ag an am céanna d'athúsáid an stoc tithíochta atá sa Chontae cheana féin.
<b>Caibidil 4</b>	Soláthraítear bonn sa chaibidil seo chun go n-éireoidh leis an gContae ó thaobh an gheilleagair de ar shlí chothromaithe sa todhchaí. Cuirtear béim ar bhuntáiste iomaíoch an Chontae agus ar a shuíomh straitéiseach sa chomhthéacs réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ina theannta sin, déantar dianiarracht ann ar mhaithe le pleanáil chúil agus forbairt inbhuanaithe forbairt gheilleagrach a chur ar chomhthráth le pleanáil úsáide talún. Cuirtear chun cinn acmhainní turasóireachta agus gaisce an Chontae sa chaibidil seo freisin agus tugtar aitheantas ag an am céanna do dhualgas na ngeallsealbhóirí a ionracas a chosaint. I ndáil le miondíol, aithnítear an tábhacht atá le bailte, sráidbhailte agus pobail bhríomhara agus ionchorpraítear meicníochtaí sa chaibidil chun cur leis an tionscal miondíola sa Chontae.
<b>Caibidil 5</b>	Mionsonraítear sa chaibidil seo cur chuige lánpháirtithe maidir le hiompar agus pleanáil úsáide talún agus tógtar ar an infrastruchtúr

	<p>rochtana tosaíochta laistigh de na <i>Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha 2010-2022</i>. Mionsonraítear ann freisin na Tionscadail Infrastruchtúir Iompair do Chontae na Gaillimhe agus na polasaithe agus na cuspóirí a thacaíonn leis an straitéis iompair mar atá léirithe sa chaibidil seo.</p>
<b>Caibidil 6</b>	<p>Leagtar amach an dul chun cinn atá déanta go dtí seo sa chaibidil seo maidir le feidhmiú Phlean beartaithe Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2014-2016. Déantar na tionscadail infrastruchtúir uisce agus fuíolluisce a léiriú freisin a mheastar a thabharfar chun críche sa Chontae thar shaolré an Phlean. Ina theannta sin, cuirtear béim sa chaibidil seo ar an tábhacht atá le huisce a chaomhnú, foinsí uisce a chosaint trí chloí leis na Pleananna um Bhainistiú Abhantraí Iomchuí agus ag obair i gcomhar le hUisce Éireann as seo amach. I ndáil le bainistiú dramhaíola, tá an bhéim ar íoslághdú agus mar sin tá an dualgas ar gach geallsealbhóir sa Chontae dramhaíl a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil. Agus cairéil agus forbairtí gaolmhara á mbreithniú, beidh aird ag an gComhairle ar chosaint thaitneamhachtaí cónaithe agus nádúrtha, cosc ar thruailliú agus ar chosaint a thabhairt d'uisce agus do screamhuisce.</p>
<b>Caibidil 7</b>	<p>Léirítear sa chaibidil seo an tábhacht atá le hinfrastruchtúr fuinnimh agus cumarsáide d'ardchaighdeán a bheith ann chun go mbeidh ar chumas Chontae na Gaillimhe dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach. Léirítear freisin an tábhacht atá le tacú le forbairt foinsí fuinnimh in-athnuaite ar mhaithe leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide a sheachadadh agus chun slándáil soláthar fuinnimh a sholáthar ar fud an Chontae agus an réigiúin. Tacaíonn na polasaithe agus na cuspóirí sa chaibidil seo leis an gcur chuige seo.</p>
<b>Caibidil 8</b>	<p>Leagtar amach leis an gcaibidil seo cur chuige na Comhairle chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí atá ag athrú aeráide lena n-áirítear an baol ó thuille laistigh de Chontae na Gaillimhe. Tá Measúnú Baol Tuilte Straitéiseach (Céim 1 SFRA) déanta agus ullmhaithe de réir '<i>An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte – Treoirlínte d'Údarás Phleanála</i>' (2009) mar chuid den CDP seo agus tá sé sin ar fáil mar cháipéis tacaíochta leis an bPlean. Tá na polasaithe agus na cuspóirí a leagtar amach sa chaibidil seo de réir <i>Threoirlínte Bainistíochta Riosca Tuilte 2009</i> agus tagann na moltaí ón SFRA.</p>
<b>Caibidil 9</b>	<p>Cuirtear réamhrá agus comhthéacs straitéiseach i láthair sa chaibidil seo i ndáil le bainistiú cúrsaí oidhreachta, tírdhreacha agus comhshaoil. Leagtar amach polasaithe oidhreachta ginearálta chomh maith leis an gcomhthéacs reachtaíochta maidir leis an oidhreacht tógtha lena n-áirítear oidhreacht ailtreachta, struchtúir chosanta, limistéir chaomhantais ailtreachta, ailtreacht dhúchasach, éifeachtúlacht fuinnimh agus struchtúir atá tógtha go traidisiúnta, tírdhreacha deartha agus oidhreacht seandálaíochta. San áireamh sa chaibidil seo freisin tá polasaithe agus cuspóirí oidhreachta ailtreachta. Soláthraítear sa chuid seo den chaibidil ar oidhreacht nádúrtha agus ar bhithéagsúlacht forbhreathnú comhthéacsúil ar oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlachta an chontae agus an creat reachtach mar aon le polasaithe agus cuspóirí tacaíochta. Déileáiltear leis an gcarachtar tírdhreacha agus pointí fócais agus radhairc thábhachtacha sa chaibidil seo freisin agus tá polasaithe agus cuspóirí gaolmhara ann freisin.</p>
<b>Caibidil 10</b>	<p>Déantar cur i láthair uileghabhálach agus tugtar eolas sa chaibidil seo ar an oidhreacht chultúir agus ar chéannacht pobail an Chontae. Léirítear ann na polasaithe agus na cuspóirí i ndáil leis an nGaeltacht, na hoileáin, saoráidí agus seirbhísí pobail, caitheamh aimsire agus taitneamhacht, cearta slí poiblí, agus uilechuimsitheacht shóisialta agus rochtain uilíoch.</p>

<b>Caibidil 11</b>	Cuirtear chun cinn sa chaibidil seo poitéinseal an Chontae ar mhuir agus ar thír ó thaobh fhorbairt inbhuanaithe. Aithnítear ann an tábhacht ata leis na hacmhainní dúchasacha agraibhia, iascaigh, mara agus leis an tionscal foraoise agus an ról atá acu mar phríomhchumasóir ó thaobh fhorbairt tuaithe/éagsúlú agus laistigh den gheilleagar tuaithe ag leibhéal an chontae agus réigiúnach araon.
<b>Caibidil 12</b>	Soláthraítear mionsonraí sa chaibidil seo ar mhonatóireacht agus ar fheidhmiú an Phlean chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtacht agus lena chinntiú go bhfeidhmeofar na cuspóirí atá leagtha amach laistigh den Phlean Forbartha Contae.
<b>Caibidil 13</b>	Agus Plean Forbartha á dhéanamh, éilítear san <i>Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000</i> (arna leasú) ar na Údaráis Phleanála pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair a bhreithniú. Chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, ba chóir go lorgófaí forbairt inbhuanaithe, gnóthachan gheilleagracha, sóisialta agus comhshaoil i gcomhar agus ag an am céanna tríd an gcóras pleanála agus ó thaobh feidhmiú an Phlean seo. Lorgaítear leis na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Bhainistiú Forbartha mar atá leagtha amach sa chaibidil seo caighdeáin arda de cháilíocht forbartha a chur chun cinn, a threorú agus a fheidhmiú i gceantair uirbeach agus tuaithe ar fud an Chontae, ar bhealach inbhuanaithe agus cothrom.

Áirítear ar na cáipéisí tacaíochta Measúnacht ar Threoir na nGnáthóg – Tuarascáil Tionchar Natura, An Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta – Tuarascáil Comhshaoil agus *Céim 1 – Measúnú Baol Tuilte Straitéiseach do Chontae na Gaillimhe* agus tá siad ar fad ar fáil ar leithligh ón bplean seo.

# Caibidil 2 – An Straitéis Spáis, An Croí-Straitéis agus An Straitéis Lonnaíochta

---

## 2.1 Cúlra

Is éard atá i Straitéis Spáis Phlean Forbartha an Chontae, á chur chomh simplí agus is féidir, ná dáileadh spáis leathan daoine agus gníomhaíochtaí a leagann amach an creat d'fhorbairt inbhuanaithe na Gaillimhe sa todhchaí. Déantar an Straitéis Spáis a chinneadh trí scrúdú a dhéanamh ar raon roghanna forbartha ionchasacha don Chontae, ag teacht ar an toradh is oiriúnaí a chuideoidh chun na hAidhmeanna Straitéiseacha, mar a bhfuil cur síos orthu i gCaibidil 1, a sheachadadh.

## 2.2 An Straitéis Spáis

Agus an creat d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae sa todhchaí á leagan amach ní mór don Straitéis Spáis na spriocanna daonra réigiúnacha a leagtar amach sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha a chur san áireamh agus cinneadh a dhéanamh faoin mbealach is fearr leis an daonra seo a dháileadh ar fud an Chontae, thar shaolré an phlean. Chuige seo scrúdaíodh roinnt roghanna forbartha chun a fháil amach cén rogha a dhéanfadh an seachadadh is éifeachtaí ar an bhfís do Chontae na Gaillimhe agus d'Aidhmeanna Straitéiseacha an phlean.

### 2.2.1 Roghanna Forbartha

Tá roinnt roghanna forbartha ionchasacha liostaithe thíos a dréachtaíodh agus raon gnéithe á chur san áireamh lena n-áirítear méid na lonnaíochtaí laistigh den Chontae, treochnaí fás agus daonra, leithroinntí daonra réigiúnacha, iogaireachtaí comhshaoil agus fáil ar sheirbhísí. Tá na roghanna léirithe go mion agus measúnaithe go cuí mar chuid de Thuarascáil Chomhshaoil an SEA (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) den Phlean. Áirítear iontu **a)** fás a chomhchruinniú i gceantair uirbeacha agus i lonnaíochtaí, **b)** fás a dhíriú i Molbhaile Thuama den chuid is mó, **c)** forbairt scaipthe ar fud an Chontae a spreagadh agus ar deireadh **d)** Molbhaile Thuama a fhorbairt, tacú leis an mbaile tairisí agus leis na príomhbhaile agus forbairt ionad lonnaíochta eile agus forbairt chúí sna Ceantair Tuaithe a spreagadh.

### 2.2.2 Na Roghanna Forbartha is Fearr

Tógann Straitéis Spáis an Chontae ar na prionsabail a bunaíodh i *bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2009-2015* roimhe seo, agus ar na creata a chuir an Straitéis Spáis Náisiúnta agus na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010-2022*, ar fáil.

Is éard atá sa rogha roghnaithe go príomha ná cur chuige struchtúrtha i leith fhorbairt todhchaí an Chontae, ionaid uirbeacha láidre á dtógáil, cruthú post agus athnuachan á n-éascú, tacú le geilleagar na tuaithe agus sócmhainní nádúrtha, oidhreacht agus comhshaoil an Chontae a bhainistiú go cúramach, agus gearú ar bhaol tuile á sheachaint.

Tacaíonn an rogha forbartha roghnaithe le Tairseach Chathair na Gaillimhe in aice láimhe agus aithníonn Ceantar Uirbeach na Gaillimhe atá bainteach léi, mar a bhfuil tagairt dó sna Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála (RPG), a bhfuil limistéar na Cathrach agus roinnt Toghrann sa Chontae taobh leis nasctha go dlúth leis agus a fheidhmíonn mar chuid den Tairseach. Díríonn an rogha seo ar mhais chriticiúil a chothú i Molbhaile Thuama chun an Tairseach a chomhlánú agus forbairt na bpríomhbhaile agus na sráidbhaile níos lú feadh chonairí forbartha straitéiseacha, a meastar a dhéanfaidh na Ceantair Tuaithe mórthimpeall laistigh den Chontae a fhuinnmhiú. Fad a dhíríonn na conairí forbartha straitéiseacha ar na príomhbhealaí iompair atá bunaithe agus pleanáilte laistigh den Chontae, lena n-áirítear bóithre agus iarnród, leagfar béim níos mó ag an am céanna ar chomhtháthú úsáid talún agus iompair go ginearálta, achar taistil á laghdú agus aistriú córa iompair á fhíorú go roghanna iompair níos inbhuanaithe.

Leanann an cur chuige seo leis an gcoincheap de Chonair Gheilleagrach Straitéiseach soir ó Chathair na Gaillimhe, idir Órán Mór agus Áth Tíomáin, ceantar a bhfuil rochtain éasca aige agus comhchruinniú ard infrastruchtúir luachmhar agus seanbhunaithe. Tá an t-ionchas ag an gceantar seo leibhéil shuntasacha infheistíochta a mhealladh agus forbairt gheilleagrach agus cruthú fostaíochta a spreagadh, roinnt feidhmeanna geilleagracha á dhéanamh le tacú leis an gCathair, leis an gContae


agus leis an réigiún níos leithne. Ach anuas ar choincheap na conaire geilleagraí a chur chun cinn, buacacht na n-ionad geilleagrach atá ann faoi láthair ar fud an Chontae a choinneáil, fad agus a chuirtear leis an mbonn turasóireachta agus a thacaítear le fiontar inbhuanaithe maoinithe faoi dtuath, tá sé criticiúil cur chuige cothrom a chinntiú maidir leis an gContae a fhorbairt tuilleadh.

Molann an rogha forbartha roghnaithe freisin coinneáil le príomhghnéithe *Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe* (GTPS), mar a bhfuil glactha ag Cathair agus Contae na Gaillimhe araon leis i 2003. Bhí Cathair na Gaillimhe agus a cúlchríoch san áireamh sa staidéar GTPS, ar cheantar é laistigh de thart ar 30km thart timpeall ar an gCathair. Bhí roghanna iompair agus lonnaíochta araon san áireamh i moltaí an staidéir. Mhol sé forbairt laistigh de Chathair agus de Chontae na Gaillimhe a chomhdhlúthú laistigh de chonair bheartaithe don leathnú soir, ceantar a dtugtar Na hArdáin agus An Garrán air go hiondúil. Dhírigh sé freisin ar na príomhbhailte contae laistigh d'abhantrach na Gaillimhe a fhorbairt, á nascadh le Cathair na Gaillimhe ar líonra gathach bealaí seasta contae-bhuanaithe. Bheartaigh sé freisin leanúint le bainistiú cúramach *Cheantar Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe* (GTPS). Is é seo an ceantar sa Chontae a raibh fás ar luas mear ann i rith blianta ráthúla an Tíogair Cheiltigh, rud a fhágann go bhfuil ardleibhéil forbairtí tithe aonair agus treochtaí méadaitheacha spleáchais ar an ngluaisteán príobháideach ann. Ar deireadh, i dtéarmaí níos leithne, déanann an rogha forbartha roghnaithe iarracht soláthar do cháilíocht na beatha feabhsaithe do gach saoránach i gContae na Gaillimhe, bunaithe ar phobail chónaitheacha inbhuanaithe ardcháilíochta, a fhorbraítear mar aon le hinfrastruchtúr sóisialta agus soláthar timpeallachta caitheamh aimsire agus oibre taitneamhach do chách.





- Teorainn Contae
- GTPS
- Ceantar Cathrach na Gaillimhe
- Geatabhealach na Gaillimhe



- Inneall Eacnamaíoch
- Infrastruchtúr Conairí Iompair
- Molbhaile Thuama
- Baile Contae Bhéal Átha na Sluaighe
- Príomhbhailte/Bailte Eile
- Bailte & Sráidbhailte Eile
- Sráidbhailte & Ceantair Tuaithe
- Sócmhainní & Áiseanna
- Príomhnaisc Iompair
- Líne Lamróid
- Stáisiún Traenach
- Conair Eacnamaíoch Straitéiseach
- Nód Straitéiseach na nArdán/An Garrán



**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
Galway County Council

---

**Phlean Forbartha Contae 2015-2021**

---

Teideal **Straitéis Spáis Foriomlán agus an Rogha Forbartha Molta - OSS**

Dáta	Línithe	Scála
Feabhra 2015	LSL	NDS

## 2.3 Cuspóirí na Straitéise Forbartha

### Cuspóirí Straitéise Forbartha

#### **Cuspóir DS 1 – Straitéis Forbartha**

Is é cuspóir uileghabhálach Chomhairle Contae na Gaillimhe tacú le forbairt inbhuanaithe Chontae na Gaillimhe agus í a éascú de réir na rogha straitéise forbartha roghnaithe: **Rogha 4 – Molbhaile Thuama a fhorbairt, tacú leis an Tairseach agus le Príomhbhailte agus Forbairt Ionad Lonnaíochta eile agus Forbairt Chuí sna Ceantair Tuaithe a Spreagadh**, a cheadóidh do Chontae na Gaillimhe forbairt ar bhealach a choinníonn agus a fheabhsaíonn cáilíocht bheatha phobal áitiúla, a spreagann deiseanna d'fhorbairt gheilleagrach, roghanna iompair inbhuanaithe, comhtháthú sóisialta, agus a chosnaíonn an oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha agus an comhshaol, agus na ceanglais reachtúla ábhartha á gcomhlíonadh.

#### **Cuspóir DS 2 – Ceantar Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe (GTPS)**

**a)** Leanúint ar aghaidh ag tabhairt aitheantais do *Cheantar Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe*, crios comaitéara Chathair na Gaillimhe, a dteastaíonn bainistiú cúramach fáis agus polasaithe láidre uaidh leis an bhfás seo a mhúnlú agus tionchar a imirt air ar bhealach inbhuanaithe.

**b)** Tacú le hathbheithniú ar *Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimh* i rith saolré an Phlean, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Beidh breithniú ar Mheasúnú Iompair Straitéiseach a chur san áireamh mar chuid den athbheithniú seo.

#### **Cuspóir DS 3 – Úsáid Talún agus Iompar Inbhuanaithe Comhtháite**

Pleanáil úsáid talún agus pleanáil iompair inbhuanaithe a chomhtháthú, comhdhlúthú forbartha a spreagadh, patrúin taistil inbhuanaithe a spreagadh tríd an gá taistil a dhéanamh a laghdú, go háirithe le hiompar príobháideach, agus tosaíocht á tabhairt don siúl, don rothaíocht agus d'iompar poiblí.

#### **Cuspóir DS 4 – Aimsiú Infheistíochta agus Tacú léi**

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe iarracht infheistíocht a aimsiú nó tacú le hinfeistíocht, mar is cuí, san infrastruchtúr riachtanach le coinneáil leis na Straitéisí Lonnaíochta, Croí agus Spáis mar atá leagtha amach sa Phlean seo.

#### **Cuspóir DS 5 – Cosaint agus Bainistiú Sócmhainní an Chontae**

Na sócmhainní a chuireann le carachtar uathúil radhairc agus timpeallachta agus meon féiniúlachta Chontae na Gaillimhe agus atá mar bhuntaca ag an turasóireacht, oidhreacht, bithéagsúlacht agus cáilíocht na beatha a chosaint agus a bhainistiú.

### **Cuspóir DS 6 – Measúnú ar Líonra Natura 2000 agus ar an Treoir maidir le Gnáthóga**

Suíomhanna Eorpacha a chosaint atá mar chuid de líonra Natura 2000 (lena n-áirítear Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta) de réir na gceanglas sa Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/CEE), an Treoir maidir le hÉin ón AE (2009/147/CE), an tAcht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (IR Uimh. 477 de 2011) (agus aon leasú nó reachtaíocht nuashonraithe ina dhiaidh sin) agus ag féachaint go cuí don treoir i dTreoirlínte do Mheasúnú Oiriúnachta 2010 (agus aon treoir nuashonraithe nó dá éis). Ní dhéanfar plean nó tionscadal (e.g. forbairt bheartaithe) laistigh de limistéar an phlean a údarú ach tar éis don údarás inniúil (Comhairle Chontae na Gaillimhe) seo a leanas a fháil amach, bunaithe ar fhianaise eolaíoch, Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta, agus/nó Measúnú Treorach maidir le Gnáthóga nuair is gá:

- a) Ní eascróidh éifeachtaí díobhálacha suntasacha díreacha, indíreacha nó tánaisteacha ar shláine aon tsuímh Eorpaigh de bharr an phlean nó an tionscadail (leis féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile); nó
- b) Beidh éifeachtaí díobhálacha suntasacha ag an bplean nó an tionscadal ar shláine aon suímh Eorpaigh (nach bhfuil cineál gnáthóige nádúrtha tosaíochta ann agus/nó speiceas tosaíochta) ach níl aon réitigh mhalartacha ann agus ní mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích mar sin féin ar chúiseanna dianriachtanais leasa sáraithe poiblí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil nádúr geilleagrach nó sóisialta acu. Sa chás seo, beidh ceanglas ann na nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht a leanúint agus aontú is tabhairt faoi gach beart cúiteach is gá le cosaint comhtháthú foriomlán Natura 2000 a chinntiú; nó
- c) Beidh éifeacht dhíobhálach shuntasach ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine aon suímh Eorpaigh (a bhfuil cineál gnáthóige nádúrtha agus/nó speiceas tosaíochta ann) ach nach bhfuil aon réitigh mhalartacha ann agus nach mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích ina dhiaidh sin ar dhianchúiseanna leasa sáraithe poiblí, srianta do chúinsí sláinte an duine nó sábháilteachta poiblí, d'íarmhairtí tairbhíúla a bhfuil tábhacht bunaidh leo don chomhshaol nó, maidir le tuairim ón gCoimisiún, dianchúiseanna eile leasa sáraithe poiblí. Sa chás seo, is ceanglas a bheidh ann leanúint leis na nósanna imeachta atá leagtha síos sa reachtaíocht agus aontú is tabhairt faoi gach beart cúiteach is gá le cosaint comhtháthú foriomlán Natura 2000 a chinntiú.

### **Cuspóir DS 7 – Bainistiú agus Measúnú Baol Tuile**

Cinntiú go ndéantar moltaí d'fhorbairtí atá lonnaithe taobh istigh de cheantair ina bhfuil baol tuile aitheanta nó ionchasach, nó a d'fhéadfadh cur le baol tuile in áiteanna eile, a mheas de réir forálacha na dTreoirlínte um Bhainistiú Baol Tuile 2009 (nó aon cháipéis nuashonraithe/a ghabhadh ina n-áit) agus na polasaithe, cuspóirí agus treoirlínte ábhartha laistigh den phlean agus cuirfidh san áireamh chomh maith an Clár Náisiúnta CFRAM Mapáil Baoil Tuilte agus Pleananna Bainistíochta Riosca Tuilte nuair a bhíonn siad ar fáil.

### **Cuspóir DS 8 – Athrú Aeráide**

Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide agus leis an gcáipéis a leanann é, an Creat Oiriúnaithe Náisiúnta um Athrú Aeráide, Tógáil ar Athléimneacht um Athrú Aeráide 2012, ar bhonn leanúnach trí fheidhmiú cuspóirí tacaíochta sa bplean seo, go háirithe iad siúd a thacaíonn le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus malartacha, iompar inbhuanaithe, cáilíocht aeir, bithéagsúlacht, infreastruchtúr glas, bainistíocht crios an chósta, tuile agus creimeadh ithreach.

### **Cuspóir DS 9 – Tionscadail/ Oibreacha Feabhsúcháin Gaolmhara/Infrastruchtúr agus Measúnú Oiriúnach**

Cinntigh go bhfuil aon tionscadail bheartaithe agus aon oibreacha feabhsúcháin bainteach leo nó infrastruchtúr gaolmhar bainteach le tionscadail fuinnimh in-athnuaite; soláthar uisce agus aistarraingt; fuíolluisce agus scaoilte; maolú agus cosc tuilte; bóithre, línte cumhachta agus teileachumarsáid; agus foráil áineasa agus chaitheamh aimsire faoi réir ag Measúnú Oiriúnach nuair is cuí.

### **Cuspóir DS 10 – Tionchair Forbairtí ar Shuíomhanna Cosanta**

Aird a thabhairt ar thionchair forbartha ar nó gar do Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá ann cheana nó molta, Limistéir Chosanta Speisialta agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta, Anaclanna Dúlra, Suíomhanna Ramsar, Tearmann Éanlaithe Fiáine, Uiscí Salmainide, Tearmainn do Flora agus

Fauna, Páirc Náisiúnta Chonamara, uiscí sliogéisc, abhantrach diúilicíní péarla fionnuisce agus aon síomh ainmnithe eile lena n-áirítear ainmniúcháin a dhéanfar amach anseo.

#### **Cuspóir DS 11 – Conairí Forbartha Straitéiseacha**

Fás nua a chomhordú laistigh de phríomhbhailte, sráidbhailte agus lonnaíochtaí feadh na gconairí forbartha straitéiseacha ar fud an Chontae chun patrúin forbartha níos inbhuanaithe a chruthú agus chun infheistíocht phríobháideach agus phoiblí a dhéantar laistigh den Chontae a bharrfheabhsú agus tacú le forbairt oiriúnach na Conaire Geilleagraí Straitéisí.

#### **Cuspóir DS12 – Forbairt bunaithe ar Sheirbhísí**

Ní cheadófar forbairt ach amháin sa chás go bhfuil soláthar sásúil uisce agus dramhuisce ann leis an bhforbairt a sheirbhísí, soláthar atá ann cheana nó soláthar a bheidh le cur ar fáil ag an iarratasóir an t-am céanna leis an bhforbairt.

#### **Cuspóir DS 13 – Monatóireacht SEA ar an bPlean**

Tabhairt faoi mhonatóireacht SEA ar an bplean lena chinntiú go n-aithnítear aon tionchair suntasacha comhshaoil ionchasacha a bhainfeadh leis an bplean a fheidhmiú agus le gur féidir dul i ngleic leo dá réir.

## 2.4 An Croí-Straitéis

Is cuid dhílis den Straitéis Spáis í An Croí-Straitéis. Déanann sí na spriocanna daonra do Ghaillimh atá leagtha amach sna Treoirínte Pleanála Réigiúnaí a thrasú agus déanann iad a leithroinnt ar fud an Chontae, rud a chinneann an Chéimiúlacht Lonnaíochta ina sheal agus cuireann réasúnaíocht ar fáil do mhéid agus do láthair na talún a bhfuil sé i gceist criosú a dhéanamh air.

Is ceanglas reachtúil faoin *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú) é ullmhú Croí-Straitéise mar chuid de phróiseas Phlean Forbartha an Chontae, a bhunaíonn straitéis fianaise-bhunaithe shoiléir d'fhorbairt spáis inbhuanaithe an Chontae. Is meicníocht freisin é a léiríonn go bhfuil cuspóirí an Phlean Forbartha ag teacht le cuspóirí forbartha réigiúnacha agus náisiúnta mar atá leagtha amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta agus sna Treoirínte Pleanála Réigiúnaí.

### CEANGLAIS REACTÚLA DON CHROÍ-STRAITÉIS

#### Ceanglaíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt ar an gCroí-Straitéis:

- Eolas ábhartha a chur ar fáil chun a léiriú go bhfuil an Plean Forbartha agus an Straitéis Tithíochta ag teacht leis an Straitéis Spáis Náisiúnta agus le Treoirínte Pleanála Réigiúnaí.
- Aird a thabhairt ar aon pholasaí de chuid an Aire maidir le spriocanna daonra.
- Na ceanglais do chriosú talún d'úsáid chónaitheach agus/nó meascán d'úsáid chónaitheach agus úsáid eile a chainníochtú agus na haonaid tithíochta atá le háireamh sa cheantar a chainníochtú.
- An chaoi a dtagann moltaí criosaithe le polasaí náisiúnta a léiriú agus go ndéanfar forbairt ar bhonn céimnithe.
- Léiriú gur thug an tÚdarás Pleanála aird ar aon treoirínte Aireachta a bhaineann le miondíol agus cuspóirí maidir le forbairt miondíola á leagan amach sa bplean.
- Ordthas lonnaíochta a leagan amach.
- Léiriú amhairc/Mapa Croí-Straitéise de chineál léaráide a bheith san áireamh, a léiríonn an t-eolas thuas.
- Tábla Croí-Straitéise a bheith san áireamh, a thugann achoimre ar na príomhstaitisticí sa Chroí-Straitéis maidir le dáileadh daonra agus tithíocht sa todhchaí agus a ailíniú leis na Treoirínte Réigiúnacha Pleanála.

## Príomhaidhmeanna na Croí-Straitéise

- Tógáil ar na naisc ar an leibhéal réigiúnach idir Contae na Gaillimhe, an Tairseach agus áiteanna eile de Réigiún an Iarthair trí thacú le forfheidhmiú na straitéise spáis réigiúnaí, mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Pleanála do Réigiún an Iarthair. Tá sé d'aidhm ag an straitéis spáis réigiúnach Tairseach na Gaillimhe, Mol Thuama agus Mol Nasctha Bhéal an Átha-Caisleán an Bharraigh a fhorbairt, tacaíocht aici ó fhorbairt Thairseach Bhaile Átha Luain agus ó na príomhbhailte, forbairt ionad lonnaíochta eile á spreagadh agus forbairt oiriúnach i gCeantair Tuaithe an réigiúin.
- Foráil d'fhás an Chontae i dtreo spriocdhaonra de 198,500 duine faoi 2022, mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010-2022 agus an chuid sin d'fhás an daonra a bhfuil súil leis go dtí 2021 a dháileadh, de réir na Straitéise agus Orlathais Lonnaíochta atá leagtha amach sa bplean seo.
- Díriú ar fhás níos mó i Molbhaile Thuama, sna príomhbhailte, bailte agus sráidbhailte eile ar leibhéal íochtaire, ar bhealach seicheamhach, an ról a bheidh ag naisc nua infrastruchtúir agus iompair phoiblí dóibh amach anseo á aithint fad agus a choinnítear inmharthanacht pobal tuaithe i gcúlchríocha na mbailte agus na sráidbhailte seo.
- Ardleibhéal cosanta comhshaoil a chinntiú i bhforfheidhmiú na Croí-Straitéise agus aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha an phlean.

### 2.4.1 Mar atáthar ag teacht leis an Straitéis Spáis Náisiúnta agus Na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha

Go ginearálta, is iad seo a leanas príomhchuspóirí na *Straitéise Spáis Náisiúnta* agus na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010-2022* ar chóir go n-ailíneodh Plean Forbartha an Chontae leo:

#### Cuspóirí Straitéiseacha na SSN agus RPGanna

- Soláthar d'fhás daonra de réir spriocanna daonra réigiúnacha.
- Cur chun cinn forbairt réigiún an iarthair, go háirithe do Ghailimh, Tairseach Chathair na Gaillimh agus Molbhaile Thuama, acmhainní na Tairsí á nascadh le ceantair eile.
- Tacú leis na rólanna comhfhreagracha do bhailte ar mheánmhéid, bailte níos lú agus sráidbhailte mar fhócas do ghníomhaíocht shóisialta agus gheilleagrach agus forbairt chónaitheach.
- Ceantair Tuaithe bhríomhara agus éagsúlaithe a chothú agus cineálacha difriúla ceantar tuaithe a shainaithe mar aon leis an ngá freagairtí difriúla a thabhairt do chúinsí oiriúnacha.
- An tIarthar a athbheochan bunaithe ar éagsúlú geilleagair a bhí láraithe ar an talmhaíocht, agus an t-ionchas geilleagrach bunaithe in acmhainní mara, nádúrtha agus turasóireachta a aithint mar aon le cineálacha áirithe forbartha fiontair.
- Freagairt do riachtanais infrastruchtúir an réigiúin don am i láthair agus don todhcháí.
- Aithint gur réamhriachtanas é timpeallacht ardcháilíochta do rathúnas geilleagrach, comhtháthú sóisialta agus forbairt inbhuanaithe.
- Cáilíocht na beatha do gach saoránach a fheabhsú agus cultúr oidhreachta na Gaeltachta a chosaint agus a neartú.
- Naisc a láidriú ó thaobh líonraí maithe iompair, cumarsáide agus fuinnimh chun ceantair a chumasú le teacht i dtír ar a láidreachtaí féin.
- Infrastruchtúir rochtana comhtháite agus iompar inbhuanaithe a éascú agus a sholáthar, iompar

poiblí a spreagadh, éileamh ar thaisteal a íoslaghdú, sábháilteacht a uasmhéadú agus gluaiseacht éifeachtúil earraí agus daoine a chumasú.

- Comhoibriú le réigiúin eile a spreagadh le conairí geilleagracha a fhorbairt a luathaíonn fás réigiúnach foriomlán.

2.4.2 Mar atáthar ag cloí le Spriocanna Daonra Náisiúnta agus Réigiúnacha Tá na Treoirínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair tar éis éifeacht a thabhairt do spriocanna daonra náisiúnta a shannaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, trí spriocanna daonra réamhshainithe a ainmniú le huas-sprioc ag leibhéal an Chontae agus le híos-sprioc ag leibhéal an Mhoil. Ní mór do Phlean Forbartha an Chontae a bheith i gcomhréir leis na spriocanna daonra atá leagtha amach sna RPGanna, arbh é an pointe tosaigh do leithroinnt daonra na Croí-Straitéise i measc na lonnaíochtaí éagsúla laistigh den Chontae.

Spriocanna Daonra	Réigiún an Iarthair	Contae na Gaillimhe	Mol Thuama
<b>2010</b>	442,200	170,100	7,600
<b>2016</b>	484,700	185,860	8,600
<b>2022</b>	521,400	198,500	9,500
<b>Méadú ar an Sprioc 2010-2022:</b>	<b>79,200</b>	<b>28,400</b>	<b>1,900</b>

Tábla 2.1: Spriocanna Daonra Réigiún an Iarthair (Foinse: Treoirínte Pleanála Réigiúnaí 2010-2022)

Limistéar	Daonáireamh 2011
<b>Réigiún an Iarthair</b>	445,356
<b>Contae na Gaillimhe</b>	175,124
<b>Tuaim</b>	8,242
	<b>(Tuaim &amp; Purláin san áireamh)</b>

Tábla 2.2: Figiúirí Daonáirimh (Foinse: Daonáireamh 2011)

### 2.4.3 Anailís ar Fhigiúirí Daonra Réigiúnacha

Dar le hanailís ar shonraí Daonáirimh, tháinig méadú de 65,059 ar dhaonra Réigiún an Iarthair idir 2002 agus 2011, ar ionann é agus meánmhéadú de 7,229 per annum ar an daonra. Dhéanadh sprioc d'fhás daonra réigiúnach na dTreoirínte Pleanála Réigiúnaí de 79,200m thar an tréimhse 2010 go 2022, meánmhéadú daonra de 6,600 a sheachadadh gach bliain, ach é sin ráite is é 7,083 sprioc ráta fáis na RPGanna ó 2010-2016 agus 6,117 ó 2016-2022. Is daonra méadaitheach dearfach an treocht fhoriomlán go dtí seo; an méadú iarmhír ó sprioc 2010 go dtí figiúr Daonáirimh 2011 ag 3,156 nó 45% den fhás spriocdhírthe bliantúil don tréimhse 2010-2016.

Ba é sprioc daonra PGR do Réigiún an Iarthair in 2010 ná 442,200. Nuair a chuirtear an meánfhás bliantúil ó 2002-2011 de 7,229 leis an bhfigiúr seo de 442,200, tagann figiúr de 449,429 chun cinn do 2011, atá beagán níos airde ná figiúr iarbhair daonra an Daonáirimh do Réigiún an Iarthair, arbh ionann é agus 445,356. Tá ag éirí go maith le Contae na Gaillimhe agus é ag dul i dtreo sprice RPG 2016, mar gurb é 2,627 an meánráta fáis bliantúil a bhfuil coinne leis do Chontae na Gaillimhe agus tá an ráta fáis iarbhair do Chontae na Gaillimhe do 2010 go 2011 beagnach dhá oiread an fhiúir sin ag 5,024.

Tá réamhaisnéisí daonra náisiúnta á n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) bunaithe ar thorthaí Daonáirimh 2011. Nuair a bhíonn siad seo ullmhaithe meastar go n-ullmhóidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil spriocanna daonra leasaithe do Limistéir Údarás Áitiúla, Tairseacha agus Moil a mbeidh tionchar acu ar an gcéad athbhreithniú eile de na Treoirínte Pleanála Réigiúnaí. Meastar áfach nach mbeidh athruithe suntasacha ar spriocanna daonra dá bharr mar go leanann na spriocanna daonra i Réigiún an Iarthair orthu ag soláthar bonn réadúil d'fhorbairt an réigiúin agus don Chroí-Straitéis do Chontae na Gaillimhe don tréimhse 2015 go 2021.

#### 2.4.4 Anailís ar Fhigiúirí Daonra Contae

Tháinig méadú ar dhaonra limistéir riaracháin Chontae na Gaillimhe ó 143,245 in 2002 go 175,124 duine in 2011. Ar na figiúirí is inchurtha idir an daonra iarbhír agus spriocanna tá Figiúirí Daonáirimh 2011 de 175,124 agus na meastacháin shonraithe RPG de 170,100, difríocht de 5,024.

Ag leibhéal an Chontae mhéadaigh an daonra de 31,879 ó 2002 go 2011, ar mheánmhéadú bliantúil de 3,542 duine é per annum. Is é 15,760 an daonra sprice RPG don tréimhse 2010 go 2016, ar ionann é agus meánfhás bliantúil de 2,627 duine per annum. Mar sin d'fhéadfadh go mbeadh figiúirí daonra 2011 tar éis 173,642 nó 172,727 a bhaint amach dá leanfadh na treochtaí seo, an dá fhigiúr seo faoi bhun figiúr iarbhír an Daonáireamh 2011 de 175,124, difríocht de 1,482 nó 2,397 duine faoi seach. Mar ar tagraíodh dó roimhe seo, léirigh Tuarascáil Bhliantúil Údaráis Réigiúnaigh an Iarthair 2011 go bhfuil Contae na Gaillimhe ar an mbóthar ceart le spriocanna RPG 2016 a bhaint amach.

Figiúirí Daonra	Contae na Gaillimhe	Tuaim (& Purláin)
Daonáireamh 2002	143, 245	5,947
Daonáireamh 2006	159,256	6,885
Meastacháin RPG 2010	170,100	7,600
Daonra 2011	175,124	8,242
Spríoc RPG 2016	185, 860	8,600
Spríoc RPG 2022	198, 500	9,500

**Tábla 2.3: Figiúirí Daonáirimh & Spriocanna Daonra RPG**

(Foinse: Daonáireamh 2002, 2006, 2011 & Treoirínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010-2022)

#### 2.4.5 Anailís ar Fhigiúirí Moil Thuama

Is é Molbhaile Thuama an t-aon sprioc daonra sonrath eile sna RPGanna a bhaineann le limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe. Nuair a dhéantar anailís ar na figiúirí seo, cosúil leis an gceann a rinneadh ar fhigiúirí an Chontae thuas, leagann sé béim ar fhigiúirí daonra iarbhír i gcomparáid le spriocfhigiúirí daonra atá ag dul i mead ag ráta níos airde ná mar a raibh coinne leis.

Mhéadaigh daonra Thuama ó 5,947 duine in 2002 go 8,242 duine in 2011, méadú de 2,295 duine ar mheánmhéadú bliantúil de 255 duine é, per annum. Is é 1,000 duine sprioc daonra RPG do Thuaim don tréimhse 2010 go 2016, ar ionann é agus meánfhás bliantúil measta de 167 duine per annum. Mar sin d'fhéadfadh figiúirí daonra 2011 bheith tar éis 7,855 nó 7,767 a bhaint amach dá leanfadh na treochtaí seo agus bhíodar siúd araon níos lú ná figiúr iarbhír Daonáirimh 2011 de 8,242, difríocht de 387 nó 475 faoi seach. Ba iad 8,242 figiúirí daonra Daonáirimh 2011 do Thuaim i gcomparáid le meastacháin RPG 2010 de 7,600. D'ainneoin daonra a bhí níos airde ná mar a raibh coinne leis ag Tuaim, is díol suntais go bhfuil na figiúirí leithroinnte réigiúnacha do Thuaim bunaithe ar íos-spriocanna daonra, a stádas mar Mholbhaile á chur san áireamh, agus mar sin gur féidir freastal ar an daonra breise nuair a fhanann fás foriomlán an daonra don Chontae laistigh d'uas-spriocanna an Chontae atá leagtha síos ag na RPGanna.

#### 2.4.6 Leithroinnt Daonra

D'fhoráil *Plean Forbartha an Chontae 2009-2015* d'uas-sprioc daonra de 15,760 don tréimhse 2016, trína Chroí-Straitéis. Bhí an sprioc seo le baint amach trí thithíocht do 10,227 duine a chur ar fáil ar thalamh criosaithe laistigh de limistéir uirbeacha an Chontae agus trí chóireáil a chur ar fáil do 5,533 duine i lonnaithe eile agus faoin tuath. Forálann na *Treoirínte Pleanála Réigiúnaí* d'uas-sprioc daonra contae de 198,500 go dtí an tréimhse 2022, ach os rud é go ritheann fráma ama ***Plean Forbartha an Chontae ó 2015-2021***, ní mór coigeartuithe a dhéanamh chun foráil don bhliain bhreise. Cinneadh an mhodheolaíocht seo i gcomhairle le hÚdarás Réigiún an Iarthair atá sásta leis an gcur chuige a ghlacadh. Léiríonn an tábla a leanas an chaoi ar tháinig an tÚdarás Pleanála ar na leithroinnte daonra a bheidh san áireamh sa Tábla Croí-Straitéise reatha.

<b>Figiúirí Daonra</b>	<b>Ríomhanna Coigeartaithe Daonra</b>
<b>Leithroinnt Daonra RPG 2010-2016 (6 bliana)</b>	<b>Meastacháin do 2010 = 170,100</b> <b>Meastacháin do 2016 = 185,860</b> <b>(185,860 – 170,100) = 15, 760</b>  <b>15,760 / 6 = 2,626.6 Duine</b> Meánmhéadú bliantúil per annum
<b>Leithroinnt Daonra RPG 2016-2022</b>	<b>Meastacháin do 2016 = 185,860</b> <b>Meastacháin do 2022 = 198,500</b> <b>(198,500 – 185,860) = 12,640</b>  <b>12,640 / 6 = 2,106.6 Duine</b> Meánmhéadú bliantúil per annum
<b>Plean Forbartha an Chontae 2015-2021 = 6 Bliana</b>	<b>Blianta 2015-2016 = 2,626.6 duine</b> <b>2016-2017 = 2,106.6 duine</b> <b>2017-2018 = 2,106.6</b> <b>2018-2019 = 2,106.6</b> <b>2019-2020 = 2,106.6</b> <b>2020-2021 = 2,106.6</b>  2016-2021 = 2,626.6 + 5(2,106.6) <b>=13,159.6</b>
<b>Leithroinnt Daonra na Croí-Straitéise do 2015-2021</b>	<b>13,160 duine</b>

**Tábla 2.4: Ríomhanna Leithroinnt Daonra na Croí-Straitéise 2015-2021**

#### 2.4.7 Feidhmiú Leithroinntí Daonra na Croí-Straitéise

Leagann An Croí-Straitéis amach na figiúirí ábhartha do na spriocanna daonra agus don cheangaltas talún tithíochta gaolmhar do na limistéir uirbeacha éagsúla liostaithe i dTábla na Croí-Straitéise ag deireadh na caibidle seo. Léirítear an ceangaltas talún tithíochta trí chandam na dtailte criosaithe a éascaíonn forbairt chónaitheach. Níl criosú mionsonraithe i *bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021* do na lonnaíochtaí toisc go dtugtar aghaidh go sonrach ar chriosú do na bailte agus do na sráidbhailte éagsúla sa Plean Limistéir Áitiúil ábhartha, de réir mar is cuí, a bhíonn ann go ginearálta do na bailte go léir a bhfuil daonra de bhreis ar 1500 iontu. Caithfidh an Chroí-Straitéis a leagan amach freisin an chaoi a bhfuil sé beartaithe aici aghaidh a thabhairt ar shaincheist aon ró-chriosaithe sna Pleananna Limistéir Áitiúil atá ann. Maidir leis seo, is í an cur chuige a nglactar leis ná forbairt sheicheamhach chéimnithe agus athchriosú talún de réir mar is cuí, chun aghaidh a thabhairt ar aon ró-chriosú agus srianta comhshaoil a shainaithnítear. Cinnteoidh sé seo go bhfanann candam na dtailte criosaithe atá ar fáil le haghaidh forbartha laistigh den leithdháileadh a bhfuil cur síos air faoin gCroí-Straitéis agus go bhfuil na Pleananna Limistéir Áitiúil ag teacht le Plean Forbartha an Chontae. Cinnteoidh an cur chuige seo freisin go ndéantar na lonnaíochtaí uirbeacha a chomhdhlúthú trína gcoinneáil chomh dlúth go fisiciúil agus is féidir, rud a laghdaíonn éileamh ar thaisteal, ar a sheal, a dhéanann comhtháthú níos fearr ar úsáid talún agus roghanna iompair, rud a cheadaíonn cur chun cinn bealaí iompair níos inbhuanaithe.

#### 2.4.8 An Croí-Straitéis agus an tOrdLathas Lonnaíochta

Ceanglaítear go reachtúil ar an gCroí-Straitéis foráil do Chéimíúlacht Lonnaíochta ar chuid de bhonn na Straitéise Spáis don Chontae í. Ciallaíonn an chéimíúlacht lonnaíochta go sanntar céim do bhaile bunaithe ar mheasúnú ón Údarás Pleanála ar an ról, feidhm agus ar an ionchas beartaithe d'fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach an bhaile. Déileáiltear go mion leis an Straitéis Lonnaíochta agus an Chéimíúlacht Lonnaithe i gCuid 2.6 thíos, a chuireann mionsonraí ar fáil freisin ar limistéir thuaithe an Chontae a bhfeidhmíonn na treoirlínte pleanála aireachta *Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe-Treoirlínte d'Údarás Pleanála* (2005) ina leith.

#### 2.4.9 Ceadúnais ar marthain agus Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe



Ag ullmhú na Croí-Straitéise, rinneadh anailís ar cheadúnais ar marthain maidir le tailte cónaitheacha laistigh de Leibhéal 1, 2, 3 agus 4. Léirigh an anailís go mbaineann tromlach na n-aonad a bhfuil ceadúnais ar marthain ag gabháil leo le criosú R1 (Céim 1) sna lonnáiocthaí a bhfuil Pleananna Limistéir Áitiúil acu. Ainneoin sin, ta méid áirithe neamhchinnteacht a bhaineann le ceadúnais ar marthain chomh maith le roinnt athraitheach le tógáil san áireamh. D'fhéadfadh roinnt de na ceadúnais dul in éag sula nglacfaí leis an bplean seo, d'fhéadfaí síneadh ama a chur le roinnt de na ceadúnais de bhun alt 42 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), d'fhéadfaí nach leanfaí ar aghaidh le hobair thógála ar na ceadúnais de bharr saincheisteanna inmharthanachta agus neamhchomhlíonta maidir le rialacháin nua tógála a cuireadh i bhfeidhm, cé go bhféadfaí, ar an lámh eile, go ndéanfaí cuid de na ceadúnais a fhorbairt. Níltear ag súil go bhforbrófar formhór na gceadúnas ar marthain ná go mbeidh na ceadúnais faoi réir iarratais phleanála athbhreithnithe. Beidh eolas níos cruinne ar an seasamh maidir le forbairtí den sórt sin le fáil ag an gcéad athbhreithniú eile de chuid na bPleananna Limistéir Áitiúil agus díreofar ar na ceisteanna sin ina n-iomláine le linn an athbhreithnithe sin.

Tá na figiúirí a bhaineann le ceadúnais ar marthain sonraithe i dTábla 2.5 atá i gceangal mar Aguisín B i ndeireadh na tuarascála seo. Táthar ag tabhairt aghaidh ar eastáit neamhchríochnaithe na tíre faoi láthair trí chur i bhfeidhm na dtreoirlínte náisiúnta *Treoir maidir le Bainistiú agus le Réiteach ar Fhorbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe* (DoECLG, 2011) agus trí leithdháileadh airgid ón gCiste Náisiúnta Réitigh Suímh. Maraon le ceadúnais ar marthain, níl aon chinnteacht leis an toradh a bheidh ar na haonaid neamhchríochnaithe, ag tógáil san áireamh céimeanna tógála éagsúla na n-aonad, na páirtithe leasmhara bainteacha agus cibé a dtabharfar na haonaid chun críche, cibé a ndíolfar na haonaid, an mbeidh cónaí sna haonaid nó an leagfar iad.

Tá sé beartaithe nach mbeidh aon tairbhe soláthair thar thréimhse an phlean ach ag na haonaid fholmha atá tugtha chun críche agus de réir na bhfigiúirí is deireanaí atá ar fáil, tá 295 aonad in iomlán sa tír faoi láthair. Tá sé deacair an t-éileamh reatha sa mhargadh ar aonaid dá shórt a mheas go cuí, sa chás go bhfuil an ceantar ina bhfuil na haonaid lonnaithe mar phríomhthoisic inmhianaitheachta. Díreofar ar an tsaincheist seo diáidh ar ndiaidh de réir mar a thagann eolas chun cinn agus tabharfaidh an chéad athbhreithniú eile a dhéanfar ar na Pleananna Limistéir Áitiúil deis chun an t-eolas ar fad atá ar fáil a thabhairt le chéile ag an am sin. Ba chóir aird a thabhairt go dtagann Eastáit Neamhchríochnaithe faoi theideal ceadúnas ar marthain agus mar atá dearbhairte thuas tá a bhformhór sin le fáil i gCéim 1 de na tailte criosacha atá roghnaithe chun críocha cónaitheacha. Tugtar eolas maidir le heastáit neamhchríochnaithe i dTábla 2.5.

Baile	Aonaid ar marthain R1 (nó a chomhionann)	Aonaid ar marthain R2 (nó a chomhionann)
Tuaim	86	64
Béal Átha na Sluaighe	39 (Céim1) & 0 (Céim2)	271 (Céim 1) & 26 (Céim2)
Baile Locha Riach	29	76
Órán Mór/An Garrán	211	68
Baile Átha an Rí	293	100
An Gort	24	282
An Clochán	0	1
Bearna	32	11 (R2+OV+IV Criosuithe)
Port Omna	178	0 (42 Aonad ar Chriosú Uile-Úsáide)
Maigh Cuilinn	157	47
Baile Chláir	6	0
Na hArdáin	-	-
Uachtar Ard	5	0
Áth Cinn	185	16
An Cheathrú Rua	0	1
Creachmhaoil	59	0
An Spidéal	0	2
<b>IOMLÁN:</b>	<b>1,307</b>	<b>965</b>

Tábla 2.5: Aonad a bhaineann le Ceadúnais ar Marthain i Lonnáiocthaí Plean Limistéir Áitiúil

## 2.4.10 Rátaí Folúntais & Toradh Cónaitheach ar Chriosuithe Idirmheasctha

### Rátaí Folúntais

Léiríonn an Daonáireamh is deireanaí go seasann an meánráta folúntais cónaitheach do Chontae na Gaillimhe ag 19.4%, arb ionann leis an bhfigiúr de 15,066 aonad ina bhfuil 3,274 díobh rangaithe mar thithe saoire folmha. Ag féachaint don líon ard aonad folamh sin, tá na folúntais curtha san áireamh sa Chroí-Straitéis sna figiúirí chomh maith agus is féidir. Áirítear agus cuirtear i bhfeidhm an ráta folúntais de 19.4% sna figiúirí a chuirtear i láthair chun teacht ar na figiúirí a léirítear i gColún 7 sa Tábla dar teideal *Aonaid Tithíochta ar Thailte Criosacha Cónaitheacha de Chriosú 100%*, agus d'imir tionchar dá bhrí sin ar na figiúirí eile atá léirithe sa tábla.

Aithnítear go gcuireann aonaid fholmha leis an soláthar agus ar an gcúis sin rinneadh líon na n-aonad a mheas leis na ceangaltais éilimh a dhéanfar amach anseo. Tá an Straitéis Tithíochta ar an eolas maidir leis an ráta folúntais agus leis na figiúirí a léirítear sa ráta sin. Léiríonn an cur chuige an fháil ar an tacar sonraí is fearr atá ar fáil ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), a chuireann cosc faoi láthair ar anailís níos sonraíche maidir le tithe saoire/athbhailte. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach dtógann an ráta folúntais san áireamh an gnáthráta folúntais aimhréireach a mbeadh ráta níos ísle mar thoradh air, ná an ráta a cuireadh i bhfeidhm sna figiúirí a cuireadh i dtoll a chéile sa Tábla Croí-Straitéise.

### Toradh Cónaitheach ar Chriosuithe Idirmheasctha

Rinneadh anailís ar stair na pleanála i gcriosuithe idirmheasctha agus/nó ar chriosuithe lár baile do na Lonnaíochtaí móra. Ní léiríonn an patrún forbartha a chonacthas i mbailte na Gaillimhe thar thréimhse fhada go soláthraíonn an saincheantar lár baile idirmheasctha forbairtí cónaitheacha atá ar aon mhéid suntasach. Ceadáíodh roinnt forbairtí lár baile le linn tréimhse an fháis eacnamaíoch inar áiríodh úsáidí tráchtála agus cónaitheacha agus cé go ndearnadh roinnt de na tograí beaga a fhorbairt, níor cuireadh tús le formhór na bhforbairtí móra a bhí beartaithe. Ag tógáil san áireamh cúrsaí eacnamaíocha reatha agus na cineálacha forbairtí atá i gceist, níltear ag súil go rachaidh na forbairtí seo chun cinn.

### 2.4.11 Méid an Teaghlaigh agus Sonruithe Dlúis

Tá na figiúirí 2.4 do bhaile Thuama agus 2.6 don chuid eile don Chontae ar na figiúirí a úsáidtear sa Chroí-Straitéis chun méid an teaghlaigh a mheas. Sin iad na huimhreacha céanna a úsáidtear i gCroí-Straitéis *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2009 – 2015*, mar a bhí curtha ar fáil ar dtús sna *Treoirlínte maidir le Pleanáil Réigiúnach do Réigiún an Iarthair*. Úsáidtear sonruithe dlúis go hiondúil chun déine forbraíochta a bhainistiú agus chun a chinntiú nach gceadaítear do dhlúsanna nach bhfuil leordhóthanach agus a chuirfeadh as do sheirbhísí atá ann cheana féin, a laghdódh an rogha maidir le roghanna tithíochta agus a bhainfeadh an bonn d'ímharthanacht roghanna iompair inbhuanaithe. Spreagann dlúsanna arda i gceantair chúil infheistiú ar infreastruchtúr atá ann cheana, soláthraíonn tacaíocht d'fhostaíocht an cheantair, cuidíonn le pobail inbhuanaithe agus chuimsitheach a chruthú agus déanann carachtar tuaithe na háite mórthimpeall agus úsáid talmhaíochta na talún a chur chun cinn. I ndáil le dlús agus an Croí-Straitéis, cuireann an Tábla Croí-Straitéise bonn tuisceana dlúis tásacha ar fáil chun críocha riachtanas maidir le forbairt talún a mheas do lonnaíochtaí faoi leith atá liostaithe sa tábla. Ina theannta sin, léiríonn na Pleananna Ceantair Áitiúla, a ullmhaíodh do roinnt lonnaíochtaí sa Chontae agus léiríonn Caibidil 3 agus DM Caighdeán 2 den bPlean seo, na dlúsanna go sonracha a bhreithnítear a bheth cuí sna lonnaíochtaí éagsúla laistigh de na leibhéil ordlathais lonnaíochta.

### 2.4.12 An Croí-Straitéis agus Straitéis Iompair

Leagann Caibidil 5 de Phlean Forbartha an Chontae síos an Straitéis Iompair a thacaíonn leis an Straitéis Spáis, An Croí-Straitéis agus an Chéimíúlacht Lonnaíochta don Chontae. Forálann sé creat iompair straitéiseach a spreagann idirnáisc idir an Mol, na príomhbhailte agus lonnaíochtaí eile. Díríonn an Straitéis Lonnaíochta ar ionaid daonra a fhorbairt feadh líonra iompair an Chontae atá ann faoi láthair, chun an mhais chriticiúil a sholáthar chun tacú le cothabháil agus le forbairt an líonra, agus i gcás iarnród Chonair Iarnróid an Iarthair, an mhais chriticiúil a sholáthar agus a athoscailt iomlán sa todhchaí a éileamh rud a rachaidh chun leasa an Chontae agus an Réigiúin ina iomláine. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe uirthi ag tacú le síneadh agus le feabhsúcháin ar infrastructúr atá ann laistigh den Chontae, mar líonraí bóthair, rothair, calafoirt agus cuain agus tacaíonn, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, le feabhsúcháin ar sheirbhísí iarnróid, aeir agus bus, lena n-áirítear an Clár Iompair Tuaithe. Cuirtear mionsonraí den líonra náisiúnta agus réigiúnach ar fáil agus na bealaí

iarnróid chomaitéara agus idir-uirbeacha sa Chontae ar fáil i gCaibidil 5 ar Mhapa Tl 1-Lionra Iompair Straitéiseach.

#### 2.4.13 Uisce agus Acmhainn Fuíolluisce

Ag ullmhú na Croí-Straitéise, tugadh aird ar sholáthar uisce, ar infreastruchtúr fuíolluisce agus ar an bhfáil atá ar acmhainneacht sna líonraí soláthair poiblí. Tá an fhreagracht maidir le soláthar na seirbhísí seo anois faoi chúram Uisce Éireann, le tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe nuair is cuí. Cé gurb é an príomhchuspóir caighdeán uisce an Chontae a fheabhsú, a chaomhnú agus chun cur i bhfeidhm an Chreat-treoir Uisce agus Plean Bainistíocht Abhantraí an Iarthair a chinntiú, aithnítear go bhféadfadh an fháil ar infreastruchtúr a bheith teoranta i gcuid de na príomhbhailte agus de na lonnaíochtaí a ainmnítear sa Tábla Croí-Straitéise. Ainneoin sin, i leithdháileadh daonra chuig na bailte agus sráidbhailte sa Chontae, rinneadh cinntí straitéiseacha a bhí bunaithe ar ról agus ar fheidhm bheartaithe na lonnaíochta faoi leith leis an eolas go bhfuil infheistíocht infreastruchtúir riachtanach.

Tá se beartaithe go gcuideodh cuimsiú sa Chroí-Straitéis le cur chuige pleanbhunaithe a sholáthar chun an infheistíocht riachtanach a dhainiú amach anseo. Dearbhaíonn na cuspóirí atá leagtha síos san alt seo den bplean go soiléir, nach féidir le forbairt dul ar aghaidh mura bhfuil an t-infreastruchtúr fuíolluisce agus uisce riachtanach ag feidhmiú chun seirbhís a sholáthar.

#### 2.4.14 An Croí-Straitéis agus Forbairt Miondíola

Ceanglaítear go reachtúil ar an gCroí-Straitéis freisin eolas a bheith ann a léiríonn, agus cuspóirí d'fhorbairt mhiondíola á leagan amach, gur chuir an tÚdarás Pleanála na Treoirínte Pleanála Miondíola san áireamh agus go bhfuil na meastacháin d'fhorbairt mhiondíola a theastaíonn sa todhcháil bunaithe ar na spriocanna daonra sonracha agus iad curtha san áireamh iontu. Agus aghaidh á thabhairt ar an gceanglas seo tá sé i gceist ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Straitéis Mhiondíola a ullmhú i gcomhar/gcomhairle le Comhairle Cathrach na Gaillimhe mar a leagtar síos i gCaibidil 4, Cuspóir R3 den phlean seo. Cuirfidh an Straitéis Mhiondíola seo na ceanglais thuas san áireamh. Leagann Caibidil 4 den phlean amach an chéimiúlacht mhiondíola don Chontae agus cuireann roinnt cuspóirí eile ar fáil maidir le bainistíocht miondíola, atá leagtha laistigh de chreat na *d'Treoirínte Pleanála Miondíola d'Údarás Phleanála 2012*. Ailíníonn an chéimiúlacht mhiondíola le hainmniú lonnaíochtaí i dtábla na Croí-Straitéise agus an Chéimiúlacht Lonnaíochta ghaolmhar, agus an Molbhaile, baile an chontae agus na príomhbhailte mar phríomhfhócas d'fhorbairtí miondíola nua. Spreagfar freisin, áfach, forbairtí nua miondíola ar scála iomchuí ar láithreacha lánacha eile laistigh de 'Bhailte eile' agus 'Lonnaíochtaí Eile'.





#### 2.4.15 Forbairt Eacnamaíoch agus Úsáidí Talún Eile


Chuir úsáidí talún mar úsáidí fostaíochta/tionscail agus roghanna iompair an Croí-Straitéis agus an Straitéis Lonnaíochta ar an eolas i dtéarmaí chun cuidiú leis an ról agus leis an acmhainn atá ag lonnaíochtaí ar leith a aithint le haghaidh forbairt agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na ceantair ar cheart na leithdháilte daonra faoin gCroí-Straitéis a lonnú. Aithníonn an Croí-Straitéis agus an Straitéis Spáis, i dtaca leis na Treoirínte Réigiúnacha Pleanála do Réigiún an Iarthair, na ceantair tosaíochta i ndáil le forbairt eacnamaíoch don Chontae, ar nós na bhforálacha do Chonair Eacnamaíoch Straitéiseach chuig limistéar oirthear an Chontae, an ról atá ag ceantair uirbeacha i gcothabháil cúrsaí eacnamaíocha, an tábhacht atá le hinfeistíocht eachtarch dhíreach a mhealladh, le tionscal dúchasach a chur chun cinn, le hearnáil an bhia agus na ceardaíochta, le turasóireacht, le fuinneamh in-athnuaite agus leis an ngeilleagar cliste atá sonraithe ina n-iomláine i gCaibidil 4 den bPlean agus ar Léarscáil ED 1.

Ina theannta sin, tugann Caibidil 6 sonraí ar bheartais agus ar chuspóirí i ndáil le seirbhísí agus le hinfreastruchtúr atá ríthábhachtach i soláthar tacaíochta d'fhorbairt tionsclaíoch agus tráchtála i dtailte criosacha agus i dtailte neamhchriosacha araon sna príomhbhailte agus i lonnaíochtaí beaga. Rinne an treoir náisiúnta ar fhorbairt iompair agus ar fhorbairt chónaitheach, mar an beartas ar *Thaisteal níos Cliste – Todhcháil Iompair Inbhuanaithe (2009-2020)*, na *Treoirínte maidir le Bóithre Náisiúnta agus Pleanáil Spáis i gCeantair Uirbeacha (2012)* agus na *Treoirínte d'Fhorbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (2009)* an Croí-Straitéis a chur ar an eolas chomh maith, ag moladh an riachtanas chun forbairt uirbeach fuinte a chur chun cinn, spleáchas an phobail ar charranna a laghdú agus soghluaiseacht inbhuanaithe a chur chun cinn. Déantar é seo a bhaint amach trí thithíocht a chomhtháthú go dlúth le húsáidí talún suntasacha mar chriosuithe fostaíochta













agus tráchtála, saoráidí pobail agus conláiste agus chun réimsí dóthanacha talún a aithnítear chun críocha fostaíochta ag suíomhanna feiliúnacha a chinntiú, ag tógáil san áireamh na beartais náisiúnta pleanála mar atá luaite thuas agus an fháil atá ar infreastruchtúr fisiciúil riachtanach, seirbhísí uisce agus rochtana go háirithe.

*Áirítear sonraí ó Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann arna áitirgeadh faoi uimhir Cheadúnais OSi 2010/15/CGMA/ Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Sárainn áitirgeadh neamhdaraithe Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus Cóipcheart Ríochas na hÉireann*

-  Teorainn Contae
-  GTPS
-  Ceantar Cathrach na Gaillimhe
-  Geatabhealach na Gaillimhe



**Nóta: Níl Lonnaithe Beaga Léirithe**

-  Molbhaile Thuama
-  Molbhaile Bhéal Átha na Sluaighe
-  Príomhbhaile/Bailte Eile (>1500)
-  Bailte & Sráidbhaile Eile (<1500)
-  Príomhbhóithre Náisiúnta
-  Bóithre Náisiúnta den Dara Grád
-  Bóithre Réigiúnacha
-  Mótarbhealach (M6)
-  Stáisiún Traenach
-  Líne Iarnróid
-  Líne Iarnróid atá Beartaithe
-  Conair Straitéiseach Eacnamaíoch
-  Nód Straitéiseach na nArdán/An Garrán
-  Conairí Forbartha Straitéiseacha



**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
Galway County Council

*Phlean Forbartha Contae 2015-2021*

Teideal  
**Léarscáil Croí-Straitéise - CSM**

Dáta	Línithe	Scála
Feabhra 2015	LSL	NDS

## 2.5 Cuspóirí na Croí-Straitéise

### Cuspóirí Croí-Straitéise

#### **Cuspóir CS 1 – Foráil Chéimiúlachta Lonnaíochta**

Forálfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe líonra ordlathais láidir lonnaíochtaí, sainmhínithe go soiléir, a cheadaíonn fás cothrom agus inbhuanaithe geilleagair an Chontae.

#### **Cuspóir CS 2 – Forbairt atá ag Teacht leis an gCroí-Straitéis**

Cinnteadh Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil forbairtí a cheadaítear sa Chontae ag teacht le leithroinntí daonra an Chontae mar atá leagtha amach sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí.

#### **Cuspóir CS 3 – Forbairt Gheilleagrach agus Fostaíochta**

Spreagfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe forbairt chineálacha lonnaíochta d'úsáid mheasctha, ag tacú le Forbairt Gheilleagrach agus fostaíochta ag ionaid oiriúnacha, soláthar candam sásúil talún atá críosaithe chun críocha fostaíochta agus tionscail á chinntiú, agus ag cinntiú go mbíonn tithíocht, úsáidí fostaíochta agus saoráidí pobail lonnaithe gar dá chéile agus do chonairí iompair phoiblí nuair is féidir.

#### **Cuspóir CS 4 – Forbairt Tailte Seirbhísithe**

Cinnteadh Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil criosú tailte d'úsáid chónaitheach de réir na Croí-Straitéise agus na Straitéise Lonnaíochta chun freastal ar riachtanais forbartha an Chontae, agus a chinntiú go bhfuil forbairt tailte críosaithe faoi réir acmhainneacht leordhóthanach a bheith ar fáil sna saoráidí uisce agus fuolluisce ábhartha, roimh nó mar aon leis an bhforbairt, chun leasa cosanta acmhainní uisce sa cheantar.

#### **Cuspóir CS 5 – Céimniú Tailte Forbartha**

Beidh criosú tailte críosaithe cónaitheacha laistigh de limistéir uirbeacha bunaithe ar chur chuige seicheamhacha céimnithe mar a leagtar amach sna Pleananna Limistéir Áitiúil agus béim láidir ar phatrúin láithreacha forbartha a chomhdhlúthú, deiseanna inlíonta a spreagadh agus roghanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn.

#### **Cuspóir CS 6 – Pleananna Limistéir Áitiúil**

Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi Phleananna Limistéir Áitiúil a ullmhú do gach lonnaíocht a bhfuil daonra de bhreis ar 1,500 duine ann ar bhonn aonair nó i dtoghlimistéar Phlean Limistéir Áitiúil. Tabharfar aird ar na *Teoirlínte Pleananna Limistéir Áitiúil d'Údaráis Áitiúla* (2013) agus ar an *Lámhleabhar Pleananna Limistéir Áitiúil* (2013) a ghabhann leo.

#### **Cuspóir CS 7 – An Croí-Straitéis agus Limistéir Thuaithe**

Aithneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ról tábhachtach limistéar tuaithe sa Chontae agus tacóidh sí leis na limistéir sin agus déanfaidh sí iad a chosaint trí bhainistiú cúramach a bpríomhshócmhainní, lena n-áirítear a n-acmhainní timpeallachta agus fisiciúla, fad agus atá tacaíocht á thabhairt d'fhorbairt oiriúnach ar bhealach cothrom inbhuanaithe agus de réir na bpolasaithe agus na gcuspóirí ábhartha atá leagtha amach ar fud an phlean.

#### **Cuspóir CS 8 – An Croí-Straitéis agus Éileamh ar Fhorbairt**

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta a chinntiú go mbeidh fás foriomlán an daonra sa Chontae ag teacht leis an leibhéal fáis atá leagtha amach sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha agus san ordlathas lonnaíochta mar a leagtar amach sa Chroí-Straitéis.

## 2.6 An Straitéis Lonnaíochta

Tá lonnaíochtaí láidre riachtanach do Chontae beo bríomhar mar go dtacaíonn siad le raon post, seirbhísí agus roghanna iompair inbhuanaithe, le linn dóibh raon roghanna tithíochta a chur ar fáil agus fócas do líonraí pobail laistigh de limistéar na lonnaíochta agus thairstí. Maidir leis seo, is léiriú spáis í Straitéis Lonnaíochta ar dháileadh daonra, méid lonnaíochta, agus ról agus ordlathais lonnaíochta. Cuireann Straitéis Spáis an Chontae mar aon leis an gCroí-Straitéis an Straitéis Lonnaíochta ar an eolas, creat pleanála do lonnú daonra agus forbartha thar shaolré sé bliana an Phlean Forbartha Contae seo á chur ar fáil. Tá an Straitéis Lonnaíochta ailínithe go han-dlúth leis an gCroí-Straitéis agus aithníonn patrúin forbartha ionchasacha do limistéir difriúla an Chontae agus cuireann bonn eolais faoi pholasaí agus cuspóirí atá riachtanach chun tosca a chruthú a mbeidh

tionchar acu ar lonnú forbartha sa toadhcháí. Tugann an Straitéis Lonnaíochta freisin éifeacht do na cuspóirí níos leithne a bhfuil cur síos orthu sa *Straitéis Spáis Náisiúnta* agus sna *Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010-2022*.

### 2.6.1 Ordlathas Lonnaíochta

Tógann an Straitéis Lonnaíochta ar an Straitéis Spáis, aird á thabhairt ar uas-sholáthar daonra na Croí-Straitéise de 13,160 duine. Forbraíodh an Ordlathas Lonnaíochta le fás daonra sa toadhcháí a leithdháileadh ar na bailte éagsúla, na sráidbhailte agus limistéar tuaithe an Chontae. Tá sí tar éis an anailís ar raon critéar a chur san áireamh lena n-áirítear cumas na lonnaíochta a cion a dhéanamh i dtreo cuspóirí na Straitéise Spáis agus na Croí-Straitéise a bhaint amach, méid na lonnaíochta atá ann cheana ó thaobh treochtaí sa daonra agus fáis teaghlaigh thar thréimhse daonáireamh roimhe seo, láithreach agus acmhainn seirbhísí uisce agus fuíolluisce lena n-áirítear infheistíochtaí beartaithe in infrastruchtúr uisce agus fuíolluisce, feidhmeanna seirbhíse ( mar shampla líon na seirbhísí agus aonad miondíola), inrochtaineacht, talamh criosaithe, tírdhreach agus cúinsí oidhreachta.

Aithníonn an Chéimiúlacht Lonnaíochta seo go bhfuil catagóirí éagsúla lonnaíochtaí ann ar fud na Gaillimhe, baint chomhlántach acu go léir le rathúnas toadhcháí an Chontae. Maidir leis seo tá sí tar éis breis agus 100 lonnaíocht a shainaithint sa Chontae ó lonnaíochta beaga crosbhóthair go sráidbhailte níos mó agus príomhbhailte mar Bhéal Átha na Sluaighe agus Tuaim. Aithníonn sí freisin go gcaithfeadh freastal ar an limistéar tuaithe laistigh den Chéimiúlacht Lonnaíochta mar go bhfuil baint ríthábhachtach aige le struchtúr lonnaíochta foriomlán trí phobail tuaithe inbhuanaithe a fhorbairt.

**Tá Plean Forbartha an Chontae tar éis glacadh le córas sé shraith a bhfuil cur síos air thíos.**

Sraith	Cur Síos
<p>1. Ceantar Uirbeach na Gaillimhe</p>	<p>Is í Cathair na Gaillimhe an Tairseach aitheanta agus an tiománaí geilleagrach ríthábhachtach do Réigiún iomlán an Iarthair. Síneann na cineálacha seirbhísí a chuireann an chathair ar fáil thar teorainn na cathrach/an chontae. Áirítear ar fhostóirí suntasacha eagraíochtaí móra tionsclaíocha agus seirbhíse poiblí a fhaigheann a gcuid fostaithe ón líonra de bhailte satailíte mórthimpeall ar an gCathair. Áirítear i Ceantar Uirbeach na Gaillimhe an Tairseach agus roinnt toghrann gar don chathair atá nasctha go dofhuascailte le mórcheantar Chathair na Gaillimhe agus a fheidhmíonn mar chuid de agus áirítear ann na lonnaíochtaí satailíte rafara Órán Mór agus Bearna. Cuirfidh na pleananna níos fadtéarmaí chun ceantair na nArdán agus an Gharráin a fhorbairt le láidriú Cheantar Uirbeach na Gaillimhe freisin.</p>
<p>2. Molbhaile</p>	<p>Is í Tuaim an t-aon Molbhaile mór a shainaithnítear sa <i>Straitéis Spáis Náisiúnta</i> do Chontae na Gaillimhe agus chonacthas fás seasta daonra ann thar na tréimhsí Daonáireamh deireanacha. Tá sé beartaithe go bhforbróidh Tuaim mar Mholbhaile láidir a chomhlánaíonn an Tairseach agus a fhreastalaíonn ar abhantrach mór sa Chontae agus sa Réigiún.</p>

3. Baile an Chontae	Tá Béal Átha na Sluaighe, mar bhaile an Chontae, ar cheann de na bailte is mó i nGaillimh agus tá ról tábhachtach aige, go háirithe mar ionad tionsclaíoch/tráchtála do limistéar thoir an Chontae. Tá naisc iompair thábhachtacha ag an mbaile agus soláthraíonn éascaíocht rochtana do mhóronaid réigiúnacha eile lena n-áirítear Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Baile Átha Luain.
4. Príomhbhailte (Bailte Eile) (Daonra >1500)	Cuireann na bailte seo raon leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear sláinte, pobail, airgeadais, fostaíochta agus miondíola. Tá féiniúlacht stairiúil láidir ag cuid mhór acu mar bhailte margaidh agus tá infrastruchtúr dea-fhorbartha go maith ag a bhformhór. Teastaíonn fás marthanach sna lonnaíochtaí seo lena lánacmhainneacht a bhaint amach mar bhailte féinchothabhálacha iontu féin.
5. Sráidbhailte Eile (Daonra <1500)	Tá daonra níos lú ná 1500 duine sna lonnaíochtaí seo agus cuireann siad raon seirbhísí níos teoranta ar fáil do chúlchríocha níos lú na mar a dhéanann na príomhbhailte. Áirítear raon seirbhísí oideachais agus miondíola go minic sasoláthar seirbhíse ach seirbhísí teoranta airgeadais, sláinte agus pobail.
6. Lonnaíochtaí Eile & an Tuath	Cuireann na lonnaíochtaí níos lú seo bunseirbhísí ar fáil dá bpobal, mar earraí áise agus bunoidreachas agus seirbhísí reiligiúnacha. Déantar idirdhealú idir iad agus tithíocht thuaithe trí na seirbhísí seo a bheith ann a chuireann cuspóir pobail tábhachtach ar fáil agus bonn d'fhorbairt todhchaí bhreise.  Tagraíonn an tuath do na codanna sin de Chontae na Gaillimhe atá lasmuigh de lonnaíochtaí aitheanta.


Tá leagtha amach sa chéimiúlacht go nochtar don tsúil an caidreamh idir na cineálacha difriúla bailte, sráidbhailte agus lonnaíochtaí laistigh den Chontae. Leagann suíomh lonnaíochta laistigh den chéimiúlacht léiriú amach ar scála ionchasach an fháis daonra atá ceadaithe laistigh de shaolré an phlean agus aillníonn mar sin go dlúth le leithroinntí daonra na Croí-Straitéise. Tá bunaidhmeanna na Straitéise Lonnaíochta nasctha leis na polasaithe agus na cuspóirí ábhartha in áit eile sa bPlean agus a dtacaíocht acu, le cinntiú go seachadann lonnaíochtaí ar a rólanna mar ionaid fostaíochta agus seirbhíse don daonra atá ann cheana agus don spriocdhaonra. Níl aon chriosuithe úsáide talún ag *Plean Forbartha Contae na Gaillimhe* seachas iad sin atá leagtha amach chun críocha na *Straitéise Fuinnimh Ghaoithe Contae na Gaillimhe*, mar sin beidh Plean Limistéir Áitiúil ag na lonnaíochtaí le daonra sa bhreis ar 1,500 duine, mar a cheanglaítear go reachtúil. Tabharfaidh na forálacha criosaithe san Pleananna Limistéir Áitiúil éagsúla éifeacht d'fhorbairt agus d'fhás bailte agus sráidbhailte sa todhchaí.

Plean Limistéir Áitiúil	Tráthchlár	Stádas
Tuaim	2011-2017	Beo
Béal Átha na Sluaighe (Plean Forbartha)	2009-2015	Plean Limistéir Áitiúil nua á ullmhú
Baile Locha Riach	2012-2018	Beo
Órán Mór	2012-2018	Beo



Baile Átha an Rí	2012-2018	Beo
An Clochán	2009-2015	Síneadh go dtí 2020
Bearna	2007-2013	Síneadh go dtí 2017
Port Omna	2005-2011	Á ullmhú
Maigh Cuilinn	2013-2019	Beo
Baile Chláir	2005-2011	Le tosú
Na hArdáin		Á bhreithniú
Uachtar Ard	2006-2012	Le tosú
Áth Cinn	2005-2011	Á ullmhú
An Ghaeltacht	2008-2014	Síneadh go dtí 2018
Creachmhaoil	2009-2015	Beo

Tábla 2.6: Sceideal de Stádas na bPlean Limistéir Áitiúil do Chontae na Gaillimhe



\*Áirítear i Ceantar Uirbeach na Gaillimhe Cathair na Gaillimhe agus DE Danna Gaillimh (Tuath), Baile an Teampaill, Órán Mór agus Bearna (agus Limistéar PLA Bhearna freisin) agus áirítear ann limistéir na nArdán agus an Gharráin.

\*\*Níl Órán Mór liostaithe anseo arís mar nach gcuimsíonn an GMA ach cuid de limistéar PLA d'Órán Mór.

\*\*\*Nóta: Níor ullmhaíodh Pleananna Limistéir Áitiúil go gach baile liostaithe sa tsraith seo, mar sin níl ach bailte le PLAnna nó PLAnna a ullmhaíodh roimhe seo liostaithe sa tsraith chomhfhreagrach den Tábla Croí-Straitéise.

### 2.6.2 Ceantar Uirbeach na Gaillimhe (GMA)

Tá Ceantar Uirbeach na Gaillimhe (GMA) lonnaithe ag barr na hordlathais lonnaíochta agus áirítear anseo Tairseach Chathair na Gaillimhe. Aithnítear go bhfuil Tairseach na Gaillimhe lonnaithe lasmuigh de dhlíne Chomhairle Chontae na Gaillimhe; ach ag cur san áireamh go bhfuil limistéir DED an Chontae laistigh den GMA nasctha go do-fhuascailte leis an gcéanna, meastar gur suíomh oiriúnach é laistigh den Chéimíúlacht Lonnaíochta. Tá an ról atá beartaithe sa SSN de Chathair na Gaillimhe agus ról an GMA mar atá leagtha amach sna RPGanna, lena n-áirítear fás pleanbhunaithe ar cheantar na nArdán agus an Gharráin ríthábhachtach do thodhchaí an Chontae agus don réigiún níos leithne. Braitheann rathúnas todhchaí bailte agus sráidbhailte gar don Chathair agus cáilíocht saoil na ndaoine a chónaíonn laistigh den bhanda comaitéara thart ar Chathair na Gaillimhe ar a gcarachtar fáis dinimiciúil á choinneáil ag an Tairseach agus ag an GMA. Á chur san áireamh go meallann sé infheistíocht isteach shuntasach agus gur soláthraí seirbhísí agus saoráidí réigiúnach é tá sé ríthábhachtach go bhforálann an straitéis lonnaíochta réigiúnach d'fhorbairt inmharthana, dhinimiciúil ar thairseach na Gaillimhe agus ar Cheantar Uirbeach na Gaillimhe chun tacú le forbairt eacnamaíochta an cheantair.

### 2.6.3 Mol Thuama

D'ainmnigh an Straitéis Spáis Náisiúnta Tuaim mar Mhol i struchtúr spáis todhchaí na hÉireann. Is é a ról mar Mhol idirghníomhú le Tairseach Chathair na Gaillimhe agus í a chomhlánú, agus forbairt faoin dtuath in oirthuaisceart na Gaillimhe a thiomáint. Cuireann na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010 - 2022* taca faoin ról seo agus déanann cur síos ar an mbaile mar ionad talmhaíochta agus tionsclaíoch tábhachtach do lárChonnachta. Forálann Plean Limistéir Áitiúil Thuama 2011-2017 do riachtanais fhorbartha Thuama lena híos-spriocanna cónaitheacha mar atá leagtha síos ag na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí 2010 a bhaint amach agus freastal ar riachtanais áineasa, shóisialta, tionsclaíocha agus tráchtála an daonra seo atá ag fás. Tá acmhainneacht leordhóthanach i gcórais sholáthar uisce agus cóireála eisiltigh an bhaile, agus soláthróidh a suíomh ar Chonair Iarnróid an Iarthair, nuair a bheidh an tsaoráid seo athchóirithe, nasc iompair inbhuanaithe idir thairseacha agus moil an iarthair. Tá deiseanna ann lár an bhaile agus ceantair fiontair/gnó Thuama a leathnú agus a chomhdhlúthú chun teacht ar fhás geilleagrach inbhuanaithe agus í a spreagadh, agus cóireáil a chur ar fáil do chónaitheoirí nua. Is príomhghné de Straitéis Spáis agus Lonnaíochta Phlean Forbartha an Chontae forbairt Thuama a spreagadh agus a éascú mar bhaile in ar féidir le daoine cónaí agus oibriú i saintimpeallacht cháilíochta, agus a bheidh ina baile dinimiciúil do dhul chun cinn geilleagrach agus sóisialta thuaisceart agus oirthear na Gaillimhe agus don réigiún níos leithne.

### 2.6.4 Béal Átha na Sluaighe – Baile an Chontae

Is é Béal Átha na Sluaighe baile an Chontae, ról tábhachtach aige go háirithe do Ghaillimh thoir agus ó thaobh seirbhísí údarais áitiúil a sheachadadh. Tá an Plean Forbartha tiomanta leanúint le seirbhísí údarais áitiúla a sheachadadh agus iad a fheabhsú i mbaile an Chontae, Béal Átha na Sluaighe. Is príomhionad tráchtála é agus fostóir mór do chónaitheoirí an bhaile agus na cúlchríche mórthimpeall. Soláthraíonn sé seirbhísí tábhachtacha d'ord níos airde mar Ospidéal Portiuncula agus Ospidéal Naomh Bríd a fhreastalaíonn ar dhaonra réigiúnach. Tá rochtain éasca ar Bhéal Átha na Sluaighe ar an mbóthar nó ar an iarnród le naisc dhíreacha go Gaillimh agus go Baile Átha Cliath. Is baile tábhachtach é a bhfuil acmhainneacht mhór ann ar féidir fás a éascú agus ba chóir díriú air ina leith seo.

### 2.6.5 Na Príomhbhailte/Bailte Eile (Daonra >1,500)

Chun críche an Phlean Forbartha seo, tagraíonn na bailte sa tsraith seo do príomhbhailte a bhfuil daonra níos mó ná 1,500 duine acu agus áirítear orthu Baile Locha Riach, Órán Mór, Baile Átha an Rí, An Gort, An Clochán, Port Omna agus Maigh Cuilinn a bhfuil suíomhanna tábhachtacha acu sa Chontae mar phríomhionaid seirbhíse agus tiománaithe fáis dá gceantair láithreacha agus mórthimpeall. Tá ardchéim neamhthuilleamaíochta ag na príomhbhailte, laghdaíonn siad an t-éileamh ar thaisteal agus forálann dea-cháilíocht saoil do chónaitheoirí. Tagraíonn neamhthuilleamaíocht do chás nuair is féidir le céatadán mór don daonra atá ina gcónaí ar an mbaile nó sa cheantar máguaird maireachtáil, dul ag obair, ag siopadóireacht, dul ar scoil agus taitneamh a bhaint as áineas gan taisteal síoraí.

### 2.6.6 Sráidbhailte Eile (Daonra <1,500)

Ar na sráidbhailte sa tsraith seo den chéimiúlacht áirítear Áth Cinn, An Creagán, Baile Chláir, Béal Átha Ghártha, An Cheathrú Rua, Dún Mór, Gleann na Madadh, Creachmhaoil, Cora Fine, Maigh Locha, Cinn Mhara, Droichead an Chláirín, An Spidéal, Ard Raithin agus Cill Cholgáin. Tá struchtúir lonnaíochta láidre acu agus an acmhainneacht tacú le fás breise, rogha maireachtála malartach á thairiscint acu do na daoine sin nach mian leo cónaí i bpríomhbhailte atá níos mó agus nach bhfreastalaíonn ar riachtanais tithíochta don cheantar tuaithe. Tá gá le hinfheistíocht do shaoráidí cóireála fuíolluisce i roinnt de na bailte/sráidbhailte seo agus meastar go soláthróidh a gcuid ag an leibhéal seo sa chéimiúlacht cur chuige treoraithe ag plean leis an infheistíocht a fháil sa todhchaí.

### 2.6.7 Lonnaíochtaí Beaga agus Ceantair Tuaithe/Faoin Tuath

Tá an chuid atá fanta de na spriocanna daonra dírithe i dtreo na lonnaíochtaí beaga agus na gceantar tuaithe. Tá iliomad lonnaíochtaí beaga sa Chontae a n-áirítear a bheith tuaithe go príomha ó nádúr. Cuireann siad seirbhís thábhachtach, cé go bhfuil sé teoranta, ar fáil don phobal áitiúil trína saoráidí láithreacha mar scoileanna náisiúnta nó postóifig agus tá sé tábhachtach tacú le fás agus forbairt na n-ionad beaga seo chun riachtanais phobal áitiúla a éascú. I dteannta na lonnaíochtaí beaga tá sé tábhachtach tacú le pobail tuaithe bhríomhara chun fás cothromaithe i limistéir difriúla an Chontae a lorg agus cuireann an chéimiúlacht lonnaíochta tithíocht faoin dtuath nó sa cheantar tuaithe san áireamh ina leith seo. Teastaíonn bainistíocht chúramach, áfach, ó fhorbairt sa tuath nach ndéantar a sheirbhísiú chun an gá pobail a athbheochan agus tacú leo a chothromú, fad agus a chinntítear forbairt inbhuanaithe fhoriomlán na gceantar seo. Maidir leis seo, agus de réir an doiciméid treoraigh náisiúnta Treoirlínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe d'Údarás Phleanála (2005) breithneofar go dearfach forbairt tithíochta tuaithe aonair do riachtanais tithíochta ginte faoin tuath do dhaoine a bhfuil naisc intreacha acu leis an gceantar tuaithe ina bhfuil siad ag iarraidh cur fúthu, ach déanfar iarratais phleanála d'fhorbairtí dá leithéid a mheasúnú freisin, áfach, de réir na bpolasaithe agus an chuspóra ábhartha atá leagtha amach sa bPlean.

Roinneadh limistéar tuaithe an Chontae ina dhá chatagóir difriúla, a dtagann go leathan leis na catagóirí de limistéir thuaithe mar atá leagtha amach sa *Straitéis Spáis Náisiúnta* agus sna *Treoirlínte do Thithíocht Thuaithe Inbhuanaithe*.

Is iad seo na catagóirí limistéir thuaithe:

#### **1. Limistéir Thuaithe faoi Thionchar Láidir Uirbeach.**

Léiríonn na limistéir seo saintréithe mar ghaireacht do na purláin láithreacha nó abhantrach dlúth comaitéara Chathair na Gaillimhe, daonra atá ag ardú, fianaise faoi bhrú pleanála mór go maith d'fhorbairt tithíochta de bharr gaireachta do limistéir uirbeacha dá leithéid nó do mhórchonairí iompair le rochtain éasca ar an limistéar uirbeach, agus brúnna ar infrastruchtúr mar an líonra bóthair áitiúil.


#### **2. Limistéir Thuaithe le Struchtúr Níos Laige**

Léiríonn na limistéir seo saintréithe mar mheath daonra atá suntasach agus seasmhach mar aon le struchtúr geilleagrach níos laige bunaithe ar innéacsanna ioncaim, fostaíochta agus fáis gheilleagrach.

I dteannta an dá limistéar tuaithe leathana atá liostaithe thuas tá roinnt cúinsí pleanála sonracha breise ar ghá a chur san áireamh agus tithíocht thuaithe faoin dtuath á meas. Áirítear orthu seo tithíocht thuaithe laistigh de:

- Limistéir Íogaireachta Tírdhreacha 3, 4 agus 5
- Limistéir áit a dteastaíonn rochtain ar bhealaí réigiúnacha agus ar bhealaí náisiúnta teoranta
- Limistéir Ghaeltachta

Tá na hidirdhealuithe thuas idir na limistéir thuaithe riachtanach chun a bheith ábalta riachtanais tithíochta daoine a bhfuil fréamhacha nó naisc acu i limistéir thuaithe a éascú mar is cuí, agus freisin a bheith ábalta freagairt do chúinsí áitiúla cibé an mbaineann siad seo le limistéir a bhraitheann meath daonra agus geilleagrach nó do limistéir faoi mhórbhrú forbartha.



## 2.7 Cuspóirí na Straitéise Lonnaíochta

### Cuspóirí na Straitéise Lonnaíochta

#### **Cuspóir SS 1 – Ceantar Uirbeach na Gaillimhe**

Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le ról tábhachtach Chathair na Gaillimhe agus Ceantar Uirbeach na Gaillimhe (a chuimsíonn limistéar na Cathrach agus Toghrann Órán Mór, Bearna, Gaillimh (Tuath) agus Baile an Teampaill atá nasctha go do-fhuascailte le mórcheantair Chathair na Gaillimhe agus a fheidhmíonn mar chuid de) mar phríomhthiománaithe fás sóisialta agus geilleagrach sa Chontae agus i Réigiún an Iarthair níos leithne agus tacóidh le fás inbhuanaithe na lonnaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear forbairt todhchaí na nArdán agus an Gharráin laistigh de Limistéar Cathrach na Gaillimhe.

#### **Cuspóir SS 2 – Na hArdáin**

Tacú le forbairt na nArdán i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus í a éascú.

#### **Cuspóir SS 3 – Molbhaile: Tuaim**

Spregfaidh agus daingneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe forbairt Thuama le cur ar a chumas a lánacmhainneacht a chomhlíonadh mar mholbhaile, sa chaoi go bhfaigheann sé an mhais chriticiúil riachtanach chun leibhéil láidre rathúnais agus fás geilleagrach a choinneáil, agus ag tacú le feabhsúcháin nascachta idir an Tairseach agus an Mol, ag cur lena stádas comhlántach.

#### **Cuspóir SS 4 – Baile an Chontae: Béal Átha na Sluaighe**

Baile an Chontae Béal Átha na Sluaighe a aithint mar thiománaí tábhachtach fáis sa Chontae agus tacú lena fhorbairt inbhuanaithe ag teacht leis an gCroí-Straitéis chun a chroí tráchtála a chothabháil, an daonra a choinneáil agus freastal ar dhaonra breise agus fás tráchtála.

#### **Cuspóir SS 5 – Forbairt Phríomhbhailte**

Tacú le forbairt príomhbhailte an Chontae mar a bhfuil cur síos air sa Chroí-Straitéis agus sa Straitéis Lonnaíochta chun ionaid uirbeacha bhríomhara, láidre a chothabháil a fheidhmíonn mar thiománaithe tábhachtacha do gheilleagair áitiúla, a laghdaíonn éileamh taistil agus a thacaíonn le cúlchríoch mhór tuaithe, agus ról comhlántach á sholáthar do mholbhaile Thuama agus do bhailte níos lú agus do shráidbhailte sa Chontae.

#### **Cuspóir SS 6 – Forbairt Sráidbhailte Eile**

Éagsúlacht gheilleagrach bailte níos lú, sráidbhailte agus lonnaíochtaí beaga ar fud an Chontae a chosaint agus a láidriú, á gcumasú chun feidhmeanna tábhachtacha miondíola, seirbhíse, áineasa, cónaitheacha agus pobail a chur i gcríoch don daonra áitiúil agus do na cúlchríocha tuaithe.

#### **Cuspóir SS 7 – Forbairt Lonnaíochtaí Beaga**

I gcás lonnaíochtaí beaga nach bhfuil aon phleananna sonracha ar fáil ina leith, déanfar forbairt a bhreithniú ar bhonn a nascachta, a gcumais (lena n-áirítear cumais shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach, cumas infreastruchtúir agus comhshaoil) agus comhlíonadh na Croí-Straitéise agus na Straitéise Lonnaíochta, dea-dhearadh, gnóthachan pobail agus pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe.

#### **Cuspóir SS 8 – Forbairt Pobal Tuaithe**

Aithneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ról tábhachtach pobal tuaithe d'fhorbairt inbhuanaithe Chontae na Gaillimhe agus cinnteoidh sí bainistíocht chúramach forbartha sna limistéir seo, ag féachaint do na polasaithe agus na cuspóirí ábhartha atá leagtha síos in áit eile sa bplean.

\*Tábla Croí-Straitéise Feabhra 2015

1.	2.Leithroinnt Daonra na Croí-Straitéise 2015-2021	3.Ceangaltas talún tithíochta (Ha)	4.Ceantaltas talún tithíochta (Ha) (Lena n-áirítear ró-chriosú)	5.Talamh Criosaithe Cónaithe Neamhfhorbartha atá ann cheana	6. Criosú atá beartaithe	7.Toradh Aonaid Tithíochta ar Thalamh Cónaithe 100% Criosú & Sonraíochtaí Dlúis Tásca	8.****Toradh Aonaid Tithíochta ar Thailte Eile	9.Easnamh / Barrachas ag Úsáid 50% Róchriosú
<b>Contae (Lena n-áirítear Tuaim)</b>	<b>13,160</b>	<b>196.45</b>	<b>294.67</b>	<b>570.60</b>	<b>0</b>	<b>3,189</b>	<b>0</b>	<b>275.93</b>
<b>Tairseach</b>	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A
<b>Molbhaile Tuaim</b>	<b>2,080</b>	<b>34.93</b>	<b>52.39</b>	<b>52</b>	<b>0</b>	<b>699</b>	<b>20</b>	<b>-0.39</b>
<b>Baile an Chontae Béal Átha na Sluaghe</b>	<b>1,540</b>	<b>23.87</b>	<b>35.81</b>	<b>35.81</b>	<b>0</b>	<b>477</b>	<b>20</b>	<b>0</b>
<b>Bailte Eile (&gt;1500)</b>								
Baile Locha Riach	1,133	21.95	32.93	32.89	0	351	16	-0.04
*Órán Mór/An Garrán	1,170	22.67	34.00	33.97	0	363	16	-0.03
Baile Átha an Rí	1,122	21.74	32.61	32.17	0	348	16	-0.44
An Gort	820	15.89	23.83	23.65	0	254	16	-0.18
An Clochán	250	8.61	12.92	12.19	0	78	9	-0.73
*Bearna	420	8.14	12.21	12.10	0	130	16	-0.11
Port Omna	230	6.48	9.72	56.11	0	71	11	+46.39
Maigh Cuilinn	408	7.91	11.86	11.47	0	126	16	-0.39
<b>***Sráidbhailte Eile (&lt;1500)</b>								
Baile Chláir	245	4.75	7.12	45.80	0	76	16	+38.68
*Na hArdáin	100	1.94	2.91	0.00	0	31	16	-2.91
Uachtar Ard	131	3.69	5.54	88.90	0	41	11	+83.36
Áth Cinn	251	7.07	10.61	78.55	0	78	11	+67.94
An Cheathrú Rua	105	3.62	5.43	5.03	0	33	9	-0.39
Creachmhaoil	83	2.34	3.51	48.77	0	26	11	+45.26
An Spidéal	25	0.86	1.29	1.19	0	8	9	-0.10
<b>*Fo-Iomlán:</b>	<b>10,113</b>	<b>196.45</b>	<b>294.67</b>	<b>570.60</b>	<b>0</b>	<b>3,189</b>	<b>0</b>	<b>275.93</b>
<b>Lonnaíochtaí Eile &amp; Tuath</b>	<b>3,047</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>		<b>0</b>	<b>0</b>
<b>Iomlán</b>	<b>13,160</b>	<b>196.45</b> (Gan lonnaíochtaí & tuath san áireamh)	<b>294.67</b> (Gan lonnaíochtaí & tuath san áireamh)	<b>570.60</b> (Gan lonnaíochtaí & tuath san áireamh)	<b>0</b>	<b>3,189</b> (Gan lonnaíochtaí & tuath san áireamh)	<b>0</b>	<b>275.93</b>

\* Tá na Lonnaíochtaí mar chuid d'Achar Cathrach na Gaillimhe

\*\*D'fhéadfadh sé nach ionann go díreach na figiúirí aonair istigh i ngach ciseal agus na figiúirí fo-iomlán toisc slánúchán na n-uimhreacha.

\*\*\*Áirítear ar an OrdLhas Lonnaíochtaí sráidbhailte breise sa chiseal sin amháin. Tá sráidbhailte le LAPanna ullmhaithe nó beartaithe a ullmhú sa Tábla Croí-Straitéise.

\*\*\*\*Féach alt 2.4.10 nua beartaithe i gCaibidil 2.

Déanfar Pleananna Ceantair Áitiúil do Phort Omna, Áth Cinn, Baile Chláir agus Uachtar Ard a bhrú chun cinn mar thosaíocht. Féach Tábla beartaithe 2.6 i gCaibidil 2 a thugann liosta LAPanna agus an stádas atá acu.

## Caibidil 3 – Tithíocht Uirbeach agus Tuaithe

---

### 3.1 Réamhrá

Tá dé-ról ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le tithíocht sa Chontae. Trína cumhachtaí reachtúla agus faoi fhorálacha an *Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), caithfidh an tÚdarás Pleanála a chinntiú go bhfuil dóthain talún roghnaithe chun dul i ngleic le riachtanas tithíochta réamh-mheasta an Chontae agus tríd an bhfeidhm Bhainistíochta Forbartha, déanfar rialú agus bainistiú ar fhorbairt tithíochta príobháideacha. Soláthraíonn an Chomhairle aonaid chónaithe le haghaidh teaghlaigh le riachtanais chóiríochta nach bhfuil ar a gcumas cóiríocht a sholáthar as a n-acmhainní féin, ag úsáid na bhfeidhmeanna agus na gcumhachtaí atá ar fáil mar Údarás Tithíochta.

Tugann caibidil 2 breac-chuntas ar an gCroí-Straitéis a áiríonn an candam talún a éilítear le haghaidh úsáid chónaithe. De réir figiúirí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le huimhreacha na dtithe críochnaithe, tá titim suntasach le feiceáil sa ráta tithe críochnaithe ar bhonn náisiúnta. Le gairid, thit an ráta tithíochta ón mbuaic de 4,512 aonad in 2006 go 467 aonad in 2012. Cé gur tháinig laghdú ar uimhir na n-aonad cónaithe críochnaithe tá sé mar chuspóir straitéiseach na Comhairle, plean iomchuí a chur i ngníomh agus chun soláthar tithíochta a éascú trína chinntiú go bhfuil dóthain talún roghnaithe de réir na Croí-Straitéise agus trí pholasaí tithíochta tuaithe inbhuanaithe a chur i bhfeidhm. Tá polasaithe agus cuspóirí iomchuí ceaptha chun soláthar tithe d'ardchaighdeán sna ceantair uirbeacha agus tuaithe sa Chontae a chinntiú.

### 3.2 Aidhmeanna Straitéiseacha

Tá an straitéis chun tithíocht d'ardchaighdeán a bhaint amach bunaithe ar na haidhmeanna straitéiseacha seo a leanas:

- Chun a chinntiú go bhfuil dóthain talún roghnaithe i gcomhair an daonra réamh-mheasta de réir na Straitéise Lárnáí;
- Forbairtí tithíochta measctha a chur chun cinn agus an réim tithíochta sóisialta a laghdú go háirithe sa chás go bhfuil líon ard tithíochta sóisialta i gceantar faoi leith;
- Soláthar le haghaidh méid teaghlaigh athraithe agus rogha cineálacha áitribh, méideanna agus tionachta a chur chun cinn chun éascú a dhéanamh ar bhunú pobail chothromaithe;
- Dlúis chónaithe a chur chun cinn chun úsáid éifeachtach na talún ag láithreacha iomchuí a chinntiú. Ní chuirfidh úsáid éifeachtach na talún le haghaidh cuspóirí cónaithe as don riachtanas le haghaidh cuimsiú sóisialta agus soláthrófar rogha chuí cineálacha tithíochta;
- Tacú le cur i ngníomh Straitéis Tithíochta na Comhairle agus leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil;
- Soláthar le haghaidh riachtanais tithíochta athraithe agus le soláthar tithíochta sóisialta, tithíocht speisialta agus tithíocht le haghaidh grúpaí le riachtanais faoi leith a chur chun cinn;
- Comhdhlúthú na gceantair chomhthógtha atá ann cheana a chur chun cinn trí fhorbairt inlíonta iomchuí d'ardchaighdeán a éascú, ag cosaint áiseanna riachtanacha ag an am céanna; agus
- Tacaíocht a thabhairt agus cothabháil a dhéanamh ar an daonra tuaithe.

Tá an t-éileamh atá ar thithíocht mar thoradh ar chruthú teaghlaigh nua. D'fhéadfaí gur mar thoradh ar fhás dúchasach an t-éileamh (m.sh. daoine fásta óga ag bogadh amach óna dteaghlaigh dhúchasacha agus ag ceannach/tógáil a gcéad mhaoine féin), nó mar thoradh ar theaghlaigh nua ag bogadh isteach sa Chontae. Tá an leithdháileadh tithíochta leagtha amach sa Chroí-Straitéis i gCaibidil 2 an Phlean.

Cé gurb é cuspóir na straitéise go dtiocfaí ar chur chuige cothromaithe do riachtanais tithíochta an Chontae, tá roinnt catagóirí tithíochta atá go hiomlán éagsúil nach mór a chur san áireamh chun an cur chuige cothromaithe a bhaint amach agus a chinntiú.

#### 3.2.1 An Straitéis Tithíochta



Éilíonn an *tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú) go n-áireoidh gach Údarás Pleanála straitéis chun tithíocht a sholáthar do dhaonra an cheantair atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo. Caithfidh an Straitéis Tithíochta anailís soláthair agus éilimh a áireamh le haghaidh earnálacha éagsúla an mhargaidh tithíochta, ag tuar riachtanas agus easnamh, agus cuspóirí a mholadh chun an t-éileamh a chothromú leis an soláthar ar mhodh inbhuanaithe. De réir Alt 94(1)(e) an Achta, ba chóir Straitéis Tithíochta a ullmhú mar chomh-straitéis a d'fheidhmeodh idir Chomhairle Contae agus Chomhairle Baile.

D'ainneoin sin, ó cuireadh tús le hathbhreithniú *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2009-2015*, chuir an Bille Rialtais Áitiúil 2013 deireadh le héifeacht na gComhairlí Baile a fheidhmíonn ar chéim níos ísle, le héifeacht ó thréimhse na dtoghchán áitiúil 2014. Agus aird á tabhairt air sin agus ar aistriú gaolmhar fheidhmeanna na gComhairlí Baile go dtí na Comhairlí Contae, tá an Straitéis Tithíochta ullmhaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe mar straitéis tithíochta le haghaidh Contae na Gaillimhe (lena n-áirítear Béal Átha na Sluaighe).

Tá na nósanna imeachta maidir le hullmhú Straitéis Tithíochta mar a leanas:

- An riachtanas le haghaidh tithíochta atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo sa cheantar a mheas, ag déanamh cinnte go bhfuil dóthain talún roghnaithe agus talún seirbhísithe curtha ar fáil chun na riachtanais sin a shásamh;
- Cinntiú go bhfuil tithíocht ar fáil le haghaidh daoine le leibhéal éagsúla ioncaim;
- Cinntiú go bhforbraítear rogha cineálacha agus méide tithe chun riachtanais na gcatagóirí teaghlach éagsúil a shásamh go réasúnach, lena n-áirítear riachtanais speisialta seandaoine agus daoine le míchumais;
- Gníomhú in aghaidh deighilte míchuí idir dhaoine ó chúlraí sóisialta éagsúla;
- Foráil go forchoimeádfar mar pholasaí ginearálta, céatadán sonrath (uasmhéid 20%) talún roghnaithe le haghaidh úsáid chónaithe, nó le haghaidh meascán d'úsáidí cónaithe eile, dóibhsean le riachtanas sóisialta nó speisialta sa cheantar.

I Meitheamh 2011, d'fhoilsigh an Rialtas 'Ráiteas Polasaí Tithíochta' inar leagadh síos creat nua chun díriú ar shaincheisteanna gearr go meántéarmach sa mhargadh tithíochta. Cé gur athdhearbhaigh an ráiteas polasaí gealltanas an Rialtais maidir le riachtanais tithíochta sóisialta, thugann an ráiteas seo cuntas ar rún an Rialtais chun maolú a dhéanamh ar chláir tithíochta inacmhainne chun coinníollacha inacmhainne reatha a léiriú. Breithnítear má bhíonn teaghlach in acmhainn 'cíos a íoc ar theach d'ardchaighdeán lonnaithe i bpobal beoga ach, nach bhfuil in acmhainn teach atá ar chomhchosúlacht a cheannach, cinntear nach bhfuil na cásanna sin i dteideal cúnaimh ón Stát, go háirithe nuair a chaithfear na hacmhainní atá ar fáil a dhíriú ar na riachtanais tithíochta is mó a éilíonn cúnaimh' (Ráiteas Polasaí Tithíochta, Meitheamh 2011).

### 3.2.2 Earnáil Dheonach Tithíochta, Tithíocht Sóisialta agus Comharthithíochta

Tá ról mór ag comhlachtaí deonacha agus ag cumainn tithíochta i bhforbairt tithíochta sóisialta agus speisialta sa Chontae. Bunaítear comhlachtaí tithíochta/ comhlachtaí tithíochta deonacha formheasta neamhbhrabúis, trí bhord bainistíochta deonach chun tairbhe an phobail ina bhfuil siad bunaithe, atá maoinithe agus formheasta ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Soláthraíonn comhlachtaí deonacha cóiríocht chun díriú ar riachtanais na ndaoine aosta, ar dhaoine le míchumais agus ar dhaoine eile a éilíonn freagairtí tithíochta tacaíochta. Tá méadú tagtha ar thábhacht thionchar na hearnála deonaí le blianta beaga anuas. Tá méadú suntasach tagtha ar chumas na hearnála tithíochta deonaí chun tithíocht shóisialta a sheachadadh trí fheidmiú na Saoráide Léasaithe Airleacain Caipitil, trí Chomhaontuithe Fála agus Íocaíochta agus trí mhaoiniú príobháideach le trí bliana anuas. Measann Comhairle Thithíocht Shóisialta na hÉireann go bhfuil cumainn tithíochta in acmhainn 4,860 teach nua ina iomláine a fhorbairt sa tréimhse 2014-2016. Tá faomhadh faighte ag go leor de na comhlachtaí móra tithíochta deonacha chun airgead a fháil ar iasacht ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus bheadh sé mar bhuntáiste do na húdaráis áitiúla tairbhe a bhaint as an deis seo d'fhonn comhpháirtíocht a bhunú le Comhlachtaí Tithíochta Deonacha i soláthar tithíochta sóisialta.

I measc samplaí na hearnála comharthithíochta agus tithíochta deonacha áirítear Cluid, Respond, Peter Triest, Tuath Associations, agus Tearmann Eanna Teo.

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe iarracht a bheith ar an soláthróir is mó de thithíocht shóisialta

a chuirfidh tithíocht ar ardchaighdeán ar fáil do shaoránaigh cháilithe an Chontae agus aithnímid gur gá don Stát a chinntiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gComhairle lena chinntiú go gcuirfear tithíocht shóisialta ar fáil gan iarratasóirí a bheith ar an liosta tithíochta ar feadh tréimhsí fada.

### 3.2.3 Tithíocht do Dhaoine a bhfuil Riachtanas Speisialta acu

Áirítear soláthar le haghaidh daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, ar nós míchumais foghlama agus fisiciúla sa phleanáil soláthar tithíochta le haghaidh daonra uile an Chontae. Tá an tábhacht a bhaineann leis an bhfáil atá ar iompar poiblí, seirbhísí pobail áitiúla agus áiseanna mar thoisc shuntasach do dhuine maolghluaiste maidir lena gcaighdeán saoil a fheabhsú áirithe sa phlean. Tá dearadh tí agus comhlíonadh le Cuid M de na Rialacháin Tógála ag cur leis an raon roghanna atá ar fáil do dhuine faoi mhíchumas.

Déanfaidh an Chomhairle dianiarracht oibriú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí deonacha pobail iomchuí chun díriú ar riachtanais ainmnithe faoi leith, trí athruithe ar sholáthar tithíochta sóisialta a chur i bhfeidhm, chun freastal níos fearr ar riachtanais ainmnithe mar a éilítear.

### 3.2.4 Daoine gan Dídean

Leanfaidh an Chomhairle ag soláthar ról tábhachtach i gcomhar le grúpaí deonacha agus le gníomhaireachtaí eile i soláthar cóiríochta le haghaidh daoine gan dídean agus leosan a bhfuil áiseanna géarchéime cóiríochta de dhíth orthu. Tá maoiniú anois a dháileadh ar bhonn réigiúnach agus tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an bpríomhghníomhaireacht le haghaidh Réigiún an Iarthair.

### 3.2.5 Daoine Breacaosta

Léirigh figiúirí Dhaonáireamh 2011 roinnt arduithe suntasacha san aoischohórt 65 agus os a chionn sa Chontae<sup>1</sup>. Éilíonn an t-athrú ar phróifíl aoise an Chontae breithniú níos iomláine ar riachtanais tithíochta na ndaoine breacaosta. Caithfear riachtanais faoi leith a bhreithniú i ndáil le rochtain, iompar poiblí agus soláthar seirbhísí áitiúla, cúram leighis, slándáil phearsanta agus sláine i measc na saincheisteanna eile. Ag tabhairt aird air seo, ba chóir go mbeadh tithíocht agus áiseanna eile a fhreastalaíonn go sonrach ar dhaoine breacaosta a bheith lonnaithe i ngaireacht do shiopaí áise, d'áiseanna pobail agus do nóid iompair poiblí. Tá sé tábhachtach dóibhsean ar mian leo fanacht ina bpobal féin agus maireachtáil go neamhspleách go mbeadh an deis ann a n-áras a dhíol ar son laghdú méide, taobh istigh dá gceantar féin (bogadh isteach in árasán nó i dteach níos lú). Leagtar amach i gCaibidil 10 den Phlean, *Forbairt Cultúir, Sóisialta agus Pobail*, polasaí níos mionsonraithe i ndáil le daoine breacaosta.

### 3.2.6 Cóiríocht don Lucht Siúil

De réir dhaonáireamh 2011, bhí 2,476 duine den lucht siúil san iomlán lonnaithe i gContae na Gaillimhe. B'in ardú d'os cionn 555 duine den lucht siúil i gContae na Gaillimhe ón daonáireamh deireanach in 2006. Aithníonn an Chomhairle an traidisiún fada a bhaineann leis an Lucht Siúil sa Chontae agus tarraingítear aird ar na riachtanais speisialta a eascraíonn óna gcultúr dúchasach. Cuirfidh an Chomhairle i ngníomh bearta, de réir mar a éilítear de réir dlí agus trí pholasaí náisiúnta, de réir na Straitéise Tithíochta agus an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil, chun cóiríocht a sholáthar do bhaill den Lucht Siúil. Is é polasaí sonraithe na Comhairle 'freastal ar riachtanais chóiríocht an Lucht Siúil chomh fada agus atá réasúnach agus indéanta, ag úsáid an réimse iomlán roghanna atá ar fáil ag an gComhairle'. Cuirfear é seo i gcrích i gcomhairliúchán leis an Lucht Siúil agus i gcomhar le roinnt gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha a dhíríonn ar riachtanais an Lucht Siúil.

## 3.3 Suíomh/Dearadh agus Dlús Tithíochta i gCeantair Uirbeacha

### 3.3.1 Réamhrá

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le struchtúir na sráidbhailte, na mbailte móra agus na mbailte beaga sa

<sup>1</sup> Sa tréimhse 2006-2011 tháinig ardú de 23% ar dhaonra an aoischohóirt 65-69, ardú de 8.1% ar dhaonra an aoischohóirt 70-74, ardú de 10.4% ar dhaonra an aoischohóirt 75-79, agus ardú de 4.9% ar dhaonra an aoischohóirt 80-84 agus ardú de 17% ar dhaonra an aoischohóirt 85 bliain agus os a chionn.

Chontae i gCaibidil 2 na Croí-Straitéise. Tugann Treoirlínte na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le haghaidh Údaráis Phleanála ar *Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha* (2009) cuntas ar chur chuige inbhuanaithe d'fhorbairt cheantair uirbeacha. Is iad na láithreacha iomchuí le haghaidh scéimeanna forbartha cónaithe nua:

- *Bailte móra: daonraí 5,000 duine nó os a chionn;*
- *Bailte beaga agus sráidbhailte: daonra de 2,000 go 5,000 duine;*
- *Bailte agus sráidbhailte le daonraí ó 400 go 2,000 duine.*

De réir na dTreoirlínte, aithnítear na ceantair uirbeacha atá feiliúnach le haghaidh forbairt chónaithe. Tá roinnt sráidbhailte sa Chontae atá gan Pleananna Ceantair Áitiúil agus de bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndíreoidh Plean Forbartha an Chontae ar phríomhghnéithe na tithíochta/dearadh uirbí.

### 3.3.2 Leagan Amach agus Dearadh

Ainmníonn na treoirlínte ar *Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe sna Ceantair Uirbeacha* atá foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, comharsanachtaí inbhuanaithe mar cheantair ina gcomhcheanglaíonn úsáid éifeachtach na talún, ardchaighdeán dearaidh uirbhig agus comhtháthú éifeachtach i soláthar infreastruchtúir fhisiciúil agus shóisialta, chun ceantair a chruthú ar mian le daoine cónaí iontu. Tá sé mar phríomhaidhm ag an gComhairle i ndáil le forbairt chónaithe chun timpeallachtaí cónaithe inbhuanaithe d'ardchaighdeán a chur ar fáil atá tarraingteach, sábháilte agus fuinniúil agus a dhíríonn ar riachtanais na gcónaitheoirí agus an phobail. I bpleanáil le haghaidh forbairtí agus ag measúnú tograí forbartha amach anseo glacfaidh an Chomhairle chun a chinntiú:

- Chun pobal a chruthú seachas forbairt tithíochta nua a bheith mar chur chuige foriomlán dearaidh;
- Cé go mbíonn ceantair chónaithe roghnaithe go príomha le haghaidh forbairt tithíochta, tá réimse úsáidí eile, go háirithe na ceanna sin a bhfuil an fhéidearthacht acu chun forbairtí ar phobail nua chónaithe a chothú a d'fhéadfaí a áireamh m.sh. naíolanna, scoileanna, tithe altranais nó tithe le haghaidh daoine aosta, spás oscailte, úsáid mar áiseanna agus mar chaitheamh aimsire;
- Leagan amach, dearadh agus tírdhreachú d'ardchaighdeán a chruthú agus deighilt ghinearálta ó na bóithre a úsáidtear mar phríomhshlite tráchta a chruthú ón tús;
- Foráil iomchuí déanta le haghaidh spás oscailte agus áiseanna mar bhunchuid na dtograí forbartha nua;
- Ba chóir go mbeadh dearadh fhisiciúil na forbartha beartaithe ag comhaontú leis na polasaithe agus leis na cuspóirí atá leagtha síos sna caighdeáin forbartha i gCaibidil 13: Caighdeáin agus Treoirlínte Bainistíochta Forbartha an Phlean seo;
- Ní mór d'fhorbairtí beartaithe aird chuí a thabhairt ar na polasaithe agus cuspóirí le haghaidh oidhrecht ailtireachta agus seandálaíochta mar atá leagtha síos sa Chaibidil 9: Oidhreachta, Tírdhreacha agus Comhshaoil den Phlean seo.

### 3.3.3 Cineálacha Tithíochta / Meascán Deartha

Mar atá leagtha síos i gCaibidil 2 an Phlean, tá meánmhéid an teaghlaigh ag laghdú go leanúnach, de bhrí sin, beidh riachtanas níos déine ar aonaid áirithe chun freastal ar aonaid teaghlaigh níos lú. D'aithin an *Straitéis Tithíochta 2015-2021* laghdú ar mheánmhéid an teaghlaigh agus ardú ar dhaonra an teaghlaigh aosta, chleithiúnaigh agus tuismitheora shingil. Measann an Chroí-Straitéis 2.4 agus 2.6 mar mhéid teaghlaigh mar atá leagtha síos sna Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála.

Ba chóir go mbeadh meascán de chineálacha tithe atá beartaithe i gceantar faoi thionchar réimse toasca lena n-áirítear:

- Nádúr an tsoláthair tithíochta agus an meascán sóisialta atá sa cheantar cheana féin a áireamh;
- An inmhianaitheacht soláthair le haghaidh pobail mheasctha;
- Soláthar réimse cineálacha tithíochta agus tionachtaí chun freastal ar éileamh;
- An riachtanas chun rogha tithíochta a sholáthar, atá feiliúnach le haghaidh daoine agus grúpaí d'aon aois.

Tá sé tábhachtach i bhforbairt scéime le haghaidh ceantar faoi leith go mbeidh comharsanacht le meascán

maith de chineálacha aonad tithíochta mar chríoch-thoradh ar an tionscadal.

### 3.3.4 Dlús Tithíochta

Cuireann Treoirlínte na Roinne Comhshaoil, *Pobail agus Rialtais Áitiúil le haghaidh Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha* (2009) chun cinn dlús mhéadaithe i láithreacha cuí a bhfuil dóthain acmhainne infreastruchtúir ann, comhlíonadh le riachtanais maidir le spás oscailte agus le spás príobháideach, aon tionchar míchuí ar áiseanna agus go bhfuil an fhorbairt ag teacht le carachtar an cheantair, agus a thagann leis an bprionsabal atá leagtha síos sa *Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha*. Ag teacht le Treoirlínte na Roinne, spreagfar ceantair ard-dlús ag láithreacha cuí. Chun forbairt a mhealladh ar ais chuig na bailte agus na sráidbhailte áfach, ceadófar dlús níos ísle sna cásanna ina léireofar go bhféadfadh forbairt, timpeallacht saoil tharraingteach a sholáthar go háirithe i gcoirílár na mbailte agus sna ceantair ina bhfuil seirbhís phoiblí chuimsitheach iompair, faoi réir ag dearadh cuí agus ag caighdeáin taitneamhachta, fad a chosnófaí taitneamhacht chónaithe, caighdeáin inmheánach spáis, spásanna oscailte poiblí agus spásanna príobháideacha, áiseanna páirceála do charranna agus riachtanais eile.

### 3.3.5 Spás Oscailte Poiblí agus Príobháideach

Tá spás oscailte mar cheann de na príomheilimintí a shainíonn caighdeán na timpeallachta cónaithe. Soláthraítear taitneamhacht ghníomhach agus éighníomhach agus tá gnéithe éiceolaíocha agus comhshaoil tábhachtacha a bhaineann leis an spás oscailte. Ba chóir go mbeadh soláthar spáis oscailte a fhreastalaíonn ar fhorbairtí nua cónaithe roghnaithe ar bhonn ordlathach, ag brath ar mhéid athraitheacha, ó pháirceanna móra réigiúnacha go spásanna éighníomhacha aeraíochta i ngaireacht do thithe cónaithe na ndaoine. Tógfaidh caighdeán an spáis oscailte tús áite thar chainníocht i soláthar spáis oscailte. Chun idirghníomhaíocht phobail a éascú agus tuiscint ar an áit a chruthú, caithefear spásanna oscailte poiblí a dhearadh agus caithefear caitheamh leis an spás mar nóid tábhachtacha a sholáthraíonn feidhm faoi leith i gcruthú pobail inbhuanaithe gan beann ar chineál nó ar scála. Ba chóir go mbeadh na spásanna cóirithe agus más féidir a n-aghaidh a bheith i dtreo an taobh ó dheas. Ní áireoidh an Chomhairle na spásanna teagmhasacha a fágfar d'fhuilleach tar éis dearaidh an tsuímh, mar láithreáin atá feiliúnach chun freastal ar riachtanais spáis oscailte. Tá na riachtanais soláthair le haghaidh spásanna príobháideacha, leathphríobháideacha agus spásanna oscailte poiblí le haghaidh tithe agus árasáin le fáil i gCaibidil 13: Treoirlínte agus Caighdeáin Bainistíochta Forbartha.

## 3.4 Suímh atá oiriúnach d'Fhorbairt Chónaithe Nua i gCeantair Uirbeacha

### 3.4.1 Lár an Bhaile agus Láithreáin Athfhorbraíochta

Bíonn láithreáin lárnacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo i mbailte móra go minic, agus tá roinnt a d'fhéadfadh a bheith ina láithreáin athfhorbraíochta. Tá an fhéidearthacht is mó ag na láithreáin seo le haghaidh patrúin inbhuanaithe forbartha a chruthú. Cabhraíonn siad le hathnuachan chomh maith, úsáid níos déine a bhaint as an infreastruchtúr atá ann cheana féin, tacú le seirbhísí agus fostaíocht áitiúil, soláthar tithíochta inacmhainne a spreagadh agus modhanna taistil malairte a choinneáil ar nós siúil, rothaíochta agus iompair poiblí.

### 3.4.2 Bealaí Iompair Poiblí

Tá se tábhachtach go gcuirfeadh planáil úsáide talún taca faoi éifeachtúlacht sheirbhísí iompair poiblí trí ghréasán lonnaithe inbhuanaithe lena n-áirítear lonnaithe ar ard-dlús. Dá bhrí sin, breithnítear go mbeadh forbairtí cónaithe nua lonnaithe i ngaireacht do bhealaí planáilte iompair beartaithe. Ba chóir an t-achar siúil ó na nóid iompair poiblí (m.sh. stáisiúin/stadanna/stadanna bus) a thógáil san áireamh i sainiú bealaí dá leithéid. Moltar dlús mhéadaithe a chur chun cinn i bhfoisceacht achair siúil de 400 méadar ó stad bus, nó i bhfoisceacht 1 km ó stad iarnróid éadroim nó ó stáisiún traenach. Ba chóir acmhainn iompair poiblí a thógáil san áireamh nuair atá breithniú a dhéanamh ar dhlús le haghaidh láithreáin faoi leith.

### 3.4.3 Inlíonadh/Foroinnt Láithreáin Aonair

Tá láithreáin chónaithe le fáil go minic i ndéanamh tógála na mbailte móra atá ann cheana féin, inar féidir tithíocht bhreise a chur san áireamh gan comhghéilleadh a dhéanamh ar thaitneamhacht chónaithe nó ar charachtar cónaithe an cheantair atá ann cheana féin. Féadfar soláthar tithíochta breise taobh istigh de láithreáin bhruachbhailteacha inmheánacha na mbailte a chur ar fáil trí inlínadh nó trí fhoroinnt. Féadfaidh forbairt chónaithe inlínonta réimniú i méid ó inlínadh mionbhearnach, talamh tréigthe neamhúsáidte agus limistéir talún cúil, go láithreáin chónaithe níos mó nó láithreáin a cuireadh i dtoll a chéile ó réimsí éagsúla úinéireachta. Féadfar láithreáin aonair a fhoroinnt sa chás ina bhfuil tithe móra lonnaithe ar láithreáin atá réasúnta fairsing agus atá in acmhainn forbairt nua chónaithe gan charachtar na háite a athrú go mór nó gan tionchair dhíobhálacha a bheith mar thoradh air do thaitneamhachtaí cónaithe atá ann cheana. Beidh foroinnt faoi réir ag céimeanna cosanta maidir le taitneamhacht chónaithe, caighdeáin spáis inmheánacha, spás oscailte poiblí agus príobháideach, páirceáil le haghaidh carranna agus cothabháil charachtar poiblí an cheantair.

#### 3.4.4 Láithreáin atá Lonnaithe go Lárnach i mBaile Beag / Sráidbhaile

Ba chóir go leagfaí an bhéim i ndearadh agus i mbreithniú tograí nua ar mheascán maith agus ar fhorbairt d'ardchaighdeáin a chuireann leis an bhfoirm uirbeach atá ann cheana, a bhaineann úsáid as talamh den scoth atá suite go lárnach agus a chuireann le tuiscint ar an áit trí shráideanna nua a chruthú nó trí phatrún na sráideanna atá ann cheana a láidriú mar shampla. Beidh nuálaíocht agus solúbthacht riachtanach i léiriú na gcaighdeán chun nach mbeidh siad mar chonstaicí dolúbtha i mbaint amach carachtair tarraingteach sráidbhaile nó carachtar baile beag i bhforbairtí nua.

#### 3.4.5 Láithreáin ag Imeall Áiteanna Lárnacha i mBaile Beag / Sráidbhaile

Leagfar an bhéim ar thrasdul rathúil ó láithreáin lárnacha go láithreáin atá lonnaithe ar imeall an bhaile bhig nó ar imeall an tsráidbhaile. Bíonn an claonadh i dtreo forbairt chónaithe go hiondúil ar láithreáin dá leithéid, agus ag cur san áireamh nádúr trasdultach na láithreán, measúnófar an réimse dlúis ag brath ar shaintréithe an tsráidbhaile/an bhaile beag, agus ar an suíomh ábhair, ar bhunús cás ar chás. Spreagfar cineálacha tithíochta cuí le hardchaighdeán dearaidh chomh maith. Caithfidh an fhoirm fhorbartha seo gléine agus dearadh de chuma láidir uirbeach a chinntiú, chun idirdhealú soiléir idir an láithreán uirbeach agus an taobh tuaithe oscailte a chruthú, chomh maith le forbairt ribíneach ar na rochtana chuig na bailte agus sráidbhailte a dhíspreagadh.

### 3.5 Suíomh d'Fhorbairt Chónaithe i gCeantair Uirbeacha Comhthógtha

Beidh sé riachtanach ag forbairt ceantar nua chónaithe cothromaíocht i dtéarmaí dearaidh agus scála a bhaint amach le bheith inghlactha sna ceantair tógtha atá ann cheana féin. Tá an fhorbairt tithíochta nua a léiríonn meas ar thaitneamhacht agus ar charachtar an láithreáin chónaithe atá ann cheana agus atá soiléir agus dearadh go maith, in ann cur le beogacht agus le carachtar láithreáin atá ann cheana agus cur le héifeacht agus le húsáid inbhuanaithe na dtailte seirbhísithe.

#### 3.5.1 Forbairt Inlínonta i gCeantair Chónaithe

Tá forbairtí inlínonta ar scála teoranta. Is minic a chuimsíonn siad suíomhanna inlínonta mionbhearnacha, talamh tréigthe nó neamhúsáidte, suíomhanna iarmharacha móra nó suíomhanna a fuarthas ó úinéirí faoi leith. Caithfear cothromú a chruthú idir chosaint taitneamhachta, príobháideachas agus carachtar bunaithe agus an riachtanas chun inlínadh cónaithe a sholáthar. Spreagfar réitigh dearaidh nuálacha agus chomhaimseartha chun an toradh is fearr a bhaint as féidearthacht na suíomhanna sin, faoi réir ag an gcaomhnú agus ag feabhsú taitneamhacht cónaithe.

#### 3.5.2 Forbairt ar Thalamh Cúil

Féadfaidh an fhorbairt ar shuíomhanna cúil ar mhodh comhtháite agus dea-dhearadh cur le beogacht agus le carachtar lonnáiachta a fheabhsú agus ag cur le húsáid éifeachtach tailte seirbhísithe chomh maith. Féadfaidh forbairt suíomhanna talún cúil ar bhunús aonair (m.sh. gairdíní cúil/talamh chúil gan éadanas) coimhlint a chothú uaireanta, le patrún bunaithe agus le carachtar forbartha i gceantar faoi leith. Déanfar forbairt ar thalamh cúil a bhreithniú go ginearálta sna cásanna amháin ina mbíonn an fhorbairt bheartaithe mar chuid de phlean cuimsitheach le haghaidh forbairt a dhéanamh ar an limistéar iomlán talún cúil.

### 3.5.3 Síntí ar Theach Cónaithe

Tabharfar spreagadh do shíntí ar thithe cónaithe atá tógtha cheana féin go ginearálta, mar go soláthraítear modh tógála chun méid a chur le spás cónaithe nach n-úsáideann an oiread céanna acmhainní a d'úsáidí ag tógáil struchtúr nua. Go príomha, ba chóir go dtabharfadh dearadh agus leagan amach na síntí aird ar thaitneamhachtaí na maoine cóngaracha, go háirithe mar a bhaineann le solas na gréine, solas an lae, scáthéifeacht agus príobháideacht.

### 3.5.4 Foroinnt Tí Cónaithe

I gceantair bhunaithe de dhéanamh tithe aonteaghlaiigh den chuid is mó, ní cheadófar foroinnt a dhéanamh ar áitreabh chun árasáin nó stiúideo a chruthú, ach i gcúinsí eisceachtúla. Ní áireofar foroinnt ar áitribh ach i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil tithe móra suite ar shuíomhanna réasúnta mór i gceantair uirbeacha le seirbhís mhaith iompair poiblí.

## 3.6 Polasaithe agus Cuspóirí Tithíocht Uirbeach

### Polasaithe Tithíocht Uirbeach

#### Polasaí UHO 1 - Úsáid na Talún ar Fáil

Chun cinntiú go bhfuil dóthain talún atá lonnaithe go feiliúnach roghnaithe le haghaidh forbairt chónaithe chun riachtanais forbartha a shásamh le linn tréimhse an Phlean seo agus de réir na Straitéise Lárnáí/Straitéis Lonnaíochta.

#### Polasaí UHO 2 – Straitéis Tithíochta

Glacfaidh lena chinntiú, de réir Cuid V an *Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú) go bhfuil socruithe iomchuí maidir le soláthar Tithíochta déanta de réir na Straitéise Tithíochta 2015-2021 reatha. Soláthar cóiríochta tithíochta sóisialta agus speisialta a áirithiú nuair is féidir, chun freastal ar riachtanais na dteaghlach agus na hearnálacha faoi mhíbhuntáiste sa Chontae, lena n-áirítear na daoine breacaosta, ceannaitheoirí céaduaire, iadsan ag tógáil a gcéad teach, teaghlaiigh aonaráin ar ioncam measartha, daoine le míchumais, riachtanais speisialta, an Lucht Siúil srl.

### Cuspóirí Tithíochta Uirbeacha

#### Cuspóir UHO 1 – Straitéis Tithíochta

Cur i ngníomh na Straitéise Tithíochta 2015-2021, a áirithiú lena n-áirítear cur i ngníomh a bpolasaithe agus a cuspóirí agus an ceanglas chun 12% ar a laghad d'fhorbairt chónaithe a áireamh le haghaidh tithíocht shóisialta agus speisialta.

#### Cuspóir UHO 2- Tithíocht Shóisialta agus Speisialta

Forálacha Cuid V a chur i ngníomh de réir an *Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú) agus aon leasaithe leanúnacha d'fhoráil Cuid V chun polasaí Rialtais a léiriú.

#### Cuspóir UHO 3 – Riachtanais Speisialta

Soláthar cóiríochta feiliúnaí dóibhsean le riachtanais speisialta a éascú trí Údarás Áitiúil reatha agus nua agus trí thithíocht dheonach chomh maith le huasghrádú áitreabh reatha.

#### Cuspóir UHO 4 – Easpa Dídine

Soláthar cóiríochta feiliúnaí a éascú dóibhsean le heaspa dídine agus dóibhsean le riachtanas cóiríochta slándála.

#### Cuspóir UHO 5 – Cóiríocht don Lucht Siúil

Tacú le agus cur i ngníomh an *Dréachta Cláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018* le haghaidh Chontae na Gaillimhe (nó aon doiciméad nuashonraithe/ionadach).

### **Cuspóir UHO 6 – Cóiríocht do Dhaoine Breacaosta**

Cur chun cinn agus tacú le forbairt tithíochta le haghaidh daoine breacaosta agus leosan le míchumais, lena n-áirítear coincheap na maireachtála neamhspleáiche agus an fhorbairt 'saolré tithíochta' i.e. tithíocht atá inoiriúnaithe le haghaidh riachtanais na ndaoine a athraíonn thar thréimhse a saoil.

### **Cuspóir UHO 7 – Dearadh Measctha agus Íogair/Ardchaighdeán**

Chun a chinntiú go bhfuil forbairtí nua freagrúil dá gcomhthéacs suímh de réir charachtar, taitneamhacht, oidhreacht, chomhshaoil agus tírdhreach an cheantair. Beidh tograí forbartha nua riachtanach chun cur le carachtar reatha lár an bhaile/cheantair i dtéarmaí scála, airde, mórdhlúthú, líne tógála, dearadh d'ardchaighdeán agus bearta le haghaidh leagan amach foirgnimh agus struchtúir.

### **Cuspóir UHO 8 – Dearadh Uirbeach**

Úsáid na bprionsabail dearaidh uirbeach inbhuanaithe agus cuir chuige a chur chun cinn a chabhróidh chun timpeallachtaí nádúrtha agus tógtha d'ardchaighdeán a chruthú a thagann le comhthéacs agus leagan tírdhreacha an cheantair shonraithe, ag tabhairt aird ar an treorú atá ar fáil sna *Treoirlínte maidir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha 2009*, an *Lámhleabhar Dearaidh Uirbigh 2009* (nó aon leagan eile nuashonraithe) agus sa *Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha* (2013) (lena n-áirítear aon cháipéis eile a thagann ina dhiaidh).

### **Cuspóir UHO 9 – Tithíocht Neamhchríochnaithe/Maoine gan Áitiú**

Cur chun cinn forbairtí cónaithe suntasacha i gceantair uirbeacha ina mbeidh líon mór tithe gan áitiú nó neamhchríochnaithe riachtanach chun bunús leis an gceanglas a thabhairt, bunaithe ar chúinsí aonair an cheantair.

### **Cuspóir UHO 10 - Forbairt Sheicheamach**

Iarracht a dhéanamh forbairt ordúil agus chéimnithe ar fhorbairtí cónaithe a chur chun cinn de réir phrionsabail an chur chuige seicheamhaigh agus mar atá leagtha amach sna *Treoirlínte maidir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (Cathracha, Bailte & Sráidbhailte) 2009* (nó mar a bheadh tugtha cothrom le dáta). Áireofar air sin toimhde dearfach i bhfabhar forbairt sheicheamhach ar thailte Cónaithe le seirbhísí oiriúnacha (Céim 1) i mbailte agus sráidbhailte criosaithe. I mbailte agus sráidbhailte nach bhfuil criosaithe, beidh an toimhde i bhfabhar forbairt sheicheamhach a shíneadh ón lár amach, faoi réir chomhlíonadh le prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe agus an Phlean Forbartha Contae. Ní bhainfidh an cuspóir seo le tithe aonair a thógáil. Maidir le talamh criosaithe cónaithe neamhforbartha a chéimniú, de ghnáth ní bhreithneofar forbairt ar thailte Cónaithe Céim 2 ach amháin sa chás go mbeidh 50% de na tailte Cónaithe Céim 1 geallta le haghaidh forbartha.

### **Cuspóir UHO 11 – Dlúsanna Forbartha**

Glacfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe lena chinntiú go mbeidh dlús forbartha nua feiliúnach don chriosú úsáide talún i gceist agus/nó do chomhthéacs an tsuímh, agus go mbeidh an fhorbairt nua ag teacht leis an bpatrún forbartha atá ann cheana féin, nach n-imreoidh an fhorbairt nua tionchar diúltach ar shaoráidí an cheantair agus go mbeidh caidreamh dearfach idir forbairt atá ann cheana agus spásanna poiblí cóngaracha. Cuirfear forbairt ar fhorbairtí le dlúsanna arda chun cinn ar na suíomhanna cuí, mar shuíomhanna feiliúnacha atá lonnaithe taobh istigh de chroílár na mbailte/sráidbhailte agus atá cóngarach do shaoráidí iompair poiblí, sa chás go mbíonn forbairt dá leithéid oiriúnach do chuspóirí deartha uirbeacha agus do chuspóirí oidhreachta, d'acmhainn infreastruchtúir agus do chúrsaí comhshaoil. Tabharfaidh forbairtí nua aird ar *Threoirlínte maidir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha* (nó d'aon cháipéis chothrom le dáta eile ina dhiaidh sin).

### **Cuspóir UHO 12 – Ráitis Tionchair Teanga**

Éileoidh Comhairle Contae na Gaillimhe go gcuirfí Ráiteas Tionchair Teanga isteach maidir le tograí tithíochta do dhá theach nó níos mó a bheadh lonnaithe i gceantar Gaeltachta d'fhonn an Ghaeilge agus oidhreacht chultúir cheantair Ghaeltachta na Gaillimhe a chaomhnú agus a láidriú. Beidh Clásal Feidhme Teanga a mhaireann ar feadh thréimhse 15 bhliana infheidhme d'fhorbairtí ceadaithe, ina mbeidh dhá aonad nó níos mó i gceist.

### **Cuspóir UHO 13 – Tithíocht Uirbeach sna Lonnaíochtaí Gaeltachta**

Beidh forbairtí ar il-aonaid chónaitheacha (2 nó níos mó) sna lonnaíochtaí Gaeltachta faoi réir cheanglais áitiúchá agus teanga Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun oidhreacht chultúir agus teanga na Gaeltachta a chaomhnú lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga phobail.

## 3.7 Tithe Cónaithe Aonair faoin Tuath

### 3.7.1 Réamhrá

Sa mhír seo leagtar síos cé mar a bhfeidhmeoidh forbairt tithe aonair i gceantair tuaithe taobh amuigh de theorainneacha na mbailte agus lonnaíochtaí. Cé go bhfuil gá leis chun riachtanais fhíréanta na ndaoine a chónaíonn agus/nó a oibríonn i gceantair tuaithe a áireamh agus an tionchar a bhíonn ar shaol na tuaithe acu, tá gá chomh maith le go mbeadh cothromaíocht réasúnach idir an riachtanas chun tacú le forbairt inbhuanaithe, éagsúlú an gheilleagair tuaithe agus ag cur chun cinn forbartha geilleagraí ar thaobh amháin agus cúngú forbartha ginte uirbí ar an lámh eile. Áiríonn an Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) an traidisiún fada daoine ag cónaí i gceantair tuaithe na hÉireann agus cuireann chun cinn lonnaíochtaí tuaithe inbhuanaithe mar phríomh-chomhpháirteanna d'fhorbairt réigiúnach atá níos cothromaithe a sheachadadh. Aithníonn an Straitéis go bhfuil ceantair tuaithe agus uirbeacha idirspleách go hintreach ar a chéile agus go gcaithfear polasaithe le haghaidh struchtúir láidir uirbigh atá cothromaithe go spásúil a bheith comhoiriúnach le polasaithe inbhuanaithe na gceantar tuaithe. Áiríonn an Straitéis an tábhacht atá leis an ngeilleagar tuaithe a láidriú chun leibhéal dhaonra agus pobail a chothabháil go fadtéarmach.

### 3.7.2 Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe

Chuir an fás a tháinig ar Ghailimh mar ionad tráchtála agus fostaíochta i gcomhair leis an bhfás daonra go mór leis an mbrú suntasach ar earnáil na tithíochta faoin tuath. Dá bhrí sin, breithnítear ar an riachtanas atá le bearta a áireamh chun tithíocht tuaithe a rialú, le toimhde i gcoinne tithíochta tuaithe nach bhfuil riachtanach agus i gcoinne tithíochta tuaithe atá mar thoradh ar ghiniúint tithíochta uirbí. Tacaítear leis an gcur chuige seo trí na *Treoirínte maidir le Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe le haghaidh Údaráis Phleanála*<sup>2</sup> a sholáthraíonn:

- Gur chóir go ndéanfaid an córas pleanála sna ceantair tuaithe uile éascú ar na daoine atá páirteach sa phobal tuaithe, lena n-áirítear na daoine atá faoi bhrúnna láidre uirbeach-bhuanaithe;
- Go n-áireofaí aon duine ar mian leo teach a thógáil i gceantair tuaithe a bhfuil titim suntasach tagtha ar dhaonraí na gceantar faoi chaibidil;
- Caithear an fhorbairt ar phurláin tuaithe na gceantar mór uirbeach, lena n-áirítear na Moil agus na Bearnaí Geata; a luaitear sa Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) agus bailte móra eile le 5,000 de dhaonra nó os a chionn a bhainistiú chun a bhforbairt ordúil a chinntiú.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí idirdhealú idir éileamh ar thithíocht tuath-ghinte agus tithíocht atá ginte go huirbeach. Sainmhíníonn an NSS tithíocht tuath-ghinte mar thithíocht atá riachtanach i gceantair tuaithe sa phobal tuaithe bunaithe do dhaoine a chónaíonn agus a oibríonn i gceantair tuaithe nó i gceantair uirbeacha mórthimpeall. Sainmhínítear éileamh ar thithíocht atá ginte go huirbeach mar thithíocht i láithreáin tuaithe a bhíonn daoine a chónaíonn agus oibríonn i gceantair uirbeacha ag iarraidh a shealbhú, lena n-áirítear athbhailte. Maidir le héileamh ar thithíocht atá ginte go huirbeach amuigh faoin tuath, léiríonn an NSS gur chóir go mbeadh forbairt atá curtha chun cinn ag ceantair uirbeacha feidhmiú mar phrionsabal ginearálta, taobh istigh de na ceantair tógtha agus ar thailte trí phróiseas an phlean ceantair áitiúil, le haghaidh forbairt chomhtháite, seirbhísithe agus inbhuanaithe. Aithníonn an NSS go bhfuil daoine faoi leith ó cheantair uirbeacha ar mian leo stíl mhaireachtála tuaithe, leis an rogha chun oibriú nó taisteal chuig agus as na cathracha agus na bailte mórthimpeall. Breithnítear go bhfuil príomhról ag na sráidbhailte agus ag na bailte beaga i bhfreastal ar na cineálacha éilimh tithíochta sin ar mhodh atá níos inbhuanaithe. Tá na hidirdhealuithe seo riachtanach chun a chinntiú ar dtús báire go bhfuil éascú a

<sup>2</sup> Is ionann na Treoirínte seo agus Treoirínte an Aire faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Foráiltear faoi Alt 28 go mbeidh aird ag Údaráis Phleanála agus ag an mBord Pleanála ar Threoirínte an Aire i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna.



dhéanamh ar riachtanais tithíochta na ndaoine a bhfuil ceangail leis na ceantair tuaithe acu agus go bhfreagraíonn na cuspóirí do chúinsí áitiúla cibé a mbaineann na cúinsí sin le ceantair atá faoi mheathlú daonra nó faoi mheathlú geilleagrach nó le ceantair atá faoi bhrú mór atá ginte go huirbeach chun tithíocht a sholáthar. Glacadh le *Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe* (GTPS) in 1999 agus leis an leagan nuashonraithe in 2003. Leagtar síos an straitéis phleanála spásúla agus iompair le haghaidh an cheantar GTPS san am atá amach romhainn. Faoi *Phlean Forbartha Contae na Gaillimhe*, éilítear ar iarrthóirí sa limistéar GTPS critéir riachtanais tithíochta agus áitiúla a chur isteach. Ina theannta sin, éilítear faoin *bPlean Forbartha Contae* critéir bhreise maidir le hImeall Uirbeach an Ghoirt, Bhaile Locha Riach, Bhaile Átha an Rí agus Thuama.

### 3.8 Cineálacha Ceantair Tuaithe a Aithint


Éilíonn an Straitéis Spáis Náisiúnta agus na *Treoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe* (2005) dá éis, polasaithe lonnaithe sna Pleananna Forbartha agus go dtógfaí san áireamh ina gcur i ngníomh na cúinsí agus éilimh éagsúla ar ceantair tuaithe agus na forbartha tuaithe athraitheacha. Ainmníonn na doiciméid na cineálacha éagsúla ceantar tuaithe agus éilítear ar fhreagairtí difriúla polasaí ag brath ar éagsúlacht na gcatagóirí. De bharr athbhreithniú an Phlean, rinne an tÚdarás Pleanála measúnacht de réir an chur chuige a léirítear sna Treoirlínte:

- Anailís agus mapáil sonraí na n-iarratas pleanála le haghaidh tithíochta a cuireadh isteach ó glacadh leis an *bPlean Forbartha Contae na Gaillimhe 2009-2015*;
- Anailís forbartha tithíochta ag úsáid An Eolaire Post Geo;
- Anailís sonraí Daonra 2006 agus 2011 ar threochtaí daonra agus teaghlaigh.

Príomhthorthaí na hanailíse mar a leanas:

- Tá ardú seasmhach tagtha ar luas ghníomhaíocht an GTPS reatha maidir leis na DED go huile, tá an leibhéal forbairtí a ceadaíodh sa GTPS níos airde ná sin atá taobh thoir de theorainn an GTPS;
- Tá athruithe suntasacha le feiceáil i bhfigiúirí an daonra idir Dhaonáireamh 2006 agus Dhaonáireamh 2011.
  - a) Sa limistéar GTPS, tháinig ardú de thuairim is 12,000 duine ar an daonra;
  - b) Tháinig ardú de thuairim is 2,497 duine ar an daonra i limistéir an Chontae atá lonnaithe taobh thoir de theorainn an GTPS, tá na leibhéil fáis sna limistéir DED sin níos lú go mór le hais na leibhéil fáis sna limistéir DED;
  - c) Tá ardú de thuairim is 1,110 duine tagtha ar dhaonra limistéir an Chontae atá lonnaithe taobh thiar de theorainn an GTPS, cé go raibh áfach, ráta níos moille tógála san earnáil tithíochta sna limistéir sin.

Breithnítear go bhféadfar teorainn reatha an GTPS teorainn reatha a mheas mar Cheantair Tuaithe Faoi Bhrú Láidir Uirbeach de bharr fhás an daonra agus a ghaireacht do Chathair na Gaillimhe. Breithnítear go bhféadfar na limistéir taobh thiar de theorainn agus taobh thoir de theorainn an GTPS a mheas mar Limistéir a bhfuil a Struchtúr Lag.



**Nóta:** Níl Lonnaíochtaí Beaga léirithe

	Ceantair Tuaithe Faoi Bhrú Uirbeach (GTPS)
	Ceantair Atá Lag Ó Thaobh Struchtúir

 <b>Comhairle Chontae na Gaillimhe</b> Galway County Council		
<b>Phlean Forbartha Contae 2015-2021</b>		
Teideal <b>Cineáil Ceantair Tuaithe - RHO1</b>		
Dáta Feabhra 2015	Línithe LSL	Scála NDS

### 3.8.1 Ceantair Tuaithe faoi Bhrú Mór Uirbeach – GTPS

Ón anailís a rinneadh i Mír 3.8 thuas áiríodh go léiríonn na ceantair faoi limistéar an GTPS, saintréithe na gceantar tuaithe atá faoi bhrú láidir uirbeach. Léiríonn na ceantair sin saintréithe fáis sa daonra atá lonnaithe i ngaireacht do na bailte móra, a mbíonn líon mór de chónaitheoirí an cheantair tuaithe sin ag taisteal chucu. Ba léir ón anailís freisin go raibh brú le haghaidh forbairt tithíochta de bharr na gaireachta do Chathair na Gaillimhe. Is é cuspóir na gceantar sin, daonra seasmhach a choimeád i gceantair tuaithe ina bhfuil líonra láidir sráidbhailte agus bailte beaga.

Is iad príomhchuspóirí na Comhairle:

- Riachtanais tithíochta fíréanta an phobail tuaithe áitiúil a éascú (tithíocht tuath-ghinte), faoi réir breithniúchán teicniúil agus feiliúnachta suímh sásúla;
- Forbairt atá ginte go huirbeach a threorú go ceantair le haghaidh forbairt tithíochta nua sna hionaid uirbeacha cóngaracha, sna sráidbhailte agus bailte mar atá ainmnithe sa Chroí-Straitéis/sa Straitéis Lonnaíocht Chontae.
- Freastal do thograí forbartha cónaithe de réir Treoirlínte agus Caighdeáin DM mar atá leagtha síos i gCaibidil 13.

De réir na dTreoirlínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe, glactar leis go ginearálta mar phrionsabal go mba chóir go dtarlódh tithíocht ginte go huirbeach sna ceantair chomhthógtha nó ar thailte ainmnithe, trí phróiseas an an phlean ceantair áitiúil. Dá bhrí sin, breithnítear go ndeachtódh na prionsabail phleanála chuí agus forbairt inbhuanaithe i gcoinne chreimeadh an imill uirbigh mórtimpeall an Ghoirt, Bhaile Locha Riach, Bhaile Átha an Rí agus Thuama. Éileofar ar iarrthóirí a bhfuil a dteach cónaithe taobh istigh d’Imeall Uirbeach na mbailte sin, Riachtanas Tithíochta Tuaithe a bhfuil bunús leis a sholáthar agus ní cheadófar teach a thógáil sna ceantair sin ach don chatagóir daoine sin.

### 3.8.2 Ceantair Tuaithe a bhfuil a Struchtúr Lag (Taobh Thoir agus Taobh Thiar den GTPS)

Ón anailís a rinneadh i Mír 3.8 thuas breithníodh go bhféadfar na ceantair taobh thoir agus taobh thiar den GTPS a chatagóiriú mar Cheantair Tuaithe a bhfuil a Struchtúr Lag. Féadfar an ceantar tuaithe seo a chatagóiriú mar an ceantar tuaithe ar an taobh thoir agus ar an taobh thiar den GTPS mar a léirítear ar Léarscáil RHO1. Tá daonra íseal sna ceantair sin agus níor tharla an leibhéal fáis chéanna agus a tharla sna ceantair taobh istigh den GTPS. Tháinig titim ar dhaonra na gceantair seo, cé go bhfuil roinnt ceantair inar tháinig ardú ar an daonra idir Dhaonáirimh 2006 agus 2011. Sna ceantair seo a bhfuil a struchtúr lag de bharr an daonra ísil i gcomparáid leis na ceantair taobh istigh den GTPS, tá seirbhísí agus infreastruchtúr laghdaithe ar fáil sna ceantair sin de bharr an daonra ísil iontu.

Sa cinéal ceantar tuaithe seo, is iad príomhchuspóirí na Comhairle:


- Freastal ar thograí forbartha cónaithe mar a thagann siad chun cinn, faoi réir ag feiliúnacht suímh sásúla agus breithniúcháin teicniúla;
- Freastal ar thograí forbartha cónaithe de réir le Caibidil 13 (Caighdeáin Bainistíochta Forbartha agus Treoirlínte);
- Na bailte agus na sráidbhailte reatha a chothú agus a láidriú agus éileamh ar thithíocht atá ginte go huirbeach a threorú isteach sna ceantair sin;
- Ceantair a chaomhnú atá lonnaithe i gCatagóir Tírdhreacha 3, 4 agus 5.

### 3.8.3 An Straitéis Forbartha 2015-2021

Chun riachtanais na *Straitéise Spáis Náisiúnta* agus na *dTreoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe* Inbhuanaithe a chorprú, breithnítear go bhfuil sé riachtanach go mbeidh na freagairtí polasaí sonracha a leanas corpraithe sa Phlean, chun a chinntiú go bhfuil soláthar tithíochta tuaithe amuigh faoin tír bainistithe go héifeachtach agus go hiomchuí. I dteannta an dá cheantar ainmnithe thuas, breithnítear go bhfuil sé riachtanach na ceantair a áireamh atá faoi thionchar Rangaithe Tírdhreacha 3-5 agus na ceantair atá lonnaithe taobh istigh den Ghaeltacht. Sna ceantair atá rangaithe i Rangú Tírdhreacha 3, 4 agus 5, éilítear ar iarrthóir ar mian leis/léi teach tuaithe a thógáil amuigh faoin tír, Riachtanas Tithíochta Tuaithe a bhfuil bunús leis agus a Ceangail Tuaithe a léiriú.

Tá na polasaithe sonrúithe le haghaidh tithíocht tuaithe amuigh faoin tuath mar a leanas:

- Crios Tithíochta Tuaithe 1: Ceantar Tuaithe Faoi Bhrú Láidir Uirbeach GTPS
- Crios Tithíochta Tuaithe 2: Ceantair a bhfuil a Struchtúr Lag
- Crios Tithíochta Tuaithe 3: Catagóir 3, 4 agus 5
- Crios Tithíochta Tuaithe 4: An Ghaeltacht



Nóta: Níl Lonnaíochtaí Beaga léirithe

- Crios 1 - Ceantair Tuaithe Faoi Bhrú Uirbeach
- Crios 2 - Ceantair Atá Lag Ó Thaobh Struchtúir
- Catagóir Tírdhreach 1&2 (Níl aon mheasúnú tionchair amhairc ag teastáil)
- Crios 3 - Catagóir Tírdhreach 3-5
- Crios 4 - An Ghaeltacht
- Frainse Uirbeach

Ba chóir an léarscáil a léamh i gcomhar le cuspóirí RHO1 , RHO2 , RHO3 & RHO4



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council

Phlean Forbartha Contae 2015-2021

Teideal

**Beartas Tithíochta Tuaithe - RHO2**

Dáta	Línithe	Scála	
Feabhra 2015	LSL	NDS	

### 3.9 Polasaithe agus Cuspóirí Tithíocht Tuaithe

#### Polasaithe Tithíocht Tuaithe

##### Polasaí RHO 1 – Bainistiú Tithe Nua Singile faoin Tuath

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle bainistiú tithe nua singile faoin tuath a éascú de réir Chriosanna Tithíochta Tuaithe 1, 2, 3 & 4 agus tacú le hathúsáid inbhuanaithe soláthair tithíochta sa Chontae.

##### Polasaí RHO 2 – Cloí le Treoirínte Reachtúla agus Plean Forbartha Contae

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle a chinntiú go gcomhlíonfaidh tithíocht i gceantair tuaithe amach anseo le Treoirínte maidir le Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe le haghaidh Údaráis Pleanála 2005 (DOEHLG), an Chroí-Straitéis/Straitéis Lonnaíochta le haghaidh Contae na Gaillimhe, Cuspóirí Tithíochta Tuaithe agus na Treoirínte agus Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha an Plean.

#### Cuspóirí Tithíochta Tuaithe

##### Cuspóir RHO 1 – Crios Tithíochta Tuaithe 1 (Ceantar Tuaithe Faoi Bhrú Láidir Uirbeach – GTPS)

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle Tithíocht Tuaithe a éascú amuigh faoin tuath faoi réir ag na critéir a leanas:

1. (a) Na hiarrthóirí a bhfuil Ceangail Tuaithe\* leis an gceantar acu trí cheangail teaghlaigh fadtéarmacha agus trí cheangail teaghlaigh reatha ar mian leo a gcéad teach a thógáil ar thalamh feirme teaghlaigh reatha. Seolfar fianaise dhoiciméadach isteach chuig an Údarás Pleanála chun an fhorbairt bheartaithe a dhlísteánú agus déanfar measúnú ar bhonn cáis ar chás.

#### NÓ

1. (b) Na hiarrthóirí sin nach bhfuil i seilbh tailte teaghlaigh ach ar mian leo a gcéad teach a thógáil sa phobal a bhfuil Ceangail Tuaithe\* fadtéarmacha acu leis agus inar chaith siad tréimhse suntasach, leanúnach dár saol. (i.e. a d'éirigh aníos sa cheantar, a fuair oideachas sa cheantar agus a bhfuil ceangail neasteaghlaigh reatha sa cheantar acu, m.sh. mac nó iníon le cónaitheoirí fadtéarmacha an cheantair). Tabharfar aird ar chúinsí speisialta sa chás nach bhfuil neasteaghlach ag úinéir talún agus ar mian leis/léi freastal do nia nó do neacht ar thailte an teaghlaigh. Ar Riachtanas Tithíochta Tuaithe a bhfuil Bunús leis\* a chruthú, freastalófar do dhaoine a bhfuil iarratais á ndéanamh acu ar shuíomh atá lonnaithe taobh istigh de 8km ó áras bunaidh an teaghlaigh, faoi réir ag gnáthchritéir bhainistíochta forbartha agus ar an gcoinníoll nach dtéann an suíomh isteach in Imeall Uirbeach\* an Ghoirt, Bhaile Locha Riach, Bhaile Átha an Rí, nó Baile Thuama. Seolfar fianaise dhoiciméadach isteach chuig an Údarás Pleanála chun an fhorbairt bheartaithe a dhlísteánú agus déanfar measúnú ar bhonn cáis ar chás.

#### NÓ

1. (c) Na hiarrthóirí a léiríonn go sásúil don Údarás Pleanála go bhfuil siad ag brath go feidhmiúil ar na ceantair tuaithe láithreacha ina bhfuil iarratas a dhéanamh ar theach singil a thógáil faoin tuath mar a bPríomháit Chónaithe Teaghlaigh. Seolfar fianaise dhoiciméadach isteach chuig an Údarás Pleanála chun an fhorbairt bheartaithe a dhlísteánú agus déanfar measúnú ar bhonn cáis ar chás.

#### NÓ

1(d) Sa chás gur féidir le hiarrthóirí sonraí fóilió nó sonraí Chlárlann na Talún a chur ar fáil a léiríonn go bhfuil na tailte sa cheantar inar mian leo a gcéad theach a thógáil mar a bPríomháit chónaithe, i seilbh an teaghlaigh ar feadh tréimhse 20 bliain nó níos faide, déanfar a gcáilitheacht a mheas. Sa chás go mbíonn an tÚdarás Pleanála sásta ní chaithfear naisc intreacha breise a léiriú.

#### NÓ

1(e) Sa chás go bhfuil na suíomhanna ar fad ar thailte teaghlaigh atá lonnaithe i gceantar ainmnithe

déanfar na daoine muinteartha a mheas faoi réir cheanglais na Treorach maidir le Gnáthóga agus faoi réir gnáth-bhreithnithe pleanála.

**2. (a)** Na hiarrthóirí a chaith tréimhse shuntasach dá saol sa cheantar tuaithe, a chaith tréimhse imithe ón mbaile agus ar mian leo anois filleadh ar ais agus a gcéad teach a thógáil mar a bpríomháit chónaithe, sa cheantar áitiúil seo. Tabharfar breithniú speisialta do dhuine amháin as neasteaghlach eisimirceach atá ag filleadh ar an gceantar áitiúil seo le cónaí gar dá neasteaghlach. Seolfar fianaise dhoiciméadach isteach chuig an Údarás Pleanála chun an fhorbairt bheartaithe a dhlísteánú agus déanfar measúnú ar bhonn cáis ar chás.

**2. (b)** Chun aitheantas a thabhairt go bhféadfadh cúinsí sláinte eisceachtúla, le tacaíocht dhoiciméadúcháin chuí ó dhochtúir cláraithe agus ó eagraíocht míchumais, éileamh a dhéanamh ar dhuine maireachtáil i dtimpeallacht faoi leith nó i ngaireacht do thacaíocht teaghlaigh. Seolfar fianaise dhoiciméadach isteach chuig an Údarás Pleanála chun an fhorbairt bheartaithe a dhlísteánú agus déanfar measúnú ar bhonn cáis ar chás.

**3.** Beidh Clásal Feidhme faoi réir ar feadh tréimhse 7 mbliana, i ndiaidh an dáta ina dtéann an duine nó na daoine le cónaí sa teach ar a bhfuil an Clásal Feidhme dírithe.

**\*Féach na sainmhínithe ar leathanach 65.**

#### **Cuspóir RHO 2 – Saincheantar Tithíochta Tuaithe 2 (Ceantar a bhfuil a Struchtúr Lag)**

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle an fhorbairt ar thithe aonair amuigh faoin tuath a éascú i 'gCeantair a bhfuil a Struchtúr Lag' faoi réir ag comhlíonadh le critéir chomhshaoil agus ghnáthphleanála agus le Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha agus Treoirlínte mar a luaitear i gCaibidil 13 agus le caighdeáin infheidhmithe eile seachas na tailte sin a thagann faoi Chatagóirí Tírdhreacha 3, 4 & 5 sa chás go mbíonn cuspóir RHO3 infheidhmithe.

#### **Cuspóir RHO 3 – Saincheantar Tithíochta Tuaithe 3 (Catagóir Tírdhreacha 3, 4 agus 5)**

Éilítear ar na hiarrthóirí ar mian leo tithe aonair a thógáil faoin tuath sna ceantair atá lonnaithe i gCatagóirí Tírdhreacha 3, 4 agus 5 a gCeangal Tuaithe leis an gceantar a léiriú agus Riachtanas Tithíochta Tuaithe a bhfuil Bunús leis a chur isteach chuig an Údarás Pleanála. I dteannta sin, d'fhéadfaí go n-éileofaí ar iarrthóir measúnacht tionchair amhairc dá bhforbairt a chur isteach, sa chás go bhfuil an togra lonnaithe i gceantar atá ainmnithe mar 'Phointí Fócasacha/Amhairc' sa Mheasúnacht Charachtar Thírdhreach an Chontae nó in Aicme 4 agus 5 na gceantar tírdhreacha ainmnithe. Seolfar fianaise dhoiciméadach isteach chuig an Údarás Pleanála chun an fhorbairt bheartaithe a dhlísteánú agus déanfar measúnú ar bhonn cáis ar chás. Seasfaidh tréimhse an Chlásaíl Feidhme ar feadh 7 mbliana, i ndiaidh an dáta ina gcónaíonn an duine nó na daoine sa teach ar a bhfuil an clásal feidhme dírithe.

**\*Féach na Sainmhínithe ar an Leathanach 65.**

#### **Cuspóir RHO 4 – Saincheantar Tithíochta Tuaithe (Gaeltacht)**

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle Tithíocht Tuaithe a éascú amuigh faoin tuath faoi réir ag na critéir a leanas:

**(a)** Comhlíonfaidh iarrthóirí na Gaeltachta atá lonnaithe i Saincheantar 1 (Ceantar Tuaithe atá Faoi Bhrú Láidir Uirbeach – GTPS) agus Saincheantar 3 (Catagóir Tírdhreacha 3, 4 agus 5) leis na cuspóirí atá luaite i RHO1 agus RHO3 mar is iomchuí. Ceadófar d'iarrthóirí a bhfuil a dteach teaghlaigh bunúil lonnaithe ar an stráice cósta taobh thiar den Spidéal, teannadh níos gaire don chathair ach gan a bheith níos faide na 8km ón teach teaghlaigh bunúil.

**NÓ**

**(b)** Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle go dtabharfaí aird ar chainteoirí Gaeilge a bhféadann a n-inniúlacht chun Gaeilge a labhairt de réir cheanglais Chomhairle Contae na Gaillimhe a chruthú agus a bhfuil in ann a n-inniúlacht chun a bheith mar thairbhe do thraidisiún, cultúr, ealaíon, oidhreacht agus líonraí teanga Pobal Gaeltachta fuinniúil a léiriú. Baineann an breithniú seo le hiarrthóirí ar mian leo a bpríomhtheach cónaithe a bheith in ainmníochtaí tírdhreacha Aicme 1 agus 2 agus 3. Bainfidh sé le

ceantair Aicme 4 chomh maith nach bhfuil suite i láithreacha sáramhairc. Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 15 mbliana a bhaineann le forbairtí ceadaithe sa chatagóir seo.

#### **Cuspóir RHO 5 – Athchóiriú Tithíochta i gCeantair Ghaeltachta**

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle go ndéanfaí breithniú ar athchóirithe tógála i gceantair Ghaeltachta chun Turasóireacht sa Ghaeltacht agus Coláistí Gaeltachta a chur chun cinn chomh fada go bhfuil bunús leis an riachtanas agus go gcomhlíonann an fhorbairt le ceanglais Lámhleabhair Chód Chleachtais an EPA 2009 nó le haon lámhleabhar fuíolluisce dá éis. Seolfar fianaise dhoiciméadach isteach chuig an Údarás Pleanála chun an fhorbairt bheartaithe a dhlísteánu agus déanfar measúnú ar bhonn cáis ar chás.

#### **Cuspóir RHO 6 – Áitreabh Ionadaithe**

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle go gcuirfí spreagadh faoi obair athchóirithe ar thithe cónaithe, mar rogha a bheadh níos inbhuanaithe ná leagan agus atógáil tí cónaithe nua, mura ndéanfar cás láidir ar son scartála atá bunaithe ar fhianaise theicniúil a chur faoi bhráid an Údaráis Pleanála le haghaidh breithnithe ar bhonn cáis ar chás. Éileofar go ndéanfar aon teach cónaithe nua a dhearadh de réir Treoirlínte Dhearadh Chomhairle Contae na Gaillimhe maidir le Tithíocht Tuaithe amuigh faoin tuath. Freastalófar d'iarratasóirí a éilíonn an teach cónaithe atá ann cheana féin a leagan, gan an ceanglas maidir le riachtanas tithíochta a chomhlíonadh, nó gan cruthúnas maidir le cónaitheacht a léiriú agus ní bheidh na hiarratasóirí sin faoi réir clásal feidhme.

#### **Cuspóir RHO 7 – Athchóiriú Áitribh Thréigthe Reatha/Áitreabh Leathfhothrachúil**

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle go ndéileálfar le tograí chun athchóiriú, athshlánú nó modhnú a dhéanamh ar áitribh thréigthe nó ar áitribh leathfhothrachúla sa Chontae de réir a bhfiúntas ar bhonn cáis ar chás, ag tabhairt aird ar pholasaithe agus ar chuspóirí iomchuí an Phlean, an suíomh sonrach agus staid an struchtúir agus scála d'aon oibreacha atá riachtanach chun an struchtúr a uasghrádú ar chaighdeán na linne seo. Caithfidh an t-áitreabh tréigthe/leathfhothrachúil a bheith slán ó thaobh struchtúir de, a bheith in acmhainn athchóirithe agus/nó in acmhainn sínidh agus formhór na mballaí bunúla a bheith slán. Éileofar tuarascáil struchtúrach a léiríonn gur féidir an struchtúr a úsáid mar áitreabh gan carachtar bunúil an áitribh a chailleadh. Sa chás go bhfuil sé beartaithe an struchtúr a leagan go cuirfear Clásal Feidhme i ngníomh a mhairfidh ar feadh seacht mbliana.

#### **Cuspóir RHO 8 - Áitreabh Aonair atá Beagnach Tógtha**

Sa chás go mbeidh cead pleanála imithe in éag i ndáil le forbairt a ceadaíodh roimhe sin, atá beagnach tógtha ach atá neamhchríochnaithe, ní gá Riachtanas Tithíochta Tuaithe a chruthú mura raibh sin mar choinníoll den chead pleanála a deonaíodh roimhe sin.

#### **Cuspóir RHO 9 – Treoirlínte Dearaidh**

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle aird a thabhairt ar *Threoirlínte Dhearadh Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Tithe Singile Tuaithe*, le tagairt sonrach don mhéid seo a leanas:

- a) Tá sé mar chuspóir dearadh nua áitribh a spreagadh a áiríonn an carachtar, patrún agus traidisiún na háiteanna reatha, ábhair thógála a thagann leis go cuí an tírdhreach.
- b) Tá sé mar chuspóir cuir chuige inbhuanaithe maidir le dearadh tí a chur chun cinn agus tograí atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh, dearaidh agus leagain amach a spreagadh.
- c) Tá sé mar chuspóir go n-éileofar ar an tírdhreachadh agus ar an scáthphlandáil na bhforbairtí beartaithe go n-úsáidfear speicis agus grúpálacha áitiúla/dúchasacha.

#### **Cuspóir RHO 10 – Tithíocht Tréigthe/Neamhchríochnaithe**

Moltar d'iarrthóirí le haghaidh tithíocht tuaithe ar thailte seachas tailte teaghlaigh breithniú a dhéanamh ar an rogha chun úsáid a bhaint as tithíocht ceadaithe nó tithíocht reatha sna cásanna go bhfuil leibhéal ard stoc ar fáil. Ba chóir ráiteas a bhaineann le hábhar a chur isteach mar chuid den iarratas ag léiriú go ndearnadh scrúdú ar an stoc sa cheantar agus gur breithníodh cúiseanna soiléire nach raibh ceann ar bith de na forbairtí sin oiriúnach.

#### **Cuspóir RHO 11 – Críochadóireacht Tuaithe/uirbeach**

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle carachtar oscailte na dtailte idirchriosacha a chosaint agus a chaomhnú taobh amuigh de lonnaitheachtaí chun deighilt shoiléir a chruthú idir cheantair uirbeacha agus an tuath.

#### **Cuspóir RHO 12 - Cóireáil Fuíolluisce a bhaineann le Forbairt i gCeantair gan Seirbhísí**

Forbairt i gceantair gan seirbhísí a cheadú sa chás go léireofar chun sástachta an Údaráis Phleanála go bhfuil an córas cóireála fuíolluisce ag teacht le *Cód Cleachtais an EPA 2009 do chórais Chóireála agus*



*Diúscartha Fuíolluisce a fhreastalaíonn ar Thithe Aonair/Lámhleabhair Chóireála Fuíolluisce an EPA (1999) (nó aon cháipéisí a thiofadh ina n-áit), Córais Chóireála do Phobail Bheaga, Gnólachtaí, Ionaid Fóillíochta agus Óstáin, agus faoi réir ag comhlíonadh le forálacha agus cuspóirí Chreat-Treoir Uisce an AE.*

### **Cuspóir RHO 13 - Clásal Feidhme Teanga ar Feadh an tSaoil**

Measfar go mbeidh clásal feidhme teanga imithe in éag tar éis tréimhse seacht mbliana áitíochta lánaimseartha ag an iarratasóir. Ní mór iarratas pleanála a dhéanamh chun deireadh iarbhír a chur leis an gclásal feidhme teanga.

### **Sainmhínte luaite thuas:**

#### **\*Ceangail Tuaithe:**

Mar a úsáidtear thuas, sainmhínítear mar dhaoine a bhfuil ceangail láidre leis an gceantar tuaithe acu agus ar mian leo áitreabh a thógáil go ginearálta taobh istigh de limistéar 8km ón áit inar chónaigh an t-iarrthóir ar feadh tréimhse leanúnach, suntasach dá saol.

#### **\*Riachtanas Tithíochta Tuaithe a bhfuil Bunús leis:**

Sainmhínítear mar fianaise tacaíochta le haghaidh duine chun cónaí i gceantar faoi leith nach bhfuil i dteideal tí agus nach raibh i seilbh tí riamh, nach bhfuair cead pleanála le haghaidh teach singil tuaithe a thógáil (seachas cúinsí eisceachtúla) sa cheantar atá i gceist agus a bhfuil riachtanas tí acu. Ina theannta sin, caithfidh na hiarrthóirí a gceangail tuaithe a léiriú mar atá luaite thuas.

#### **\*Imeall Uirbeach:**

Imeall uirbeach an Ghoirt, Bhaile Locha Riach, Bhaile Átha an Rí agus Thuama. Éileofar ar iarrthóirí a bhfuil a dtithe teaghlaigh lonnaithe taobh istigh den imeall uirbeach Riachtanas Tithíochta Tuaithe a bhfuil bunús leis a léiriú agus ní cheadófar ach don chatagóir duine sin áitreabh a thógáil sa cheantar.

## Caibidil 4 – Forbairt Gheilleagrach, Turasóireachta agus Miondíola

---

### 4.1 Réamhrá

Le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a chinntiú ní mór cothromaíocht a bheith ann i dtaobh láthair agus éagsúlacht na gníomhaíochta geilleagraí chomh maith leis an timpeallacht agus caighdeán maireachtála na ndaoine a chosaint. Ina leith sin, leagtar amach sa chéad chaibidil seo polasaithe agus cuspóirí cuiditheacha geilleagracha agus turasóireachta a mheasfar a chuirfidh ar chumas an Chontae dul chun cinn a dhéanamh i rith shaolré an Phlean. Leagtar béim ar chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le príomhgheallsealbhóirí chun cobhsaíocht leanúnach a bhaint amach mar aon le fás geilleagrach inbhuanaithe. Ní mór é a bheith ar chumas na mbailte níos mó sa Chontae dul in iomaíocht laistigh den réigiún agus ní mór do na bailte agus na sráidbhailte níos lú a bheith in ann freastal ar an micreacnamaíocht.

Sa bhreis air sin, aithnítear go mbíonn cásanna faoi leith ann a mbíonn sé praiticiúil agus inbhuanaithe fiontair atá oiriúnach do cheantair tuaithe a éascú. Ar deireadh, díritear ar an earnáil turasóireachta agus ar theacht chun cinn na hearnála bia agus ceardaíochta agus cruthaitheachta sa Chontae. Tacaítear ann forbairt gheilleagrach níos mó a bheadh bunaithe ar acmhainní nádúrtha atá forleathan sa Chontae ar an bhfarraige agus ar an talamh a dhaingniú go hinbhuanaithe.

Sa dara cuid den Chaibidil leagtar amach na cuspóirí maidir le soláthar miondíola sa Chontae le linn thréimhse an Phlean. Tá an chuid seo bunaithe ar na *Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Áitiúla* (2012) agus na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair 2010-2022*. Cuireann na Treoirlínte seo creat ar fáil chun ordlathas miondíola a chruthú agus straitéis foriomlán miondíola don Chontae. Cuireann na cuspóirí sa chuid seo treoir straitéiseach ar fáil maidir le staid na forbartha miondíola a bhreithnítear a bheith cuí sna lonnaitheachaí thuasluaite agus sna bailte agus na sráidbhailte sa Chontae.

### 4.2 Aidhmeanna Straitéiseacha

- Iarracht a chinntiú go mbeidh téarnamh geilleagrach inláimhsithe agus go mbeidh fás geilleagrach le feiceáil i ngach cuid den Chontae agus go roinntear é i measc gach cónaitheoir;
- Bonn cuimsitheach geilleagrach, turasóireachta agus fostaíochta Chontae na Gaillimhe a chosaint agus a athrú;
- Fiontar agus forbairt ar scála mór a éascú in áiteanna straitéiseacha sa Chontae;
- Fás geilleagrach i ngeilleagar tuaithe an Chontae i bhfoirm éagsúlacht feirme, thurasóireacht ghlas agus mhicreafhiontar tuaithe inbhuanaithe a éascú;
- A chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais mhiondíola dhaonra an Chontae, a mhéid agus is féidir, laistigh de Chontae na Gaillimhe;
- Tacú le ról na mbailte mar threallús faoi fhás gheilleagrach i gContae na Gaillimhe agus lár bailte a bhfuil cúnaimh agus idirghabháil de dhíth orthu a aithint ar mhaithe le hiarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar mheath nó léig tráchtála ar bith agus iarracht a dhéanamh miondíol a chur chun cinn;
- A chinntiú go mbeidh áiteanna poiblí a bhaineann le bailte agus sráidbhailte sa Chontae go deas, sábháilte agus inrochtana mar aon le bríomhar ionas go meallfar an pobal isteach chun cónaí nó oibriú iontu agus chun siopadóireacht agus spraoi a dhéanamh iontu;
- A bheith gníomhach i modhanna a aimsiú chun ionaid lár baile a aithint lena n-áirítear foirgnimh tréigthe/neamhúsáidte a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'fhorbairt miondíola nó chun críocha gnó nó tráchtála.

Léiríonn an tábla seo a leanas na deiseanna geilleagracha do Chontae na Gaillimhe.

<b>Buanna Chontae na Gaillimhe</b>	<b>Deiseanna Geilleagracha do Chontae na Gaillimhe</b>
<b>Láithreacht láidir ag Cuideachtaí Innáisiúnta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Deiseanna fostaíochta agus cnuasaigh tionscail a chruthaíonn fostaíocht.</li> <li>• Poitéinseal maidir le fiontair seachthairbhe.</li> <li>• Poitéinseal maidir le comhoibriú Taighde agus Forbartha le hinstitiúidí taighde in NUIG agus GMIT.</li> <li>• Tionchar ag chultúir eachtracha gnó laistigh de FDI ar fhiontar áitiúil.</li> <li>• Gaillimh a bhunú mar láthair idirnáisiúnta chun gnó a dhéanamh.</li> </ul>
<b>Conair Gheilleagrach Aitheanta</b> <b>Tailte Fostaíochta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Láthair mór IDA le seirbhísí, a bhfuil cead pleanála iomlán aige, agus atá ar fáil le húsáid láithreach.</li> <li>• C. 529 heicteár talún neamhfhorbartha atá críosaithe d'úsáid Tionscail/Gnó &amp; Fiontair/Gnó &amp; Teicneolaíochta ar fáil sna bailte móra ar fud an Chontae.</li> </ul>
<b>Infrastruchtúr Iompair a Fheabhsú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An Mótarbhealach as an nGort go Tuaim a thógáil láithreach chun am taistil a fheabhsú agus chun brú tráchta sa Chontae a laghdú.</li> <li>• Rochtain, gluaiseacht agus iompar earraí níos tapúla agus níos fearr.</li> <li>• Laghdaíonn costais iompair, cuireann le hiomaíochas.</li> <li>• Osclaíodh roinnt stáisiún iarnróid agus cuid de Chonair Iarnróid an Iarthair le déanaí, rud a chuir roghanna eile iompair inbhuanaithe ar fáil agus a chuir feabhas ar naisc iarnróid sa Chontae.</li> <li>• Poitéinseal ag Láithreán Aerfort na Gaillimhe.</li> </ul>
<b>Infrastruchtúr a Fheabhsú</b> <b>-Uisce &amp; Fuíolluisce</b> <b>-Teileachumarsáid</b> <b>-Gás</b> <b>-Fuinneamh</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seirbhísí uisce agus fuíolluisce do thionscail agus d'earnálacha a fheabhsú.</li> <li>• Tá an scéim um leathadh amach náisiúnta leathanbhanda tugtha chun críche agus tá rochtain ag 111 ED i nGaillimh ar sheirbhísí leathanbhanda ardcháilíochta &amp; éifeachtach ó thaobh costas, a chuireann deiseanna níos fearr ar fáil i gceantair uirbeacha agus deiseanna geilleagracha níos fearr ar fáil i gceantair thuaithe, chun leasa cuideachtaí nuathionscanta ach go háirithe.</li> <li>• MANS ar fáil i gcúig bhaile sa Chontae (Baile Átha Rí, Baile Átha na Sluaighe, an Clochán, an Gort &amp; Baile Locha Riach)</li> <li>• Feabhas a chur ar na líonra gáis agus mar sin soláthar malartach fuinnimh a chur ar fáil.</li> <li>• Costais fuinnimh níos ísle.</li> <li>• Is sócmhainn gheilleagrach don Chontae é stáisiún cumhachta Thíne.</li> </ul>
<b>Sócmhainní Nádúrtha d'Fhuinneamh In-athnuaite</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Deiseanna forbartha don gheilleagar glas trí sheach-tionscail ghlasa.</li> <li>• Taighde &amp; Forbairt in institiúidí tríú leibhéal.</li> <li>• Cruthaíonn acmhainní nádúrtha deiseanna don earnáil fuinnimh in-athnuaite.</li> <li>• Poitéinseal don Chontae a bheith féinchothabhálach i ndáil le fuinneamh glas. Poitéinseal ó thaobh tionscail áirithe a mhealladh</li> </ul>
<b>Tionscail Talmhaíochta, Dobharshaothraithe &amp; Muirshaothraithe láidre agus seanbhunaithe.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Poitéinseal forbartha &amp; éagsúlaithe ag an tionscal bia.</li> <li>• Margaí feirmeoirí agus tionscail cheardaíochta a fhás, líon níos airde custaiméirí a mhealladh chuig na mbailte.</li> <li>• An tsaoráid chalahd uisce domhain i Ros an Mhíl - ceann de na calaí iascaireachtaí is mó sa Tír.</li> <li>• Deiseanna chun na hearnálacha talmhaíochta, dobharshaothraithe agus muirshaothraithe a fhorbairt tuilleadh.</li> </ul>
<b>Gaireacht do Gheata na Gaillimhe &amp; Cheantar Cathrach na Gaillimhe a bheith ann</b> <b>Molbhaile ainmnithe Thuama sa Chontae</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tairbhí ó threallús geilleagrach Gheata na Gaillimhe agus Cheantar Cathrach na Gaillimhe i limistéar an Chontae, rud a chuireann rochtain éasca ar fáil freisin do raon iomlán seirbhísí réigiúnacha.</li> <li>• Cuireann Geata na Gaillimhe margadh féideartha ar fáil don iliomad micrifhiontar atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe.</li> <li>• Cruthaíonn ainmniúchán Mholbhaile Thuama naisc agus idirghníomhaíochtaí idir Tuaim agus Geata na Gaillimhe &amp; Geata Shligigh, atá gar dó, chomh maith le fuinneamh a chur faoina cheantar gabhála féin sa Chontae, atá sách mór. Baintear sin amach trí shuíomh straitéiseach Thuama ar na líonraí bóithre réigiúnacha/náisiúnta, chomh maith leis na naisc fuinnimh/chumarsáide láidre, an cumas ó thaobh infrastruchtúr, an t-ionchas suntasach infheistíochta agus an cumas ó thaobh forbartha, fostaíochta áitiúla agus feidhmeanna seirbhísí atá ann.</li> </ul>
<b>Scaipeadh Cothrom Geografach ag na Príomhbhailte</b> <b>Líonra de Bhailte</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhbhailte a chuireann raon leathan seirbhísí fostaíochta, miondíola agus eile ar fáil do cheantar níos leithne.</li> <li>• Poitéinseal d'earnálacha miondíola agus tráchtála trí aonaid mhiondíola/tráchtála</li> </ul>

<b>Beaga agus Sráidbhailte Tarraingteacha</b>	atá tógtha, gan áitiú agus 'réidh le tosú' a bheith ar fáil go forleathan ar fud bhailte agus sráidbhailte sa Chontae.
<b>Naisc Third Level Institutional Linkages &amp; Research Centres</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Fostaíocht shuntasach dhíreach agus neamhdhíreach á sholáthar.</li> <li>• Gaireacht don Ollscoil agus do GMIT</li> <li>• Campas GMIT Ionannithe i Leitir Fraic, Coláiste Talmhaíochta an Chreagáin, Saoráid Taighde Teagaisc - Baile Átha an Rí, Foras na Mara sa Rinn Mhaoil, Ionad Taighde Atmaisféir NUI - Carna.</li> <li>• Deiseanna Taighde &amp; Forbartha a thugann tacaíocht d'fhiontair agus do thionscail nuálacha.</li> </ul>
<b>Gnóthachtáil Oideachais ar Ardleibhéal</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Fórsa saothair atá ar fáil agus a bhfuil oideachas &amp; oiliúint orthu.</li> <li>• Teacht ar dhaonra lena mbaineann poitéinseal fiontraíochta.</li> </ul>
<b>Cur leis an Daonra</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cur leis an daonra chun infheistíocht agus seirbhísí a mhealladh chuig na bailte agus chun iad a choinneáil iontu.</li> <li>• Inimirce ag cur le nádúr ilchultúir dhaonra na Gaillimhe.</li> </ul>
<b>An Líon Daoine ar an mBeochlár a Íoslághdú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cruthú post, oiliúint agus fiontraíocht leanúnach.</li> <li>• Líon méadaithe fostaithe chruthaíonn, éileamh intíre ar earraí agus ar sheirbhísí i measc gnónna áitiúla.</li> </ul>
<b>Taitneamhachtaí &amp; Tírdhreach faoi Leith</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Líon mór oileán cósta agus eischósta, sléibhte agus lochanna, chomh maith le taitneamhachtaí náisiúnta mar shampla Páirc Náisiúnta Chonamara, Dún Aengus, Mainistir na Coille Móire, Páirc Foraoise Phort Omna, Páirc na Cúile, Láthair Tuirlingthe Alcock &amp; Browne etc. a sholáthraíonn táirge turasóireachta faoi leith agus treallús geilleagrach do na ceantair thuaithe.</li> <li>• Poitéinseal maidir le turasóireacht mara agus leas a bhaint as an Blueway, slite cadhcála, turasóireacht fo-uisce, iascaireacht spóirt, agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.</li> </ul>
<b>Conláistí &amp; Caitheamh Aimsire Taobh Amuigh</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An stór conláistí agus caitheamh aimsire a fhorbairt chun cur leis an bpoitéinseal ó thaobh turasóireachta agus chun Príomhchathair na hÉireann ó thaobh Caitheamh Aimsire agus Conláistí Taobh Amuigh a dhéanamh de Ghailimh.</li> <li>• Margaíocht agus forbairt a dhéanamh ar Ghlasbhealach Chonamara agus ar bhealaí siúil agus rothaíochta eile sa Chontae chun an leas geilleagrach is mó is féidir a fháil.</li> </ul>
<b>Ardchaighdeán Beatha</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tarraingteach don fhórsa saothair ó thaobh cothromaíocht oibre-saoil agus do lucht fiontraíochta, FDI agus do dhaoine ardoilte.</li> <li>• Fad taistil níos giorra chun na hoibre.</li> <li>• Costas maireachtála agus praghsanna tithe níos ísle i gcomparáid le hoirthear na hÉireann.</li> <li>• Cultúr áitiúil éagsúil, faoi leith.</li> <li>• Cáilíocht ghlan aeir.</li> <li>• Líonra láidir de chlubanna áitiúla agus de ghrúpaí a bhfuil spiorad laidir pobail acu.</li> <li>• Seirbhísí maíthe sláinte.</li> <li>• Seirbhísí maíthe oideachais.</li> <li>• Spás agus saoráidí dóthanacha le haghaidh caitheamh aimsire.</li> </ul>
<b>Oidhreacht Thógtha agus Chultúir, Gaeltacht</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Taitneamhachtaí turasóireachta, cuairteoirí agus teanga, agus geilleagair ghaolmhara, a chur ar fáil.</li> <li>• Láithreachtaí láidir ag na healaíona agus gaol leis an gContae.</li> </ul>
<b>Moderate Climate</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Aeráid mheasartha ata oiriúnach do shuiteáil ionad sonraí/trádstórais néalríomhaireachta.</li> </ul>

**Tábla 4.1: Buanna agus Deiseanna Chontae na Gaillimhe**

### 4.3 Comhthéacs

De réir an OECD sa tuarascáil *Suirbhé Geilleagrach na hÉireann 2013*, is léir go bhfuil an tír ag teacht chuici féin de réir a chéile tar éis ghéarchéim chrua baincéireachta agus airgeadais. Tá difhostaíocht agus fiacha fairsing de bharr na géarchéime, ar an gcuid is airde san OECD <sup>1</sup>.

Aithníonn an tuarascáil seo a foilsíodh le déanaí go bhfuil an téarnamh ag brath go mór ar difhostaíocht a laghdú agus leagtar béim ann freisin go bhfuil gá le idirghabhálacha beartais margaidh saothair cinntitheach chun sin a bhaint amach. I dtuairim on OECD, ní mór aghaidh a thabhairt ar

<sup>1</sup> <http://www.oecd.org/economy/ireland-2013.htm>

easpa scileanna trí ábhar scéimeanna oideachais agus oiliúna a ailíniú níos fear. Tá geilleagar na hÉireann ag bogadh ó thionscail diansaothair chuig seirbhísí eolasbhunaithe. Dá bhrí sin tá athoiliúint de dhíth ar dhaoine a bhí ag obair roimhe seo i dtionscal na tógála, go leor díobh óg, má tá siad chun páirt a ghlacadh i ngeilleagar a bheidh níos eolasbhunaithe. Sa bhreis air sin, aithníonn an OECD gur chóir nuáil i gcuideachtaí Éireannacha a spreagadh agus deirtear ann freisin gur féidir sin a bhaint amach trí naisc níos mó a chruthú idir fiontar agus an earnáil ardoideachais. Dá bhrí sin ní mór go mbeadh Comhairle Contae na Gaillimhe ar an eolas faoi nádúr leochaileach an gheilleagair áitiúil agus náisiúnta agus nuair is féidir agus nuair is cuí, tacú le spiorad fiontraí a spreagadh i measc na ndaoine.

Aithníonn an Rialtas sa cháipéis dár teideal ‘*Putting People First – An Action Plan for Effective Local Government*’ (2012), gur chóir don Rialtas Áitiúil cur leis an téarnamh náisiúnta tríd an méid agus is féidir leis a dhéanamh chun forbairt gheilleagrach, fiontar agus cruthú post a chur chun cinn go háitiúil. Is é an smaoineamh taobh thiar de sin ná go bhfuil sé ar chumas na n-Údarás Áitiúla láidreachtaí agus deiseanna, laigí agus easpaí áitiúla a bhaineann le feidhmíocht gheilleagrach a aithint. Sa bhreis air sin, cuirfidh cinneadh an Rialtais Oifige Fiontair Áitiúla (LEOanna) a bhunú laistigh d’Údarás Áitiúla ardán láidir ar fáil don údarás áitiúil ina ról gheilleagrach nua agus cuirfidh sé chun cinn go mór cumas an rialtais áitiúil forbairt gheilleagrach a éascú. Agus aird á tabhairt ar an méid atá thuasluaite, ní féidir a dóthain béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an earnáil miondíola ó thaobh an gheilleagair níos leithne ar an iomlán. Go náisiúnta, fostaíonn earnáil miondíola na hÉireann ceathrú milliún duine agus tá daichead agus a ceathair míle gnólachtaí miondíola agus mórdhíola sa tír<sup>2</sup>. Ag leibhéal áitiúil, is ionann 11% den fhórsa oibre iomlán i gContae na Gaillimhe agus an earnáil trádála miondíola agus mórdhíol<sup>3</sup>.

De réir na *dTreoirlínte Pleanála Miondíola* (2012), ní mór d’Údarás Phleanála cúig príomhpholasaí a chur chun cinn agus iad i mbun pleanála agus iad ag dul i ngleic le riachtanais forbartha na hearnála miondíola. Áirítear orthu sin na nithe seo a leanas mar atá leagtha amach i dTábla 4.2:

Forbairt faoi stiúir phlean a thagann leis an straitéis lonnáiachta a dhaingniú.
Beogacht níos mó i lár bailte agus cathracha a chur chun cinn trí chur chuige seicheamhach a chur chun cinn i leith forbartha miondíola.
A chinntiú go leanann an córas pleanála ar aghaidh ag feidhmiú ina ról ag cinntiú raon éifeachtach roghanna don tomhaltóir.
A chinntiú go rachaimid níos mó i dtreo modhanna taistil inbhuanaithe trí shuíomhanna áirithe a roghnú mar aon le dearadh forbartha miondíola nua.
A chinntiú go mbeidh ról ag forbairt miondíola i mbaint amach torthaí ardchaighdeáin maidir le dearadh uirbeach.

**Tábla 4.2: Cúig Príomhchuspóir agus Príomhpholasaí don Earnáil Miondíola**

#### 4.4 Fostaíocht, Geilleagar agus Fiontar – Forbairt agus Cur Chun Cinn

Is sásra é pleanáil chun cuspóirí fostaíochta, geilleagracha agus fiontair a chruthú d’fhonn saol laethúil na ndaoine a bhíonn ina gcónaí, ag obair agus i mbun gnó sa Chontae a fheabhsú. Is é an sprioc foriomlán ina leith sin ná pátrúin comaitéireachta inbhuanaithe a chruthú agus boinn pobail a

<sup>2</sup> [http://www.retailireland.ie/Sectors/RI/RI.nsf/vPages/Retail\\_in\\_Ireland~retail-at-a-glance?OpenDocument](http://www.retailireland.ie/Sectors/RI/RI.nsf/vPages/Retail_in_Ireland~retail-at-a-glance?OpenDocument)

<sup>3</sup> An tAonad Uilechuimsitheachta Sóisialta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Daonáireamh 2011 – Torthaí do Chontae na Gaillimhe.

láidriú trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh san infrastruchtúr/san fhórsa oibre atá sa Chontae. Léiríonn Léarscáil EDT 1 creat comhthéacs na n-inneall/conairí geilleagracha atá sa Chontae.

Chun sin a bhaint amach ní mór an Contae a chur chun cinn agus béim a leagan ar a iomaíochas geilleagrach i gcomhthéacs réigiúnach, náisiúnta agus domhanda. Tá sé d'fhreagracht ar Chomhairle Contae na Gaillimhe i gcomhar leis na geallsealbhóirí fostaíochta agus geilleagracha cuí eile ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil forbairt fostaíochta, gheilleagrach agus fiontar a chur chun cinn sa Chontae. Sa bhreis air sin, chun leanúint ar aghaidh ag éascú timpeallachta ina bhforbraítear gnólachtaí agus pobail, tá Comhairle Contae na Gaillimhe tiomanta Straitéis Gheilleagrach a réiteach don Chontae. Tacaíonn Comhairle Contae na Gaillimhe freisin le tionscnaimh rialtais ar nós an *National Broadband Plan for Ireland: Delivering a Connected Society (2012)*, *Fómhar Bia 2020, Harnessing our Oceans Wealth, Straitéis d'Fhuinneamh Inathnuaite 2012-2020* agus an *Plean Gnímh Náisiúnta um Poist*, a bhreithnítear, i measc nithe eile, a bheith ina bpríomhéascaitheoirí ó thaobh timpeallacht gheilleagrach a chumasú.

#### 4.5 Institiúidí Tríú Leibhéil agus Geilleagar an Eolais

Tá móraithe ar Ollscoil Éireann Gaillimh, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Foras na Mara agus Ionad Taighde Teagasc in Iarthar na hÉireann mar shócmhainní suntasacha acadúla sa réigiún agus tugtar aitheantas do na hinstiúidí seo mar chatalaígh uirlise do ghníomhaíocht gheilleagrach i gContae na Gaillimhe. Is féidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha idir na hinstiúidí ardoideachais agus taighde seo agus leis an tionscal níos leithne ina roinntear eolas agus acmhainní tacú le dúshlán shóisialta a shárú agus fás geilleagrach a chur chun cinn. Leis an saineolas agus na hacmhainní acadúla seo, ba chóir go mbeadh fíis gheilleagrach an Chontae don Chontae a bheith dírithe ar naisc láidre a fhorbairt idir an dá earnáil agus dá bhrí sin ag cur le teistiméireacht an fhórsa oibre sa Chontae.

#### 4.6 Talamh agus Infrastruchtúr le Seirbhísí a chur ar fáil

Tá oibleagáid sa phróiseas pleanála in Éirinn a éilíonn ar Údaráis Áitiúla achar cuí talún a chur ar fáil ag áiteanna straitéiseacha chun críocha forbartha geilleagracha. Déantar soláthar go príomha ina leith sin sa chomhthéacs áitiúil tríd na Pleananna Ceantair Áitiúla a éascaíonn leathnú geilleagrach amach anseo i gContae na Gaillimhe ar shlí struchtúrtha agus incriminteach trí shuíomhanna gnó agus fiontair agus úsáidí tionscail a ainmniú. Sa bhreis air sin, tá sé ríthábhachtach infheistiú a dhéanamh ar bhonn leanúnach in infrastruchtúr sóisialta, cumarsáide, iompair, uisce, fuíolluisce, agus fuinnimh chun seirbhísí iliomad fostóirí a mhealladh isteach agus a dhaingniú san fhadtéarma.

#### 4.7 Bealach Geilleagrach Straitéiseach

D'aithin Comhairle Contae na Gaillimhe i gcomhchomhairle le geallsealbhóirí bainteacha conair straitéiseach in oirthear Chathair na Gaillimhe a bhfuil comhchruinniú ard infrastruchtúir ardchaighdeán ann. Tá na tailte atá i gceist lonnaithe thart ar dhá chiliméadar ó thuaidh agus ó theas de líne iarnróid Bhaile Átha Cliath – Gaillimh idir stáisiún Áth Tiomáin agus an trasnán leibhéil N18 ag Órán Mór (féach Léarscáil CSM i gCaibidil 2). Bhí ainmniú na Conaire Straitéisí Geilleagraí bunaithe ar phlean creat oibre a rinneadh a choimisiúnú chun aghaidh a thabhairt ar an gá a bhí ann freastal ar shuíomhanna Tionscail Straitéiseacha Réigiúnacha. Níl sa chreat-phlean seo ach treoir agus níor chóir brath air go hiomlán mar léargas ar úsáidí talún laistigh den chonair sonraithe.

#### 4.8 Láithreán Iar-Aerfort Réigiúnach na Gaillimhe

Cuireann láithreán iar-Aerfort Réigiúnach na Gaillimhe ina bhfuil 115 acra (foirgneamh críochfoirt, dhá haingear agus rúdbhealach 1,300 méadar), a cheannaigh Comhairle Contae agus Cathrach na Gaillimhe i gcomhar ag An Carn Mór, deis ar fáil don dá chomhairle suíomh athfhorbraíochta den scoth a fhorbairt ar imeall na cathrach chun an Contae, an chathair agus an réigiún a chur chun cinn. Ceannaíodh é chun borradh a chur faoi fhorbairt gheilleagrach i réigiún na Gaillimhe agus chun tacú leis an bhforbairt sin. Sa bhreis air sin, tugadh aird ar na freagrachtaí nua atá ag Údaráis Áitiúla maidir le forbairt gheilleagrach. Tá sé ar chumas shuíomh an aerfoirt a bheith ina mhórshócmhainn gheilleagrach sa réigiún ach ní mór go mbeadh an dá chomhairle ar aon intinn faoi chinneadh ar bith

amach anseo maidir le húsáid na dtailte d'úsáid gheilleagrach sula rachfar chun cinn le Plean cinntitheach.

#### 4.9 Fiontar Tuaithe

Tá níos mó ná céad baile agus lonnaíochtaí tuaithe scaipthe ar fud an Chontae agus tá easpa fiontair i go leor díobh agus tá siad ag fulaingt freisin mar gheall ar mheathlú geilleagrach agus daonra. Dá bhrí sin ní mór fiontair ar scála beag agus seirbhísí pobail a threorú isteach sna háiteanna seo nuair is féidir. D'ainneoin sin, is féidir fiontair tuaithe a shainmhíniú mar ghnólachtaí nó tionscadail tionscail nó seirbhísí ar scála beag a bhaineann le gnáthghníomhaíochtaí tuaithe agus freastalaíonn siad ar riachtanais bhonn cliaint atá amuigh faoin tuath den chuid is mó. Dá bhrí sin b'fhéidir go mbeadh sé praiticiúil forbairtí áirithe a éascú a bhaineann le talmhaíocht, foraoiseacht, turasóireacht, áineasa agus táirgeadh bia ag láithreacha tuaithe lasmuigh de bhailte agus sráidbhailte bunaithe.

#### 4.10 Éagsúlú Feirme

Is féidir le spoaí/gnólachtaí feirme fochuideachta a bhaineann leas as foirgnimh clóis feirme atá ann cheana féin chun críocha táirgí/seirbhísí feirme a tháirgtear laistigh den ghabháltas feirme céanna sin a dhíol, seirbhísí nua a chur ar fáil do phobail tuaithe áitiúla. Sa bhreis air sin, is féidir le feirmeacha peataí ainmhithe/scoileanna marcaíochta capall lena mbaineann gné beag miondíola i bhfoirm seomra tae/siopa caife foinsí nua fostaíochta tuaithe áitiúil a chruthú. Ba chóir tionscnaimh inbhuanaithe feirme/tuaithe cosúil leis na cinn thuasluaite a spreagadh, faoi réir riachtanas tráchta, uisce agus comhshaoil agus ar an gcoinníoll go mbeidh siad cúntach agus ionchorpraithe go hiomlán laistigh de chleachtas feirme oibríochta.

#### 4.11 Láithreáin Mhór-Thaismí agus Seveso

Tá an Treoir Seveso II dírithe ar mhór-thaismí a bhaineann le substaintí dainséaracha agus na hiarmhairtí a bheadh ann do dhaoine agus don chomhshaoil i gcás tarlú den sórt sin a theorannú. Tá dhá láthair Seveso II i gceantar feidhmeach Chomhairle Contae na Gaillimhe ina bhfuil láthair uas-sraithe agus íos-sraithe agus tá siad seo liostaithe i dtábla 4.3 thíos. Tá an láthair Seveso II uas-sraithe lonnaithe ag saoráid Chemoran ag Eastáit Tionscail Pháirc na bhFianna in Óran Mór. Tá 'Plean Éigeandála Seachtrach Seveso' le hullmhú don láthair uas-sraithe de réir riachtanas Seveso II agus táthar i mbun sin faoi láthair.

Tá *Plean Móréigeandála don Chontae 2013-2014* ag Comhairle Contae na Gaillimhe agus is comhpháirtí lánach é leis An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Cuideachta Cuain na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le Plean Éigeandála Seachtrach Seveso do láthair Pháirc Fiontair Cuain/Topaz i gCathair na Gaillimhe. Sa bhreis air sin, cuirfeadh gach togra forbartha a bhaineann le saoráidí atá ann cheana féin nó beartaithe atá rangaithe faoi Threoir Seveso II ar aghaidh chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus glacfar lena gcomhairle teicniúil mar aon le gnáthbhreithniú pleanála ar bith eile.

Seveso	Uas-Sraith	Chemoran: Déantús agus Stóráil Ceimicí
Seveso	Íos-sraith	Tynagh Energy Ltd.

**Tábla 4.3: Liosta Láithreacha Seveso i gContae na Gaillimhe**

#### 4.12 Turasóireacht

##### 4.12.1 Réamhrá

Tá tábhacht mhór ag baint le hearnáil na turasóireachta ó thaobh gheilleagar áitiúil na Gaillimhe. Léiríonn figiúirí a foilsíodh le déanaí gurbh ea líon iomlán na dturasóirí ó thar lear a thug cuairt ar Chathair agus ar Chontae na Gaillimhe in 2012 agus 968,000<sup>4</sup>. Meastar go bhfuil luach de €253

<sup>4</sup> Fáilte Ireland Iúil 2013

milliún euro<sup>5</sup> don gheilleagar áitiúil ag an ioncam a chruthaigh na cuairteoirí seo ó thar lear. Sa bhreis air sin, eagraíodh thart ar 272 imeacht i nGaillimh mar chuid de ‘*The Gathering Ireland 2013*’ a mheall go leor cuairteoirí nua chuig an Contae agus a chruthaigh go leor deiseanna nua. Léiríonn chomh maith is ar éirigh le ‘*The Gathering Ireland 2013*’ ag leibhéal náisiúnta gur féidir go leor a bhaint amach as táirge maith turasóireachta agus ní mór do thurasóireacht i gContae na Gaillimhe a bheith bunaithe air sin amach anseo. Cruthóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe réigiúin láidre gheoghrafacha chun iarracht a dhéanamh an toradh geilleagrach don Chontae ó ghníomhaíochtaí turasóireachtaí agus caithimh aimsire a uasmhéadú.

#### 4.12.2 Turasóireacht i gConamara

Ní mór infrastructúr agus saoráidí sa Chontae a chothabháil agus a fheabhsú i gcónaí chun an tionscail a choinneáil go háitiúil agus cuairteoirí nua agus sean a mhealladh arís. Tá eispéireas turasóireachta na Gaillimhe faoi thionchar go mór ar an méid rudaí atá le déanamh agus le feiceáil sa Chontae. Dá bhrí sin ní mór rochtain ar tharraingtí atá ann cheana féin a chosaint agus ní mór iarrachtaí a dhéanamh i gcónaí chun acmhainní turasóireachta sa Chontae a láidriú. Tá Fáilte Ireland tiomanta ina leith sin agus an Tionscadal Infheistíochta Caipitil *Derroua Mountain Bike Trail* seachadta acu le déanaí in aice le hUachtar Ard. Tá Fáilte Ireland freisin ag stiúradh tionscnamh turasóireachta do Chontae na Gaillimhe i gcomhar le Comhairle Contae na Gaillimhe trí *Phlean Infrastruchtúir agus Léirmhíniú Chonamara 2012*. Tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le Geo-Pháirc a fhorbairt i gceantar na Fairche. Sa bhreis air sin, tacaíonn Comhairle Contae na Gaillimhe go hiomlán leis an tionscnamh chun Ionad Chuimhneacháin an Phiarsaigh i Ros Muc a fhorbairt agus léiríonn sé an tábhacht stairiúil a bhaineann leis, go háirithe agus muid ag teacht chomh fada le comóradh céad bliana Éirí Amach 1916. Tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le hIonad Cuimhneacháin na nImirceach agus an Diaspóra i gCarna agus tuigeann suntas siombalach agus stairiúil an tionscadail seo i nGaeltacht Iarthair Chonamara.

#### 4.12.3 Glasbhealach Chonamara

Síníonn cúrsa glasbhealaigh Chonamara ón gClochán go Cathair na Gaillimhe ag clúdach achar iomlán de thart ar 84 ciliméadar. Bainfidh an glasbhealach seo úsáid as an gcuid is mó den seanlíne iarnróid ón gClochán go Gaillimh a dúnadh i 1935. Chuir Comhairle Contae na Gaillimhe tús le pleanáil ar an gcéad chéim den chúrsa ón gClochán go hUachtar Ard ag clúdach achar de 52 ciliméadar. Beidh cuid mhór de chéim 1 den tionscadal (thart ar 45cm) amach ón mbóthar agus beidh an chuid eile de ag rith ar feadh an N59 a ailíníodh as an nua le déanaí. Meastar go gcuirfeadh tús le céim 1 de na hoibreacha seo in 2014 agus mar chuid de beidh seacht ndroichead á athsholáthar nó á ndeisiú ar feadh an chúrsa. Is é Fáilte Ireland atá ag cur maoiniú ar fáil don chéad chéim den ghlasbhealach ón gClochán go hUachtar Ard.

#### 4.12.4 Slí an Atlantaigh Fhiáin

Geata tábhachtach trí Chontae na Gaillimhe í Slí an Atlantaigh Fhiáin. Ceann de phríomh-mhianta *Phlean Infrastruchtúir agus Léirmhíniú Chonamara 2012* thuas luaite ná imeallbhord na Gaillimhe a théann ón Lónán go Cinn Mhara a lánpháirtiú i dtionscadal níos leithne Slí an Atlantaigh Fhiáin. Chomh maith le bóthar an N18 Cill Cholgáin go dtí an Gort trí Ard Raithin – d’fhéadfaí an Lábán a liostú mar lúb-bhealach as Slí an Atlantaigh Fhiáin a cheanglaítear ar ais ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin ag Cinn Mhara via Tír Nimhin – Cill Mhic Dhuach. Samhlaítear mar chuid den tionscadal seo go mbeidh líon pointí fionnachtana ag áiteanna éagsúla ar feadh imeallbhord an Chontae. Beidh na pointí fionnachtana sin feistithe go cuí le deis a thabhairt do thurasóirí mionscrúdú a dhéanamh ar stair, cultúr agus fiadhúlra gach áite.

#### 4.12.5 Turasóireacht in Oirthear na Gaillimhe

Tá Comhairle Contae na Gaillimhe tiomanta acmhainn na turasóireachta in oirthear an Chontae a fhorbairt. Sampla de sin ná nuair a chuir Comhairle Contae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus leis an gComhairle Oidhreachta rian oidhreachta ar fáil do Loch Deirgeirt ar an tSionainn. Sa rian seo tá aip fóin chliste, bróisiúr agus DVD agus tá pleananna i bhfeidhm chun táirgí turasóireachta oidhreachta eile a fhorbairt don loch mar aon le táirgí turasóireachta oidhreachta nideoige ar nós rianta baile agus rianta oidhreachta eaglasta Oirthear na Gaillimhe. Tá aip beagnach mar a chéile leis an gceann sin

---

<sup>5</sup> Fáilte Ireland Iúil 2013



forbartha d'Údarás Réigiúnach an Iarthair do Bhealach Hymany ó Phort Omna go Béal Átha na Sluaighe.

Tá Ionad Léirmhíthe Chath Eachroma, an Irish Workhouse Centre/Caisleán Phort Omna, Páirc na Cúile, baile agus ballaí mheánaoiseacha Bhaile Átha an Rí, Eaglais Chluain Fearta agus Caisleán Dungaíre ar chuid de na sócmhainní turasóireachta tábhachtacha eile in oirthear an Chontae. Tá Comhairle Contae na Gaillimhe ag obair le geallsealbhoirí áitiúla eile agus le Fáilte Ireland chun féachaint conas ar féidir saoráidí ag Túr Bhaile Uí Laoigh a chur ag obair arís mar tharraingteacht turasóireachta breise.

#### 4.12.6 An Bhoirinn

Is mórshócmhainn turasóireachta, tírdhreacha, oidhreachta agus cultúrtha í an Bhoirinn i ndeisceart Chontae na Gaillimhe agus i dtuaisceart Chontae an Chláir agus tá sí ar liosta sealadach láithreachta don Unesco World Heritage Site status. Tá carachtar uathúil ag an mBoirinn a cruthaíodh ar feadh na mílte bliain mar gheall ar idirghníomhaíocht chasta an tírdhreacha geolaíochta agus fisiciúla, mar aon le háilleacht nádúrtha, fiadhúlra, séadchomharthaí agus cultúr, agus mar gheall ar na nithe seo ar fad tá sé ar cheann de na tírdhreacha is mó tóir san Eoraip. Tá Cairt na Boirne, cairt faoi stiúir an phobail arna thacú ag dhá Údarás Áitiúil, ag cur sócmhainní turasóireachta, cultúir agus tírdhreacha na Boirne chun cinn go gníomhach. Tacóidh comhairle Chontae na Gaillimhe le Geo-Pháirc Ísealchríocha Bhoirne a fhorbairt, a thacódh le daoine agus le heagraíochtaí i nGaillimh Theas/Thoir chun tírdhreach dea-chothabháilte, oidhreachta a mbeadh tuiscint níos fearr uirthi agus turasóireacht inbhuanaithe a chinntiú.

#### 4.12.7 Na hOileáin agus an Ghaeltacht

Léiríonn na hoileáin eischósta agus réigiún na Gaeltachta saol agus cultúr traidisiúnta na Gaillimhe. Tá na dúnfoirt cloiche ar an liosta sealadach don Unesco World Heritage Site status. Cuireann áilleacht mhistéireach agus an cineál saoil ar na hoileáin mar aon le héagsúlacht teanga Ghaeltacht na Gaillimhe go mór lena n-uathúlacht. Tá siad thar a bheith tarraingteach freisin mar cheann scríbe do thurasóirí cultúir a bhfuil spéis acu in oidhreachta teangeolaíoch agus teanga coitianta na hÉireann, agus do mhic léinn Ghaeilge. Mar gheall ar na tréithe seo ar fad, tá an-tóir ar na hoileáin agus ar an nGaeltacht i measc turasóirí agus is mórshócmhainní turasóireachta iad i gcomhthéacs an Chontae an fad, mórshócmhainní a bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta a chosaint, a chur chun cinn agus a fheabhsú.

### 4.13 Bia agus Ceardaíochta, Turasóireacht, Chultúir agus Oidhreachta

Tá eanáil bia agus ceardaíochta speisialtacha ag teacht chun cinn go tapa sa Chontae, le go leor táirgeoirí agus déantúsóirí beaga ag cur bianna agus ceirdeanna nideoige ar fáil ar na margáil baile agus idirnáisiúnta. Is gnéithe lárnacha iad taispeántais trádála iasachta agus tionscnaimh chur chun cinn ar nós an feachtas *'Made in Galway'* ó thaobh na hearnála a chur chun cinn, ó tharla go gcuireann siad ardán ar fáil chun réimse bianna baile agus tionscail ceardaithe áitiúil a thaispeáint do lucht féachana níos leithne.

Sa bhaile, i measc na ndaoine atá bainteach go mór san eanáil tá GMIT Leitir Fraic, an tIonad Náisiúnta do Dhearadh Troscáin agus Teicneolaíocht a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta faighte aige as a sármhaitheas, an Féile Oisrí Dhroichead an Chláirín a bhfuil clú domhanda air agus Féile Diúilicíní Chonamara atá ag teacht chun cinn freisin. Is sócmhainní ríthábhachtacha iad institiúidí agus imeachtaí den sórt seo agus cinn eile mar iad ó thaobh an gheilleagair áitiúil agus cuireann siad cuid de na bianna agus ceirdeanna is fearr atá ar fáil sa Chontae ar taispeántas. Is féidir le hathbheochan i dtraidisiún margáil na bhfeirmeoirí agus le hiomadú den chineál seo ar thrádáil ócáideach rialaithe ar fud an Chontae cur go mór leis an tionscal bia agus ceardaíochta níos leithne sa Chontae a athrú. Cuireann na healaíona, cultúr, oidhreachta agus oidhreachta teanga uathúil na Gaillimhe le tionscal na turasóireachta sa Chontae. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don mhéid a chuireann na sócmhainní agus gníomhaíochtaí nideoige sin leis an ngeilleagar agus mar sin tá sé tábhachtach na hearnálacha luachmhara sin a chur chun cinn agus a chosaint.

## 4.14 Polasaithe agus Cuspóirí - Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireachta

### Polasaithe Forbartha Geilleagracha agus Turasóireachta

#### **Polasaí EDT 1 – Forbairt gheilleagrach**

Tacú le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus cruthú fostaíochta sa Chontae, agus aird a thabhairt ag an am céanna ar reachtaíocht agus treoir phleanála chuí chun cosaint ar an oidhreacht thógtha agus nádúrtha, tréithe tírdhreacha/bailidhreacha/sráid-dreacha lonnaíochtaí, an taobh tuaithe agus áis ghinearálta a chinntiú.

#### **Polasaí EDT 2 – Fostaíocht, an Geilleagar agus Fiontar a Chur chun cinn agus Comhpháirtíocht**

Téigh sa tóir go réamhghníomhach ar fhás geilleagrach, fiontar agus fostaíocht sa Chontae i gcomhar leis na gníomhaireachtaí stát cuí agus na ranna rialtais ar bhealach a tharlaíonn ag an am céanna leis na polasaithe agus na cuspóirí atá leagtha amach sna straitéisí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

#### **Polasaí EDT 3 – Sineirge Réigiúnach**

Comhpháirtíochtaí a chruthú le hÚdarás Áitiúla i gcomharsanacht linn agus gníomhaireachtaí eile áitiúla agus réigiúnacha, lena n-áirítear Údarás Réigiúnach an Iarthair chun barr feabhais a chur ar leasa na n-acmhainní comhcheangailte chun cumas geilleagrach inbhuanaithe iomlán an Chontae agus Réigiún an Iarthair a fhíorú.

#### **Polasaí EDT 4 – Institiúidí Tríú Leibhéal/Taighde agus Geilleagar an Eolais**

Naisc straitéiseacha a bhailiú agus a fhorbairt le hinstiúidí tríú leibhéal agus tionscail/gnólachtaí chun Geilleagar áitiúil an eolais feabhsaithe a chruthú agus chun oideachas, oiliúint agus forbairt scileanna a neartú sa lucht saothair.

#### **Polasaí EDT 5 – Turasóireacht Chontae**

Stádas Chontae na Gaillimhe a choinneáil mar cheann scríbe turasóireachta mór-éilimh, trí iarracht a dhéanamh tréithe agus buntáistí an Chontae a dhéanann mar áit ar leith é a chaomhnú agus trí dhianiarracht a dhéanamh taithí an chuairteora a shaibhriú trí cur le comhlíonadh acmhainní agus saoráidí turasóireachta cuí breise, mórthimpeall an Chontae laistigh de shaolré an Phlean.

#### **Polasaí EDT 6 – Táirge Turasóireachta**

Tacú le forbairt táirge turasóireachta comhtháite don Chontae ina mbeidh na páirtithe leasmhara cuí uile rannpháirteach ann agus margaíocht a dhéanamh ar thionscnaimh thurasóireachta ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

#### **Polasaí EDT 7 – Ealaíon, Cultúir, Oidhreacht, Bia agus Ceardaíochta**

Tacú le forbairt agus margaíocht ealaíon, cultúir, oidhreacht, bhianna agus ceardaíocht an Chontae trí líonrú agus naisc thrádála a fhorbairt le réigiúin go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

#### **Polasaí EDT 8 - Turasóireacht Cultúir**

Tacú le forbairt ar thurasóireacht cultúir ar fud an Chontae agus i gceantair Ghaeltachta ach go háirithe.

#### **Polasaí EDT 9 - Cumann Gailf Bhearna**

Forbairt ar ionad lánpháirtithe turasóireachta agus caitheamh aimsire a fhorbairt ag Cumann Gailf agus Club Tuaithe Bhearna, lena n-áirítear óstán, ionad fóillíochta, ionad comhdhála, árasáin ghailf, óstlann árasánach agus aonaid chónaithe ghaolmhara a fhorbairt.

#### **Policy EDT 10 - Forbairtí Turasóireachta**

Beidh forbairtí Turasóireachta de réir Measúnú Iomchuí chun sláine gréasáin suímh Natura 2000 a chosaint.

### Cuspóirí Forbartha Geilleagracha agus Turasóireachta

#### **Cuspóir EDT 1 – Bealach Geilleagrach Straitéiseach**

Áirítear iad seo a leanas sna cuspóirí le haghaidh na Conaire Geilleagraí Straitéisí:

- Na saoráidí infrastruchtúir atá ar fáil laistigh den chonair a uasghrádú, a fheabhsú agus a uasmhéadú;
- Dul sa tóir ar thailte a chaomhnú chun tacú le gníomhaíochtaí suntasacha náisiúnta agus réigiúnacha agus chun sainfhorbairt fiontair a mhealladh atá ar scála mór nó ar luach ard;
- Deiseanna le haghaidh fostaíocht eolaíocht agus teicneolaíocht bhunaithe a éascú;
- Chun a chinntiú go bhfuil an fhorbairt ag luí leis an bhfeabhsú, caomhnú agus cosaint an chomhshaoil agus na hacmhainní cultúrtha aitheanta laistigh den chonair;
- Suíomhanna ar mhéid áirithe agus áit a aithint chun freastail ar an infrastruchtúir riachtanach nó tacú le gníomhaíochtaí nach mbeadh oiriúnach gar d'ionaid daonra nó comhshaoil ghoilliúnacha nó gníomhaíochtaí atá goilliúnach don chomhshaoil;
- Eolas agus cúnamh a thabhairt in ullmhú na bPleananna Ceantair Áitiúla le haghaidh limistéir straitéiseacha agus iad sin mórthimpeall comharsanachtaí láithreacha laistigh den chonair.

#### **Cuspóir EDT 2 – Straitéis Forbartha Geilleagraí an Chontae**

Tacú le hullmhú Straitéis Forbartha Geilleagraí an Chontae agus Plean Pobail Áitiúil agus Geilleagrach laistigh de shaolré an Phean.

#### **Cuspóir EDT 3 – Taighde, Nuálaíocht, Gor agus Oiliúint**

Tacú le taighde turgnamhach, tionscadail cheannródaíocha, gnólachtaí/tionscail nuathionscanta agus cláir athoiliúna i gcomhar leis na gníomhaireachtaí forbartha agus na hinstitiúidí oideachais/taighde.

#### **Cuspóir EDT 4 – Soláthar Talaimh agus Infrastruchtúir**

An dóthain tailte lonnaithe go straitéiseach agus seirbhísithe a thiomnú ar mhaithe le forbairt gheilleagrach agus gníomhaíochtaí a chruthaíonn fostaíocht a bhaint amach.

#### **Cuspóir EDT 5 – Infheistíocht Infrastruchtúir**

Cúnamh a thabhairt in uasmhéid éifeachtúlachta na dtailte criosacha sa Chontae a bhaint amach trí tacaíocht leanúnach a thabhairt do líonraí uisce lárnacha a fheistiú, a chothabháil, a uasghrádú agus a leathnú chomh maith le tacú le líonraí fuíolluisce, cumarsáide, fuinneamh agus líonraí iompar infrastruchtúir.

#### **Cuspóir EDT 6 – Barr feabhais a chur ar na Leasa ó Thailte Seirbhísithe**

Tailte atá ainmnithe le haghaidh cruthú fostaíochta a chosaint ó fhorbairt mhíchuí a chuirfeadh deireadh le haon ghníomhaíocht gheilleagrach a d'fhéadfadh tarlú amach anseo.

#### **Cuspóir EDT 7 – Ailínigh Fiontair ar Thailte Seirbhísithe**

Spreag forbairt tionsclaíoch agus fhiontair chun feidhmiú ó thailte criosacha ar mhaithe leis na cuspóirí seo laistigh de na Pleananna Ceantair Áitiúla éagsúla sa Chontae, faoi réir breathnú ceart ar pholasaithe agus cuspóirí an phean seo agus an gá beogacht agus saoráidí an bhaile mór nó an lonnaíocht a chosaint.

#### **Cuspóir EDT 8 – Caighdeán Deartha**

Soláthar deartha ar ardchaighdeán (lena n-áirítear éagsúlacht i ndearadh agus i méid) a spreagadh, leagan amach, socraíocht teorann agus tuairimí rochtana na forbartha laistigh de thailte Tionsclaíocha, Gnó, Fiontar agus Tráchtála/Ilchineálacha, chun cur go dearfach le carachtar agus taitneamhacht amhairc an cheantair.

#### **Cuspóir EDT 9 – Fiontar ar Scála Beag agus Seirbhísí Pobail**

Dul sa tóir ar chothromaíocht straitéiseach gheilleagrach a chur ar fáil ar fud an Chontae trí fhiontair a bhunú ar scála beag agus seirbhísí pobail a spreagadh sna bailte tuaithe agus sna lonnaíochtaí níos lú sa Chontae.

#### **Cuspóir EDT 10 – Láithreán Iar-Aerfort na Gaillimhe**

Tacú le forbairt láithreán iar-Aerfort na Gaillimhe sa Charn Mór ar mhaithe le mol gheilleagrach/suíomh forbartha straitéiseach nó ar mhaithe le úsáid straitéiseach eile.

#### **Cuspóir EDT 11 – Fiontar Tuaithe**

Déan machnamh ar fhiontair thuaithe ar scála beag a bhunú i gceantair thuaithe nach bhfuil

seirbhísithe lasmuigh de shuíomhanna sa bhaile mór nó sa sráidbhaile gur féidir freastail orthu i bhfoirgnimh feirme atá ann cheana féin nó is féidir a bhunú ar láithreán athfhorbraíochta, faoi réir go sásaíonn siad an critéir seo a leanas:

- Comhoiriúnach agus oiriúnach ghinearálta do cheantar tuaithe nach bhfuil seirbhísithe (tabharfar tús áite sa mhachnamh do thalmhaíocht, acmhainní in-athnuaite agus mara, foraoiseacht, turasóireacht, nó gníomhaíochtaí fiontar a bhaineann le le háineas nó táirgeadh bia agus seirbhísí);
- Méid na forbartha (luigh isteach go cuí i suíomh tuaithe);
- An cineál forbartha (an t-amhábhbar a fháil go háitiúil);
- Breathnú ar na tionchair shóisialta agus chomhshaoil (ní féidir leis an bhfiontar tionchar suntasach díobhálach a bheith aige ar an gcomhshaoil ná an taitneamhacht tuaithe);
- Ní féidir leis an bhfiontar guais sábhála bóthair a chruthú ná drochthionchar ollmhór a bheith aige ar an líonra bóthair, toilleadh an bhóthair agus leibhéil thráchtá;
- Taitneamhacht chónaitheach (ní féidir tionchar díobhálach a bheith ag an bhfiontar ar thaitneamhacht chónaitheach).

### **Cuspóir EDT 12 – Éagsúlú Feirme**

Breathnú ar mholtaí le haghaidh imeascadh úsáid mhiondíola/seirbhíse ar fheirm inár féidir a léiriú go bhfuil scála agus méid an mhiondíola molta cúntach agus comhoiriúnach don úsáid leanúnach talmhaíochta na feirme agus ní chuirfidh sé isteach ar bheogacht ná inmharthanacht na saoráidí miondíola in aon lonnaithe cónagarach ná ní bhainfidh sé ón lonnaithe tuaithe ina mbeidh sé ag feidhmiú.

### **Cuspóir EDT 13 – Treoir Seveso II**

Cuir ar aghaidh iarratais phleanála a bhaineann le forbairt atá beartaithe laistigh de chrios maolánach súimh Seveso II atá ann cheana féin agus aon mholadh nua comhdhéanta as ainmniú Seveso II chuig an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

### **Cuspóir EDT 14 – Infrastruchtúr Turasóireachta agus Seirbhísí**

Soláthar, nuair is féidir, agus tacú le soláthar infrastruchtúr turasóireachta agus seirbhísí, lena n-áirítear áiseanna glasbhealaigh agus infrastruchtúr turasóireachta bunaithe ar an uisce mórthimpeall an Chontae i suíomhanna oiriúnacha.

### **Cuspóir EDT 15 – Plean Infrastruchtúir agus Léirithe Chonamara**

Tacú le seachadadh na físe mar a bhí leagtha amach i 'bPlean Infrastruchtúir & Léirithe Chonamara 2012' laistigh de shaolré an Phlean.

### **Cuspóir EDT 16 – Teach an Phiarsaigh**

Comhoibriú leis na gníomhaireachtaí agus na coistí cuí i bhforbairt thogra Theach an Phiarsaigh i Ros Muc agus cuidiú le seachadadh a chumas turasóireachta mar ionad stairiúil agus cultúrtha laistigh de shaolré an Phlean.

### **Cuspóir EDT 17 – Gníomhaíochtaí Allamuigh**

Tacaíocht a thabhairt do sholáthar saoráidí spórt, seoltóireachta, bádóireachta, cadhcála agus iascaireachta, forbairt chéanna agus muiríní, bealaí fálróide capaillíní, galfchúrsaí, ionaid eachtraíochta agus léirithe agus úsáidí gaolmhara cúntacha mórthimpeall an Chontae i suíomhanna oiriúnacha, iar-shuíomhanna cairéal san áireamh.

### **Cuspóir EDT 18 – Lóistín Saoire i Lonnaithe Seirbhísithe**

Forbairt chomhréireach a spreagadh maidir le tithe saoire nua neamhspleách/tithe aíochta neamhspleácha agus lóistín gearrchónaí laistigh de lonnaithe bailte móra agus sráidbhailte atá seirbhísithe go sásúil.

### **Cuspóir EDT 19 – Lóistín Saoire Tuaithe Oscailte**

- a) Breathnaigh ar fhoirgnimh atá ann cheana féin a athúsáid le haghaidh tithe saoire/tithe aíochta lasmuigh de lonnaithe inár féidir a léiriú go bhfuil táirge/éileamh turasóireachta inchosanta ann. Má tá aon obair athchóirithe le déanamh beidh sé ar an scála céanna agus an dearadh céanna leis an bhfoirgneamh/na foirgnimh atá ann cheana. I gcásanna mar seo, cuirfear fianaise cáipéise ar fáil chun bunús a thabhairt don fhorbairt atá beartaithe agus measfar gach iarratas ceann ar cheann ar a bhfiúntais;
- b) Breathnaigh ar sholáthar lóistín gearrchónaí (campáil sócúlachta /campáil srl.) lasmuigh de

lonnaíochtaí inar féidir a léiriú go bhfuil táirge/éileamh turasóireachta inchosanta ann. Ní mór cothromú a dhéanamh idir an gá le forbairt i gceantar ar leith agus tionchair chomhshaoil, shóisialta agus chultúrtha na forbartha agus leasa don phobal áitiúil. I gcásanna mar seo, cuirfear fianaise cáipéise ar fáil chun bunús a thabhairt don fhorbairt atá beartaithe agus measfar gach iarratas ceann ar cheann ar a bhfiúntais.

#### **Cuspóir EDT 20 - Gnó Tuaithe**

D'fheadfaí iarratasóirí bona fide nach meastar a bheith incháilithe faoi na Catagóirí Tithíochta Tuaithe i gCaibidil 3 a mheas mar incháilithe baile buan a thógáil sna ceantair thuaithe nach bhfuil faoi thionchar mór uirbeach, ar an gcoinníoll go mbeadh siad in ann an tÚdarás Pleanála a shásamh go bhfuil gnó lánaimseartha, seanbhunaithe, reatha á oibriú acu, a bhfuil sé de rún acu a oibriú anois ón mbaile beartaithe i gceantar tuaithe, mar chuid dá n-iarratas pleanála, d'fhonn, mar shampla, taisteal chuig bailte nó cathracha a dhíspreagadh. Caith iarratasóirí a bheith in ann fianaise a chur ar fáil a léireoidh:

- go bhfeabhsóidh agus go gcuirfidh a ghnó leis an bpobal tuaithe ina bhfuil siad ag iarraidh cónaí; agus
- go bhféadfaidh siad an tÚdarás Pleanála a shásamh go mbeidh nádúr a bhfostaíocht nó a ngnó ag teacht leis na cinn a shonraítear sna critéir riachtanais áitiúla do cheantair thuaithe ie. go mbeidh siad ag freastal ar riachtanas gnó tuaithe, áitiúil, go príomha.

#### **Cuspóir EDT 21 – Turasóireacht ar na hOileáin amach ón gCosta**

Forbairt thurasóireachta inmharthanach agus ghlas a éascú, a tharraingíonn ar shaibhreas cultúrtha, teanga, seandálaíochta, saibhreas mara/costa agus saibhreas éiceolaíoch na n-oileán amach ó chósta na Gaillimhe agus a n-ionracas a chosaint ag an am céanna.

#### **Cuspóir EDT 22 – Turasóireacht Ghaeltachta**

Forbairt inmharthanach cheantair Ghaeltachta Chontae na Gaillimhe a éascú mar cheann scríbe turasóireacht chultúrtha agus teanga agus a n-ionracas a chosaint ag an am céanna.

#### **Cuspóir EDT 23 – Oirthear na Gaillimhe, Loch Deirgeirt agus An Boirinn**

**a)** Forbairt inmharthanach Oirthear na Gaillimhe, Loch Deirgeirt agus Bhoirne a éascú mar cheann scríbe cultúrtha agus turasóireachta agus a n-ionracas a chosaint ag an am céanna;  
**b)** Comhairle Chontae na Gaillimhe le rún a phlé le Comhairle Chontae an Chláir go gcuirfí Ísealchríocha Bhoirne isteach le Geo-Pháirc Bhoirne agus Aillte an Mhothair;  
**c)** Comhoibriú gníomhach a chur chun cinn idir na geallsealbhóirí go léir i gContae na Gaillimhe agus sna contaetha agus réigiúin máguaird.

#### **Cuspóir EDT 24 – Ealaíon, Cultúir, Oidhreacht, Bia agus Ceardaíochta**

Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála Bia agus Ceardaíochta agus an fhorbairt a éascú lena n-áirítear margaí feirmeoirí rialta a bhunú agus tacú le forbairt ar fhéilte Ealaíon, cultúir agus oidhreacht a ag suíomhanna oiriúnacha mórthimpeall an Chontae.

#### **Cuspóir EDT 25 – Slí an Atlantaigh Fhiáin**

Tionscadal Shlí an Atlantaigh Fhiáin a éascú agus tacú leis i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Leis sin, spreagfar naisc a cheangal le Slí an Atlantaigh Fhiáin, mar a bhí beartaithe.



#### 4.15 Treoirlínte Pleanála Miondíola agus Lámhleabhar Deartha do na hÚdaráis Phleanála DoECLG (2012)

Mealltar tomhaltóirí chun cuairt a thabhairt ar shráideanna beoga agus airgead a chaitheamh le linn sráideanna beoga a bhreathnaíonn tarraingteach agus a bhfuil meascán miondíola éagsúil acu. De réir mar a ardaíonn líon na gcustaiméirí sna ceantair siopadóireachta seo, déanann miondíoltóirí nach bhfuil láithreach acu ansin iarracht dul isteach sa mhargadh áitiúil, agus mar thoradh ar seo osclaíonn siopaí nua agus líontar spás miondíola a bheadh folamh dá n-uireasa. Os a choinne sin, leanann íslíú i líon na gcustaiméirí an ardú i rátaí ionaid fholmha sna ceantair siopadóireachta agus is féidir leis an gcás athrú ina ghéarchéim ina bhfuil titim thráchtála ann nach féidir a leigheas. Ionas gur féidir an cás deiridh a sheachaint, tabharfaidh *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021* aird ar na *Treoirlínte Pleanála Miondíola & Lámhleabhar Deartha do na hÚdaráis Phleanála DoECLG 2012*.

#### 4.16 Croí-Cheantair Siopadóireachta

Go stairiúil, tháinig na croí-cheantair siopadóireachta atá a bhaineann le le bailte móra sa Chontae as Sráid Iárnach agus/nó Cearnóg an bhaile agus iad teoranta níos leithne don áit chéanna leis na húnéirí ina gcónaí os a gcionn. De réir a chéile thar na mblianta leathnaigh na croí-cheantair siopadóireachta seo amach chuig limistéir chongaracha ach d'fhan siad dírithe den chuid is mó timpeall ar Phríomhshráid Iárnach agus/nó Cearnóg an bhaile agus tá siad níos lú go ginearálta i dtéarmaí a méid fhoriomlán threolaíoch. D'ainneoin sin, tá treocht neamh-inmhianaithe tagtha chun cinn den chuid is mó laistigh den deich mbliana seo caite nó mar sin, ina bhfuil níos mó agus níos mó miondíoltóirí ag roghnú lonnú/athlonnú i suíomhanna imeallacha agus tá an traidisiún a bhí ann cónaí os cionn siopa/gnó beagnach imithe uile. Dá réir sin éilíonn na *Treoirlínte Pleanála Miondíola (2012)* go sainmhínítear teorainneacha na gcroí-cheantair siopadóireachta na mbailte móra sa Chontae agus spreagann siad Údaráis Phleanála chun foirne feidhmithe a bhunú chun dul i dteagmháil réamhghníomhach le tiarnaí talún, tionóntaí, miondíoltóirí, comhlachais tráchtála srl chun suíomhanna a thabhairt chun cinn/a chónascadh le haghaidh forbairt, a aithnítear atá oiriúnach le haghaidh riachtanais mhiondíola.

#### 4.17 Lár Bhailte a Fheabhsú

Ag leanúint ar aghaidh ó na croí-cheantair siopadóireachta, aithníonn na *Treoirlínte Pleanála Miondíola (2012)* chomh maith an tábhacht atá le bailte móra 'sláintiúla' i dtéarmaí feidhmíocht mhiondíola. Maidir leis seo, moltar measúnú rialta a dhéanamh ar bheogacht agus ar inmharthanacht lár bhailte agus leagtar amach cur chuige measúnachta in Aguisín 2 de na treoirlínte is féidir le hÚdaráis Áitiúla a úsáid. Chuir an Rannóg Pleanáil Chun Cinn Chomhairle Chontae na Gaillimhe tús le suirbhéanna le gairid ar lár bhailte Thuama, Bhéal Átha na Sluaighe agus Bhaile Locha Riach, ag díriú ar dhá Tháscaire Scrúdú Sláinte Iárnach ar lár bhailte, is iad sin éagsúlacht úsáide agus ionaid fholmha. Tá sé ar intinn ag an Rannóg Pleanáil Chun Cinn i gComhairle Chontae na Gaillimhe suirbhéanna a chur i gcrích ar lár bhailte uile eile an Chontae. Léiríonn Tábla 4.4 thíos na torthaí atá taifeadta go dáta mar chuid den obair thaighde.

Cineál Úsáide	Líon Ionad Tuaim	% Tuaim	Líon ionad Bhéal Átha na Sluaighe	% Béal Átha na Sluaighe	Líon Ionad Bhaile Locha Riach	% Baile Locha Riach
Comparáid	66	26	53	23	46	20
Áisiúlacht	14	6	12	5	14	6
Seirbhís Miondíola	31	12	31	13	29	13
Seirbhís Fóillíochta	43	17	41	18	38	17
Seirbhís Gnó	24	9	15	7	21	9
Sláinte & leigheas	11	4	7	3	16	7
Seirbhís Phoiblí	8	3	11	5	14	6
Seirbhís Reiligiúnach	1	0.5	7	3	2	1
Folúntas	53	21	48	21	40	18
Tréigthe/í léig	4	1.5	5	2	7	3
<b>Iomlán</b>	<b>255</b>	<b>100</b>	<b>230</b>	<b>100</b>	<b>227</b>	<b>100</b>

Tábla 4.4: Éagsúlacht Úsáidí Miondíola i Lár bhailte\* i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe & i mBaile Locha Riach

**\*Nóta:** Ar mhaithe le cuspóirí an taighde thuasluaite bunaíodh teorainneacha na lár bhailte a tugadh do Thuaim, Béal Átha na Sluaighe & Baile Locha Riach bunaithe ar staidéir dheisce agus ar bhreathnú suímh agus chuige sin níl siad i gcomhchoibhneas le leagan amach na lár bhailte sna Pleananna Ceantair Áitiúla.

#### 4.18 Éagsúlacht Miondíola

Teastaíonn éagsúlacht a bheith sna seirbhísí atá ar fáil chun baile mór beo fuinniúil nó lárionad sráidbhaile a bhaint amach agus a choinneáil. Má tá méadú sciobtha in úsáid amháin ar leith thar aon úsáid eile d'fhéadfaí dochar a dhéanamh don bheogacht sin.

#### 4.19 Siopaí agus Seirbhísí Áitiúla

Is féidir éileamh a bheith ann ar sholáthar seirbhísí riachtanacha ó lá go lá thar na croiláir mhiondíola. Tá sé tábhachtach chuige sin freastal ar riachtanais áitiúla na ndaoine gar do scoileanna, áiteanna oibre agus limistéir chónaithe chomhchruinnithe.

#### 4.20 Úsáidí Tráthnóna agus go Déanach san Oíche

Is iad na lárionaid bhaile mór atá go hiomlán cuimsitheach agus beoga ná iad sin le soláthar fóna gníomhaíochtaí tráthnóna agus déanach san oíche i bhfoirm bialanna faoi bhláth, tithe tábhairne, clubanna, áiteanna beir leat agus úsáidí a bhaineann le leo seo. Chun an cineál seo timpeallacht a bhaint amach, tá sé tábhachtach muinín a bheith ag daoine gur áiteanna sábháilte agus spreagúla iad chun dul ann ag gach am, agus meas a bheith acu orthu siúd atá ina gcónaí iontu ar bhonn seasta chomh maith céanna.

#### 4.21 Stáisiúin Breosla Peitрил

Tá stáisiúin peitрил in Éirinn agus siopaí a bhaineann le leo idirspiléach ar a chéile den chuid is mó ar mhaithe le go mairfidh a ngnó. Cuireann siad seirbhís mhiondíola aonarach luachmhar ar fáil go minic do phobail áitiúla sna bailte beaga agus na sráidbhailte níos lú sa Chontae. I gcásanna mar seo d'fhéadfadh sé a bheith inghlactha réimse níos leithne táirgí a chur ar fáil thar achar urláir fhlaithiúil. Os a choinne sin, tá líon mór stáisiúin peitрил agus siopaí a bhaineann leo lonnaithe ar imeall na mbailte níos mó sa Chontae. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach sna cásanna sin an réimse táirgí agus méid an tsoláthair achar urláir do chustaiméirí a theorannú chun sláinte na seirbhísí miondíola atá sna lárionaid bhaile mór ábhartha a chosaint. Ag tabhairt aird ar an méid réamhluaithe, measfaidh an Chomhairle tograí ar bhonn iarratas i ndiaidh iarratas. Ina theannta sin, maíonn na *Treoirlínte Pleanála Miondíola* (2012) nár chóir spás urláir i siopa a bhaineann le le stáisiún peitрил dul thar 100m<sup>2</sup> agus go mba cheart an cur chuige seicheamhach a bheith i gceist in aon mholadh le haghaidh spás urláir thar an tairseach seo.

#### 4.22 Comharthaíocht Miondíola

Ba chóir go mbeadh leanúnachas i scála agus in ábhair idir chreatlach an fhoirgnimh agus an chomharthaíocht a bhaineann le leis le sprioc fhoriomlán chun a chinntiú go meascann comharthaí gan stró ar bith isteach ina gcomhthéacs agus a ndífriocht a choinneáil ag an am céanna. Ba chóir go gcuirfeadh comharthaí le gnéithe ailtireachta an fhoirgnimh agus gan mí-ord a chur ar shráid-dreacha. Ina theannta sin, ba chóir comharthaí a bheith deartha chun gníomhaíocht mhiondíola agus ghnó a chur chun cinn agus cur le taithí an choisí ag an am céanna. Ba chóir béim a chur chomh maith ar chomharthaí traidisiúnta lámh-phéinteáilte a úsáid thar aon chineál eile comharthaíochta.

#### 4.23 Polasaithe agus Cuspóirí Miondíola

Polasaithe Miondíola

##### **Polasaí R 1 – Soláthar Miondíola**

Tacú le miondíol reatha agus é a éascú agus miondíol nua cuí a chur chun cinn agus a éascú sa ról



mór atá aige ag cur fostaíocht ar fáil go háitiúil, ag cothabháil geilleagar áitiúil agus ag cur le mealltacht an Chontae ó thaobh seirbhísí cónaithe, gnó agus comhlántacha breise eile.

### **Polasaí R 2 – Folúntas Miondíola**

Is é polasaí na Comhairle ná aird a thabhairt ar ráta folúntais aonad den chineál céanna agus soláthar saoráidí miondíola nua á bhreithniú.

### **Polasaí R 3 – Mórthograí Miondíola agus Bóithre Náisiúnta/Acomhail**

Beifear i gcoinne mórthograí miondíola in aice le bóithre agus acomhail láithreacha, nua nó pleanáilte, de réir fhorálacha *Treoirlínte Pleanála Miondíola DoECLG d'Údaráis Phleanála*, (2012) (agus aon cháipéis nuashonraithe/a thioctadh ina háit).

## Cuspóirí Miondíola

### **Cuspóir R 1 – Treoirlínte Pleanála Miondíola agus an Cur Chuige Seiceamhach**

An earnáil miondíola sa Chontae a chur chun cinn agus tacú léi agus a chinntiú go gcloífear leis na *Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Áitiúla DoECLG* (Aibreán 2012), lena n-áirítear aon cháipéis chothrom le data/leasaithe), lena n-áirítear an riachtanas atá ann do chur chuige seiceamhach i leith forbartha miondíola, i leith polasaithe agus cuspóirí Straitéis Miondíola ar bith amach anseo do Ghaillimh agus i leith na dtreoirlínte atá leagtha amach sa *Lámhleabhar Deartha Miondíola DoECLG* (Aibreán 2012).

### **Cuspóir R 2 – Ordúthas Miondíola**

Ordúthas feidhmeanna miondíola sa Chontae a chur chun cinn go gníomhach a chuireann le hordúthas lonnáoichtha an Phlean seo:

- a) Ord níos airde feidhmeanna siopadóireachta i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe agus i mBaile Locha Riach a choinneáil agus a fhorbairt breise mar phríomhionaid mhiondíola sa Chontae;
- b) Soláthar miondíola cuí a spreagadh i bpríomhbhailte an Chontae de réir an ordúthais lonnáoichtha ionas go mbainfidh said amach gach a bhfuil siad in ann;
- c) Saoráidí siopadóireachta áitiúla i mbailte, sráidbhailte agus lonnáoichtaí eile sa Chontae a choinneáil agus a fhorbairt breise agus forbairt mhiondíola oiriúnach nua a spreagadh ar láithreáin lárnacha.

### **Cuspóir R 3 – Straitéis agus Suirbhé Miondíola**

- a) Dul i mbun idirchaidrimh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun Straitéis Miondíola a chur ar fail laistigh de 3 bliana ó ghlacfar leis an bPlean Forbartha;
- b) Suirbhéanna miondíola ar gach príomhbhaile atá liostaithe i dTábla Lonnáoichtha na Croí-Straitéise a thosú agus a chur i gcrích, le bheith mar fhaisnéis don straitéis miondíola.

### **Cuspóir R 4 – Tiomsú ar Láithreán Miondíola**

Tiomsú ar láithreán i mol Tuaim, i mbaile Contae Bhéal Átha na Sluaighe, agus i ngach príomhionad baile sa Chontae (ag tabhairt aird ar phátrúin ceapaí agus sráide stairiúla atá ann cheana féin) a éascú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar nós folúntas, dearóiliú/léig agus sraoilleáil uirbeach.

### **Cuspóir R 5 – Ag Cónaí os cionn an tSiopa**

An traidisiún a bhaineann le bheith ag cónaí os cionn siopa i ngach lonnáoichth baile agus sráidbhaile ar fud an Chontae a choinneáil agus a chur chun cinn.

### **Cuspóir R 6 – Éagsúlacht Miondíola**

A chinntiú, ar mhaithe le beogacht agus inmharthanacht, go mbeidh seirbhísí agus asraonta cothrom mar thoradh ar thograí forbartha agus dá bhrí sin ag seachaint ró-chomhchruinniú úsáidí.

### **Cuspóir R 7 – Siopaí agus Seirbhísí Áitiúla**

Forbairt siopaí beaga agus seirbhísí ag láithreacha imeallacha laistigh de lonnáoichtaí bailte a éascú san áit gur féidir a léiriú go bhfuil siad ar scála a fhreastalóidh ar éileamh áitiúil agus sin amháin agus nach gcuirfidh siad isteach ar bheogacht agus ar inmharthanacht an ionaid baile atá ann cheana féin.

### **Cuspóir R 8 – Úsáidí Déanach san Oíche agus sa Tráthnóna**

Tacú le tograí d'fhorbairt a bhaineann le húsáidí tráchtála, miondíola nó fóillíochta nach buaic-am sa tráthnóna nó déanach san oíche é laistigh de nó in aice le lár bailte, áit ar féidir a léiriú go gcuirfidh an fhorbairt go mór le carachtar agus le feidhm an cheantair agus nach mbainfeadh sé as taitneamhacht cónaithe agus ginearálta an cheantair.

### **Cuspóir R 9 – Úsáidí Déanach san Oíche agus sa Tráthnóna a Rialáil**

Iarracht a dhéanamh caighdeáin cáilíochta comhshaoil a chomhlíonadh trí phrionsabail dhea-chleachtais a chur i bhfeidhm i mbainistiú úsáidí déanach san oíche i bhfoirm bearta coisc ordaithe agus uaireanta oibríochta a rialáil.

### **Cuspóir R 10 – Miondíol a Bhaineann le Stáisiúin Peitрил**

Déan tograí forbartha do shaoráidí siopa a ghabhann le stáisiúin peitрил a bhreithniú ar a gcuid fiúntas aonair, ag tabhairt aird ar *Threoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Pleanála (2012)* agus faoi réir impleachtaí tráchta.

### **Cuspóir R 11 – Forbairt Straitéiseach i Lár an Bhaile**

Tacú le haonaigh agus le comharchumainn sa Chontae a lorgaíonn athlonnú ó príomhárteanna i lár an bhaile chuig imill bailte faoi réir chloí le riachtanais pleanála agus caighdeán rialaithe forbartha, dá bhrí sin ag ceadú leathnú amach lár an bhaile/príomhlimistéar chun críocha miondíola agus tráchtála.

### **Cuspóir R 12 – Timpeallacht Miondíola Ardchaighdeáin**

Tacú le forbairt cineálacha, scálaí, agus pátrúin chuí forbartha miondíola in áiteanna oiriúnacha laistigh de lonnaíochtaí an Chontae agus le dearadh ardchaighdeáin a dhéanann na nithe seo a leanas:

- Tacú le beogacht agus le hinmharthanacht ionad lonnaíochta atá ann cheana féin mar aon le príomhshráideanna gaolmhara agus/nó nach gcuireann as dá mbeogacht;
- Infheistíocht i mbóithre agus in infrastruchtúr straitéiseach a chosaint agus rochtain éasca a chur ar fáil d'áiteanna miondíola, go háirithe ó thaobh iompar poiblí;
- Cuidiú le timpeallacht miondíola ardchaighdeáin a chruthú.

## Caibidil 5 - Bóithre agus Iompar

---

### 5.1 Lánpháirtiú Úsáid na Talún agus Straitéis Iompair Inbhuanaithe

Déantar gach iarracht le comhtháthú pleanála iompair, rochtana agus imthosca úsáid talún soláthar a dhéanamh do mhodhanna inbhuanaithe iompair agus tacaítear freisin le pobail níos inbhuanaithe a chruthú agus cuireann sé forbairt réigiúnach chothrom chun cinn. Tá soláthar tráthúil infrastructúr iompair ardchaighdeán laistigh de Chontae na Gaillimhe ríthábhachtach d'fhorbairt shocheacnamaíoch an Chontae agus do chur chun cinn leas shóisialta agus geilleagrach.

Ba é ceann d'aidhmeanna straitéiseacha an *Phlean Forbartha Contae 2009-2015* ná dul i dtreo coincheap forbartha níos inbhuanaithe agus níos comhtháite i ndáil le húsáid talún, iompar, seirbhísí uisce agus soláthar fuinnimh. Dhírigh Straitéis Spásúil/Lonnaíocht ar fhorbairt i Molbhaile Tuaim agus ag príomhbhailte agus sráidbhailte feadh na gconairí forbartha straitéisí atá ag teacht chun cinn feadh an infrastructúir iompair nua (bóithre agus iarnród) mar a bhí molta i *Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe 1999, 2003* (GTPS). Tá feidhm fós le go leor de na tionscnaimh GTPS agus bhí tionchar acu ar cháipéisí polasaí ina dhiaidh sin mar aon le treoirlínte náisiúnta ar nós an *Plean Forbartha Náisiúnta, an Straitéis Spáis Náisiúnta, na Treoirlínte Pleanála Réigiúnach do Réigiún* an Iarthair agus bhí tionchar acu freisin ar na Straitéisí Spáis/Lonnaíochta agus ar straitéis iompair Phleananna Forbartha Chontae na Gaillimhe roimhe seo. Leanfaidh comhtháthú úsáid talún agus iompair ar aghaidh mar phríomhaidhm *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*.

Cuirfidh an Straitéis Iompair do Chontae na Gaillimhe mar atá leagtha amach laistigh den Chaibidil seo leis an infrastructúr rochtana tosaíochta a tugadh ar aird laistigh de na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha 2010-2022* ar nós Conair an Atlantaigh a thabhairt chun críche M18/M17 agus N17, seachróid thábhachtacha ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád ar nós an N59 Maigh Cuilinn agus N17 Seachród Bhaile An Chláir, feabhas/uasghrádú an R336 nua idir Gaillimh agus Scrib trí Ros an Mhíl agus an N60/61 a athrangú agus a uasghrádú mar Phríomhbhealach náisiúnta.

Tacú na RPGanna le hathbheithniú ar *Staidéar Iompair agus Pleanála na Gaillimhe*, le hathoscailt Chonair Iarnróid an Iarthair iomlán, feabhsúchán ar sheirbhísí bus agus rochtana lena n-áirítear na seirbhísí iompair tuaithe, infrastructúr iompair aeir a uasghrádú lena n-áirítear seirbhísí, líonra rothaíochta inbhuanaithe agus inúsáidte a chur chun cinn laistigh den Réigiún mar aon le calafoirt agus cuanta a fhorbairt go hinbhuanaithe.

Leanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe ar aghaidh ag tacú le síntí agus le feabhsúcháin ar infrastructúr iompair atá ann cheana féin laistigh de Chontae na Gaillimhe ar nós líonraí bóthair, rothair, calafoirt agus cuain agus leanfaidh sí ar aghaidh ag tacú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile le feabhsuithe ar sheirbhísí iarnróid, aeir agus bus lena n-áirítear an Clár Iompair Tuaithe.

Aithnítear go n-éascaíonn Comhairle Contae na Gaillimhe seachadadh seirbhísí poiblí iompair agus infrastructúir ó tharla go bhfuil said lasmuigh de dhlíntse na Comhairle. Oibreoidh Comhairle Contae na Gaillimhe i gcomhar le gníomhaireachtaí/soláthróirí seirbhísí eile agus oibreoidh said i gcomhar freisin le hAonad Iompair Chathair na Gaillimhe a bhfuil sé d'fhreagracht air moltaí iompair an GTPS agus staidéir eile lena mbaineann ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm.

- **Tábla 5.1 Infrastructúr Iompair Tosaíochta 2015-2021:** ina bhfuil liosta de thionscadail tosaíochta a aithníodh laistigh de thréimhse an Phlean Forbartha.

- **Tábla 5.2 Tionscadail Réigiúnacha/Áitiúla a Beartaíodh do 2015-2021:** ina bhfuil liosta de thionscadail réigiúnacha/áitiúla a moladh laistigh de thréimhse an Phlean Forbartha.

#### **Bóthar Náisiúnta:**

N17 Scéim Tuaim go Clár Clainne Mhuiris, lena n-áirítear Seachród Bhaile Tuaim;;  
 M18/M17 An Gort – Scéim PPP Tuaim lena n-áirítear Seachród N17 Tuaim;  
 N18 Scéim Ghleann an Scáil;  
 \*\* N59 Scéim Uachtar Ard – an Tí Dhóite;  
 \*\* N59 Scéim an Chlocháin - an Tí Dhóite –  
 N84 Scéim Luimneach;  
 N63 Leacht Seoirse – Scéim Bhéal Átha Ghártha;  
 N67 Cill Cholgáin – Scéim Teorann Contae (leanúnach);  
 N83 Tuaim- An Dún Mór;  
 N66 Cill Chríost;  
 N65 Cill Mhian – Port Omna;  
 N84 Gaillimh chuig an Scéim Teorann Contae;  
 N18 ag Ceathrú na Manaoise ó thuaidh chuig an acomhal leis an M6.

#### **Forleagan Cosáin (Oibreacha fós ar bun):**

- N17;
- N18;
- N59;
- N63;
- N65;
- N66;
- N67;
- N83;
- N84.

#### **Seachróid Bhailte Criticiúla:**

- N59 Seachród Mhaigh Cuilinn;
- N17 Seachród Bhaile Chláir;
- N 59 Seachród Uachtar Ard.

#### **Bóithre Eile:**

- R336 Bearna – Scríb trí Ros an Mhíl;
- Bóthar Faoisimh Bhaile Átha an Rí & lena n-áirítear M6 Bóthar Ceangail chuig bóthar Chaisle (cuid de críochnaithe agus cuid de leanúnach);
- Bóthar Ceangail ón R348 – Eastáit IDA agus LP3103.
- R340
- R332

#### **Carrchlóis Poiblí:**

- Carrchlós Bhaile Locha Riach
- Carrchlós Phort Omna
- Carrchlós Ghort;
- Carrchlós Uachtar Ard;
- Carrchlós an Chloiginn;
- Carrchlós Áth Cinn.

#### **Líonraí Rothair Áitiúla agus Náisiúnta**

Is tionscadal é forbairt líonra rothair náisiúnta agus áitiúil atá ríthábhachtach mar chuid d'fhorbairt tionscail turasoíreachta inbhuanaithe agus tá sé tábhachtach freisin ag an leibhéal áitiúil d'fhorbairt mhodh iompair eile.

### **Rotharbhealaí / Glasbhealaí**

- Glasbhealach na Gaillimhe an Chlocháin

#### **Rotharbhealaí:**

- Tacú leis an *mBealach Rothaíochta Náisiúnta* idir Baile Átha Cliath, Béal Átha na Sluaighe, Cathair na Gaillimhe agus an Clochán agus sin a fhorbairt ar feadh bhealach ar leataobh ón trácht den chuid is mó;
- Tacú leis an *mBealach Rothaíochta Náisiúnta* as Gaillimh go Maigh Cuilinn & Uachtar Ard agus é a fhorbairt;
- Tacú leis an *mBealach Rothaíochta Náisiúnta* as an gClochán go dtí an Líonán agus é a fhorbairt;
- Tacú leis an *mBealach Rothaíochta Náisiúnta* as an Órán Mór go dtí Droichead an Chláirín, Cill Cholgáin, Baile an Doirín, Cinn Mhara agus ar aghaidh chuig teorainn an Chontae agus é a fhorbairt;
- Tacú le na bealaí siúlóide & rothaíochta agus iad a fhorbairt de réir *Straitéis Siúlóide & Rothaíochta na Gaillimhe 2013*;
- Tacú leis na bealaí siúlóide agus rothaíochta de réir na *Straitéisí Baile Taistil Gníomhach* don Tuaim, do Bhéal Átha na Sluaighe, d'Órán Mór, do Bhaile Átha an Rí agus an Gort agus iad a fhorbairt;
- Tacú le *Straitéis Siúlóide & Rothaíochta Chathair na Gaillimhe & an Cheantair Máguaird* agus sin a fhorbairt i gcomhairle agus i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe;
- Tacú le straitéisí siúlóide & rothaíochta do bhailte eile I gContae na Gaillimhe ar nós: Uachtar Ard, Maigh Cuilinn, Droichead an Chláirín, Cinn Mhara, Port Omna, Áth Cinn, An Líonán, An Chloigeann, An Cheathrú Rua, Baile Conaola, An Spidéal, Bearna, An Creagán, Maigh Locha, Eachroim, Gleann na Madadh, Béal Átha Mó, Béal Átha Ghártha, An Dún Mór, Creachmhaoil, Ard Raithin, Baile Liam, Cill Chiaráin agus Carna agus iad sin a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an *Staidéar Scóipe do Ghréasán Náisiúnta Rothaíochta (2010)* agus *Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta Chontae na Gaillimhe*;
- Imscrúdú a dhéanamh ar an seans a bheadh ann bealach a aithint a nascfaidh Baile an Daighin (i gCo. Mhaigh Eo) le Baile an Mhuilinn agus Tuaim agus na ceantair máguaird agus leis an Líonra Náisiúnta Rothaíochta agus/nó le bealach rothaíochta Tuaim/Bhaile Átha an Rí;
- Soláthar do Bhealach siúlóide/rothaíochta cósta ó Bhearna go hÓrán Mór a leagan amach agus a fhorbairt i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

#### **Iarnród:**

- Líne iarnóidh déach a dhéanamh as Gaillimh–Baile Átha an Rí–Béal Átha an Sluaighe;
- Conair Iarnróid an Iarthair (WRC).

#### **Modh Iompair Eile :**

- Tionscadail Infrastruchtúir Taisteal Níos Cliste a chur i bhfeidhm.

#### **Cuanta, Calafóirt & Slípeanna:**

- Inis Oírr, Inis Meáin, An Clochán, Cinn Mhara, Sruthán.

### **Tábla 5.1: Tionscadail Infrastruchtúir Iompair Tosaíochta do Chontae na Gaillimhe 2015-2021**

(Foinse: Rannóg Bóithre Chomhairle Chontae na Gaillimhe Samhain 2013)

#### **\*\* N59 Bealach Náisiúnta den Dara Grád – An Clochán go Uachtar Ard**

Is é an N59 Bealach Náisiúnta den Dara Grád i gContae na Gaillimhe an príomhnasc iompair chuig Tuaisceart Chonamara. Níl an bóthar de chaighdeán maith ó thaobh ailíniú, cosáin, cumais agus sábháilteachta de agus tá mórinfheistíocht de dhíth air. Tá sé beartaithe feabhas ar líne a dhéanamh den chuid is mó ar an mbealach mar a bheidh cuí de réir chumas, shábháilteacht agus riachtanais gheilleagracha cheantar Chonamara. Tá tús curtha le pleanáil sa chéad chuid den phróiseas feabhsuithé (An Teach Dóite go hUachtar Ard) agus leanfar leis an chuid ón gClochán go hUachtar Ard.

Bealaí	Obair le déanamh
R336, R446	Oibríthe feabhsuithe líonra, forleagan a láidriú agus a fheabhsú
N59 ó Chathair na Gaillimhe go Teorainn Mhaigh Eo tríd An Líonán	Feabhsuithe Líonra
Bóithre Naisc Cnoc Odhráin	Bóithre naisc a chríochnú
N6 ag Ceathrú na Manaoise a nascadh le ceantar tionscail Órán Mór ar an N18	Trasnú do choisithe a imscrúdú agus a sholáthar
Conair Bus Ardchaighdeáin Bhóthar Tuaim  Cruthú lánáí breise a bhreithniú nó na lánáí atá ann cheana féin a athrú do Chonairí Bus Ardchaighdeáin ar an R446, N17, N59, N84 agus nascacht le Conair Iarnróid an Iarthair	I gcomhar le Cathair na Gaillimhe críochnaigh leagan amach chonair bus ardchaighdeáin Bhóthar Tuaim agus déan tailte a chaomhnú dá réir sin.
N65 Cill Mhian- go Port Omna	
Líonraí áitiúla agus réigiúnacha laistigh den Chontae	Lean le hoibreacha láidrithe agus feabhsúcháin ar na líonraí seo

**Tábla 5.2: Tionscadail Réigiúnacha/Áitiúla atá beartaithe do 2015-2021**

(Foinse: Rannóg Bóithre Chomhairle Contae na Gaillimhe Samhain 2013)

**Tabhair ar aird:** Níl na liostaí seo cuimsitheach. Leanfar le feabhsuithe ar an líonra bóthair ginearálta de réir mar a bheidh gá, agus chomh fada agus a mbeidh acmhainní ar fáil.

#### 5.1.1 Iompar – Aidhmeanna Straitéiseacha

Oibreoidh Comhairle Contae na Gaillimhe le gníomhaireachtaí eile chun infrastruchtúr bóthair, iarnróid, aeir agus farraige-bhunaithe a chur ar fáil agus a chothabháil a chuireann rogha modhanna taistil chun cinn a chuireann le straitéis iompair comhtháite agus inbhuanaithe agus a chuireann ardchaighdeán maireachtála ar fáil do dhaoine reatha Chathair na Gaillimhe agus don daonra a bheidh ann amach anseo.

De réir fíis foriomlán an Phlean Forbartha seo, na reachtaíochta agus na rialachán náisiúnta agus comhshaoil AE, tá cuspóirí iompair an Phlean Forbartha bunaithe ar na haidhmeanna straitéiseacha seo a leanas:

- Líonra iompair sábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na ndaoine agus ar ghluaiseacht earraí agus seirbhísí chuig Contae na Gaillimhe, laistigh de agus as;
- Rochtain a chur ar fáil do chách ar shlí comhtháite le rogha níos fearr iompair, an Clár Iompair Tuaithe san áireamh;
- An úsáid a bhaintear as roghanna inbhuanaithe iompair eile a chur chun cinn agus a spreagadh agus an úsáid a bhaintear as fuinneamh taistil ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn;
- Forbairt ar thailte faoi sheirbhís i sráidbhailte agus i mbailte a chur chun cinn, go háirithe iad sin atá lonnaithe ar feadh conairí iompair phoiblí de réir na *dTreoirlínte um Fhorbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha*, ag tabhairt aird freisin ar na pátrúin lonnaithe atá ann cheana féin;
- Feidhm iompair straitéiseach agus cumas iompair an mhótarbhealaigh agus an líonra bóthair náisiúnta agus na hacmhail ghaolmhara a chosaint chun go mbeidh gluaiseacht na tráchta idiruirbeach agus idir-réigiúnach sábháilte ann;

- Tacú le hoscailt bhealach Conair Iarnróid an Iarthair ó Bhaile Átha an Rí, ó Molbhaile Tuaim, ó Chlár Chlainne Mhuiris go Cúil Mhuine (4 chuid) mar rogha d'iompar traenach agus lastas paisinéirí;
- Tacú le huasghrádú infrastruchtúr iompair aeir laistigh den Chontae lena n-áirítear rochtain níos fearr agus seirbhísí aeir chun ceangail aeir le margáí baile agus iasachta a fheabhsú;
- Rochtain a chur chun cinn agus a fheabhsú (seirbhísí farantóireachta/lastais san áireamh) ar bhealach inbhuanaithe chuig agus idir líonra calafoirt, cuanta, céanna agus slipeanna laistigh den Chontae agus oileáin eischósta chun tacú le turasóireacht agus leis an ngeilleagar áitiúil.

## 5.2 Polasaithe agus Cuspóirí um Lánpháirtiú Úsáid na Talún agus Iompair **Straitéis** Inbhuanaithe

### Polasaithe um Lánpháirtiú Úsáid na Talún agus Iompair **Straitéis** Inbhuanaithe

#### **Polasaí TI 1 – Straitéis Iompair agus Comhlíonadh Reachtaíochta**

Is é polasaí foriomlán Chomhairle Contae na Gaillimhe ná cloí le gach reachtaíocht pleanála agus comhshaoil Éireannach agus Eorpach ábhartha agus í ag cur i bhfeidhm na Straitéise Iompair.

#### **Polasaí TI 2 – Córas Iompair Lánpháirtithe agus Iompair a Fhorbairt**

Is é polasaí na Comhairle na forbairt chóras iompair ardchaighdeán lánpháirtithe agus inbhuanaithe a chur chun cinn a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

- a) Comhordú níos daingne a chur chun cinn idir úsáid talún agus iompar inbhuanaithe;
- b) Leanúint le raon roghanna iompair a chur ar fáil laistigh den Chontae i gcomhar le gníomhaireachtaí reachtúla agus soláthróirí iompair eile, lena n-áirítear líonra bóthair sábháilte, raon seirbhísí bus agus iarnróid, saoráidí leordhóthanacha siúlóide agus rothaíochta agus deiseanna do taisteal aeir agus uisce-bhuanaithe.

#### **Polasaí TI 3 – Bearta Taistil Inbhuanaithe**

Tacú le tiomantas a Rialtais faoin *Treoir um Fhuinneamh Inathnuaite (2009/28/EC)* chun spriocanna náisiúnta comhaontaithe a bhaint amach maidir le hiompar inbhuanaithe lena mbeidh feithiclí leictreacha mar 10% den bhflít iompair Éireannach roimh 2020 mar aon le hoibleagáid bithbhreosla, a ardóidh de réir a chéile ar bhonn inbhuanaithe go dtí 2020, chun an sprioc fuinnimh inathnuaite 10% a bhaint amach in 2020.

#### **Polasaí TI 4 – Lánpháirtiú Úsáid na Talún agus Iompar**

A chinntiú go mbeidh pleanáil úsáid na talún lánpháirtithe le pleanáil iompair agus go laghdóidh sé an riachtanas atá ann taisteal a dhéanamh, go háirithe tríd iompar príobháideach, trí na nithe seo a leanas:

- a) Comhdhlúthú forbartha a chur chun cinn trí Chroí-Straitéis/Straitéis Lonnaíochta a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sa phlean seo;
- b) Forbairt treisithe agus úsáide measctha ag moil iompair phoiblí agus nóid a aithnítear laistigh den Chontae a spreagadh;
- c) Tosaíocht a thabhairt do roghanna eile siúlóide, rothaíochta agus iompair phoiblí laistigh de thograí forbartha nua, mar is cuí agus rochtain a chur ar fáil maidir leo sin.

### Cuspóirí um Lánpháirtiú Úsáid na Talún agus Iompair Inbhuanaithe

#### **Cuspóir TI 1 – Iompar Inbhuanaithe**

Tacú le tionscnaimh ar bith de chuid '*Taisteal Níos Cliste*' a fheabhsóidh iompar inbhuanaithe laistigh den Chontae agus iad a éascú, lena n-áirítear iompar poiblí, feithiclí leictreacha agus hybrid, clubanna cairr, scéimeanna poiblí rothar, saoráidí *park and ride agus stride*, saoráidí coisithe agus rothaíochta níos fearr, de réir mar is cuí.

### **Cuspóir TI 2 – Bearta Iompair Inbhuanaithe**

Ionas go mbainfear amach na spriocanna náisiúnta comhaontaithe a leagadh amach don rannóg iompair faoi *Treoir an AE um Fhuinneamh Inathnuaite (2009/28/EC)*, déanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe na nithe seo a leanas:

- a) Feabhsuithe ar infrastruchtúr agus seirbhísí iompair poiblí atá ann cheana féin a éascú trí mheascán roghanna modhanna iompair a lorg lena n-áirítear Conairí Bus Ardchaighdeáin nua/breise, saoráidí iarnróid comaitéara agus páirceála agus taistil;
- b) Comhoibriú le soláthóirí seirbhísí chun éifeachtach breosla maidir le hiompar mótaí a fheabhsú;
- c) An úsáid a bhaintear as feithiclí leictreacha agus rothair a spreagadh ag teacht le polasaí na Comhairle agus Náisiúnta;
- d) Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cur chun cinn/ag cur i bhfeidhm na ‘Scéime Rothaíochta chun na hOibre’ do gach fostaí;
- e) Tacú le soláthar infrastruchtúr oiriúnach chun ardú san úsáid a bhaintear as feithiclí leictreacha a spreagadh lena n-áirítear pointí luchtaithe ar shráideanna a phíolótú i bpríomhlimistéir, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil agus pointí luchtaithe a bheith ar fáil i bhforbairtí neamhchónaithe;

### **Cuspóir TI 3 - Pleananna Bainistithe Gluaiseachta**

Pleananna Bainistithe Gluaisteacha a iarraidh go gach mórfhorbairt cónaithe, tráchtála, úsáid-mheasctha, gnó/fiontair nó tionscail de réir mar a bheidh cuí.

### **Cuspóir TI 4 - Forbairt Mhol Iompair**

Imscrúdú a dhéanamh ar an deis atá ann moil iompair comhtháite a fhorbairt i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe, i mBaile Átha an Rí, sa Ghort, sa Chlochán, i mBaile Locha Riach agus ag an nGarrán laistigh de shaolré an phlean seo de réir mar a bheidh acmhainní ar fáil. Déanfar iarracht an úsáid is mó a bhaint as comhtháthú straitéiseach iompair agus úsáidí talún réasúnacha laistigh de na conairí iompair agus geilleagair atá ag teacht chun cinn. Thar saolré an phlean seo, leagfar béim ar sholáthar saoráidí bus in aice le stáisiúin iarnróid, de réir mar a bheidh cuí.

## 5.3 Infrastruchtúir Iompair – Líonraí Bóthair agus Iompair

Is féidir an Líonra Bóithre Náisiúnta a rangú mar seo a leanas:

- a) Bealaí Straitéiseacha lena n-áirítear Príomhbhealaí Náisiúnta agus Bealaí Náisiúnta den Dara Grád;
- b) Bóithre nach bóithre náisiúnta iad lena n-áirítear bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

### 5.3.1 Bealaí Straitéiseacha: Mótarbhealach, Bóithre Príomhbhealaí Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

Cuireann mótarbhealach idir-uirbeach agus líonra débhealaigh na hÉireann naisc iompair thábhachtacha agus straitéiseacha ar fáil idir ár bpríomhchathracha, margaí, calafoirt agus aerfoirt. Is é príomhimní an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (NRA) agus é i mbun breithnithe ar iarratais toilithe maidir leis na codanna seo den líonta, ná a chinntiú go leanfaidh na bóithre atá i gceist ag baint amach a gcuspóir iompair straitéisigh agus an mórinfheistíocht a rinne an Rialtas i bhforbairt na mbóithre seo a chosaint.

Braitheann Gaillimh, mar gheall ar a shuíomh imeallach, go mór ar an líonra bóithre poiblí ó thaobh iompair. Aithníonn an NSS an N/M6 mar an príomhbhealach náisiúnta, mar chonair ceangail straitéiseach agus an N17/N18 mar chonair radial straitéiseach. Ainmníonn na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair* an N/M6 agus an N17/18 mar príomhbhealaí rochtana sa réigiún agus an N59, N63, N83 agus N84 mar bhealaí idir-réigiúnacha tábhachtacha mar aon le ról idir-réigiúnach tábhachtach na mbóithre náisiúnta tánaisteacha N60, N65, N66 agus N67 laistigh de Chontae na Gaillimhe.

### 5.3.2 Bealaí nach Bealaí Náisiúnta iad



Tá thart ar 771km de bhóithre réigiúnacha agus 5,331km de bhóithre áitiúla sa Chontae. Tacaíonn bóithre réigiúnacha agus áitiúla leis an ngeilleagar trí naisc idir bóithre náisiúnta a chruthú. Ceanglaíonn Bóithre Réigiúnacha bailte agus sráidbhailte laistigh den Chontae agus réigiún agus ceanglaíonn siad iad freisin le bealaí náisiúnta. Tá siad ann le soláthar a dhéanamh do ghluaiseacht tráchta gan an-iomarca tráchta gan gá a thabhairt isteach i limistéir chónaithe nó áineasa. Níor chóir go gcuireadh forbairt ar bith a dhéanfaí ar feadh na mbóithre seo isteach ar a gcumas an ról seo a chomhlíonadh nó ar a bhforbairt amach anseo. Is bóithre seirbhíse iad bóithre áitiúla go príomha a bhaineann an pobal arna bhfreastalaíonn siad leas mór astu. Bíonn siad mar chuid de líonra dailte ach is a bpríomhchuspóir ná bóithre seirbhíse.

### 5.3.3 Saincheistanna Iompair agus Tráchta Gheata na Gaillimhe

Mar fhreagra ar bheithiúnas ó Chúirt Bheithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le scéim Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe agus na fadhbanna leanúnacha tráchta agus iompair i limistéar Gheata na Gaillimhe, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag fiosrú saincheistanna iompair i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird. Léiríonn réamhscrúdú ar na saincheistanna seo gur fiú anailís bhreise a dhéanamh orthu seo a leanas:

- Brú tráchta ar mhórbhealaí ar fud na cathrach
- Am turais nach féidir brath air de bharr neamhchinnteacht faoi mhoill
- Athrú ar am turais i rith an lae
- Moill de bharr trácht ag buaicamanna
- Trácht atá ag dul tríd an gcathair ag teacht salach ar thrácht inmheánach
- Naisc iompair neamh-leordhóthanach chun teacht ar mhargaí laistigh den chathair agus naisc iompair neamh-leordhóthanach amach as
- Naisc iompair neamh-leordhóthanach leis an gcuid eile den Chontae go háirithe i dtreo an iarthair
- Easpa inrochtaineachta ar Réigiún an Iarthair tríd is tríd.

Tuigtear go dteastaíonn réitigh ar na fadhbanna seo má táthar chun forbairt inmhathana chothrom ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a spreagadh agus chun sábháilteacht ar bhóithre do gach úsáideoir bóthair a mhéadú agus a choinneáil. Ní mór féachaint ar gach rogha féideartha atá ann chun dul i ngleic leis na saincheistanna seo lena n-áirítear roghanna neamh-bhóthair, roghanna ilchóreacha, infrastuchtúr nua agus/nó uasghrádú ar líonraí atá ann. Ní mór stádas ard comhshaoil an limistéir chomh maith leis an gcosaint mhór comhshaoil a thugtar do Láithreáin Eorpacha sa limistéar staidéir a ghlacadh san áireamh i réitigh iompair den chineál sin áfach.

### 5.3.4 Sábháilteacht ar Bhóithre

Oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis na comhlachtaí cuí chun bealaí iontrála agus aomhail atá ar bhealaí srianta a fheabhsú.

## 5.4 Polasaithe agus Cuspóirí Bóithre agus Iompair

### Polasaithe Bóithre agus Iompair

#### **Polasaí TI 5 – Bóithre, Sráideanna agus Páirceáil**

Is é polasaí Comhairle Contae na Gaillimhe i gcomhar le gach gníomhaireacht reachtúil agus soláthróir seirbhíse eile líonraí bóthair agus sráide a chur ar fáil a bhíonn sábháilte agus áisiúil, a bhfuil a dóthain cumais acu freastal ar ghluaiseachtaí mótaí agus neamh-mhótair, agus a bhfuil ar ardchaighdeán comhshaoil le forbairt agus leagan amach cuí in aice láimhe, go háirithe i gcás sráideanna uirbeacha agus sráidhreacha, agus go gcuirtear saoráidí cuí páirceála ar fáil chun freastal ar bhailte agus ar shráidbhailte laistigh den Chontae. Maidir leis sin, beidh feidhm leis na prionsabail, na cur chuigí agus na caighdeáin a leagtar amach sa Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2013) (lena n-áirítear aon cháipéis roimhe) de réir mar

is cuí nuair a bheifear ag tabhairt faoi fhorbairt nua.

#### **Polasaí TI 6 – Infrastruchtúr Iompair Straitéiseach a Chosaint**

Déanfar iarracht an mórinfheistíocht a rinneadh in infrastruchtúr iompair straitéiseach a chosaint agus a dhaingniú, go háirithe sa líonra bóithre náisiúnta, sna línte iarnróid atá ann cheana féin agus i gConair Iarnróid an Iarthair.

#### **Polasaí TI 7 – Líonra Bóithre Náisiúnta a Chosaint**

An mótarbhealach agus an líonra bóithre náisiúnta agus na hacomhail bóithre náisiúnta a chosaint ag teacht le beartais Rialtais. An cumas iompair, éifeachtúlacht oibríochta, sábháilteacht agus an mórinfheistíocht a rinneadh sa mhótarbhealach agus sa líonra náisiúnta bóthair laistigh den Chontae a chosaint mar aon leis an Mótarbhealach M6 Baile Átha Cliath go Gaillimh, Mótarbhealach M18 An Gort go dtí Croisín, agus an M17/M18 Gaillimh go Tuaim nuair a chríochnófar sin.

#### **Polasaí TI 8 – Ceanglais Infrastruchtúir Iompair don Gheata agus Iarthar an Chontae**

Is é polasaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe oibriú i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus gach comhlacht reachtúil chun freagra oiriúnach infrastruchtúir a fhorbairt i ndáil le riachtanais iompair Gheata na Gaillimhe, an ceantar mórthimpeall agus iarthar an Chontae le súil is trácht a mhaolú, amanna taistil a fheabhsú, sábháilteacht a mhéadú do gach úsáideoir bóthair agus ceangal agus rochtain laistigh den réigiún a fheabhsú agus teacht níos fearr a bheith ar réigiún an iarthair i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta. Beidh aird cuí ag gach réiteach den chineál seo ar an riachtanas an timpeallacht a chosaint agus comhlíonfaidh le riachtanais an Treoir maidir le Gnáthóga.

#### **Polasaí TI 9 – Feabhais ar an Líonra Bóithre agus ar Chonair/Ghlasbhealach Iarnróid an Iarthair**

Beidh sé mar pholasaí ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a chinntiú go dtabharfar faoi aon obair a dhéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe nó aon údarás reachtúil eile ar aon chuid den líonra a chuirfeadh isteach ar Chonair nó ar Bhealach Glas Iarnróid an Iarthair ar Bhealach nach ndéanfaidh dochar do mholtaí iompair malartacha dá leithéid a sholáthar sa bhfadtéarma ná d'aon chuspóirí eatramhacha an t-iarnróid a úsáid mar ghlasbhealach.

#### **Polasaí TI 10 - Athrangú ar Bhealaí Srianta**

Is polasaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe é dul i mbun idirchaidrimh leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta maidir le hathrangú a dhéanamh ar Bhealaí Srianta mar thoradh ar thógáil ar mhótarbhealaí.

#### **Polasaí TI 11 - Comharthaíocht**

Is polasaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe é dul i mbun idirchaidrimh leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta maidir le breis comharthaíochta i mbailte tuaithe in aice le mótarbhealaí d'fhonn seirbhísí atá sna bailte sin a chur chun cinn.

### **Cuspóirí Bóithre agus Iompair**

#### **Cuspóir TI 5 – Feabhsuithe Líonra Bóthar agus Iompair**

Cur chun chin feabhsuithe agus cur i bhfeidhm feabhsuithe ar an mBóthar Náisiúnta atá ann cheana féin a éascú mar aon le líonraí Bóithre Réigiúnacha/Áitiúla lena n-áirítear na scéimeanna iompair tosaíochta, atá liostaithe i dTábla 5.1: *Tionscadail Infrastruchtúir Iompair Tosaíochta do Chontae na Gaillimhe 2015-2021*, agus iad sin atá liostaithe i dTábla 5.2: *Tionscadail Réigiúnacha/Áitiúla atá Beartaithe do 2015-2020 faoi réir reachtaíochta pleanála Éireannach agus comhshaoil Eorpach lena n-áirítear Alt 6 den Treoir Habitats agus/nó measúnaithe comhshaoil eile nuair is cuí.*

#### **Cuspóir TI 6 – Bealaí Náisiúnta a Chosaint agus Líonraí de Bhóithre Réigiúnacha a bhfuil tábhacht Straitéiseach leo**

Is cuspóir ag an gComhairle acmhainn agus sábháilteacht ar an Líonra Náisiúnta Bóithre agus

ar an Líonra de Bhóithre Réigiúnacha a bhfuil tábhacht Straitéiseach (liostaithe in gCaighdeán DM 19) leo sa Chontae a chosaint agus a chinntiú go gcomhlíontar na *Treoirlínte Pleanála Spáis agus Bóithre Náisiúnta (2012)*. De gnáth ní cheadóidh Comhairle Contae na Gaillimhe tograí forbartha lena bhfuil rochtain dhíreach ar phríomhbhóthar náisiúnta nó ar bhóthar tánaisteach ar bith mar chuid de lasmuigh den chrios teorann luais 50-60csu do bhailte agus do shráidbhailte.

#### **Cuspóir TI 7 – Ionaid Amhairc Seirbhíse/Limistéar Scíthe agus Tarraingteacha**

- a) Tacú leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta ó thaobh seirbhísí agus saoráidí limistéir scíthe a sholáthar a d'fhéadfadh an NRA a mholadh agus aird a thabhairt ar fhorálacha Alt 2.8 de *Threoirlínte Pleanála Spáis agus Bóithre Náisiúnta* DoECLG agus an *Beartas na Seirbhíse NRA (Lúnasa 2014)* maidir le haon mholtaí eile i dtaobh saoráidí seirbhíse taobh bóthair nó saoráidí seirbhísí as líne feadh Bóithre Náisiúnta agus aomhail a bheadh á gcur chun cinn ag forbróirí príobháideacha;
- b) Tacú le forbairt ionad amhairc tarraingteacha ar an infrastruchtúr bóthair atá ann cheana féin nuair a bhíonn sin cuí, ag laghdú an tionchar ar an gcomhshaol agus aird iomlán a thabhairt ar threoircháipéisí DoECLG maidir le forbairt ar bhóithre náisiúnta.

#### **Cuspóir TI 8 – Pleananna Bainistithe Tráchtá**

Athbhreithniú ar Phleananna Bainistithe Tráchtá i mBéal Átha na Sluaighe, i bPort Omna, sa Ghort, i mBaile Átha an Rí, in Órán Mór, i mBaile Locha Riach, i gCill Rónáin, in Uachtar Ard agus sa Chloigeann a bhreithniú. Pleananna Bainistithe Tráchtá a dhéanamh do Chreach Mhaoil, d'Áth Cinn, do Chinn Mhara, do Bhearna, do Bhaile Chláir, do Mhaigh Cuilinn, don Líonán agus don Dún Mór.

#### **Cuspóir TI 9 – Páirceáil Cairr**

Saoráidí páirceála i mbailte agus i sráidbhailte a sholáthar/a fheabhsú de réir éileamh forbartha agus tráchtá. Beidh na riachtanais páirceála cairr de réir na gcaighdeán agus na dtreoirlínte mar atá leagtha amach faoi Alt 13 de: *Treoirlínte agus Caighdeáin Bainistithe Forbartha sa phlean seo faoi Treoirlínte d'Iompar, do Bhóithre, do Pháirceáil, do Lódáil agus do Stóráil*.

#### **Cuspóir TI 10 – Measúnú Iompair agus Tráchtá (TTA) agus Iniúhtaí Sábháilteachta Bóithre (RSA)**

Éileofar go mbeidh TTA agus RSA i dteannta gach mórthogra forbartha beartaithe nua, a bheidh comhchomhairleoirí inniúla oiriúnacha ina mbun agus a bheidh measúnaithe i gcomhar leis an tionchar iomlán a bheith acu ar fhorbairtí in aice láimhe ar an líonra bóthair de réir na riachtanas atá i dTreoirlínte Measúnaithe Iompair agus Tráchtá an NRA agus aird á thabhairt ar an RSA san *Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair NRA DMRB HD19/12 (mar aon le cáipéis nuashonraithe a tháinig ina dhiaidh sin superseding)*.

#### **Cuspóir TI 11 – Líonra Sráideanna Uirbeacha agus Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha**

Tacú le cóireáil ar an líonra bóthair laistigh de limistéir built i mbailte ar nós sráideanna uirbeacha a thugann tús áite do choisithe, a fhreastalaíonn ar rothaithe nuair is féidir agus a thacaíonn le gluaiseachtaí poiblí agus príobháideacha, stopadh agus páirceáil, de réir mar a bhíonn cuí. Dá bhrí sin, cuirfear na prionsabail, na cuir chuigí, agus na caighdeáin atá leagtha amach sa *Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre & Sráideanna Uirbeacha (2013) (mar aon le cáipéis nuashonraithe/ superseding)* i bhfeidhm ar fhorbairt nua de réir mar a bheidh cuí.

#### **Cuspóir TI 12 – Torann**

Éileofar go mbeidh measúnú torainn le gach forbairt bheartaithe nua, a mheastar a bheith íogair ó thaobh torainn de, laistigh de 300m de bhóithre a bhíonn toirteanna tráchtá níos mó ná 8,220 AADT orthu mar aon le bearta maolaithe más gá leis na cáipéisí iarratais pleanála. An forbróir a sheasfaidh an costas a bhainfidh leis na bearta maolaithe. Éascófar bearta maolaithe chun an timpeallacht torainn a chosaint i bhforbairtí cónaithe atá ann cheana féin nó déanfar na bearta sin a fhorfheidhmiú de réir mar a bheidh gá.

#### **Cuspóir TI 13 – Comharthaí ar gach Bóthar nó a bhíonn le feiceáil ar gach Bóthar**

Seachain iomadú comharthaíocht tráchtá neamhbhóthair ar gach bóthar agus in aice le gach

bóthar ar leas sábháilteachta tráchta agus áis amhairc, de réir na *dTreoirlínte Pleanála Spáis agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála* (2012). Déanfar cáipéis an NRA *Policy and Provision of Tourist and Leisure Signage on National Road March 2011* (lena n-áirítear aon cháipéis nuashonraithe/dímholta) a bhreithniú agus forbairtí chuí á measúnú.

#### **Cuspóir TI 14 – Scéimeanna Sábháilteachta Bóthair**

Córas bóthair sábháilte a chur ar fáil ar fud an Chontae trí Scéimeanna Sábháilteachta Bóthair, a bheidh leanúint leis an gclár bearta sábháilteachta ar chostas íseal, comharthaíocht agus líniú, moilliú tráchta agus idirchaidreamh le húdaráis scoile mar chuid de lena chinntiú go gcuireann scoileanna gnéithe sábháilteachta ar fáil de réir mar is cuí.

#### **Cuspóir TI 15 - Ceanglais Infrastruchtúir Iompair don Gheata agus d'Iarthar an Chontae**

Is cuspóir ag Comhairle Chontae na Gaillimhe oibriú le gach comhlacht cuí chun feabhas riachtanach a dhéanamh ar infrastruchtúr iompair, lena n-áirítear infrastruchtúr nua más gá, chun forbairt eacnamaíochta agus sóisialta Gheata na Gaillimhe agus iarthar an Chontae sa mheántearma agus sa ghearrtearma a chinntiú. Tabharfar aird in aon infheistíocht nó togra dá leithéid ar an ngá atá ann an comhshaol a chosaint agus géillfear go hiomlán d'fhorálacha na reachtaíochta ábhartha, lena n-áirítear an Treoir maidir le Gnáthóga.

### Cuspóirí Iompair Phoiblí

#### **Cuspóir TI 16 – Forbairt Inbhuanaithe Chonair Iarnróid an Iarthair**

Conair Iarnróid an Iarthair a chothabháil mar rogha d'iompair traenach paisinéirí agus lastais agus tacú le hoscailt a bhfuil fágtha de bhealach Conair Iarnróid an Iarthair ó Bhaile Átha an Rí go Cúil Mhuine.

#### **Cuspóir TI 17 – Seirbhísí Bus agus an Clár Iompair Tuaithe (RTP)**

- a) Tacú le soláthar seirbhísí bus poiblí agus príobháideacha mar aon le hinfrastruchtúr coimhdeach lena n-áirítear scáthlín bus, saoráidí páirceála agus taistil ag áiteanna cuí;
- b) Tacú agus cuidiú leis an Tionscnamh Iompair Tuaithe mar aon le hathbhreithniú ar bith a dhéanfar air. Oibriú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/le pobail áitiúla lena n-áirítear Aonad Comhordaithe Iompair na Gaillimhe (TCU) chun pobal inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun cinn – scéim bunaithe ar iompar poiblí;
- c) A chinntiú go dtugtar aird ar riachtanais daoine faoi mhíchumas de réir ceanglais rialacháin i gcás gach seirbhís bus agus infrastruchtúr coimhdeach lena n-áirítear scáthlín bus agus saoráidí páirceáil agus taisteal a bheith in áiteanna oiriúnacha. Beidh tacaíochtaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi réir comhlíontais sula soláthraítear iad.

#### **Cuspóir TI 18 – Plean Iompair Poiblí**

Réiteoidh an Chomhairle Plean Iompair Poiblí i gcomhar agus i gcomhoibriú leis an Údarás Iompair Náisiúnta, le hAonad Comhordaithe Iompair na Gaillimhe (TCU) agus gníomhaireachtaí eile lena mbaineann.

#### **Cuspóir TI 19 – Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta na Gaillimhe**

Moltaí agus tograí as na *Staidéar Scóipe do Ghréasán Náisiúnta Rothaíochta* agus as *Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta na Gaillimhe 2013* mar atá leagtha amach i dTábla 5.1: Tionscadail Infrastruchtúir Iompair Tosaíochta do Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a chur i bhfeidhm.

#### **Cuspóir TI 20 - Dhá chuid de Ráillrian**

Tacú le moladh dhá chuid a dhéanamh de iarnród as Gaillimh-Baile Átha an Rí-Béal Átha na Sluaigh de réir reachtaíocht Pleanála Éireannaigh agus reachtaíocht timpeallachta Eorpach ag áireamh Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga agus/nó aon mheasúnú timpeallachta eile.

### Cuspóirí Iompair Aeir

Scríobhtar na cuspóirí seo a leanas le soláthar aerstráicí d'fhorbairt phleanála agus inbhuanaithe chuí an limistéir san áireamh.

### **Cuspóir TI 21 – Aerstráicí Áitiúla**

Déanfaidh an Chomhairle riachtanais forbartha oibríochta, teicniúla agus sábháilteachta amach anseo na n-aerstráicí áitiúla a chosaint laistigh den limistéir feidhmitheach trí aird a thabhairt ar Chomhairle an Údarás Eitlíochta na hÉireann ó thaobh tionchar ar bith a bheadh ag tograí forbartha sa cheantar ar aerstráicí áitiúla.

### **Cuspóir TI 22 - Saoráidí Héileapad**

Éascóidh an Chomhairle soláthar saoráidí héileapad i limistéir tionscail/tráchtála, i láithreacha forbartha straitéiseacha nó i limistéir a bhíonn in aice le hospidéal, saoráidí seirbhísí leighis nó saoráidí éigeandála nuair ar féidir sin a dhéanamh agus nuair a bhíonn cuí.

## **Cuspóirí Cuanta, Calafóirt, Céanna agus Slipeanna**

### **Cuspóir TI 23 - Forbairt Inbhuanaithe Calafóirt Farráige Ros an Mhíl agus Chuan na Gaillimhe**

Leanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe ar aghaidh ag aithint tábhacht Ros an Mhíl agus Cuan na Gaillimhe agus cuirfidh sí a bhforbairt inbhuanaithe leanúnach chun cinn agus éascóidh sí sin lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- a) Déanfaidh an Chomhairle oibreacha feabhsuithe ar infrastructúr bóthair atá ann cheana féin ag seirbhísiú Ros an Mhíl mar chead acmhainní;
- b) Oibriú i gcomhair le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Cuideachta Cuain na Gaillimhe chun idircheangal idir Cuan na Gaillimhe agus Ros an Mhíl a chur chun cinn.

### **Cuspóir TI 24 – Forbairt Inbhuanaithe Cuanta, Calafóirt, Céanna agus Slipeanna**

- a) Tacú le Cuan Ros an Mhíl a fhorbairt mar chalafort domhainmhara agus tacú le feabhas agus cothabháil cuanta eile lena n-áirítear Inis Oírr agus Inis Meáin, chomh maith le céanna agus slipeanna agus aon infrastructúr nua mara a bhreithniú nuair is cuí.
- b) Rochtain shábháilte agus áisiúil ar an uisce chun críocha iompair phoiblí, tionscail, tráchtála, tharrthála farráige, turasoireachta, dobharshaothraithe agus áineasa a éascú nuair a bhíonn sin cuí agus má bhíonn acmhainní ar fail.

### **Cuspóir TI 25 – Fodhlíthe Cuanta**

Cur i bhfeidhm na bhfodhlíthe cuanta do rialáil agus do rialú gníomhaíochtaí cuain a éascú.

### **Cuspóir TI 26 – Iompar Uisce-Iompartha**

Tacú le hoibriú seirbhísí farantóireachta/lastais idir an mórthír agus na hoileáin eischósta laistigh de Chontae na Gaillimhe agus iad sin a bhíonn ag freastal ar Gheatabhealach na Gaillimhe agus ar Chontae an Chláir agus iad sin a éascú. Leathnú amach oiriúnach na seirbhísí/saoráidí sin a éascú thar saolré an phlean i gcomhar le soláthróirí seirbhísí agus le hÚdarás Áitiúla eile de réir mar a bheidh cuí, ag laghdú an tionchar a bheidh ar an gcomhshaol. De ghnáth ní cheadaítear tograí úsáide talún lena mbainfeadh baol go gcuirfeadh said as d'oibriú inbhuanaithe na seirbhísí seo.

***Féach Léarscáil TI 1 Líonra Iompair Straitéiseach ag deireadh na caibidle seo.***


*Airítear sonraí ó Sbuirbhéireacht Ordánais na bÉireann arna atáirgeadh faoi uimhir Cheadúnais OSi 2010/15/CCMA/Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Sáraíonn atáirgeadh neamhdaraithe Sbuirbhéireacht Ordánais na bÉireann agus Cáipeart Rialtas na bÉireann*



- Teorainn Contae
- Lochanna
- Geatabhealach na Gaillimhe
- GTPS

**Nóta: Nil Lonnaíochtaí Beaga léirithe**

- Molbhaile Thuama
- Baile Contae Bhéal Átha na Sluaigne
- Príomhbhaile (>1500)
- Sráidbhaile Eile (<1500)
- Príomhbhóithre Náisiúnta
- Bhóithre Náisiúnta den dara grád
- Bhóithre Réigiúnacha
- Mótarbhealach (M6)
- Scéimeanna Ceadaithe NRA
- Stáisiún Traenach
- Líne Iarnróid
- Líne Iarnróid atá beartaithe
- Conair Straitéiseach Eacnamaíoch
- Nód Straitéiseach na nArdán/An Garrán
- Cuan na Gaillimhe & Calafort Ros An Mhíl
- Céanna & Calafort
- Aerfoirt & Aerstráicí
- Muiríní
- Conairí Infrastruchtúir /Iompair



**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
Galway County Council

**Phlean Forbartha Contae 2015-2021**

Teideal		
<b>Lionra Iompair Straitéiseach - T11</b>		
Dáta	Línithe	Scála
Feabhra 2015	LSL	NDS

## Caibidil 6 – Uisce, Fuíolluisce, Bainistiú Dramhaíola agus An Tionscal Eastóscach

### 6.1 Réamhrá

Braitheann fás inbhuanaithe Chontae na Gaillimhe ar sholáthar sásúil d'infrastruchtúr seirbhíse, taitneamhachta agus gréasáin chaidrimh. Teastaíonn chur chuige a bheidh bunaithe ar phlean, de réir Chroí-Straitéis agus Straitéis Lonnaíochta an Chontae, chun seirbhísí den sórt sin a sholáthar chun a chinntiú go bhfuil dóthain rochtana ar fáil chun tacú le forbairt amach anseo. De bhreis air sin, ní mór an soláthar infrastruchtúir sin a fheidhmiú ar bhealach a thabharfaidh cosaint don tsláinte phoiblí chomh maith lena bheith cuí ó thaobh timpeallachta de agus éifeachtach ó thaobh geilleagair de.

### 6.2 Aidhmeanna Straitéiseacha

- Acmhainní uisce an Chontae a chosaint, a bhuanú agus a chaomhnú agus cloí leis na caighdeáin atá i bPlean Bainistíochta Cheantar Abhantraí an Iarthair agus i bPlean Bainistíochta Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne;
- Cuidiú ar bhealach inbhuanaithe le soláthar infrastruchtúir atá riachtanach d'uisce agus d'fhuíolluisce;
- Íoslaghú a dhéanamh ar an méid fuílligh a chruthaítear sa Chontae agus cleachtas a chothú i dtaca le laghdú, athúsáid agus athchúrsáil nuair is féidir;
- Timpeallacht an Chontae a chosaint trína chinntiú go ndiúsraítear dramhaíl iarmharach ar bhealach atá cuí agus neamhdhíobhálach don timpeallacht;
- A chinntiú go ndéantar bainistiú cuí agus forbairt inbhuanaithe ar ábhar comhiomlán sa Chontae.

### 6.3 Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce

Chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil síneadh le *Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010 – 2012* go dtí 2013 de réir an Chiorcláin L 4/12 dar dáta 30<sup>ú</sup> Márta 2012 (ar a dtugtar Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010 – 2013 as seo ar aghaidh), chun go leanfaí le soláthar, pleanáil agus seachadadh do chonarthaí nach dóigh go mbeadh tús curtha leo in 2012. Tugann tábla 6.1 thíos liosta de na tionscadail uisce agus séarachais ar fad atá críochnaithe go dtí seo i gContae na Gaillimhe faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010-2013.

Ainm na Scéime	Ainm an Chonartha	Uisce(U)/Séarachas(S)
Scéim Séarachais Bhearna	Conradh 1 (Oibreacha Sibhialta) Conradh 2 Oibreacha M&E)	Séarachas
Scéim Soláthair Uisce an Ghoirt	Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce	Uisce
Scéim Soláthair Uisce Inis Mór	Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce	Uisce
Scéim Soláthair Uisce an Chreagáin	Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce	Uisce
Caomhnú Uisce – Céim 1 & 2	Caomhnú Uisce	Uisce
Séarachas Bhaile Chláir & Bhaile an Mullinn	Gréasán	Séarachas
Soláthar Uisce Dhún Mór/Ghleann na Madadh	Ionad Cóireála Uisce	Uisce
Purláin Iarthar Chathair na Gaillimhe	Taiscumar Nua	Uisce
Scéim Soláthair Uisce Inis Bó Finne	Ionad Cóireála Uisce	Uisce
Scéim Uisce & Séarachais Thuama	Gréasán	Uisce & Séarachas

**Tábla 6.1: Oibreacha atá críochnaithe i gContae na Gaillimhe faoi WSIP 2010 - 2013**

(Foinse: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Rannóg na Seirbhísí Uisce (Samhain 2013))

## 6.4 Uisce Éireann agus An Plean Infheistíochta Caipitil Beartaithe 2014-2016

In Aibreán 2012, rinne Rialtas na hÉireann cinneadh Uisce Éireann a bhunú mar fhochuideachta neamhspleách faoi úinéireacht an stáit laistigh de Ghrúpa Bhord Gáis Éireann. Is é Uisce Éireann an taitneamhacht nua náisiúnta uisce atá ag Éirinn, rud a thugann seirbhísí uisce 34 Údarás Áitiúil na hÉireann le chéile in aon tseirbhís soláthair náisiúnta amháin d'fhonn seirbhís daingean, ardcháilíochta agus inbhuanaithe a chur ar fáil do phobal na hÉireann. Ón 1<sup>ú</sup> Eanáir 2014, tá Uisce Éireann freagrach as feidhmiú na seirbhísí poiblí uisce agus fuíolluisce agus na seirbhísí sin a sholáthar do bhreis agus 1.5 milliún teaghlach ar fud na hÉireann. Tá caiteachas de thar ar €1.1 billiún sa bhliain i gceist leis sin chun na hacmhainní náisiúnta uisce agus fuíolluisce a bhainistiú, córais uisce agus fuíolluisce a chothabháil, infheistíocht agus pleanáil a dhéanamh, agus bainistiú a dhéanamh ar thionscadail chaipitil, ar chúram do chustaiméirí agus ar bhilleáil. I mí Bealtaine 2014, d'fhoilsigh Uisce Éireann an *Plean Infheistíochta Caipitil Beartaithe 2014-2016*, a léiríonn an t-aistriú ó na cláir chaipitil a rinne DECLG maoirsiú, agus go leor den mhaoiniú orthu cheana go dtí pleananna infheistíochta thréimhse lánrialaithe praghais Uisce Éireann, atá le rialáil ag an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF). San áireamh le haistriú Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce an DECLG (WSIP) chuig Uisce Éireann tá tionscadail atá ar bun, tionscadail atá tugtha chun críche ach nach bhfuil deireadh leo ó thaobh na tráchtála de, agus roinnt tionscadal a cuireadh amach ar tairiscint in 2013, ar thug an DECLG cead conarthaí a bhronnadh orthu.


## 6.5 Seirbhísí Uisce

Ag cur na nithe thuasluaite san áireamh, beidh Rannóg Seirbhísí Uisce Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag oibriú i gcomhar le hUisce Éireann chun gréasán infrastruchtúir cuí do sholáthar poiblí uisce agus a chur ar fáil agus a chothabháil ar fud an Chontae ar feadh tréimhse an phlean. D'fhonn leanúnachas seirbhíse a choimeád, tá Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (SLA) déanta ag Uisce Éireann chun sócmhainní Uisce Éireann a fheidhmiú ar feadh an dá bhliain déag amach romhainn. De bhreis air sin, beidh Rannóg Seirbhísí Uisce Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag iarraidh a chinntiú go ndéanfar infheistíocht leanúnach agus feabhsúcháin ar an infrastruchtúir criticiúil seo thar shaolré an phlean.

Déanfar sin tríd an bPlean Infheistíochta Caipitil Beartaithe 2014-2016 a chur i bhfeidhm i dtús ama.

## 6.6 Soláthar Uisce

Faightear uisce glan sa Chontae as réimse d'fhoinsí mar is léir ó Fhigiúr 6.1. Tá 38 scéim soláthair uisce phoiblí scaipthe ar fud an Chontae agus baintear suas le 80% den uisce cóireáilte a chuirtear ar fáil tríd an ngréasán infrastruchtúir as foinsí soláthair dromchla. Cuireann soláthair príobháideacha foinsé eile ar fáil do na limistéir nach bhfuil soláthar poiblí uisce acu agus áirithe leo sin tá toibreacha do thithe aonair agus grúpscéimeanna áirithe príobháideacha do lonnaithe tuaithe.



**Figiúr 6.1 Cineálacha Soláthairtí Uisce i gContae na Gaillimhe**  
(Foinsé: CSO 2011)



Tá liosta i dTábla 6.2 de na scéimeanna soláthair uisce poiblí eile atá áirithe agus faofa i gClár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce (WSIP) 2010 – 2013 do Chontae na Gaillimhe. Tá oibreacha feabhsúcháin/uasghrádaithe i gceist leis na tionscadail sin agus meastar go mbeidh siad críochnaithe le linn shaolré Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021.

Scéim Soláthair Uisce Bhéal Átha na Sluaighe	Gréasán (Áth Eascrach, Béal Átha na Sluaighe, Cill Chonaill: Réamhoibreacha) <i>Faoi Athbhreithniú ag Uisce Éireann</i>
Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach an Chlocháin	Ainm an Chonartha <i>Faoi Athbhreithniú ag Uisce Éireann</i>
Scéim Soláthair Uisce Chasla	Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce <i>Uisce Éireann le sainchomhairleoir a cheapadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an uasghrádú seo agus ar mhalairt rogha chun soláthar a dhéanamh don cheantar seo as WTW Thír Oileáin i gCathair na Gaillimhe.</i>
Ionad Cóireála Uisce Bhaile Locha Riach	Oibreacha Éigeandála ag an Ionad Cóireála Uisce <i>Faoi Athbhreithniú ag Uisce Éireann agus d'fhéadfaí RWSS Thuama a shíneadh chun soláthar a dhéanamh do Bhaile Locha Riach.</i>
Ionad Cóireála Uisce Bhaile Locha Riach	Ainm Conartha le dearbhú <i>Faoi Athbhreithniú ag Uisce Éireann agus d'fhéadfaí RWSS Thuama a shíneadh chun soláthar a dhéanamh do Bhaile Locha Riach.</i>
Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Bhaile Locha Riach	Conradh 1 – Gréasán <i>Faoi Athbhreithniú ag Uisce Éireann agus d'fhéadfaí RWSS Thuama a shíneadh chun soláthar a dhéanamh do Bhaile Locha Riach.</i>

**Tábla 6.2: Tionscadail Soláthair Uisce atá Beartaithe le Críochnú i gContae na Gaillimhe faoin bPlean Infheistíochta Caipitil Beartaithe 2014-2016**

(Foinse: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Rannóg na Seirbhísí Uisce Meitheamh 2014)

## 6.7 Cáilíocht Uisce agus Scéim Cosanta Screamhuisce

I gCreat-treoir Uisce an AE 2000 (WFD), leagtar síos cur chuige nua chun cosaint a thabhairt d'acmhainní uisce an Chontae agus iad a fheabhsú. Is é an cuspóir bunúsach atá ag an gCreat-treoir Uisce ná stádas ardcháilíochta na n-uiscí go léir a choinneáil nuair is ann dó, cosc a chur le haon mhéalú ar stádas reatha na n-uiscí agus “stádas maith” ar a laghad a bhaint amach i dtaca leis na huiscí go léir faoi 2015. Maidir leis sin, tá na dobharlaigh in iarthar, in oirthuaisceart agus in oirdheisceart an Chontae rangaithe mar fhoinsí *nach bhfuil i mbaol suntasach* nó *gur dócha nach bhfuil siad i mbaol suntasach*. Tá na dobharlaigh i bhformhór na limistéar eile sa Chontae rangaithe mar fhoinsí *gur dócha iad a bheith i mbaol suntasach*. Tá an Creat-treoir Uisce breisithe ag Treoir (2006/118/AE) i dtaca le cosaint screamhuisce in aghaidh truailithe agus méalú agus ag Treoir (2008/105/AE) i dtaca le caighdeán cháilíochta timpeallachta i réimse an pholasaí uisce. Chun críochna Creat-treorach Uisce tá formhór na Gaillimhe lonnaithe laistigh de Cheantar Abhantraí an Iarthair, ach tá cuid den Chontae ar an taobh thoir lonnaithe i gCeantar Idirnáisiúnta Abhantraí na Sionainne.

Acmhainn thábhachtach nádúrtha is ea an screamhuisce a sholáthraíonn suas le 20-25% den uisce glan in Éirinn agus tá sé tábhachtach go gcaomhnófaí bogaigh agus sreabhadh na n-abhann le linn tréimhsí triomaigh. Tá cosaint ag screamhuisce agus ag uiscígh in Éirinn faoi reachtaíocht náisiúnta agus AE, agus is iad na húdarás Áitiúla agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) atá freagrach as feidhmiú na reachtaíochta sin. Is é an bealach is praiticiúla agus is éifeachtaí chun screamhuisce a chosaint agus truailiú a sheachaint ná úsáid a bhaint as Scéim Cosanta Screamhuisce. Cuireann Scéim Cosanta Screamhuisce treoirlínte ar fáil chun cuidiú le húdarás phleanála agus cheadúnúcháin chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích, agus creat chun cuidiú le déanamh cinntí i dtaca le suíomh, nádúr agus srianadh forbairtí agus gníomhaíochtaí chun an screamhuisce a chosaint. Tá an Scéim Cosanta Screamhuisce corpraithe i bPleananna Bainistíochta Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne agus an Iarthair.

## 6.8 An Soláthar Uisce a Chaomhnú

Tá Straitéis Bhainistíochta Uisce Chomhairle Chontae na Gaillimhe dírithe ar chaomhnú uisce, fiú nuair a bhíonn dóthain soláthairtí ar fáil, chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr as an taitneamhacht luachmhar seo. Ní amháin go bhfuil monatóireacht ar úsáid uisce agus aimsiú luath ar sceitheadh uisce áirithe sna beartais chaomhnaithe, tá clár feasachta do thomhaltóirí áirithe iontu freisin. Tá dul chun cinn déanta le hoibreacha faoin *gClár Caomhnaithe Uisce don Chontae* agus táthar ag leanúint don dul chun cinn faoi thrí chéim mar atá imlínithe i dTábla 6.3.

<b>Céim 1</b>	Suiteáladh córais bhainistíochta uisce sna 38 scéim soláthair uisce phoiblí sa Chontae.
<b>Céim 2</b>	Aimsíodh agus deisíodh fabhtanna agus sceitheadh sa phríomhlíonra uisce.
<b>Céim 3</b>	Tá oibreacha ar siúl go leanúnach ar athshlánúchán an phríomhlíonra uisce ar fud an Chontae.

**Tábla 6.3: Sonraí a Bhaineann le Clár Caomhnaithe Uisce Chontae na Gaillimhe**

(Foinse: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Rannóg na Seirbhísí Uisce (Samhain 2013))

## 6.9 Méadrú Baile

Tá tús curtha cheana féin go náisiúnta le suiteáil méadar ar naisc uisce baile agus meastar go leanfar den obair i gContae na Gaillimhe. Meastar go dtabharfar isteach billeáil ar mhuirir uisce do thomhaltóirí tí ina dhiaidh sin in 2015. Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh an comhlacht náisiúnta a bheidh ag feidhmiú mar rialtóir uisce agus é de chumhacht aige muirir uisce a shocrú.

## 6.10 Polasaithe agus Cuspóirí Uisce

### Polasaithe Uisce

#### **Polasaí WS 1 – Uisce Éireann**

Oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht dhlúth le hUisce Éireann ina ról nua mar phríomhúdarás do na seirbhísí uisce.

#### **Polasaí WS 2 – Uisce Éireann agsu Bailte agus Sráidbhailte Tuaithe**

Oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le hUisce Éireann chun saoráidí cearta uisce agus fuíolluisce a sholáthar i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe.

#### **Polasaí WS 3 - Plean Infheistíochta Caipitil Beartaithe Uisce Éireann**

Tacú le hUisce Éireann a *bPlean Infheistíochta Caipitil Beartaithe 2014-2016* agus aon Chláir Infheistíochta ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm.

#### **Polasaí WS 4 – Caomhnú Uisce**

Leanúint den tiomantas do chaomhnú uisce agus cásanna sceite a laghdú laistigh den Chontae chun feachtais chaomhnaithe uisce a chur chun cinn.

#### **Polasaí WS 5 – Cáilíocht Uisce**

Feasacht an phobail a chur chun cinn i dtaca le cúinsí cáilíochta uisce agus na beartais is gá chun cosaint a thabhairt don screamhuisce agus do dhobharlaigh araan.

#### **Polasaí WS 6 - Soláthar Uisce ar na hOileáin**

Go n-oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le hUisce Éireann chun aghaidh a thabhairt ar an neamhleorgacht ó thaobh soláthar uisce ar Oileáin Árann.

### Cuspóirí Uisce

#### **Cuspóir WS 1 – Cosaint do Screamhuisce**

Tacú leis an gcosaint ar acmhainní screamhuisce agus ar fiadhúlra/ghnáthóga spleácha de réir na *Treorch Screamhuisce 2006/118/AE, Rialacháin na gComhphobal um Chuspóirí (Screamhuisce) Timpeallachta, 2010 (I.R. Uimh. 9 de 2010)*, nó aon reachtaíocht uasdátaithe mar aon leis an Scéim Cosanta Screamhuisce agus pleananna cosanta foinse do sholáthairtí uisce.

#### **Cuspóir WS 2 – Polasaithe agus Treoracha an AE**

Gach acmhainn ionchasach uisce sa Chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, de réir

Chreat-treoir Uisce an AE, na Pleananna Bainistíochta Abhantraí, *Rialacháin na gComhphobal um Chuspóirí Timpeallachta (Screamhuisce) 2009 (I.R. Uimh. 272 de 2009)* agus *Treoir an AE maidir le hUisce Snámha (Treoir 2006/7/EC)* arna cur i bhfeidhm ag na *Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha 2008 (I.R. Uimh. 79) de 2008* agus *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) (Uimh. 2) 2007* a fheidhmiú agus a chinntiú go bhfuil na soláthairtí uisce ag cloí leis na teorainneacha atá sna rialacháin sin.

### **Cuspóir WS 3 – Uisce Éireann**

Dul i dteagmháil le hUisce Éireann agus é a chomhairliú i dtaca le haimsiú, ord tosaíochta agus cur chun cinn fheidhmiú na dtionscadal uisce ar fud Chontae na Gaillimhe thar shaolré an phlean.

### **Cuspóir WS 4 – Soláthar Seirbhísí Uisce i mBailte agus i Sráidbhailte atá gan Seirbhísí**

Tacú le soláthar infrastruchtúir do sheirbhísí uisce i mbaile agus i sráidbhailte atá gan seirbhís chun cuidiú le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe sa Chontae.

### **Cuspóir WS 5 – Plean Sábháilteachta Uisce**

Tacú le hullmhú pleananna sábháilteachta uisce chun cosaint a thabhairt do na príomhscéimeanna uisce poiblí i gContae na Gaillimhe laistigh de shaolré an phlean.

### **Cuspóir WS 6 – Gréasáin Soláthair Uisce Réigiúnacha**

Forbairt a dhéanamh i gcomhar le hUisce Éireann ar an soláthar uisce tríd na Gréasáin Soláthair Uisce Réigiúnacha agus gréasáin a nascadh chun leanúnachas agus slándáil an tsoláthair a chinntiú tríd an ngréasán leathnaithe.

### **Cuspóir WS 7 – Bainistiú Foinsí agus Creasa Cosanta**

Teagmháil a dhéanamh le hUisce Éireann chun bainistiú foinsé agus creasa cosanta a bhunú thart ar fhoinsí soláthair uisce óil (screamhuisce agus uisce dromchla) mar aon le bainistiú agus cothabháil chúí a fhorbairt chuige sin.

### **Cuspóir WS 8 – Caomhnú Uisce**

Tacú le héifeachtúlacht in oibriú agus i mbainistiú éilimh ar an infrastruchtúr soláthair uisce, caomhnú uisce a chur chun cinn agus laghdú a dhéanamh ar an leibhéal foriomlán de chailleanas uisce sa soláthar poiblí uisce.

### **Cuspóir WS 9 – Pleananna Bainistíochta Abhantraí 2009 - 2015**

Tacú le feidhmiú na moltaí agus na mbeart ábhartha mar atá imlínithe i *bPleananna Bainistíochta Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne agus an Iarthair 2009–2015*, agus sna Cláir Beart a ghabhann leo, nó aon phleananna dá leithéid a d'fhéadfadh a theacht ina n-ionad sin i rith shaolré an Phlean Forbartha Contae seo. Ní cheadófar forbairt ach i gcás gur féidir a léiriú go soiléir nach mbeidh aon tionchar do-ghlactha ag an togra ar an timpeallacht uisce, ar a n-áirítear uiscí dromchla, cáilíocht agus méid an screamhuisce, conairí abhann agus na bogaigh a ghabhann leo, uiscí inbhir agus uiscí cósta. Tabharfar aird, nuair a bhonn sin ábhartha, ar Threoir dhoiciméad Uimh. 20 an AE um Chomhfeidhmiú Straitéise a thugann treoir faoi eisceachtaí i dtaca le cuspóirí timpeallachta na Creat-treorach Uisce.

### **Cuspóir WS 10 – Infheistíocht in Infrastruchtúr Seirbhísí Uisce**

Tacú le méadú nó uasghrádú ar shaoráidí infrastruchtúir uisce reatha sa Chontae trí fheidhmiú *Phlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2014-2016* mar atá agus aon Clár Infheistíochta eile ina dhiaidh sin.

### **Cuspóir WS 11 – Uiscigh atá Tábhachtach go Réigiúnach agus go hÁitiúil**

Cosaint a thabhairt i gcoinne baol truaillithe d'uiscigh atá tábhachtach go réigiúnach agus go háitiúil sa Chontae agus a chinntiú go bhfeidhmeofar na scéimeanna cosanta screamhuisce agus na creasa cosanta screamhuisce, nuair a bhíonn sonraí le fáil ó Shuirbhé Geolaíochta na hÉireann.

### **Cuspóir WS 12 Soláthar agus Riar Fóna d'Uisce Óil**

A chinntiú go bhfuil seirbhísí cearta ag forbairtí nua mar aon le méid agus cáilíocht oiriúnach de sholáthar uisce óil agus é a éileamh ar gach forbairt nua socrú a dhéanamh do mhéadrú an tsoláthair uisce an tráth a ndéanfar ceangal leis an soláthar uisce poiblí.

### **Cuspóir WS 13 – Soláthar Uisce Príobháideach**

I gcás nach bhfuil dóthain acmhainne ag an soláthar reatha, nó i gcás gur mian le húnéir na maoin gan uisce ón tsoláthar poiblí a ól, tá sé mar chuspóir ag an gComhairle soláthar uisce príobháideach a cheadú sa chás inár féidir a léiriú go bhfuil an soláthar uisce atá molta ag cloí leis na caighdeáin atá leagtha síos i reachtaíocht agus i dtreoracha an AE agus náisiúnta ar a n-áirítear cloí le *hAlt 6 den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE*, agus sa chás nach mbeadh sé baolach don tsláinte phoiblí nó nach mbeadh tionchar diúltach suntasach aige ar fhoinsé nó ar mhéid an tsoláthair reatha.

#### Cuspóir WS 14 – Soláthar agus Cáilíocht an Uisce Óil

Aird a thabhairt ar an bhfoilseachán EPA (2013) *The Provision and Quality of Drinking Water in Ireland – A Report for the year 2012* (agus aon nuashonrú air ina dhiaidh sin) i dtaca le bunú agus cothabháil acmhainní uisce sa Chontae.

#### Cuspóir WS 15 – Plean Seirbhísí Uisce


Tacú le hullmhú agus feidhmiú Plean Seirbhísí Uisce de réir *Alt 36 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2007*.

### 6.11 Fuíolluisce

Tá soláthar agus cothabháil infrastructúir chóireála cheart fuíolluisce riachtanach don fhorbairt inbhuanaithe agus do chosaint na timpeallachta agus na sláinte poiblí. Faoi láthair, Uisce Éireann atá freagrach as cóireáil agus diúscairt an fhuíolluisce i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil cóireáil fuíolluisce phoiblí i bhfearas. Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an comhlacht reachtúil a bhfuil an dualgas uirthi a chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí á gcur i bhfearas i soláthar an infrastructúir fuíolluisce. I gcás forbairtí ina bhfuil tithe aonair, tá na riachtanais sin leagtha síos san *EPA Code of Practice for Waste Water Treatment Systems and Disposal Systems Serving Single Houses (2009)*. I gcás forbairtí níos mó, is iad Lámhleabhair an EPA faoi Chóireáil Fuíolluisce – *Treatment Systems for Small Communities, Business, Leisure Centres and Hotels (1999)* na doiciméid ábhartha nach mór a chur san áireamh agus tagairt a dhéanamh dóibh.

### 6.12 Cineálacha Soláthairtí Fuíolluisce i gContae na Gaillimhe

Tá réimse de chineálacha soláthairtí fuíolluisce i gContae na Gaillimhe, idir scéimeanna poiblí, umair mhúnlaigh aonair agus córais chóireála dhílsithe aonarach (nach umair mhúnlaigh iad). Tá na cineálacha saoráidí cóireála fuíolluisce sonraithe i bhfigiúr 6.2 thíos.



**Figióir 6.2: Cineálacha Córais Uisce i gContae na Gaillimhe** (Foinse: CSO 2011)

Tá liosta i dTábla 6.4 de na scéimeanna fuíolluisce poiblí atá áirithe i *bPlean Infheistíochta Caipitil Beartaithe Uisce Éireann 2014-2016* do Chontae na Gaillimhe. Tá oibreacha feabhsúcháin/uasghrádaithe agus soláthar infrastructúir nua i gceist leis na tionscadail sin agus meastar go mbeidh siad críochnaithe le linn shaolré *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021*.

Scéim Séarachais Bhaile Átha an Rí	Uasghrádú ar Ghréasán & Cóireáil Fuíolluisce <i>Faoi Athbhreithniú ag Uisce Éireann.</i>
Séarachas Bhaile Chláir & Bhaile an Muilinn	Conrdh 3 WWTP & Stáisiún Pumpála <i>Tairiscint bronnta – cuirfear tús le tógáil.</i>
Scéim Séarachais an Chlocháin Céim 1	Gréasán & Ionad Cóireála Fuíolluisce <i>Á dtógáil.</i>
Scéim Séarachais Chinn Mhara	Gréasán & Uasghrádú ar Chóireáil Fuíolluisce Ceadaithe. Beidh tairiscintí á lorg in 2015
Scéim Séarachais an Chreagáin	Ainm Conartha le cinntiú <i>Faoi Athbhreithniú ag Uisce Éireann.</i>
Scéim Séarachais Uachtar Ard	Gréasán & Cóireáil Fuíolluisce <i>Faoi Athbhreithniú ag Uisce Éireann</i>
Scéim Séarachais Ghleann na Madadh	Athbhreithniú ar Scóip & Cuir Tús le Tógáil <i>Faoi Athbhreithniú ag Uisce Éireann.</i> <i>Ceisteanna maidir le comhlíonadh. Stádas Tosaíochta.</i>
Scéim Séarachais Bhéal Átha Ghártha	Ainm Conartha le cinntiú / Athbhreithniú ar Scóip & Cuir Tús le Tógáil <i>Ag luathchéim dearaidh.</i>
Scéim Séarachais na Gaillimhe Céim 3 – Iml E (Infrastruchtúr Ghailimh Thoir)	An Scéim á Pleanáil. <i>Níl ar CIP faoi láthair ach is eol d’Uisce Éireann an tábhacht a thugann Comhairle Chontae na Gaillimhe don scéim.</i>
Scéim Séarachais an Spidéil	1,000 PE WWTP (DBO) & Uasghrádú ar Ghréasán Bailithe (Céim 1) <i>Faoi Athbhreithniú ag Uisce Éireann.</i>

**Tábla 6.4: Tionscadail Fuíolluisce atá le Críochnú i gContae na Gaillimhe faoi Plean Infheistíochta Caipitil Beartaithe Uisce Éireann 2014-2016**

(Foinse: Plean Infheistíochta Caipitil Beartaithe Uisce Éireann 2014-2016 Comhairle Chontae na Gaillimhe, Rannóg na Seirbhísí Uisce (Bealtaine 2014))

### 6.13 Scéimeanna Fuíolluisce Poiblí i gContae na Gaillimhe

Faoi láthair, cuireann Uisce Éireann scéimeanna fuíolluisce ar fáil i bhfoirm saoráidí bailiúcháin, cóireála agus diúscartha i gcuid mhaith lonnaíochtaí ar fud an Chontae. Tá infrastruchtúr den chineál sin ag feidhmiú ag leibhéil éagsúla i mbailte agus i mbruachbhailte ar fud an Chontae mar atá i dTábla 6.5 thíos:

Tuaim	Port Omna	An Fhairche	Béal Átha Mó
Béal Átha na Sluaighe	Dún Mór	An Creagán	Baile Liam
Baile Locha Riach	Áth Cinn	Maigh Locha	An Ghráig
Órán Mór	Bearna	An Líonán	Gleann na Madadh
Baile Átha an Rí	An Clochán	Béal Átha Ghártha	Dún an Uchta
An Gort	Cill Íomair	Cill Choirín	Áth Eascrach
Maigh Cuilinn	Leitir Fraic	Uachtar Ard	An Droichead Nua
An Spidéal	An Cheathrú	Cinn Mhara	

**Tábla 6.5: Scéimeanna Fuíolluisce i gContae na Gaillimhe**

(Foinse: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Rannóg na Seirbhísí Uisce Samhain 2013/Feabhra 2014)

### 6.14 Príomhscéim Draenála Oirthear na Gaillimhe

Meastar Príomhscéim Draenála Oirthear na Gaillimhe, Céim 3, a bheith ina thionscadal infrastruchtúir a bhfuil tábhacht straitéiseach leis. Má chuirtear ar fáil é laistigh d’amscála an phlean seo d’fhéadfadh sé a bheith ina chatalaíoch ionchasach d’fhorbairt agus do leathnú an Chontae amach romhainn mar atá aitheanta sa Straitéis Spásúlachta Contae agus sa Straitéis Lonnaíochta Contae.

## 6.15 Plean um Bhainistiú Sloda

Glacadh leis an *Galway City Council & County Council Operational Sludge Management Plan* in Eanáir 2011. Seo iad cuspóirí an phlean:

- Foinsí sloda a aimsiú;
- Rátaí a mheas do tháirgeadh sloda agus ceannphointí deiridh do shloda;
- Roghanna inbhuanaithe a mholadh don bhainistiú ar shloda nach bhfuil guaiseach.

Áirithe i soláthar gach ionad nua cóireála séarachais beidh oibreacha chun déileáil le haon sloda a eascróidh as an gcóireáil, de réir an Phlean um Bhainistiú Sloda.

## 6.16 Uisce Dromchla agus Uisce Stoirme / Córais Draenála

### Inbhuanaithe

Éileofar ar gach forbairt nua ar fud an Chontae íoslaghdú a dhéanamh ar dhoirteadh uisce dromchla trí chórais ar an láthair, ar nós Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDs). Beidh tograí a bhaineann le SuDs de réir na moltaí atá sa doiciméad EPA dar teideal *Guidance on Authorisation of Discharges to Groundwater 2011* (nó aon doiciméad a nuashonrófar / a chuirfear ina ionad).

## 6.17 Polasaithe agus Cuspóirí Fuíolluisce

### Polasaithe Fuíolluisce

#### **Polasaí WW 1 – Soláthar Comhoibritheach de Chórais Bhailiúcháin agus Chóireála Fuíolluisce**

Comhoibriú le hUisce Éireann chun an *Plean Infheistíochta Caipitil Beartaithe 2014-2016* (nó plean a bheadh tugtha cothrom le dáta) a sheachadadh agus chun an toilleadh a mhéadú do sheirbhísí lonnaithe, fiosrú a dhéanamh i gcomhpháirt ar thograí d'uasghrádú ionad cóireála amach anseo; agus a bheith páirteach i réiteach fadtéarmach ar chóireáil fuíolluisce i gCeantar an Iarthair.

### Cuspóirí Fuíolluisce

#### **Cuspóir WW 1 – Polasaithe agus Treoracha an AE**

A chinntiú go mbaileofar, go gcóireálfar agus go scaoilfear le gach fuíolluisce a ghinfeadh tar éis é a chóireáil ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe, de réir na gcaighdeán agus na riachtanas atá leagtha síos i reachtaíocht an AE agus sa reachtaíocht náisiúnta ach sin a bheith ag cloí le forálacha agus cuspóirí *Creat-treoir Uisce an AE*, na *Pleananna Bainistíochta Abhantraí ábhartha*, an *Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach* agus an *Treoir maidir le Gnáthóga ón AE*.

#### **Cuspóir WW 2 – Soláthar de Chórais Bhailiúcháin agus Chóireála Fuíolluisce**

Tacú, i gcomhar le hUisce Éireann, le linn shaolré an phlean, le soláthar, leathnú agus uasghrádú na gcórais bailiúcháin agus cóireála fuíolluisce i mbailte agus i mbruachbhailte an Chontae chun freastal ar na daonraí reatha agus na daonraí a bheidh pleanáilte amach anseo lena n-áirítear Droichead an Chláirín, Cora Finne agus Leacach.

#### **Cuspóir WW 3 – Príomhscéim Draenála Oirthear na Gaillimh**

Iarracht a dhéanamh dlús a chur le soláthar Príomhscéim Draenála Oirthear na Gaillimhe, Céim 3 ach go háirithe, mar chuid lárnach den infrastruchtúr straitéiseach, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Uisce Éireann agus Chomhairle Chathair na Gaillimhe.

#### **Cuspóir WW 4 – Plean um Bainistiú Sloda**

Na cuspóirí atá imlínithe san *Galway City Council & County Council Operational Sludge Management Plan* (Eanáir 2011) a chur i bhfeidhm ar feadh shaolré an phlean.

#### **Cuspóir WW 5 – Cóireáil Fuíolluisce a Bhaineann le Forbairt i gCeantar Nach Bhfuil Seirbhísithe**

Gan forbairt a cheadú i gceantair nach bhfuil seirbhísithe ach i gcás go léirítear chun sástacht an Údarás Phleanála go bhfuil an córas cóireála fuíolluisce atá beartaithe de réir *Code of Practice Wastewater Treatment and Disposal systems serving Single House EPA (2009)/ EPA Wastewater Treatment Manuals – Treatment Systems for Small Communities, Business, Leisure Centres and Hotels (1999)* (nó aon doiciméid a chuirfear ina n-ionad) agus ar chuntar go gcloífear leis na forálacha agus na cuspóirí atá i *gCreat-treoir Uisce an AE*.

### Cuspóir WW 6 – Cloí le Caighdeán Timpeallachta

Brú ar aghaidh le soláthar infrastruchtúir fuíolluisce a bheidh sábháilte agus daingean chun a chinntiú go mbeidh an pobal cosanta, go mbeidh forbairt cheadaithe laistigh de chumas iompair timpeallachta agus nach mbeidh aon tionchar diúltach aici ar chaighdeán na ngnáthóg ná ar ilchineálacht speiceas.

### Cuspóir WW 7 – Draenáil Uisce Dromchla agus Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDs)

Córais draenála uisce dromchla reatha sa Chontae a chothabháil agus a fheabhsú, mar is cuí, a chinntiú go mbeidh forbairtí nua seirbhísithe i gceart le hinfrastruchtúr draenála uisce dromchla, úsáid Córais Draenála Inbhuanaithe a bhrú chun cinn i ngach forbairt nua.

### Cuspóir WW 8 – Ionaid Fhochaighdeánacha Chóireála Fuíolluisce

Uasghrádú ar ionaid Fhochaighdeánacha chóireála uisce poiblí a thacú agus a éascú mar is cuí, le go gcloífear leis na forálacha sna *Rialacháin um Chóireáil Fuíolluisce Uirbeach 2001 agus 2004*, na *Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) 2007*, agus go bhfeidhmeofar na moltaí ábhartha atá leagtha síos i gcáipéis an EPA *Focus on Urban Waste Water Discharges in Ireland* (agus in aon uasdátú ina dhiaidh sin).

### Cuspóir WW 9 – Bogaigh Thógtha Chomhtháite

Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le húsáid Bhogaigh Thógtha Chomhtháite (ICW) mar rogha eile ar chostas íseal agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, ag féachaint do *Integrated Constructed Wetlands - Guidance Document for Farmyard Soiled Water and Domestic Wastewater Applications* de réir mar is cuí.

### Cuspóir WW 10 – Nascadh le Seirbhísí Fuíolluisce Poiblí

I gcás go bhfuil seirbhísí fuíolluisce poiblí ar fáil éileofar ar fhorbairtí nua nascadh leo.

Lonnaíocht Croí-Straitéise	Toilleadh Fuíolluisce	Toilleadh Uisce	Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010-2012
Tuaim	Toilleadh Fóna	Toilleadh Fóna	Conarthaí le Tosú: Scéim Uisce & Séarachais Thuama – Conradh Gréasán tugtha chun críche in 2012.
Béal Átha na Sluaighe	Toilleadh Fóna	Toilleadh Teoranta	Scéim ag Céim Pleanála: Scéim Séarachais Bhéal Átha na Sluaighe. Conarthaí le Tosú: Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Bhéal Átha na Sluaighe Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach-Gréasán.
Órán Mór/An Garrán	Toilleadh Teoranta	Toilleadh Fóna	Nuair a bheidh forbairt déanta air, is é Ionad Cóireála Fuíolluisce Chathair na Gaillimhe Thoir nó Inis Caorach a dhéanfaidh freastal ar an gceantar seo. Scéimeanna ag Céim Pleanála: Scéim Séarachais na Gaillimhe Céim 3 - Iml E (infrastruchtúr Ghaillimh Thoir).
Na hArdáin	Gan Scéim	Gan Scéim	Nuair a bheidh forbairt déanta air, is é Ionad Cóireála Fuíolluisce Chathair na Gaillimhe Thoir nó Inis Caorach a dhéanfaidh freastal ar an gceantar seo. Scéimeanna ag Céim Pleanála: Scéim Séarachais na Gaillimhe Céim 3 - Iml E (infrastruchtúr Ghaillimh Thoir).
Bearna	Toilleadh Teoranta	Toilleadh Teoranta Design review with DOE	Conarthaí le Tosú: Scéim Soláthair Uisce an Cheantair Thiar ó Chathair na Gaillimhe Céim 1 - Gréasán. Tugadh Céim 1 den chonradh chun críche in 2013 – taiscumar breise curtha ar fáil. Ní chuireann sin le toilleadh na scéime ach tugann cinnteacht níos fearr don soláthar uisce.
Baile Locha Riach	Toilleadh Fóna	Toilleadh Teoranta	Conarthaí le Tosú: Ionad Cóireála Uisce Bhaile Locha Riach.
Baile Átha an Rí	Gan Toilleadh	Toilleadh Fóna	Conarthaí le Tosú: Scéim Séarachais Bhaile Átha an Rí-Gréasán & Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce.
An Gort	Gan Toilleadh	Toilleadh Teoranta	Conarthaí ag Céim Tógála: Scéim Soláthair Uisce an Ghoirt-Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce tugtha chun críche.
Maign Cuilinn	Toilleadh Fóna	Toilleadh Teoranta Athbhreithniú Dearadh le DOE	Conarthaí le Tosú: Scéim Soláthair Uisce an Cheantair Thiar ó Chathair na Gaillimhe, Céim 1 - Gréasán. Tugadh Céim 1 den chonradh chun críche in 2013 – taiscumar breise curtha ar fáil. Ní chuireann sin le toilleadh na scéime ach tugann cinnteacht níos fearr don soláthar uisce.
Baile Chláir	Gan Scéim	Toilleadh Fóna	Conarthaí le Tosú: Scéim Séarachais Bhaile Chláir & Bhaile an Mhuilinn -Gréasán & Ionad Cóireála Fuíolluisce DBO Gréasán tugtha chun críche. Ag fanacht ar chead ó Uisce Éireann tosú ar Ionad Cóireála a thógáil.
Áth Cinn	Toilleadh Fóna	Toilleadh Fóna	
An Clochán	Gan Toilleadh	Gan Toilleadh	Conarthaí le Tosú: Scéim Séarachais an Chlocháin Céim 1:

			Gréasán agus Uasghrádú ar Ionad Cóireála Fuíolluisce. Á thógáil. Conarthaí le Tosú: Scéim Soláthair Uisce an Chlocháin: Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce. Conradh Sínithe. Tógáil le tosú go luath. Scéimeanna ag Céim Pleanála: Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach an Chlocháin.
Port Omna	Gan Toilleadh	Toilleadh Teoranta	
An Cheathrú Rua	Sruth Éalaithe Farraige- Gan Cóireáil	Toilleadh Fóna Gearrthéarmach	Conarthaí le Tosú: Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Chasla. Gréasán & Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce. Gréasán á thógáil. Tairisceana don Ionad Cóireála dlite ag deireadh mhí na Bealtaine – ní dócha go dtosófar ag tógáil roimh dheireadh 2014.
An Spidéal	Sruth Éalaithe Farraige- Gan Cóireáil	Toilleadh Fóna	Scéimeanna ag Céim Pleanála: Scéim Séarachais an Spidéal.
Uachtar Ard	Gan Toilleadh	Toilleadh Fóna Gearrthéarmach	Conarthaí le Tosú: Scéim Séarachais Uachtar Ard-Gréasán & Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce.

**Tábla 6.6: Toilleadh Infrastruchtúir Tásach maidir le Lonnaíochtaí Croí-Straitéise**

## 6.18 Bainistiú Dramhaíola

Thug an rialtas faoi chur chuige nua i dtaca le bainistiú dramhaíola le gairid i ndoiciméad dar teideal ‘*A Resource Opportunity – Waste Management Policy in Ireland*’, a foilsíodh in Iúil 2012. Cuireann an polasaí seo treochlár ar fáil don dóigh a mbeidh Éire ag athrú ó bheith ag braith rómhór ar líonadh talún, tríd na teicneolaíochtaí agus na beartais is cuí a chur i bhfearas chun dramhaíl a laghdú, agus ag an am ceanna a bheith ag baint an úsáid is mó as na hacmhainní is féidir linn a fháil ar ais as an dramhaíl. Tá an polasaí bunaithe ar chúig phrionsabail, is iad sin cosc agus laghdú, athúsáid, athchúrsáil, athshlánú agus diúscairt. Deir an tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil ‘*nach é amháin go bhfuil an ráiteas polasaí seo tábhachtach i mbaint amach cuspóirí daingne timpeallacha, ach freisin go bhfuil sé ina ghné lárnach i gcosaint agus í bhfeabhsú cheann dar n-acmhainní riachtanacha, i é sin ár n-íomhá ‘glas’, rud atá riachtanach dár dtionscail turasóireachta agus bia, agus chun infheistiócht a mhealladh isteach*’. Beidh Comhairle Chontae na Gaillimhe eolach faoin idé-eolaíocht atá imlínithe thuas agus leanfaidh sí ag obair i gcomhar le Connacht Waste Management agus An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i bhfeidhmiú agus i gcur i gcrích a freagrachtaí agus a dualgais bhainistíochta ar feadh shaolré an phlean.

## 6.19 Polasaithe agus Cuspóirí Bhainistiú Dramhaíola

### Polasaithe Bhainistiú Dramhaíola

#### **Polasaí WM 1 - Cosc agus Laghdú Dramhaíola**

Feachtas a chur chun cinn chun déileáil leis an dúshlán fadtéarmach a bhaineann le cosc agus laghdú dramhaíola ag leibhéal tí agus gnó.

#### **Polasaí WM 2 - Prionsabal Íoc mar a Thruaillítear**

An prionsabal íoc mar a thruaillítear a chur i bhfeidhm ar sholáthar gach seirbhíse bainistithe dramhaíola.

### Cuspóirí Bainistithe Dramhaíola

#### **Cuspóir WM 1 - Plean Bainistithe Dramhaíola 2006 – 2011**

*Replacement Connacht Waste Management Plan 2006 – 2011* nó aon leagan uasdátaithe den doiciméad sin a fheidhmiú laistigh de shaolré an phlean.

#### **Cuspóir WM 2 - Athphlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaise 2008 – 2012**

*An tAthphlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaise 2008 - 2012* nó aon leagan uasdátaithe den doiciméad sin a fheidhmiú laistigh de shaolré an phlean.

#### **Cuspóir WM 3 - Ionaid Athchúrsála a Sholáthar**

Iarracht a dhéanamh chun dáileadh cothrom d’ionaid athchúrsála a chur ar fáil agus a chothabháil ar fud an Chontae agus tacú le tuilleadh ionaid dramhaíola a chur ar fáil i gceantair dheisceart Chonamara agus dheisceart na Gaillimhe an Chontae.



#### **Cuspóir WM 4 – Seirbhís Cairdiúla Bainistithe Dramhaíola**

Díriú ar ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí a chur ar fáil i dtaca le bainistiú dramhaíola agus uaireanta cairdiúla oibre a choinneáil at ionaid athchúrsála ar fud an Chontae.

#### **Cuspóir WM 5 - Áiseanna Banc ‘Fág Anseo’**

Tacú le soláthar áiseanna banc ‘fág anseo’ ag ionaid chuí agus straitéiseacha ar fud Chontae féachaint le an sprioc de chóimheas foriomlán in aghaidh an duine d’infrastruchtúr dá leithéid a bhaint amach mar atá leagtha síos san *Evaluation Report 2012 of the Replacement Connacht Waste Management Plan for the Connacht Region 2006 – 2011*.

#### **Cuspóir WM 6 - Soláthar Infrastruchtúir do Bhainistiú Deonach Dramhaíola**

Grúpaí deonacha a spreagadh agus a thacú chun seirbhísí agus saoráidí dramhaíola a bhunú ar na hoileáin mhara agus i gceantair atá faoi líon beag daoine sa Chontae.

#### **Cuspóir WM7 – Soláthar ar an Láthair do Stóráil agus Deighilt Dramhaíola**

Féachaint le soláthar ar an láthair do stóráil agus deighilt dramhaíola a chinntiú (bithdhramhaíl/nithe tirime in-athchúrsáilte/dramhaíl iarmharach) sula mbaileofar í, ag gach áitreabh teaghlaigh agus tráchtála, d’fhonn cloí leis an *bPlean Athsholáthair Bhainistiú Dramhaíola do Réigiún Chonnacht* (nó cáipéis a bheadh tugtha cothrom le dáta).

### 6.20 Eastóscadh Mianraí agus Cairéil

De réir nádúir, bíonn tionscail eastósctha bunaithe ar acmhainní agus baintear ithir agus carraig dá thoradh sin. Aithnítear go bhfuil cairéalú agus tionscail eastósctha tábhachtach don fhorbairt ar an ngeilleagar áitiúil tuaithe sa Chontae maidir ó thaobh cruthú fostaíochta de agus a bheith ag soláthar amhábhair do thionscail na tógála. As geolaíocht an Chontae faightear acmhainní greanmheallta, ar nós gaineamh, aolchloch agus gairbhéal, nithe a bhaintear as cairéil ar fud an Chontae faoi láthair agus aithníonn an Chomhairle an acmhainn sin mar shócmhainn tábhachtach geilleagair. Ach freisin tá tionscail eastósctha in ann cur as don timpeallacht agus don taitneamhacht lonnaíochta agus breis tráchta, dusta, fothraim, truailliú uisce agus cur as don amharc mar thoradh orthu, agus is féidir leo tionchar suntasach a imirt ar ghréasáin áitiúla bóithre chomh maith.

Tacóidh an Chomhairle chun ionchas na n-acmhainní nádúrtha sa cheantar a smachtú ach a chinntiú go dtabharfar an chosaint cheart do na taitneamhachtaí timpeallachta, tuaithe agus lonnaíochta. Agus iarratais forbartha i dtaca le cairéil reatha nó beartaithe a bheith a meas, cuirfidh an Chomhairle san áireamh go hiomlán na treoirlínte seo a leanas *Quarries and Ancillary Activities: Guidelines for Planning Authorities 2004* (agus aon doiciméad nuashonraithe/ a chuirfear ina áit san áireamh) agus tabharfar aird do chosaint na dtaitneamhachtaí lonnaíochta agus nádúrtha, don chosc ar thruailliú agus do shábháilteacht na n-uiscígh agus an screamhuisce. Déanfar rialú daingean ar chairéil nua i gceantair ina bhfuil luach ard tírdhreacha, i limistéir a bhfuil ionchas suntasach seandálaíochta acu, ar Shuímh Eorpacha, ar Limistéir Nádúrtha Oidhreachta (NHAnna), ar Thearmainn Dúlra nó ar limistéir eile atá tábhachtach do chaomhnú flóra agus fána, agus beidh aird ag forbairt ar riachtanais threorcháipéis an AE, *Undertaking Non-Energy Extractive Activities in Accordance with Natura 2000 Requirements*.

### 6.21 Polasaithe agus Cuspóirí um Eastóscadh Mianraí agus Cairéil

#### **Polasaithe Eastósctha Mianraí agus Cairéal**

##### **Polasaí EQ 1 - Cleachtas Bainistithe Timpeallachta**

Ag cur san áireamh an chleachtas bhainistithe timpeallachta is fearr atá ag teacht chun cinn mar atá leagtha síos i dtreoirlínte na Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) *Environmental Management in the Extractive Industry: Non Scheduled Minerals* agus na moltaí i dtreorcháipéis an AE, *Undertaking Non-Energy Extractive Activities in Accordance with Natura 2000 Requirements*.

##### **Polasaí EQ 2 - Dóthain Soláthair d’Acmhainní Greanmheallta**

Dóthain soláthair d’acmhainní greanmheallta a chinntiú chun freastal ar riachtanais fáis sa Chontae amach anseo, cuidiú le húsáid na n-acmhainní sin nuair a bhíonn sé cruthaithe go bhfuil gá leo agus margadh ar fáil do mhianraí nó greanmheallta, agus a chinntiú nach mbeidh drochthionchar ag úsáid

na n-acmhainní sin ar an timpeallacht na ar úsáid reatha na talún máguaird.

## Cuspóirí Eastósctha Mianraí agus Cairéal

### Cuspóir EQ 1 - Cosaint na nAcmhainní Nádúrtha

Cosaint a thabhairt do limistéir a bhfuil gné gheomoirfeolaíoch iontu, do screamhuisce agus uiscígh thábhachtacha, do ghnéithe tábhachtacha seandálaíochta, do Limistéir Nádúrtha Oidhreachta agus do Shuímh Eorpacha ar fhorbairt mhíchuí.

### Cuspóir EQ 2 - Bainistiú ar Eastóscadh Greanmhill

Beidh an Chomhairle ag éileamh na nithe seo a leanas i dtaca leis an mbainistiú ar eastóscadh údaraithe greanmhill

- a) Caithfidh gach cairéal cloí leis na riachtanais atá i *dTreoir an AE maidir le Gnáthóga*, leis an *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010* agus leis an gcomhairliúchán atá ag an RCPRA in *Quarries and Ancillary Facilities Guidelines 2004*, Treoirlínte an EPA *Environmental Management in the Extractive Industry: Non Scheduled Minerals 2006* (agus aon doiciméid nuashonraithe/ a chuirfear ina áit san áireamh) agus do Chaighdeán DM 37 sa Phlean Forbartha seo;
- b) Caithfidh tograí forbartha a bheidh ar nó in aice le láithreáin chairéal fiosrúcháin chúí a dhéanamh faoi nádúr agus méid na seanchairéal (nuair is cuí); Freisin, déanfaidh tograí den chineál sin fiosrú faoi nádúr agus réimse an truaillithe ithreach agus screamhuisce, agus faoi na rioscaí a bhaineann le hoibreacha forbartha an láithreáin mar aon leis an maolú cuí;
- c) Aird a thabhairt ar an *Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha sa Chontae* agus ar a moltaí ar a n-áirítear go ndéanfaí foráil chun aitheantas speisialta do na limistéir Eascracha mar atá tagartha ag CCG in *Galway's Living Landscapes – Part 1: Eskers*;
- d) A chinntiú go mbeidh an tionchar is lú is féidir ag aon ghníomhaíocht cairéil ar an ngréasán bóithre;
- e) A chinntiú nach mbeidh drochthionchar ag an eastóscadh mianraí nó greanmhill ar an taitneamhacht cónaitheach nó timpeallachta;
- f) Cosaint a thabhairt do gach sil-leagan neamhoibrithe atá ar eolas ar fhorbairt a d'fhéadfadh teorainn a chur lena n-eastóscadh.

### Cuspóir EQ 3 - Athúsáid Inbhuanaithe na gCairéal

Spreagadh a thabhairt chun cairéil agus claiseanna a úsáid chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar an dramhaíl tógála agus scartála a bhíonn ann tar éis an téarnaimh, mar mhalairt ar thalamh feirmeoireachta a úsáid, faoi réir na ngnáthchúinsí pleanála agus timpeallachta.

### Cuspóir EQ 4 - Cloí le hAlt 6(3) de Threoir an AE maidir le Gnáthóga

A chinntiú go ndéanfaidh gach tionscadal atá bainteach leis an tionscal eastósctha mianraí tástáil do measúnú oiriúnachta de réir *Alt 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga*, nuair is gá.

# Caibidil 7 - Fuinneamh / Fuinnimh In-athnuaite agus Teicneolaíocht Cumarsáide

## 7.1 Réamhrá

Aithnítear sa chaibidil seo an gá atá le hinfrastuchtúr ardchaighdeáin fuinnimh agus cumarsáide chun Contae na Gaillimhe a bheith in ann dul chun cinn i gcomhthéacs forbartha cumarsáide agus geilleagrach. Léiríonn an chaibidil seo freisin an tábhacht atá le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt foinsí fuinnimh in-athnuaite chun cloí leis an *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide* agus an *Creat Náisiúnta um Oiriúnú Aeráide*.

## 7.2 Aidhmeanna Straitéiseacha

- Tá na cuspóirí sa chaibidil seo den Phlean i dtaca le fuinneamh/fuinnimh in-athnuaite agus faoin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) bunaithe ar na haidhmeanna straitéiseacha seo a leanas;
- Spleáchas Chontae na Gaillimhe ar breoslaí iontaise iompórtáilte agus foinsí eile fuinnimh a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as acmhainn an Chontae d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite;
- Slándáil an fhuinnimh a chinntiú ar fud an Chontae agus comhoibriú leis na hearnálacha ábhartha i neartú na ngréasán tarchurtha chun soláthar a thabhairt don earnáil fuinnimh, agus fuinneamh in-athnuaite san áireamh;
- Astúcháin CO<sub>2</sub> an Chontae a laghdú trí spriocanna náisiúnta, réigiúnacha agus cinn ionchasacha Contae a bhaint amach chun geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach faoi 2020; agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú i ngníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil ina chuid feidhmeanna bainistíochta fhorbartha;
- Soláthar leanúnach d'infrastruchtúr leathanbhanda agus TFC a chur chun cinn agus a éascú laistigh den Chontae chun feabhas a chur ar an bhforbairt gheilleagrach/shóisialta, go háirithe sna limistéir atá níos imeallaí agus le cósta sa Chontae.

## 7.3 Fuinneamh agus Fuinnimh In-Athnuaite

As ídiú fuinnimh a thagann 80% d'astúcháin iomlána ghás ceaptha teasa (GHG) an AE. Chun díriú ar na dúshlán seo, spreagann an AE úsáid fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh mar cheann de na príomhspríocanna laistigh de COM (2010) 2020, *Eoraip 2020: Straitéis d'fhás Cliste, Inbhuanaithe agus Cuimsitheach*, ar a n-áirítear:

- Laghdú de 20% ar a laghad ar GHG i gcomparáid leis na leibhéil in 1990, nó de 30% má bhíonn coinníollacha cearta ar fáil;
- Méadaigh an sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite sa chaiteachas deiridh fuinnimh go dtí 20%;
- Méadú 20% ar éifeachtúlacht fuinnimh.

### 7.3.1 Spriocanna AE agus Náisiúnta

Déanann an figiúrí thíos achoimre ar na spriocanna fuinnimh d'Éirinn mar atá leagtha síos i dtiomantais náisiúnta agus idirnáisiúnta:

#### Spriocanna Náisiúnta agus AE

- 16% den ídiú iomlán fuinnimh a theacht as foinsí in-athnuaite (leictreachas, teas agus iompar) i 2020;
- 15% de táirgeadh leictreachais as foinsí in-athnuaite faoi 2010; 40% faoi 2020.

#### Spriocanna Gaolmhara Náisiúnta

- Ardú 20% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020;
- 30% d'úsáid bithmhaise i monarchana móna in Éirinn faoi 2020;
- 10% d'fhuinneamh in-athnuaite in iompar faoi 2020.

Foinse: WRA (2010) Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Réigiún an Iarthair 2010-2022

Méadaíodh an sprioc náisiúnta d'fhuinneamh in-athnuaite i nDeireadh Fómhair 2008 chun 40% den olltáirge leictreachais a shroicheadh faoi 2020 (bhí 18% bainte amach aige faoi 2011) agus meastar go dteastóidh acmhainn suiteáilte de 6,000 MW a bheith in Éirinn faoi 2020.

### 7.3.2 Cothromaíocht Fuinnimh do Réigiún an Iarthair

Tá figiúirí réigiúnach ullmhaithe freisin ag Údarás Réigiúnach an Iarthair (WRA) do Cothromaíocht Réigiúnach Fuinnimh do 2013 mar chuid den togra RPG do Tháscairí Réigiúnacha atá ar siúl faoi láthair. Tá sé measta ag an WRA –

- Go bhfuil an Chothromaíocht Réigiúnach Fuinnimh iomlán (ó ghual, móin, ola, gás nádúrtha, in-athnuaite, neamh-in-athnuaite agus leictreachas) atá léirithe do Réigiún an Iarthair cothrom le 1306 Ktoe in 2013, sin aon deichiú cuid den fhiúir náisiúnta de 13,450 Ktoe do 2012.

**Nóta:** (Aonad fuinnimh is ea tona de choibhéis ola (toe) atá geall le bheith cothrom leis an méid fuinnimh atá i dtóna d'amhola nó leis an bhfuinneamh a fhaightear as 1,000 tona méadrach ola a dhó).

Sa Pháipéar Bán Fuinnimh *Delivering a Sustainable Energy Future for Ireland, Energy Policy Framework 2007-2012*, leagtar síos an bealach le freastal ar riachtanais fuinnimh agus ar éifeachtúlachtaí fuinnimh na hÉireann sa todhchaí ar bhealach a bheidh cineálta leis an timpeallacht agus inbhuanaithe. Sa *National Energy Efficiency Action Plan 2009-2020* léirítear polasaithe agus beartas atá dírithe ar laghdú 20% a dhéanamh ar an éileamh fuinnimh ar fud an gheilleagair go léir trí faoi 2020 trí bheartais éifeachtúlachta fuinnimh.

Glacann Comhairle Chontae na Gaillimhe leis go bhfuil soláthar fuinnimh atá glan agus iontaofa ina riachtanas daingean d'fhorbairt inbhuanaithe geilleagair an Chontae agus tá sí tiomanta cabhair a thabhairt chun 40% d'éileamh fuinnimh na hÉireann a fháil as acmhainní in-athnuaite agus Contae na Gaillimhe a fhorbairt mar gheilleagar ísealcharbóin trí shocrúcháin a dhéanamh d'fhuinnimh in-athnuaite.

## 7.4 Fuinneamh In-Athnuaite

Tá níos mó glacadh ná riamh le fuinneamh in-athnuaite mar bhealach chun déileáil le dúshlán an athraithe aeráide, chun astúcháin dé-ocsaíde charbóin a laghdú agus chun slándáil an fhuinnimh náisiúnta a mhéadú. Baineann an téarma fuinneamh in-athnuaite go ginearálta le leictreachas a fhaightear as foinsí fuinnimh in-athnuaite nó as acmhainní nádúrtha a bhíonn á n-athshlánú go leanúnach ag an nádúr. A mhalairt a tharlaíonn do bhreoslaí iontaise lena n-acmhainní teoranta. Is iad na príomhfoinsí d'fhuinneamh in-athnuaite ná an ghaoth, an ghrian, uisce (hidreachumacht, fuinneamh tonnta agus taoide), teas atá faoi dhromchla an domhain (geoiteirmeach) agus bithmhais (adhmad, dramhaíl in-bhithmhille agus barra fuinnimh nó bithbhreoslaí ar nós síol ráibe agus lúipíní). I Straitéis *Plean Gníomhaíochta maidir le Poist 2012* an rialtais, léirítear go bhfuil fuinneamh in-athnuaite, forbairt eangaí chliste, agus táirgí agus seirbhísí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de ina bhfo-earnálacha lárnacha den 'gheilleagar glas' agus i gcruthú fostaíochta. Mar aitheantas ar an gcur chuige náisiúnta seo, beidh an Chomhairle ag brú ar aghaidh moil fuinnimh i dTuaim, Baile Átha an Rí agus an Gort (agus na purláin san áireamh) chun a theacht i dtír ar dheiseanna le fiontair inbhuanaithe a fhorbairt (ar a n-áirítear táirgeadh/tástáil ar trealamh nideoige ginte fuinnimh in-athnuaite) mar gheall ar a ngaireacht do ghréasáin fuinnimh agus tarchurtha. Faoi Threoir an AE maidir le Fuinneamh In-athnuaite (*Treoir 2009/28/AE*), tá Éire ag smaoineamh ar fhuinneamh in-athnuaite a easpórtáil chuig Ballstáit, ag tosú leis an Ríocht Aontaithe. Chun an sprioc sin a bhaint amach, tá sé i gceist ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha forbairt a dhéanamh ar chreat don deis easpórtála fuinnimh in-athnuaite in Éirinn, agus fócas ar leith ar limistéir a aimsiú do thionscadail mhórscála (m.sh. feirmeacha gaoithe) chun a leithéid d'fhuinneamh a ghiniúint le heaspórtáil.

Ó thaobh fuinnimh in-athnuaite de, tá ionchas ollmhór i gContae na Gaillimhe chun forbairt a dhéanamh ar fhuinneamh gaoithe, gréine, bithmhais, geoiteirmeach, uisce agus tonnta. Tá na hacmhainní gaoithe feadh chósta an iarthair ar cheann de na cinn is saibhre san Eoraip. Comhoibreoigh an Chomhairle le hEirGrid chun feabhas a chur an ngréasán agus ar an infrastruchtúr reatha leictreachais i limistéir chuí le cósta chun fuinneamh mara a chur chun cinn (tugtar fuinneamh gorm air seo in amanna - tonnta, taoide agus gaoth ón talamh), agus comhoibrefar le Foras na Mara i nGaillimh san fhorbairt ar an '*SmartBay Project*' (ina bhfuil grinníú mara, ardchórais bhainistithe

teicneolaíochta braiteoirí agus sonraí, tionscadail chumarsáide agus T&F) rud a chuirfidh a lán deiseanna ar fáil do ghnóthaí móra idirnáisiúnta agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá lonnaithe in Éirinn.

Lena chois sin, cuireann teicneolaíochtaí ísealcharbóin deis gheilleagrach ar fáil sa Chontae agus tá an fhorbairt ar an teicneolaíocht ghlas ag teacht chun cinn mar phríomh-réimse nuálaíochta agus foráis. Freisin, aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le forbairt ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ar mhaithe leis *an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide* a chur ar fáil, chun geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach agus le slándáil an tsoláthair fuinnimh a chinntiú. Chun soláthar fuinnimh slán agus éifeachtach a chinntiú, cuideoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an bhforbairt ar réimse de chineálacha inbhuanaithe cruthaithe fuinnimh sa Chontae. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe a dícheall chun laghdú a bhaint amach i spriocanna na n-astuithe carbóin do chomhlachtaí poiblí trí thosaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus bhainistíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm.

Faoi na Pleananna um Pleanáil agus Forbairt 2008, díolúintí ar fáil ó chead pleanála do phainéil gréine, teaschaidéil, tuirbíní gaoithe agus dóirí millíní adhmaid, faoi choinníollacha áirithe. Ní mór a nótaíl, i gcás go mbíonn duine aonair ag iarraidh aon rang den mhicriteicneolaíocht in-athnuaite a shuiteáil, nach dtagann sé sin faoi na díolúintí agus go gcaithfear iarratas a dhéanamh ar chead pleanála chuige. Tá feidhm fós leis na srianta reatha ar fhorbairt dhíolmhaithe mar atá leagtha amach in *Alt 9 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001*.

#### 7.4.1 Leictreachas agus an Eangach Tarchuir Náisiúnta

Tá eangach láidir tarchuir riachtanach chun infheistíocht sa tionscal ardteicniúil a mhealladh agus a choinneáil, chun soláthairtí iomaíocha fuinnimh a chinntiú, chun forbairt chothrom a bhaint amach, chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, agus chun na spriocanna don athrú aeráide a bhaint amach. Lena chois sin, chun forbairt san fhuinneamh in-athnuaite a mhealladh, tá sé tábhachtach do Chontae na Gaillimhe go neartófaí an t-infrastruchtúr eangaigh reatha nuair is gá agus é a leathnú amach chuig limistéir nach bhfuil seirbhís cheart acu.

Tá ról lárnach ag an gcóras tarchuir sa tír don soláthar leictreachais, cuireann sé ar fáil an modh chun cumhacht a iompar ó na gineadóirí go dtí na hionaid éilimh trí chóras ina bhfuil eangaigh 400 kV, 220 kV agus 110 kV (agus 38kV trí líonraí meánvóltais agus ísealvóltais BSL chuig custaiméirí). Línte lastuas a bhíonn sa chóras tarchuir de ghnáth, ach amháin i gcúinsí teoranta, mar shampla, i lár cathracha, áit a mbaintear úsáid as réimse teoranta de cháblaí faoi thalamh. Tá cead ag an Idirnascaire na Maoile i dTuaisceart Éireann 300MW in aghaidh na bliana a easpórtáil chuig an mBreatain Mhór. Tá idirnascaire 500 MW HVDC tógtha ag Eirgrid idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag. Beidh ról níos mó ag idirnascairí amach anseo san éileamh easpórtála ar fhuinneamh, ar a n-áirítear fuinneamh a ghinfeadh trí fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta.

Ciallaíonn an méadú ionchais ar shreabha cumhachta ar an ngréasán, idir seo agus 2025, go gcaithfear toilleadh an ollchórais tarchuir a mhéadú go suntasach. Measann an rialtas go bhfuil an infheistíocht mhór sa chóras tarchuir ardvoltais leictreachais atá ag tarlú faoi Chlár EirGrid, *Grid 25*, ar an infheistíocht is tábhachtaí i gcóras tarchuir na hÉireann le blianta fada. Dearbhaíonn an rialtas freisin go gcaithfidh EirGrid, ESB Networks agus Bord Gáis cloí leis na treoirlínte agus na caighdeáin ar fad mar go bhfuil siad ag feidhmiú ar mhaithe leis an náisiún agus thar cheann chustaiméirí an leictreachais.

Is léargas straitéiseach praiticiúil é iarchlár Eirgrid, an Clár Feidhmiúcháin Grid25 2011-16 (IP) ar conas mar atá sé i gceist na luathchéimeanna de Grid25 a chur i bhfeidhm. Tá Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) déanta ar an bplean. Tagraíonn Cuid 2.5.4 den IP d'Atreisiú an Chórais Tarchurtha i réigiún an Iarthair. Aithníonn sé na príomhcheisteanna a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu maidir le forbairt straitéiseach an infreastruchtúir tarchurtha leictreachais sa réigiún seo agus dhá phríomhchonairí nua:

#### Ceisteanna:

- An méid suntasach giniúna, go háirithe ó fhoinsí inathnuaite a bhfuil súil a thiocfaidh chun cinn i Réigiún an Iarthair;
- Forás ar éileamh ginearálta sa cheantar.

## Conairí

- Infreastruchtúr leictreachais nua a bheidh ag teastáil ó cheantar Thuaisceart Mhaigh Eo, ar dtús i dtreo an infreastruchtúir ghreille atá lonnaithe in oirthear, nó sa chuid dheas de réigiún an iarthair. Tá an chosúlacht air go leanfaidh a leithéid d'infreastruchtúr chuig na príomhmhargáí sa taobh thoir den tír;
- Beidh infreastruchtúr tarchurtha leictreachais nua ag teastáil chomh maith ó Iarthar Chontae na Gaillimhe chomh fada le Cathair na Gaillimhe agus níos faide.

Ba cheart a thabhairt faoi aire nuair a cheanglófar na gineadóirí nua seo go gcruthóidh sé dá réir riachtanas chun uasghrádú a dhéanamh ar choda móra den ghréasán tarchurtha.

Is plean 10 mbliana (a ndéantar athbhreithniú bliantúil air) é Plean Forbartha Tarchurtha Eirgrid (TDP) a liostaíonn tionscadail tharchurtha áirithe, ar a n-áirítear tionscadail i gCo na Gaillimhe atá molta go mbainfidh siad Straitéis *Grid 25* amach. Glactar le gach tionscadal aonair sa TDP bunaithe ar a fhiúntas féin agus déantar athbhreithniú air ag garspíocanna tábhachtacha le linn shaolré an tionscadail ag tógáil an eolais, na tuiscintí agus na réamháisnéisí is deireanaí san áireamh. Is é an TDP is deireanaí ná an Dréachtphlean Forbartha Tarchurtha 2013-2023, atá ar fáil ag [http://www.eirgrid.com/media/Draft\\_TDP\\_2013-2023\\_For\\_Public\\_Consultation.pdf](http://www.eirgrid.com/media/Draft_TDP_2013-2023_For_Public_Consultation.pdf).

Tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le Straitéis *Grid 25* agus leis an tionscadal Grid West, de réir prionsabal pleanála cúí agus forbartha inbhuanaithe.

Tá suntas áirithe ag tionscadal *Grid West* do Chontae na Gaillimhe agus do Réigiún an Iarthair. Is éard atá ann ná ciorcad cumhachta ardchumais nua ag ceangal ceantar Béal Átha Chomhraic i Maigh Eo le pointe láidir ar an ngréille tarchurtha. Bunaithe ar an gcumas in-athnuaite atá sa réigiún, samhlaítear thar ama, go gcuimseoidh an tionscadal dhá line cumhachta ardchumais ó Bhéal Átha Chomhraic, Contae Mhaigh Eo go Casla i gContae na Gaillimhe agus an tÁth Leacach i gContae Ros Comáin. Braitheann an luas ag a gcuirtear isteach an dara líne ar roinnt fachtóirí, áfach, ceann acu an luas a mbeidh fuinneamh inathnuaite breise á ghiniúint sa réigiún. Tá Eirgrid ag obair faoi láthair le painéal saineolaithe neamhspleácha atá ceaptha ag an rialtas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna faoin talamh agus os cionn talún don tionscadal Grid West sula ngabfar ar aghaidh leis na chéad chéimeanna eile i bhforbairt an tionscadail.

### 7.4.2 Fuinneamh Gaoithe

Tá '**Straitéis Fuinnimh Gaoithe Chontae na Gaillimhe**' curtha ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus é ina chuid den phlean seo. Tacaíonn an Straitéis le cur chuige pleanáilte don fhorbairt fuinnimh gaoithe i gContae na Gaillimhe agus leagann sé amach Ceantair Straitéiseacha, Ceantair atá Inghlactha i bPrionsabail agus Ceantair atá Oscailte le Measúnú agus is é polasaí na Comhairle an oiread forbartha fuinnimh gaoithe agus is féidir a dhéanamh sna trí limistéar, cás ar chás, ach cloí le riachtanais agus teoracha sonracha mar atá sa straitéis. An aidhm atá leis an straitéis ná íos-sprioc 500 MW d'fhuinneamh gaoithe a bhaint amach i gContae na Gaillimhe agus breis agus 70% dá riachtanas leictreachais a ghiniúint as fuinneamh gaoithe.

### 7.4.3 An Líonra Gáis

Tá laghdú tagtha ar úsáid gáis nádúrtha, mar chuid den phríomhtháirge iomlán fuinnimh, ó 54% in 1990 go dtí 17% in 2010. (Foinse: CSO *Environmental Indicators Ireland 2012*). Bord Gáis Network atá i seilbh agus a oibríonn an píblíne tarchuir gáis sa tír agus cuireann sé dorchla 400m de 'Chrios Suntas' i bhfeidhm feadh na píblíne gáis.

### 7.4.4 Fuinneamh Tonnta agus Taoide

Agus é lonnaithe ar Chósta an Atlantaigh, tá deis iontach ag Contae na Gaillimhe chun feidhm a bhaint as acmhainneacht an fhuinnimh thonnta agus thaoide. Sa Pháipéar Ban ar Fhuinneamh (2007), tá sprioc de 500MW leictreachais a bheidh á ghiniúint ó chumhacht aigéin faoi 2020. Beidh an Chomhairle ag tabhairt airde ar *Offshore Renewable Energy Development Plan 2012-2020* na Roinne Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha (RCC&AN).

### 7.4.5 Bithfhuinneamh

Faightear bithfhuinneamh ó bhithbhreoslaí ar nós bithdhíosail, bithghás agus bithmhais trí úsáid a bhaint as réimse leathan de theicneolaíochtaí. Meastar na foinsí fuinnimh sin a bheith "neodrach ó

thaobh CO<sub>2</sub> de”, ní chuireann siad leis an leibhéal dé-ocsaíde carbóin san atmaisféar agus tá siad níos iontaofa ó thaobh leanúnachais soláthair de ná chuid mhaith teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite eile. Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh do tháirgeacht bith-bharra agus foraoiseachta le haghaidh bithmhaise do ghineadh fuinnimh in-athnuaite mar aon le haonaid táirgeachta in ionaid chúí. I dteannta an stádais “neodrach ó thaobh CO<sub>2</sub> de” atá ag an bhfoinse fuinnimh seo, aithníonn an Chomhairle go gcuireann an earnáil seo deiseanna ar fáil freisin d’éagsúlacht feirmeoireachta agus d’fhostaíocht tuaithe.

#### 7.4.6 Fuinneamh Gréine

Le blianta anuas, tá foinsí inbhuanaithe fuinnimh faighte as úsáid fuinnimh ghréine chomh maith le córais teasa ó fhoinsí talún le haghaidh foirgneamh agus tá laghdú déanta aige sin ar an éileamh ar sholáthar leictreachais ón eangach náisiúnta. Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh do thionscnaimh den chineál sin faoi réir na ngnáthchúinsí pleanála.

#### 7.4.7 Dáileadh Fuinnimh Teasa

Tá infrastruchtúr dáilte teasa ar nós téamh ceantair curtha chun cinn sa Chontae, Molbhaile Thuama san áireamh. Chuideodh forbairt ar chórais éifeachtacha téimh cheantair chun laghdú a dhéanamh ar an astúcháin CO<sub>2</sub> a bhaineann le téamh foirgneamh.

### 7.5 Polasaithe agus Cuspóirí Fuinnimh agus Fuinnimh In-Athnuaite

#### Polasaithe Fuinnimh agus Fuinnimh In-athnuaite

##### **Polasaí ER 1 - Polasaí agus Spriocanna Fuinnimh Inbhuanaithe**

Páipéar Bán an Rialtais *Delivering a Sustainable Energy Future for Ireland, Energy Policy Framework 2007-2020* (nó aon doiciméad a nuashonrófar nó a chuirfear ina ionad) a chur chun cinn agus a fheidhmiú thar shaolré *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*, mar chabhair lena chinntiú go mbainfear amach an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020.

##### **Polasaí ER 2 - Forbairt ar Fhuinneamh In-athnuaite**

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do thograí forbartha fuinnimh in-athnuaite ar scálaí iomchuí (ar a n-áirítear, fuinneamh aigéin/teicneolaíochtaí tonnta agus taoide, agus saoraidí coimhdeacha ar a n-áirítear an ceangal dá bharr leis an ngréille) ag ionaid chúí sa Chontae ag cur san áireamh na taitneamhachtaí cónaitheacha, bithéagsúlacht agus íogaireachtaí tírdhreacha, nuair a bhíonn a leithéidí de thograí ag cloí le Plean Forbartha an Chontae 2015 - 2021 agus leis na prionsabail a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe. Nuair is féidir, déanfaidh an Chomhairle forbairt ar mhionthionscadail ghiniúna chun a riachtanais fuinnimh féin a chomhlíonadh.

##### **Polasaí ER 3 - Slándáil an tSoláthair**

Cuidiú leis an sprioc straitéiseach d’fhorbairt éifeachtach chothrom réigiúnach trí fheidhmiú polasaithe a sholáthróidh gréasáin iontaofa agus éifeachtach fuinnimh agus eangach leictreachais do Réigiún an Iarthair, Co na Gaillimhe san áireamh, agus tionchar timpeallachta a íoslaghdú trí:

- a) Cur chinn cinn agus tacú le foráil daingean agus éifeachtach de sholáthar agus de stóras fuinnimh ar a n-áirítear leictreachas, gás agus fuinneamh, agus in-athnuaite ar a n-áirítear gaoth, tonnta/taoide, an ghrian, bithfhuinneamh agus dáileadh ar fhuinneamh teasa;
- b) Tacú le hathnuachan infrastructúir, neartú agus forbairt na líonraí leictreachais straitéiseacha sa Chontae, mar atá déanta faoi Straitéis Grid 25 Eirgrid, ar a n-áirítear tionscadal Grid West de chuid Eirgrid;
- c) Cuidiú leis an síneadh ar líne dáileacháin an gháis nádúrtha chun freastal ar an gContae agus ar Réigiún an Iarthair.

##### **Polasaí ER 4 - Forbairt Inbhuanaithe agus Éifeachtúlacht Fuinnimh**

Forbairt níos inbhuanaithe a chur chun cinn trí éifeachtúlacht in úsáid deiridh an fhuinnimh, méadú a chur ar úsáid fuinnimh in-athnuaite agus feabhas a chur ar fheidhmiú fuinnimh sna forbairtí nua tógála ar fad ar fud an Chontae.

#### Cuspóirí Fuinnimh agus Fuinnimh In-athnuaite

##### **Cuspóir ER 1 - Infrastruchtúr Leictreachais agus Fuinnimh In-athnuaite**

Tacú le forbairt agus leathnú an infrastruchtúir do ghiniúint, stóráil, tarchur agus dáileadh leictreachais, fuinnimh in-athnuaite agus tograí fuinnimh in-athnuaite eile in ionaid oiriúnacha i gContae na Gaillimhe.

### **Cuspóir ER 2 - Tograí Tosaíochta Infrastruchtúir Tharchuir**

Cuidiú le cur chun cinn agus feabhsúcháin a dhéanamh ar na líonraí leictreachais reatha agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt tionscadal infreastruchtúir tharchurtha nua de réir Straitéis Grid25 Eirgrid a d'fhéadfaí a thabhairt chun cinn i saolré an Phlean seo, faoi réir phleanáil reatha na hÉireann agus reachtaíocht timpeallachta na hEorpa ar a n-áirítear Alt 6 den Treoir Maidir le Gnáthóga agus/nó measúnacht eile timpeallachta.

I **Léarscáil ER1** tá imlíne de na dorchlaí reatha infrastruchtúir tarchuir fuinnimh agus na cinn atá beartaithe.

### **Cuspóir ER 3 Contae Ísealcharbóin**

Contae na Gaillimhe a chur chun cinn mar chontae ísealcharbóin faoi 2020 ag tabhairt aird ar an *mBille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin* nuair a ghlacfar leis. Spreagadh a thabhairt agus measúnú fabhrach a dhéanamh ar fhorbairtí fuinnimh in-athnuaite agus saoráidí coimhdeacha chun spriocanna fuinnimh náisiúnta, réigiúnacha agus contae a bhaint amach agus chun cuidiú le laghdú a dhéanamh ar astúcháin CO<sub>2</sub>

### **Cuspóir ER 4 - Fuinneamh In-athnuaite**

- a) Tacú agus cuidiú le forbairt agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus don infrastruchtúr a ghabhann leo sa Chontae, ar a n-áirítear:
- Fuinneamh Gaoithe;
  - Fuinneamh Tonnta/Taoide;
  - Hidreachumacht;
  - Fuinneamh Gréine;
  - Bithfhuinneamh;
  - Fuinneamh Geoitirmeach;
  - Teas agus Cumhacht le Chéile (CHP);
  - Dáileadh Fuinnimh Teasa (mar Córais Téite/Fuaraithe Ceantair); agus
  - Foinsí fuinnimh in-athnuaite eile, mar is cuí agus de réir na dtreoirlínte náisiúnta d'fhorbairt inbhuanaithe.
- b) Cuirfidh an Chomhairle tús le Straitéis Contae um Fuinneamh In-athnuaite laistigh de shaolré an phlean de réir mar a cheadóidh na hacmhainní a leithéid. Tógfaidh an doiciméad seo roghanna mionghiniúna san áireamh chomh maith agus aithneofar nach bhfuil tionscadail Fuinnimh In-athnuaite teoranta do thionscadail infreastruchtúir ar mhórscála.

### **Cuspóir ER 5 - Forbairtí Fuinnimh Gaoithe**

Forbairtí feirme gaoithe a chur chun cinn agus a éascú in ionaid oiriúnacha ag áireamh na limistéar den Chontae atá sainithe chuige sin i *Straitéis Fuinnimh Gaoithe Chontae na Gaillimhe*. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála measúnú ar aon tograí iarratais phleanála do tháirgeadh fuinnimh ghaoithe de réir *Straitéis Fuinnimh Gaoithe Chontae na Gaillimhe, Guidelines for Planning Authorities on Wind Energy Development, 2006* na DEHLG (nó aon doiciméid a nuashonrófar nó a chuirfear ina ionad) agus aird chuí á thabhairt ar an Treoir maidir le Gnáthóga agus do na polasaithe, cuspóirí agus caighdeáin forbartha mionsonraithe atá leagtha amach sa Straitéis Fuinnimh Gaoithe.

### **Cuspóir ER 6 - Straitéis Fuinnimh Gaoithe**

Breathnófar ar na polasaithe, na cuspóirí agus na treoirlínte/caighdeáin bhainistithe forbartha atá leagtha síos i *Straitéis Fuinnimh Gaoithe Chontae na Gaillimhe* mar na polasaithe, na cuspóirí agus na treoirlínte/caighdeáin bhainistithe forbartha chun críche *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*.

### **Cuspóir ER 7 - Teicneolaíocht um Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh**

Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála aird ar na treoirlínte atá i gcáipéis na RCO&RA *Guidelines on Sustainable Residential Developments in Urban Areas: Guidelines for Planning Authorities*, (2009) agus an doiciméad comhairleach a ghabhann leis, *Urban Design Manual*, sa mheasúnú a dhéanfar ar aon tograí d'fhorbairt chónaitheach, ar a n-áirítear *inter alia* na cinn a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh, dearadh éighníomhach gréine agus foinsí fuinnimh in-athnuaite.



Déanfaidh an Chomhairle na nithe seo:

- a) Spreagadh agus bolscaireacht a thabhairt do dhearadh nuálach tithíochta, teicneolaíochtaí atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus réitigh do leagan amach a dhíríonn ar ábhair is cúram d'inhuanaitheacht na timpeallachta i dtaca le cúinsí ar nós éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid ábhar;
- b) Spreagadh gníomhach a thabhairt don chomhtháthú ar acmhainní fuinnimh in-athnuaite i ndearadh agus i dtógáil forbairtí aonaracha agus ilfhorbairtí tithíochta ar fud an Chontae;
- c) Oibreoidh an Chomhairle le ranna áitiúla agus ábhartha chun a fháil amach cá bhfuil locht ar an infrastruchtúr fuinnimh agus úsáid bheag á bhaint as fuinneamh in-athnuaite. Brúfaidh an Chomhairle chun cinn úsáid an téimh/fhuaraithe ceantair mar aon le teas agus cumhacht le chéile i bhforbairtí nua ina bhfuil teach amháin nó líon tithé, i scoileanna, agus i bhfoirgnimh tráchtála agus phoiblí ar fud an Chontae;
- d) Éileoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe go gcaithfear soilsiú sráide atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de a chur i ngach forbairt phríobháideach.

#### **Cuspóir ER 8 - Moil Fuinnimh a Chur Chun Cinn**

Beidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cur chun cinn Mholbhaile Thuama, Baile Átha an Rí agus Gort, mar aon lena bpurláin, mar mhoil fuinnimh chun a theacht i dtír ar dheiseanna le fiontair oiriúnacha inbhuanaithe a fhorbairt mar gheall ar a bhfogasacht do líonraí tarchuir leictreachais agus gáis agus iad ag íoslaghdú an tionchair ar an timpeallacht.


#### **Cuspóir ER 9 - Oileáin Arann, Pobal Trasdula Fuinnimh**

Leanfaidh an Chomhairle dá dtacaíocht do Chomharchumann Fuinnimh Oileáin Árann, SEAI agus Údarás na Gaeltachta ina n-aidhm chun na hoileáin a fhorbairt le bheith neamhspleách ó thaobh fuinnimh de faoi 2022 agus a bheith ar an gcéad pobal trasdula fuinnimh in Éirinn.



Taispeántar Scéim Leictreachais Grid West anseo chun críche léiriúcháin amháin ag críochnú ag i gCaisle agus san Áth Leacaigh.

Áirítear sonraí ó Sbuirbhéireacht Ordoanáis na hÉireann arna áitirgeadh faoi nómair Cheadúnais OSi 2010/15/CCMA/Comhairle Chontae na Gaillimhe Sáráionn áitirgeadh neamhdáraithe Sbuirbhéireacht Ordoanáis na hÉireann agus Cóipcheart Rialtas na hÉireann



Nóta: Nil Lonnaíochtaí Beaga léirithe

- Teorainn Contae
- Fostáisiún
- 110 kV
- 110kV Ceadaithe
- 220 kV
- Sócmhainní Nua
- 400 kV
- Fostáisiún Gáis
- Píblíne Gáis
- Píblíne Gáis atá Beartaithe
- Giniúint Theirmeach
- Gaoth Chumhachta
- Limistéar Staidéir Tásach



**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
Galway County Council

**Phlean Forbartha Contae 2015-2021**

Teideal		
<b>Infrastruchtúr Traiseoladh Fuinnimh - ER1</b>		
Dáta	Linthe	Scála
Feabhra 2015	LSL	NDS

## 7.6 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Aithnítear sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn 2012, *Delivering a Connected Society* go mbeidh buntáistí le fáil as infheistíocht leathan i seirbhísí ardluais digiteacha agus idirlín d'infheistíocht dhíreach eachtrach trí áisiúlacht na n-ionad réigiúnach taobh amuigh d'ionaid uirbeacha a chur chun cinn. Dá réir sin, mar chuid den Phlean Leathanbhanda straitéiseach seo, tá tiomantas ann go gcuirfí dlús leis an dul chun cinn trí naisc ardchaighdeán, iontaofa agus gasta leathanbhanda a chur ar fáil ar fud an tír. Freisin, tá sé mar pholasaí ag an rialtas go mbainfeadh slánaonaid stáit úsáid as gach deis chun cuidiú le forbairt infrastruchtúir don mhargadh Teileachumarsáide. Dhá shampla den chuidiú atá tugtha le gairid ag Comhairle Chontae na Gaillimhe don chuspóir polasaí sin is ea na ductanna atá curtha síos le hais na píblíne gáis as Gaillimh go Maigh Eo agus an ductú atá déanta mar chuid de na hoibreacha séarachais i dTuaim. Is é an Líonra Ceantair Cathrach (MAN) líonra chábla ductaithe agus shnáthoptaice an stáit a bhíonn leagtha síos laistigh de cheantar uirbeach agus ar féidir le réimse gnólachtaí agus eagraíochtaí úsáid a bhaint as. Cuireann sé seirbhísí ar fáil ar a n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do theileachumarsáide, do rochtain idirlín, do theilifís, theileamaitic agus CCTV. Ta cúig bhaile mór i nGaillimh (Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, An Gort agus Baile Locha Riach) a bhfuil MAN rollaithe amach iontu, agus is príomhbhuntaíste infreastruchtúir é seo d'fhorbairt eacnamaíoch.

Lena chois sin, tá an Straitéis Digiteach Náisiúnta d'Éirinn 2013, *Doing more with Digital – Phase 1 Digital Engagement* ag iarraidh tuilleadh daoine a spreagadh chun comhghníomhú lena chéile trí mheán na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. Sampla rathúil de sin i gContae na Gaillimhe is ea 'Clár Chonamara', fiontar sóisialta a bhaineann úsáid éifeachtach as teicneolaíochtaí digiteacha (ríomhthráchtáil & meáin shóisialta) chun feabhas a chur ar an obair a dhéanann réimse gnóthaí sa cheantar sin.

## 7.7 Polasaithe agus Cuspóirí na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

### Polasaithe na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

#### **Polasaí ICT 1 - Infrastruchtúr na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide**

Is é polasaí na Comhairle ná cothromaíocht a bhaint amach idir a bheith ag éascú an tsoláthair infrastruchtúir Teileachumarsáide don dul chun cinn sóisialta agus geilleagrach agus a bheith ag cothú taitneamhacht cónaitheach, agus a bheith ag cosaint na timpeallachta tógtha agus nádúrtha.

#### **Polasaí ICT 2 - Suiteáil Infrastruchtúir Theicneolaíochta Faisnéise agus Chumarsáide i Limistéir Ardscéimhe**

Is é an polasaí atá ag an gComhairle i dtaca le forbairtí atá beartaithe do shuiteáil infrastruchtúir theicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus a d'fhéadfadh a bheith treallúsach, ná go lonnófar iad i gcatagóirí tírdhreacha 1-3, ach sin a bheith indéanta. I gcás go gcaitear iad a lonnú i dtírdhreacha leochaileacha (sin ceantair tírdhreacha Rang 4 (Speisialta) nó 5 (Uathúil), nó gar do Shéadchomhartha Náisiúnta, Struchtúr Cosanta/Limistéir Caomhantais Ailtireachta nó laistigh d'amharc/pointe fócasach), caithfidh measúnacht tionchair amhairc a bheith ag dul leo mar chuid den phróiseas pleanála.

#### **Polasaí ICT 3 - Infreastruchtúr Leathanbhanda**

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe iniúchadh rialta ar an infreastruchtúr leathanbhanda i gContae na Gaillimhe agus aibhseofar ceantair atá lag ó thaobh soláthar an infreastruchtúir. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe tréaniarracht, agus í ag aithint an ríthábhacht gheilleagrach agus shóisialta a bhaineann le infreastruchtúr ICT, go mbainfear úsáid iomlán as infreastruchtúir atá ann faoi láthair nach bhfuil leas iomlán á bhaint as agus tabharfar tosaíocht do chur chun cinn gníomhaíochtaí sa Chontae a bhaineann le ICT i measc fóraim fhorbartha na Comhairle ar fad.

### Cuspóirí na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

### **Cuspóir ICT 1 - Seachadadh Infrastruchtúir Teileachumarsáide, Leathanbhanda and Dhigiteach a Éascú**

Tacaíocht a thabhairt agus éascú a dhéanamh ar sholáthar infrastruchtúir ardchumais TFC, Líonraí Leathanbhanda agus Craolachán Digiteach sa Chontae faoi réir threoirlínte an rialtais *Telecommunications Antennae and Support Structures-Guidelines for Planning Authorities 1996* (DEHLG) agus Imlitir PL 07/12 (agus aon doiciméid nuashonraithe/ atá curtha ina áit san áireamh) agus nuair is féidir a léiriú nach mbeidh aon éifeachtaí suntasacha díobhálacha ag an bhforbairt ar an timpeallacht, sláine an líonra Natura 2000 san áireamh.

### **Cuspóir ICT 2 – Comhshamhlú an Infrastruchtúir Teileachumarsáide isteach sa Tírdhreach**

Iarracht a dhéanamh crainn Teileachumarsáide a lonnú i limistéir nach bhfuil ró-sciamhach, ag cur san áireamh an Mheasúnaithe ar Rátáil Íogaireachta Tírdhreacha an Chontae. I gcásanna ina bhfuil sé riachtanach iad a lonnú i gceantair tírdhreacha Rang 4 (Speisialta) nó 5 (Uathúil), nó gar do Shéadchomhartha Náisiúnta, Struchtúr Cosanta/Limistéir Caomhantais Ailtireachta nó laistigh d'amharc/pointe fócasach), beidh sé riachtanach íoslaghdú a dhéanamh ar a dtreallúsacht chomh fada agus is féidir go praiticiúil.

### **Cuspóir ICT 3 – Comhshuíomh an Infrastruchtúir Teileachumarsáide**

Seachain an iomarca crann agus aeróg cumarsáide sa taobh tíre oscailte agus éascaigh an ionchas a bhaineann le roinnt agus comhshuíomh crann sa todhchaí.

### **Cuspóir ICT 4 – Rochtain Oscailte ar Dhuchtáil Snáithíní**

Tabhair tacaíocht agus cuir chun cinn suiteáil nasc do theicneolaíochtaí ardluais, nuair atá sin praiticiúil, faoi réir dhoiciméid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar a n-áirítear *Recommendations for Open Access Fibre Ducting and Interior Cabling for New Residential Buildings- Making Homes Fibre Ready, 2011*, an *National Broadband Plan for Ireland 2012 - Delivering a Connected Society* agus an Straitéis Digiteach Náisiúnta d'Éirinn 2013 - *Doing more with Digital – Phase 1 Digital Engagement*.

## Caibidil 8 – Athrú Aeráide agus Tuilte

---

### 8.1 Réamhrá

Is feiniméan comhshaoil iad tuilte atá in ann riosca a chothú do shláinte an duine chomh maith le tionchair gheilleagracha agus sóisialta a bheith acu. Ceaptar go dtiocfaidh méadú ar phatrún minicíochta agus ar dhéine na dtuilte mar thoradh ar an athrú aeráide. Dá réir sin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh baol tuilte a chur san áireamh maidir le pleanáil spásúil. Leagann an chuid seo amach cur chuige na Comhairle chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair atá ag athrú aeráide lena n-áirítear na rioscaí ó thuilte laistigh de Chontae na Gaillimhe.

### 8.2 Aidhmeanna Straitéiseacha

Déanfaidh an Chomhairle, chun reachtaíocht an AE agus reachtaíocht náisiúnta a chomhlíonadh, iarracht cur chuige comhtháite agus inbhuanaithe d'fhorbairt an Chontae a bhaint amach, chun cothromaíocht a bhaint amach idir forbairt, bainistíocht stuama ar an gcomhshaoil agus acmhainní nádúrtha agus chun oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear na rioscaí a bhaineann le tuilte. Tá na haidhmeanna straitéiseacha seo a leanas bunaithe ar thrí cholún na forbartha inbhuanaithe:

- Feasacht ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide a mhéadú chun deis a thabhairt do dhaoine dul i dtaithí agus bainistiú a dhéanamh ar imeachtaí foircneach aimsire sa todhchaí ar nós tuilte laistigh den Chontae agus den réigiún;
- Forbairt inbhuanaithe an Chontae a chur chun cinn trína chinntiú go ndéantar meas agus bainistiú ar fhorbairt sa todhchaí in aghaidh riosca tuilte;
- Tacú le próiseas atrialach chun riosca tuilte a bhainistiú de réir mar a bhíonn sonraí agus anailís sa todhchaí ar fáil;
- An leibhéal riosca ó thuilte do dhaoine, gnólachtaí, infreastruchtúr agus don chomhshaoil a íoslaghdú.
- A chinntiú go gcuireann pleanáil d'éigeandálaí móra san áireamh oiriúnú d'athrú aeráide;
- Athléimneacht na ngreasán bonneagair agus foirgneamh in aghaidh imeachtaí foircneach aimsire a mhéadú;
- Tacú agus bainistíocht a dhéanamh ar thimpeallacht ilghnéitheach nádúrtha agus sláintiúil agus go mbeadh cumas lena chur in oiriúint laistigh den Chontae agus den réigiún;
- Cur chuige bunaithe ar an éiceachóras a úsáid maidir le hoiriúnú lena n-áirítear bonneagar glas a chur chun cinn laistigh den Chontae agus den réigiún.

### 8.3 Oiriúnú agus Maolú Athrú Aeráide

Go dtí seo dhírigh an freagairt polasaí d'athrú aeráide den chuid is mó ar bhearta maolaithe trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, Prótacal Kyoto, scéimeanna trádála astuithe, srl. Cé go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go leanfar le bearta maolaithe den sórt seo, aithnítear anois beag beann ar rath bhearta maolaithe, coinneoidh an aeráid dhomhanda ag athrú agus tá bearta oiriúnaithe ag teastáil chun nithe nach féidir a sheachaint a bhainistiú.

Ní mór do fhreagra éifeachtach ar athrú aeráide comhcheangal a dhéanamh araon idir -

- **Maolú:** Sainmhínithe mar aon idirghabháil ón duine atá dírithe ar thionchair a bhfuil dochar iontu do chóras aeráide an domhain a laghdú, lena n-áirítear gníomh atá dírithe ar astuithe a laghdú agus slogaidí a chruthú nó a fheabhsú;
- **Oiriúnú:** Sainmhínithe mar aon cheartú ar —
  - a) aon chóras deartha nó a oibríonn an duine, lena n-áirítear córas geilleagrach, talmhaíochta nó teicneolaíochta, nó
  - b) aon chóras atá ann go nádúrtha, lena n-áirítear éiceachóras, a bhfuil sé d'aidhm aige cur i gcoinne na héifeachtaí (cibé ar iarbhír nó ionchais iad) a bhaineann le spreagthaí aeráide, cosc a chur nó maolú a dhéanamh ar dhamáiste comhshaoil de thoradh ar athrú aeráide nó buntáistí comhshaoil a thabhairt.

(Foinse: *Draft Climate Action and Low Carbon Development Bill 2013*).

Is féidir féachaint ar oiriúnú freisin mar bhealach chun foghlaim faoi na bealaí chun maireachtáil leis na hiarmhairtí ó athrú aeráide.

Cuireann an *Creat Náisiúnta um Athrú Aeráide 2012* an comhthéacs polasaí ar fáil do fhreagra náisiúnta oiriúnaithe straitéiseach ar athrú aeráide in Éirinn. Cuireann sé sainordú soiléir ar fáil do Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus Údaráis Áitiúla ábhartha chun tús a chur le hullmhú pleananna earnála agus áitiúla agus dréachtaí de na pleananna seo a fhoilsiú. Teastóidh pleananna nó cláir anois ina mbeidh cuspóirí a bhaineann le hathrú aeráide lena n-áirítear bearta *maolaithe agus oiriúnaithe*.

### 8.3.1 Spriocanna AE agus Náisiúnta

Déanann an fíor thíos achoimre ar na spriocanna maolaithe d'athrú aeráide in Éirinn mar atá leagtha amach faoi thiomantais náisiúnta agus idirnáisiúnta:

#### **Prótacal Kyoto**

- Teorainn a chur ar mhéadú Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GHG) go dtí na leibhéal a aontaíodh faoi Phrótacal Kyoto agus aon leasuithe orthu.
- Comhaontú Chóbanhávan, Nollaig 2009.

#### **Spriocanna Iar-Kyoto Choimisiún an AE do 2020**

- Astuithe a laghdú sna hearnálacha neamhthrádála (talmhaíocht, iompar, cónaithe, tráchtála, dramhail) 20% ó bhunús 2005;
- Astuithe a laghdú san earnáil um Scéim Trádála Astuithe (ETS) 21% ó bhunús 2005.

**Foinse: Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála WRA (2010) do Réigiún an Iarthair 2010-2022**

## 8.4 Measúnuithe Riosca

Deir *An Creat Náisiúnta um Athrú Aeráide 2012*, go mbeidh measúnú riosca ina chuid ríthábhachtach de phleanáil d'oiriúnú agus nuair a bheidh measúnú déanta, is féidir pleananna agus bearta a dhearadh chun na rioscaí sin a bhainistiú. Tá an réamh-mheasúnú riosca seo a leanas don Phlean Forbartha bunaithe ar na leochaileachtaí agus ar na dúshláin a haithníodh laistigh den cháipéis *DECLG Creat Náisiúnta Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide 2012*, cáipéis an EPA *Comhshaoil na hÉireann 2012 – Measúnú* agus ó mheasúnaithe reachtúla na Comhairle féin a bhaineann leis an bPlean Forbartha lena n-áirítear Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA), Measúnú Oiriúnach (AA) agus Measúnú Straitéiseach do Riosca Tuilte (SFRA).

### 8.4.1 Tionchar ar Acmhainní Uisce: Cáilíocht Uisce, Seirbhísí Uisce agus Tuilte

#### **8.4.1.1 Cáilíocht Uisce agus Acmhainní Uisce**

Bíonn tionchar díreach ar cháilíocht uisce agus ar acmhainní uisce ag athrú aeráide agus ní mór straitéisí chun uiscí nádúrtha a chosaint agus acmhainní uisce a bhainistiú a chur in oiriúint chun coinníollacha a bhíonn ag athrú a chur san áireamh. Cé go bhfuil fianaise ann go bhfuil feabhas foriomlán ar cháilíocht uisce, tá dúshláin mhóra os comhair na hÉireann chun spriocanna cáilíochta uisce atá leagtha amach do 2015, 2021 agus 2027 mar a éilítear sa Chreat-Treoir Uisce (WFD) a bhaint amach. Leanfaidh na Pleananna athbhreithnithe Bainistíochta Abhantraí 2015-2021 ag tabhairt aghaidh ar cháilíocht uisce agus chun breithnithe riosca aeráide a chur san áireamh.

Tá *Uisce Éireann* bunaithe chun an fhreagracht as bainistiú agus as maoirseacht a dhéanamh ar infheistíocht i mbonneagar seirbhísí poiblí uisce a thógáil ar lámh. Ní mór do rialuithe aistarraingthe uisce athruithe i bpatrúin bháistí agus na tionchair a bheidh acu ar infhaighteacht acmhainní uisce sa todhchaí a chur san áireamh. D'fhéadfadh sé go gcaithfí aeráid-dhíonach a dhéanamh ar chaighdeán dearaidh d'infreastruchtúr criticiúil chun déileáil le níos mó tuilte.

#### **8.4.1.2 Gníomhartha Freagracha**

- Leanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe ag cur bearta sna Pleananna Bainistíochta Abhantraí i bhfeidhm agus sna Pleananna athbhreithnithe atá le teacht;
- Leanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe i gcomhar le h*Uisce Éireann* ag cur oibreacha caipitiúla ar fáil, ag déanamh monatóireachta ar cháilíocht uisce/sceith uisce a aimsiú, modhanna caomhnaithe uisce a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil oibreacha den sórt seo athléimneach d'aeráid i ndearadh agus ó thaobh suímh;

- Cuirfidh an Chomhairle úsáid theicneolaíochta atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh chun cinn i seirbhísíú/cothabháil fuíolluisce agus bonneagair uisce laistigh den Chontae;

#### 8.4.1.3 Tuilte

Beidh tionchar ag frasaíocht mhéadaithe, arduithe i leibhéal na farraige agus déine méadaithe stoirme ar bhogaigh, aibhneacha, lochanna agus inbhir chomh maith le talamh talmhaíochta, pobail chósta, tionscal na hiascaireachta, bóithre bonneagar iompair, iarnróid agus cuanta/calafóirt. Bhí tuilte ar cheann de na tionchair athrú aeráide ba mhó i gContae na Gaillimhe le blianta beaga anuas agus ba as foinsí abhann agus cósta a tháinig an chuid ba mhó acu. Ba é an toradh a bhí air seo go raibh ceantair/foirgnimh áitiúla faoi thuilte, bhí bóithre áirithe nach bhféadfaí taisteal orthu, bhí brú méadaithe ar ghréasáin séarachais/uisce agus tuilemhánna leathnaithe. Bíonn measúnú agus monatóireacht/mapáil leanúnach ar bun ag Comhairle Contae na Gaillimhe ar thionchair tuilte laistigh den Chontae. In Samhain na bliana 2009 measadh go raibh tionchar ag tuilte ar 337,000 Ha (832,000 acra) nó 1,300 míle cearnach laistigh de Chontae na Gaillimhe. Chuaigh an ceantar a bhí buailte ó Bhaile an Mhuilinn go Baile Chláir, An Gort, Port Omna, Béal Átha na Sluaighe, agus Béal Átha Mó. Tharla tuilte i bpócaí eile gar de Bhearna, Maigh Cuilinn, Ros Cathail, Uachtar Ard, Áth Cinn agus Cathair Loistreáin.

Is é an cur chuige atá ag Comhairle Contae na Gaillimhe maidir le riosca tuilte a bhainistiú, an riosca tuilte laistigh de cheantair riosca tuilte a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú, mar is cuí, i gcomhréir le *Treoirlínte an Chórais Phleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte 2009*.

#### 8.4.1.4 Gníomhartha Freagracha

- Déanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe stiúradh ar fhorbairtí agus ar úsáidí as talamh críosaithe i gcomhréir le Treoirlínte an Chórais Phleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte 2009 (nó aon doiciméad ina ionad sin);
- Leanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe ar aghaidh le maolú tuilte agus oibreacha oiriúnaithe aeráide;
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tabhairt an eolais is deireanaí faoi mhapáil GIS ar imeachtaí tuilte de réir mar a thagann eolas nua chun cinn ón OPW agus foinsí áitiúla;
- Déanfar aeráid-dhíonach ar Thionscadail Tosaíochta Bonneagair Iompair do Cho. na Gaillimhe 2015-2021 mar atá leagtha amach laistigh den Phlean (Tábla 5.1) seo;
- Leanfar ag feidhmiú plean éigeandála freagartha na Comhairle (ullmhaithe i gcomhar leis an HSE agus an Garda Síochána) agus tabharfar an t-eolas is deireanaí mar is cuí.
- Déanfaidh an Chomhairle iarracht feabhas agus/nó athchóiriú a dhéanamh ar fheidhmeanna nádúrtha bainistíochta riosca tuilte na dtuilemhánna;
- Cuirfidh Measúnuithe Straitéiseacha Riosca Tuilte (SFRAanna) agus Measúnuithe Riosca Tuilte (FRAanna) ar shuíomhanna ar leith eolas ar fáil faoi na himpleachtaí a bhaineann le hathrú aeráide maidir le riosca tuilte in áiteanna cuí.

#### 8.4.2 Tionchar ar an Tírdhreach Nádúrtha agus Bithéagsúlacht

De bharr go bhfuil teochtaí comhthimpeallacha níos airde agus patrún éagsúla báistí tuartha, déanfar maolú ar úsáid talún agus ar phatrúin talmhaíochta. Tá tionchar ag athrú aeráide freisin ar bithéagsúlacht maidir le huainiú bláthanna agus imirce éan lena n-áirítear go bhféadfadh speicis choimhthíocha ionracha a theacht, go mbeadh méadú ar phataiginí agus lotnaidí. D'fhéadfadh barr talmhaíochta níos ísle a bheith mar thoradh ar thuilte, d'fhulaing roinnt córas éiceolaíochta ar nós bogaigh strus méadaithe agus d'fhéadfadh éiceachórais cois cósta a bheith níos leochailí.

Meastar gur ionann an ceantar iomlán portaigh laistigh de Chontae na Gaillimhe agus 1,575 ciliméadar cearnach: 429 ciliméadar cearnach ina 'phortach ardaithe' agus 1,146 ciliméadar cearnach ina 'bhratphortach'. Is ionann an méid portach ardaithe atá forluite le limistéir shainithe agus 111.7 ciliméadar cearnach (curtha le chéile in Deireadh Fómhair 2013 ag úsáid Tacar Sonraí Corine 2000 agus limistéir shainithe (SAC, SPA & NHA 2013). D'fhéadfadh athrú aeráide tionchar a bheith aige ar chainníocht an charbóin a ghlactar agus a stóráiltear i dtailte portaigh. Beidh teacht aniar níos fearr in aghaidh athrú aeráide i dtailte portaigh rathúla mar súfaidh siad isteach báisteach níos troime agus beidh níos lú seans go dtiomóidh siad amach.

Tá sé d'aidhm ag an doiciméad *Treoir maidir le Comhtháthú Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht i Measúnú Straitéiseach Comhshaoil 2013* de chuid an AE éiceachórais agus a gcuid seirbhísí a

chothabháil agus a fheabhsú faoin mbliain 2020 trí bhonneagar glas a bhunú agus 15% ar a laghad d'éiceachóras díghrádaithe a athshlánú trí thionchar a imirt ar chleachtais phleanála i 2 bhealach trí:

1. Tosaíochtaí a leagan síos chun úsáid bonneagar glas a athshlánú agus a chur chun cinn;
2. A chinntiú nach mbeidh aon chaillteanas glan maidir le seirbhísí éiceachórais agus bithéagsúlachta.

Tá cur síos sa doiciméad seo ar chur chuige atá éiceachóras-bunaithe mar sheirbhísí éiceachórais agus bithéagsúlachta a bhainistiú, a athchóiriú agus a chosaint chun ilbhuntáistí a chur ar fáil don tsochaí chomh maith le go bhféadfaí a bheith ag tairiscint uirlis nua le húsáid sa phróiseas SEA. Cuireann cur chuigí atá bunaithe ar éiceachóras le cosaint agus athchóiriú éiceachórais nádúrtha trí stoic charbóin a chaomhnú nó a fheabhsú, astuithe de bharr cailleanais agus díghrádú éiceachórais a laghdú, agus cosaint éifeachtúil ó thaobh costais a chur ar fáil in aghaidh roinnt de na bagairtí atá mar thoradh ar athrú aeráide.

#### 8.4.2.1 Gníomhartha Freagracha

- I gcomhréir leis an reachtaíocht, tá an Chomhairle ag ullmhú Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnú Cuí den Phlean Forbartha a dhéanfaidh straitéisí, polasaithe agus cuspóirí an Phlean;
- Cuireann Croí-Straitéisí/Lonnaíochtaí den Phlean Forbartha Contae chun cinn comhdhlúthú maidir le húsáid cónaithe talún laistigh de limistéir sheirbhísithe chuí;
- Déanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe meas ar aon mholtaí atá le teacht mar atá imlínithe sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta ar Phortaigh Ardaithe SAC (atá le foilsiú in 2014) atá molta agus ar aon phleananna bainistíochta do láithreáin ar leith do SACanna do Phortaigh Ardaithe ar glacadh leo do Chontae na Gaillimhe;
- Cuirfidh an Phlean Forbartha úsáid bonneagar glas chun cinn trí chuspóirí sa Phlean;
- Féachfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le bonneagar glas nó gréasáin ghlasa a bhfuil úsáid ilfheidhmeach ag baint leo (m.sh. rialú tuilte, gluaiseacht bithéagsúlachta, áineas, glanadh an aeir) a aithint i bPleananna Limistéir Áitiúil agus iad a chothabháil nó cur leo.

#### 8.4.3 Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GHG) agus Athrú Aeráide

Díríonn Treochlár Choimisiún an AE chun dul i dtreo geilleagair iomaíoch ísealcharbóin faoin mbliain 2050 chuig ceangaltas go laghdófar astaíochtaí GHG suas le 80% ar fud an AE faoin mbliain 2050. Tá tiomantas na hÉireann maidir le Prótacal Kyoto don tréimhse 2008-2012 bainte amach. Léiríonn réamh-mheastacháin an EPA fiú amháin sa chás is fearr, go sáróidh Éire a cuid oibleagáidí bliantúla d'astaíochtaí GHG faoi sprioc 2020 an AE faoin mbliain 2017. Dá réir, ní mór gníomhaíochtaí éifeachtúla ó thaobh costais a aithint, a mheasúnú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí GHG a laghdú sa ghearrthéarma. Ag leibhéal áitiúil, caithfidh Comhairle Contae na Gaillimhe cur le cobhsú agus laghdú astaíochtaí náisiúnta gás ceaptha teasa agus cur freisin le hoiriúnú náisiúnta d'athrú aeráide. Cuirfidh an Chomhairle úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus caomhnú fuinnimh chun cinn go háirithe do chomhshaol, tithíocht agus bonneagar iompair.

#### 8.4.3.1 Gníomhartha Freagracha

- Comhoibriú le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Gníomhaireacht Fuinnimh na Gaillimhe chun an t-eolas is deireanaí a chur ar fáil do Straitéis Athrú Aeráide na Gaillimhe;
- Straitéis iompair a fhorbairt lena n-áirítear spriocanna sonracha chun líon na ndaoine a bhíonn ag brath ar charranna a laghdú 20% agus aistriú córa iompair 20% chuig modhanna iompair níos éifeachtaí;
- Forbairt Bhealach Iarnróid an Iarthair a chur chun cinn do thaisteal paisinéirí agus do lastas iarnróid;
- Comhoibriú leis na hearnálacha iompair agus gnó/fiontraíochta/tionsclaíochta chun eolas a scaipeadh go héifeachtach agus i bpróiseas meastóireachta maidir le sonraí faoi thuilemhána, abhantracha agus ceantair riosca cois cósta.

#### 8.4.4 Tionchar ar Chaighdeán an Aeir

Tá caighdeán an aeir in Éirinn ar ardchaighdeán ar fud na tíre agus tá sé i measc an chuid is fearr san Eoraip, ag comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta aeir uile san AE in 2010. Tá baint mhór aige seo le gnáthaer glan an Atlantaigh agus easpa cathracha móra agus tionscal trom. Tá sé tugtha faoi deara ag an EPA in *Comhshaol na hÉireann 2012 – Measúnú gur laghdaigh leibhéal ábhar áirithe i gcathracha agus i gceantair uirbeacha níos mó mar thoradh ar fheabhsuithe i dteicneolaíocht inneall*



feithiclí. Níl an laghdú seo le feiceáil i mbailte níos lú, áit a bhfuil astaíochtaí ó bhreosla soladach baile níos suntasaí ná astaíochtaí tráchta. Ní bhaineann bailte go leor buntáiste as an gcosc ar ghual toiteach agus go minic ní bhíonn rochtain acu ar roghanna eile breosla níos glaine ar nós gás nádúrtha. Tá dúshláin le sárú ag Éire caighdeán nua cáilíochta aeir a chomhlíonadh faoin mbliain 2020. Beidh cur chuige comhtháite ag teastáil ar fud roinnt earnálacha lena n-áirítear astaíochtaí tionsclaíochta, iompair agus cónaithe. Ní mór d'Údarás Áitiúla i gcomhar le ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Náisiúnta caighdeán an aeir a bheith mar chuid lárnach dá bpróiseas pleanála agus bainistíochta tráchta. Ní mór do theaghlaigh agus do ghnóthaí creatlach tógála a uasghrádú chun an méid teasa agus fuinnimh a theastaíonn a laghdú agus chun athrú ó bhreosla soladach chuig roghanna eile breosla níos glaine lena n-áirítear gás nádúrtha. Thug an CSO ina dTuarascáil Measúnaithe 2012 na figiúirí céatadán iomlán deiridh seo a leanas d'ídiú fuinnimh de réir cineáil breosla d'Éirinn: ola 60%, breosla soladach 5%, gás 14%, leictreachas 18%, fuinneamh in-athnuaite 2%, teas díorthaithe 0%.

#### 8.4.4.1 Gníomhartha Freagracha

- Déanfaidh an Chomhairle na rialuithe téimh agus inslithe a uasmhéadú i maoinne atá faoi úinéireacht ag Comhairle Contae na Gaillimhe;
- Déanfaidh an Chomhairle foinsí téimh fuinnimh in-athnuaite a thabhairt isteach do thionóntaí agus timpeallacht níos glaine agus níos sláintiúla laistigh de bhailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae a mheas.

#### 8.4.5 Tionchar ar Shláinte an Duine

Aithníonn *Straitéis Sláinte an AE 2008-2013 – Le Chéile ar son Sláinte: Cur Chuige Straitéiseach don AE* cosaint daoine ó bhagairtí sláinte mar gheall ar athrú aeráide mar thosaíocht. Tagann tionchair dhíreacha ó bhásanna agus ó thinneas a mbaineann teocht leo nó imeachtaí foircneacha aimsire. Beidh tionchair indíreacha ag athrú aeráide ar scaipeadh uisce, bia nó galair veicteoir-iompartha agus bíonn tionchair eile acu ar sholáthairtí uisce nó bia. Cuirfidh feidhmiú reachtaíochta maidir le hionaid chóireála fuíolluisce, gníomhaíochtaí tionsclaíochta/fiontar agus umair sheipteacha chomh maith le dea-chleachtas talmhaíochta laghdú ar na rioscaí do cháilíocht an uisce óil agus cabhrófar le truailleú uisce a laghdú i gcoitinne. Tá gníomhaíochtaí ag teastáil freisin chun an riosca do shláinte ó leibhéil arda radóin i roinnt áiteanna a laghdú.

#### 8.4.5.1 Gníomhartha Freagracha

- Leanfaidh an Chomhairle ag comhoibriú leis an HSE ar fhaitíos go scaipfí pataiginí uisce, bia nó pataiginí veicteoir-iompartha;
- Déanfaidh an Chomhairle monatóireacht ghéar ar chomhlíonadh na Rialachán Tógála a bhaineann le radón.

Tá na polasaithe agus cuspóirí seo a leanas bunaithe ar na haidhmeanna straitéiseacha atá leagtha amach laistigh d'Alt 8.2 den Phlean Forbartha agus déantar iarracht aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus tionchair ábhartha a haithníodh ag leibhéal náisiúnta agus Contae. Tá próisis oiriúnaithe agus maolaithe araon sna polasaithe agus sna cuspóirí. Beidh polasaithe oiriúnaithe solúbtha agus athrófar iad mar agus nuair a bheidh eolas agus treoir nua ar fáil.

## 8.5 Polasaithe agus Cuspóirí Athrú Aeráide, Chaighdeán an Aeir agus Radóin

### Polasaithe Athrú Aeráide

#### Polasaí CC1 – Polasaí Athrú Aeráide

Is é polasaí na Comhairle aird a thabhairt ar reachtaíocht agus ar straitéisí náisiúnta agus an AE ar athrú aeráide ina bpróiseas déanta cinntí chun cur le laghdú agus seachaint athrú aeráide a bhfuil baint ag an duine daonna leis i gcomhréir le spriocanna náisiúnta faoi *Phrótacal Kyoto* agus *Treochlár an AE*.

#### Polasaí CC2 – Pleananna Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide

Tacaigh leis an *gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide 2012* trí bhearta ábhartha a chur i bhfeidhm in aon phleananna oiriúnaithe a thagann chun cinn. Beidh pleananna den sórt sin i gcomhréir leis an treoir náisiúnta arna eisiúint ag an DoECLG agus an EPA agus a rinneadh I

gcomhar le hÚdarás Réigiúnach an Iarthair, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae Ros Comáin.

### **Polasaí CC3 – Feasacht ar Athrú Aeráide a Mhéadú**

Oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le hÚdarás Réigiúnacha/Áitiúla agus gníomhaireachtaí eile chun oiriúnú d'athrú aeráide agus chun feasacht a mhéadú faoi thionchair athrú aeráide le cur ar chumas daoine tuiscint agus freagra a thabhairt ar na dúshláin a bhfuil aghaidh le tabhairt acu orthu mar thoradh ar athrú aeráide reatha agus sa todhchaí.

### **Polasaí CC4 – Oiriúnú d'Athrú Aeráide a Phríomhshruthú**

Déanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe príomhshruthú ar oiriúnú d'athrú aeráide i bpleanáil úsáid talún, leagan amach foirgneamh, fuinneamh, iompar, bainistiú acmhainní nádúrtha, foraoiseacht, talmhaíocht agus uiscí mara.

### **Polasaí CC 5 – Athrú Aeráide agus an Comhshaol Nádúrtha**

Tacóidh an Chomhairle le timpeallacht nádúrtha éagsúil agus sláintiúil ag a mbeidh cumas oiriúnaithe trí ról na ngréasán glasa a chur chun cinn maidir le cúnamh a thabhairt don Contae/réigiún athrú aeráide a mhaolú agus a oiriúnú trí ghréasáin ghnáthóige a neartú, bloghrú gnáthóige a laghdú agus deiseanna a chur ar fáil do speiceas chun dul ar imirce.

### **Polasaí CC 6 – Oiriúnú Bonneagair d'Athrú Aeráide**

Beidh treoir ag an gComhairle ón doiciméad de chuid an AE Oiriúnú Bonneagair d'Athrú Aeráide (SWD /2013/ 137) a leagann amach cén chaoi a gcuirfidh athrú aeráide isteach ar fhuinneamh, soláthar uisce, iompar, bonneagar cumarsáide agus foirgnimh. Déanfar *'aeráid-dhíonach'* ar gach togra criticiúil bonneagair agus ní hé amháin go ndéanfaidh sé an athléimneacht in aghaidh drochthionchair ó athrú aeráide a mheas ach déanfaidh sé íoslaghdú freisin ar astú gás ceaptha teasa thar saolré na sócmhainne fisiciúil atá i gceist.

### **Polasaí CC7 – Gníomh Údarás Áitiúil maidir le hAthrú Aeráide**

Is é polasaí na Comhairle a bheith mar cheannaire sa ghníomh in aghaidh athrú aeráide. Déanfaidh an Chomhairle a ndícheall chun tomhaltas fuinnimh a laghdú agus úsáid fuinnimh in-athnuaithe a mhéadú i gcomhréir le spriocanna idirnáisiúnta, náisiúnta agus aon cheanna réigiúnacha a thiocfadh chun cinn.

### **Polasaí CC8 – Sláinte an Duine**

Leanfaidh an Chomhairle ag comhoibriú leis an HSE agus gníomhaireachtaí ábhartha eile ar fhaitíos go scaipfí pataigíní uisce, bia nó veicteoir-iompartha.

## **Cuspóirí Athrú Aeráide**

### **Cuspóir CC1 – Plean Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide**

Beidh Comhairle Contae na Gaillimh ag comhoibriú le hÚdarás Réigiúnach an Iarthair agus Údarás Áitiúla eile chun plean oiriúnaithe d'athrú aeráide a ullmhú, faoi réir ag treoir ón DoECLG agus an EPA.

### **Cuspóir CC2 – Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa**

Cuirfidh Comhairle Contae na Gaillimhe bearta i bhfeidhm féachaint le geilleagar agus sochaí ísealcharbóin a bhunú faoi 2050 agus a bheidh ag iarraidh gás ceaptha teasa a laghdú lena n-áirítear glacadh le straitéisí inbhuanaithe pleanála tríd úsáid talún agus iompar a chomhtháthú.

### **Cuspóir CC3 – Bonneagar Glas**

Cuirfidh Comhairle Contae na Gaillimhe chun cinn an buntáiste a bhaineann le spásanna oscailte agus cuirfead i bhfeidhm an comhtháthú gréasán/bonneagar glas ina fhorbairt nua agus moltaí athghiniúna ar mhaithe le maolú agus oiriúnú d'athrú aeráide.

Cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe chun cinn an buntáiste a bhaineann le spásanna oscailte agus cuirfead i bhfeidhm an comhtháthú gréasán/bonneagar glas (m.sh. gréasán idircheangailte de spásanna glasa (lena n-áirítear éiceachórais uisce) agus gnéithe fisiciúla eile ar talamh) ina fhorbairt nua agus moltaí athghiniúna ar mhaithe le maolú agus oiriúnú d'athrú aeráide.

### **Cuspóir CC4 – Aeráid-dhíonach ar Bhonneagar Criticiúil**

Tabharfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe aird ar athrú aeráide nuair atá measúnú á dhéanamh ar gach forbairt criticiúil iompair agus bonneagair fuinnimh, chun inmharthanacht forbairtí den chineál

sin amach anseo a chinntiú.

### **Cuspóir CC5 – Cur Chuige Éiceachórais agus Úsáid Talún**

Cuirfidh Comhairle Contae na Gaillimhe cur chuige éiceachórais (cur chuige iomlánach) i bhfeidhm maidir le húsáid talún agus athrú ar úsáid talún agus cinnteoidh sé go gcuirfear bearta oiriúnaithe d'athrú aeráide san áireamh i gcinntí pleanála. Tabharfaidh an Chomhairle freisin -

- a) Aird ar aon mholtaí a bheidh ag teacht chun cinn mar atá leagtha amach sa *Phlean Náisiúnta; Bainistíochta Portach Ardaithe SAC* agus an *Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta*;
- b) Riosca aeráide a chomhtháthú san athbhreithniú faoin *bPlean Gníomhaíochtaí Bithéagsúlachta do Chontae na Gaillimhe 2008-2013*;
- c) Iarracht scaipeadh speiceas ionrach agus neamhdhúchasach a smachtú ar thalamh agus uisce ag úsáid cumhachtaí nua rialála.

### **Cuspóirí Chaighdeán an Aeir**

#### **Cuspóir CC6 – Caighdeán an Aeir**

Cuirfidh Comhairle Contae na Gaillimhe caomhnú an chaighdeán aeir comhthimpeallach is fearr chun cinn atá comhoiriúnach le forbairt inbhuanaithe i gcomhréir le *Treoir um Chaighdeán Aeir Comhthimpeallach agus Aer níos Glaine don Eoraip (CAFÉ) (2008/50/CE)* an AE agus trína chinntiú go bhfuil na hastaíochtaí aeir uile a bhaineann le forbairtí nua laistigh de Chaighdeán Cáilíochta Comhshaoil mar atá leagtha amach sna *Rialacháin um Chaighdeán Cáilíochta Aeir 2011 (I.R. Uimh. 180 de 2011)* (nó aon doiciméid nua/a thagann ina ionad sin).

#### **Cuspóir CC7 – Íonú an Aeir**

Spreagfaidh an Chomhairle tírdhrechtú agus plandáil crann duillsilteach ar bhealach íogair comhshaoil laistigh de bhailte agus sráidbhailte mar bhealach íonaithe aeir, cáithníní ar fuaidreamh a scagadh agus a micrea-aeráid a fheabhsú.

### **Cuspóir Radóin**

#### **Cuspóir CC8 – Radón**

Tabharfaidh an Chomhairle aird, don treoir shonrach faoi bhearta coiscthe radóin do thithe nua mar atá san áireamh sna *Rialacháin Foirgníochta* (lena n-áirítear aon rialacháin nua/a thagann ina ionad sin a d'fhéadfaí a fhoilsiú laistigh de shaolré an Phlean Forbartha seo) atá ann cheana féin.

## **8.6 Tuilte**

Ní féidir tuilte a chur as an áireamh ar fad, ach is féidir a dtionchar a íoslaghdú trí bhainistíocht forghníomhach agus chúramach ar dhobharcheantair agus ceantair aitheanta atá i mbaol tuilte agus a chinntiú nach gcothaíonn aon fhorbairt ina aonar nó go carnach rioscaí nua tuilte. Ar mhaithe le tionchar riosca méadaithe tuilte sa todhchaí a íoslaghdú, tá céimeanna éagsúla gur féidir le hÚdarás Áitiúla a thógáil. Ina measc oibreacha cosanta tuilte, tanúchán uisce stoirme agus níos tábhachtaí, forbairt i dtuillemhána a sheachaint faoi réir tuilte ach amháin i gcúinsí an-eisceachtúla.

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an gá atá le bearta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tuilte rialta agus leantacha a eascraíonn feadh Abhainn na Sionainne agus fo-aibhneacha gaolmhara, ar nós Abhainn na Suca agus aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil géarghá le clár cothabhála d'Abhainn na Sionainne. Féachfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe dul ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí, le Fáilte Ireland agus leis na húdarais iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar cheist na dtuilte i Thoor Ballylee.

### **8.6.1 Cúlra Reachtach agus Polasaí**

Tugadh isteach Treoir Tuilte an AE (2007/60/CE) chun na rioscaí a bhaineann le tuilte do shláinte an duine, don chomhshaoil, d'oidhreacht chultúrtha agus do ghníomhaíocht gheilleagrach a laghdú agus a bhainistiú. Ní mór feidhmiú na Treorach ón AE a chomhordú leis na ceanglais atá ag Creat-Treoir Uisce an AE agus na Pleananna Bainistíochta Abhantraí reatha. Éilíonn an Treoir ar Bhallstáit réamh-mheasúnú a dhéanamh chun na habhantracha agus ceantair chósta ina bhféadfadh rioscaí suntasacha tuilte a bheith a aithint, chun guais tuilte agus léarscáileanna faoi rioscaí a ullmhú agus

chun pleananna bainistíochta riosca tuilte atá dírithe ar chosc, ar chosaint agus ar ullmhacht a ullmhú, ina bhfuil bearta a laghdóidh dóchúlacht tuilte agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh tarlú.

Moladh sa bpolasaí náisiúnta tuilte a d'fhorbair ó *Thuarascáil an Ghrúpa Athbheithnithe ar Pholasaí Tuilte* (2004) de chuid an OPW ina ndírítear ar riosca tuilte a bhainistiú, seachas a bheith ag brath ar bhearta cosanta tuilte amháin, cur chuige bunaithe ar dhobharcheantair a thógáil chun measúnú agus bainistiú agus a bheith réamhghníomhach nuair atá riosca tuilte á measúnú agus á mbainistiú lena n-áirítear léarscáileanna ar thuilte agus pleananna bainistíochta riosca tuilte a ullmhú.

Thosaigh an clár náisiúnta Measúnaithe Dobharcheantar agus Riosca Tuilte agus Bainistíochta (CFRAM) sa bhliain 2011 agus tá sé i gceist go gcuirfeadh sé ar fáil na príomhghnéithe den pholasaí náisiúnta tuilte 2004 thuasluaite agus ceanglais Threoir Tuilte an AE. Tá staidéir CFRAM á ndéanamh i ngach ceann de na sé cheantar abhantraí in Éirinn. Tá Contae na Gaillimhe suite laistigh de Cheantair Idirnáisiúnta na Sionainne agus Abhantraí an Iarthair araon.

Beidh ar Chomhairle Contae na Gaillimhe na CFRAManna a chur san áireamh nuair a thugtar isteach iad. Rinne an OPW léarscáileanna tuilte mar chuid den Réamh-mheasúnú Riosca Tuilte (PFRA) a d'aithin ceantair a bhí i mbaol tuilte, lena n-áirítear abhann, cósta, tuilte screamhuisce agus báistiúla, don tír ar fad. Tá Measúnú Straitéiseach Riosca Tuilte Céim 1 in éineacht leis an bPlean seo agus forlíonann sé an fhaisnéis seo. Thug treoirlínte náisiúnta an *Chórais Phleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála* (2009) isteach meicníochtaí chun ionchorprú riosca tuilte a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú sa phróiseas pleanála. Is gá d'Údaráis Phleanála aird a thabhairt ar na treoirlínte seo agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna faoi na hAchtanna Pleanála.

Is iad cuspóirí lárnacha na dTreoirlínte Bainistíochta Riosca Tuilte:

- Forbairt míchuí a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuilte;
- Seachain forbairtí nua a mhéadóidh tuilte in áiteanna eile, lena n-áirítear ceanna a d'fhéadfadh tarlú ó rith chun srutha uisce dromchla;
- Bainistiú éifeachtach ar rioscaí iarmharacha d'fhorbairt a cheadaítear i dtuillemhána a chinntiú;
- Seachain srianta neamhriachtanacha ar fhás sóisialta agus geilleagrach náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil;
- Cuir feabhas ar an tuiscint atá ar riosca tuilte i measc pháirtithe leasmhara ábhartha; agus
- Cinntigh go bhfuil ceanglais dhlí an AE agus an dlí náisiúnta maidir leis an gcomhshaoil nádúrtha agus caomhnú an dúlra á gcomhlíonadh i ngach céim de bhainistíocht riosca tuilte.

Is iad na bunphrionsabail atá leagtha amach sna Treoirlínte Bainistíochta Riosca:

- Seachain riosca tuilte nuair is féidir;
- Cuir isteach úsáidí a bhfuil níos lú baol ag baint leo nuair nach féidir riosca tuilte a sheachaint;
- Déan maolú agus bainistiú ar an riosca nuair nach féidir an riosca a sheachaint ná a ionadú.

Leanann na treoirlínte an prionsabal nár cheart forbairt a cheadú i gceantar atá i mbaol tuilte, go háirithe tuillemhána, ach amháin sa chás nach bhfuil aon rogha láithreán oiriúnach eile ar fáil i gceantair a bhfuil riosca níos ísle ag baint leo agus atá ag teacht leis na cuspóirí a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.

#### 8.6.2 An Plean Forbartha Contae agus Breithnithe Riosca Tuilte

Is gá don Phlean Forbartha Contae dul faoi leibhéal cuí de Mheasúnú Straitéiseach Riosca Tuilte (SFRA) agus dá bharr sin tá Measúnú Straitéiseach Riosca Tuilte Céim 1 do Chontae na Gaillimhe déanta mar chuid de phróiseas an phlean. Tá an próiseas SFRA comhtháite freisin sa phróiseas Measúnaithe Straitéiseach Comhshaoil atá á dhéanamh freisin ag an am céanna a bhfuil an Plean Forbartha Contae á ullmhú. Beidh pleananna sraith íochtarach, ar nós na bPleananna Ceantar Áitiúla, faoi réir a gcuid riachtanas SRFA féin.

Rinneadh agus ullmhaíodh an SFRA de réir *An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla* (2009). Is é cuspóir an SFRA saincheisteanna tuilte nó bainistíochta uisce dromchla a bhaineann leis an gContae a bhféadfadh sé gur gá tuilleadh fiosruithe a dhéanamh fúthu ag leibhéal cuí an phlean, nó ag leibhéal an iarratais phleanála a aithint, agus bearta a mholadh freisin

le comhtháthú sa Phlean Forbartha Contae a chuirfidh le bainistíocht riosca tuilte sa Chontae agus Treoirínte Bainistíochta Riosca Tuilte a chomhlíonadh araon.

Tá ceantair i gContae na Gaillimhe a bhfuil baol tuilte iontu agus is féidir le hathruithe a bhaineann le téamh domhanda ar nós minicíochtaí imeachtaí móra báistí méadaithe, ardú ar leibhéal na farraige, minicíocht mhéadaithe stoirmeacha agus tuilte ghaolmhara (Féach Léarscáileanna SFRA) an baol seo a ghéarú.

Méadaíonn coinníollacha áitiúla ar nós tailte atá suite go híseal agus dromchla uisce a dhraenálann go mall an baol tuilte. Is féidir le gníomhaíochtaí daonna an riosca seo a mhéadú lena n-áirítear fásra nádúrtha a imríteach chun áit a dhéanamh do thalmhaíocht, draenáil/athshlánú portaigh agus bogaigh agus forbairt lonnaithe i dtuilemhanna aibhneacha agus línte cósta atá ag creimeadh nó suite go híseal chomh maith le patrúin aimsire a athrú. Mura bhfuil sé pleanáilte go maith, is féidir le forbairt bonneagair, oibríochtaí foraoiseachta agus forbairt uirbeach sa tuilemhá, mar shampla, a bheith ina chúis freisin le guaiseacha tuilte, creimeadh cósta/tuilte agus cailíteanas gnáthóg.

Soláthraíonn SFRA Chontae na Gaillimhe (Céim 1 SFRA lena n-áirítear léarscáileanna tuilte) atá i gcáipéisí tacaíochta an Phlean Forbartha seo, eolas faoi tháscairí éagsúla riosca tuilte a tharlaíonn laistigh den Chontae.

### 8.6.3 Criosanna Tuilte agus an Cur Chuige Seicheamhach

Leagan *Treoirínte an Chórais Phleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte* (2009) amach cur chuige seicheamhach a úsáid lena chinntiú go ndírítear forbairt i dtreo na talún a bhfuil baol íseal tuilte ag baint leis. Baineann an cur chuige seicheamhach úsáid as measúnú riosca tuilte agus as criosanna tuilte a fháil amach roimh ré do thuilte abhann (abhann). Tá sé riachtanach go gcuirfí san áireamh freisin an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint le foinsí eile tuilte (m.sh. cósta agus báistiúil) i ngach réimse agus céim den phróiseas pleanála.

Tá trí chineál nó leibhéal criosanna tuilte sainmhínithe ar mhaithe ar mhaithe le *Treoirínte an Chórais Phleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte* (2009) a chur i bhfeidhm:

1. **Crios Tuilte A** – áit a bhfuil an dóchúlacht tuilte ó aibhneacha agus an fharraige is airde (níos mó ná 1% nó 1 as 100 do thuilte abhann nó 0.5% nó 1 as 200 do thuilte cósta);
2. **Crios Tuilte B** – áit a bhfuil an dóchúlacht tuilte ó aibhneacha agus an fharraige measartha (idir 0.1% nó 1 as 1000 agus 1% nó 1 as 100 do thuilte abhann agus idir 0.1% nó 1 as 1000 bliain agus 0.5% nó 1 as 200 do thuilte cósta); agus
3. **Crios Tuilte C** – áit a bhfuil an dóchúlacht tuilte ó aibhneacha agus an fharraige íseal (níos lú ná 0.1% nó 1 as 1000 do thuilte abhann agus cósta araon). Clúdaíonn Crios C gach ceantar nach bhfuil i gcriosanna A nó B.

Léiríonn Tábla 8.1 thíos na cineálacha úsáidí talún atá oiriúnach do gach ceann de na Criosanna Tuilte a haithníodh laistigh den Chontae, i gcomhréir le *Treoirínte an Chórais Phleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte* (2009). Sa chás agus go moltar úsáidí forbartha/talún a meastar atá míchuí don Chrios Talún, ansin beidh gá le Tástáil Fíréanaithe Bainistíochta Forbartha agus Measúnú Riosca Tuilte ar Shuíomh ar Leith i gcomhréir le *Treoirínte an Chórais Phleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte* (2009).

Úsáidí Talún	Crios Talún A	Crios Talún B	Crios Talún C
HVD – Forbairt atá an-leochaileach	Míchuí (beidh gá le Tástáil Fíréanaithe & Measúnú Riosca Tuilte mionsonraithe má mholtar sin)	Míchuí (beidh gá le Tástáil Fíréanaithe & Measúnú Riosca Tuilte mionsonraithe má mholtar sin)	Cuí (déanfar scagadh do riosca tuilte)
LVD – Forbairt nach bhfuil chomh leochaileach	Míchuí (beidh gá le Tástáil Fíréanaithe & Measúnú Riosca Tuilte mionsonraithe má mholtar sin)	Míchuí toisc athrú aeráide (beidh gá le Tástáil Fíréanaithe & Measúnú Riosca Tuilte mionsonraithe má mholtar sin)	Cuí (déanfar scagadh do riosca tuilte)
WCD – Forbairt Chomhoiriúna	Míchuí (d'fhéadfadh gá a bheith le Measúnú Riosca Tuilte)	Míchuí (d'fhéadfadh gá a bheith le Measúnú Riosca Tuilte)	Cuí (déanfar scagadh do

ch Uisce	mionsonraithe)	mionsonraithe)	riosca tuilte)
----------	----------------	----------------	----------------

**Tábla 8.1: Criosanna Tuilte agus Úsáidí Oiriúnacha Talún**

**Nóta:** Féach ar na Treoirlínte Bainistíochta Riosca Tuilte le haghaidh sonraí breise.

1. **HVD** – Tithe, scoileanna, ospidéal, institiúidí cónaithe, seirbhísí éigeandála, bonneagar riachtanach, etc.
2. **LVD** – Úsáidí geilleagracha (miondíol, fóillíocht, trádstóráil, tráchtála, tionsclaíoch, institiúidí neamhchónaitheacha, etc.), talamh agus foirgnimh a úsáidtear do thalmhaíocht nó foraoiseacht, bonneagar áitiúil iompair, etc.
3. **WCD** – Dugaí, muiríní, céanna, turasóireacht agus áineas uisce-bhunaithe (gan chóiríocht chodlata san áireamh), spás oscailte taitneamhachta, spóirt agus caitheamh aimsire, bonneagar rialaithe tuilte, etc.

Go ginearálta, ba chóir forbairt a bhfuil baol tuilte ag baint leis i dtuilemhánna a choinneáil teoranta. Ba chóir forbairt a choinneáil teoranta freisin ar thailte a aithnítear mar “thailte tairbhiúla” mar d’fhéadfadh sé go mbeadh saincheistean leagáide riosca tuilte sna réimsí seo.

**Nóta Comhairle:**

Is tacar sonraí faisnéise atá ag teacht chun cinn é faisnéis faoi ghuais tuilte agus riosca tuilte. Féadfar léarscáileanna guaise tuilte a úsáideann an Chomhairle a athrú i bhfianaise sonraí agus anailíse sa todhchaí go háirithe an CFRAMS. Dá bhrí sin, moltar do gach úinéir talún agus forbróir nach nglacann Comhairle Contae na Gaillimhe aon fhreagracht as cailteanas ná damáiste a eascraíonn as measúnaithe faoi bhaol tuilte ar thalamh, úsáidí agus forbairtí.

Moltar d’úinéirí, úsáideoirí agus forbróirí gach beart réasúnach a thógáil chun baol tuilte a mheas i limistéar ar leith, sula cuirtear iarratas pleanála isteach.

## 8.7 Polasaithe agus Cuspóirí Bainistíochta Riosca Tuilte

### Polasaithe Bainistíochta Riosca Tuilte

#### **Polasaí FL 1 – Treoirlínte Bainistíochta Riosca Tuilte**

Is polasaí de chuid Chomhairle Contae na Gaillimhe é tacú, i gcomhoibriú leis an OPW, le feidhmiú Treorach Riosca Tuilte an AE (2007/60/CE), na Rialachán Riosca Tuilte (I.R. Uimh. 122 de 2010) agus an foilseachán Treoirlínte an Chórais Phleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte (2009) an DEHLG/OPW (agus aon reachtaíocht nua/ina ionad nó treoir polasaí). Cuirfidh Comhairle Contae na Gaillimhe Staidéir Bhainistíochta agus Measúnú Riosca Tuilte Idirnáisiúnta na Sionainne agus Abhantrach an Iarthair san áireamh freisin.

#### **Polasaí FL 2 – Pleanáil Abhantraí**

Oibreoidh an Chomhairle go gníomhach leis an gClár CFRAM agus Grúpaí Pleanála Tuilte atá dobharcheantar bhunaithe, go speisialta in oirthear an Chontae áit a dtéann dobharcheantair amach thar theorainn riaracháin na Comhairle, i bhforbairt agus i bhfeidhmiú straitéisí dobharcheantar bhunaithe chun riosca tuilte a bhainistiú – lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le stóráil agus iompar.

#### **Polasaí FL 3 – Feabhsúchán agus/nó Athchóiriú Feidhmeanna Nádúrtha Bainistíochta Riosca Tuilte**

Nuair atá acmhainní ar fáil agus faoi réir na dTreoracha Gnáthóga agus Éin a chomhlíonadh, cuirfidh an Chomhairle le feabhsúchán agus/nó athchóiriú feidhmeanna nádúrtha bainistíochta riosca tuilte na dtuilemhánna.

#### **Polasaí FL 4 – Prionsabail na dTreoirlínte Bainistíochta Riosca Tuilte**

Cuirfidh an Chomhairle príomh-phrionsabail na bainistíochta riosca tuilte atá leagtha amach sna Treoirlínte Bainistíochta Riosca Tuilte i bhfeidhm mar seo a leanas:

- a) Seachain forbairt a d’fhéadfadh a bheith i mbaol ó thuilte nó a mhéadóidh an baol tuilte in áit éigin eile, nuair is féidir;
- b) Cuir úsáidí nach bhfuil chomh baolach ina n-áit, nuair nach féidir iad a sheachaint; agus
- c) Déan maolú agus bainistiú ar an riosca, nuair nach féidir é a sheachaint nó a ionadú.

Níor chóir forbairt a cheadú ach i gceantair atá i mbaol tuilte nuair nach bhfuil aon rogha láithreán réasúnta eile ar fáil i gceantair a bhfuil baol níos lú ag baint leo agus a chomhlíonann na cuspóirí a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.

Ba chóir forbairt i gceantair a bhfuil an baol tuilte is mó ag baint leo a sheachaint agus/nó a mheas i gcúinsí eisceachtúla amháin (trí Thástáil Fíréanaithe forordaithe) mura bhfuil a ndóthain talún ná

láithreán ar fáil i gceantair a bhfuil baol íseal tuilte luaite leo.

### **Polasaí FL 5 – SFRA Pleananna Srathaithe Íseal**

Cuirfear pleananna srathaithe íseal faoi SFRA (Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte) i gcomhréir leis na Treoirí Bainistíochta Riosca Tuilte agus i gcomhairle leis an OPW.

## **Cuspóirí Bainistíochta Riosca Tuilte**

### **Cuspóir FL 1 – Measúnacht agus Bainistíocht Riosca Tuilte**

Cloí le riachtanais *Threoirínte an Chórais Phleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte d'Údaráis Phleanála* an DoEHLG/OPW agus an *Doiciméad Aguisíní Teicniúla 2009* a théann leis (lena n-áirítear aon doiciméid nua/ina ionad sin).

Beidh sé seo a leanas san áireamh:

- a) Seachain, laghdaigh agus/maolaigh, mar is cuí i gcomhréir leis na Treoirínte;
- b) Beidh ar thograí forbartha i gceantair a bhfuil baol tuilte aitheanta leo nó a bhféadfadh tuilte tarlú iontu nó a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tuilte in áit eile Measúnú Riosca Tuilte ar Shuíomh Sonrach a dhéanamh, agus tástáil fíreanaithe nuair atá sé oiriúnach, i gcomhréir le forálacha na *d'Treoirínte an Chórais Phleanála agus na Bainistíochta Riosca Tuilte 2009* (nó aon doiciméad ina ionad sin);
- c) De ghnáth ní cheadófar forbairtí a bheadh faoi réir riosca míchuí tuilte nó a bheadh mar chúis nó a dhéanfadh níos measa a leithéid de riosca ag láithreacha eile;
- d) Beidh Comhairle Contae na Gaillimhe ag oibriú le comhlachtaí agus eagraíochtaí eile, mar is cuí, chun cabhrú le cosaint a thabhairt do bhonneagar criticiúil, lena n-áirítear uisce agus fuíolluisce, laistigh den Chontae, ó bhaol tuilte.

### **Cuspóir FL 2 – Draenáil Uisce Dromchla agus Córais Inbhuanaithe Dhraenála (SuDs)**

Cuir cothabháil agus feabhas, mar is cuí, ar an gcóras draenála uisce dromchla atá sa Chontae cheana féin. Bí cinnte go ndéantar a ndóthain seirbhísiú le bonneagar draenála dromchla uisce ar fhorbairtí nua agus cuir chun cinn Córais Inbhuanaithe Dhraenála a úsáid i ngach forbairt nua. Beidh rith chun srutha uisce dromchla ó láithreáin fhorbartha teoranta do na leibhéil réamh-fhorbartha agus beidh iarratais phleanála ag teastáil le haghaidh forbairtí nua chun sonraí draenála uisce dromchla agus moltaí do chórais inbhuanaithe dhraenála a chur ar fáil.

### **Cuspóir FL 3 – Cosaint Dobharlach agus Sruthchúrsaí**

Cosain dobharlach agus sruthchúrsaí laistigh den Chontae ó fhorbairt mhíchuí, lena n-áirítear aibhneacha, srutháin, stiallacha neamhfhorbartha bruachánach gaolmhara, bogaigh agus tuilemhánna nádúrtha. Beidh maoláin chosanta san áireamh anseo i gceantair abhann, bhogaigh agus chósta mar is cuí.

### **Cuspóir FL4 – Measúnacht Riosca Tuilte d'Iarratais Phleanála agus CFRAMS**

Tá Measúnú Riosca Tuilte (FRA) do shuíomh ar leith ag teastáil do gach iarratas pleanála i gceantair atá i mbaol tuilte, fiú amháin le haghaidh forbairtí atá oiriúnach don chrios tuilte ar leith. Beidh an mionsonrú de na FRAanna seo ar shuíomh ar leith ag brath ar an leibhéal riosca agus scála na forbartha. Ba chóir go ndéanfadh FRA mionsonraithe ar shuíomh ar leith cainníochtú ar na rioscaí, éifeachtaí maolaithe roghnaithe agus bainistíú aon rioscaí iarmharacha.

Beidh aird ag an gComhairle ar na torthaí ó aon Staidéar CFRAM agus iarratais phleanála á measúnú.

### **Cuspóir FL 5 – SFRA/FRA agus Athrú Aeráide**

Cuirfidh SFRAanna agus FRAanna ar shuíomh ar leith eolas ar fáil faoi impleachtaí athrú aeráide maidir le riosca tuilte in áiteanna ábhartha. Rachfar i gcomhairle le Dréacht-Treoir an OPW 2009 ar *Measúnú Cásanna Poitéinsíúla sa Todhchaí do Bhainistíocht Riosca Tuilte* (nó aon doiciméad ina ionad sin) chun na críche sin.

### **Cuspóir FL 6 – FRA agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA)**

D'fhéadfadh riosca tuilte a bheith ionann le tionchar suntasach timpeallachta de thogra forbartha a d'fhéadfadh i gcúinsí áirithe tús a chur le EIS a bheadh fo-thairseach. Ba chóir, dá réir sin, go mbeadh FRA mar chuid lárnach d'aon EIA a dtugtar faoi do thionscadail laistigh den Chontae.

## Caibidil 9

### Bainistiú Oidhreachta, Tírdhreacha agus Comhshaoil

---

#### 9.1 Réamhrá

Is acmhainn an-luachmhar, fhinideach í ár n-oidhreacht agus tá sé tábhachtach go dtuigimid luach ár n-oidhreacht dár gcaighdeán maireachtála agus dár ngníomhaíochtaí laethúla uile. Is féidir gnéithe tógtha, nádúrtha agus cultúrtha a bhaineann leis an am a caitheadh agus na scileanna a úsáidtear ina chruthú agus a chothabháil, a bheith i gceist le hoidhreacht.

Déantar cinntí gach lá faoi na gnéithe dár n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha a choinneoidimid agus na gnéithe is ceart a chaitheamh uainn. Go minic bíonn na cinntí neamh-chomhfhiosach agus is minic a mbíonn siad bunaithe ar ár gcuid luachanna agus ár dtuiscint ar céard é luach oidhreachta. Tá sé tábhachtach go mbeimid freagrach as ár gcuid gníomhaíochtaí agus tuiscint a bheith againn ar na himpleachtaí a bhaineann le cosaint agus marthanas na hoidhreachta i gcoitinne. Tá sé riachtanach go bhfeicfeadh na páirtithe leasmhara uile go bhfuil freagracht roinnte acu dá n-oidhreacht.

Caithfidimid a bheith aireach freisin go bhfuilimid ag cruthú oidhreachta an lae amárach. Caithfidimid a chinntiú go mbeidh na glúine sa todhchaí bródúil as an oidhreacht uirbeach agus tuaithe a fhágfaimid mar oidhreacht. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go bhfuil polasaithe agus cuspóirí soiléire ann chun ár n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha a úsáid, a chaomhnú agus a bhainistiú i gceart.

#### 9.2 An Comhthéacs Straitéiseach agus Aidhmeanna Straitéiseacha

Tá roinnt coinbhinsiún ildirnáisiúnta agus eorpach agus Treoracha an AE maidir leis an oidhreacht sínithe agus daingnithe ag Rialtas na hÉireann. Stiúir na coinbhinsiún agus na treoracha seo forbairt reachtaíochta náisiúnta chun ár n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha a chosaint. Tacaíonn na Treoirilínte Réigiúnacha Pleanála le cur chuige coiteann idir Údaráis Áitiúla sa réigiún chun an oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha sa réigiún a bhainistiú agus a chosaint. Is plean straitéiseach 6 bliana é Plean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe ina leagtar amach roinnt gníomhartha a bhfuil sé d'aidhm acu díriú ar fheasacht agus ar thuiscint, agus oidhreacht an Chontae a chaomhnú agus a bhainistiú ag an am céanna. Cuireann Plean Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe creat ar fáil chun bithéagsúlacht agus oidhreacht nádúrtha ag leibhéal an Chontae a chaomhnú.

- Chun feabhas cuí na timpeallachta nádúrtha agus thógtha a chur chun cinn mar chuid lárnach d'aon fhorbairt a dhéanfaí;
- Chun cothromaíocht réasúnach a chur chun cinn idir bhearta caomhnaithe agus riachtanais fhorbartha ar mhaithe le forbairt rialta agus inbhuanaithe.
- Chun na catagóirí tírdhreacha laistigh den Chontae a chosaint agus chun tionchair dhiúltacha ar an timpeallacht a sheachaint;
- Chun feabhas cuí na timpeallachta nádúrtha a chur chun cinn mar chuid lárnach d'aon fhorbairt a dhéanfaí.

#### 9.3 Polasaithe Ginearálta Oidhreachta

##### Polasaithe Ginearálta Oidhreachta

**Polasaí GH 1** – Carachtar speisialta an Chontae a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú mar atá sainmhínithe ag a bhithéagsúlacht agus a oidhreacht nádúrtha, a thimpeallacht thógtha, a thírdhreach agus a oidhreacht chultúrtha, shóisialta agus spóirt.

**Polasaí GH 2** – Cinntiú go bhfuil cosaint na hoidhreachta mar bhunchuid de pholasaithe comhtháite faoi fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus de phleanáil uirbeach agus tuaithe.

**Polasaí GH 3** – Na forálacha reachtaíochta den *Acht Pleanála agus Forbartha 2000* (arna leasú), a



thugann cosaint d'oidhreacht ailtireachta, seandálaíochta agus nádúrtha a chur i bhfeidhm.

**Polasaí GH 4** – Dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile (agus pobail áitiúla go háirithe) faoi nithe a bhaineann leis an oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha a chosaint.

## 9.4 An Oidhreacht Thógtha

### 9.4.1 An Comhthéacs Reachtach

Sa bhliain 1997, dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta na hEorpa Granada 1986, agus tugadh isteach forálacha reachtaíochta á chosaint in *Cuid IV den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000*. Cuireann *Treoirlínte um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta d'Údarás Pleanála (2011)* agus Sraith Comhairle arna bhfoilsíú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta eolas ar fáil.

### 9.4.2 An Oidhreacht Ailtireachta

Tá cruth fisiciúil na struchtúr aonair faoin tuath agus i mbailte agus i sráidbhailte Chontae na Gaillimhe tagtha chun cinn thrí thréimhsí éagsúla. Tá carachtar ag baint leis an gcomhshaol tógtha atá forbartha le blianta, a chuireann le ceantair shuaithinseach éagsúla réigiúnacha agus áitiúla i gContae na Gaillimhe.

Is acmhainn uathúil agus speisialta í oidhreacht ailtireachta na Gaillimhe. Ní hé amháin go mbaineann éachtaí iontach ealaíonta na staire lenár n-oidhreacht ailtireachta, ach baineann obair laethúil cheardaíochta na staire léi freisin. Tá carachtar agus spéis ar leith bainte amach ag struchtúir agus áiteanna le himeacht ama de bharr go bhfuil siad fós ann agus go bhfuil eolas orthu. Cuireann siad ancaire ar fáil i saol atá de shíor ag athrú. Chuir ár n-aeráid tástáil ar gach páirt leo, agus tá luach bainte amach acu siúd atá tar éis theacht tríd anró an tsaol agus síor-úsáid. Má bhainimid sásamh as torthaí na hoidhreachta seo, tá sé de dhualgas orainn a chinntiú go ndéantar caomhnú ar an oidhreacht le tabhairt don chéad ghlúin eile. Má bhaintear ath-úsáid báuil as an oidhreacht ailtireachta tabharfaidh sé deis sásamh a bhaint aisti agus úsáid a bhaint aisti sa todhchaí.

### 9.4.3 Struchtúir Chosanta

Is éard atá i struchtúr cosanta ná struchtúr a mheasann an tÚdarás Pleanála go bhfuil spéis speisialta ag baint leis maidir le gnéithe ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíonta, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla. Tá sonraí struchtúr cosanta ag an tÚdarás Pleanála ina dTaifead de Struchtúir Chosanta (RPS). Is éard atá sa Taifead de Struchtúir Chosanta ná an taifead atá sa Phlean Forbartha, agus atá ceart ag am a eisiú. Is féidir é a leasú trí bhreis iontrálacha nó scrios iontrálacha neamhspleách ar an bpróiseas athbhreithnithe den Phlean Forbartha.

Ní chiallaíonn struchtúr a chur san RPS nach féidir forbairt nó úsáid chuí a bhaint as. Déantar sainmhíniú ar an bhfocal cosaint san *Acht Pleanála agus Forbartha, 2000* (arna leasú) lena n-áirítear, maidir le struchtúr, nó cuid de struchtúr, caomhnú, coinneáil agus feabhsú atá comhoiriúnach le carachtar agus le spéis an struchtúir a choinneáil. Tugtar cosaint do:

- a) Taobh istigh den struchtúr;
- b) An talamh a luíonn laistigh de chúirtealáiste an struchtúir;
- c) Aon struchtúr eile a luíonn laistigh den chúirtealáiste sin agus taobh istigh dóibh, agus gach fearas agus tréithe atá mar chuid de thaobh istigh nó amuigh d'aon struchtúr.

Ní bhaineann gnátheisceachtaí pleanála le struchtúr cosanta ná struchtúr cosanta molta. Ní féidir aon oibreacha, a chuirfeadh as do charachtar an struchtúir, ná aon ghné de, a chuireann leis an spéis speisialta a bhaineann leis, a dhéanamh ar struchtúr cosanta gan cead pleanála. Is féidir le húinéir nó sealbhóir struchtúr cosanta iarratas scríofa a dhéanamh ag an Údarás Pleanála chun Ráiteas Mír 57 a eisiúint maidir leis an gcineál oibreacha, a mheasfadh siad a chuirfeadh nó nach gcuirfeadh as do charachtar an struchtúir nó aon ghné den struchtúr a chuireann leis an spéis speisialta a bhaineann leis.

#### 9.4.4 Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

Is áit, ceantar, grúpa struchtúr nó bailedhreach é Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA), a bhfuil leas speisialta ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíon, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil ag baint leis, nó a chuireann leis an meas atá ar Struchtúr Cosanta. D'fhéadfadh Struchtúir Chosanta a bheith nó gan a bheith i gceist le Limistéar Caomhantais Ailtireachta. In ACA, cuirtear cosaint ar chuma seachtrach limistéar nó struchtúr den sórt sin. Caithfear cead pleanála a fháil sula ndéantar oibreacha suntasacha ar thaobh amuigh de struchtúr in ACA a d'fhéadfadh carachtar an struchtúir nó an ACA, a athrú.

#### 9.4.5 Ailtireacht Dhúchasach

Tagraíonn ailtireacht dhúchasach do na foirmeacha agus cineálacha foirgneamh traidisiúnta a tógadh le hábhair, scileanna agus teicnící tógála áitiúla á n-úsáid agus atá mar chuid ríthábhachtach den tírdhreach. Áirithe anseo tá foirgnimh thraidisiúnta tí ar nós teachíní ceann tuí ach d'fhéadfadh struchtúir thraidisiúnta eile a bheith san áireamh freisin cosúil le siopaí, áitribh feirme, tithe amuigh, gnéithe de thionscail san aimsir atá caite, cosúil le tornóga aoil, muilte, ceártaí, agus a dtáirgí, cosúil le geataí. Léiríonn na struchtúir seo stair agus carachtar sainiúil áitiúil a bhaineann le háit. Ní hé amháin go bhféadfadh cailteanas ailtireacht dúchasaigh tarlú de bharr deireadh a chur le foirgnimh iomlán ach d'fhéadfadh sé tarlú freisin de bharr cnaí de réir a chéile ar mhionsonraí cosúil le clúdaigh agus oscailtí dín a athsholáthar le hábhair nua-aimseartha. Ba cheart go mbeadh aon athruithe atá molta do struchtúr dúchasach báuil lena ghnéithe speisialta agus lena charachtar agus a chinntiú go gcoinneofar á úsáid.

#### 9.4.6 Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Struchtúir atá Tógtha go Traidisiúnta

Ní mór do thograí chun feabhas a chur ar fheidhmíocht théarmach na bhfoirgneamh stairiúil agus chun teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur isteach a bheith íogair le modhanna traidisiúnta tógála lena chinntiú go bhfuil na hoibreacha atá beartaithe ag teacht leis an modh traidisiúnta a nglactar leis chun deis a thabhairt do thaise a bheith suite isteach agus scaoilte leis go héasca. Comhlíonann aeráil na spásanna inmheánacha an fheidhm thábhachtach chun deis anála a thabhairt don fhoirgneamh. D'fhéadfadh iarmhairtí a mbeadh dochar neamhbheartaithe iontu d'fhoirgnimh stairiúla traidisiúnta a bheith ag idirghabhálacha cosúil le táirgí neamh-thréscailteacha foirgníochta. Ní mór suíomh phainéil ghréine, tuirbíní gaoithe nó teicneolaíochtaí in-athnuaite eile a mheas go cúramach i dtimpeallacht stairiúil.

#### 9.4.7 Tírdhreacha Deartha

Is gairdíní, páirceanna nó eastáit iad tírdhreacha deartha stairiúla a leagadh amach d'aon ghnó chun feidhm ar leith a chruthú. Trí úsáid a bhaint as gnéithe cosúil le bláthanna, crainn agus srl chun caol-léargais a bhunú, ag athrú cúrsaí abhann chun lochanna a bhunú, ag tógáil ballaí ar ghairdíní chun ceantair fhoscúla a chruthú, cruthaíodh comhdhéanamh ailtireachta agus gairneoireachta. Baineann tírdhreacha deartha na Gaillimhe go príomha le diméinte a bhaineann le tithe móra tuaithe, agus is minic a bhíonn siad leagtha amach ina struchtúr cosanta.

### 9.5 Polasaithe agus Cuspóirí na hOidhreachta Ailtireachta

#### Polasaithe na hOidhreachta Ailtireachta

##### **Polasaí AH1 – Oidhreacht Ailtireachta**

Oidhreacht Ailtireachta Chontae na Gaillimhe ar acmhainn uathúil agus speisialta atá ann a chosaint.

##### **Polasaí AH 2 – Scileanna Traidisiúnta**

Bunachar sonraí a choinneáil maidir le scileanna traidisiúnta tógála, agus oiliúint agus feasacht ar úsáid ábhair agus scileanna cuí a chur chun cinn laistigh den Údarás Áitiúil, grúpaí pobail agus Úinéirí agus áititheoirí na struchtúr atá tógtha go traidisiúnta.

#### Cuspóirí na hOidhreachta Ailtireachta

##### **Cuspóir AH 1 – Comhthéacs Reachtaíochta**

Cosaint Oidhreacht Ailtireachta Chontae na Gaillimhe ar acmhainn uathúil agus speisialta atá ann a

chinntiú, go háirithe trí na forálacha reachtaíochta den *Acht Pleanála agus Forbartha 2000* (arna leasú) a chur i bhfeidhm maidir le hoidhreacht ailtireachta agus an treoir-pholasáí atá sna *Treoirlínte um Chosaint Oidhreacht Ailtireacht 2011* (agus aon doiciméad nua/ina ionad sin).

#### **Cuspóir AH 2 – Struchtúir Chosanta** (Féach ar Aguisín V)

Cosaint agus feabhsú báúil na struchtúr atá curtha san áireamh agus beartaithe le cur i dTaifead na Struchtúr Cosanta (RPS) a chinntiú agus a bhfuil leas speisialta ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil ag baint leo, chomh maith le sláine a gcarachtar agus a suíomh.

#### **Cuspóir AH 3 – Limistéar Caomhantais Ailtireachta** (Féach ar Aguisín III)

An ghné bhunúsach d'aon Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) a chaomhnú agus a fheabhsú tríd an bhainistiú agus rialú iomchuí ar an dearadh, an suíomh agus leagan amach ar fhorbairt, athruithe nó síntí nua ar struchtúir atá ann cheana féin, ag teacht slán as comhchealga stairiúla agus patrúin sráide agus/nó mionathruithe ar charachtar nó ar shuíomh an Limistéir Caomhantais Ailtireachta. D'fhéadfaí aithint limistéar spéise speisialta a mheas i rith shaolré an Phlean i gceachtar suímh uirbeacha nó tuaithe. (*Féach Léarscáil AH1*)

#### **Cuspóir AH 4 – Oibreacha a Bhaineann le Struchtúir Chosanta agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta**

Cinntiú go mbeidh aon fhorbairt, mionathruithe, athruithe, nó síntí a dhéanann difríocht ábhartha do charachtar Struchtúr Cosanta, nó struchtúr atá buailte ar struchtúr cosanta, nó struchtúr laistigh nó in aice le Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA), suite agus deartha go cuí agus nach bhfuil sé díobhálach do charachtar nó do shuíomh an struchtúr cosanta nó an ACA. Beidh siad seo a leanas san áireamh:

- a) Beidh gá le cead pleanála d'oibreacha a dhéanann difríocht ábhartha do charachtar Struchtúr Cosanta nó an taobh amuigh de fhoirgneamh/struchtúr laistigh de ACA;
- b) Beidh aon oibreacha a dhéanfar ar Struchtúr Cosanta nó ar an taobh amuigh de fhoirgneamh/struchtúr laistigh de ACA i gcomhréir leis an gcleachtas caomhantais is fearr agus úsáidfeair ábhair inbhuanaithe agus chuí.

Cinnteadh oibreacha laistigh den ACA go gcaomhnófar gnéithe traidisiúnta agus gnéithe tógála a chuireann le carachtar an cheantair. Beidh aird chuí ag moltaí nua ar scála, plota, foirm, mais, dearadh, ábhair, dathanna agus feidhm.

#### **Cuspóir AH 5 – Scartáil**

Tograí forbartha a chosc, go hiomlán nó cuid dóibh, do scartáil struchtúr cosanta, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, nó i scartáil struchtúir laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta a chuireann le carachtar speisialta an cheantair.

#### **Cuspóir AH 6 – Ailtireacht Dhúchasach**

Tábhacht an méid a chuireann ailtireacht dhúchasach le carachtar áite a aithint agus cosaint, coinneáil agus athbheochan ábhartha agus úsáid na hoidhreachta a tógadh go dúchasach a chinntiú, lena n-áirítear struchtúir a chuireann leis an tírdhreach agus carachtar sráid-dreach agus seasamh in aghaidh scartáil na struchtúr seo.

#### **Cuspóir AH 7 – Logainmneacha Áitiúla**

Logainmneacha áitiúla a chosaint mar chuid thábhachtach den oidhreacht chultúrtha agus carachtar uathúil an cheantair. Tacú le húsáid ainmneacha ábhartha d'fhorbairtí nua a léiríonn carachtar agus oidhreacht an cheantair agus a chuireann le sainiúlacht áitiúil áite.

#### **Cuspóir AH 8 – Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Struchtúir atá Tógtha go Traidisiúnta**

Cinntiú go bhfuil bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh Struchtúr Cosanta agus struchtúir stairiúla atá tógtha go traidisiúnta a uasghrádú íogair ó thaobh modhanna tógála traidisiúnta agus go n-úsáidtear na hábhair oiriúnacha agus nach mbeidh tionchar díobhálach acu ar charachtar ábhair, aeistéitiúil ná amhairc an fhoirgnimh.

#### **Cuspóir AH 9 – Measúnú Tírdhreacha agus Áit Áitiúil**

Chun tacú le tograí ó phobail áitiúla lena n-áirítear Coistí Bailte Slachtmhara, Cumainn Thráchtála agus grúpaí cónaitheoirí chun anailís a dhéanamh ar charachtar a n-áite agus a athnuachan chun úsáid agus sásamh a bhaint as iad féin agus do chuariteoirí chuig an ceantar a chur chun cinn.

### **Cuspóir AH 10 –Tírdhreacha Deartha**

Na tírdhreacha deartha stairiúla atá fós slán sa Chontae a aithint agus a mheas agus caomhnú a gcarachtar riachtanach, tógtha agus nádúrtha araon, a chur chun cinn.

### **Cuspóir AH 11 – Caomhnóireacht**

Cur chuige idir-dhisciplíneach a chur chun cinn ag léiriú dea-chleachtas maidir le caomhnóireacht Struchtúr Cosanta, Séadchomharthaí Taifeadta agus gnéithe den oidhreacht thógtha.

## 9.6 An Oidhreacht Seandálaíochta

Áirítear le hoidhreacht seandálaíochta Chontae na Gaillimhe struchtúir, foirgnimh, grúpaí foirgneamh, suíomhanna forbartha, gach séadchomhartha atá taifeadta chomh maith lena gcomhthéacsanna, agus nithe so-chorraithe atá suite ar an talamh agus faoin uisce araon.

Tá gach séadchomhartha seandálaíochta a bhfuiltear ar an eolas faoi curtha san áireamh sa Taifead reachtúil de Shéadchomharthaí agus Áiteanna. Bunaíodh an Taifead de Shéadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Arna Leasú), 1994 agus tugtar Séadchomharthaí Taifeadta ar struchtúir, gnéithe, nithe nó láithreáin atá ar liosta an RMP. Is gá d'aon duine a bhfuil sé beartaithe acu oibreacha a dhéanamh nó a bhaineann le séadchomhartha taifeadta 2 mhí d'fhógra a thabhairt i scríbhinn don Aire.

Is gá cead a fháil ón Aire roimh ré d'aon oibreacha a d'fhéadfadh difríocht a dhéanamh do shéadchomhartha náisiúnta atá faoi úinéireacht nó chaomhnóireacht an Aire nó Údarás Áitiúil nó atá faoi chosaint ag Ordú Buanchoimeáda.

D'fhéadfaí struchtúir sheandálaíochta, i gcásanna áirithe, a mheas mar oidhreacht ailtireachta agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh siad a bheith ar an Taifead de Shéadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) agus ar an Taifead de Struchtúir Chosanta (RPS). Dá réir sin, tugann an tAcht um Séadchomharthaí Náisiúnta agus an *tAcht Pleanála agus Forbartha 2000* araon cosaint do na struchtúir sin.

Tá Reiligí ina gcuid thábhachtach d'oidhreacht áitiúil agus is minic a bhíonn iarsmaí ann i gcónaí nó láithreáin struchtúr a bhí ann níos luaithe agus bíonn an-éagsúlacht de bheatha phlandúil agus ainmhithe ann freisin. Tugann Mír 12 den Acht um Séadchomharthaí Náisiúnta (Arna leasú), 1994 cosaint do Reiligí, atá liostaithe sa Taifead de Shéadchomharthaí agus Áiteanna. Is gá dul i gcomhairliúchán le Seirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta sula dtugtar faoi aon oibreacha atá beartaithe maidir le reiligí stairiúla.

Tá cóipeanna de Thaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna do Chontae na Gaillimhe ar fáil ó Rannóg Pleanála Chomhairle Contae na Gaillimhe agus ó Leabharlanna Chontae na Gaillimhe nó ar líne ag [www.archaeology.ie](http://www.archaeology.ie)

## 9.7 Polasaithe agus Cuspóirí na hOidhreachta Seandálaíochta

### **Polasaithe na hOidhreachta Seandálaíochta**

#### **Polasaí ARC 1 – Comhthéacs Reachtaíochta**

Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae na Gaillimhe caomhnú agus bainistíocht agus feabhsú cuí oidhreacht sheandálaíochta an Chontae laistigh de cheantar an Phlean a chur chun cinn agus tacú leis. Cinnteoidh Comhairle Contae na Gaillimhe go gcuirfear na forálacha reachtaíochta, reachtúla agus polasaí a bhaineann le caomhnú na hoidhreachta seandálaíochta i bhfeidhm.

#### **Polasaí ARC 2 – Láithreáin Sheandálaíochta**

Féachaint le feacht a chur chun cinn agus rochtain ar láithreáin sheandálaíochta sa Chontae nuair is cuí.

#### **Polasaí ARC 3 – Comhairliúchán**

Dul i gcomhairle le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le forbairtí atá beartaithe in aice le láithreáin sheandálaíochta.

#### **Polasaí ARC 4 – Bainistíocht Láithreán agus Séadchomharthaí Seandálaíochta**

Tacú le buanchoimeád, caomhnú agus bainistiú láithreán agus séadchomharthaí seandálaíochta, in éineacht leis na háiteanna a bhfuil na séadchomharthaí seo suite.

#### **Polasaí ARC 5 – Oidhreacht Seandálaíochta**

Cosaint agus feabhsú báuil na hOidhreachta Seandálaíochta i gCeantar an Phlean a chinntiú, go háirithe trí na forálacha ábhartha san *Acht Pleanála agus Forbartha 2000* (arna leasú), agus *An Beartas Náisiúnta ar Chosaintí Baile, 2008* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil) a chur i bhfeidhm.

#### **Polasaí ARC 6 – Tírdhreacha Seandálaíochta**

Aithint Thírdhreacha Seandálaíochta tábhachtacha sa Chontae a éascú nuair is féidir.

### **Cuspóirí na hOidhreachta Seandálaíochta**

#### **Cuspóir ARC 1 – Láithreáin Sheandálaíochta a Chosaint**

Láithreáin agus séadchomharthaí seandálaíochta agus a suíomhanna, agus taitneamhacht amhairc; ábhair sheandálaíochta agus láithreáin sheandálaíochta faoi uisce atá liostaithe i *dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna*, faoi úinéireacht/chaomhnóireacht an Stáit, nó atá faoi réir Orduithe Buanchoimeáda nó a bhí cláraithe i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla a chosaint agus féachaint le cosaint a thabhairt do thírdhreacha tábhachtacha seandálaíochta.

#### **Cuspóir ARC 2 – Bainistíocht Forbartha**

Cuirfidh gach iarratas pleanála d'fhorbairt nua, athfhorbairt, aon oibreacha talún, athchóiriú agus athdheisiú, srl. laistigh de limistéir a bhfuil cumas seandálaíochta iontu nó laistigh d'achar gar de Séadchomharthaí Taifeadta nó laistigh de bhailte stairiúla Chontae na Gaillimhe (Ard Raithin, Baile Átha an Rí, An Dún Mór, Dún an Uchta, Baile Locha Riach agus Tuaim) san áireamh oidhreacht seandálaíochta an cheantair agus an gá le maolú seandálaíochta.

#### **Cuspóir ARC 3 – Láithreáin Nua Sheandálaíochta a Chosaint**

Láithreáin Sheandálaíochta a haithníodh tar éis fhoilsiú *Thaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna*, a chosaint agus a chaomhnú.

#### **Cuspóir ARC 4 – Reiligí**

Na reiligí, a haithníodh i *dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna*, i gcomhoibriú le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a chosaint. An pobal áitiúil a spreagadh chun reiligí a bhainistiú i gcomhréir leis na prionsabail chaomhnaithe agus oidhreachta is fearr.

#### **Cuspóir ARC 5 – Láithreáin Chatha**


Láithreán Chath Eachroma agus láithreáin chatha eile agus a suímh a chosaint. Cuir gach iarratas pleanála laistigh de na láithreáin chatha agus a gcuid purlán chuig Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta lena meas.

#### **Cuspóir ARC 6 – Láithreáin Sheandálaíochta Faoi Uisce**

Chun láithreáin sheandálaíochta faoi uisce in aibhneacha, lochanna, suímh idirthaoideach agus fothaoidmhear a chosaint agus a chaomhnú.

#### **Cuspóir ARC 7 – Séadchomharthaí Taifeadta**

Cinntigh go bhfuil aon fhorbairt i gcomharsanacht gar de Shéadchomhartha Taifeadta deartha agus suite go hógair agus nach mbaineann sé taitneamhacht an tSéadchomhartha nó taitneamhacht chun féachaint air den séadchomhartha.



Nóta: Níl Lonnaíochtaí Beaga Léirithe

Teorainn Contae  
 Limistéir Caomhantais Ailtireachta (ACA)



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council

*Phlean Forbartha Contae 2015-2021*

Teideal  
**Limistéir Caomhantais Ailtireachta (ACA) - AH1**

Dáta	Línithe	Scála
Feabhra 2015	LSL	NDS

## 9.8 Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht

### 9.8.1 Comhthéacs

Fágann an éagsúlacht mhór thórdhreacha agus mhuidhreacha, curtha le chéile le suíomh agus aeráid, go bhfuil réimse gnáthóga nádúrtha agus leath-nádúrtha i gContae na Gaillimhe mar thoradh uirthi. Áirítear gnáthóga coillte, féarthailte, tailte fliucha, muiríne, cósta, ardtalún, abhann agus locha leo seo. Tá an bithéagsúlacht faoi bhrú ó fhorbairt agus ó ghníomhaíocht dhaonna. Tá cur chuige inbhuanaithe ag teastáil chun an oidhreacht nádúrtha a chosaint agus a chaomhnú.

Tá na gnáthóga éagsúla sa Chontae ina gcuid den “ghréasán éiceolaíochta” a éascaíonn ghluaiseacht na speiceas idir limistéir agus a chinntíonn feidhmiú éifeachtach agus marthanacht an raon éagsúil gnáthóga agus speiceas sa Chontae. Cuireann gréasáin éiceolaíochta cur chuige atá spásúil agus gréasán-bhunaithe ar fáil maidir le caomhnú bithéagsúlachta, atá éagsúil ón gcur chuige láithreán-bhunaithe ainmniúchán comhshaoil, trí ‘chonairí’ nó ‘clocha cora’ a úsáid a thacaíonn le himirce speiceas, le scaipeadh agus le gluaiseachtaí laethúla idir na ‘limistéir lárnaigh’ agus dá réir a chuireann le córas éiceolaíoch atá níos comhtháite agus níos feidhmiúla.

Tá an éagsúlacht bheatha a fheicimid thart timpeall orainn gach lá san áireamh in oidhreacht nádúrtha, chomh maith leis an tírdhreach agus a bhunús geolaíochta. Is minic a thagraítear don éagsúlacht bheatha mar éagsúlacht bhitheolaíoch nó bithéagsúlacht. Úsáidtear an focal bithéagsúlacht chun cur síos a dhéanamh ar an domhan nádúrtha lena n-áirítear daoine, ainmhithe, plandaí, fungais, miocróib chomh maith leis na háiteanna ina gcónaíonn siad ar a dtugtar gnáthóga. Áirithe in oidhreacht nádúrtha tá réimse leathan próiseas agus gnéithe nádúrtha atá riachtanach chun cur leis an gcaighdeán comhshaoil, bithéagsúlacht éiceolaíochta, carachtar an tírdhreacha, taitneamhacht amhairc, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire, sláinte poiblí agus cumas infheistíochta an limistéir.

Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra faoi choimirce na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus freagrach as ainmniú na Limistéir Oidhreacht Nádúrtha (NHAanna), na Limistéir Caomhantais Speisialta (SACanna) agus na Limistéir Cosanta Speisialta (SPAanna). Is próiseas leanúnach atá in ainmniú láithreán de réir mar a dhéantar athbhreithniú agus mionathrú ar theorainneacha agus de réir mar a chuirtear láithreáin nua ar an liosta. Leagfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe suntas ar aon athbhreithniú nó mionathrú a dhéantar de réir mar a chuireann Seirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ar fáil iad.

#### **Iarrthóirí do stádas Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta**

Roghnaíodh na hIarrthóirí do stádas Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) mar go dtacaíonn siad le gnáthóga agus le speicis ainmhithe agus plandaí atá tearc nó faoi bhagairt san Eoraip agus go n-éilíonn siad bearta faoi leith, lena n-áirítear láithreáin chosanta a ainmniú, chun iad a chaomhnú. Bunaíonn siad féin agus na SPAanna cuid den ghréasán láithreán ‘Natura 2000’ ar fud na hEorpa.

#### **Limistéir faoi Chosaint Speisialta**

Roghnaíodh na Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) agus na limistéir atá ina n-Iarrthóirí do stádas Limistéir faoi Chosaint Speisialta a bunaíodh faoin Treoir maidir le hÉin mar go dtacaíonn siad le daonraí de speicis éan ar leith atá tearc nó faoi bhagairt san Eoraip agus a éilíonn bearta faoi leith, lena n-áirítear limistéir chosanta a ainmniú chun iad a chaomhnú. Aithníonn an Treoir maidir le hÉin chomh maith gur cailteanas agus díghrádú gnáthóige na bagairtí is tromchúisí do chaomhnú na n-éan fiáin agus dá réir cuireann sí béim an-mhór ar chosaint gnáthóg, ar nós bogaigh, do speiceas i mbaol chomh maith le speiceas imirceach a fhaightear go rialta.

#### **Limistéir Oidhreacht Nádúrtha agus Reachtaíocht Ghaolmhar**

Is é an Limistéir Oidhreacht Náisiúnta (NHA) an t-ainmniú náisiúnta don fhiadhúlra agus do chaomhnú an dúlra, agus faigheann Limistéir Oidhreacht Náisiúnta atá bunaithe cosaint faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976-2000. Cuimsíonn na Limistéir Oidhreacht Náisiúnta (NHAanna) gnáthóga leathnádúrtha nó nádúrtha atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta, gnéithe tírghnéithe nó gnéithe geomoirfeolaíoch, speicis phlandaí fiáine agus ainmhithe nó éagsúlacht de na tréithe nádúrtha seo. Meastar go bhfuil na limistéir seo tábhachtach do na gnáthóga atá ann nó go bhfuil speicis phlandaí agus ainmhithe iontu a dteastaíonn cosaint óna ngnáthóg faoi reachtaíocht náisiúnta.

Is féidir féachaint ar NHAanna agus ar iarrthóirí do stádas NHA mar chlocha cora nó mar chonairí éiceolaíochta i gcomhthéacs Alt 10 den Treoir maidir le Gnáthóga an AE.

### **Treoracha na hEorpa, Natura 2000 agus Measúnuithe Comhshaoil**

Ag leibhéal na hEorpa, tugann an *Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/EEC)* agus an *Treoir maidir le hÉin (2009/147/EC)* sainordú chun Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) a aithint agus a chosaint, a chruthaíonn gréasán de limistéir chosanta fiadhúlra le chéile, ar a dtugtar an gréasán Natura 2000, ar fud an Aontais Eorpaigh. Bunaíonn ainmniú na láithreán seo cuid de réimse beart atá dírithe ar ghnáthóga agus ar speicis atá tábhachtach nó faoi bhagairt a chaomhnú. Tá fardal láithreán ceantair atá faoi chosaint sa Chlár um Cheantar Speisialta den Treoir um Chreat Uisce freisin ina bhfuil limistéir atá ainmnithe chun gnáthóg agus speiceas a chosaint curtha san áireamh.

### **Láithreáin Neamh-ainmnithe**

Tá sé tábhachtach a aithint nach bhfuil caomhnú an dúlra teoranta amháin do láithreáin ainmnithe agus aitheantas a thabhairt don riachtanas chun tírdhreacha agus gnáthóga neamh-ainmnithe a chosaint agus éagsúlacht bhitheolaíoch an Chontae a chaomhnú.

### **Gréasáin Éiceolaíochta**

Is córais bheo atá in uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear lochanna, aibhneacha, agus srutháin a bhfuil ardluach áitiúil bithéagsúlachta ag baint leo de bharr na ngnáthóga atá luaite leo, agus feidhmíonn siad mar chonairí éiceolaíochta a nascann gnáthóga/láithreáin ainmnithe a bhaineann lena chéile, rud a thugann deis do speicis bogadh eatarthu. Tá ardluach áitiúil bithéagsúlachta ag baint freisin le crainn agus fála scean atá bunaithe agus cuireann siad le nascacht éiceolaíochta. Ba chóir gnéithe a chuireann le cruthú gréasán éiceolaíoch a choinneáil agus a chur sna pleananna dearaidh do thograí forbartha.

### **Bonneagar Glas**

Is féidir Bonneagar Glas a shainmhíniú mar ghréasáin de limistéir ghlasa a chuireann buntáistí iolrach comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíochta ar fáil don sochaí. Is féidir le cur chuige bonneagair ghlas a fhorbairt cuidiú le cailleanas na bithéagsúlachta agus feabhas a chur ar an timpeallacht ina mairimid agus dá bhrí sin timpeallacht ar ardchaighdeán a chruthú. Is féidir le spásanna oscailte, coillte, páirceanna, talamh feirme agus gairdíní príobháideacha a bheith san áireamh i mbonneagar glas. I bhfoilseachán Chomhairle Inbhuanaithe Forbartha Comhar, 2010: *Bonneagar Glas a Chruthú d'Éirinn: Caipíteal Nádúrtha chun Folláine Daonna a Fheabhsú* leagtar amach an bealach ar féidir gréasán spásanna glasa a fhorbairt chun leas a dhéanamh d'oidhreacht nádúrtha agus do bithéagsúlacht chomh maith leis an eacnamaíocht agus an tsochaí níos mó, agus ag an am céanna tugann Páipéar an AE ar an mBonneagar Glas (GI) (Aibreán 2013) aitheantas do cé chomh tábhachtach is atá sé bonneagar glas agus feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais a choinneáil.

### **Speicis Ionracha**

Is féidir le speiceas ionrach neamhdhúchasach, idir inveirteabrach agus phlandaí, a bheith ionann le bagairt mhór do bithéagsúlacht áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus dhomhanda. Is féidir tionchar diúltach a bheith ar ghnáthóga domhanda agus uisceach, agus damáiste suntasach do leasanna caomhnaithe agus eacnamaíochta, cosúil le talmhaíocht, foraoiseacht agus bonneagar sibhialta a bheith mar thoradh air sin. Is féidir le sláinte poiblí, ainmhithe agus plandaí a bheith faoi bhagairt freisin ó am go chéile. Tagraíonn Sceideal 3, Cuid 1 & Cuid 3 de *S.I.477 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha)* do liosta speiceas neamhdhúchasacha a bhfuil srianta curtha i bhfeidhm maidir le tabhairt isteach agus scaipeadh na speiceas seo.

### **Crios Bruachánach**

Is cuid lárnach de chosaint chórais shruthchúrsa é an Crios Bruachánach agus ba cheart go mbeadh sé sách leathan chun cosaint a thabhairt don abhainn nó do chúrsa an uisce. Ba cheart an leithead a shocrófaí a bheith bunaithe ar oiriúint an tsuímh, ar réimse na habhann nó ar thréithe a bhaineann le bruach locha. Tá sé tábhachtach go mbeadh an crios maolánach sách mór chun sláine éiceolaíoch na habhann (fásra éiritheach san áireamh) a chosaint agus go gcuirfeadh an crios bruachánach (fásra ar an mbruach agus crainn san áireamh) stair an duine sa cheantar san áireamh.

### **Crios Cósta**



Is córais bheo iad crios cósta agus uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear lochanna, aibhneacha agus srutháin, agus tá siad mar bhaile ag réimse leathan gnáthóga agus speiceas agus cuireann siad go suntasach freisin le carachtar agus le taitneamhacht an Chontae agus tacaíonn siad le turasoireacht, le caitheamh aimsire agus le cáilíocht na beatha dóibh siúd atá ina gcónaí sa Chontae nó do chuairoteoirí araon.

Tá go leor de chósta Chontae na Gaillimhe ina bhaile ag réimse de ghnáthóga nádúrtha agus tá roinnt speiceas tábhachtach/tearc/spéisiúil flóra agus fauna ann freisin. Tá go leor den chósta ainmnithe mar iarrthóir do Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (cSAC) agus do Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA). Tá an comhéadan idir an talamh agus an fharraige ina acmhainn shuntasach sa Chontae agus tá sé ilghnéitheach sa mhéid is go bhfuil bailte, sráidbhailte, calafoirt, céanna agus sleamhnáin a dhéanann freastal ar riachtanais fhorbartha an Chontae, agus is acmhainn thaitneamhach nach féidir a chomhshamhail a sholáthar ó thaobh tránna, dumhcha agus aillte atá ina n-acmhainn shuntasach turasoireachta agus a cuireann le cáilíocht bheatha mhuintir na háite.

Baineann Bainistiú Comhtháite Chrios Cósta (ICZM) le pleanáil agus bainistiú acmhainní agus spás an chósta. Táthar ag súil gur próiseas leanúnach a bheidh anseo agus go gcuirfear leis in imeacht ama. Tabharfaidh Bainistiú Comhtháite Chrios Cósta aghaidh ar cheisteanna cosúil le forbairt ar thurasóireacht chósta, tionscal na hiascaireachta, patrúin lonnaithe chósta, iompar, creimeadh cósta, scrios gnáthóga, cosaint ar SACanna agus SPAanna i gcrios cósta agus cosc ar thruailliú. Glactar leis i gcomhthéacs Chontae na Gaillimhe go bhfuil buntáistí chrios cósta atá faoi bhagairt i gcónaí agus dá réir go bhfuil cosaint ag teastáil uathu. Ina measc tá tránna fóillíochta, céanna agus calafoirt, éiceachórais agus aillte.

## 9.9 Polasaithe agus Cuspóirí na hOidhreachta Nádúrtha agus Bithéagsúlachta

### Polasaithe na hOidhreachta Nádúrtha agus Bithéagsúlachta

#### **Polasaí NHB1 – Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht**

Is é polasaí Chomhairle Contae na Gaillimhe tacú le cosaint, caomhnú agus feabhsú na hoidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlachta, lena n-áirítear cosaint iomláine láithreán Eorpaigh, a bhunaíonn cuid den ghréasán Natura 2000, Limistéir Oidhreacht Nádúrtha, Limistéir Oidhreacht Nádúrtha atá molta, Láithreáin Ramsar, Anaclanna Dúlra, Tearmainn Éanlath Fíaine agus Páirc Náisiúnta Chonamara (agus láithreáin ainmnithe eile lena n-áirítear láithreáin a ainmneofar amach anseo) agus forbairt ghréasán glas/éiceolaíochta laistigh de Cheantar an Phlean a chur chun cinn, ar mhaithe le tacú le nascacht agus feidhmiú éiceolaíochta, deiseanna a chruthú i láithreacha atá oiriúnach do chaitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach agus faoiseamh amhairc ón timpeallacht thógtha a struchtúrú agus a chur ar fáil.

#### **Polasaí NHB 2 – Láithreáin Neamh-ainmnithe**

A aithint nach bhfuil caomhnú dúlra teoranta amháin do láithreáin ainmnithe agus aitheantas a thabhairt don riachtanas chun tírdhreacha agus gnáthóga neamh-ainmnithe a chosaint agus an éagsúlacht bhitheolaíoch sa Chontae a chaomhnú.

#### **Polasaí NHB 3 – Bonneagar Glas**

Bonneagar glas atá ann cheana féin a chosaint agus bonneagar breise glas a chur ar fáil nuair is féidir ar nós an teicneolaíochta a bhaineann le díonta glasa agus caidéal éifeachtúlachta fuinnimh.

#### **Polasaí NHB 4 – Acmhainní Uisce**

Caighdeán acmhainní uisce na Chontae, lena n-áirítear aibhneacha, srutháin, lochanna, bogaigh, toibreacha, turlaigh, uisce dromchla agus screamhuisce a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, chomh maith le huiscí dromchla, gnáthóga uisceacha agus bogaigh agus speicis atá ag brath ar fhionnuisce agus ar uisce agus féachann le caighdeán, carachtar agus gnéithe d'uiscebhealaí intíre a chosaint agus a chaomhnú trí fhorbairtí gar d'uiscebhealaí inseolta agus neamh-inseolta a rialú.

#### **Polasaí NHB 5 – Córais Gheolaíoch agus Gheomoirfeolaíoch**

Córais gheolaíoch agus geomoirfeolaíoch thábhachtacha sa Chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú agus rochtain ar na láithreáinseo a chur chun cinn nuair is féidir.

### **Polasaí NHB 6 – Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta, Plean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe & Plean Bithéagsúlachta na Gaillimhe**

Is é polasaí na Comhairle tacú le feidhmiú an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta agus Plean Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe agus Plean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil.

### **Polasaí NHB 7 – Speicis Ionracha**

Is é polasaí na Comhairle tacú le bearta chun speicis ionracha a chosc agus a dhíothú. Áirítear anseo beidh eolas a scaipeadh chun feachtas an phobail a dhíriú air, glacadh le cóid chleachtas/bearta bithshlándála caighdeánacha i ngnáth ghníomhaíochtaí na nÚdarás Áitiúil, dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, úsáid na speiceas dúchasach i dtírdhreachú agus i bplandáil thaitneamhachta a chur chun cinn agus speicis ionracha/neamh dúchas a thairfead de réir mar is gá agus a cheadaíonn na hacmhainní.

### **Polasaí NHB 8 – Pleananna Bainistíochta na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS)**

Beidh sé mar pholasaí ag an gComhairle a chinntiú go gcuirfear aon Phleananna Bainistíochta ábhartha a ullmhaíonn an NPWS do SACanna agus SPAanna san áireamh in aon fhorbairt.

## **Cuspóirí na hOidhreachta Nádúrtha agus Bithéagsúlachta**

### **Cuspóir NHB 1 – Gnáthóga agus Speicis Chosanta**

Tacú le cosaint na ngnáthóga agus na speiceas atá liostaithe sna hlarscríbhinní agus/nó a chumhdaítear faoi *Threoir an AE maidir le Gnáthóga (92/43/EEC)* (arna leasú) agus an *Treoir maidir le hÉin (2009/147/EC)*, agus éin imirceach a fheictear go rialta agus a ngnáthóga, agus speicis atá faoi chosaint faoi na *hAchtanna um Fhiadhúlra 1976-2000* agus an *tOrdú um Chosaint Flóra*.

### **Cuspóir NHB 2 – Bithéagsúlacht agus Gréasáin Éiceolaíochta**

Tacú le cosaint agus feabhsú nascacht bithéagsúlachta agus éiceolaíochta laistigh de Cheantar an Phlean, lena n-áirítear coillte, crainn, fála scean, féarthailte leathnádúrtha, aibhneacha, srutháin, toibreacha nádúrtha, bogaigh, ballaí cloiche, córais gheolaíoch agus gheomoirfeolaíoch, gnéithe eile tírdhreacha agus fiadhúlra gaolmhar nuair atá siad seo mar chuid den ghréasán éiceolaíochta agus/nó go bhféadfaí iad a mheas mar chonairí éiceolaíochta nó mar chlocha cora i gcomhthéacs *Alt 10 den Treoir maidir le Gnáthóga*.

### **Cuspóir NHB 3 – Acmhainní Uisce**

Caighdeán na hacmhainní uisce atá i gCeantar an Phlean, lena n-áirítear aibhneacha, srutháin, lochanna, bogaigh, toibreacha, turlaigh, uisce dromchla agus screamhuisce a chosaint, chomh maith le huiscí dromchla, gnáthóga uisceacha agus bogaigh agus speicis atá ag brath ar fhionnuisce agus uisce i gcomhréir leis na riachtanais agus an treoir i g*Creat-Treoir Uisce an AE 2000 (2000/60/EC)*, *Rialachán an Aontais Eorpaigh (Beartas Uisce) 2003* (arna leasú), *Plean Bainistíochta Cheantar Abhantraí an Iarthair 2009-2015*, *Plean Bainistíochta Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne 2009-2015* agus Treoracha ábhartha eile de chuid an AE, lena n-áirítear reachtaíocht náisiúnta ghaolmhar agus treoir pholasaí (lena n-áirítear aon leaganacha ina n-ionad) agus go dtabharfaí aird chomh maith ar Phleananna Bainistíochta Fho-Abhantracha an Diúilicín Péarla Fionnuisce.

### **Cuspóir NHB 4 – Córais Gheolaíoch agus Gheomoirfeolaíoch**

Córais gheolaíoch agus gheomoirfeolaíoch, láithreáin agus gnéithe ó fhorbairt mhíchuí a bhainfeadh óna luach oidhreachta agus a léirmhíniú a chosaint agus a chaomhnú agus a chinntiú go ndéanfar a ndóthain measúnaithe ar aon Phlean nó tionscadal a dhéanadh difríocht d'fhoirmíochtaí carstacha, eascracha nó córais gheolaíoch agus gheomoirfeolaíoch thábhachtacha eile maidir leis na hiarmhairtí geofisiceacha, hidreolaíochta nó éiceolaíochta a d'fhéadfadh a bheith acu ar an gcomhshaol.

### **Cuspóir NHB 5 – Speicis Ionracha agus Speicis Choimhthíocha Ionracha a Rialú**

Nuair a aithnítear go bhféadfadh speicis ionracha scaipeadh mar chuid de thogra forbartha beidh ar an bhforbróir plean bainistíochta speiceas ionracha a chur isteach. Beidh plean tírdhreacha ag teastáil d'fhorbairt in aice le coirp uisce agus a chinntiú nach bhfuil speicis choimhthíocha ionracha san áireamh in aon phleananna den sórt sin.

### **Cuspóir NHB 6 – Ialtóga agus Gnáthóga Ialtóga a Chosaint**

Féachaint le hialtóga agus a bhfaráí, a gceantar beathaithe, a gcosán eilte agus bealaí comaitéireachta a chosaint. Cinntigh go mbeidh tograí forbartha i gceantair a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach d'ialtóga, lena n-áirítear ceantair choilte, gnéithe líneacha cosúil le fála sceaigh, ballaí cloiche, cúrsaí uisce agus fásra bruachánach a bhaineann leo a d'fhéadfadh úsáid imirceacha/sealgaireachta a chur ar fáil faoi réir measúnú oiriúnach maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar ialtóga. Beidh measúnú ar an gcaillteanas carnach ar ghnáthóga nó an tionchar ar dhaonraí ialtóga agus gníomhaíocht sa cheantar san áireamh ann agus d'fhéadfadh sé go mbeadh suirbhé faoi ialtóg sonracha ann. Tabharfaidh duine gairmiúil oiriúnach cáilithe faoi aon mheasúnú agus sa chás is go bhféadfadh go mbeadh éifeachtaí suntasacha dochracha ar dhaonraí nó ar gníomhaíocht ialtóga sa cheantar mar thoradh ar fhorbairt, beidh toirmeasc ar fhorbairt nó teastóidh maolú agus/nó bearta cúitimh, de réir mar is cuí.

### **Cuspóir NHB 7 – Eiscir**

Iarratais ar chairéalú agus forbairtí beartaithe eile atá chomh gar d'eiscir go bhféadfadh siad tionchar a bheith acu ar an luach tírdhreacha, eolaíochta nó taitneamhachta atá acu a mheas.

### **Cuspóir NHB 8 – Crios Cósta**

Tá sé ina chuspóir an crios cósta a chosaint trína bearta seo leanas:

- a) A chinntiú go bhfuil oibreacha caomhnaithe a dhéantar i gceantair chósta i gcomhréir le dea-chleachtais agus go dtacófar le bearta chun an cósta, imeall an chósta agus gnáthóga cósta a chosaint;
- b) Tabhairt faoi cosc a chur ar ghaineamh agus ábhar eile cosúil leis a thógáil ón trá gan chead;
- c) Tránna an Chontae a chosaint, a fheabhsú agus a chaomhnú ó fhorbairt mhíchuí agus féachaint leis an stádas reatha maidir le tránna atá ainmnithe do stádas an Bhrait Ghoirm agus do stádas Cóstaí Glasa a choinneáil agus líon na dtránna agus na gcóstaí a bhfuil an stádas seo acu a mhéadú sa todhchaí;
- d) Éascú a dhéanamh ar Chur chuige Bainistíochta Comhtháite Crios Cóstachun caomhnú, bainistiú agus teilgean acmhainní nádúrtha agus de dhéantús an duine sa chrios cósta a chinntiú;
- e) Tacú leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad chun Plean Bainistíochta Comhtháite do Chuan na Gaillimhe a ullmhú chun soláthar a dhéanamh d'fhorbairt chomhtháite agus inbhuanaithe Cheantar Chuan na Gaillimhe ar bhealach comhordaithe.

### **Cuspóir NHB 9 – Uiscebhealaí Intíre**

Luach taitneamhachta agus áineasa na n-uiscebhealaí inseolta agus neamh-inseolta a chosaint.

### **Cuspóir NHB 10 – An Crios Cósta a Chosaint**

Luachanna taitneamhachta, carachtair, amhairc, áineasa, cumas eacnamaíochta agus comhshaoil an chósta a chosaint. Cinntigh nach bhfuil cosaintí nádúrtha an chósta lena n-áirítear dumhcha gainimh, tránna agus bogaigh chósta á sárú ag forbairt mhíchuí. Carachtar, caighdeán agus sainiúlacht mhuidhreacha a chaomhnú.

### **Cuspóir NHB 11 – Crainn, Fearann Páirce/Coill, Ballaí Cloiche agus Fála Sceaigh**

- a) Crainn, cnuaschrainn agus fála sceaigh sa Chontae a chosaint agus a chinntiú go dtugann tograí forbartha aitheantas do chrainn shuntasacha/clampaí crann. Cinntigh go n-úsáideann gach scéim plandála éagsúlacht chrann dhúchasach oiriúnach, de bhunáitíocht na hÉireann;
- b) Féachaint le teorainneacha nádúrtha a choinneáil, lena n-áirítear teorainneacha ballaí cloiche, fála sceaigh agus crann, nuair is féidir agus teorainn atá cosúil leis an teorainn atá ann cheana féin a chur ina áit nuair nach bhfuil aon rogha eile ach é a thógáil as. Cuir in aghaidh crainn aibí a leagan chun forbairt a éascú agus máinliacht chrann a spreagadh seachas an crann a leagan nuair is féidir. Ba chóir gach obair a chur i gcrích i gcomhréir leis na forálacha den *Acht Foraoiseachta, 1946*.

### **Cuspóir NHB 12 – Cosaint Ithreach/Uisce Talún**

Cinnteoigh forbairtí go dtugtar faoi a ndóthain bearta cosanta ithreach, nuair is cuí, lena n-áirítear iniúchtaí faoi chineál agus méid aon éilliú ithreach/screamhuisce.



### **Cuspóir NHB 13 – NPWS agus Pleananna Bainistíochta Comhtháite**

Féachfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le dhul i mbun cainte le agus le tacú leisan tSeirbhís

Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra d'fhonn a chinntiú go n-ullmhófar Pleananna Bainistíochta Comhtháite do gach láithreán Natura agus a chinntiú go ndéanfar na pleananna seo a chomhtháthú go hiomlán le gach plean úsáide talún agus bainistithe uisce sa Chontae, agus é i gceist go mbeadh na pleananna sin praiticiúil, indéanta agus inbhuanaithe agus aird acu ar bhreithnithe éiceolaíochta, cultúir, sóisialta agus geilleagracha cuí agus aird speisialta ar phobail áitiúla.

#### **Cuspóir NHB 14 – Cosaint na gCriosanna Bruachánacha**

Cosaint a dhéanamh ar chriosanna bhruachánacha na gcóras sruthchúrsaí ar fud an Chontae, ag aithint na mbuntáistí a sholáthraíonn siad maidir le bainistiú riosca i gcás tuilte agus an chosaint a thugann siad do shláine éiceolaíoch na gcóras sruthchúrsaí agus déanamh cinnte de go dtógtar san áireamh iad nuair a bhíonn criosú talún á dhéanamh do na Pleananna Limistéir Aitiúil.



Nóta: Nil Lonnaíochtaí Beaga Léirithe

**Eochair Eolais**

SAC
  NHA
  SPA

Teorainn Contae
  Locha




**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
Galway County Council

**Plean Forbartha Contae 2015-2021**

Teideal  
**Láithreáin Ainmnithe Comhshaoil - NHB1**

Dáta	Límithe	Scála
Feabhra 2015	LSL	NDS




Nóta: Níl Lonnaíochtaí Beaga Léirithe

Teorainn Contae

Réamh EcoNet

- Rang 1
- Rang 2
- Rang 3
- Rang 4
- Rang 5
- In Aice le Cósta



**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
Galway County Council

---

*Phlean Forbartha Contae 2015-2021*

---

Teideal

**Mapa EcoNet - HL5**

---

Dáta	Línithe	Scála
Feabhra 2015	LSL	NDS

## 9.10 Caomhnú agus Bainistiú an Tírdhreacha

### 9.10.1 Carachtar an Tírdhreacha

Is acmhainn luachmhar náisiúnta é an tírdhreach. Tá saibhreas ar leith i gContae na Gaillimhe maidir le réimse de chineálacha éagsúla tírdhreacha ó shléibhte grianchlochíte agus bratphortaigh Chonamara go feirmeacha torthúla oirthear na Gaillimhe agus cosáin loma carstacha Oileáin Árann agus Dheisceart na Gaillimhe.

Tá réimse leathan de thírdhreacha agus tréithe tírdhreacha tagtha chun cinn de bharr idirghníomhaíocht dhaonna leis an oidhreacht nádúrtha. Is ó éagsúlacht nádúrtha tírdhreacha an Chontae chomh maith le tréithe tógtha agus cultúrtha oidhreachta cosúil le séadchomharthaí seandálaíochta, ballaí cloiche, fála sceach, coillte, patrúin pháirce, lonnaíochtaí agus foirgnimh a thagann carachtar uathúil an Chontae. Tá athruithe curtha ar an tírdhreach náisiúnta le blianta anuas de bharr brú forbartha níos mó, nach raibh súil ar bith leo ó thaobh méid ná cineál, agus tá an Rialtas tar éis treoirleá a leagan amach chun tírdhreach a luacháil. Tá an measúnú seo ar an tírdhreach á dhéanamh lena chinntiú go bhfuil “an timpeallacht agus an oidhreacht go ginearálta á gcothú ar bhealach inbhuanaithe, agus ag an am céanna ag ceadú cur chuige dearfach maidir le forbairt”.

Tá gá le cuspóir phlean forbartha a bheith san áireamh faoin *Acht Pleanála agus Forbartha, 2000* (arna leasú) chun:

*“Carachtar an tírdhreacha a chaomhnú áit, agus chomh fada le, i dtuairim an Údaráis Phleanála, go n-éilíonn pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair é, lena n-áirítear caomhnú radharc agus amharc agus taitneamhacht na n-áiteanna agus tréithe áilleachta nádúrtha nó spéise”.*

Rangaíonn an tAcht Oidhreachta, 1995 an tírdhreach mar ‘limistéir, láithreáin, caol-léargais agus gnéithe a bhfuil spéis shuntasach ag baint leo ó thaobh scéimhe, seandálaíochta, geolaíochta, staire, éiceolaíochta nó spéiseanna eile eolaíochta’. Shínigh agus dhaingnigh Éire an *Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa* i mí Mhárta 2002 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Mhárta 2004 agus d’fhógair an DoECLG go raibh sé ar intinn aige an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha a fhoilsiú i mí Dheireadh Fómhair 2007 (*Go dtí seo, níl an Straitéis seo foilsithe ag an DoECLG*).

### 9.10.2 Measúnú an Tírdhreacha

Molann na *Dréacht-Treoirleá Tírdhreacha agus Measúnú Tírdhreacha (2000)*, cé nach bhfuil bailchríoch curtha orthu fós i dtéarmaí reachtaíochta, go mbunódh na hÚdaráis Phleanála polasaí mar fhreagra ar na céimeanna éagsúla íogaireachta tírdhreacha atá laistigh den Chontae. Tugadh faoi mheasúnú ar thírdhreach Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2003 agus léirigh sé sin rátáil carachtair an tírdhreacha, rátáil luach an tírdhreacha agus rátáil íogaireacht an tírdhreacha. Cuirtear síos orthu seo go mion i Rannán 2.2 den Mheasúnú ar Thírdhreach agus ar Charachtar an Tírdhreacha do Chontae na Gaillimhe (doiciméad tacaíochta do *Phlean Forbartha an Chontae 2015-2021*).

Éilíonn na *Dréacht-Treoirleá Tírdhreacha agus Measúnú Tírdhreacha (2000)* go ndéanfaí rangú ar thírdhreacha mar seo a leanas:

#### 9.10.2.1 Carachtar an Tírdhreacha

Is meascán de chruth talún, clúdach talún agus aonaid radharcach atá tarraingteach sa tírdhreach é seo. Tá 25 limistéar carachtair aitheanta sa Chontae.

#### 9.10.2.2 Luachanna an Tírdhreacha

Is freagraí iad seo ar an dearcadh atá ag pobail faoin tírdhreach ina maireann siad. Is ó thréithe intreacha cosúil le háilleacht radharcach, éiceolaíocht, seandálaíocht, stair shóisialta, láithreáin reiligiúnacha, miotaseolaíocht agus ó phatrúin thraidisiúnta lonnaíochta agus ó luachanna pobail a thagann an dearcadh seo.

#### 9.10.2.3 Íogaireacht an Tírdhreacha

Seo meastachán ar chumas an tírdhreacha dul in oiriúint le hathrú nó idirghabháil gan aon éifeachtaí neamhghlactha tarlú dá gcarachtar nó dá luachanna. Is ó mheascán de luachanna tírdhreacha agus carachtar tírdhreacha a thagann rátáil íogaireachta. (Mapa LCM2) Tugadh faoi mheasúnú ar

thírdhreach Chontae na Gaillimhe ag léiriú rátáil charachtar an tírdhreacha, rátáil luachanna an tírdhreacha agus rátáil íogaireacht an tírdhreacha. (Mapa LCM1 agus LCM2)

Aimsíodh cúig aicme íogaireachta tírdhreacha:

- Aicme 1 – Íogaireacht Íseal
- Aicme 2 – Meáníogaireacht
- Aicme 3 – Ardíogaireacht
- Aicme 4 – Speisialta
- Aicme 5 – Uathúil

Cuirfidh an tÚdarás Pleanála na polasaithe agus na cuspóirí seo a leanas i bhfeidhm bunaithe ar mheasúnú an tírdhreacha agus bunú rátálacha íogaireachta do cheantair éagsúla sa Chontae:

## 9.11 Polasaithe agus Cuspóirí Chaomhnú agus Bhainistiú an Tírdhreacha

### Polasaithe Chaomhnú agus Bhainistiú an Tírdhreacha

#### Polasaí LCM1 – Carachtar Tírdhreacha a Chaomhnú

Carachtar an tírdhreacha a chaomhnú agus a fheabhsú nuair, agus sa méid agus, i dtuairim an Údaráis Phleanála, go dteastaíonn sé do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, lena n-áirítear caomhnú agus feabhsú, nuair is féidir maidir le tuairimí agus ionchais agus taitneamhachtaí áiteanna agus gnéithe áilleachta nádúrtha nó spéise.

### Cuspóirí Chaomhnú agus Bhainistiú an Tírdhreacha

#### Cuspóir LCM 1 – Rangú Íogaireachta Tírdhreacha

Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála aird ar an rangú íogaireachta tírdhreacha atá ag láithreáin nuair atá aon tograí suntasacha forbartha á meas agus, nuair is gá, beidh Measúnú Tírdhreacha/larmhairt Amhairc ag teastáil in éineacht le tograí den sórt sin. Déanfar é seo i gcoinne an gá chun príomh-bhonneagar straitéiseach a fhorbairt chun aidhmeanna straitéiseacha an Phlean a chomhlíonadh agus ag tabhairt san áireamh na cuspóirí criosaithe a bhaineann le talamh forbraíochta seirbhísithe laistigh de Cheantair Uirbeacha na Gaillimhe.

#### Cuspóir LCM 2 – Rátálacha Íogaireachta Tírdhreacha

Beidh aird a thabhairt ar rátálacha íogaireachta tírdhreacha ina thoisic thábhachtach nuair a chinnfear cé na húsáidí a bhainfear as forbairtí i gceantair sa Chontae. I gceantair a mbeidh ardíogaireacht tírdhreacha, beidh an dearadh agus an rogha suímh don fhorbairt atá beartaithe ar an tírdhreach ina gcúrsaí criticiúla freisin.


#### Cuspóir LCM 3 – Tírdhreach Oscailte/Gan Fál

Stádas tírdhreacha a bhíonn oscailte/gan fál go traidisiúnta a chaomhnú. Beidh fiúntas gach cás á mheas i bhfianaise rátálacha íogaireachta tírdhreacha agus radhairc a bhfuil tábhacht taitneamhachta ag baint leo.

#### Cuspóir LCM 4 – Athbhreithniú ar Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha



Ar an *Dréachtstraitéis Tírdhreacha Náisiúnta d'Éirinn 2015-2025* a ghlacadh, éascóidh an tÚdarás Pleanála forbairt na Measúnacht Náisiúnta ar Nádúr an Tírdhreacha sula ndéanfar athbhreithniú ar Mheasúnacht ar Nádúr Tírdhreacha an chontae.









*Nóta: Níl Lonnaíochtaí Beaga Léirithe*

**Eochair Eolais Ghinearálta**

-  Teorainn Contae
-  Lochanna

**Rátáil Luach Tírdhreacha**

-  Sarchaighdeán
-  Ardchaighdeán
-  Meanchaighdeán
-  Chaighdeán Íseal



**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
Galway County Council

*Phlean Forbartha Contae 2015-2021*


Teideal  
**Rátáil Luach Tírdhreacha - LCM1**

Dáta	Línithe	Scála
Feabhra 2015	LSL	NDS

*An t-ár sonraí ó Suirbhéiríocht Ordnáis na hÉireann arna áitirgeadh faoi uimhir Cheadúnáis OSi:2010/15/CCMA/ Comhairle Chontae na Gaillimhe Sáraitonn áitirgeadh neambúdaraithe Suirbhéiríocht Ordnáis na hÉireann agus Cúipeart Rialtas na hÉireann*



	Teorainn Contae
	Lochanna



**Nóta: Níl Lonnaíochtaí Beaga Léirithe**

- Limistéir Carachtair Tírdhreacha**
- 1 - Gaillimh Thoir Thuaidh
  - 2 - Gleann na Sionainne agus an tSuca idir Port Omna agus Béal Átha na Sluaighe
  - 3 - Gaillimh Láir Thoir (Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe go Port Omna)
  - 4 - Gaillimh Thoir Theas ( droichead an Chláirín go dtí An Gort)
  - 5 - Gaillimh Thoir Thuaidh (comharsanachtaí Thuama)
  - 6 - Sliabhraon Eachtai
  - 7 - Loch Deirg Thiar Thuaidh
  - 8 - An Bhoireann Íochtarach (cuid Cho na Gaillimhe)
  - 9 - Indreabhán go cósta Chathair na Gaillimhe
  - 10 - Shléibhte Chonamara Thoir (Maigh Cuillin, Sraith Salach go Glinsce)
  - 11 - Loch Coirib agus comharsanachtaí
  - 12 - Bunchnoic theas Shléibhte Chonamara thoir (siar ó Bhóthar na Trá go Ros an Mhíl)
  - 13 - Cuan na Gaillimhe Thoir (Orán Mór go Cuan Chinn Mhara agus intire go bóthar N18)
  - 14 - Conamara Thiar
  - 15 - Leitir Mór agus Garmna
  - 16 - Bunchnoic thiar Shléibhte Chonamara thoir (comharsanachtaí Loch Ghleann Mhac Muirinn)
  - 17 - An Cheathrú Rua (Cuan Chasla go Glinn Chatha)
  - 18 - Cuan na Beirtrí Bui agus na bruacha thoir
  - 19 - Cósta Thiar (Port na Feadóige go dtí An Clochán)
  - 20 - Cósta Thiar (An Clochán go béal an Chaoláire Rua)
  - 21 - An Caoláire Rua agus na bruacha theas
  - 22 - Páirc Náisiúnta Chonamara (Loch Fí, Loch Eidhneach agus Loch Dhoire an Chláir san áireamh)
  - 23 - Dúiche Sheoigheach (Locha an Leathanaigh agus Loch Measc theas san áireamh)
  - 24 - Oileáin Árann
  - 25 - Loch Riach

**Íogaireacht Tírdhreacha**

	Aicme 1 - Íseal
	Aicme 4 - Speisialta
	Aicme 3 - Ard
	Aicme 2 - Measartha
	Rang 1 - Íseal

<p><b>Comhairle Chontae na Gaillimhe</b> Galway County Council</p>		
<p><b>Phlean Forbartha Contae 2015-2021</b></p>		
<p>Teideal <b>Íogaireacht Tírdhreacha agus Limistéir Carachtair - LCM2</b></p>		
Dáta	Línithe	Scála
Feabhra 2015	LSL	NDS

## 9.12 Pointe Fócasach agus Radhairc

Tá go leor pointí tábhachtacha fócasacha i gContae na Gaillimhe ónar féidir radhairc agus caol-léargais a bhfuil áilleacht mhór nádúrtha ag baint leo a fheiceáil. Tá luach an-tábhachtach taitneamhachta, turasóireachta, eacnamaíochta agus cultúrtha ag na pointí fócasacha agus radhairc seo don chontae agus dá phobal. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin na radhairc agus na caol-léargais seo a chosaint agus a chaomhnú agus níor cheart go gcuirfeadh forbairt a cheadaítear bac ná cosc ar na radhairc agus na caol-léargais seo ach ba chóir go mbeadh siad lonnaithe agus deartha ar bhealach nach mbeadh tionchar diúltach acu ar na pointí fócasacha agus radhairc seo.



## 9.13 Cuspóir an Phointe Fhócasacha agus Radhairc

### Cuspóir an Pointe Fhócasacha agus Radhairc


#### **Cuspóir FPV 1 – Bainistíocht Forbartha**

Caomhnaigh na pointí fócasacha agus na radhairc atá liostaithe ar Mhapa FPV1 ó fhorbairt i ndearcadh an Údaráis Áitiúil a mbeadh tionchar diúltach aici ar na pointí fócasacha agus na radhairc atá luaite. Cuirfead é seo san áireamh in aghaidh an riachtanas atá ann infreastruchtúr bunúsach a fhorbairt chun aidhmeanna straitéiseacha an phlean a chomhlíonadh, agus tabharfar aird ar na cuspóirí críosaithe a bhaineann le talamh forbraíochta seirbhísithe laistigh de Cheantar Uirbeach na Gaillimhe.

**Eochair Eolais Ghinearálta**

-  Teorainn Contae
-  Lochanna



 Pointí / Amhairc Fócasacha

- 1 - Spuaic an tSéipéil in Eachroim
- 2 - Cairéal ar an R355 idir Béal Átha na Sluaighe agus An Baile Mór
- 3 - Mainistir Chluain Tuaiscirt
- 4 - Teach Cathrach ag Acomhal an R355 agus bóthar den tríú grad ag An Baile Mór
- 5 - Baois lonnaithe siar ó dheas de An Baile Mór
- 6 - Túr Uisce agus Séipéal Naomh Sheosaimh lonnaithe i gCill Iomair
- 7 - Túr Uisce
- 8 - Spuaic séipéil ó thuaidh de Phort Omna agus siar ón R355
- 9 - 2 thúr séipéil i bPort Omna
- 10 - Mainistir Kilmaleckin suite ar an R353
- 11 - Radhairc ar Shliabhraon Eachtai ón R351 ó thuaidh den Ghráig
- 12 - Spuaiceanna séipéil i mBaile Locha Riach
- 13 - Fothraigh séipéil suite gar den N65
- 14 - Fothraigh caisleáin clúdaithe le heidhneán ó dheas den N6
- 15 - Séipéal Naomh Cuán, Áth Eascrach
- 16 - Sean mhúileann, Áth Eascrach
- 17 - Séipéal Paróiste an Mhóta agus Móta
- 18 - Teach Maorga siar ó thuaidh de Acomhal an R348 agus an R359
- 19 - Loch siar ó thuaidh de Mhaigh Locha
- 20 - Loch Kicullagh
- 21 - Loch siar ó dheas de Ghleann na Madadh
- 22 - Sliabh Dairt
- 23 - Mount Mary
- 25 - Tuaim - Cros Ard
- 26 - Mainistir Chnoc Muai siar ó dheas de Thuaim
- 27 - Loch Bhaile an tSamhraidh siar ó thuaidh de acomhal an N63 agus an R332
- 28 - Sliabhraon Eachtai
- 29 - Fothraigh caisleáin siar ó thuaidh de Bhaile Locha Riach suite ar an R349
- 30 - Fothraigh séipéil suite ar an R349 gar do thuma meigilteach
- 31 - Cloigtheach suite laistigh de imistéar Lonnaiochta stairiúil.  
Tá rogha mór sean-séadchomharthaí lonnaithe ar an gcuid seo den R349
- 32 - Ionad oidhreachtá suite siar ó Bhaile Átha an Rí
- 33 - Séadchomhartha Anthony Daly suite i Muine Mheá
- 34 - Taiscumar suite ó thuaidh den R339 siar ó thuaidh de Ghailimh
- 35 - Fothraigh séipéil agus reilige ag Baile Chláir
- 36 - Fothraigh séipéil ó dheas den N63
- 37 - Caisleán ag Muine Mheá
- 38 - Fothraigh caisleáin siar ó thuaidh de Mhuine Mheá
- 39 - Fothraigh caisleáin siar ó dheas de Bhaile Locha Riach ar an N66
- 40 - Fothraigh caisleáin ag Caisleán an Tállúraigh Theas siar ó thuaidh den N18
- 41 - Sean séipéal agus ca
- 42 - Sean séipéal agus tobar ó thuaidh de Chinn Mhara
- 43 - Cloigtheach ag Cinn Mhara
- 44 - Fothraigh caisleáin siar ó dheas den Ghort
- 45 - Cill Mac Dhuach - sráidbhaile eaqjasta stairiúil
- 46 - Fothraigh caisleáin ó dheas de Chill Mac Dhuach
- 47 - Teach geata ar an 3ú grad
- 48 - Teach geata agus caisleán ag acomhal an N18 agus an R461
- 49 - Trí fhothrach sean séipéal gar den N66
- 50 - Fothraigh caisleáin gar den N66
- 51 - Fothraigh séipéil agus reilig suite gar den N66
- 52 - Teach Geata agus roinnt fothrach caisleáin gar de siar ó dheas de Ard Raitheán
- 53 - Músaem Chill Tartain agus fothraigh séipéil ó thuaidh den Ghort
- 54 - Séipéal ag Corr an Dola
- 55 - Fothraigh caisleáin siar ó dheas de Ballyconnellan
- 55 - Fothraigh caisleáin siar ó dheas de Ballyconnellan
- 56 - Fothraigh caisleáin ag Cloomoon
- 57 - Caisleán Átha Cinn

- 58 - Caisleán Ros Uí Mháille siar ó thuaidh de Áth Cinn
- 59 - Séipéal Naomh Sheosaimh, Sruthair
- 60 - Caisleán Shruthair
- 61 - Fothraigh caisleáin ó thuaidh de Shruthair

- 62 - Séipéal paróiste Chill Mheáin
- 63 - Reilig agus Séadchomhartha 'Déithe na hÉille', An Éill
- 64 - Carn agus giorcail liag, Moytura
- 65 - Caisleán agus Mainistir Cheapaich Chorcóige
- 66 - Cnoc Meá, le feiceáil ón N64
- 67 - Sléibhte Mham Toirc le feiceáil ón R334
- 68 - Caorán na gCaorach, Gleann Trasna agus Cnocán na Lao le feiceáil ón R345
- 69 - Maairtín an Deamhain le feiceáil ón R345
- 70 - Radharc ar Abhainn na Coirbe ón N59
- 71 - Radharc ar cheann tíre Chaladh na Feamainne
- 72 - Radharc ar an bhfarraige ó thuaidh de Bhearna
- 73 - Radharc ar Loch Inse ó na Bóithre den Tríú Grád mórtimpeall
- 74 - Radharc ar Chósta Thuaidh Cho an Chláir
- 75 - Radharc ar Loch Bháin Uí Choine
- 76 - Radharc ar Loch Coirib
- 77 - Radharc ar séipéal Caillceach agus Túr Ard sa Spidéal
- 78,79,80 - Radharc ar chuid mhaithe beanna ó dheas den N59
- 81 - Radharc ar Loch an Rois
- 82 - Radharc ar Oileáin ar Loch Coirib
- 83 - Séipéal Mhuire gan Smál, Uachtar Ard
- 84 - Leaca Donna
- 85 - Caorán na gCearc Thuaidh
- 86 - Fothraigh caisleáin siar ar Loch Coirib ó dheas den R345
- 87 - Teach suite ar Loch Bhaile na hInse
- 88 - Fo
- 89 - Mainistir na Coille Móire ar bhruacha Loch na Coille Móire
- 90 - Na Cnoic Bhreaca
- 91 - Mám Trasna agus Magairtín an Deamhain
- 92 - Cnoc Shiofra
- 93 - Cnoc Maol Reidh

- 94 - Na Beanna Beola
- 95 - Sléibhte Mham Toirc
- 96 - Cuan na Beirí Bui
- 97 - Cuan Mhainse
- 98 - Cuan Chill Chiaráin
- 99 - Radharc ar Chloch na Rón
- 100 - Radharc ar Mhainis
- 101 - Cnoc Mordain
- 102 - Radharc ar Fhinis agus an trá bheag
- 103 - Leitir Mór
- 104 - Garmna
- 105 - Radhairc thar uisce agus oileáin ar an taobh ó thuaidh de Leitir Mór
- 106 - An Cheathrú Rua
- 107 - Ros an Mhíil
- 108 - Dún Aonghasa
- 109 - Ráth ag an bpointe is airde den oileán
- 110 - Cill Ronáin - an t-aon lonnaiocht uirbeach ar an oileán
- 111 - Cnoc Leitreach
- 112 - Cuan Bhaile na Cille
- 113 - Bá Bharr an tSruitha
- 114 - An Clocháin
- 115 - Bá an Chlocháin
- 116 - Bogach siar ó dheas ón gClocháin
- 117 - Bá Bhun Abhann
- 118 - Bá Bhaile Conaola, radharc ón R341
- 119 - Garrathe cloiche taobh ó dheas de Loch Mháimín
- 120 - Cloch na Rón
- 121 - Radhairc ar Bhá Chloch na Rón
- 122 - Radhairc ar an taobh thiar de na Beanna Beola

**Nóta: Nil Lonnaiochtaí Beaga Léirithe**



**Phlean Forbartha Contae 2015-2021**

Teideal			
<b>Pointí / Amhairc Fócasacha - FPV1</b>			
Dáta	Línithe	Scála	
Feabhra 2015	LSL	NDS	

## 9.14 Láithreáin Oidhreachta Domhanda

Is fardal de na maoiné sin a bhfuil sé i gceist ag an tír iad a mheas lena n-ainmniú ar an Liosta Oidhreachta Domhanda é an Liosta Sealadach. Cheadaigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an Liosta nua Sealadach agus cuireadh chuig UNESCO é in Márta 2010. Ní ainmneofar aon mhacín ón Liosta nua Sealadach ina inscríbhinn ar an Liosta Oidhreachta Domhanda ach amháin tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, páirtithe leasmhara agus pobail áitiúla. Tá dhá láithreán i gContae na Gaillimhe curtha san áireamh ar an Liosta Sealadach, siad sin, Dúnta Cloch an Iarthair agus an Bhoirinn.

## 9.15 Cuspóir na hOidhreachta Domhanda

### Cuspóir na hOidhreachta Domhanda

#### **Cuspóir WH 1 – Láithreáin Shealadacha na hOidhreachta Domhanda**

Sárluach uilíoch na Láithreán Shealadacha na hOidhreachta Domhanda i gContae na Gaillimhe, is iad sin Dúnta Cloch an Iarthair agus an Bhoirinn atá san áireamh ar Liosta Sealadach UNESCO, Éire 2010 a chosaint agus dul i dteagmháil le tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta eile a chuireann oidhrecht atá tógtha go speisialta, go nádúrtha agus go cultúrtha in áiteanna sa chontae chun cinn.

## Caibidil 10 – Forbairt Cultúir, Sóisialta agus Pobail

---

### 10.1 Réamhrá

Tháinig athrú sóisialta suntasach ar shochaí na hÉireann le linn na glúine atá díreach caite. Tá go leor fáthanna ilghnéitheacha leis an athrú seo ach eascraíonn sé as meascán d'fhás geilleagrach, cúram sláinte feabhsaithe, cumarsáid idirnáisiúnta, ballraíocht san AE, ilchultúrachas méadaithe agus rochtain níos fearr ar shaoráidí foirmeálta ard oideachais. Mar thoradh air seo, tá athruithe curtha i bhfeidhm ar chaidrimh theaghlaigh agus pobail agus dúshláin nua á gcur ar Údarás Áitiúla chun soláthar saoráidí a fheabhsóidh an caighdeán maireachtála i bpobail a chur ar fáil, a threorú agus a éascú.

Déanann an doiciméad *Tús Áite do na Daoine: Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach*<sup>1</sup> imlíniú ar an bpolasaí náisiúnta d'athleasú agus d'fhorbairt an chórais rialtais áitiúil agus tá impleachtaí móra aige don chaoi a seachadfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe a seirbhísí áitiúla agus pobail thar shaolré an Phlean seo. De réir an pholasaí náisiúnta seo, tugann an Chomhairle aitheantas do na moltaí sa doiciméad seo de réir mar atá na hacmhainní ar fáil.

Tá príomhról ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ag seachadadh polasaithe náisiúnta agus áitiúla maidir le cuidiú, cur chun cinn agus tacú le forbairtí pobail, geilleagracha agus cultúir sa chontae. Tá líon suntasach doiciméad agus straitéisí polasaí tábhachtacha (a thugann aird ar an bpolasaí náisiúnta) curtha amach aici a thacaíonn le polasaithe agus cuspóirí an Phlean Fhorbartha, ar a n-áirítear *An Straitéis Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta 2013-2015*, *Straitéis na Gaillimhe do Dhaoine Breacaosta 2014-2019*, agus *Clár Tacaíochta don Óige*. Cuireann an tAonad Forbartha Gnó pointe teagmhála amháin ar fáil do ghnóthaí sa chontae agus cuireann an tAonad Uilechuimsitheacht Shóisialta chun cinn agus neadaíonn sé uilechuimsitheacht shóisialta in obair na Comhairle ó lá go lá. Is tionscnamh é Comhpháirtíocht Spóirt an Chontae agus na Cathrach de chuid na Comhairle Spóirt chun struchtúr náisiúnta a chruthú a dhéanann comhordú agus cur chun cinn ar spórt, caithimh aimsire agus gníomhaíocht fhisiciúil ag leibhéal áitiúil chomh maith le rannpháirtíocht iontu a mhéadú. Is é an ról atá ag Oifigeach Ealaíon an Chontae ná rochtain ar agus rannpháirtíocht sna healaíona a chinntiú do gach duine. Soláthraíonn Fóram Pobail agus Dheonaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe (GCCVF), ar gréasán é de ghrúpaí pobal agus deonacha sa chontae, seirbhís straitéiseach agus fóram don earnáil seo sa phobal.

### 10.2 Aidhmeanna Straitéiseacha

- Pobail inmharthana na Gaeltachta agus na nOileán i gContae na Gaillimhe a chur chun cinn agus a éascú;
- Pobail inmharthana a chur chun cinn agus a éascú trí úsáid na talún a phleanáil agus soláthar d'úsáid talún a bheidh in ann freastal ar shaoráidí pobail, áineasa, caitheamh aimsire, fóillíochta agus cultúir;
- A chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais gach duine agus grúpa pobail áitiúil nuair a bhítear i mbun infreastruchtúr cónaitheach agus fisiciúil ionas go mbeidh timpeallacht thógtha ar ardchaighdeán ann le cónaí ann.
- 

### 10.3 Oidhreacht Chultúir agus Céannacht an Phobail

Tá céannacht láidir phobail i gContae na Gaillimhe chomh maith le hoidhreacht chultúir shaibhir agus ilghnéitheach. Léirítear an chéannacht sin ar go leor bealaí: an teanga a labhraíonn na daoine, na healaíona agus an cheardaíocht a chleachtann siad, na féilte a cheiliúránn siad, na cluichí a imríonn siad, na poist agus na gairmeacha a sholáthraíonn slite beatha dóibh, na foirgnimh a chruthaíonn siad agus an áit ina gcónaíonn siad. Tá an t-ómós áite agus na réimsí fairsinge d'oidhreacht chultúir an Chontae caomhnaithe go láidir ag na daoine in ainneoin na n-athruithe sóisialta atá tarlaithe le roinnt blianta agus an méadú atá tagtha ar an tsochaí ilchultúir.

### 10.4 An Ghaeltacht

Is sa Chontae atá an Ghaeltacht is mó leis an daonra is mó sa tír. Síneann sí ó Bhaile Chláir atá taobh thoir den chathair go Cloch na Rón i gConamara thiar, sin fad beagnach 100km, agus ó Oileáin Árann ó

---

<sup>1</sup> Doiciméad beartais arna eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtas Áitiúil, 2012

thuidh go dtí teorainn Mhaigh Eo. Is oidhreacht leithleach agus luachmhar iad teanga agus cultúr na Gaeltachta agus tá sí ina haidhm náisiúnta iad seo a chaomhnú agus a chosaint. Tá an aidhm seo cumhdaithe anois san *Acht Um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú).

Léiríonn Daonáireamh 2011 go bhfuil cónaí ar 33,608 duine i dtoghcheantair Ghaeltacht na Gaillimhe i gceantair fheidhme an chontae. Léiríonn sé seo fás mór de 2,860 duine breise nó méadú 9.3% idir 2006 agus 2011. Shainigh an Rialtas Gaeltacht na Gaillimhe i 1956 agus ag an am sin bhí sé bunaithe ar réigiún inar labhair 80% den daonra nó os a chionn Gaeilge chuile lá mar ghnáth- theanga.

Is polasaí bunúsach de chuid an stáit é an Ghaeilge a chaomhnú. Tá an pobal is láidre sa tír ó thaobh labhairt na Gaeilge lonnaithe i gCo. na Gaillimhe, idir Bearna agus Carna den chuid is mó agus Oileáin Árann san áireamh. Tá brú ollmhór ar an bpobal teanga seo ar go leor fáthanna, ceann acu ná an brú de bharr daoine gan aon Ghaeilge ag bogadh isteach sa Ghaeltacht, chomh maith le tionchair sheachtracha eile agus easpa seirbhísí ina dteanga féin don phobal. Tá an Ghaeltacht oifigiúil comhdhéanta de phobail dhifriúla agus aithníonn an Chomhairle go bhfuil an Ghaeilge níos láidre i bpobail áirithe seachas a chéile.

#### 10.4.1 Forbairt Gheilleagrach sa Ghaeltacht

Tá an Chomhairle ag leanúint lena tacaíocht d'Údarás na Gaeltachta atá ag comhlíonadh a róil mar Ghníomhaireacht Forbartha an réigiúin seo.

#### 10.4.2 An Ghaeltacht a Chaomhnú agus a Chur Chun Cinn sa Phróiseas Pleanála

Is cuid an-bheag den tír atá sainithe mar Ghaeltacht agus caithfear í a chaomhnú agus an teanga a chur cinn. Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil an daonra tite i gcuid den Ghaeltacht. Ní cheadófar aon fhorbairt a mheasfadh an tÚdarás Pleanála go mbeadh tionchar diúltach suntasach aici ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht. Mar sin féin, tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an nGaeltacht trí bhreathnú go fabhrach ar fhorbairtí cuí laistigh den Ghaeltacht.

### 10.5 Polasaithe agus Cuspóirí na Gaeltachta

#### Polasaithe na Gaeltachta

##### **Polasaí G 1 – An Ghaeltacht a Chaomhnú agus a Chur Chun Cinn sa Phróiseas Pleanála**

Tá imlíniú déanta ag an gComhairle trí Phlean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018 ar pholasaithe agus ar chuspóirí a dhéanann cosaint agus a spreagann oidhreacht shóisialta, chultúir agus theanga na Gaeltachta agus ag an am céanna a bhaineann leas as cumas geilleagrach agus forbartha na Gaeltachta ar bhealach cothrom agus inbhuanaitheach thar shaolré an phlean.

##### **Polasaí G 2 – Forbairt Gheilleagrach sa Ghaeltacht**

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta, tríd an ról atá aici i leith Forbairt Gheilleagrach, do chomhoibriú dlúth leis na gníomhaireachtaí forbartha reachtúla, go háirithe le hÚdarás na Gaeltachta, chun forbairt inbhuanaitheach a bhaint amach i nGaeltacht na Gaillimhe agus ag an am céanna ag cosaint agus ag cur chun cinn na Gaeilge mar chéad theanga pobail an cheantair

##### **Polasaí G 3 – An Teanga ina Sócmhainn**

Tábhacht gheilleagrach, shóisialta agus chultúir na Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar fud an chontae a aithint.

##### **Polasaí G 4 – Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

Tacú le agus feidhmiú a dhéanamh ar mholtaí *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* ( nó aon leagan a thagann ina áit nó atá nuashonraithe)

#### Cuspóir Gaeltachta

##### **Cuspóir G 1 – Oidhreacht Teanga agus Chultúir na Gaeltachta**

Beidh sé ina chuspóir ag an gComhairle oidhreacht teanga agus chultúir na Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail.

## 10.6 Na hOileáin

Tá an grúpa oileán amach ó chósta Cho. na Gaillimhe sainiúil agus is cuid thábhachtach iad de chultúr, oidhreacht, éiceolaíocht, gheilleagar agus de mheallacht thurasóireacht an chontae. Tá an cháil ar phobail ar oileáin nach bhfuil aon dream níos mó a bhfuil teacht aniar iontu chun an ceann is fearr a fháil ar choinníollacha uafásacha fisiciúla agus geilleagracha agus dá bharr go bhfuil a gcultúr agus a bhféiniúlacht shainiúil féin coinnithe agus forbartha acu.

De réir dhaonáirimh an CSO 2011, tá cúig oileán amach ó chósta na Gaillimhe le daonraí buana. Is iad Oileáin Árann an príomhgrúpa oileán. Is é Inis Mór an t-oileán is mó, tá Inis Meáin sa lár agus ar an dara hoileán is mó agus is é Inis Oírr is lú agus is faide soir. Tá méadú beag tagtha ar dhaonra gach oileán acu ó déanadh Daonáireamh 2006. De réir thorthaí Dhaonáirimh 2011, ba iad an daonra a bhí in Inis Mór, Inis Meáin agus Inis Oírr ná 845,157 agus 249 faoi seach.

Tá Inis Bó Finne seacht míle i bhfarrage ó chósta na Gaillimhe agus bhí daonra 160 ar an oileán i 2011. Is ceantar pórúcháin do go leor speiceas éan é Inis Bó Finne, is é an Traonach an speiceas neamhchoitianta atá ar an oileán faoi láthair. Tá Inis Toirc siar ón gCladach Dubh agus de réir Dhaonáireamh 2011; is duine amháin a chónaigh ar an oileán.

Tá cuid de na hoileáin a bhfuil ainmniú Eorpach/Náisiúnta acu i bhfoirm SAC agus NHA agus tá siad freisin lonnaithe in Íogaireacht Tírdhreacha 5 de Phlean Forbartha an Chontae. Tá sé riachtanach go dtabharfaí aird ar na hainmniúcháin seo nuair a bheadh aon fhorbairt á pleanáil chun a chinntiú nach mbeadh aon tionchar diúltach ag an bhforbairt ar na hoileáin agus ar a dtréithe. Go hiondúil, bíonn gá le measúnacht tionchair físe de bharr íogaireacht timpeallachta agus tírdhreacha. Tá sé riachtanach go mbeadh céim réamhphleanála ann ina ndéanfadh na hiarrthóirí/gníomhairí teagmháil leis an Údarás Pleanála sula gcuirfí iarratas pleanála isteach d'aon chineál forbartha ar na hoileáin. Chomh maith leis na hoileáin seo, tá roinnt oileán eile le costa na Gaillimhe nach bhfuil cónaí buan orthu, ar nós Inis Oirc, Tairbeart, An Chruach agus Oileán Dá Chruinne.

Is cuid thábhachtach d'oidhreacht chultúir agus shainiúil an chontae iad na hoileáin atá amach ó chósta na Gaillimhe agus iad luachmhar ó thaobh na turasóireachta de; mar sin beidh an Chomhairle go dearfach ag spreagadh forbartha a luíonn isteach le cuspóirí an phlean.

## 10.7 Polasaithe agus Cuspóirí na nOileán

### Polasaithe na nOileán

#### Polasaí IS 1 – Tacú leis na hOileáin

Tacú le na hoileáin a bhfuil cónaí orthu i gCo na Gaillimhe agus riachtanais phleanála agus forbartha speisialta a bhaineann le hoileáin agus le pobail oileán a aithint, go háirithe rochtain, infrastruchtúr agus seirbhísí.

### Cuspóirí na nOileán

#### Cuspóir IS 1 – Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireachta ar na hOileáin

Tacú le forbairt gheilleagrach agus turasóireachta na n-oileán ar mhaithe le pobail na n-oileán go ginearálta agus cothú a dhéanamh ar fhorbairt earnálacha sainiúla gheilleagrach nó speisialta a bheadh oiriúnach d'oileáin dhifriúla.

#### Cuspóir IS 2 – Moltaí Forbartha ar na hOileáin

- Tacú le moltaí d'fhorbairtí inbhuanaitheacha a chuireann le forbairt gheilleagrach agus shóisialta fhadtéarmach na n-oileán;
- Tabharfar tosaíocht d'fhorbairtí a chuidíonn le daonra na n-oileán a choinneáil seasta i rith na bliana ar fad, a bhfuil buntáistí geilleagracha agus sóisialta soiléire agus aitheanta leo agus atá comhoiriúnach maidir le cumas an phobail áitiúil iad a thabhairt ar bord;
- A chinntiú go bhfuil aon fhorbairt nua d'aon chineál báúil le tréithe sainiúla agus cruthanna tírdhreach na n-oileán agus leis na pátrúin thógála thraidisiúnta orthu.

#### Cuspóir IS 3 – Creatphlean do na hOileáin



Ag brath ar acmhainní, tacófar le pobail ar oileáin creatphlean a ullmhu d'oileáin.

## 10.8 Saoráidí agus Seirbhísí Pobail

Glactar leis go forleathan go bhfuil rochtain chóir agus chothrom ar sheirbhísí infrastruchtúir ina fhachtóir lárnach maidir le pobail inbhuanaitheacha agus sheasta a chruthú. Braitheann caighdeán maireachtála i bpobal ní amháin ar sholáthar tithíochta, fostaíochta agus ar thacaíocht infrastruchtúir ach freisin ar rochtain ar saoráidí sóisialta, pobail agus cultúir, rud atá bunúsach do chomhtháthú sóisialta agus d'fhorbairt phearsanta.

Tá éagothroime thromchúiseach i soláthar seirbhísí tarlaithe le roinnt blianta de bharr daonra agus seirbhísí a bheith á ndíriú ar Chathair na Gaillimhe agus timpeall uirthi. Ciallaíonn sé seo go bhfuil fáil ag na bailte agus na sráidbhailte atá gar don Chathair ar réimse leathan seirbhísí ach go bhfuil na ceantair atá níos cúlraí ag cailliúint daonra agus tá an baol ann go gcaillfidh siad níos mó seirbhísí. Mar mhalairt air seo, caithfidh na bailte agus sráidbhailte atá ag méadú go tapa, déileáil le brú ar a gcuid scoileanna agus le heaspa saoráidí cúraim leanaí agus sláinte.

Chun go mairfidh siad, caithfidh pobail rochtain a bheith acu ar na seirbhísí sóisialta seo ar nós cúram sláinte, iompar poiblí, fóillíocht, caithimh aimsire agus deiseanna sóisialta agus oideachasúla. Is é an dúshlán atá ann do Comhairle Chontae na Gaillimhe ná comhoibriú leis na pobail éagsúla chun a gcuid riachtanas a aithint, acmhainní a fháil agus tacú le cláir a choinneoidh buan saol an phobail. Tá comhoibriú gníomhaireachtaí Stáit agus Ranna Rialtais riachtanach chun seirbhísí áirithe a sheachadadh, ar nós oideachas agus oiliúint, cúram leanaí, saoráidí do dhaoine breacaosta agus do dhaoine le riachtanais speisialta nó le míchumais, saoráidí sóisialta agus cultúir, leabharlanna, saoráidí pobail, spásanna do spórt agus do chaithimh aimsire, seirbhísí sláinte, saoráidí spraoi, reiligí agus ionaid adhartha. Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le hOifigí Poist faoin Tuath a choinneáil ar seirbhís thábhachtach iad do mhuintir na tuaithe.

## 10.9 Polasaithe agus Cuspóirí Saoráidí agus Seirbhísí Pobail

### Polasaithe Saoráidí agus Seirbhísí Pobail

#### **Polasaí CF 1 – Saoráidí Pobail**

Cúnamh a thabhairt nuair is féidir le forbairt saoráidí agus seirbhísí pobail laistigh den Chontae. Spreagadh agus éascú, a dhéanamh, nuair atá sin indéanta, ar sholáthar agus leathnú saoráidí pobail comhtháite chun freastal ar riachtanais phobal sa chontae.

#### **Polasaí CF 2 – An Earnáil Pobail agus Dheonach**

Tacú le láidriú na hearnála Pobail agus Deonáí ar fud an Chontae.

#### **Polasaí CF 3 – Saoráidí Oideachais agus Chúram Leanaí**

Cuir chun cinn a dhéanamh ar sholáthar dheiseanna oideachais do gach grúpa sa Chontae agus ar sholáthar saoráidí chúram lae agus chúram leanaí óna hearnálacha poiblí agus príobháideacha i lonnaíochtaí agus pobail ar fud an Chontae.

#### **Polasaí CF 4 – Seirbhísí Leabharlainne**

Leanúint ag cur chun cinn úsáid na seirbhíse leabharlainne agus forbairt níos mó a dhéanamh ar gach leabharlann mar ionad cruinnithe don phobal agus mar bhunáit foghlama.

#### **Polasaí CF 5 – Riachtanais Phobail agus Chultúir**

Riachtanais phobail agus chultúir na bpobal nua sa chontae a aithint agus cuir chun cinn a dhéanamh ar saoráidí a roinnt inár mbailte agus sráidbhailte.

#### **Polasaí CF 6 – Reiligí**

Feidhmiú a dhéanamh ar an gclár atá ag leanúint ar aghaidh faoi láthair maidir le soláthar agus síneadh a chur ar reiligí ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil. Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála faoi thalamh a fháil nuair is gá nuair is gá síneadh a chur le reiligí poiblí atá faoi úinéireacht nó faoi chúram na Comhairle le linn tréimhse an Phlean. Ní chuirfear síneadh le reiligí meánaoiseacha a bhfuil tábhacht seandálaíochta suntasach leo má chruthaítear go gcuirfeadh a leithéid de shíneadh isteach ar an

oidhreacht seandálaíochta.

### **Polasaí CF 7 – Ealaíon, Spóirt agus Uilechuimsitheacht Shóisialta**

Tacú le feidhmiú straitéis Ealaíne, Spóirt agus Chuimsithe Shóisialta na Comhairle, *An Straitéis Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta 2013-2015, Straitéis na Gaillimhe do Dhaoine Breacaosta 2014-2019*, agus *Clár Tacaíochta don Óige* agus pleananna agus cláir oiriúnacha eile a d'fhéadfaí a fhorbairt le linn saolré an Phlean.

### **Polasaí CF 8 – Forbairt Chultúir sa Chontae**

Spreagadh agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt d'eagraíochtaí Ealaíon chun a gcumas iomlán a bhaint amach agus ag an am céanna feabhas a chur ar an saol ealaíne i gCo. na Gaillimhe. Tacaíonn an Chomhairle agus déanann sí forbairt ar eagraíochtaí agus ar dhaoine aonair a bhíonn ag obair sna Seirbhísí Cultúir agus Cruthaitheacha.

## **Cuspóirí Saoráidí agus Seirbhísí Pobail**

### **Cuspóir CF 1 – Inrochtaineacht Uilíoch, Dearadh Uilíoch agus Uilechuimsitheacht Shóisialta**

Cur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt nuair is féidir do choincheap na hinrochtana uilíoch, dearaidh uilíoch agus éascú a dhéanamh ar uilechuimsitheacht shóisialta trí chaighdeáin arda dearaidh a chur i dtionscadail agus i bpleananna.

### **Cuspóir CF 2 – Soláthar agus Saoráidí Oideachais**

Comhoibriú go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le hOifig na nOibreacha Poiblí chun suíomhanna oiriúnacha do shaoráidí nua oideachasúla a aithint agus a chaomhnú. Tabharfar san áireamh forchoimeádais suíomhanna do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna nuair a bheifear ag forbairt Pleananna Áitiúla Ceantair agus d'fhéadfaí socrúithe campais a chur san áireamh anseo.

### **Cuspóir CF 3 – Saoráidí Crèche**

Éileamh a dhéanamh ar sholáthar saoráidí crèche i bhforbairtí measctha/cónaithe de réir threoirlínte an Aire ar Saoráidí Cúraim Leanaí d'Údarás Phleanála a foilsíodh i 2001. Spreagfaidh an tÚdarás Pleanála forbairt ar réimse leathan saoráidí cúraim leanaí, i.e. páirtaimseartha, cúram lae iomlán, cúram tar éis scoile, etc. agus iad siúd a bheidh lonnaithe i gceantair chónaithe, i gceantair fhostaíochta agus i gceantair atá gar d'áiteanna ina gcónaíonn daoine a úsáideann a leithéid de sheirbhísí san áireamh. Go ginearálta, ní cheadófar saoráidí cúraim leanaí taobh amuigh de lonnaithe bunaithe ach amháin gar nó in aice saoráidí oideachasúla nó sóisialta atá ann cheana féin (scoileanna náisiúnta, siopaí/oifigí poist tuaithe etc.)

### **Cuspóir CF 4 – Spóirt, Taitneamhacht agus Caithimh Aimsire**

Tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla agus d'eagraíochtaí spóirt agus éascú a dhéanamh dóibh i bhforbairt saoráidí spóirt agus caithimh aimsire. Tacófar le síneadh measartha a chur ar shaoráidí spóirt atá ann cheana agus údaraithe ar fud an Chontae. Iarracht a dhéanamh ar spásanna oscailte a fhorbairt ar fud an chontae a thacóidh le réimse gníomhaíochtaí caithimh aimsire agus taitneamhachta a dhéanfaidh soláthar do riachtanais ghníomhacha agus fhulangacha.

### **Cuspóir CF 5 – Saoráidí Spraoi**

Tacú le forbairt saoráidí Spraoi in áiteanna feiliúnacha sa chontae de réir na Straitéise Náisiúnta Spraoi *Bí ag Súgradh!*.

### **Cuspóir CF 6 – Reiligí**

Talamh a fháil in áiteanna a bhfuil an chosúlacht air go mbeidh gá síneadh a chur le reiligí poiblí atá faoi úinéireacht nó faoi chúram na Comhairle le linn tréimhse an Phlean. Ní chuirfear síneadh le reiligí meánaoiseacha a bhfuil tábhacht seandálaíochta suntasach leo má chruthaítear go gcuirfeadh a leithéid de shíneadh isteach ar an oidhreacht seandálaíochta.

### **Cuspóir CF 7 – Seirbhísí do Dhaoine Breacaosta**

Breathnú go fabhrach ar thionscadail ar fud an Chontae a sheachadann seirbhísí do dhaoine breacaosta nó a dhéanann comhtháthú ar sheirbhísí do dhaoine breacaosta agus do pháistí.

### **Cuspóir CF 8 – Seirbhísí Sláinte**

An feabhas leanúnach agus an leathnú atá á gcur ar saoráidí sláinte agus leighis laistigh den chontae a chur chun cinn ar bhealach atá pleanáilte agus comhordaithe, trí ghlacadh le tionscadail a chuidíonn lena

leithéid do shaoráidí cúraim leighis a sholáthar, lena n-áirítear meabhairshláinte mar aon lena seirbhísí agus forbairtí tacaíochta riachtanacha a théann leo agus na riachtanais infrastructúr freisin.

#### **Cuspóir CF 9 – Tacú le Forbairt Chultúr Sainiúil an Chontae**

Éascú a dhéanamh ar fhorbairt infrastructúir chultúir laistigh de na pobail ar fud an chontae a chuirfidh borradh breise faoi chultúr beoga an chontae.

#### **Cuspóir CF 10 – Seirbhís Dóiteáin i gceantar Chonamara**

Tacú le Seirbhís(i) Dóiteáin a fhorbairt i gCeantar Chonamara.

### 10.10 Caithimh Aimsire agus Taitneamhacht

Tagann réimse leathan imeachtaí faoi chaithimh aimsire, ó spóirt iomaíochta go tuiscint éighníomhach don timpeallacht nádúrtha nó léiriú ar spiorad na healaíne i saothar péintéireachta nó in obair cheardaíochta. Tá éagsúlacht iontach ghníomhaíochtaí caithimh aimsire i gCo na Gaillimhe, cuid acu a eascraíonn as nósanna agus traidisiúin áitiúla. Éilíonn na cineálacha éagsúla spóirt iomaíochta caighdeáin níos airde agus níos airde ina n-saoráidí agus ina gcuid cóiríochta agus teastóidh rochtain ar a leithéid de shaoráidí ó rannpháirtithe sa chontae chun dul in iomaíocht chothrom lena gcomhiomaitheoirí ag leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar an taobh eile den scéal, tá an riachtanas céanna ann caomhnú a dhéanamh ar thaitneamhacht gan mhilleadh ar nós tránna, dumhcha, portaigh agus taobhanna sléibhe mar gheall ar an luach a bhaineann leo ó thaobh caithimh aimsire. Chomh maith leis sin bíonn foirgnimh agus suímh shuntasacha i lárionaid chónaithe a chothaíonn ómós áite agus a sholáthraíonn áit cruinnithe nó spraoi do mhuintir na háite. Tacú le Bealach Náisiúnta Rothaíochta idir Baile Átha Cliath- Béal Átha na Sluaighe – Cathair na Gaillimhe – An Clochán agus sin a fhorbairt agus tacú le scéim lúib-bhealaí/glasbhealaí rothaíochta ar fud an Chontae.

### 10.11 Polasaithe agus Cuspóirí Chaitheamh Aimsire agus Taitneamhachta

#### Polasaithe Chaitheamh Aimsire agus Taitneamhachta

##### **Polasaí RA 1 – Cur Chun Cinn Chaitheamh Aimsire agus Taitneamhachta**

Comhoibriú le geallsealbhóirí éagsúla i gcur chun cinn agus forbairt chumais chaitheamh aimsire agus taitneamhachta an chontae agus forbairtí oiriúnacha a chur i gcríoch nuair atá na hacmhainní ann lena n-aghaidh.

##### **Polasaí RA 2 – Cosaint Cheantair Íogaireacha**

Cosaint a dhéanamh ar cheantair áilleachta agus íogaireacha ó thaobh na timpeallachta agus cur chun cinn a dhéanamh ar eolas agus ar thuiscint faoi thaitneamhacht nádúrtha an Chontae.

##### **Polasaí RA 3 – Bealaí Siúil agus Rothaíochta**

Tacú le grúpaí siúil agus rothaíochta agus le grúpaí agus le heagraíochtaí taitneamhachta eile mar iad i gcur chun cinn a gcuid disciplíní agus i bhforbairt a gcuid bealaí agus saoráidí.

##### **Polasaí RA 4 – Polasaí Spóirt, Caitheamh Aimsire, Taitneamhachta agus Spraoi**

Polasaí Spóirt, Caitheamh Aimsire, Taitneamhachta agus Spraoi a fhorbairt don chontae laistigh de shaolré an Phlean bunaithe ar mholtaí an Staidéir Riachtanas Chaitheamh Aimsire atá Comhairle Chontae na Gaillimhe a dhéanamh.

##### **Polasaí RA 5 – Cosáin Mharcaíochta**

Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le cláir agus tionscnaimh a chuideoidh le cosáin mharcaíochta a fhorbairt i gCo. na Gaillimhe agus cuirfidh chun cinn iad.

#### Cuspóirí Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta

##### **Cuspóir RA 1 – Saoráidí Snámha**

Tá sé ina chuspóir ag an gComhairle feabhas a chur ar an soláthar saoráidí snámha ar fud an Chontae; agus a chinntiú go bhfuil caighdeán ceart uisce snámha á chothabháil agus cur le comhlíonadh

riachtanas Threoir Uisce Snámha an AE agus Rialúcháin Chaighdeán Uisce Snámha (IR Uimh. de 2008) agus Luachanna Éigeantacha AE, ar a laghad agus Luachanna Treorach AE a thrasuíomh, cibé áit is féidir.

#### **Cuspóir RA 2 – Ionaid Caitheamh Aimsire**

Tá sé ina chuspóir ag an gComhairle tacú le soláthar ionad caitheamh aimsire atá oiriúnach d'aoiseanna éagsúla, páirceanna poiblí, láithreacha spraoi, garraithe scóir agus bealaí siúlóide.

#### **Cuspóir RA 3 – Saoráidí Caitheamh Aimsire**

Tá sé ina chuspóir ag an gComhairle saoráidí spóirt, caitheamh aimsire agus taitneamhachta a fhorbairt ag láithreacha oiriúnacha sa chontae agus a luíonn isteach le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaitheach i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobal agus spórt áitiúla agus le/nó páirtithe príobháideacha. Tacófar le leathnú measartha ar shaoráidí spóirt atá ann cheana agus ar shaoráidí údaraithe ar fud an chontae.

#### **Cuspóir RA 4 – Garraithe Scóir**

Tá sé ina chuspóir ag an gComhairle cíoradh dearfach a dhéanamh ar sholáthar, nó cead a thabhairt d'fhorbairt garraithe scóir i gceantair thuaithe agus talmhaíochta áit a mbeadh rochtain orthu ón gceantar uirbeach sa chontae, le go mbeadh siad ar fáil don phobal.

#### **Cuspóir RA 5 – Glasbhealach an Chlocháin**

Tá sé ina chuspóir ag an gComhairle cosaint a thabhairt d'ailíniú Iarnród an Chlocháin agus tacú lena chur i gcríoch.

#### **Cuspóir RA 6 – Bealaí Siúlóide/Ceartha Slí**

Cosc a chur ar fhorbairt a chuirfeadh isteach ar bhealaí siúlóide poiblí agus ar chearta slí poiblí, go háirithe iad siúd i gceantair áilleachta, ar an gcósta agus le hais uiscebhealaí intíre.

#### **Cuspóir RA 7 – Bealaí Siúlóide agus Rothaíochta**

Tacú le agus cur chun cinn clár a dhéanann forbairt ar bhealaí siúlóide agus rothaíochta, ináirithe *Straitéis Chonairí na hÉireann, Straitéis Siúil agus Rothaíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe (2013)* agus an *Staidreamh Scóipe Líonra Náisiúnta Rothaíochta (2010)*.

## 10.12 Ceartha Slí Poiblí

Tá cearta slí poiblí ann leis na céadta bliain mar bhealach chun deis a thabhairt do dhaoine taisteal thimpeall codanna éagsúla den chontae. Is féidir le cearta slí poiblí a bheith ina n-acmhainn shuntasach caitheamh aimsire agus taitneamhachta agus is sócmhainn thábhachtach gheilleagrach agus turasóireachta iad chomh maith don Chontae.

## 10.13 Polasaí agus Cuspóir Chearta Slí Poiblí

### Polasaí Chearta Slí Poiblí

#### **Polasaí PRW 1 – Caomhnú ar Chearta Slí Poiblí**

Is é an Polasaí atá ag an gComhairle ná caomhnú agus cosaint a dhéanamh ar chearta slí poiblí atá deimhnithe agus ar bealaí iad go dtí an cladach, ar an sliabh, bruach locha, bruach abhann nó aon áit a bhfuil áilleacht nádúrtha nó feidhm caithimh aimsire ag baint leis.

### Cuspóir Chearta Slí Poiblí

#### **Cuspóir PRW 1 – Ceartha Slí Poiblí Atá Ann Cheana a Aithint**

Iarracht a dhéanamh cearta slí poiblí atá ann cheana a thugann bealach go dtí an cladach, ar an sliabh, bruach locha, bruach abhann nó aon áit a bhfuil áilleacht nádúrtha nó feidhm caithimh aimsire ag baint leis, a aithint, a mhapáil agus a chosaint de réir mar a thagann siad ós comhair an Údaráis Pleanála le linn shaolré an phlean.

## 10.14 Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Rochtain Uilíoch

### 10.14.1 Uilechuimsitheacht Shóisialta

Tagraíonn uilechuimsitheacht shóisialta do shraith gníomhaíochtaí dearfacha chun cothromas rochtana ar sheirbhísí agus ar earraí a bhaint amach, chun cuidiú le gach duine páirt a ghlacadh ina phobal agus sa tsochaí, chun spreagadh a thabhairt do gach duine a gcuid a thabhairt don saol sóisialta agus cultúir agus chun a bheith feasach air agus sásta dúshlán a thabhairt do gach cineál idirdhealaithe. Féachann uilechuimsitheacht shóisialta le sochaí chuimsitheach agus chóir a chruthú agus le éagothroime, eisiámh sóisialta agus bochtaineacht a chloí.

Tarlaíonn eisiámh shóisialta do dhuine nuair nach n-éiríonn leis fostaíocht a aimsiú, nuair atá sé ag Maireachtáil i mbochtaineacht agus nuair nach bhfuil aon ionchur aige sna cinntí ná na polasaithe a bhfuil tionchar acu ar a shaol. Is féidir le eisiámh sóisialta mar sin an bonn a bhaint ó theaghlaigh, ó dhaoine aonair agus ó phobail.

## 10.15 Polasaithe agus Cuspóirí Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Uilíoch

### Polasaithe Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Rochtana Uilíoch

#### Polasaí SI 1 – Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Rochtain Uilíoch

Tacú le prionsabail Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Rochtana Uilíoch agus a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine ar earraí, ar sheirbhísí, ar saoráidí agus ar fhoirgnimh agus i bhfianaise na bprionsabal sin na míbhuntáistí eacnamaíochta agus sóisialta i gceantair i nGaillimh Thoir agus i gConamara a aithint. Agus cuidiú le daoine aonair a bheith rannpháirteach i saol sóisialta agus cultúir laistigh de Chontae na Gaillimhe agus cur leis.

#### Polasaí SI 2 – Cláir/Idirghabhála Uilechuimsitheacht Shóisialta

Tacú le feidhmiú na riachtanas agus na bhforálacha mar atá leagtha síos san *Acht Míchumais 2005*, an *National Action Plan for Social Inclusion 2007-2016* ( agus aon doiciméad nuashonraithe nó atá tagtha ina áit san áireamh), RAPID agus CLÁR a thacaíonn le hidirghabhálacha uilechuimsitheacht shóisialta go háitiúil agus a chuireann béim ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine agus do phobail atá ag fulaingt míbhuntáiste agus eisiámh trí réimse leathan gníomhaíochtaí a chur chun cinn go háitiúil.

#### Polasaí SI 3 – Feidhmiú an Pholasaí

Forálacha an *Phlean Gníomhaíochta um Míchumas Chontae na Gaillimhe 2007-2015* agus an *Straitéis um Uilechuimsitheacht Shóisialta* a fheidhmiú (lena n-áirítear aon doiciméad nuashonraithe nó atá tagtha ina áit), *Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta i nGaillimh 2014-2019*, *Straitéis Lánpháirithe agus Éagsúlachta 2013-2015*, *Straitéis Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil i nGaillimh*, *Straitéis Éagsúlachta LGBT na Gaillimhe* agus *Straitéis Aosú Dearfach Náisiúnta na hÉireann*.

#### Polasaí SI 4 – Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le coincheap fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

#### Polasaí SI 5 – Aosú agus an Teaglach

Comhoibriú le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus le páirtithe eile le go mbeidh Co na Gaillimhe ina contae ceannródaíoch maidir le comhtháthú taighde agus cleachtas i réimsí riachtanas aosaithe agus teaghlaigh.

### Cuspóirí Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Rochtana Uilíoch

#### Cuspóir SI 1 – Riachtanais Mhíchumais Aitheanta

Aird a thabhairt ar dhaoine a bhfuil riachtanais mhíchumais aitheanta maidir le láithriú, leagan amach agus dearadh fhorbairtí tithíochta, saoráidí pobail, spásanna poiblí agus sheirbhísí iompair.

#### Cuspóir SI 2 – Tithíocht do Dhaoine Breacaosta agus do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Eile

A chinntiú go bhfuil aonaid oiriúnacha tógtha sa margadh tithíochta do dhaoine breacaosta, do dhaoine le míchumais agus do theaghlaigh eile a bhfuil riachtanais speisialta acu.

**Cuspóir SI 3 – Promhadh ar Infrastruchtúr Bainistíochta Trácht**

A chinntiú go bhfuil forbairt déanta ar Infrastruchtúr Bainistíochta Trácht de réir lámhleabhair dearaidh bóthair agus de réir Chaighdeán agus Threoirlínte DM an phlean seo chun go ndéanfar freastal ar gach riachtanas.

**Cuspóir SI 4 – Gréasáin Seirbhísí agus Thaistil Tuaithe**

Tacóidh an Chomhairle le forbairt ghréasán nua thaistil tuaithe in áiteanna a n-aithnítear bearnaí sna seirbhísí.

**Cuspóir SI 5 – Tosaíochtaí do Pholasaithe Bainistíochta Trácht i gCeantair Uirbeacha**

Polasaithe bainistíochta trácht a chur chun cinn a dhéanann éascaíocht do choisithe agus lucht rothair i gcomhar le gluaiseacht feithiclí i lárionaid uirbeacha, i mbailte agus sráidbhailte.

**Cuspóir SI 6 – Straitéis Iompair Chomhtháite agus Cónaitheoirí Níos Síne**

Polasaí iompair agus straitéis iompair chomhtháite a fhorbairt a fheastalaíonn ar riachtanais gach cónaitheora agus ar an pobal go ginearálta.

**Cuspóir SI 7 – Sábháilteacht Pobail agus Infrastruchtúr**

Cur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt infrastruchtúir a fheabhsaíonn sábháilteacht an phobail.

**Cuspóir SI 8 – An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus Cathracha a Thacaíonn le Seanóirí**

Aird a thabhairt ar Sheicliosta Gnéithe Riachtanacha do Chathracha a Thacaíonn le Seanóirí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) nuair a bheidh Plean forbartha an Chontae a fheidhmiú.

**Cuspóir SI 9 – Pobail Saoil**

Éascú a dhéanamh do gach ball den phobal chun cónaí ina dteach féin ina bpobal féin chomh fada agus is féidir leo.

# Caibidil 11 - Talmhaíocht, Iascach, Acmhainní Mara agus Foraoiseacht

---

## 11.1 Réamhrá

Leagann an *Straitéis Spáis Náisiúnta* amach cé mar is féidir le forbairt tuaithe tacú le forbairt réigiúnach chothromaithe trí na cáilíochtaí comhshaoil agus tríd an geilleagar tuaithe a láidriú. Tá clár oibre forbartha tuaithe an rialtais a chur chun cinn trí chur chuige ilearnála lena n-áirítear forbairt na n-earnálacha foraoiseachta, iascaigh agus agraibhia in Éirinn. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag déanamh dul chun cinn le Clár Forbartha Tuaithe na hÉireann don tréimhse 2014 - 2020 arna chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Tá beartas forbartha tuaithe don tréimhse 2014 go dtí 2020 leagtha amach chun cur leis na cuspóirí a bhaineann le hiomaíochas i gcúrsaí talmhaíochta; le bainistiú inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha agus gníomhú ar son na haeráide agus forbairt chothrom críche na gceantar tuaithe.

### 11.1.1 Talmhaíocht

Aithníonn an Rialtas na féidearthachtaí agus na dúshláin atá le sárú ag na hearnálacha talmhaíochta/iascaigh agus chun dul i ngleic leis sin, sholáthair an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (i gcomhar leis an mBord Bia, Teagasc, Bord Iascaigh Mhara (BIM), Fiontraíocht Éireann, Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus le Comhairleoirí Talmhaíochta) an *Fómhar Bia: Tuarascáil físe d'agraibhia agus d'iascaigh na hÉireann, 2020* in 2013, a leagan amach treoir chomhtháite chun cur le hacmhainn an tionscail, oiriúint i gcomhair dúshláin agus fás a spreagadh i gcomhthéacs na ndeiseanna atá ag teacht chun cinn sna deich mbliana atá amach romhainn. Tá an méid atá i ndán don fheirm bheag theaghláigh i gcroílár mhisean an *Straitéis Fómhar Bia 2020*, ag cinntiú go soláthrófar deiseanna d'fheirmeoirí beaga sna ceantair shomhille chun go leanfar ar aghaidh ag feirmeoireacht mar a rinne a muintir rompu leis na cianta roimhe sin. Soláthraíonn an Comhbheartas Talmhaíochta (CAP) tacaíocht d'fheirmeoirí chun tréigean na talún agus ilroinnt na talún a laghdú agus i gcothabháil na talún féaraigh atá ann cheana féin.

### 11.1.2 Acmhainní Iascaigh agus Mara

Cuireadh tús le tionscal dobhharshaothrú na hÉireann sna 1970idí agus leanann an tionscal ar aghaidh ag soláthar fostaíochta agus ioncaim sna ceantair chósta agus tuaithe. Déantar formhór de tháirgí thionscal dobhharshaothrú na hÉireann (mara agus fionnuisce, sliogéisc agus iasc eite) a easpórtáil de bharr an éilimh dhomhanda atá ar bhia mara agus fionnuisce, agus an fás atá tagtha ar an éileamh sin ar bhonn domhanda. Tá titim ar líon na n-iasc fiáin a thugtar i dtír agus an bhéim a leagtar ar an tionchar diúltach atá ag modhanna iascaireachta reatha ar dhúshaothrú agus ar ídiú stoic, agus mar thoradh ar sin tá brú leanúnach ar thionscal an dobhharshaothraithe chun seirbhís agus soláthar a dhéanamh ar na riachtanais mhargaidh sin. Léirítear é seo sna tionscadail/tionscnaimh ilghnéitheacha chun méideanna táirgeachta a leathnú agus chun cur le héagsúlacht na speiceas saothraithe, lena n-áirítear an trosc. Tá breis suime le sonrú i ndobharshaothrú planda uiscigh, agus i soláthar deiseanna chun gnóthaí/fiontair a chruthú i ndobharshaothrú na feamainne. Tugann roinnt Gníomhaireachtaí Stáit, lena n-áirítear, Údarás na Gaeltachta, BIM, agus Foras na Mara tacaíocht leanúnach d'earnáil an dobhharshaothraithe.

### 11.1.3 Foraoiseacht

Tá ról lárnach ag úsáid na talún, athrú ar úsáid na talún agus foraoiseacht ar laghdú nó le fritháireamh astúchán Gáis Cheaptha Teasa (GHG). Tá deis shuntasach ag Éirinn, leis na limistéir mhóra talún imeallacha atá an-fheiliúnach d'fhoraoisiú agus i gcothú 'fáis inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de'.

## 11.2 Aidhmeanna Straitéiseacha

Admhaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an tábhacht atá lenár dtionscail dhúchasacha agraibhia, iascaigh agus foraoiseachta agus an ról atá acu mar phríomhsholáthróir i bhforbairt tuaithe agus sa gheilleagar tuaithe ag leibhéal réigiúnach agus contae. Cuirfidh an Chomhairle chun cinn cur chuige comhtháite maidir le forbairt inbhuanaithe na limistéar cósta agus tuaithe lena n-áirítear feabhsú ar príomhmhodhanna feirmeoireachta, an t-agraibhia, na hearnálacha iascaigh agus foraoiseachta atá

Ionann i limistéar feidhmithe an Chontae. Chun na spriocanna seo go huile a bhaint amach, éileofar tacaíocht phoiblí le haghaidh na hearnálacha agraibhia, iascaigh agus foraoiseachta agus admhaítear go ndéanfar na ceantair tuaithe a chothabháil ar feadh shaolré an Phlean agus ar feadh tréimhse ama níos faide anonn ná sin.

De réir fhís straitéiseach an Phlean, tá na cuspóirí bunaithe ar na spriocanna straitéiseacha a leanas:

- Chun tacú le agus cothabháil a dhéanamh ar phobail tuaithe/chósta an Chontae san am atá amach romhainn lena n-áirítear an fheirm theaghlaigh thraidisiúnta;
- Éiceachórais nádúrtha ar thalamh agus ar muir;
- Chun tacú leis na geilleagair thuaithe áitiúla, éagsúlú a chur chun cinn, coinníollacha na bhfeirmeacha áitiúla agus na bhfiontar tuaithe a fheabhsú agus cuidiú le margáí áitiúla a fhorbairt ar fud an Chontae;
- Chun cuidiú le fás inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de/cleachtaí bainistíochta a chothú (lena n-áirítear slándáil, ardchaighdeán agus éagsúlacht bhia) i modhanna táirgeachta príomhbhia sna hearnálacha agraibhia, iascaigh agus foraoiseachta sa Chontae;
- Coinneáil le maolú athrú aeráide agus le gníomhaíochtaí oiriúnaithe a thugann an deis do thalmhaíocht freagair d'athrú aeráide go mór mhór d'iarbhairtí athruithe adhaimsire.

### 11.3 Talmhaíocht agus Bia

Tá an talmhaíocht mar chuid lárnach d'oibríochtaí an AE, de gheilleagar agus de shochoaí na hÉireann agus d'fhéadfadh laghdú, beag nó mór, a chuirfí i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta, dídhaonrú a threisiú sna ceantair thuaithe le cailliúintí i ngníomhaíochtaí tuaithe eile lena n-áirítear turasóireacht mar thoradh. Cuireann Leasú Chomhbheartas Talmhaíochta an AE (*CAP i dTreo 2020*) chun cinn deiseanna fáis do cheantair thuaithe ar fud na hEorpa, deiseanna atá níos inbhuanaithe, cliste agus níos cuimsithí. Tá saoránaigh na AE ag éileamh ardchaighdeán agus rogha leathan táirgí bia, a léiríonn ardraon slándála, caighdeán leasa agus cháilíochta, lena n-áirítear táirgí áitiúla.

Tá an fhéidearthacht ag Éirinn chun tús áite a thógáil i dtáirgeadh bia inbhuanaithe, chun cur le héifeachtúlacht charbóin san earnáil agus chun cuidiú le treisiú uathúlacht dár dtairiscint bhia ar mhargaí an AE agus ar na margáí domhanda. Cuirfidh an fhorbairt atá a dhéanamh in Éirinn ar chóras inrianaitheachta géiniteach chun cinn inrianaitheacht agus dearbhú tomhaltóra agus atá mar phríomhshamplaí d'fhás inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar atá beartaithe faoin *Straitéis Fómhair Bia 2020*.

Tá Éire ar an gcéad thír sa domhan chun monatóireacht a dhéanamh ar lorg carbóin na dtáirgeoirí ar scála náisiúnta. Cuireadh tús le clár píolóta le haghaidh tionscal an déirí in 2011, agus cuirfear i ngníomh scéim náisiúnta, a bheidh coibhéiseach leis sin atá ag feidhmiú in earnáil na feola in 2012/2013. Faoi dheireadh na bliana 2013, beidh lorg carbóin ag 32,000 feirm mhairteola in Éirinn. In imeacht dhá bhliain eile déanfar iniúchadh ar na 18,000 feirm déirí atá ag feidhmiú in Éirinn.

De réir na *Straitéise Fómhair Bia 2020* beidh na hathruithe a leanas léirithe sna huimhreacha beostoic:

- Ardú de 24% in uimhreacha na mbó bainne;
- Tá titim de 13% tuartha ar uimhreacha na mbó diúil;
- 6.82 milliún an comhaireamh iomlán eallaigh atáthar ag súil leis faoi 2020. Léiríonn an figiúr sin titim de 2% san uimhir iomlán eallaigh i gcomparáid leis an meánchomhaireamh eallaigh thar thréimhse 2007-2009;
- Tá titim de 5.5% tuartha ar uimhreacha na gcaorach;
- Beidh titim de 46% tagtha ar uimhreacha iomlán na gcaorach ón mbuaic a bhí san earnáil sin in 1993.

Ar an iomlán, cuirfidh an ghluaiseacht atá i bhfeidhm chun córais éifeachtúlachta táirgthe le haghaidh beostoc athchogantaigh go mór le cúrsaí comhshaoil agus leis na spriocanna ata leagtha síos sa *bhFómhar Bia 2020* a bhaint amach.

#### 11.3.1 An Phróifíl Náisiúnta

Léirigh an *Daonáireamh Talmhaíochta 2010* ag leibhéal náisiúnta go raibh 139,860 feirm ag feidhmiú in Éirinn i Meitheamh 2010 i gcomparáid le 141,527 feirm i Meitheamh 2000. Tháinig ardú de 2,8% ar an limistéar talmhaíochta a bhí in úsáid thar thréimhse na ndeich mbliana, ó 4,443,071 heicteár i



Meitheamh 2000 go 4,569,359 heicteár i Meitheamh 2010. Tháinig ardú ar mheánmhéid an ghabháiltais talmhaíochta ó 31.4 heicteár go 32.7 heicteár in 2010. Leanann an táirgeadh feola Speisialta ar aghaidh mar an cineál feirmeoireachta is coitianta, lena n-áirítear os cionn leath d'fheirmeacha na tíre in 2010.

### 11.3.2 Próifil Fostaíochta an Chontae maidir le Talmhaíocht, lascaigh agus Foraoiseacht

Déanann an Tábla 11.1 rianú ar na hathruithe in uimhreacha na ndaoine a bhí fostaithe in earnáil na talmhaíochta, na foraoiseachta agus iascaigh ag leibhéal Chontae na Gaillimhe thar thréimhse na ndaonáireamh a rinneadh ó 2002-2011. Ó na figiúirí atá tugtha thíos léirítear go bhfuil ardú beag tagtha ar líon na ndaoine atá fostaithe in earnáil na Talmhaíochta, lascaigh agus Foraoiseachta in 2011 ná mar a bhí sa thréimhse dhaonáirimh roimhe seo a rinneadh in 2006.

Tréimhse	Líon Iomlán Fostaithe sa Chontae	Líon Iomlán Fostaithe san Earnáil Talmhaíochta, lascaigh agus Foraoiseachta	% Fostaithe i dTalmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaigh
2002	65,543	6,553	9.96%
2006	70,617	5,749	8.14%
2011	69,207	5,908	8.5%

Tábla 11.1: Fostaíocht trí Chatagóir

Léiríonn Daonáireamh Chontae na Gaillimhe 2011, go raibh *Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaigh* rangaithe sa 5<sup>ú</sup> háit sa cholún Fostaithe go hIomlán (5,908) san earnáil sin le haghaidh 2011.

### 11.3.3 An Phróifil Talmhaíochta laistigh de Chontae na Gaillimhe

Léiríonn an *Daonáireamh Talmhaíochta 2010*, go bhfuil úsáid na Talmhaíochta ar an úsáid is mó a bhaintear as an talamh i gContae na Gaillimhe. Bhí 13,445 feirm liostaithe sa Chontae, 347,122.7 ha an limistéar iomlán a bhí faoi fheirmeoireacht agus 25.82 ha an limistéar talún a bhí na feirmeacha ar an meán. Tá ardú tagtha ar an limistéar iomlán atá faoi fheirmeoireacht agus ar mhéid na feirme ar an meán araon ó 2000. Eallach agus caoirigh an dá phríomhchineál feirmeoireachta, agus tá feirmeoireacht déiríochta, muc agus éanlaithe mar chatagóir thábhachtacha chomh maith. Cleachtar gníomhaíochtaí eachaí chomh maith ar scála níos lú. Cleachtar foraoiseacht agus gairneoireacht sa Chontae chomh maith.

### 11.3.4 Feirmeoireacht Orgánach

Tá ardú mór tagtha ar éileamh bia orgánaigh agus ar éileamh bianna speisialta. Dá bharr sin, soláthraíodh deis d'fheirmeoirí chun praghas maith a bhaint amach ar mhairteoil orgánach, ar uaineoil, fiafheoil, bainne, ar thorthaí agus ar ghlasraí chomh maith le bianna eile a tháirgtear go háitiúil. Níl aon cheist ach go bhfuil féidearthachtaí móra ann d'fheirmeoirí a dhéanann an cinneadh agus iompú ar an bhfeirmeoireacht orgánach i gContae na Gaillimhe. Chun go gcuirfí chun cinn éagsúlú feirme sna limistéir táirgthe bia orgánaigh agus sna limistéir phróiseála bia, cuirfidh an Chomhairle ar aghaidh soláthar margaí feirmeoirí rialta sna láithreacha cuí, lena n-áirítear na bailte margaidh traidisiúnta ar nós baile Thuama, Béal Átha na Sluaighe, Baile Locha Riach, Órán Mór, An Gort, Baile Átha an Rí, Cinn Mhara, agus sa Chlochán, láithreacha a tháinig chun cinn mar lárionaid thrádála talmhaíochta, mar mhargaí le haghaidh táirgí áitiúla d'ardchaighdeán agus hinmharthanacht gheilleagrach na talmhaíochta áitiúla.

### 11.3.5 Forbairt Agrathurasóireachta

Tá saibhreas áiseanna nádúrtha agus áiseanna tógtha ag an gContae a sholáthraíonn caighdeán saoil faoin tuath a chuireann taca faoi sheirbhísí agus faoi tháirgí turasóireachta ar feadh na bliana. Tá an fhéidearthacht ann chun forbairt a dhéanamh ar agrathurasóireacht mar mhodh éagsúlú an gheilleagair tuaithe ina bhféadfaí ionaid eachaíochta a áireamh, cúrsaí gailf dhá mhaide, ionaid ghníomhaíochtaí allamuigh, cóiríocht tí feirme d'aíonna agus gníomhaíochtaí eile atá ar chomhchosúlacht lena n-áirítear ionaid cheardaíochta ag feidhmiú ar scála beag. Sna cásanna inar féidir tograí le haghaidh forbairt agrathurasóireachta a chuir san áireamh, déanfaidh an Chomhairle a bhforbairt a spreagadh agus a éascú faoi réir ag critéir bhainistíochta gnáthfhorbartha.

### 11.3.6 Pórtha Áitiúla

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe chomh tábhachtach agus atá Capaillíní Chonamara, pór Caorach na Gaillimhe agus an Capall Tarraingthe Éireannach mar gur pórtha iad ar féidir iad a chéannú agus a aithint laistigh de Chontae na Gaillimhe. Molann agus tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe iarrachtaí na gcumann póraitheoirí agus na daoine sin a chuireann ár bpórtha dúchasacha agus tugann sí spreagadh do na hiarrachtaí a fheabhsaíonn na pórtha dúchasacha sin ar bhealach dearfach.

## 11.4 Polasaithe Talmhaíochta, Acmhainní Iascaigh/ Mara agus Foraoiseachta

### Polasaithe Talmhaíochta, Acmhainní Iascaigh/Mara agus Foraoiseachta

#### Polasaí AFF 1 – Earnáil Agraibhia, Acmhainní Iascaigh/Mara agus Foraoiseachta

Tabharfaidh an Chomhairle aitheantas do straitéisí nuálacha san earnáil agraibhia, acmhainní iascaigh/mara agus foraoiseachta sa Chontae.

#### Polasaí AFF 2 – Bainistiú Inbhuanaithe na nAcmhainní Nádúrtha

Tacú le Tuarascáil na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara dar teideal *Fómhar Bia: Fís d'Agriabhia agus d'Iascaigh 2020*.

## 11.5 Polasaithe agus Cuspóirí Talmhaíochta

### Polasaithe Talmhaíochta

#### Polasaí AFF 3 - Forbairt Inbhuanaithe na Tuaithe

Forbairt inbhuanaithe na tuaithe a éascú. Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh an t-éagsúlú cuí ar úsáid na ngabháltas tuaithe a bheith riachtanach chun inmharthanacht leanúnach na talmhaíochta a chinntiú.

#### Polasaí AFF 4 – Feirmeoireacht Orgánach agus Turasóireacht Tuaithe

Cuirfidh an Chomhairle chun cinn agus tabharfar tacaíocht d'earnáil na feirme orgánaí (lena n-áirítear an fhorbairt ar na margaí nideoige) agus do thionscnaimh turasóireachta tuaithe lena n-áirítear infrastruchtúr cuí chun tacú le tionscnaimh dá shórt.

### Cuspóirí Talmhaíochta

#### Cuspóir AFF 1 – Talmhaíocht Inbhuanaithe

Tacóidh an Chomhairle le forbairt inbhuanaithe talmhaíochta, le béim leagtha ar phríomh-mhodhanna táirgthe inrianaithe d'ardchaighdeán, cur chun cinn soláthar bia áitiúil agus éagsúlú talmhaíochta.

#### Cuspóir AFF 2 – Éagsúlú Tuaithe

Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe tacaíocht dóibhsean a chónaíonn agus a oibríonn in earnáil na talmhaíochta agus/ar mian leo fanacht ar a ngabháltas. De réir sin, breithneoidh an Chomhairle go fabhrach ar éagsúlú tuaithe atá beartaithe chun ioncam na feirme a fhorlíonadh sa chás go bhfanfaidh an ghníomhaíocht cúntach agus comhoiriúnach d'úsáid talmhaíocht leanúnach na feirme agus nach mbeidh droch-thionchar aige ar thaitneamhacht chónaithe:

- Cleachtaí feirmeoireachta speisialta m.sh. pórú ainmhí speisialta, áiseanna eachaí, éanlaith, saothrú muisiriúin, saothrú torthaí agus glasraí;
- Fiontair feirme ar nós próiseála, feirmeacha peataí/scoileanna marcaíochta capaill le gné ghníomhaíochta miondíola;
- Táirgeadh bia orgánach agus bia speisialta chun tabhairt faoin ardú in éileamh táirgí dá shórt;

- d) Athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá as úsáid/foirgnimh feirme atá ann cheana féin le haghaidh fiontair chuí tuath-dhírthe, a bheidh ag feidhmiú faoi scáth an úinéara, mar shlí chun tacú le pobal tuaithe inmharthana, faoi réir ag pleanáil chuí agus ag forbairt inbhuanaithe an cheantair;
- e) Tacú le forbairt gníomhaíochtaí agrathurasóireachta cuí agus le tograí forbartha éiceathurasóireachta agus le cur chun cinn an Chontae mar cheann scríbe turasóireachta glaise.

#### **Cuspóir AFF 3 – Margaí Feirmeoirí**

Tacú le bunú nó le héascú ar mhargaí feirmeoirí áitiúla rialta sna bailte agus sna sráidbhailte mar atá leagtha síos sa Straitéis Lonnaíochta/Láir, de réir dea-chleachtais agus ar mhodh a thagann leis an margadh atá ann cheana féin agus le gníomhaíochtaí miondíola na mbailte agus na sráidbhailte sin.

#### **Cuspóir AFF 4 – Dianfhorbairtí Talmhaíochta**

Bíodh aird ar *S.256 An Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000* (arna leasaithe) a dhéanann leasú ar *An Acht Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 1992*, maidir le smachtú astúchán le linn measúnachta ar dhianfhorbairtí talmhaíochta.

#### **Cuspóir AFF 5 – Comhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga**

Beidh tionscadail talmhaíochta nua a d'fhéadfadh cuir as do Shuíomhanna Natura 2000, ag feidhmiú astu féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile faoi réir ag Measúnú Oiriúnachta chun a chinntiú nach bhfuil aon bhaol ann go gcuirfead as do shláine d'aon cheann de Shuíomhanna Natura 2000 sa Chontae.

#### **Cuspóir AFF 6 – Draenáil nó Míntíriú Bogaigh**

Cuirfidh an Chomhairle *i ngníomh codanna iomchuí na Rialachán Forbartha agus Pleanála (Leasú) (Uimh.2) 2011, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasú Pleanála agus Forbartha) 2011*, a éilíonn go gcuirfí cead pleanála i bhfeidhm i gcás limistéar talún a bheadh faoi thionchar oibreacha a bhaineann le draenáil nó le míntíriú bogaigh atá 0.1 heicteár nó níos mó i méid nó i gcás ar bith ina mbeadh tionchar suntasach ag oibreacha dá leithéid ar an timpeallacht. Chaitheadh Measúnú Oiriúnachta a bheith ag gabháil le hiarratais phleanála dá leithéid mar riachtanas.

## **11.6 Acmhainní Iascaigh agus Mara**

Ní amháin gur gníomhaíocht gheilleagrach é an t-iascach, is modh maireachtála é chomh maith atá lárnach don fhéiniúlacht agus do rathúnas a liacht pobal ar chóstaí Chontae na Gaillimhe. Ní bhaineann tionscal an iascaigh le hiascach tráchtála amháin (ar muir agus intíre) ach le turasóireacht agus le gníomhaíochtaí caithimh aimsire eile chomh maith. Tá acmhainn na mara thar a bheith tábhachtach don gContae de bhrí go soláthraítear líon mór gníomhaíochtaí atá bunaithe ar an bhfarráige, gníomhaíochtaí oibre agus pléisiúir araon. Lena n-áirítear turais go na hoileáin, áitrithe agus neamháitrithe araon, báid ar cíos, luamhaireacht, spóirt eachtraíochta, slatiascaireacht céibhe/cladaigh, slatiascaireacht mhara, éanbhreathnú agus deilfbhreathnú, fánaíocht, cuairteanna ar shuíomhanna oidhreachta agus féilte. Tá an-tóir ar Oileáin Árann agus ar Inis Bó Finne mar láithreacha turasóireachta agus tá roinnt bád ag soláthar seirbhíse farantóireachta chuig na hoileáin ar bhonn laethúil. Tá seirbhís aeir ag nascadh leis an míntír ag formhór na n-oileán. Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an tábhacht atá leis na seirbhísí sin i soláthar fostaíochta áitiúla sna ceantair chósta agus chun turasóirí a mhealladh chuig na ceantair. Cruthaíonn iascaireacht, próiseáil éisc, iompar, muirshaothrú, doharshaothrú, agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile lena n-áirítear doharshaothrú feamainne, fómhar feamainne agus próiseáil roinnt mhaith fostaíochta sa Chontae chomh maith. Beidh ról tábhachtach ag na fuinnimh mhara (lena n-áirítear fuinneamh gaoithe easchásta/toinne agus taoide) i gcur le héifeachtúlachtaí fuinnimh, ag laghdú riachtanais úsáid talún na hearnála cumhachta agus i laghdú astúcháin GHG. Leis an infheistiú atá beartaithe sna ceangail ghreille agus san acmhainn tarchuir faoin Tionscadal *Grid West* tá an fhéidearthacht ann d'fhuinnimh mhara líon mór post a chruthú sna ceantair chósta agus chun éagsúlú a dhéanamh ar an ngeilleagar áitiúil.

Tá roinnt calafort straitéiseach ar chósta an Chontae, le Ros an Mhíl ar an gceann is tábhachtaí. Tá sé ar an gcalafort is mó agus is gnóthaí sa Chontae a fheidhmíonn mar phríomhchalafort iascaigh

agus mar láthair próiseála éisc. Is é Ros an Mhíl an príomhchalafoirt atá ag cabhlach iascaigh Domhainmhara Oileáin Árann agus Gaillimh agus tá sé mar phríomhchalafoirt farantóireachta do phaisinéirí agus d'earraí le haghaidh na dtrí Oileáin Árann.

Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh agus tacaíocht do chur chuige comhtháite maidir le fiontar mara mar a leagtar síos sa Phlean Náisiúnta Comhtháite Mara dar teideal *Harnessing our Ocean Wealth* agus mar thoradh ar na háiseanna/fiontair atá i bhfeidhm cheana féin tá an fhéidearthacht ann do Ros an Mhíl (i gcomhar le gnóthaí príobháideacha, le hinstiúidí oideachais mar Fhoras na Mara) chun forbairt mar láthair le haghaidh 'cnuasach mara/muirí' sa Chontae.

### **11.6.1 Forbairt Muiríne agus Iompar Uisce-Iompartha**

Tá méid tagtha ar thábhacht fhorbairtí mara agus tá gá leo chun freastal ar riachtanais soithí pléisiúir ar nós luamh agus cúrsóirí. Ní amháin go soláthraíonn Muiríní seirbhísí do thurasóirí agus do chónaitheoirí áitiúla atá gníomhach i bhfiontair/gníomhaíochtaí uisce bunaithe, ach feidhmíonn siad mar phointe rochtana inar féidir le cuairteoirí cuairt a thabhairt ar na sráidbhailte agus ar na bailte áitiúla, agus ar a seirbhísí gaolmhara agus a taitneamhachtaí.

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis na seirbhísí farantóireachta idir Oileáin Árann, Inis Bó Finne, An Cloigeann agus an mhórthír. Oibreoidh agus comhoibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le gníomhaireachtaí eile chun deiseanna a aithint le haghaidh bealaí inmharthana ar uisce a bhunú sa Chontae agus le contaetha cóngaracha eile mar is cuí.

### **11.6.2 Ainmniúcháin Sliogéisc**

Chun go gcaomhnófaí na huiscí sliogéisc atá ann cheana féin agus chun caomhnú na limistéar sin a chinntiú amach anseo, Thug an tAontas Eorpach isteach an *Treoir maidir le hUiscí Sliogéisc (2006/113/CE)*. Is é an aidhm atá leis an Treoir sin, chun bearta daingne a chur i ngníomh le haghaidh na huiscí a chosaint, lena n-áirítear uiscí sliogéisc, in éadan truaillithe agus chun líon sliogéisc faoi leith a chosaint ó iarmhairtí urchoideacha éagsúla, mar thoradh ar sceitheadh ábhar truailléain amach san fharraige. Baineann an Treoir le gnáthóg uisceach moileasc gastrapóid agus débhlaoascaigh amháin (lena n-áirítear oisrí, diúilicíní, ruacain, muiríní agus breallaigh). Ní áirítear crústaigh ar nós gliomach, portán agus cráifisc.

Tá 3 limistéar ar imeallbhord Chontae na Gaillimhe atá ainmnithe mar Uiscí Ainmniúcháin Sliogéisc:

- Cuan Chill Chiaráin;
- Droichead an Chláirín/Cuan Chinn Mhara;
- Cuan Eachinse.

Tá roinnt limistéar Uiscí Ainmniúcháin Sliogéisc beartaithe chomh maith lena n-áirítear -

- Cuan na Gaillimhe, Indreabhán;
- Cuan Mhanainn;
- Cuan an Chlocháin/Cuan Aird Bhéarra;
- Cuan Bharr an tSrutha;
- Cuan Bhaile na Cille.

Tá Clár Cosanta Truaillithe i bhfeidhm maidir leis na limistéir ainmnithe sin. Éilítear go ginearálta ar fhorbairt aird chuí a thabhairt ar cheanglais Phlean Bhainistíocht Abhantrach an Iarthair a thagraíonn do na huiscí sliogéisc caomhnaithe. Is dóigh go ndéanfar na limistéir sin atá beartaithe a ainmniú go hoifigiúil le linn saolré an Phlean seo. Caihfídh forbairtí cóngaracha do, nó sna ceantair máguaird, aird chuí a thabhairt ar an limistéar ainmnithe agus a chinntiú nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt ar chaighdeán an uisce agus ar na suíomhanna Natura 2000 sa cheantar.

### **11.6.3 Ceanglais Reachtaíochta**

Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoECLG), i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla freagrach as an mbainistíocht, úsáid, gníomhaíocht agus forbairt na timpeallachta fisiciúla go dtí an Meánlíne Bharr Láin (MHWL). Tugann na cumhachtaí faoin *Acht Pleanála agus Forbartha, 2000* (arna leasú), dlínse do na hÚdaráis Áitiúla mar Údaráis Phleanála ar fhorbairtí chladaigh atá cóngarach don limistéar feidhmithe. Tá an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (DCENR) freagrach as forbairtí ar thaobh na farraige den Mheánlíne Bharr Láin agus tá feidhmithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a shíneann amach thar an droim talún.

Rialaíonn na hAchtanna Urthrá na gníomhaireachtaí do bharshaothraithe a fheidhmíonn ar nó faoi líne na hurthrá agus tá na gníomhaireachtaí do bharshaothraithe a fheidhmíonn ar thaobh na talún de líne na hurthrá faoi réir ag cead pleanála ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is é an urthrá an cladach agus grinneall na farraige faoin mheánlíne bharr láin na ngnáth-thaoidí nó meánthaoidí agus a shíneann amach go dtí líne na díthrá.

Tabharfar leasanna faoi na hAchtanna le haghaidh struchtúir fadtéarmach a thógáil (m.sh. céanna, muiríní, droichid, bóithre, carrchlóis) agus tabharfar ceadúnais le haghaidh oibreacha eile (m.sh. leagan píblínite agus cáblaí faoi uisce) agus ar chúiseanna eile (m.sh. do bharshaothrá).

Tabharfaidh an Chomhairle aird ar fhorálacha an *Bhille um Urthrá agus Limistéar Muirí (Leasú) 2013* agus cloífead lena bhfuil sa *Bhille* nuair a achtaítear é.

Tá *Treoir maidir le Straitéis Mhuirí an AE* go dlúth ar chomhréim le *Creat-treoir Uisce an AE* a chuireann chun cinn cur chuige atá éiceachóras bunaithe chun forbairt inbhuanaithe dár dtimpeallacht mara a chinntiú chun go mbainfí amach stádas comhshaoil sásúil maidir le uiscí mara an AE faoi 2020. Tá sé deartha chun féidearthacht gheilleagrach iomlán na n-aigéan agus na bhfarraigí a bhaint amach i gcomhréiteach leis an timpeallacht mara. Is é Foras na Mara an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as taighde mara, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht (RTDI). Tá sé mar aidhm ag an *Straitéis maidir le hAthruithe Mara 2007-2013 (Sea Change Strategy)* earnáil na mara a athrú isteach ina hearnáil a bheidh ar a cumas deiseanna margaíochta a thairbhiú, aschuir ardluacha a chruthú agus cuir le príomhchuspóirí straitéiseacha náisiúnta ar mhodh comhshaoil inbhuanaithe agus ag cuimsiú deiseanna teicneolaíochta.

## **11.7 Polasaithe agus Cuspóirí Acmhainní Iascaigh agus Mara**

### **Polasaithe Acmhainní Iascaigh agus Mara**

#### **Polasaí AFF 5 – Cur i nGníomh na Treorach maidir le hUiscí Sliogéisc**

Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag comhoibriú le pobail áitiúla, le páirtithe leasmhara iomchuí, agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun cur i ngníomh iomchuí agus rathúil na Treorach maidir le hUiscí Sliogéisc a chinntiú ar imeallbhord Chontae na Gaillimhe.

#### **Polasaí AFF 6 – Fás Inbhuanaithe sna hEarnálacha Acmhainní Iascaigh agus Mara**

Tacóidh an Chomhairle le forbairt inbhuanaithe na bhfiontar acmhainne mara agus iascaigh agus le éicthurasóireacht/turasóireacht mara a thagann le polasaithe eile an Phlean, chun tairbhe a bhaint as an bhforbairt atá déanta i gcruthú post agus fás sna pobail chósta agus tuaithe an Chontae agus an fás sa gheilleagar náisiúnta.

#### **Polasaí AFF 7 – Cur chuige Comhtháite**

Cuirfidh an Chomhairle chun cinn Contae na Gaillimhe mar Chontae le cósta agus déanfaidh iarracht chun deiseanna agus tairbhí sóisialta na farraige a chur os ár gcomhair. Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le cur chuige comhtháite nó éiceachóras bunaithe mar atá leagtha síos sa doiciméad *Plean Comhtháite Mara na hÉireann, ag Fómhar Saibhreas na Mara 2012* a bhaineann le tograí forbartha muirí amach anseo, ag cinntiú go ndéanfar teorainneacha éiceolaíochta a urramú agus nach mbeidh iarmhairtí móra diúltacha ag forbairtí ar an timpeallacht ar thalamh agus ar muir araon.

#### **Polasaí AFF 8 – Taighde Mara**

Cur chun cinn agus comhoibriú le NUIG agus le Foras na Mara, ina dtionscnaimh Taighde agus Forbartha chun deiseanna fostaíochta in earnáil na mara a chur chun cinn (m.sh. an tionscadal SmartBay).

### **Cuspóirí Acmhainní Iascaigh agus Mara**

#### **Cuspóir AFF 7 – Iascach Farraige Tráchtála**

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe spreagadh agus éascú ar fhorbairt inbhuanaithe agus fairsingiú ar thionscal na hiascaireachta agus ag soláthar le haghaidh bainistiú agus caomhnú na ngnáthóg cósta agus na n-éiceachóras ag an am céanna.

#### **Cuspóir AFF 8 – Dobharshaothrú**

Tacóidh agus cuirfidh an Chomhairle chun cinn forbairt inbhuanaithe na hearnála do bharshaothraithe chun fostaíocht agus fás a chruthú sna pobail chósta agus ag cothromú comaoineacha comhshaoil. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar bheartas a spreagadh cleachtais feirmeoireachta éisc le cladach agus an beartas sin a chur i bhfeidhm de réir a chéile. Bheadh aird speisialta le tabhairt ar chead pleanála d'fheirmeacha le cladach i gceantair a mbeadh an tionscal feirmeoireachta éisc cheana iontu.

#### **Cuspóir AFF 9 – Acmhainní Iascaigh Intíre**

Tacóidh an Chomhairle le hacmhainn iascaigh intíre luachmhar an Chontae agus tacófar lena fhorbairt inbhuanaithe agus lena fhás tríd an caighdeán uisce agus gnáthóige a chosaint agus trí éascú a dhéanamh ar infrastruchtúr cúntach agus trí fheabhsúcháin ar láithreacha cuí.

#### **Cuspóir AFF 10 – Taighde Mara**

Leanfar ag tacú leis an bhforbairt bhreise ar stáisiún taighde mara NUIG i Maínis, ag díriú aird ar úsáid seanbhunaithe an tsuímh agus an tábhacht a bhaineann leis do thionscal an do bharshaothraithe, don phobal áitiúil agus d'fhorbairt eolais eolaíoch.

#### **Cuspóir AFF 11 – Forbairt na nAcmhainní Easchósta**

Tacóidh agus cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe chun cinn forbairt ar acmhainní easchósta inbhuanaithe cosúil le suíomhanna giniúna fuinnimh easchósta faoi réir ag forálacha Threoracha an AE lena n-áirítear an *Treoir maidir le Gnáthóga agus an Treoir maidir le Slíogéisc*.

#### **Cuspóir AFF 12 – Forbairtí Muiríní**

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do thograí le haghaidh forbairtí muiríne inbhuanaithe agus áiseanna gaolmhara atá lonnaithe ag muiríní cheana féin agus ag láithreacha cuí eile atá comhfhadaithe go hiomlán.

#### **Cuspóir AFF 13 – Iompar Uisce-Iompartha**

Tacú le hoibríocht leanúnach na seirbhísí farantóireachta idir na hoileáin agus an mhórthír chun tacú le pobail chósta agus chun rochtain a mhéadú le haghaidh earnáil na turasoíreachta.

#### **Cuspóir AFF 14 – Soláthar Infrastruchtúir**

Soláthar infrastruchtúir a éascú, atá riachtanach le forbairt a dhéanamh ar thionscal na hiascaireachta, na feamainne agus an mhuirshaothraithe. Ba chóir go mbeadh an soláthar infrastruchtúir, atá riachtanach le forbairt a dhéanamh ar thionscal na hiascaireachta agus an mhuirshaothraithe lonnaithe i ngaireacht d'áiseanna leaindeála bunaithe.

#### **Cuspóir AFF 15 – Dobharshaothrú, Fiontraíocht Mhara agus Biteicneolaíocht**

Spreagadh agus tacóidh an Chomhairle le cur chuige comhtháite d'fhiontraíocht mhara mar atá leagtha síos sa Plean Náisiúnta Mara Comhtháite dar teideal *Ag Fómhar Saibhreas na Mara 2012*. Tabharfaidh an Chomhairle breithniú ar fhiontair acmhainne mara atá lonnaithe go cuí ar fud an Chontae, faoi réir ag pleanáil iomchuí agus ag comhlíonadh le reachtaíocht chomhshaoil. Cuirfear Ros an Mhíl chun cinn mar ionad le haghaidh 'cnuasach mara/muirí'.

#### **Cuspóir AFF 16 – Turasoíreachta Mhara**

Tacóidh an Chomhairle, de réir reachtaíocht Pleanála na hÉireann agus reachtaíocht chomhshaoil na hEorpa lena n-áirítear Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh, leis an infreastruchtúr agus na fóntais riachtanacha a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe chun tacú le turasoíreachta mhara mar slatiascaireacht domhainfharraige, seoltóireacht, canúáil, tonnmharcaíocht, taiscéalaíocht oileán agus paisinéirí ar bháid phléisiúir.

### **11.8 Foraoiseacht**

Is ag Éirinn atá an comhréir is ísle talún le haghaidh foraoiseachta thar náisiúin uile an AE. Is é an sprioc náisiúnta mar atá leagtha síos sa doiciméad rialtais *'Ag Fás i gcomhair na Todhchaí: Plean Straitéiseach le haghaidh Forbairt na hEarnála Foraoiseachta in Éirinn'* 1996, go mbeidh cumhdach foraoiseachta de 17% againn faoi 2030. Measadh go raibh 11,939 duine fostaithe in earnáil foraoiseacht na hÉireann agus san earnáil táirgí foraoiseachta in 2012. 6,653 ha nó 10.6% an céatadán de thalamh na hÉireann a bhí faoi fhoraois i mí na Nollag 2011. 8Ha. an limistéar talún a bhí ag gabhálas feirme foraoise ar an meán in 2011. D'eisigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

3,864 ceadúnas leagain in 2011. D'eisigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 3,864 ceadúnas leagain in 2011. Táthar ag tabhairt faoi Athbhreithniú Náisiúnta ar Bheartas Foraoise faoi láthair agus beidh na moltaí a thiocfaidh as mar lón eolais chun spriocanna náisiúnta ar bheartas foraoise a leagan amach i dtaobh leibhéil foraoiseachta, comhdhéanamh na speiceas agus struchtúr an eastáit foraoise, an soláthar lomáin chruinne amach anseo, an t-éileamh, Taighde agus Forbairt agus nualaíocht san earnáil foraoiseachta chomh maith le caighdeáin, treoirlínte agus monatóireacht.

### **11.8.1 An Phróifíl Foraoiseachta laistigh de Chontae na Gaillimhe**

Meastar gur c.9.8% nó 593,966 Ha de limistéar iomlán an Chontae cumhdach foraoise Chontae na Gaillimhe. I gcomparáid le 11.01% nó foraoisithe plandáladh c. 380 ha de thalamh féaraigh sa Chontae in 2012. Chun go mbainfí amach an sprioc náisiúnta, ní mór go ndéanfaí an cumhdach foraoise a ardú go suntasach faoi 2030.

Faigheann formhór na foraoiseachta cúnaimh i bhfoirm deontais. Is pacáiste deontais é an Scéim Coillte Dúchasacha (NWS) le haghaidh feirmeoirí agus úinéirí talún eile, atá dírithe ar chosaint réamhghníomhach agus ar leathnú choillte dúchasacha agus bithéagsúlacht ghaolmhar na hÉireann. Faoi réir ag gnáthshrianta tá an NWS mar rogha feiliúnach le haghaidh suíomhanna sna limistéir a meastar a bheith íogair ó thaobh an chomhshaoil, tírdhreacha nó áise de, lena n-áirítear suíomhanna i ngaireacht nó cóngarach do choillte ainmnithe nó do ghnáthóga tábhachtacha atá ann cheana féin.

### **11.8.2 Bainistiú Foraoiseachta – Treoirlínte, Ceadúnais agus Ceaduithe**

Oibríonn foraoiseacht in Éirinn faoi chuimsiú creata dlí agus rialála. Tá sé seo riachtanach chun foraoisí a chosaint agus chun a chinntiú go gcomhlíonann oibríochtaí agus gníomhaíochtaí foraoiseachta prionsabail na Bainistíochta Foraoise Inbhuanaithe (SFM). Tá sé tábhachtach go mbeidh na daoine a bhfuil baint acu le hearnáil na foraoiseachta eolach ar oibleagáidí dlí agus rialála a rialaíonn foraoiseacht.

D'fhoilsigh an tSeirbhís Foraoiseachta *Cód Dea-Chleachtais Foraoiseachta*, ina bhfuil liosta d'oibríochtaí uile foraoiseachta agus an modh inar chóir na hoibríochtaí a chur i bhfeidhm chun cur i ngníomh an SFM a chinntiú chomh maith leis na Treoirlínte a fheidhmíonn mar fhearas trína chinntíonn an tSeirbhís Foraoiseachta go bhfuil gné chomhshaoil an SFM a chur i ngníomh. Tá comhlíonadh na dtreoirlínte mar choinníoll deontais, agus mar choinníoll eisithe maidir le ceadúnas leagain, Mura ndéanfar na coinníollacha a chomhlíonadh coinneofar siar na deontais agus na ceadúnais leagain. Áirítear tagairtí sna Lámhleabhair Dea-Chleachtais do thírdhreach agus comhshaoil agus do mheasúnóirí le haghaidh an chórais deontais, agus moltar dóibhsean tagairt do Mheasúnú ar Nádúr an Tírdhreacha nuair atáthar ag déanamh breithniú ar iarratais.

Cé go bhfuil formhór d'oibríochtaí foraoiseachta díolmhaithe ón gceanglas chun cead pleanála a iarraidh, éilítear ar ghníomhaíochtaí foraoiseachta faoi leith, de réir dlí, ceadúnas nó ceadú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is cion é chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí foraoiseachta seo a leanas mura bhfaightear ceadúnas nó ceadú ón Roinn roimh ré:

- **Leagan Crann**  
Faoi *Acht Foraoiseachta 1946*, tá Ceadúnas Leagain riachtanach *chun aon chrann atá níos sine ná deich mbliana a leagan nó a dífhreamhú* (faoi réir díolúintí faoi leith);
- **Toirchiú ón Aer**  
Faoi *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Toirchiú ón Aer) (Foraoiseacht) 2012*, caithfear ceadúnas toirchithe ón aer a fháil sula bhféadfar aerárthach a úsáid chun leasachán a scaradh ar fhoraois;
- **Foraoisiú**  
Faoi *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Toiliú agus Measúnú Foraoise) 2010*, tá ceadú ón Aire riachtanach le haghaidh tionscadail foraoisithe uile sa chás go bhfuil an limistéar i gceist níos mó ná 0.10 heicteár (c.0.25 acra);
- **Tógáil Bóithre Foraoise**  
Faoi *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Toiliú agus Measúnú Foraoise) 2010*, tá ceadú ón Aire riachtanach chun bóthar foraoise a thógáil.

### **11.8.3 Nós Imeachta Measúnaithe Cuí don tSeirbhís Foraoise**

Faoin reachtaíocht náisiúnta agus na hEorpa, éilítear ar an tSeirbhís Foraoise nós imeachta measúnaithe cuí a chur i ngníomh maidir le hiarratais le haghaidh toiliú, ceadú deontais agus ceadúnú le haghaidh gníomhaíochtaí foraoiseachta faoi leith, chun an tionscadal a mheas i gcomhthéacs aon limistéar féideartha SAC nó SPA cuí.

Tá réimse cúinsí ina bhfuil an baol ann go mbeadh iarmhairt suntasach réalaíoch i gceist, mar shampla;

- Iarratais le haghaidh foraoisiú taobh istigh de shaincheantar tarchuir 1 km na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, mórthimpeall ar shuíomh Natura;
- Iarratais le haghaidh tógáil bóthair ar shuíomh atá 3 km suas ó agus cónasctha go hidreolaíoch le suíomh Natura; agus
- Iarratais le haghaidh ceadúnais leagain taobh istigh de limistéar Chromán na gCearc SPA agus na ranna gaolmhara 'Limistéir Dheirge' a théann thar an teorainn SPA.

Sna cúinsí seo nó i gcúinsí atá ar chomhchosúlacht, cuireann an tSeirbhís Foraoise próiseas scagtha sonraithe i bhfeidhm chun cinneadh a dhéanamh cibé a bhfuil an fhéidearthacht ann go bhfuil iarmhairt suntasach i láthair go réalaíoch.

#### **11.8.4 An Bhruachchrios**

Is cuid lárnach de chosaint an chórais sruthchúrsa é an Bhruachchrios, ar chóir a bheith leathan go leor chun an abhainn nó an sruthchúrsa a chosaint. >10m sin 35m go 60m an leithead atá molta le haghaidh cainéal abhann mór agus <10m sin 20m nó níos mó ar chaon taobh na habhann le haghaidh cainéil bheaga. Ba chóir go mbeadh cinneadh an leithid ag brath ar shonraí an tsuímh, réimse d'abhainn nó ar shaintréithe bruaigh locha. Tá sé tábhachtach go mbeidh an crios maolánach sách mór chun sláine éiceolaíochta na habhann a chosaint (lena n-áirítear fásra éirítheach) agus an bhruachchrios (fásra taobh bruaigh lena n-áirítear crainn) agus a thógann san áireamh stair daonna an cheantair. Cuireann an tSeirbhís Foraoise crios maolánach i bhfeidhm ag rangú ó 30m go 50m ar chaon taobh na habhann, d'fhéadfadh athrú a theacht ar na figiúirí sin ag brath ar fhána na habhann agus ar íogaireacht an tsuímh (10m an maolán is lú a chuirtear i bhfeidhm ar gach aon taobh den abhainn).

#### **11.8.5 Athrú Aeráide, Caitheamh Aimsire agus Bithfhuinneamh**

Tá an gealltanais a thug an Rialtas don straitéis náisiúnta foraoiseachta athráite sa Straitéis Náisiúnta maidir le hAthrú Aeráide (NCCS) 2007 GO 2012. Tá an príomhról a imríonn an fhoraoiseacht chun dul i ngleic le hathrú aeráide go díreach ( trí cheapadh) agus go hindíreach (trí dhíláithriú breosla iontaise) le fáil sa NCCS. Tá na réimsí foraoise freagrach as cion suntasach (2.08 milliún tonna) den líon (8.66 milliún tonna) iomlán a bhaineann le laghdú astúcháin i measc na mbeart in úsáid chun comhlíonadh le comhaontas Kyoto a bhaint amach. Chun a chinntiú áfach, go leanfaidh earnáil na foraoiseachta ar aghaidh ag feidhmiú mar shlograch dearfach go fadtéarmach, éilítear clár foraoisithe de 10,000 ha in aghaidh na bliana suas go dtí 2035. Tá sé soiléir go bhfuil ról ag an bhforaoiseacht sa chlár oibre maidir le hathrú aeráide; cé go gcaithfear áfach, an ról sin a bheith níos sonraithe agus níos altaí.

Soláthraíonn *Scéim Neighbourwood* na Seirbhíse Foraoise tacaíocht le haghaidh forbairt a dhéanamh ar 'neighbourwoods' nua agus reatha le haghaidh rochtain phoiblí, caitheamh aimsire agus chun sult a bhaint as an tírdhreach sna sráidbhailte, bailte agus sna cathracha sa Chontae (féach an lámhleabhar ina leagtar síos scóip na scéime).

Soláthraíonn táirgeadh fuinnimh in-athnuaite le haghaidh éagsúlú inbhuanaithe as modhanna traidisiúnta talmhaíochta. Tá an úsáid is ísle bithmhais san Eoraip ag Éirinn, dá bhrí sin, tá an scóip le haghaidh forbairt bhithfhuinnimh in Éirinn suntasach. Tá go leor foinsí bithbhreosla lena n-áirítear fuíll foraoise agus adhmaid agus fuíll thirim talmhaíochta a fhéadtar a dhó chun teas nó leictreachas a sholáthar agus a fhéadtar a úsáid mar fhoinsé fuinnimh chun córais bhreosla soladach a lasadh. Tá sé dóchúil go soláthróidh úsáid na bhfuíoll foraoise mar ghiniúint teasa féidearthachtaí suntasacha do Réigiún an Iarthair go luath. Ta deiseanna ann chun chomh maith chun na fotháirgí seo a úsáid mar bhithbhreoslaí chomh maith le cur chun cinn na hearnála barr fuinnimh i ngeilleagar tuaithe an Chontae mar chuid d'éagsúlú na talmhaíochta.



## 11.9 Polasaithe agus Cuspóirí Foraoiseachta

### Polasaithe Foraoiseachta

#### Polasaí AFF 9 – Caitheamh Aimsire Foraoiseachta

Comhoibriú le Coillte Teoranta, an tSeirbhís Foraoise agus le húinéirí talún príobháideacha i gcur chun cinn rochtain phoiblí agus úsáid aeraíochta sa Chontae. Tacú agus cur chun cinn ‘*Scéim Neighbourhood*’ na Scéime Foraoise a dhíríonn ar sholáthar rochtain phoiblí, aeraíocht agus baint suilt as na sráidbhailte agus bailte ar fud an Chontae.

#### Polasaí AFF 10 – Foraoiseacht agus Athrú Aeráide

De réir na *Straitéise Náisiúnta maidir le hAthrú Aeráide 2007-2012* (lena n-áirítear aon Straitéis nuashonraithe) cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe chun cinn forbairt foraoiseachta inbhuanaithe de scála iomchuí sa Chontae chun díriú ar athrú aeráide go díreach trí cheapadh agus go hindíreach trí dhíláithriú breosla iontaise.

### Cuspóirí Foraoiseachta

#### Cuspóir AFF 17 – Bainistiú Inbhuanaithe

Forbairt foraoiseachta inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí gaolmhara bainistíochta a spreagadh, lena n-áirítear cur chun cinn speicis foraoiseachta measctha, go háirithe foraoiseacht dhuillsilteach mar úsáid talmhaíochta malairte. Leagan céimnithe agus roghnaitheach a spreagadh le hais glanleagain agus cur chun cinn glaslíonraí infrastruchtúir

#### Cuspóir AFF 18 – Foraoisiú Inbhuanaithe

Foraoisiú a éascú sna láithreacha cuí, i gcomhoibriú le Coillte agus leis an tSeirbhís Foraoise agus ag comhlíonadh le polasaithe agus reachtaíocht chomhshaoil an AE agus go náisiúnta.


#### Cuspóir AFF 19 – Foraoisiú agus Tírdhreach

Breithniú a thabhairt ar thionchar na foraoiseachta ar chaighdeán tírdhreacha agus ar thaitneamhacht amhairc sna tograí foraoisithe a chuirfear faoi bhráid an Údaráis Áitiúil. Tagair do Mheasúnú Carachtair Tírdhreacha agus do na Caighdeáin DM agus do Threoirlínte an Phlean nuair atáthar i mbun breithnithe.




#### Cuspóir AFF 20 - Bithfhuinneamh

Tacú le forbairt na hearnála bithfhuinnimh mar úsáid talmhaíochta malairte agus aird a thabhairt ar an *bPlean Gníomhaíochta Bithfhuinnimh d’Éirinn 2007* (lena n-áirítear aon doiciméad nuashonraithe), ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ar Lámhleabhair agus Treoirlínte Dea-Chleachtais Bia agus ar an Measúnú Carachtair Tírdhreacha nuair atáthar i mbun breithnithe ar phlandáil suntasach na mbarr bithfhuinnimh.



***Féach AFF 1 Oiriúnacht Foraoiseachta ag deireadh na caibidle.***



Nóta: Níl Lonnaíochtaí Beaga Léirithe

-  Teorainn Contae
-  Lochanna
-  Geata Gaillimh

**Feilúnacht Forasteachta Eochair Eolais**

-  Limistéir atá Mí-oiriúnach go ginearálta d'fhoraoisiú tráchtála ar scála mór
-  Limistéir atá Oiriúnach go ginearálta d'fhoraoisiú tráchtála ar scála mór



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council

*Phlean Forbartha Contae 2015-2021*

Teideal

**Feilúnacht Foraiseacht - AFF1**

Dáta

Feabhra 2015

Línthe

LSL

Scála

NDS

## Caibidil 12 - Feidhmiú agus Monatóireacht

---

### 12.1 Réamhrá

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta feidhmiú straitéisí, beartas agus cuspóirí an phlean seo a dhaingniú.

### 12.2 Feidhmiú

Oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le gníomhaireachtaí agus údarais chuí chun feidhmiú an phlean seo a chur chun cinn agus a bhrostú.

Bainfear amach feidhmiú an phlean seo trí na nithe seo a leanas:

- Infheistíocht a dhéanamh in infrastruchtúr a bhíonn mar bhonn taca do chuspóirí forbartha an phlean seo. Ina leith sin, leagfaidh ‘Croí-Straitéis’ an phlean amach na tosaíochtaí do sholáthar agus d’fheabhas an infrastruchtúr arna chur ar fáil ag an Údarás Áitiúil agus ag gníomhaireachtaí eile, faoi réir maoinithe a bheith ar fáil;
- Straitéisí, beartais agus cuspóirí an phlean a lánpháirtiú le Pleananna ar ordú níos ísle ar nós Pleananna Ceantair Áitiúla;
- Cuspóirí agus caighdeáin an phlean seo a chur i bhfeidhm i bhforbairt na nÚdarás Áitiúla ach freisin i mheasúnú na n-iarratas ar fad maidir le cead forbartha;
- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar straitéisí, ar bheartais agus ar chuspóirí an phlean seo agus aon riachtanas atá ann maidir le leasú cuspóirí i rith shaolré an phlean seo agus i rith athbhreithnithe amach seo a aithint;
- Aird a thabhairt ar Chreat Monatóireachta na dTáscairí Réigiúnacha chun na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha 2014* a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear aon cháipéisí a thioctadh ina n-áit).

### 12.3 Monatóireacht

#### **Cuspóirí an Phlean**

Chomh fada agus is praiticiúil, rinneadh gach iarracht cuspóirí a chur le chéile atá sonrach, intomhaiste, inbhainte amach agus réadúil. Scríobhadh cuspóirí an phlean seo ar fad leis an aidhm shonrach Straitéis Lonnaíochtaí an phlean seo a chomhlíonadh mar aon leis na cuspóirí gaolmhara agus na cuspóirí comhshaoil atá leagtha amach sa Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil.

#### **Táscairí Feidhmíochta**

Is próiseas casta é tomhas rathúlachta chur i bhfeidhm chuspóirí an phlean seo, ó tharla go mbeidh raon leathan gníomhaíochtaí de dhíthe chun gach sprioc a bhaint amach. I dTábla 12.1, tá na príomhtháscairí feidhmíochta faoi gach sprioc agus níl go leor díobh laistigh de rialú díreach Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Beidh táscairí feidhmíochta bunaithe ar fhoinsí sonraí, ar nós sonraí Daonáirimh 2011. (Lena n-áirítear torthaí/sonraí an Daonáirimh nuashonraithe).

#### **Athbhreithniú Reachtúil dhá bhliain**

Déanfar an Plean Forbartha a athbhreithniú tar éis dhá bhliain agus réiteofar tuarascáil ar dhul chun cinn ar na héachtaí maidir le cuspóirí an phlean seo a bhaint amach.

## 12.4 Comhoibriú & Idirchaidreamh

Tá comhoibriú agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ar fad de dhíth chun an Plean seo a chur i bhfeidhm agus glacfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le ról ceannaireachta chun feidhmiú an Phlean a chur chun cinn agus a dhaingniú. Agus ról ceannaireachta a chur ar fáil aici, beidh sé mar sprioc ag an gComhairle cur chuige comhoibritheach a chruthú le saoránaigh, le pobail, le geallsealbhóirí, le leasanna earnálacha, le comhpháirtithe, le gníomhaireachtaí Rialtais agus Neamhrialtais mar aon le húdaráis tadhlaigh chun comhthacaíocht a bhaint amach mar aon le feidhmiú rathúil an Phlean.

Aidhmeanna Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>Aidhm Straitéiseach 1 – Forbairt Réigiúnach a Chur Chun Cinn</b> Forbairt agus fás réigiúnach a chur chun cinn trí dheis gheilleagrach agus fostaíochta buntáistí iomaíochta Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn ar nós a láthair straitéiseach, caighdeán maireachtála, tírdhreach, acmhainní oidhreachta agus nádúrtha, ar shlí inbhuanaithe agus íogaireach ó thaobh an chomhshaoil de.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Déantar fás daonra sa Chontae a threorú isteach sna lonnaíochtaí fáis chuí de réir an phlean.</li> <li>▪ Ní dhéantar na spriocanna daonra foriomlána atá sna Treoirínte Pleanála Réigiúnacha a shárú.</li> <li>▪ Déantar na teorainneacha criosaithe atá leagtha amach sa Chroí-Straitéis a iompar tríd chuid na pleananna ceantair.</li> <li>▪ Ioncaim Teaghlaigh.</li> <li>▪ Ráta Dífhostaíochta.</li> <li>▪ Talamh fostaíochta nua a ghlacadh.</li> <li>▪ Ardú sa bhonn rátaí a léiríonn fás i maoinne tráchtála.</li> <li>▪ Éagsúlacht sna hearnálacha fostaíochta.</li> </ul>
<p><b>Aidhm Straitéiseach 2 – Cosaint Comhshaoil</b> Cosaint chuí a thabhairt don chomhshaoil mar aon le hacmhainní nádúrtha an Chontae agus comhlíonadh freagrachtaí comhshaoil a chinntiú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Sonraí comhshaoil ardchaighdeán (EPA, NPWS, Uisce Éireann, OPW &amp; GCC).</li> <li>▪ Caighdeán Uisce.</li> <li>▪ Caighdeán Aeir.</li> <li>▪ Caighdeán Torainn.</li> </ul>
<p><b>Aidhm Straitéiseach 3 – Tírdhreacha Beo</b> An tábhacht a bhaineann le tírdhreacha beo ina mbíonn daoine ina gcónaí, ag obair, ag cuartaíocht, agus ag spraoi a aithint agus a chinntiú go ndéantar sina bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus chuí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Éagsúlacht in earnáil na feirmeoireachta.</li> <li>• Éagsúlacht sna hearnálacha fostaíochta.</li> <li>• Pointí/tuairimí fócasacha a chosaint.</li> </ul>
<p><b>Aidhm Straitéiseach 4 – Ceantair Uirbeacha Chothrom agus Tuaithe</b> Forbairt laistigh de Mholbhaile Tuaim, de Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe, de na príomhbhaile agus na bailte níos lú, de na sráidbhailte agus na lonnaíochtaí laistigh den Chontae a chur chun tosaigh, agus ag an am céanna ag tacú le ról na gceantar tuaithe maidir le geilleagar bunaithe ar an tuath a choinneáil.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ An líon tithe nua a cuireadh ar fáil</li> <li>▪ An líon ceantar / tithe a athchóiríodh i stoc tithíochta an Údaráis Áitiúil.</li> <li>▪ Caighdeán na tithíochta nua le haird a thabhairt ar dhearadh, ar chónagaracht do sheirbhísí, d'éifeachtacht fuinnimh, agus d'fhóntas glas.</li> <li>▪ Raon agus méid na tithe a cuireadh ar fáil.</li> <li>▪ Éagsúlacht sa bhfeirmeoireacht agus sa ghiniúint ón talamh de bharr ioncam malartach as feirmeoireacht.</li> <li>▪ Líon iomlán heicteár talún forbartha d'fhiontair nua i dtréimhse an phlean maidir le tailte criosaithe gnó/ fiontair agus tionscail.</li> </ul>
<p><b>Aidhm Straitéiseach 5 – Pobail Chuimsitheacha</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Méadair chearnacha talaimh chriosaithe pobail / oideachais /institiúideacha</li> </ul>

<p>Forbairt na bpobal cuimsitheacha a mbíonn i mbun idirchaidrimh le gach ball den sochaí a spreagadh agus tacú leo ag éascú rochtain agus lánpháirtíú fisiciúil, sóisialta agus cultúir chothrom.</p>	<p>ghlacadh i dtréimhse an phlean.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Méadar chearnacha talaimh chriosaithe lár an bhaile/tráchtála a ghlacadh i dtréimhse an phlean.</li> <li>▪ An líon saoráidí oideachais/cúraim leanaí nua a cuireadh ar fáil.</li> <li>▪ An líon saoráidí nua fóillíochta / áineasa a cuireadh ar fáil.</li> <li>▪ Feabhsuithe i gceangail siúlóide/rothaíochta laistigh de lonnaíochtaí.</li> </ul>
<p><b>Aidhm Straitéiseach 6 – Forbairt Lánpháirtithe</b> Coincheap forbartha níos inbhuanaithe agus níos lánpháirtithe a chinntiú ó thaobh úsáid talún, iompair, seirbhísí uisce, soláthar fuinnimh agus bainistithe dramhaíola i rith shaolré an Phlean.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Candam foriomlán na dtionscadal/na scéimeanna infrastructúir nua a seachadadh.</li> <li>▪ Fás sa chlúdach leathanbanda sa Chontae.</li> <li>▪ An líon tionscadal fuinnimh malairte a seachadadh.</li> </ul>
<p><b>Aidhm Straitéiseach 7 – Iompar Inbhuanaithe</b> Éileamh taistil a íoslaghdú agus níos mó gluaiseachta inbhuanaithe ar fud an Chontae a chur chun cinn.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ An t-achar comaitéireachta chuig an obair agus chuig an scoil a laghdú.</li> <li>▪ Ardú i soláthar agus úsáid na seirbhísí iompair phoiblí.</li> </ul>
<p><b>Aidhm Straitéiseach 8 – An Ghaeltacht</b> An Ghaeltacht a chur chun cinn mar phobal a labhraíonn an Ghaeilge, agus go n-aithneofar an tábhacht a bhaineann léi go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Líon na bhforbairtí a ceadaíodh laistigh den fhoráil teangeolaíochta faoi iamh.</li> <li>▪ Candam na bhforbairtí a ceadaíodh sa Ghaeltacht.</li> </ul>
<p><b>Aidhm Straitéiseach 9 – Tionscadail Infrastructúir</b> Forbairt tionscadal infrastructúir a éascú a bheidh mar bhonn taca le forbairt inbhuanaithe ar fud an Chontae agus an réigiúin le linn tréimhse an phlean.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Príomhriachtanais infrastructúir mar a aithníodh sa phlean a seachadadh.</li> </ul>
<p><b>Aidhm Straitéiseach 10 – Oidhreacht</b> An oidhreacht thógtha agus an comhshaoil nádúrtha a fheabhsú agus a chosaint lena n-áirítear foirgnimh, seandálaíocht, tírdhreach agus bithéagsúlacht laistigh den Chontae.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Méid agus caighdeán na n-gnáthóg faoi chosaint a choinneáil, má bhíonn staitisticí ar fáil ón NPWS.</li> <li>▪ Líon na struchtúr faoi chosaint a cailleadh nó a rinneadh damáiste dóibh.</li> <li>▪ Líon na struchtúr faoi chosaint a tarrtháladh agus a rinneadh a athbheochan.</li> </ul>
<p><b>Aidhm Straitéiseach 11 – Oiriúnú Athrú Aeráide</b> A bheith rannpháirteach in iarrachtaí chun athrú aeráide a mhaolú agus dul oiriúint dó agus cúrsaí athrú aeráide a lánpháirtíú i bpleanáil agus seachadadh chlár oibre.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ardú / laghdú in éifeachtúlacht fuinnimh (má bhíonn staitisticí ar fáil).</li> <li>▪ Leathnú na hearnála giniúna fuinnimh inathnuaite.</li> <li>▪ Teagmhas maidir le damáiste ó thuilte.</li> </ul>

**Tábla 12.1: Táscairí feidhmíochta**

(Foinse: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Rannóg Pleanála (2014))

## Caibidil 13 –

# Caighdeán agus Treoirlínte do Bhainistíocht Forbartha

### 13.1 Réamhrá - Aidhmeanna

Baineann an chuid seo den Phlean le caighdeán agus le treoirlínte, a chuirfear i bhfeidhm ar thograí forbartha.

Tá sé mar aidhm leis an gcaibidil seo:

- Ardchaighdeán cáilíocht forbartha a chur chun cinn, a threorú agus a fhorfheidhmiú i gceantair uirbeacha agus tuaithe ar fud an Chontae agus aird á thabhairt air chaighdeán saoil, an comhshaoil, an pobal, an geilleagar agus ar na ceantair máguaird ar bhealach a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe do gach duine laistigh den Chontae ar bhealach cothromasach.

Samhlaítear go gcuirfear na caighdeán agus na treoirlínte mar atá leagtha amach sa phlean seo i bhfeidhm ar bhealach solúbtha, in imthosca áirithe ina bhfuil an fhorbairt beartaithe ag teacht le pleanáil chúí agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair ar gach slí eile agus go mbaintear amach dearadh atá ar ardchaighdeán. Beidh baint amach polasaithe agus cuspóirí an phlean agus spreagadh dearadh cuí, seachas feidhmiú meicniúil caighdeán agus treoirlínte forbartha mar aidhm leis an mbainistíocht forbartha.

Éilítear ar an gComhairle bainistíocht a dhéanamh ar an fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh ceadanna a deonaíodh faoi na hAchtanna um Phleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ag teacht le polasaithe agus cuspóirí an Phlean Forbartha. Tá an tÚdarás Pleanála srianta le linn dóibh a bheith ag déanamh cinneadh maidir le hiarratais phleanála aonair do bhreithniú a dhéanamh ar phleanáil chúí agus ar fhorbairt inbhuanaithe ceantair agus aird á thabhairt ar nithe dá bhforáiltear dóibh in Alt 34 den Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Leagan an tAlt seo den Acht amach go mion an breithniú nach mór don Údarás Pleanála a thabhairt san áireamh, lena n-áirítear forálacha an Phlean Forbartha, na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2007) atá eisithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus ag polasaithe ábhartha eile ón Aire nó ón Rialtas agus aon aighneachtaí nó breathnuithe de réir na Rialacháin Phleanála.

Cuireann an Roinn raon treoirlínte ar fáil atá deartha chun cabhair a thabhairt d'Údaráis Phleanála, don Bhord Pleanála, d'fhorbróirí agus don phobal i gcoitinne agus is féidir teacht ar na mionsonraí sin ar láithreán gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag <http://www.environ.ie/en/DevelopmentHousing/PlanningDevelopment/Planning/>. Tá na treoirlínte atá curtha ar fáil faoi Alt 28 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) <sup>1</sup> ábhartha do agus baineann siad le tograí forbartha i gContae na Gaillimhe.

#### 13.1.1 Pleanáil Chúí agus Forbairt Inbhuanaithe

Éilíonn an tAcht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) ar Údaráis Phleanála pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe ceantair a bhreithniú le linn Plean Forbartha a bheith á chur le chéile. Tá 3 ghné ag gabháil le forbairt inbhuanaithe: geilleagrach, sóisialta agus comhshaoil agus níor chóir tabhairt faoi na gnéithe sin astu féin, mar go bhfuil siad ag brath ar a chéile. Luann Straitéis Forbartha Inbhuanaithe an Rialtais dar teideal *'Ár dTodhchaí Inbhuanaithe, Todhchaí Inbhuanaithe d'Éire 2012 – 'nach mór d'fhás geilleagrach, comhtháthú sóisialta agus inbhuanaitheacht comhshaoil bogadh chun cinn ar bhealach a thugann tacaíocht dá chéile'*. Dá bhrí sin, ba chóir gnóthachain gheilleagracha, sóisialta agus comhshaoil a lorg i gcomhar le agus ag an am céanna tríd an gcóras pleanála agus i bhfeidhmiú an Phlean seo le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

<sup>1</sup> Féadfaidh an tAire, faoi Alt 28 den Acht Pleanála & Forbartha 2000, arna leasú, treoirlínte a eisiúint ag tráth ar bith ar údaráis phleanála maidir lena gcuid feidhmeanna faoin Acht Pleanála. Ní mór d'Údaráis Phleanála (agus do na Boird nuair is infheidhme) aird a thabhairt orthu sin agus iad ag cur a gcuid feidhmeanna i bhfeidhm.

Baineann na Caighdeáin BF a leanann le ceantair riaracháin iomlán an Chontae lena n-áirítear limistéir an Plean Limistéir Áitiúil (LAP).

## 13.2 Treoirlínte Bainistiú Forbartha Ginearálta

Caighdeán BF1: Measúnú Cáilíochtúil – Caighdeán Deartha, Treoirlínte agus Ráitis (Ceantair Uirbeacha agus Ceantair Tuaithe)

Tabharfaidh na príomhriachtanais measúnaithe cáilíochtúil maidir le forbairt cónaithe sna bailte agus sna sráidbhailte agus sa taobh tuaithe oscailte (más cuí) an méid seo a leanas ar aird:

- 1. Caighdeán Deartha** Déanfaidh an Chomhairle iarracht le leagan amach agus dearadh ar ardchaighdeán a bhaint amach do gach forbairt nua chun a chinntiú go bhfuil siad ag comhtháthú lena suíomh uirbeach, tuaithe nó tírdhreacha agus go gcuirfidh siad leo ar bhealach dearfach. Gheobhaidh sé seo treoir ó fhorálacha na bpleananna infheidhmithe reachtúla, treoirlínte náisiúnta agus treoirlínte deartha agus beidh sé ina riachtanas don phróiseas bainistíochta forbartha.
- 2. Treoirlínte Deartha** Gheobhaidh forbairt nua treoir, go ginearálta, ó na treoirlínte deartha seo a leanas, nuair is infheidhme:
  - *Forbairt cónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála 2009, an DoEHLG, lena n-áirítear an doiciméad atá ag gabháil leis, Lámhleabhar do Dhearadh Uirbeach – Treoir Dea-Chleachtais 2009;*
  - *Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Deartha d’Árasáin Nua, 2007;*
  - *Tithíocht d’Ardchaighdeán do Phobail Inbhuanaithe - Treoirlínte Dea-Chleachtais do Thithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Choithabháil 2007 an DoEHLG;*
  - *Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe - Treoirlínte 2005 an DoEHLG;*
  - *Treoirlínte na Gaillimhe do Chnuasthithíocht an GCC;*
  - *Treoirlínte Deartha don Teach Aonair faoin Tuath an GCC.*
  - Forálacha an Phlean Limistéir Áitiúil (LAPanna) an GCC; agus
  - Spás Oscailte Poiblí.

Déanfar Spás Oscailte Poiblí a lánpháirtiú mar chuid den fhorbairt fhoriomlán agus beidh sé lonnaithe in áit chuí a mbeidh feiceáil air agus a mbeidh feiceáil ó gach forbairt chónaitheach mórthimpeall ar gach áit súgartha ann. Ní bhreithneofar mar spás oscailte limistéir ard-ghrádán ná limistéir nach bhfeidhmeoidh go praiticiúil mar spás oscailte. Ní bhreithneofar mar sholáthar do spás oscailte inúsáidte i bhforbairt chónaitheach réimsí caola talún (níos lú ná 10 méadar ar leithead) ná aon talamh teagmhasach eile ná aon phíosáí talún a bheadh fanta. Beidh sé ríthábhachtach príomhghnéithe mar srutháin, grúpaí crainnte, ballaí cloiche srl a choinneáil chomh maith le haon séadchomharthaí nó gnéithe a bheadh ar taifead agus spreagfar sin a dhéanamh i gcónaí. Ba chóir, ar láithreáin níos mó, go n-aithneofaí réimsí ar bhonn céimiúlachta ar mhaithe le húsáide lena n-áirítear úsáidí gníomhacha agus éighníomhacha.

Maidir le láithreáin úrnua, is é an limistéir is lú a bheidh inghlactha mar spás oscailte inúsáidte ná 15% d’achar an láithreáin (gan talamh teagmhasach san áireamh). I gcás láithreáin athfhorbraíochta, inlíonta

nó eile is 10% d'achar an láithreáin a bheidh de dhíth mar spás oscailte poiblí.

### 3. Ráitis Deartha

Éileofar ar mholtaí suntasacha forbartha Ráitis Deartha a sheoladh isteach mar chuid dá n-iarratais phleanála chun léiriú a thabhairt maidir le hoiriúnacht an réiteach deartha atá molta do chomhthéacs an tsuímh de réir na gcritéar deartha uirbeacha ábhartha. Ba chóir go n-áireodh na Ráitis Deartha sin breithmheas ar charachtar, suíomh agus comhthéacs sainiúil an tsuímh mar aon le mínithe agus le léaráidí gonta faoi oiriúnacht agus príomhghnéithe an réitigh deartha atá molta don suíomh.

### 4. Rochtain Uilíoch

Is ionann dearadh uilíoch agus dearadh comhshaoil ionas go mbeidh sé inrochtana, intuigthe agus gur féidir le gach duine é a úsáid a mhéid is féidir beag beann ar aois, méid, cumas nó míchumas. Ba chóir go dtabharfadh scaipeadh laistigh den leagan amach tithíochta, lena n-áirítear rochtain ar fhoirgnimh aonair, aird ar riachtanais éagsúla na n-áititheoirí thar a sholré, lena n-áirítear riachtanais a bhaineann le deacrachtaí soghluaiseachta agus ar an ngnáth-laige a bhaineann le seanaois. Ba chóir dearadh nuálach tithe a spreagadh ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar sholáthar féideartha amach anseo de chóiríocht inrochtana agus inoiriúnaithe.

### 5. Saincheisteanna Ginearálta Deartha

Éileoidh an tÚdarás Pleanála cineálacha éagsúla tithe i dtograí ina bhfuil 6 teach nó níos mó i gceist leo. Ba chóir go mbeadh scéimeanna tithíochta ina bhfuil 20 teach nó níos mó i gceist leo briste síos i ngrúpaí beaga feidhmiúla agus radharcach, a chomhlíonann riachtanas sóisialta agus aeistéitiúil ar ionannas. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí shocrúchán scála agus maise, próifíl dín, mionsonraí ábhair agus maisiúcháin.

Ba chóir an méid seo a leanas a bhreithniú maidir le hábhair agus bailchríocha:

- Spreagann an Chomhairle úsáid ábhair inbhuanaithe, lena n-áirítear fuinneoga agus doirse crua-adhmaid seachas uPVC;
- Spreagann an Chomhairle úsáid agus comhtháthú ábhair áitiúla i dtógáil agus i mbailchríocha foirgnimh nua ar mhaithe le cur le agus cothabháil a dhéanamh ar charachtar an limistéir áitiúil. Ní ghlacfar, de ghnáth le cumhdra brící nó le dais thirim, i Limistéir Tuaithe;
- Ba chóir go luífidh an rogha dathanna do bhailchríocha lasmuigh isteach le traidisiúin áitiúla agus leis na foirgnimh atá mórthimpeall.

## 13.3 Treoirlíne maidir le Forbairt Chónaithe (Ceantair Uirbeacha agus Tuaithe)

Caighdeán BF2: Ilscéimeanna Tithíochta (Ceantair Uirbeacha)

Déanfar measúnú ar gach iarratas d'fhorbairtí tithíochta nua i gceantair uirbeacha agus aird á thabhairt ar na caighdeán atá leagtha amach sa chuid seo den Phlean Forbartha.

Ní mór go n-áireodh tograí tithíochta suntasacha treoir le haghaidh dearadh nó ráiteas deartha de réir Forbairt cónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha - *Treoirlínte d'Údaráis Phleanála 2009*.

Ar mhaithe le dearadh maith uirbeach a bhaint amach i bhforbairtí tithíochta, (lena n-áirítear, forbairtí árasáin) ba chóir an *12 Prionsabal maidir le Dearadh Uirbeach* atá leagtha amach sa



*Lámhleabhar do Dhearadh Uirbeach – Treoir Dea-Chleachtais 2009*, (lena n-áirítear aon doiciméad a thagann ina áit/doiciméad atá tugtha cothrom le dáta) a thabhairt san áireamh i scéimeanna dearaidh.

Baineann na caighdeáin seo a leanas le forbairtí tithíochta i gcomhar le *Treoirlínte d'Fhorbairtí Tithíochta Inbhuanaithe 2009* agus lena n-áirítear an Lámhleabhar Dea-Chleachtais a ghabhann leis:

- 1. Caighdeán Leagan Amach agus Ingearchlónna atá molta** Beidh caighdeán na timpeallachta tithíochta ríthábhachtach i ndáil le hinghlacthacht iarratais phleanála d'ilscéimeanna tithíochta. Ní mór leaganacha amach, ingearchlónna agus dearadh a bheith deartha chun meon ionannais, áite agus pobail a chruthú. Déanfaidh an Chomhairle gach iarracht le hardchaighdeán deartha a bhaint amach trí fhorálacha na bpleananna reachtúla agus tríd an bpróiseas bhainistíochta forbartha. Mar sin féin, mar atá leagtha amach i *d'Treoirlínte d'Fhorbairtí Cónaithe Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha 2009 de chuid an DoEHLG*, lena n-áirítear an doiciméad a ghabhann leo *'Lámhleabhar do Dhearadh Uirbeach, Treoir Dea-Chleachtais 2009 – sa chás go bhfuil an dearadh ar chaighdeán chomh dona sin is a chiallóidh drochthimpeallacht tithíocht mar thoradh air, diúltófar cead a thabhairt.*
- 2. Íogaireacht don Chomhthéacs** Ba chóir d'fhorbairt nua tréithe na timpeallachta nádúrtha agus tógtha atá ar an suíomh a chur san áireamh, chomh maith leis na hamhairc agus leis na caol-léargais go dtí agus ón suíomh agus ó na ceantair máguaird.
- 3. Nuálaíocht Deartha** Tá tábhacht mhór ag gabháil le nuálaíocht ó thaobh leagan amach. Spreagfar cineálacha nua leagan amach, mar shampla criosanna baile.
- 4. Tréscailteacht** Ní mór rochtain áisiúil a sholáthair idir agus laistigh de limistéir, go háirithe do phobal atá níos mó agus do shaoráidí tráchtála agus d'áiteanna oibre. Ba chóir go mbeadh bealaí laistigh den limistéir inrochtana do gach duine agus chomh díreach agus is féidir agus mar gheall air sin níor chóir "eastáit gheataithe" a spreagadh. Ba chóir go mbreithneodh an próiseas deartha cad iad na leibhéil tréscailteachta atá cuí d'úsáideoirí difriúla sráide, agus go dtógfadh tréscailteacht do choisithe agus rothaithe tús áite ar thréscailteacht d'fheithicilí. D'fhéadfadh cosán cois abhann nó canála naisc tharraingteach a chur ar fáil do choisithe agus do rothaithe laistigh agus idir limistéir. Ar mhaithe le slándáil, tá sé riachtanach go ndéanfar dearadh ar gach nasc do choisithe agus do rothaithe sa chaoi is nach ligfear i ndearmad iad.
- 5. Gnéithe Nádúrtha** Ba chóir leagan amach na forbartha a dhearadh ar bhealach ina gcoinneofaí na gnéithe nádúrtha atá ann cheana. D'áireodh sé sin aon chrann, fál sceach, sruthchúrsaí agus tírghnéithe atá ann cheana, i measc nithe eile.
- 6. Tírdhreachú** Tá ardchaighdeán tírdhreachú ina chuid ríthábhachtach d'fhorbairt nua atá ar ardchaighdeán. Ba chóir pleananna do tírdhreachú, lena n-áirítear tírdhreachú bog agus crua a sheoladh isteach ag céim an iarratais phleanála. Go ginearálta, ba chóir úsáid a bhaint as plandáil dhúchasach atá oiriúnach do choinníollacha áitiúla an tsuímh agus na hithreach.
- 7. Sábháilteacht** Ba chóir go mbreithneodh leagan amach agus dearadh forbairtí nua

- agus Slándáil** prionsabail chuí Cosc Coiriúlachta Trí Dhearadh Timpeallachta (CPTED) ar mhaithe le sábháilteacht agus slándáil áitritheoirí agus úsáideoirí a chinntiú. Ba chóir deiseanna loitiméireachta agus iompar frithshóisialta a laghdú chomh fada agus is féidir trína chinntiú: go bhfuil feiceáil ón tithíocht ar na limistéir atá in úsáid ag an bpobal (ar nós spáis oscailte, cosáin, bóithre agus limistéir pháirceála); go bhfuil inrochtaineacht, infheictheacht agus soilsithe leordhóthanach ann, go háirithe do choisithe; go gcruthófar líniú teorainn shoiléir idir limistéir phoiblí, leath-phoiblí agus príobháideacha; srl.
- 8. Sábháilteacht agus Bainistíocht Tráchta** Tá caighdeán an leagan amach agus an bealach a dtugann sé aghaidh ar shábháilteacht agus ar bhainistíocht tráchta rithábhachtach. Go ginearálta, ní mholfar bóithre fada díreacha agus éileofar leagan amach a dhéanann foráil mhaith do shábháilteacht coisithe agus do cheansú tráchta. Ba chóir go dtabharfadh forbairtí aird ar *Threoirlínte Bainistíochta Tráchta 2003* atá foilsithe ag an DoT, DTO & DoEHLG, ar ar *Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála 2012* agus an *Lámhleabhar do Dhearadh Uirbeach 2009* a ghabhann leo, *Treoirlínte do Bhainistíocht Tráchta 2003*, agus na *Treoirlínte do Mheasúnú Tráchta agus Iompair 2007* *An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha 2013*, *Lámhleabhar Dearaidh an NRA do Bhóithre agus do Dhroichid (2000)*, *Dearadh Nasc Bóthair Imleabhar 6, alt 1, cuid 1, NRA TD9/12, Feabhra 2012*, *Dearadh Geoiméadrach d'Acomhail Mhóra/Mion agus Rochtain Feithiclí ar Bhóithre Náisiúnta, Imleabhar 6, alt 2, chuid 6 NRA td 41-42/11, Samhain 2011*, *Treoir maidir le Mionobreacha ar Bhóithre Náisiúnta, imleabhar 6, alt 1, cuid 1, NRA TA 85/11, Iniúchadh ar Shábháilteacht Bóithre, Imleabhar 5, alt 2, cuid 2, NRA HD 19/12*, lena n-áirítear aon leaganacha cothrom le dáta nó a thagann ina n-áit de na doiciméid seo a d'fhéadfaí a fhoilsiú le linn saolré an Plean seo.
- 9. Saoráidí Rothaíochta** Ba chóir go mbreithneodh forbairtí soláthar do shaoráidí rothaíochta leordhóthanach de réir *Soláthar Saoráidí Rothaíochta* an DTO: *Lámhleabhar Náisiúnta do Limistéir Uirbeacha 1998, Taisteal Níos Cliste: Todhchaí Iompair Inbhuanaithe – Beartas Iompair Nua d'Éirinn 2009-2020, Creatlach an Pholasaí Náisiúnta Rothaíochta 2009-2020* agus *Straitéis Siúil agus Rothaíochta do Chontae na Gaillimhe* (agus lena n-áirítear aon doiciméid atá cothrom le dáta nó a thagann ina n-áit). Ba chóir limistéir pháirceála do rothair atá slán agus deartha go maith a sholáthar do thithíocht sraithe.
- 10. Rialú Foirgneamh agus Cosc ar Dhóiteáin** Chomh maith le riachtanais phleanála, breithneofar rochtain, éifeactúlacht fuinnimh, riachtanais rialaithe foirgneamh agus cosc dóiteán.
- 11. Scéimeanna Móra** Ba chóir moltaí maidir le scéimeanna móra tithíochta (50 aonad nó níos mó) a chur i láthair i gcomhthéacs Scéim Mháistirphlean ina léirítear go soiléir an áit ina mbeadh rochtain ag áititheoirí ar iompar poiblí, scoileanna agus saoráidí cúram leanaí, siopaí agus ar shaoráidí caithimh aimsire. Ba chóir an bhainistíocht atá molta agus cothabháil leanúnach spás poiblí laistigh den scéim a chur san áireamh freisin.
- 12. Céimníú na Forbartha** Tá clár céimnithe riachtanach d'fhorbairt cónaithe atá mór nó atá ar mheánmhéid (50+ aonad) ina ndéantar mionsonrú ar mholtaí le

bóithre, spás oscailte, soilsiú poiblí srl. a chríochnú ag teacht le tithe críochnaithe.

### **13. Teorainneacha Taoibh**

Go ginearálta, tá sé inmhianaithe go mbeadh achar glan de 2 mhéadar ar a laghad chomh fada le teorainneacha taoibh an tsuímh ag gach teach nua agus ní bheidh fuinneog seomra suite ar an gcéad urlár treoshuite ar bhealach ina mbeifear ag féachaint isteach nó mar chaillteanas príobháideachta do réadmhaoin tithíochta eile. Ba chóir go mbeadh teorainneacha tosaigh agus cúil gach aon suíomh chomh maith leis an suíomh foriomlán dílínithe agus ballaí bloic in úsáid, plástráilte nó gan a bheith plástráilte agus clúdaithe nó gan a bheith clúdaithe mar ghnáthriachtanas.

### **14. Spás Oscailte Príobháideach**

Déanfar Spás Oscailte Príobháideach a dhearadh ar mhaithe le cur an méid is féidir le príobháideacht agus treoshuifear é chun cur an méid is féidir le solas na gréine agus le foscadh. Go ginearálta, beidh feidhm le íos-achar cúl le cúl de 22 méadar ar mhaithe le príobháideacht agus solas na gréine a chosaint agus le féachaint isteach ar a chéile nach bhfuil gá leis a sheachaint. Breithneofar laghduithe i gcás forbairtí aon stór agus/nó scéimeanna nuálacha sa chás gur féidir a léiriú go bhféadfaí leibhéal leordhóthanacha príobháideachta, soilsiú nádúrtha agus solas na gréine a bhaint amach.

### **15. Tírdhreachú**

Tá páirt thábhachtach ag tírdhreachú sa chuma aeistéitiúil atá ar fhorbairt cónaithe. Beidh mionsonraí tírdhreachú atá sainiúil don suíomh san áireamh laistigh de mhapa leagan amach an tsuímh mar chuid den iarratas pleanála

### **16. Ainmneacha agus Uimhriú Eastát**

Déanfar uimhriú ar thithe in eastáit tithíochta de réir scéim ainmniúcháin agus uimhrithe atá le comhaontú leis an Údarás Pleanála roimh thús a chur leis an fhorbairt. Beidh ainm an eastáit ag seasamh amach agus le feiceáil go soiléir ar an mbealach isteach chuig an eastát agus bhí comharthaíocht chuí freisin ag gabháil le hainmniú agus le huimhriú caochshráideanna aonair. Éileofar ar fhorbairt nua dul i dteagmháil le *Coiste Logainmneacha Chontae na Gaillimhe*, Coiste Logainmneacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe, agus le hainm cuí a aithint d'fhorbairtí nua a léiríonn oidhreacht áitiúil agus carachtar an cheantair.

### **17. Measúnú ar Leagan Amach Tithíochta**

Sa chás go bhfuil talamh á fhorbairt ar mhaithe le tithíocht, cuirfear na breithnithe seo a leanas san áireamh i measúnú an mholadh:

1. An gá atá ann le talamh agus le seirbhísí poiblí a úsáid go geilleagrach.
2. Dlús cuí.
3. Leordhóthanacht saoráidí pobail faoi láthair agus amach anseo.
4. Príobháideacht leordhóthanach d'aonaid tithíochta aonair.
5. Sábháilteacht na leaganacha amach atá molta agus acmhainneacht na mbóithre atá ann faoi láthair déileáil leis an fhorbairt amach anseo.
6. Soláthar leordhóthanach do pháirceáil carranna, spás oscailte, tírdhreachú agus plandáil.
7. Comhtháthú le forbairtí atá ann cheana agus caomhnú gnéithe atá ar an suíomh.

- 18. Polasaithe maidir lena dtógáil faoi Chúram** Rachaidh forbróirí a bhfuil sé i gceist acu go dtógfadh an tÚdarás Áitiúil an fhorbairt cónaithe faoi chúram i dteagmháil leis an fhoireann ábhartha san Údarás Pleanála maidir leis na riachtanais sin chun comhlíonadh le caighdeáin chúí agus le deonú an Cheada Pleanála a chinntiú agus go gcinnteofar aistriú ordúil seirbhísí, bóithre srl., ar chríochnú na forbartha. Ní thógfar fearais chóireála fuíolluisce aonair atá ag freastal ar fhorbairtí tithíocht faoi chúram.
- 19. Eastáit nach bhfuil Críochnaithe** D'aithin an *Suirbhé ar Fhorbair Náisiúnta Tithíochta 2013* líon eastáit tithíochta laistigh de Chontae na Gaillimhe nach bhfuil críochnaithe. Cuirfear béim ar na heastát sin a chríochnú go rathúil agus a chomhdhlúthú ag teacht le haon Phleananna Réitigh maidir le Suíomh a bheidh i bhfeidhm. Éileofar rialuithe dlúis, céimniú agus ardchaighdeán deartha cuí i ngach lonnaíocht d'fhorbairtí tithíochta amach anseo.
- 20. Saoráidí Crèche agus Cúraim Leanaí** Cloífidh an Chomhairle le forálacha agus le moltaí na *dTreoirlínte d'Údaráis Pleanála maidir le Saoráidí Cúraim Leanaí 2001* (nó aon treoirlínte atá tugtha cothrom le dáta nó treoirlínte a thagann ina n-áit)
- 21. Róscáthú** Éileoidh an Chomhairle go seolfar léaráidí teilgean scátha agus solas gréine isteach le gach moladh ina bhfuil foirgnimh le hairde shuntasach i gceist nó ina bhfuil foirgnimh nua suite an-ghar d'fhoirgnimh chóngaracha. Soláthróidh sé sin gné rialaithe in imthosca sna cásanna ina bhfuil foirgneamh amháin ag féachaint isteach ar fhoirgneamh eile. Go ginearálta ba chóir go mbeadh achar de 22 méadar idir fuinneoga ar an gcéad urláir atá ar aghaidh a chéile. Cuirfear leis an achar sin i gcás forbairt atá os cionn dhá stór ar airde.
- 22. Stóráil Boscaí Bruscair** Beidh áit stórála leordhóthanach ag gach aonad tithíochta do bhoscaí bruscair trí roth. Soláthróidh aonaid thithíocht nach bhfuil rochtain ar chúl acu áit stórála leordhóthanach do bhoscaí bruscair os comhair na forbartha, in aonaid atá deartha go cuí. Soláthróidh aonaid tithíochta nach bhfuil spás oscailte príobháideach acu sraith de thrí bhosca bruscair x 240 lítear do gach dhá árasán nó sraith de thrí bhosca bruscair 1100 lítear do bhloc de deich n-árasán. Déanfar gach áit stórála lasmuigh lena n-áirítear áit stórála do bhoscaí bruscair, dabhcha stórála ola a clúdach go feiceálach ó cheantair phoiblí le sciath nó fálú nó ballaí leordhóthanach le hairde chúí.
- 23. Dlúsana** Ní mór forbairt ar dhlús níos airde a bheith oiriúnach don suíomh agus déanfar í a mheas bunaithe ar fhiúntas an togra agus faoi réir dea-dhearadh, caighdeáin cáilíochtúla agus cainníochtúla a chomhlíonadh, an suíomh, cumas an láithreáin agus an bhonneagair glacadh le forbairt, tréithe an limistéir, dlúsanna bunaithe na láithreán tadhlach, taitneamhachtaí cónaitheacha a chosaint, gaireacht d'iompar poiblí, srl. D'fhéadfadh go mbeadh sé faoi chomhairle an Údaráis Pleanála na caighdeáin dlúis seo a athrú chun tréithe agus comhthéacs na lonnaíochta a ghlacadh san áireamh.

Dlús Cónaitheach	Aonaid Chónaithe/Ha	Aonaid Chónaithe/Acra	Aiteanna a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach
Meán go hArd	35-50	14-20	Lár baile nó buailte ar mholanna iompair phoiblí.
Íseal go Meán	15-35	6-14	Ionaid chomharsanachta (laistigh de 400m siúil ón lárphointe de ghnáth), bruachbhaile uirbeach istigh
Íseal	5-15	2-6	Ar imeall uirbeach, talamh forimeallach, limistéir a bhfuil srianta ó thaobh cumais/comhshaoil.

**Tábla 13.1 Dlúis laistigh de lonnaíochtaí**

Caighdeán BF3: Árasáin

Ba chóir go dtógfadh dearadh forbartha ar chineál árasán treoir ó dhoiciméad an DoEHLG, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Deartha d'Árasáin (2007 nó doiciméid atá tugtha cothrom le dáta nó doiciméid a thagann ina n-áit) maidir le haon saincheisteanna a bhaineann le forbairt árasáin. Go ginearálta, ní bhreithnítear árasáin a bheith cuí ach i suíomhanna i lár bailte.

Caighdeán BF4: Árasáin Muintire (Ceantair Tuaithe agus Uirbeacha)

Glactar go ginearálta le cruthú árasán muintire ina mbeidh duine de mhuintir an tí ar leo an teach ina gcónaí. Tríd is tríd, ní mór go mbeidh an t-árasán muintire ceangailte le teach an teaghlaigh mura bhfuil imthosca eisceachtúla i gceist ina mbeadh aonad ar leithligh riachtanach.

## 13.4 Breithnithe Cónaithe Tuaithe

Caighdeán BF5: Tithíocht Tuaithe

Ar mhaithe le bunús a thabhairt do riachtanas tithíocht tuaithe beidh na doiciméid seo a leanas riachtanach:

- Bunús do shuíomh mar atá molta;
- Léarscáileanna ó Chlárlann na Talún agus doiciméid ghaolmhara;
- Cruthúnas maidir le ceangal áitiúil leis an gceantar;
- Aon mhionsonraí eile a mheasfaí a bheith riachtanach don Údarás Pleanála le linn a bheith ag déanamh an iarratais.

Caighdeán BF6: Forbairt a Luí Isteach sa Tírdhreach

Ba chóir go seachnódh gach foirgneamh incheadaithe suíomhanna arda agus feiceálacha agus ba chóir iad a luí i lár fánaí nó ar fhánaí níos ísle ar thalamh éiritheach nuair is féidir é sin a dhéanamh. Ba chóir go ndéanfadh forbairt iarracht le pátrún páirce traidisiúnta agus fáлта sceach bunaidh agus coillearnacha a chaomhnú. D'fhéadfadh sé go mbeadh measúnú tionchair amhairc riachtanach nuair atá an togra suite i gceantar atá aitheanta mar "Phointí Fócasacha/Amhairc" i Measúnú Charachtar Tírdhreacha an Chontae nó in Aicme 4 agus 5 de cheantair íogaireacha ainmnithe tírdhreacha.

Caighdeán BF 7: Méid Suímh do Thithe Aonair a bheidh ag baint úsáide as Córas Cóireála Dramhuisce Aonair ar an Suíomh

Beidh íosachar suímh de 2000m<sup>2</sup> (1/2 acra) riachtanach de ghnáth do theach aonair chun soláthar a dhéanamh do chóireáil eisiltigh, páirceáil, tírdhreachú, spás oscailte leordhóthanach agus cothabháil taitneamhachta tuaithe. Ó thaobh tithe atá níos mó ná 200m<sup>2</sup> cuirfear 10m<sup>2</sup> le méid an tsuímh do gach m<sup>2</sup> d'achar an tí atá os cionn 200m<sup>2</sup>. Tabharfar aird ar leith ar thithe atá déanta cheana agus ar fhorbairt bheartaithe a léireoidh go bhfuil Riachtanas Tithe Tuaithe i gceist agus a chomhlíonann treoirlínte an EPA sa chás nach bhfuil sé indéanta an t-íosachar a bhaint amach.

Caighdeán BF8: Tírdhreachú

Ní mór plean tírdhreachú a bheith in éineacht le gach iarratas pleanála.

### 13.5 Treoirlínte maidir le hÚsáidí Fostaíochta

Caighdeán BF9: Tionsclaíoch/Tráchtála/Fiontraíochta/Miondíola (Ceantair Tuaithe)

Éileofar ar fhorbairt miondíola agus forbartha thionsclaíoch agus tráchtála íosriachtanais maidir le dearadh, leagan amach, rochtain, tírdhreachú, plandáil crainn, cóireáil teorainn, soláthar uisce, fáil réidh le huisce dromchla, fáil réidh le fuíolluisce, dramhaíl sholadach, limistéir stórála scáthcheilte, sábháilteacht dóiteáin, rialú boladh, rialú astuithe, soilsiú, páirceáil, spás le casadh thart, spás le haghaidh luchtú agus díluchtú, éifeachtúlacht fuinnimh agus bithéagsúlacht a shásamh. Ba chóir a bheith cúramach agus limistéir pháirceála á leagan amach ar mhaithe le coimhlint idir gluaiseachtaí feithicilí custaiméara, feithicilí earraí agus coisithe a sheachaint.

#### **Forbairtí Tráchtála**

Beidh forbairtí tráchtála faoi réir pleanáil agus forbairt chuí sa limistéar agus go háirithe na ceanglais seo a leanas:

- Comharthaí Fógraíochta – Ainm an ghnó amháin a bheidh ar chomharthaí fógraíochta a bheidh péinteáilte ar aghaidh an fhoirgnimh nó curtha i bhfostú dó agus an comhartha soilsithe, más gá, ó fhoinsé seachtrach soilsithe ionas nach gcuirfidh sé isteach ar lucht úsáidte an bhóthair ná ar úinéirí maoiné teagmhasacha.
- Amanna Oibre – 12.30 am am dúnta i gcás bialanna 'mearbhia' te • Ní chéadófar Comhláí Slándála – Comhláí le Tarraingt Anuas taobh amuigh ar aghaidh an fhoirgnimh. Beidh aon sciath slándála a bheidh riachtanach feistithe laistigh d'fhuinneoga an tsiopa.
- Clúdach suímh – I gcás foirgneamh aonstóir nó 6 m ar airde, ní bheidh níos mó ná 75% de ghnáth  
-I gcás foirgneamh dhá stór nó 9 m ar airde, ní bheidh níos mó ná 60% de ghnáth  
-I gcás foirgneamh trí stór 12m ar airde, ní bheidh níos mó ná 50% de ghnáth

#### **Forbairt Thionsclaíoch**

Beidh an tuiscint ann nach gceadófar ach próisis thionsclaíoch de mhéid cuí agus nach mbeidh an cineál tionsclaíochta a bheidh i gceist in chúis le núis nó dochar don mhórtimpeallacht chónaithe bailte agus sráidbhailte. Beidh forbairt thionsclaíoch faoi réir pleanáil agus forbairt chuí sa limistéar agus na faoi réir na gceanglas seo a leanas go háirithe:

- Uaireanta Oibre – Rialófar uaireanta oibre tionsclaíochta sa chás gur dóigh go mbeadh dochar do thaitneamhachtaí comhshaoil lena n-áirítear taitneamhachtaí cónaithe mar thoradh orthu.
  - Leibhéil torainn – Ní rachaidh leibhéil torainn os cionn 55 dB (a) Leq nuair a thomhaistear é ag teorainn an tsuímh
  - Déanfar Bainistiú Dramhaíola/Soláthar –Stórála ar an suíomh i gcompún sciata do dhramhaíl gearr-téarmach agus stóráil scagtha nó go mbaileofar é agus é a dhiúscairt. Ní mór soláthar leordhóthanach ann chun dramhaíl scagtha (bith-dhramhaíl/ábhar inathchúrsáilte tirim/ dramhaíl iarmharach) a stóráil.
- Comharthaí Fógraíochta – Ainm an ghnó amháin a bheidh ar chomharthaí fógraíochta a bheidh péinteáilte ar aghaidh an fhoirgnimh nó curtha i bhfostú dó agus an comhartha soilsithe, más

gá, ó fhoirse seachtrach soilsithe ionas nach gcuirfidh sé isteach ar lucht úsáidte an bhóthair ná ar úinéirí maoinne teagmhasacha.

- **Diús** – Ní bheidh clúdach suímh de ghnáth os cionn 75% ná ní bheidh an cóimheas ceapaí os cionn 1:2
- **Tírdhreachú** – Beidh gá le scéim plandála gharimiúl agus chuimsitheach don suíomh.

Rachaidh an tÚdarás Pleanála i gcomhairle freisin leis na Pleananna Limistéir Áitiúil nuair is cuí a bhféadfadh baint a bheith acu leis sna suíomhanna tionsclaíoch/tráchtála/Fiontair & Miondíola lena n-áirítear na ceanglais maidir le clúdach, an cóimheas achair ceapaí agus spásanna oscailte poiblí.

#### Caighdeán BF10: Aghaidh Siopa

Ba chóir caomhnú a dhéanamh ar dhearaí traidisiúnta aghaidh siopa agus ar ainmchláir os cionn fuinneoga siopa. Go ginearálta éileoidh an Chomhairle go gcoinneoidh dearaí nua d'aghaidh siopa leis an gcarachtar atá ann cheana, go háirithe i lár bailte agus sráidbhailte. Ba chóir píosa móra gloine a fhoroinnt trí úsáid a bhaint as barraí ingearacha glónrúcháin agus beidh íos-airde ardúch stalla de 0.7 méadar ag fuinneog siopa os cionn leibhéal na talún go ginearálta. Spreagfaidh an Chomhairle go gníomhach nach dtógfar chun siúil gnéithe nó nach ndéanfar athruithe ar aghaidh siopa atá ann cheana sa chás go mbreithnítear spéis ailtireachta nó stairiúil a bheith ag gabháil leis. Beidh idirghabháil nua-aimseartha ar dhearadh maith inmholta seachas aithris gan mórán cuma ar aghaidh siopa traidisiúnta. Ní gá go gceadófaí do shraith siopa náisiúnta a bhfuil glactha acu le "híomhá corparáideach" a ndearadh caighdeánach d'aghaidh siopa, "dathanna corparáideach" agus ábhair a úsáid. Spreagfaidh an Chomhairle go gcoinneofaí agus go gcuirfí ar ais bealaí isteach ar leithligh chuig áiteanna cónaithe ar leibhéal níos airde.

#### Caighdeán BF 11: Stáisiún Líonta Peitрил

Beidh stáisiún líonta peitрил faoi réir ag na riachtanais seo a leanas:

- Suíomh** Is é an suíomh is fearr do stáisiún líonta peitрил ná laistigh de theorainn luais 50-60 ciliméadar san uair i gcás gach lonnaíocht.
- Éadanas Bóthair agus Rochtain** Go ginearálta, éileofar éadanas bóthair/siopa de 30 méadar ar a laghad. D'fhéadfaí é sin a laghdú sa chás go bhfuiltear in ann a léiriú leis an fhorbairt go bhfuil na hachair amhairc do na catagóirí bóthair éagsúla ag do na bealaí isteach agus amach á gcomhlíonadh ag an fhorbairt atá beartaithe.  
Tógfar ballaí íseal thart ar 0.6 ar airde feadh an éadanais agus déanfar soláthar do dhá phointe rochtana 8 méadar ar leithead an ceann.  
Beidh oileán an chaidéil 7 méadar ar a laghad ón gcosán/teorainn an bhóthair, go ginearálta.
- Soilsiú agus Comharthaíocht** Ba chóir an soilsiú seachtrach go léir a bheith treoraithe ón mbóthar poiblí agus ní cheadófar iomadú comharthaí móra soilsithe.  
Ní cheadófar cnuasach comharthaí.
- Niteoir Carranna** Beidh ceadúnas doirte i gceist le haon mholtaí do niteoir carranna.
- Ceadanna** Beidh Anailís Autotrack, Iniúchadh TIA & Sábháilteachta & comhlíonadh le Caighdeán BF21 do Línte na Tógála riachtanach do gach iarratas ar Stáisiún Líonta Peitрил, lena n-áirítear feabhsú nó síneadh.

## 13.6 Treoirlínte maidir le Fiontar Tuaithe agus Turasóireacht Tuaithe

### Caighdeán BF12: Fiontar Tuaithe

Breithneoidh an Chomhairle fiontair tuaithe, agus forbairt acmhainní (ar nós talmhaíocht, an earnáil agrabhia, agrathurasóireacht, iascaireacht tráchtála, dobharshaothrú, turasóireacht mara, foraoiseacht, bithfhuinneamh, an tionscal eastóscach, caitheamh aimsire, oidhreacht chultúrtha, an earnáil fiontar mara, taighde agus anailís) acmhainní fuinnimh in-athnuaite (ar nós fuinneamh gaoithe/aigéin) i gCeantair Tuaithe agus cósta laistigh den Chontae faoi réir ag breithnithe pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe agus beidh an méid seo a leanas san áireamh ann:

- 1. Foirgnimh atá ann cheana** Breithneofar, faoi réir ag polasaí, aistriú foirgnimh feirme atá ann cheana i gCeantair Tuaithe do chríochna fostaíochta ar scála beag;
- 2. Tionscal a bhaineann le Talmhaíocht** Tionscal a bhaineann le talmhaíocht, a bhfuil próiseáil táirgeadh feirme i gceist leis agus sa chás nach bhfuil sé oiriúnach do shuíomh uirbeach agus go bhfuil sé inbhuanaithe ó thaobh timpeallachta.
- 3. Gnólachtaí a bhaineann le Feirmeoireacht** Gnólachtaí a bhaineann go díreach le feirmeoireacht, ar nós seirbhísiú agus deisiú innealra feirme, míntíriú talún, obair dhraenála, conraitheoireacht talmhaíochta srl., sa chás nach mbeidh sé mar chúis le drochthionchar ar an gcomhshaol, go mbeidh rochtain sábháilte ann agus nach ndéanfaidh sé dochar do thaitneamhacht tithíochta.

### Caighdeán BF13: Forbairt Infrastruchtúr Turasóireachta agus Sráidbhailte Saoire

Cé go bhfuil siad ag iarraidh go mbeadh an chuid is mó d'fhorbairtí turasóireacht lonnaithe i mbailte agus i sráidbhailte, nó gar dóibh, aithníonn an Chomhairle, go bhféadfadh sé, mar gheall ar a nádúr, go n-éileodh roinnt forbairtí turasóireachta suíomhanna eile.

Airítear ar fhorbairtí lasmuigh d'ionaid lonnaithe a d'fhéadfadh a bheith oscailte lena mbreithniú: saoráidí caitheamh aimsire lasmuigh agus laistigh, m.sh. galfchúrsaí, snámh, slatiascaireacht, seoltóireacht/bádóireachta, forbairt cé/muiríne, bealaí eachaíochta agus fálróid ar chapailíní, ionaid eachtraíochta/léirmhíniúcháin agus úsáidí coimhdeacha gaolmhara, saoráidí caitheamh aimsire a bhaineann le turasóireacht, lena n-áirítear siúl agus rothaíocht.

Cuirfidh an Chomhairle chun cinn, sna himthosca sin, athúsáid fhoirgnimh atá ann cheana lasmuigh do lonnaithe le haghaidh cóiríocht tithí saoire/cóiríocht d'aíonna sa chás gur féidir a léiriú go bhfuil an obair athfhorbartha bona fide (ar mhacasamhlacha iad agus/nó atá cosúil ó thaobh scála agus dearadh leis an bhfoirgneamh atá ann cheana) agus nach mbeidh tionchar diúltach acu ar an gcomhshaol.

- 1. Forbairt Infrastruchtúr Turasóireachta** Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh sé go mbeadh saoráidí coimhdeacha ag teastáil ó galfchúrsaí agus ó shaoráidí infrastruchtúir turasóireachta eile (m.sh. clubthithe, óstán, cóiríocht/forbairtí saoire nó cóiríocht chónaithe atá le ligean go gearrthéarmach) le hinmharthanacht fadtéarmach a chinntiú. Sa chás go bhfreastalaíonn soláthar saoráidí den sórt sin ar riachtanais eile an Phlean Forbartha Contae mar atá leagtha amach agus ar riachtanais phleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe, breithneoidh an Chomhairle soláthar a leithéid faoi réir ag seoladh isteach an méid seo a leanas:

1. Bunús cuimsitheach maidir leis an ngá atá leis an tsaoráid.
2. Máistirphlean foriomlán na saoráide.



3. Fianaise i bhfoirm doiciméad ar chomhlíontacht le riachtanais eile an Phlean Forbartha atá leagtha amach anseo.

**2. Sráidbhailte Saoire**

Tabharfaidh Sráidbhailte Saoire an méid seo a leanas ar aird:

1. Ba chóir go mbeadh scála na forbartha measartha agus i gcomhréir le méid na lonnaíochta.
2. Ba chóir go mbeadh dearadh na scéime ar ardchaighdeán deartha agus ba chóir go mbeadh caomhnú thréithe na teorann agus príomhghnéithe an tsuímh san áireamh chomh maith le soláthar do pháirceáil carranna, limistéar stórála dramhaíola scagtha agus soilsiú poiblí.
3. Go ginearálta, ní cheadófar sráidbhailte saoire astu féin nó saoráidí turasóireachta nua faoin tuath nach bhfuil ar a gcumas a léiriú go bhfuil siad ceangailte le lonnaíochtaí atá ann cheana. D'fhéadfadh sé go mbreithneofaí saoráidí den sórt sin i gcásanna eisceachtúla, sa chás gur féidir a léiriú go bhfuil an tsaoráid ag brath ar shrianta fisiciúla nó áite atá sainiúil don suíomh.
4. Ní mór do gach forbairt nua aird a thabhairt ar Threoirlínte na Gaillimhe do Dhearadh Teach Aonair faoin Tuath, atá mar chuid den Phlean seo.

**3. Forbairt Infrastruchtúr Turasóireachta**

Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh sé go mbeadh saoráidí coimhdeacha ag teastáil ó ghalfchúrsaí agus ó shaoráidí infrastruchtúir turasóireachta eile (m.sh. clubthithe, óstán, cóiríocht/forbairtí saoire nó cóiríocht chónaithe atá le ligean go gearrthéarmach) le hinmharthanacht fadtéarmach a chinntiú. Sa chás go bhfreastalaíonn soláthar saoráidí den sórt sin ar riachtanais eile an Phlean Forbartha Contae mar atá leagtha amach agus ar riachtanais phleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe, breithneoidh an Chomhairle soláthar a leithéid faoi réir ag seoladh isteach an méid seo a leanas:

4. Bunús cuimsitheach maidir leis an ngá atá leis an tsaoráid.
5. Máistirphlean foriomlán na saoráide.
6. Fianaise i bhfoirm doiciméad ar chomhlíontacht le riachtanais eile an Phlean Forbartha atá leagtha amach anseo.

**4. Sráidbhailte Saoire**

Tabharfaidh Sráidbhailte Saoire an méid seo a leanas ar aird:

5. Ba chóir go mbeadh scála na forbartha measartha agus i gcomhréir le méid na lonnaíochta.
6. Ba chóir go mbeadh dearadh na scéime ar ardchaighdeán deartha agus ba chóir go mbeadh caomhnú thréithe na teorann agus príomhghnéithe an tsuímh san áireamh chomh maith le soláthar do pháirceáil carranna, limistéar stórála dramhaíola agus soilsiú poiblí.
7. Go ginearálta, ní cheadófar sráidbhailte saoire astu féin nó saoráidí turasóireachta nua faoin tuath nach bhfuil ar a gcumas a léiriú go bhfuil siad ceangailte le lonnaíochtaí atá ann cheana. D'fhéadfadh sé go mbreithneofaí saoráidí den sórt sin i gcásanna eisceachtúla, sa chás gur féidir a léiriú go bhfuil an tsaoráid ag brath ar shrianta fisiciúla nó áite atá sainiúil don suíomh.
8. Ní mór do gach forbairt nua aird a thabhairt ar Threoirlínte na Gaillimhe do Dhearadh Teach Aonair faoin Tuath, atá mar chuid den Phlean seo.

Caighdeán BF14: Suíomhanna Campála agus Charbháin

Ní mór go dtabharfadh gach suíomh campála agus charbháin atá beartaithe aird ar charachtar an tsráidbhaile atá ann cheana agus ar a thaitneamhacht tithíochta ó thaobh scála agus dearadh an leagan amach. Seolfar isteach plean bainistíochta oibriúcháin leis an iarratas pleanála riachtanach. Breithneoidh an tÚdarás Pleanála leathnuithe cuí ar shaoráidí atá ann cheana.

### 13.7 Treoirlínte maidir le Saoráidí Pobail

Déanfaidh an Chomhairle iarracht lena chinntiú go soláthraítear saoráidí pobail ag an am céanna le forbairtí tithíochta chomh maith lena chinntiú go bhfuil siad sách cóngarach do na seirbhísí riachtanacha ar nós siopaí.

Caighdeán BF15: Scoileanna

Cloífidh iarratais ar sholáthar oideachais le riachtanais na ndoiciméad treorach teicniúil atá foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (féach [www.education.ie](http://www.education.ie)) agus ag an Údarás Áitiúil lena n-áirítear 'Scoileana a Sholáthar agus an Córas Pleanála: Cód Cleachtais do na hÚdarás Áitiúla (An Roinn Oideachais, DEHLG, 2008).

#### **Suíomhanna Oideachais atá ann Cheana**

Ba chóir tailte atá gar do scoileanna atá ann cheana a chosaint más féidir é d'úsáid oideachais amach anseo ar mhaithe le deis a chur ar fáil le leathnú a dhéanamh ar na scoileanna sin, más gá, faoi réir ag oiriúnacht agus comhaontú na ngeallsealbhóirí éagsúla.

Caighdeán BF16: Saoráidí Pobail

Agus measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála, mar shampla ar nós saoráidí áineasa, faiche spóirt, páirceanna imeartha, limistéir shúgartha, hallaí pobail, saoráidí do chruinnithe eagraíochtúla, saoráidí liachta, saoráidí cúram leanaí agus forbairtí pobail eile, tabharfar ar aird breithniú ar nós:

- Riachtanais foriomlán i dtéarmaí riachtanais, easpa agus deis chun cur le nó forbairt a dhéanamh ar shaoráidí áitiúla;
- Praictiúlacht láthair suímh i dtéarmaí láthair an tsuímh a bhaineann le húsáidí, tionchar ar thaitneamhachtaí áitiúla, inmhianaitheacht agus inrochtaineacht
- An úsáid ilfheidhmeach a d'fhéadfaí a bhaint as saoráidí pobail.
- Oiriúnú le riachtanais threoirlínte reachtaíochta cuí: m.sh. saoráidí cúram leanaí.

Tacaíonn an tÚdarás Pleanála le coinneáil suíomhanna scoile atá ann cheana ar mhaithe le húsáid an phobail tráth a mbíonn an scoil atá ann aistriú chuig suíomh cuí. D'fhéadfaí athfhorbairt a dhéanamh ar an suíomh atá ann mar ionad pobail ilchuspóra a sholáthraíonn raon saoráidí don phobal áitiúil, lena n-áirítear seomraí cruinnithe don phobal, saoráidí don óige, seomraí cluichí, saoráidí do sheanóirí, saoráidí spóirt agus cultúrtha. Ba chóir go mbeadh rochtain sábháilte sa tsaoir d'fheithicilí, do choisithe agus do rothaithe. Ba chóir páirceáil phoiblí/stad bus sábháilte a sholáthar chomh gar agus is cuí.

Caighdeán BF17: Tithe Altranais/Saoráidí Cúraim & Tithíocht Speisialta

Go ginearálta, ba chóir comhtháthú a dhéanamh ar thithe altranais agus ar shaoráidí cúraim aon uair is féidir é sin a dhéanamh leis na ceantair thithíochta bunaidh, áit a bhfuil cumas fuíolluisce leordhóthanach ann agus áit a bhféadfadh áitritheoirí a bheith ag súil le rochtain réasúnach ar sheirbhísí áitiúla.

Déanfar breithniú ar raon fachtóirí agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratais phleanála d'fhorbairtí tithe altranais agus maidir le hathrú úsáide teach cónaithe nó foirgnimh eile go teach altranais/cúram do dhaoine aosta, lena n-áirítear:

- Cibé an bhfuil siad suite laistigh de thailte atá criosaithe go cuí;

- Comhlíontach le caighdeán mar atá leagtha síos i *dTimpeallachtaí Cúraim do Dhaoine Aosta in Éirinn 2009* (nó aon doiciméad atá tugtha cothrom le dáta nó doiciméad a thagann ina áit)
- Tionchar ar thaitneamhachtaí réadmhaoin atá in aice láimhe.
- Leordhóthanach páirceáil eas-sráide.
- Spás oscailte príobháideach oiriúnach.
- Gaireacht do sheirbhísí agus do shaoráidí áitiúla.
- Méid agus scála na saoráide atá beartaithe – ní mór go mbeadh scála ann a oireann don cheantar;
- Cumas gluaiseachta na n-áitritheoirí.

### 13.8 Treoirlínte maidir le hlompar, Bóithre, Páirceáil, Lódáil agus Stóráil

Caighdeán BF18: Rochtain do Bhóithre Náisiúnta agus do Bhóithre Eile Srianta le haghaidh Forbairt Cónaithe

Tabharfaidh soláthar rochtain thithíochta do Bhóithre Náisiúnta agus do Bhóithre Srianta Eile an méid seo a leanas ar aird:

- Caibidil 5: Bóithre agus lompar den *GCDP 2015-2021* (agus aon bheartais, cuspóirí, caighdeán, treoirlínte eile sa Phlean atá infheidhmithe ) agus d'aon chuspóirí sonracha atá laistigh de gach aon cheann de Phleananna Limistéir Áitiúla;
- Cuid 4: airteagal 28 (j)(i) de na *Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001*;
- *Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála 2012 ón DECLG*;
- *Treoirlínte Measúnaithe Tráchtá agus Iompair 2007*;
- *Dearadh Bóthar Ceangail Imleabhar 6, Alt 1, Cuid 1, NRA TD9/12, Feabhra 2012*;
- *Dearadh Geoiméadrach Acomhail Mhóra/Mion, Tosaíochta agus Rochtain Fheithicle do Bhóithre Náisiúnta, Imleabhar 6, Alt 2, Cuid 6, NRA td 41-42/11, Samhain 2011*;
- *Treoirlínte do Mhionobreacha ar Bhóithre Náisiúnta, Imleabhar 6, Alt 1, Cuid 1, NRA TA 85/11*;
- *Iníúchadh ar Shábháilteacht Bóithre, Imleabhar 5, Alt 2, Cuid 2, NRA HD 19/12*;
- *Metric Handbook Planning and Design Data (3ú hEagrán)*

lena n-airítear aon eagrán atá cothrom le dáta nó eagrán a thagann ina n-áit de na doiciméid atá liostaithe thuas a d'fhéadfaí a fhoilsiú le linn saolré an Phlean seo.

Éileofar, go ginearálta, go gcomhlíonfadh tógáil bóithre agus seirbhísí eile an t-eagrán reatha de na *'Moltaí maidir le hOibreacha Forbartha Láithreach le haghaidh Limistéir Thithíochta'* atá foilsithe ag an DoEHLG.

Beidh feidhm ag na riachtanais seo a leanas do sholáthar rochtain tithíochta do Bhóithre Náisiúnta agus do Bhóithre Srianta:

#### **Teidlíocht do Riachtanas Tithíochta**

1. Srianfar forbairt cónaithe feadh Bóithre Náisiúnta don riachtanas atá ag teaghlaigh feirme a bheith ina gcónaí ar ghabháltas an teaghlaigh in áiteanna lasmuigh den teorainn luais 50-60kmp. Tabharfar aird ar bhonn teoranta ar an ngá a bhíonn ag teaghlaigh feirme cónaí ar ghabháltas teaghlaigh agus ní mór riachtanas feidhmiúil dul chun cónaithe in áit a léiriú. Sa chás is go bhfuil rochtain ann cheana, ní mór comhúsáid na rochtana a bhreithniú agus a léiriú nach bhfuil sin oiriúnach go teicniúil sula mbreithneofaí aon rochtain nua. Rochtain via bóithre áitiúla i gcónaí an rochtain is fearr.

2. Beidh rochtain ar aon Bhóthar Réigiúnach srianta agus atá lasmuigh den teorainn luais 50-60kmp teoranta do mhuintir an teaghlaigh feirme ar ghabháltas an teaghlaigh agus ní mór údar a bheith leis an rochtain bheartaithe lena n-áirítear measúnú ar an scóip atá ann do rochtain a roinnt agus/nó rochtain a fháil ar mhionbhóthar malartach. Sa chás is go bhfuil roinnt tithe i gceist laistigh den teaghlach breithneofar forbairt a ndéantar forbairt ribíneach a sheachaint ar feadh bóthair agus a sholáthraíonn do rochtain aonair amháin agus ní cheadófar sin ach amháin ar an mbonn go mbeidh measúnú sábháilteachta déanta ar mhéid na tráchtála agus ar nádúr timpeallachta na mbóithre iontrála. D'fhéadfadh go mbeadh gá an bealach isteach atá ann a uasghrádú agus/nó a athrú chun freastal ar chomhfhorbairt. Cuirfear an tÚdarás Pleanála ar an eolas maidir le riachtanas an teaghlaigh feirme ar dtús chun an áit is fearr don chlachan agus an pointe rochtana is fearr a chinneadh.

### 3. Clásal Feidhme Cuirfear clásal feidhme de deonú ceadóir na chásanna atá leas.

Caighdeán BF19: Rochtain do Bhóithre Náisiúnta agus do Bhóithre Eile Srianta d'Fhorbairtí Tráchtála agus d'Fhorbairtí Eile  
Srianfar forbairt tráchtála feadh Bóithre Náisiúnta agus Bóithre Srianta eile lasmuigh den na hionaid lonnaithe sainmhínithe nó teorainn phlean an bhaile mar a leanas:

- Bóithre Rialaithe Aicme 1** Go ginearálta, beidh cosc ar fhorbairt Tráchtála agus Tionsclaíoch lasmuigh de theorainneacha luais 50/60 ciliméadar san uair atá ar Bhealaí Náisiúnta. Breithneofar ar chásanna a bhfuil bunús leo maidir le leathnú agus dianshaothrú gnólachtaí atá ann cheana agus do sholáthar saoráidí loc agus taisteal. Áirítear gach Bóthar Náisiúnta atá ann cheana agus atá beartaithe faoi ainmniúchán Bóithre Rialaithe Aicme 1.
- Bóithre Rialaithe Aicme 11** Srianfar forbairt agus úsáid talún do Shaoráidí Tráchtála, Tionsclaíoch agus Pobail do riachtanais ríthábhachtacha, sa cheantar áirithe, Talmhaíocht, Infrastruchtúr, lascaireacht, Foraoiseacht, saoráidí Loc agus Taistil nó tionscail eastóscacha atá ann cheana, agus sa chás nach féidir na riachtanais seo, i dtuairim an Údarais Pleanála, a bheith suite go réasúnach feadh Bóithre Réigiúnacha nó Áitiúla eile nach bhfuil liostaithe. Tá na Bóithre Náisiúnta srianta go léir san áireamh faoi ainmniúchán Bhóithre Rialaithe Aicme 2. Tá na Bóithre Réigiúnacha srianta liostaithe thíos:

	Cur Síos ar an mBóthar	Uimhir Bhóthair
1	N6 – Béal Átha na Sluaighe go dtí Teorainn na Cathrach ó Thuaidh d'Órán Mór	R446
2	N18 – Teorainn an Chontae go dtí Gort	R448
3	Tuaim-Bearna Dearg-Baile Átha an Urchair	R332
4	Gaillimh-An Spidéal-Crosaire Bhaile na hAbhann	R336
5	Gaillimh-Carn Mór-Muine Mheá	R339
6	Doire Dónaill-Baile Átha an Rí	R348
7	Áth Cinn - Tuaim	R333
8	Béal Átha na Sluaighe - Port Omna	R355
9	Béal Átha na Sluaighe – An Creagán	R358

**Tábla 13.2: Bóithre Réigiúnacha Srianta**

Caighdeán BF20: Achair Amhairc a bheidh ag teastáil le haghaidh Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla

Ní mór don fhorbróir dearadh a dhéanamh ar phointí bealaí isteach agus amach d'fheithiclí mar chuid den iarratas pleanála le soláthar leordhóthanach infheictheachta, ionas go mbeidh infheictheacht mhaith ag tiománaithe ar theacht amach ón bpointe rochtana dóibh ar fheithiclí, rothaithe agus coisithe atá ag teacht ina gcoinne. Sa chás go bhfuil bealach amach nua ar bhóthar poiblí beartaithe, ní mór don Údarás Pleanála breithniú a dhéanamh ar choinníollacha tráchta agus ar na línte amhairc atá ar fáil. Beidh riachtanais infheictheachta aomhail bóthair ag cloí le *Dearadh Geoiméadrach Aomhail Mhóra/Mion, Tosaíochta agus Rochtain Fheithicle do Bhóithre Náisiúnta*, Imleabhar 6, Alt 2, Cuid 6, NRA td 41-42/11, Samhain 2011; (lena n-áirítear aon doiciméad atá tugtha cothrom le dáta nó doiciméad a thagann ina áit).

Tá na hAchair Amhairc atá ag teastáil do rochtain ar Bhóithre Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil leagtha amach thíos:

Luas Deartha agus Achar Amhairc	Achair Amhairc a bheidh ag teastáil do na Luasanna Deartha ar an mBóthar Mór i gcilliméadar san uair (míle san uair)						
	Luas Deartha	100 (62)	85 (53)	70 (44)	60 (37)	50 (31)	42 (25)
Achar Y ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus ar Bhóithre Tánaisteacha	215	160	120	90	70	50	

Tábla 13.3 Radhairc Faid teastáil le haghaidh Rochtain ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Grád

Tá na hAchair Amhairc atá ag teastáil do rochtain ar Bhóithre Réigiúnacha leagtha amach thíos:

Luas Deartha	100	85	70	60	50	40	30
Achar Y	160	120	90	70	60	45	33

Tábla 13.4 Radhairc Faid teastáil le haghaidh Rochtain ar Bhóithre Réigiúnacha

Caighdeán BF21: Línte Tógála

Tá slánachar foirgnimh riachtanach ar mhaithe le taitneamhacht tithíochta, taitneamhacht tuaithe, sábháilteacht poiblí agus chun deis a thabhairt le haghaidh aon leathnú nó athailíniú amach anseo. Go ginearálta, beidh na línte tógála íosta seo a leanas riachtanach le haghaidh bealaí éagsúla:

- Mhótarbhealaí/Aomhail** 90 méadar ó imeall dhromchla an charrbhealaigh athailínithe atá ann nó atá beartaithe.
- Príomhbhealaí Náisiúnta agus Bealaí Náisiúnta den Dara Grád** 35 méadar ó imeall dhromchla an carrbhealaigh athailínithe atá ann nó atá beartaithe agus iar-bhealaí náisiúnta atá aicmithe anois mar bhealaí réigiúnacha.
- Bealaí Réigiúnacha** 25 méadar ó imeall dhromchla an charrbhealaigh athailínithe atá ann nó atá beartaithe.
- Bóithre Áitiúla** 15 méadar ó imeall dhromchla an charrbhealaigh athailínithe atá ann nó

atá beartaithe.

5. **Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha** Beidh baint ag línte tógála le suíomh an fhoirgnimh sa bhaile nó sa sráidbhaile, m.sh. sráideanna sráidbhaile, eastát tithíochta, cnuasfhorbairt.
6. **Ginearálta** Go ginearálta, sa chás go meastar nach bhfuil acmhainn, leithead, riocht an dromchla nó ailíniú bóthair leordhóthanach, ní bheifear fabhrach leis an fhorbairt.

Caighdeán BF22: Caighdeán Pháirceála

Ba chóir go mbeadh páirceáil carranna suite ar chúil na línte foirgnimh nuair is féidir é sin a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh plean tírdhreachú ag gabháil le réimsí móra páirceáil carranna le maolú a dhéanamh ar an tionchar amhairc.

Nuair atáthar ag déanamh measúnú ar iarratais ar mhaithe le hathrú úsáide nó d'athsholáthar foirgnimh laistigh de bhailte agus sráidbhailte, tabharfar an úsáid a bhí á bhaint as an suíomh roimhe seo san áireamh nuair atá na riachtanais pháirceála carranna a bheidh á nginiúint ag an fhorbairt nua á ríomh. Maidir le suíomhanna inlíonta agus suíomhanna atá in aice le conairí iompair phoiblí nó saoráid páirceála cathartha, breithneofar caighdeán a chur i bhfeidhm ar bhonn solúbtha. Chomh maith le páirceáil carranna, beidh spás dóthanach riachtanach laistigh de shuíomh forbartha do na feithiclí seirbhíse a bheidh riachtanach i bhfeidhmiú an ghnólachta nó an fhoirgnimh, lena n-áirítear limistéir fágála, limistéar luchtaithe/díluchtaithe, srl. Maidir le Páirceáil Carranna - Toisí Caighdeán Deartha, déan tagairt d'Alt 16 de *Threoirlínte Bainistíochta Tráchta* agus do *Metric Handbook Planning and Design Data (3ú hEagrán)* an DoEHLG/DoT/DTO.

Feidhmeofar na riachtanais pháirceála seo a leanas do chineálacha éagsúla forbartha:

1. **Páirceáil Dé-Úsáide agus Forbairtí Úsáide Measctha** Spreagfaidh an Chomhairle soláthar limistéir pháirceála dé-úsáide sa chás nach dtarlaíonn na hamanna mór-éilimh a bhíonn ag úsáideoirí ag an am céanna. D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé riachtanach, dá bhrí sin, freastal ar chaighdeán pháirceála iomlána i bhforbairtí úsáide measctha sa chás gur féidir a léiriú go bhfuil páirceáil roinnte inmharthana.
2. **Páirceáil Scoile** Éileofar ar gach iarratas do scoileanna nua agus sa chás gur féidir é, leathnuithe do scoileanna, tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht rochtana agus léireoidh siad bealaí isteach agus amach sábháilte do dhaltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí. Beidh gá i roinnt cásanna le hlniúchadh Sábháilteachta Bóthair a chlúdóidh an comhéadan poiblí – príobháideach. Éileofar saoráidí fágála de réir Treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna. Léireofar páirceáil easbhóthair do mhúinteoirí agus do bhailiúchán bus/carr i ngach cás chomh maith le saoráidí slán do pháirceáil rothair.
3. **Páirceáil i Limistéir Chónaithe** Go ginearálta, níor chóir go mbeadh an iomarca carranna páirceáilte feadh bóithre rochtana i leaganacha amach tithíochta. Ba chóir go dtabharfadh forbairt cónaithe nua na critéir seo a leanas san áireamh:
  1. Ba chóir go mbeadh páirceáil carranna do thithíocht scartha agus leathscartha laistigh de chúirtealáiste an tsuímh tí aonair.
  2. Ba chóir go mbeadh páirceáil carranna d'árasáin agus do thithíocht sraithe i ngrúpaí neamhfhoirmeálta agus aonaid tithíochta ag féachaint anuas uirthi. Ba chóir plandáil scéithe, ballaí ísle agus úsáid pábháil a bhfuil uigeacht nó dath difriúil uirthi a úsáid do limistéir pháirceála le tionchar amhairc limistéir mhóra páirceáil carranna a íoslaghdú.

**4. Caighdeán maidir le Páirceáil Carranna**

Léiríonn an Tábla thíos caighdeáin do pháirceáil carranna do chineálacha difriúla forbartha: (Ba chóir a thabhairt ar aird go bhféadfaí cur chuige solúbtha a ghlacadh maidir leis na caighdeáin seo sa chás is go mbeadh bunús leis agus nach bhfuil aon cheist ann i dtaobh sábháilteacht tráchta agus go léirítear go soiléir don Údarás Pleanála, gur chóir an caighdeán a leasú chun comhthéacs sonracha an tsuímh a éascú ar mhaithe le pleanáil agus forbairt chuí).

Forbairt	Caighdeán do Pháirceáil Carranna
<b>Áitribh/Árasáin</b> (1-3 seomra leapa)	1.5 spás in aghaidh an áitribh
<b>Áitribh/Árasáin</b> (4+ seomra leapa)	2 spás in aghaidh an áitribh
<b>Siopaí</b> (< 250 méadar cearnach, comhlán)	1 spás cairr in aghaidh 24m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Siopaí</b> (250 - 1,000 méadar cearnach, comhlán)	1 spás cairr in aghaidh 18m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Stórais Mhór</b> (1,000 méadar cearnach, comhlán)	1 spás cairr in aghaidh 12m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Bainc, Forais Airgeadais</b>	1 spás cairr in aghaidh 14m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Oifigí</b> (Lár an Bhaile)	1 spás cairr in aghaidh 25m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Páirc Oifige</b>	1 spás cairr in aghaidh 20m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Bainc, Forais Airgeadais</b>	1 spás cairr in aghaidh 14m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Tionsclaíoch/Déantúsaíocht/Tionscail Éadrom</b>	1 spás cairr in aghaidh 33m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Trádstórais</b>	1 spás cairr in aghaidh 100m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Garáistí</b>	1 spás in aghaidh 50m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Seomraí Taispeána do Charranna</b>	1 spás in aghaidh 50m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Íoc is Iompair</b>	1 spás cairr in aghaidh 100m <sup>2</sup>
<b>Amharclann, Pictiúrlanna, Séipéal, Staidiam</b>	1 spás cairr in aghaidh 3 shuíochán
<b>Óstáin, Tithe Aíochta</b> (gan seomraí ócáide san áireamh)	1 spás cairr in aghaidh an tseomra leapa
<b>Brú/Móstán</b>	1 spás cairr in aghaidh an tseomra leapa nó 1 spás cairr in aghaidh 10 leaba an tsuanleasa
<b>Tolglann/Beár</b>	1 spás cairr in aghaidh 10m <sup>2</sup> de spás urláir poiblí
<b>Bialanna</b>	1 spás cairr in aghaidh 10m <sup>2</sup> de spás urláir poiblí
<b>Ionad Fóillíochta</b>	1 spás cairr in aghaidh 50m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Caiféanna</b>	1 spás in aghaidh 10m <sup>2</sup> d'áit bia
<b>Bialann Beir Leat</b>	1 spás cairr in aghaidh 18m <sup>2</sup> d'ollspás urláir
<b>Ionaid Comhdhálacha</b>	1 spás cairr in aghaidh 25m <sup>2</sup>
<b>Seomra Ócáide, Hallaí Rince, Clubanna</b>	1 spás cairr in aghaidh 3m <sup>2</sup>
<b>Páirceanna Iompartha/Clubanna Spóirt</b>	20 spás cairr in aghaidh na páirce/2 spás in aghaidh na cúirte
<b>Linn Snámha</b>	5 spás cairr in aghaidh 100 m <sup>2</sup>
<b>Giomnásiam</b>	1 spás cairr in aghaidh 10 m <sup>2</sup>
<b>Ionad Pobail</b>	1 spás cairr in aghaidh 10 m <sup>2</sup>
<b>*Bunscoileanna</b>	1 spás cairr in aghaidh seomra ranga
<b>*Meánscoileanna</b>	2 spás cairr in aghaidh an tseomra ranga
<b>Tithe Altranais</b>	1 spás cairr in aghaidh 2 sheomra leapa
<b>Ospidéal</b>	Le comhaontú leis an gComhairle
<b>Teach Tórraimh</b>	1 spás cairr in aghaidh 6m <sup>2</sup>

<b>*Saoráidí Cúraim Leanaí</b>	1 spás cairr in aghaidh an chomhalta foirne + 1 spás cairr in aghaidh 4 leanbh
<b>Clinicí agus Cleachtadh Míochaine Grúpa</b>	2 spás cairr in aghaidh an chomhairleora
<b>Séipéil/Foirgnimh Reiligiúnach</b>	1 spás in aghaidh 6 shuíochán

**Tábla 13.5: Caighdeáin do Pháirceáil Carranna**

\* D'fhéadfadh limistéar fágála a bheith cuí in imthosca áirithe

5. **Riachtanais Pháirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas** Déanfar soláthar do pháirceáil carranna do dhaoine faoi mhíchumas agus faoi bhac gluaiseachta i ngach forbairtí páirceála carranna agus ba chóir iad a bheith suite go háisiúil ar mhaithe le héascaíocht úsáide. Tá na critéir iosta do sholáthar páirceála den sórt sin mionsonraithe i dTreoirínte an Údaráis Náisiúnta Míchumais *Building for Everyone* a foilsíodh sa bhliain 2002 (lena n-áirítear doiciméad atá tugtha cothrom le dáta agus doiciméad a thagann ina áit).

6. **Caighdeáin do Pháirceáil Rothar** I gcomhlíonadh Beartais Taisteal Níos Cliste, soláthrófar saoráidí páirceála slán do rothair i bhforbairtí oifigí nua, tithíochta, miondíola agus forbairtí a ghineann fostaíocht. Ba chóir d'fhorbairtí atá níos mó raon leathan saoráidí do rothaithe a sholáthar le húsáid níos mó a bhaint as rothair a spreagadh, lena n-áirítear: saoráidí páirceála do rothair, taisceadáin, seomraí feistis agus saoráidí ceatha. Ba chóir go mbeadh áit pháirceála do rothair suite in áit fheiceálach laistigh de 20m den tsaoirid a bhfuiltear ag freastal uirthi. Beidh Cuas Páirceála Rothar 0.8m ar leithead agus 1.8m ar fhad. Ba chóir go mbeadh scáthlán sa spás páirceála rothar agus ba chóir go mbeadh comhartha ann. Ba chóir soláthar a dhéanamh san fhorbairt do spásanna páirceála do rothair de réir na gcaighdeán atá leagtha amach laistigh de *The National Cycle Manual*, an Údaráis Náisiúnta Iompair, go háirithe Alt 5.5.7 a dhéileálann le leithdháileadh páirceála do rothair i bhforbairtí.

Caighdeán BF23: Rialuithe do Chomharthaíocht feadh Bóithre Poiblí  
Cuirfear na riachtanais seo a leanas i bhfeidhm maidir le comharthaíocht feadh bóithre poiblí:

1. **Córas Ceadúnaithe** Feidhmeoidh an tÚdarás Pleanála córas ceadúnaithe do gach comhartha agus struchtúr ar bhóithre poiblí.
2. **Ceantair Tuaithe** Ní cheadófar comharthaí fógraíochta feadh bóithre i gCeantair Tuaithe lasmuigh de theorainneacha bailte agus sráidbhailte seachas líon teoranta a bhaineann le taitneamhachtaí oidhreacht agus turasóireachta a bhfuil údar spéise náisiúnta ag gabháil leo.
3. **Bailte, Sráidbhailte agus Limistéir Lonnaíochta** Ní cheadófar aon chomharthaíocht laistigh de bhailte, sráidbhailte agus ceantair lonnaithe sa chás go bhféadfadh sí a bheith ina guais nó ina contúirt do choisithe agus d'úsáideoirí bóthair nó sa chás go bhféadfadh suíomh comharthaíochta den sórt sin achair amhairc ag acomhail a dhéanamh doiléir nó a bheith ina cúis le cur isteach gan ghá ar úsáideoirí bóthair. Seachnófar iomadú comharthaíochta nach comharthaíocht tráchta bóthair atá ann air nó in aice le gach bóthar lasmuigh den teorainn luais 50-60 ciliméadar san uair ar mhaithe le sábháilteacht tráchta agus taitneamhacht amhairc, de réir *Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta, Treoirínte d'Údaráis Phleanála 2012* (nó aon doiciméad atá tugtha cothrom le dáta nó doiciméad a thagann ina



áit).

Níor chóir go gcuirfeadh comharthaí isteach ar shuíomh aon láthair seandálaíochta nó stairiúil nó ar aon fhoirgneamh nó struchtúir cosanta nó atá beartaithe a chosaint laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA).

#### 4. **Comharthaí Méar Eolais**

Feidhmeoidh an córas do chomharthaí méar eolais a bhaineann le háitribh agus atá suite siar ó phríomhbhealaí ar bhunús aon doiciméad beartais amach anseo a bheidh ullmhaithe ag an GCC maidir le comharthaí méar eolais. Is i nGaeilge amháin a bheidh comharthaí sa Ghaeltacht.

Caighdeán BF24: Measúnú Tionchar Tráchta & Measúnú Iompair, Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair & Measúnú Torainn

Beidh iniúchtaí sábháilteachta bóthair agus measúnuithe iompar agus tráchta in éineacht le gach moladh maidir le forbairt shuntasach, nó na forbairtí a bhreithníonn an tÚdarás Pleanála a bheith ina gcúis le baol sábháilteachta nó tionchar tráchta. Áireofar orthu sin breithniú ar thionchar carnach forbairtí ar an ngréasán bóthair.

Gheobhaidh sé treoir ón méid seo a leanas:

##### 1. **Measúnú Tráchta agus Iompair (TTA) agus Iniúchtaí Sábháilteacht a Bóthair (RSA)**

Éileofar go mbeidh TTA agus RSA, a bheidh déanta ag comhairleoir atá cáilithe go cuí, in éineacht le gach iarratas pleanála do mholtaí maidir le forbairt shuntasach, a ndéanfar measúnú orthu i ndáil lena dtionchar carnach ar fhorbairtí comharsanachta ar an ngréasán bóthair.

Soláthraítear treoir maidir leis an TTA sna *Treoirlínte Bainistíochta Tráchta* arna bhfoilsíú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG), Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath (DTO) agus ag an Roinn Iompair (DoT) Treoir arna soláthar i *dTreoirlínte Measúnuithe Tráchta agus Iompair 2007* an NRA (agus aon doiciméid atá tugtha cothrom le dáta nó doiciméid a thagann ina áit). Maidir le treoir ar Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair tá treoir á soláthar in *Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair DMRB HD19/12 an NRA*. Áirítear moltaí sna Treoirlínte freisin ar riachtanas maidir le measúnuithe tráchta agus iompair fo-thairsí. (Déan tagairt do láithreán gréasáin an NRA [www.nra.ie](http://www.nra.ie))

##### 2. **Measúnú Torainn**

Éileofar go n-áireofar i ngach forbairt nua atá beartaithe, laistigh de 300m bóthair le leibhéil tráchta atá níos mó ná 8,220 AADT, bearta measúnaithe agus maolaithe torainn más gá a sheoladh isteach leis na doiciméid ar iarratas pleanála.

Caighdeán BF25: Pleananna Bainistíochta Soghluaiseachta

Ba chóir go mbreithneodh gach forbairt nua agus sínte atá beartaithe d'fhorbairt atá ann cheana giniúint tráchta a theorannú chomh fada agus is féidir. Sa chás go bhfuil forbairtí tithíochta, tráchtála, úsáid measctha, gnó/fiontar nó forbairtí tionsclaíochta ar mheánmhéid nó ar scála mór beartaithe, éileofar Plean Bainistíochta Soghluaiseachta agus ba chóir go mbeadh moltaí ann maidir le húsáid iompar poiblí, rothaíocht, siúl, roinnt carranna srl., mar is cuí.

Caighdeán BF26: Bailchríoch a chur ar Phábháil Dromchla atá Teorantach le Bóthar Poiblí

Ar mhaithe le damáiste do struchtúr bóthar poiblí a sheachaint, éileoidh an GCC ar fhorbróir bun bóthair leordhóthanach le bailchríoch bhíotúmain a sholáthair sa chás go gceanglaíonn rochtain príobháideach le dromchla bóthar poiblí. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le ceadúnas oscailte bóithre do na hoibreacha sin.

## 13.9 Treoirlínte maidir le hInfrastruchtúr agus Seirbhísí

Caighdeán BF27: Draenáil Uisce Dromchla agus Tuile

Beidh forbairtí faoi réir ag na riachtanais seo a leanas maidir le draenáil uisce dromchla agus cosc agus bainistíocht tuile:

- 1. Draenáil Uisce Dromchla**

D'fhéadfadh draenáil ó dhromchlaí pábháilte, tar éis cóireáil oiriúnach, a dhul isteach sna sruthchúrsaí atá ar fáil nó go dtí limistéir súite leordhóthanacha ar shuíomh. Ní cheadófar, in aon imthosca, d'uisce dromchla sreabhadh isteach ar bhóthar poiblí ó aon fhorbairt atá beartaithe. Ba chóir dearadh a dhéanamh ar rochtain agus ar éadanas bóthair ar bhealach ina ndéileálfar le huisce dromchla agus chun a chinntiú nach mbíonn tionchar aige ar bhóthar poiblí.

Déanfar cothabháil ar dhraenáil ar thaobh an bhóthair atá ann cheana, i gcás tithe faoin tuath, trí úsáid a bhaint as píopa draenála ar mhéid leordhóthanach. Ní mór go mbeidh ríomhaireachtaí dearaidh nó fianaise chúil chun tacú le méid an pháipa atá roghnaithe in éineacht le gach iarratas.
- 2. Rith Chun Srutha Uisce Dromchla**

Níor chóir go mbeadh úsáidí talún mar chúis le cur le tréithe rith chun srutha os a gcionn siúd atá ann faoi láthair.
- 3. Córas Draenála Inbhuanaithe**

Spreagfar úsáid Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) i bhforbairtí nua ar mhaithe le baol tuile agus éillithe a íoslaghdú agus chun acmhainní comhshaoil agus uisce a chosaint. Déanfaidh an Chomhairle iarracht a chinntiú go mbainfidh iarratasóirí leas as córais draenála inbhuanaithe d'fhorbairtí suntasacha i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon agus go ndéanfaidh siad spreagadh orthu i ngach forbairt eile freisin.

Is ionann SuDS agus cur chuige a dhéanann iarracht bainistíocht a dhéanamh ar uisce chomh gar agus is féidir dá fhoinsé trí réitigh innealtóireachta éagsúla atá ina macasamhail de na próisis nádúrtha draenála, sula dtéann sé isteach sa sruthchúrsa. Tugann úsáid a bhaint as teicnící SuDS an deis le huisce dromchla a bheith insíothlaithe nó é a iompar níos moille chuig sruthchúrsaí agus úsáid á mbaint as cóireálacha scagacha dromchla, linnte, claiseanna reatha, draenacha scagtha nó suiteálacha eile. Ba chóir SuDS a dhearadh le bheith éifeachtach ó thaobh costais agus a laghad cothabháil agus is féidir a bheith ag gabháil leis.
- 4. Tuile**

Níor chóir forbairt aisti féin a bheith faoi réir ag baol míchuí tuile agus níor chóir go mbeadh sí ina cúis le cur leis an gcineál sin baol ag suíomhanna eile. Ba chóir go ndéanadh forbairt, a mhéid agus is indéanta le réasún, an méid is féidir le ráta agus méid an rith chun srutha a laghdú. Go háirithe, i gcás gur cúil:

  1. Ba chóir limistéir le dromchla crua (carrchlós, srl.) a thógáil le hábhair atá scagach nó leath-scagach.
  2. Ba chóir linnte uisce stoirme ar shuíomh a sholáthar le rith chun srutha breise ón fhorbairt a stóráil agus/nó a mhaolú.

## **5. Measúnú Baoil Tuile**

Sa chás go bhfuil baol tuilte ina shaincheist d'aon fhorbairt atá beartaithe, ba chóir measúnú baol tuilte a dhéanamh atá iomchuí do scála agus do nádúr na forbartha agus don bhaol a eascraíonn. Tabharfar faoi sin de réir na dTreoirínte do Mheasúnú Baol Tuilte 2009 ón DoEHLG (nó aon doiciméad a thagann ina áit). Éilítear ar iarratasóirí tagairt a dhéanamh do Láithreán Gréasáin an OPW maidir le Mapáil Náisiúnta Baol Tuilte, do Chéim 1 de Mheasúnú Straitéiseach Baol Tuilte an Chontae a rinneadh do Phlean Forbartha an Chontae agus do Chéim 2 den Mheasúnú Straitéiseach Baol Tuilte ar tugadh faoi do na Pleananna Limistéir Áitiúla éagsúla/nó ar glacadh leo le déanaí, nuair is cuí, sula seoltar moltaí forbartha isteach.

## **6. Tuilemhánna**

D'fhéadfadh forbairt atá deartha go cuí agus nach bhfuil íogaireach d'éifeachtaí tuile a bheith incheadaithe ar thuilemhánna, ar an gcoinníoll nach ndéanann an forbairt laghdú ar an limistéar tuilemhá nó nach ndéanann sí srianadh in aon bhealach eile ar sreabhadh thar thuilemhánna. Áirítear ar shamplaí den chineál sin forbartha, limistéar páirce, páirceanna imeartha, cineálacha áirithe tionscal, trádstóráil, srl., atá deartha le bheith friotaíoch agus/nó neamhghoilliúnach. Níor chóir forbairt den sórt sin a cheadú ach amháin ar an gcoinníoll go mbaintear úsáid as bearta leordhóthanacha chun déileáil leis an mbaol tuile atá ann de shíor, mar shampla, córais draenála leordhóthanacha, bearta sábháilteachta, saoráidí práinnfhreagartha agus nó córais rabhaidh agus freagartha, agus sa chás go mbreithnítear nach mbeadh tuile mar chúis le cruatan/caillteanas airgid nó costais suntasach.

## **7. Sruthchúrsaí**

I gcás forbairtí atá in aice le gach sruthchúrsa lena mbaineann cumas iompair suntasach nó sa chás go bhfuil sé riachtanach cothabháil a dhéanamh ar cháilíocht éiceolaíochta nó comhshaoil an tsruthchúrsa, ní mór aon struchtúir (lena n-áirítear tírdhreachú cruá) a choinneáil siar ó imeall an tsruthchúrsa le rochtain a chur ar fáil do ghlanadh/cothabháil/fásra an chainéil. Éilítear slánachar íosta de 5-10m ar gach taobh ag brath ar leithead an tsruthchúrsa.

De ghnáth, ní cheadófar forbairt atá comhdhéanta de thógáil claífoirt, piara do dhroichid leathana nó struchtúir den chineál sin i sruthchúrsaí nó trasna tuilemhánna nó cainéil abhann, mar go gcuireann na struchtúir sin srian/bac ar shreabhadh agus go gcuireann siad le baol tuile do réadmhaoin nó do thalamh atá in aghaidh an tsrutha. Sa chás go mbreithnítear go bhfuil sé riachtanach i gcásanna eisceachtúla, struchtúir den sórt sin a cheadú, ba chóir go mbeadh siad deartha le híoslaghdú a dhéanamh air/nó cúiteamh a dhéanamh ar aon éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith acu.

## **8. Caighdeáin Deartha do Thuilte**

Ní mór go mbeidh gach forbairt nua deartha agus tógtha leis na caighdeáin íosta deartha tuile seo a leanas a chomhlíonadh:

1. I gcás limistéir uirbeacha/limistéir faoi fhoirgneamh nó sa chás go bhfuil forbairtí (atá an cheana, atá beartaithe nó a bhfuiltear ag súil leo) i gceist – an tuile 100 bliain
2. I gcás Limistéir Tuaithe nó sa chás nach bhfuil tuilleadh forbairtí (atá an cheana, atá beartaithe nó a bhfuiltear ag súil leo) i gceist – an tuile 25 bliain
3. Feadh an chósta agus inbhir – leibhéal taoide 200 bliain.
4. Sa chás go bhfuil srutháin, draenacha oscailte nó sruthchúrsaí eile á lintearú – is 900mm trastomhas lintéir íosta a bheidh ceadaithe (ba chóir rochtain a sholáthar mar is cuí le haghaidh cothabháil).

Caighdeán BF28: Soláthar Uisce

Tá soláthar uisce atá sábháilte agus iontaofa mar riachtanas a ghabhann leis an fhorbairt. Más trí ghrúpscéim uisce atá an t-uisce á sholáthar, nó mór litir a thoilíonn ceangal ó rúnaí na scéime a bheith ag gabháil le haon iarratas pleanála agus in imthosca áirithe; d'fhéadfadh sé go n-éileofaí ar an fhorbróir síneadh a chur leis an bpríomhlíonra uisce chun an tsuímh. Sa chás go bhfuil tobar tollta riachtanach nó níos indéanta, ní mór go gcomhlíonfaidh mionsonraí maidir le hachair scartha ó chórais chóireála na caighdeáin i *gCód Cleachtais do Chórais Chóireála Fuíolluisce do Theach Cónaithe Aonair* na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA).

Ba chóir go gcomhlíonfadh **Tollphoill Phríobháideacha** Treoirínte an 'Water Well Construction' [www.igi.ie](http://www.igi.ie) ó Institiúid Geolaithe na hÉireann.

*Ba chóir an méid seo a leanas a sheoladh chuig an Údarás Pleanála:*

- Taifead de thástáil chuí den toradh inbhuanaithe ón bpoll;
- Doiciméid maidir le tógáil an phoill, a thoradh agus a cháilíocht uisce lena n-áirítear liosta de pharaiméadair cheimiceacha agus baictéareolaíocha atá tástáilte.
- Cuntas mionsonraithe ar an gcóras cóireála uisce a shuiteálfar más gá

Caighdeán BF29: Fearais Chóireála d'Eisilteach

Déanfar cinneadh maidir le hoiriúnacht suímh do chóireáil fuíolluisce, de réir na gcritéar atá leagtha síos i Lámhleabhair Chóireála Fuíolluisce an EPA (1999, 2009) nó aon athbhreithniú nó athsholáthar na lámhleabhair sin nó aon treoirínte atá eisithe ag an EPA maidir le hábhar na lámhleabhair sin.

- I gcás tithe aonair beidh feidhm le "*Lámhleabhar Chóireála Fuíolluisce an EPA – Córais Chóireála do Thithe Aonair*" 2009 (lena n-áirítear aon doiciméad atá tugtha cothrom le dáta nó aon doiciméad a thagann ina áit);
- I gcás forbairtí atá níos mó beidh feidhm le "*Lámhleabhair Chóireála Fuíolluisce an EPA – Córais Chóireála do Phobail Bheaga, Gnólachtaí, Ionaid Fhóillíochta agus Óstáin*".

Beidh feidhm leis na riachtanais seo a leanas maidir le saoráidí cóireála eisiltigh:

1. **Tithe Aonair** Déanfaidh umar seipteach dá chuid féin nó fearas cóireála seirbhísiú ar gach teach cónaithe agus ní roinnfear an tsaoráid seo le haon teach cónaithe eile seachas in imthosca eisceachtúla.
2. **Cnuasthithíocht** I gcás scéimeanna cnuasthithíochta, ceadófar fearais chóireála fuíolluisce ar an gcoinníoll go bhfuil siad deartha agus tógtha de réir Lámhleabhair Chóireála an EPA.
3. **Deimhniúchán** Éileofar deimhniúchán go bhfuil an sloda bainte as an umar seipteach de réir Treoirínte an EPA.

Beidh an méid seo a leanas mar riachtanas le Cead Pleanála:

1. **Mionsonraí Dearaidh** Ríomhaireachtaí dearaidh a thugann tacaíocht do roghnú méid agus an cineál córais áirithe.
2. **Cothabháil** Comhaontú cothabhála a shonraíonn téarmaí agus coinníollacha gaolmhara.
3. **Deimhniúchán** Éileofar deimhniúchán go bhfuil an sloda bainte as an umar seipteach de réir Treoirínte an EPA.

Caighdeán BF30: Forbairt Feirmeacha Gaoithe

Beidh iarratais phleanála d'fhorbairt feirme gaoithe ag comhlíonadh *Treoirínte d'Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe 2006* an DoEHLG (lena n-áirítear aon treoirínte nua nuair a eisítear iad) agus Straitéis Fuinnimh Gaoithe Chontae na Gaillimhe (WES).

Caighdeán BF31: Línte Tarchur Leictreachais

Tá línte Tarchur Leictreachais mar ghné ríthábhachtach agus dosheachanta ó thaobh an fuinneamh atá riachtanach a sholáthar do dhul chun cinn geilleagrach agus sóisialta. Beidh forbairt línte tarchuir leictreachais faoi réir ag an méid seo a leanas:

- 1. Íogaireacht Tírdhreacha** Ba chóir iarracht a dhéanamh línte tarchuir leictreachais a shuíomh i gceantair neamh-thaitneamhachta, agus aird á thabhairt ar Mheasúnú Rátála Íogaireachta Tírdhreacha an Chontae. I gcásanna go bhfuil a suíomh i gceantar chatagóir tírdhreacha Aicme 4 (Speisialta) nó Aicme 5 (Uathúil) nó gar do Shéadchomhartha Náisiúnta, Struchtúr Cosanta, Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) nó laistigh de phointe fócasach/radharc riachtanach, beidh gá le híoslghdú a dhéanamh ar a bhfeiceálacht a mhéid is féidir go praiticiúil. Éileofar Measúnú Tionchair Amhairc (VIA) a sheoladh isteach le hiarratais phleanála sna suíomhanna sin.
- 2. Tionchair Thaitneamhachta** Ba chóir go dtabharfadh línte tarchuir nua aird ar thaitneamhacht tithíochta atá ann cheana agus ar ainmniúcháin comhshaoil agus ba chóir go ndéanfadh siad maolú in aghaidh aon laghdú suntasach ar amharc lena mbaineann luach speisialta taitneamhachta.
- 3. Iarratais** Ag gabháil le hiarratais ar línte tarchuir nua, beidh ráiteas fírinneithe ina dtabharfar an tábhacht réigiúnach atá leis an bhforbairt bheartaithe chun an líonra leictreachais atá sa réigiún a neartú agus an gá atá lena leithéid d'fhorbairt.

Caighdeán BF32: Crainn Teileachumarsáide

Ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar mheastóireacht moltaí forbartha le haghaidh aeróg agus struchtúr tacaíochta a chur suas tabharfar aird ar *Threoirlínte Pleanála d'Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta – Treoirlíne d'Údaráis Phleanála* an DoEHLG (1996 lena n-áirítear doiciméad atá tugtha cothrom le dáta/doiciméad a thagann ina áit) agus Ciorclán PI 07/12 DECLG maidir le Treoirlínte Pleanála 1996.

Sa chás go n-éilíonn staid reatha na teicneolaíochta go dtógfaí crainn agus aeróga faoin tuath, beidh feidhm leis na caighdeáin seo a leanas:

- 1. Íogaireacht Tírdhreacha** I gcásanna go bhfuil crainn Teileachumarsáide riachtanach in Aicme 4 (Speisialta) íogaireachta tírdhreacha nó Aicme 5 – Uathúil, éileofar Measúnú Tionchair Amhairc le gach iarratas pleanála ar na suíomhanna sin.
- 2. Tionchair Thaitneamhachta** Ba chóir crainn agus saoráidí stáisiún bunáite gaolmhara a bheith lonnaithe in áiteanna nach bhfuil cóngarach do thithe nó scoileanna atá ann cheana.
- 3. Tionchair Thírdhreacha** Ba chóir go mbeadh crainn deartha agus lonnaithe chun tionchar ar an tírdhreach a íoslghdú. Ba chóir suíomhanna a lonnú laistigh de phlandálacha foraoise, más féidir é. Ní cheadófar bóithre rochtana ach amháin san áit a bhfuil gá leo. Sa chás go soláthraítear iad, níor chóir go bhfágfadh siad lorg ar an tírdhreach ina bhfuil siad suite. Ba chóir go leanfadh na bóithre comhrianta nádúrtha an tsuímh ar mhaithe lena bhfeiceálacht a íoslghdú, agus ba chóir toir a chur mar theorainn leo tar éis dóibh a bheith tógtha.
- 4. Comhshuíomh** Éileofar ar cheadúnaithe a gcuid seirbhísí a chomhshuíomh trí chrann amháin a roinnt, nó, más gá, crainn bhreise a lonnú i gcuasfhoirm.

5. **Slándáil** Ba chóir go mbeadh fálú slándála agus gairis le cosc a chur ar dhreapadh atá deartha chuig riachtanais sábháilteachta agus aeistéitiúil áitiúil thart timpeall ar champúin crainn.
6. **Iomarcaíocht** Sa chás go gcuirtear suiteáil aon chrann ar scor, tógfar an crann agus an trealamh ón suíomh agus déanfar athchóiriú ar an talamh sa riocht ina raibh sé roimhe sin.

Éileofar ar gach iarratas pleanála ráiteas a chur ar fáil maidir le comhlíonadh Treoirlínte Chumann Idirnáisiúnta um Chosaint in aghaidh Radaíochta (IRPA) nó a Réamhchaighdeán 50166-2 Eorpach comhionann chun leasa sláinte agus sábháilteachta.

### 13.10 Treoirlínte maidir le Talmhaíocht, Muirshaothrú, Foraoiseacht agus Forbairt Eastóscach

Caighdeán BF33: Foirgnimh Thalmhaíochta  
Agus iad ag déileáil le hiarratais phleanála don chineál sin foirgnimh, tabharfaidh an tÚdarás Pleanála an méid seo a leanas ar aird:

1. **Dearadh agus Leagan Amach** Caighdeán dearaidh agus leagan amach an coimpléasc feirme. Sa chás gur féidir é sin a dhéanamh ba chóir foirgnimh nua a lonnú laistigh nó in aice leis an gcoimpléasc feirme atá ann cheana. Beidh foirgnimh ar íos-scála agus spreagfar úsáid ábhair le dathanna nach seasann amach.
2. **Taitneamhacht Thithíochta** Gaireacht aon teach cónaithe atá ann cheana.
3. **Rochtain don Bhóthar Poiblí** Rochtain sábháilte ar bhóithre poiblí.
4. **Tírdhreach Tuaithe** Comhshamhlú na bhfoirgneamh leis an tírdhreach tuaithe trí úsáid a bhaint as suíomh, dathú seachtrach, sciathadh agus criosanna foscaidh chúí.

Caighdeán BF34: Eisilteach Talmhaíochta  
Leagan *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cleachtas Maith Talmhaíochta maidir le hUiscí a Chosaint), 2014* amach na riachtanais stórála le heisiltigh feirme a stóráil agus na híostréimhsí sealúchais le haghaidh dramhaíl feirme a stóráil. Baileofar gach múnalach truailithe agus stórálfar i ndabhcha é, atá deartha de réir Caighdeáin na Roinne Talmhaíochta agus Bia sula ndéantar tuilleadh cóireála air nó sula scaipfear ar an talamh é nuair a bhíonn coinníollacha aimsire oiriúnach.

Beidh an méid seo a leanas riachtanach le haghaidh Cead Pleanála:

1. **Ríomhaireachtaí Dearaidh** Ríomhaireachtaí dearaidh a thacaíonn le roghnú toirt áirithe stórála agus mionsonraí maidir leis an limistéar scaipthe.

Caighdeán BF35: Agrathurasóireacht  
Beidh forbairt agrathurasóireacht faoi réir ag an méid seo a leanas:

1. **Úinéireacht** Leanfaidh an chóiríocht agus na gnólachtaí breise de bheith faoi úinéireacht an teaghlach feirme.
2. **Suíomh** Go ginearálta, beidh foirgnimh nua gar don teach feirme atá ann

cheana.

3. **Cóireáil Eisiltigh** Ní mór saoráidí cóireála eisiltigh leordhóthanacha a shuiteáil.
4. **Rochtain agus Páirceáil** Ní mór páirceáil leordhóthanach ar shuíomh a sholáthar agus rochtain sábháilte a chur ar fáil don bhóthar poiblí.
5. **Bainistiú Dramhaíola** Aisghabháil agus diúscairt chuí ar dhramhaíl ó agrathurasóireacht a chinntiú.

Caighdeán BF36: Forbairt Foraoiseachta

Beidh soláthar agus cothabháil crann ag comhlíonadh riachtanais *Chaighdeán Náisiúnta Foraoiseachta na hÉireann 2000* (lena n-airítear aon doiciméad atá tugtha cothrom le dáta nó doiciméad a thagann ina áit). Ba chóir d'aon mholadh maidir le forbairt foraoiseachta na treoirlínte seo a leanas atá foilsithe ag an tSeirbhís Foraoiseachta a thabhairt ar aird:

- *Treoirlínte maidir le Foraoiseacht agus Tírdhreach;*
- *Treoirlínte maidir le Foraoiseacht agus Cáilíocht an Uisce;*
- *Treoirlínte maidir le Foraoiseacht agus Seandálaíocht;*
- *Treoirlínte maidir le Bithéagsúlacht Foraoiseachta;*
- *Treoirlínte maidir le Baint Foraoiseachta agus an Comhshaoil.*

Caighdeán BF37: Forbairt Eastóscach

Breithneofar na mionsonraí seo a leanas a bheith lárnach i gcinneadh aon iarratas le haghaidh cead pleanála maidir le forbairt eastóscach:

1. **Treoirlínte** Comhlíonadh forálacha agus treoir, de réir mar is cuí, atá in Alt 261 den *Acht Pleanála agus Forbartha, 2000* arna leasú le hAlt 74 agus Alt 75 den *Acht Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2010*, *Treoirlínte maidir le Cairéil agus Saoráidí Coimhdeacha 2004 an DoEHLG* agus *Treoirlínte maidir le Bainistíocht Comhshaoil san Earnáil Eastóscach 2006*. Sa chás go bhféadfadh tionchar a bheith ag forbairtí eastóscach ar oidhreacht ailtireachta nó ar sheandálaíocht, tabharfar *Treoirlínte Caomhantais Ailtireachta 2011* an DAHG agus *Cód Cleachtais Seandálaíochta 2002* ar aird (lena n-airítear aon doiciméid atá tugtha cothrom le dáta nó doiciméid a thagann ina n-áit) sa mheasúnú ar iarratais phleanála. Ba chóir tagairt a dhéanamh freisin do *Threoirlínte d'Oidhreacht Geolaíochta don Earnáil Eastóscach 2008* (lena n-airítear aon doiciméid atá tugtha cothrom le dáta nó doiciméid a thagann ina n-áit).
2. **Úinéireacht Talún** Méid an úinéireacht talún. Ba chóir mionsonraí a sheoladh isteach a léiríonn an suíomh beartaithe maidir leis an talamh go léir sa chomharsanacht ina bhfuil leas ag an iarratasóir.
3. **Fosuithe** Nádúr gach fosú. Áirítear ar mhionsonraí atá le seoladh isteach: Doimhneacht na mbarrithreacha, na fo-ithreacha, na scraithe uachtair agus an ábhair, ag pointí éagsúla ar an suíomh, léiriú ar chineál na mianraí, a bhfuil siad beartaithe iad a eastóscadh; ráiteas maidir le cibé an bhfuil an mháthaircharraig ar eastóscadh an mianra aisti oiriúnach d'úsáidí eile; agus an chainníocht iomlán measta de charraig agus mianra atáthar in ann a eastóscadh ón suíomh ar bhonn tráchtála.
4. **Modhanna** Na modhanna eastósctha an innealra atáthar chun a úsáid. Áirítear ar na mionsonraí atá le seoladh isteach na hoibreacha forbartha suímh go léir atá beartaithe: an modh oibre atá beartaithe; aon

limistéir tochailte atá ann nó atá beartaithe; céimeanna na hoibre atá beartaithe; suíomhanna aon linn síothlaithe, ábhar dramhaíola agus/nó stoc-charnadh ábhair; modhanna chun barrithir, fo-ithir agus scaith uachtair a bhaint agus a stóráil, srl.

#### 5. Táirgeadh

Cainníochtú táirgthe laistigh d'am áirithe. Áirítear ar na mionsonraí atá le seoladh isteach, an próiseas táirgthe beartaithe atá le húsáid, gach riachtanas le haghaidh uisce, leictreachas agus/nó ionchuir eile suas go dtí an próiseas táirgthe agus aon mholtaí maidir le cóireáil cheimiceach nó cóireálacha eile.

#### 6. Maolú

Modhanna le tionchar comhshaoil a laghdú. Áireofar ar mhionsonraí atá le seoladh isteach, measúnú ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar acmhainní uisce, taitneamhacht tithíochta agus amhairc (lena n-áirítear tionchair torainn, deannaigh agus creathaidh), bithéagsúlacht agus aon bhreithniú ábhartha eile mar aon le moltaí cuí chun iad a mhaolú.

Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas, más cuí, in éineacht leis na moltaí don fhorbairt:

- Staidéar Bonnline maidir le hUisce Dromchla ar shruthchúrsaí atá i gcomharsanacht an tsuímh;
- Measúnú Hidrigeolaíoch ar thionchar sreabha screamhuisce sa limistéar agus an tionchar ar sholáthairtí toibreacha uisce sa limistéar.

#### 7. Rochtain

Bealaí feithicle ón suíomh chuig príomhbhealaí tráchta agus an tionchar ar na gréasáin bóthair atá i gceangal leo. Ba chóir go n-áireofaí mionsonraí maidir le modh, uimhir agus meáchan na dtrucaílí nó na bhfeithicilí eile atá á n-úsáid le hábhair a iompar agus aon mholtaí maidir le bratach nó le níochán na dtrucaílí.

D'fhéadfadh sé go n-éileodh an Chomhairle go n-ullmhófaí Measúnú Tionchar Tráchta agus Iniúchadh maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre (nach mór a bheith ullmhaithe ag measúnóir ceadaithe) do gach forbairt nua.

D'fhéadfadh sé go n-éileodh an Chomhairle Ranníocaíocht Speisialta de réir Alt 48 den *Acht Pleanála agus Forbartha, 2000* (arna leasú), ar mhaithe le hoibreacha uasghrádaithe/feabhsúcháin feadh conair-bhealach an chairéil, leis an fhorbairt bheartaithe a éascú.

#### 8. Athshlánúchán

Scéim athshlánúcháin agus iarchúraim. Ba chóir go n-áireodh mionsonraí atá le seoladh isteach tuarascáil le pleananna agus ailt a dhéanann mionsonrú ar: an tírghné agus na cóireálacha dromchla/tírdhreach a bhfuiltear ag súil leo nuair a bheidh an obair críochnaithe, maidir le gach céim agus maidir leis an tochailt iomlán; cáilíocht agus riocht na mbarritheacha agus na scraithe uachtair; na hoibreacha athshlánúcháin atá beartaithe; cineál agus suíomh aon fhásra atá beartaithe; modh beartaithe maoinithe agus seachadta oibreacha athchóirithe/aischuir; srl.

Éileoidh an Chomhairle go mbeidh plean athchóirithe mionsonraithe agus moltaí maidir le hiarchúraim a chuirfear chun cinn ar bhonn céimnithe in éineacht le gach moladh forbartha. Cinnteoidh an plean athchóirithe go ndéanfar athchóiriú ar an tírdhreach agus aird á thabhairt ar a charachtar bunaidh agus do thagairt do Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha do Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2002 mar atá tugtha isteach sa Plean seo. Beidh costais mionsonraithe na hoibre, atá ullmhaithe ag suirbhéir cainníochta cáilithe in éineacht leis an bplean athchóirithe.

Feidhmeoidh an Chomhairle Banna, mar is cuí, ar mhaithe leis na



hoibreacha athchóirithe a thabhairt chun críche go rathúil. Féadfar an suíomh a chur in oiriúint d'úsáidí éagsúla ag brath ar an leibhéal eastósctha agus beidh sé sin i gcomhaontú leis an Údarás Pleanála agus le comhthuiscint an phobail áitiúil.

9. **EIS** Aon Staidéar ar an Tionchar ar an Timpeallacht lena n-áirítear aon leasúcháin EIS mar a éilítear le reacht. Ba chóir go gcinnteodh EIS go dtabharfaidh aghaidh go soiléir ar gach tionchar maidir le hoidhreacht, comhshaol, bithéagsúlacht, cosaint screamhuisce srl. agus go bhfuil na bearta maolaithe cuí san áireamh.
10. **Gaireacht** Gaireacht d'fhorbairtí eile. Áireofar ar mhionsonraí atá le seoladh isteach suíomh gach forbairt atá i gcomharsanacht an tsuímh cheana a bhféadfadh tionchar a bheith ag na hoibreacha forbartha suímh orthu, oibríochtaí eastóscacha agus/nó gluaiseachtaí tráchta a bheidh ann.
11. **Tírdhreachú agus Sciathadh** Moltaí maidir le tírdhreachú agus sciathadh. Áireofar ar mhionsonraí atá le seoladh isteach léiriú ar na crainn atá an cheana nó sciathadh eile a bhí le coinneáil nó le fáil réidh leo agus an sciathadh, cur féir nó plandáil crann nó toir atá beartaithe agus moltaí maidir lena gcothabháil.
12. **Oidhreacht and Bithéagsúlacht** D'áireodh moltaí maidir le hoidhreacht agus bithéagsúlacht aon mholtaí i ndáil leis an suíomh a bhfuil breithniú le déanamh orthu mar chuid d'oidhreacht gheolaíoch an Chontae agus aon bhearta atá molta maidir le cosaint agus cur chun cinn an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta, lena n-áirítear aon mholtaí i ndáil le hathshlánúchán. Éileoidh an Chomhairle Measúnú maidir le Tionchar Éiceolaíochta do gach moladh laistigh de nó i gcomharsanacht SPA, SAC nó NHA. Sa chás go dtagann forbairt cairéil laistigh d'ainmniúchán caomhantais, moltar don fhorbróir dul i gcomhairle leis an DECLG roimh iarratas a dhéanamh. Ba chóir fianaise maidir le haon chomhairliúchán den sórt sin a sheoladh chuig an Údarás Pleanála ag céim na pleanála. Beidh sé mar riachtanas freisin maidir le gach moladh nua a bhfuil an dóigh ann go mbeidh tionchar acu ar SAC nó ar Spa agus go ndéanfar scagthástáil ar an ngá le tabhairt faoi Mheasúnú Treoir maidir le Gnáthóga faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga. Éileoidh an Chomhairle go bhfeidhmeoidh oibreoir an chairéil Córas Monatóireachta Comhshaoil, le monatóireacht a dhéanamh ar gach caighdeán comhshaoil (torann, deannach, pléascadh, srl.) ar bhonn leanúnach.
13. **Slándáil ar an Suíomh** Teorainn/fál slándála. Seolfar isteach agus comhaontóidh an tÚdarás Pleanála mionsonraí iomlána maidir le teorainn imlíneach an tsuímh a dhaingniú mar chuid den Phróiseas Pleanála.

Caighdeán BF38: Dramhaíl Tógála agus Scartála

Sa chás go samhlaítear go mbeidh dramhaíl tógála agus scartála suntasach ann maidir le forbairt atá beartaithe, éileoidh an Chomhairle go seolfar plean bainistíochta dramhaíola isteach do chéim na tógála den fhorbairt ar mhaithe le comhaontú i scríbhinn a fháil ón gComhairle, a bheidh ag comhlíonadh *Treoirlínte Sárchleachtais maidir le hullmhú Pleananna Bhainistiú Dramhaíola do Thionscadail Tógála agus Scartála* ón DEHLG. Is conraitheoirí dramhaíola ceadúnaithe amháin a bhaileoidh an t-ábhar dramhaíola a ghintear le linn chéim na tógála agus céim feidhmithe araon na forbartha agus déanfar an dramhaíl a dhiúscairt i saoráidí dramhaíola ceadúnaithe.

## 13.11 Treoirlínte maidir le Bainistiú Oidhreachta, Tírdhreacha agus Comhshaoil

Caighdeán BF39: Comhlíonadh le hAinmniúcháin Íogaireachta Tírdhreacha

Faoi réir ag forálacha an Phlean, go háirithe ag beartais lonnaíochta Ailt 2 & 3 agus srianadh iarmhartacha ar fhorbairt i gCeantair Tuaithe, déanfar rialú ar fhorbairt incheadaithe de réir na mbeartas a mhéid a bhaineann siad le cúig aicme íogaireachta in Alt 9.10.2.3 den Phlean seo. Measfaidh sé na cineálacha forbartha seo a leanas a bheith inghlactha go ginearálta sna limistéir íogaireachta éagsúla mar a leanas:

1. **Aicme 1 – Íogaireacht Íseal** Beidh gach forbairt ag teacht le beartais lonnaíochta.
2. **Aicme 2 – Íogaireacht Mheasartha** Forbairtí éagsúla, atá ar scála agus ar dhearadh cuí agus atá ag comhlíonadh beartais lonnaíochta.
3. **Aicme 3 – Ard-Íogaireacht** Líon beag forbairtí, lena n-áirítear na forbairtí sin a thugann bunús do chásanna maidir le suíomh sonracha den sórt sin agus atá ag comhlíonadh na mbeartas lonnaíochta.
4. **Aicme 4 - Speisialta** Srianta do bhunriachtanais tithíochta na dteaghlach áitiúil, gnólachta feirme teaghlaigh agus fiontair áitiúla.
5. **Aicme 5 - Uathúil** Ní cheadófar athruithe nach bhfuil mórán céille leo ach amháin in imthosca eisceachtúla.

Déanfaidh an Chomhairle foráil do bhreithniú infrastruictúr straitéiseach i ngach Aicme. Glactar leis go bhfuil na hOileáin atá timpeall an chósta speisialta agus go bhfuil gá iad a chosaint ach ag an am céanna ní mór freastal ar riachtanais áitiúla. Faoi láthair tá rátáil íogaireachta tírdhreacha Aicme 5 – Uathúil ann do na hOileáin go léir. Déanfar breithniú, áfach, ar fheastal ar riachtanais tithíochta áitiúil, sa chás go bhfuil an fhorbairt de réir fhorálacha an phlean.

Caighdeán BF40: Measúnuithe Comhshaoil  
Feidhmeofar na bearta seo a leanas maidir le suíomhanna ainmnithe comhshaoil:

1. **Measúnú Cuí:** Éileofar scagadh le haghaidh measúnú cuí agus/nó measúnú cuí le gach iarratas sa chás go mbreithnítear go bhféadfadh tionchar (go díreach nó go hindíreach), a bheith ag an fhorbairt atá beartaithe nó i gcomhar le tionscadail eile ar shuíomh ainmnithe Natura 2000, m.sh. Limistéar Faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) le heolas a chur ar fáil don chinnteoireacht. Ba chóir an gá atá ann le haghaidh measúnú cuí a phlé leis an Rannóg Phleanála roimh iarratas a sheoladh isteach. Ba chóir thabhairt faoin measúnú cuí de réir Airteagal 6 den Treoir gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 agus aithneofar agus déanfar meastóireacht ar thionchair dhíreacha agus indíreacha, a d'fhéadfadh a bheith ag an fhorbairt ar an suíomh ainmnithe.
2. **Measúnú Éiceolaíoch** D'fhéadfadh sé go mbeadh Measúnú Éiceolaíoch riachtanach do thionscadail ar scála beaga i limistéir eile (m.sh. Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (beartaithe), suímh Ramsar, Anaclanna Dúlra, Páirceanna Náisiúnta a d'fhéadfaí a bhreithniú a bheith íogair a mheas go bhfuil siad íogaireach ó thaobh an chomhshaoil agus go bhféadfadh tionchar díreach/indíreach a bheith acu ar luach oidhreachta nádúrtha an limistéir.

Ba chóir an gá atá le measúnú éiceolaíoch a phlé leis an Rannóg Phleanála roimh iarratas a sheoladh isteach. Ba chóir go n-áireodh an measúnú breithnithe ar thionchair maidir le bithéagsúlacht, ceangail éiceolaíochta cáilíocht uisce agus draenáil.

### **3. Measúnú/ Ráiteas Tionchair Timpeallachta**

Faoi Threoir EIA éilítear measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe ar an gcomshaol. Tá na táirsí do mheasúnú den chineál sin liostaithe sna Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001 (arna leasú). D'fhéadfadh go mbeadh EIS de dhíth do thograí forbartha faoi na táirsí reachtacha; Tá Treoir EIA d'Údarás Thoilithe maidir le Fobairt Fothairsí le fáil chuige sin. D'fhéadfadh sé go n-éileodh an tÚdarás Pleanála go seolfaí Ráiteas Tionchair Comhshaoil (EIS) isteach de réir fhorálacha Chuid 10 de na Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001 (arna leasú).

Caighdeán BF41: Patrúin Pháirce, Ballaí Cloiche, Crainn agus Fálta Sceach

Tá patrúin pháirce agus ballaí cloiche, crainn agus fálta sceach ina gcuid thábhachtach do cháilíocht amhairc agus comhshaoil na gceantar tuaithe agus nuair a bhaintear iad agus nuair a chuirtear blocbhallaí ina n-áit cruthaíonn sé gnéithe uirbeacha i gcomhshaoil tuaithe. D'fhéadfadh sé tionchar a bheith aige freisin ar fhiadhúlra nuair a bhaintear fálta sceach a bhfuil fiadhúlra ag brath orthu. Beidh forbairtí nua mar sin faoi réir ag na riachtanais seo a leanas maidir le:

- 1. Gnéithe atá ann cheana** Na patrúin páirce agus na ballaí cloiche a bhaineann leo agus na crainn agus fálta sceach a choinneáil agus a tharraingt isteach i leaganacha na forbartha nua uair ar bith ar féidir é sin a dhéanamh.
- 2. Idirghabháil** Go ginearálta, ní cheadófar ach a laghad cur isteach agus is féidir ar phatrúin pháirce, ballaí cloiche agus fálta sceach atá ann cheana.
- 3. Plandáil** Spreagfaidh an Chomhairle plandáil crann dúchasacha agus fálta sceach feadh gach teorainn.
- 4. Fálta Sceach** Sa chás go bhfuiltear ag baint fálta sceach atá ann cheana ní mór breithniú a dhéanamh ar thabhairt isteach fálta sceach dúchasach le fálú posta agus ráillí feadh éadanas an bhóthair. Úsáid a bhaint as modhanna bainistíochta cuí cothabhála gnáthóga le taobh an bhóthair leis an damáiste a íoslaghdú (go háirithe d'fhálta) agus cloí leis an séasúr coiscthe chun fálta a ghearradh.

Caighdeán BF42: Bainistíocht agus Cosaint Cósta  
Breithneofar na riachtanais seo a leanas agus feidhmeofar iad nuair is cuí maidir le bainistíocht agus cosaint cósta:

- 1. Próisis Náidúrtha** Cinnteoidh forbairtí, sa chás go bhfuil sé indéanta, go n-éascófar gluaiseacht i dtreo na talún de ghnéithe cósta, ar nós dumhcha agus riasca, mar go bhfuil na gnéithe sin mar chuid lárnach de chóras an chósta – go fisiciúil agus go héiceolaíoch araon – agus soláthraíonn siad cosaint i gcoinne fuinneamh tonnta trí scaipeadh.
- 2. Athrú ar Leibhéal na Mara agus** Go ginearálta, comhlíonfaidh forbairtí nua an cur chuige seo a leanas i leith bainistíocht cósta maidir le hathrú ar leibhéal na mara:

- Tuile**
1. Ní chuirfear aon fhoirgneamh nó forbairt nua laistigh de 100m de líne 'bog' an chladaigh.
  2. Ní dhéanfar aon mhíntíriú eile ar thalamh inbhir.
  3. Ní thógfar chun siúil dumhach gaineamh, gainimh thrá nó gairbhéal.
  4. Déanfar measúnú ar gach beart do chosaint cósta chun a dtionchar comhshaoil a mheas.

**3. Imeall Cósta** Chomh maith leis an méid thuas, beidh slánachar cothrománach ginearálta de 30m ar a laghad le cruthú ó líne teorainn na hurthra maidir le forbairtí nua nó feadh an comhrian nádúrtha de 3m, cibé acu is mó. Ní mór d'aon iarratas pleanála laistigh den slánachar seo léiriú a thabhairt nach mbeidh aon fhorbairt faoi réir ag leibhéil mhara a d'fhéadfadh a bheith ag ardú mar gheall ar théamh domhanda, agus ní mór aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna maidir le leibhéil mhara a bheith ag ardú ó thaobh suíomh aon fhorbairt. Níor chóir go gcuirfeadh forbairtí nua srian ó thaobh dheiseanna le rochtain phoiblí a chur ar fáil chuig an urthra.

Cosnófar imeall an chósta agus gnáthóga cósta ó scrios agus ó dhíghrádú chun a chinntiú go gcoinneofar a gcuid róil mar chonairí éiceolaíocha, mar mhaoláin in aghaidh tuile cósta agus borradh stoirme agus go gcuirfear leo, agus éileofar ar fhorbróirí atá ag beartú forbairtí i gcomharsanacht an cheantair seo tabhairt faoi shuirbhé éiceolaíoch agus plan éiceolaíoch a sheoladh isteach a thugann fásra nádúrtha agus topagrafaíochta an cheantair san áireamh.

Caighdeán BF43: Struchtúir Chosanta nó Struchtúir a bhfuil sé Beartaithe Cosaint a dhéanamh orthu

Éileoidh an tÚdarás Pleanála, mar bhunriachtanas, go dtabharfadh Iarratais Pleanála d'oibreacha ar Struchtúir Chosanta nó Struchtúir a bhfuil sé Beartaithe Cosaint a dhéanamh orthu an méid seo a leanas ar aird:

- *Treoir maidir le Dea-Chleachtas do Shuirbhé agus do Mheasúnú Ailtireachta an GCC*
- *Treoirlínte maidir le Cosaint Oidhreachta Ailtireachta an DAHG d'Údaráis Pleanála 2011*

Ní chuireann cur san áireamh struchtúr i dTaifead na Struchtúr Cosanta cosc ar úsáid chuí nó ar fhorbairt. Ní fhéadfar tabhairt faoi aon oibreacha ar Struchtúr Cosanta gan cead pleanála, áfach, a chuireadh isteach ar charachtar an struchtúir, nó ar aon ghné de, a chuireann lena spéis oidhreachta ailtireachta speisialta.

Beidh an riachtanas seo a leanas i bhfeidhm maidir le Struchtúir Chosanta nó Struchtúir a bhfuil sé Beartaithe Cosaint a Dhéanamh orthu, mar is cúí.

1. **Bearta Caomhnaithe** Éileofar ar thograí forbartha, a bhfuil struchtúr cosanta san áireamh leo, úsáid a bhaint as bearta le cosaint agus caomhnú a dhéanamh air agus cur le carachtar agus le cuma an struchtúir.
2. **Oibreacha Forbartha** Éileofar ar mholtaí forbartha lena mbaineann athrú ábhair nó breiseanna do struchtúir chosanta cead pleanála a bheith acu agus éileofar orthu a thaispeáint:
  1. Go bhfuil sé comhoiriúnach le agus nach gcuirfidh sé as do charachtar speisialta an struchtúir agus a shuíomh.
  2. Go gcomhlánaíonn sé agus go léiríonn sé dearadh agus carachtar na bhfoirgneamh agus an cheantair atá mórthimpeall air.
  3. Go gcoinneofar gnéithe atá spésiúil ó thaobh na haitireachta agus na staire agus cruth stairiúil agus iomláine an struchtúir.

4. Beidh gnéithe ailtireachta ag meaitseáil nó ag teacht le mionsonraí traidisiúnta an struchtúir.

Ní cheadófar moltaí forbartha a chuireann suíomh an struchtúir chosanta i gcontúirt nó a bheidh athrú ábhair nó scartáil an struchtúir/na struchtúir mar thoradh air ach amháin:

5. Murar féidir an struchtúir a dheisiú.
6. Sa chás nach bhfuil aon úsáid comhoiriúnach nó inmharthana don struchtúir.

### 3. **Forbairt Thadhhlach**

Éileofar ar fhorbairtí ar shuíomhanna atá tadhhlach le struchtúir cosanta a léiriú:

1. Nach mbeidh aon drochthionchair ar charachtar nó ar iomláine an struchtúir cosanta nó amhairc air nó uaidh.
2. Ba chóir d'úinéirí agus d'úinéirí ionchasacha struchtúir chosanta atá suite i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta dul i gcomhairle leis an Údarás Pleanála in am tráth maidir le hoiriúnacht na n-oibreacha atá beartaithe nó forbairtí eile, agus comhairle inniúil a lorg maidir le sárchleachtas ó thaobh tabhairt faoi oibreacha den sórt sin.

Caighdeán BF44: Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

Ba chóir d'úinéirí agus d'úinéirí ionchasacha struchtúir chosanta atá suite i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta dul i gcomhairle leis an Údarás Pleanála in am tráth maidir le hoiriúnacht na n-oibreacha atá beartaithe nó forbairtí eile, agus comhairle inniúil a lorg maidir le sárchleachtas ó thaobh tabhairt faoi oibreacha den sórt sin.

Beidh feidhm leis na riachtanais seo a leanas maidir le Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAanna):

#### 1. **Oibreacha Forbartha**

Éileofar ar thograí forbartha atá lonnaithe in ACA lena mbaineann foirgneamh nua, athúsáid nó athrú úsáid agus sínte:

1. Carachtar agus cuma an ACA a chaomhnú agus cur leis.
2. Meas a bheith ar scála, mais, comhréireanna, dearadh agus ábhair na struchtúir atá ann cheana.
3. Gnéithe tábhachtacha seachtracha ailtireachta a chuireann le carachtar agus le cuma an ACA a choinneáil.

#### 2. **Scartáil**

Cuirfear srian ar scartáil foirgneamh laistigh d'ACA mura mbeidh an Chomhairle sásta nach gcuireann an struchtúir nó an foirgneamh go dearfach le carachtar agus cuma an ACA, nó nach féidir an foirgneamh nó an struchtúir a dheisiú nó a úsáid arís.

Caighdeán BF45: Buanchoimeád agus Caomhnú Seandálaíochta (Ceantair Tuaithe agus Ceantair Uirbeacha)

Forálann *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004* do chosaint oidhreachta seandálaíochta, lena n-áirítear **Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna** (RMP), arb ionann é agus fardal náisiúnta de láithreáin agus de shéadchomharthaí seandálaíochta. D'fhéadfadh luach suntasach oidhreachta seandálaíochta a bheith ag gabháil le roinnt láithreáin agus séadchomharthaí seandálaíochta freisin agus tabharfar dé-chosaint dóibh mar Shéadchomharthaí Taifeadta/Náisiúnta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta mar Struchtúir Cosanta faoi na hAchtanna um Phleanáil agus Forbairt.

Is féidir teacht ar bhunachar sonraí séadchomharthaí seandálaíochta iomlán na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag [www.archaeology.ie](http://www.archaeology.ie)

Moltar d'iarratasóirí agus breithniú a dhéanamh ar thograí forbartha, dul i gcomhairle le Mapaí Srianachta Seandálaíochta (atá le feiceáil sa Roinn Pleanála) ar mhaithe lena chinntiú cibé an bhfuil an fhorbairt suite i gceantair a bhfuil tábhacht seandálaíochta ag gabháil leo. Moltar go láidir d'fhorbróir pléiti réamh-iarratais a bheith acu sa chás go bhfuil an suíomh suite ina leithéid sin de cheantar.

Tabharfaidh gach iarratas pleanála d'fhorbairt nua, athfhorbairt, aon oibreacha talún, athchóiriú, agus athdheisiú, srl., laistigh de cheantair lena mbaineann tábhacht seandálaíochta nó atá gar de Shéadchomharthaí Taifeadta nó laistigh de bhailte stairiúla i gContae na Gaillimhe (Ard Raithin, Dún Mór, Dún an Uchta, Baile Locha Riach agus Tuaim) san áireamh oidhreacht seandálaíochta an cheantair agus an gá atá ann do mhaolú seandálaíochta.

Ní mór d'aon duine a bhfuil sé beartaithe acu tabhairt faoi oibreacha ag nó maidir le séadchomhartha taifeadta fógra i scríbhinn 2 mhí a thabhairt don Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (DAHG).

Ba chóir d'fhorbróirí breithniú cuí a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- *Seandálaíocht & Forbairt: Treoirínte Dea-Chleachtais d'Fhorbróirí*

Caighdeán BF46: Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh

Ní mór go sonródh moltaí le haghaidh forbairt cónaithe agus tráchtála ag céim an iarratais pleanála, moltaí maidir leis an sprioc-chéatadán ó thaobh úsáid leictreachais i bhforbairtí nua a bheidh á bhaint as acmhainní fuinnimh in-athnuaite.

Éileofar sprioc do Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) feidhmíochtbnaithe do gach forbairt tógála nua atá níos mó ná 10 dteach cónaithe nó ag a bhfuil achar urláir atá níos mó ná 1,000m<sup>2</sup> d'fhorbairtí neamh-chónaitheacha agus measctha.

De réir rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2006, éileofar sprioc Rátáil Fuinnimh Foirgnimh go mbeidh comhrátáil BER ar an meán (in aghaidh an m<sup>2</sup>) d'A3 ar a laghad, le héifeacht ón 1 Eanáir 2009, ag gach forbairt tógála nua atá níos mó ná 10 dteach cónaithe nó le hachair urláir atá níos mó ná 1,000 m<sup>2</sup> d'fhorbairtí neamh-chónaitheacha agus measctha.

Beidh sé mar riachtanas dá réir sin go n-áireofar ráiteas ó dhuine inniúil atá cáilithe go cuí a dheimhníonn go bhfuil an fhorbairt atá beartaithe ag teacht leis an rátáil fuinnimh atá leagtha amach thuas le gach iarratas pleanála a sheolfar chuig na húdaráis phleanála.

Caighdeán BF47: Muirshaothrú

Éileofar na sonraí seo a leanas mar chuid d'iarratas pleanála más cuí maidir le bainistíocht agus cosaint cósta:

- Cumas an chladaigh glacadh lena chuid saoráidí ar an gcladach;
- Bóithre Rochtana;
- Carrchlós;
- Scála tráchta agus méid na bhfeithiclí a bheidh ag úsáid na saoráide;
- An méid spás chun casadh a bheidh riachtanach;
- Tionchar tráchta ar bhóthar poiblí;
- Diúscairt dramhaíola, m.sh. táirge nach bhfuil ag teastáil
- Slipeanna
- Feistiú;
- Soilsiú;
- Craenacha;
- Taitneamhachtaí sa cheantar; agus
- Aon áis amhairc atá riachtanach chun tionchar a thomhas.